AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT
CÁNACHAS AGUS AN tAONTAS CUSTAIM
Custaim
**Beartas Custaim**

An Bhruiséil, 19-04-2021

**TAXUD/A1/TRA/005/2020-1-GA**

# LÁMHLEABHAR IDIRTHURAIS

Commission européenne/Europese Commissie, 1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË
TAXUD-UNIT-A1@ec.europa.eu

**Réamhrá**

Leis an bplean idirthurais don Eoraip[1] d'éilíodh lámhleabhar ina mbeadh tuairisc mhionsonraithe ar na nósanna imeachta idirthurais Comhchoiteanna agus nósanna imeachta idirthurais an Aontais agus ina dtabharfaí soiléiriú ar róil na n-údarás agus na dtrádálaithe araon. Is é is cuspóir don lámhleabhar seo míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn na nósanna imeachta idirthurais seo agus ar róil na rannpháirtithe éagsúla. Is é an sprioc a áirithiú go gcuirtear na rialacháin idirthurais i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus go gcaitear go cothrom leis na hoibreoirí go léir.

Is leagan comhdhlúite den lámhleabhar atá sa téacs seo, lena gcuimsítear na nuashonruithe éagsúla a rinneadh ó foilsíodh é den chéad uair i mí na Bealtaine 2004, agus tá sé ar aon dul le Cód Custaim an Aontais, atá i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2016. Déanfar é a nuashonrú pé uair is gá mar gheall ar fhorbairtí nua sna córais idirthurais chomhchoiteanna nó i gcórais idirthurais an Aontais.

Tugtar léirmhíniú caighdeánach sa lámhleabhar ar an gcaoi ar cheart na rialacháin idirthurais a chur chun feidhme, do na húdaráis chustaim uile a chuireann nósanna imeachta idirthurais comhchoiteanna/an Aontais i bhfeidhm trí chomhshocrú riaracháin.

Ní gníomh atá ceangailteach ó thaobh dlí de atá ann áfach – chun an léirmhíniú údarásach a fháil, ba cheart féachaint ar na forálacha dlíthiúla maidir le cúrsaí idirthurais chomh maith le reachtaíocht custaim eile, a dtugtar tosaíocht dóibh thar an lámhleabhar seo. Is iad téacsanna barántúla na gCoinbhinsiún agus ionstraimí dlí an Aontais Eorpaigh na téacsanna sin a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. A mhéid a bhaineann le breithiúnais ón gCúirt Ghinearálta agus ón gCúirt Bhreithiúnais, is iad na téacsanna barántúla na téacsanna sin a fhoilsítear sna Tuarascálacha ar Chásanna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

I dteannta an lámhleabhair seo, féadfaidh treoracha náisiúnta nó nótaí míniúcháin náisiúnta a bheith ann chomh maith. Féadfar iad sin a ionchorprú sa mhír ábhartha i ngach caibidil den lámhleabhar seo, nuair a fhoilsítear iad sa tír atá i gceist, nó d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ar leithligh. Déan teagmháil le d'údarás custaim náisiúnta chun tuilleadh sonraí a fháil.

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021

---

1 COIM(97) 188 final, 30.4.1997.

## Clár ginearálta na n-ábhar

Réamhrá

Clár ginearálta na n-ábhar

Cuid I: Réamhrá ginearálta
Cuid II: Stádas na n-earraí
Cuid III: Ráthaíochtaí
Cuid IV: Nós imeachta idirthurais caighdeánach
Cuid V: Nós imeachta leanúnachais gnó
Cuid VI: Simplithe
Cuid VI: Urscaoileadh na hoibríochta idirthurais, an nós imeachta fiosrúcháin
Cuid VIII: Fiach agus Aisghabháil
Cuid IV: An nós imeachta TIR

Liosta giorrúchán a úsáidtear go minic

Liosta sainmhínithe

Foinsí faisnéise ginearálta

LÁMHLEABHAR IDIRTHURAIS ... 1

CUID I – RÉAMHRÁ GINEARÁLTA ... 34

I.1 An chaoi a n-oibríonn idirthuras ... 35

I.2 Stádas earraí ... 38

I.3 Idirthuras comhchoiteann ... 39
I.3.1 Reachtaíocht ... 39
I.3.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 39

I.4 Idirthuras laistigh den Aontas Eorpach ... 41
I.4.1 Idirthuras san Aontas ... 42
I.4.1.1 Reachtaíocht ... 42
I.4.1.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 42
I.4.1.2.1 Nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais ... 44
I.4.1.2.2 Nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais ... 45
I.4.1.3 Córas nua ríomhchuidithe idirthurais (NCTS) ... 46
I.4.1.3.1 Na príomh-mhíreanna nó na príomhtheachtaireachtaí a úsáidtear in oibríocht NCTS ... 46
I.4.1.3.2 Oifig custaim imeachta ... 47
I.4.1.3.3 oifig custaim cinn scríbe ... 49
I.4.1.3.4 Oifig custaim idirthurais ... 49
I.4.1.3.5 An oifig custaim idirthurais nó an oifig custaim cinn scríbe a athrú ... 50
I.4.1.3.6 Nósanna imeachta simplithe: coinsíneoir údaraithe agus coinsíní údaraithe ... 50
I.4.2 Córais idirthurais eile laistigh den Aontas Eorpach ... 51
I.4.2.1 Réamhrá ... 51
I.4.2.2 Nós imeachta TIR (Transport Internationaux Routiers) ... 52
I.4.2.3 ATA (cead isteach sealadach) ... 54
I.4.2.3.1 Cúlra agus reachtaíocht ... 54
I.4.2.3.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 54
I.4.2.4 Fardal na Réine ... 56
I.4.2.4.1 Cúlra agus reachtaíocht ... 56
I.4.2.4.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 56
I.4.2.5 Gluaiseachtaí ECAT ... 56
I.4.2.5.1 Cúlra agus reachtaíocht ... 56
I.4.2.5.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 57
I.4.2.6 Pacáistí poist ... 58
I.4.2.6.1 Cúlra agus reachtaíocht ... 58
I.4.2.6.2 Tuairisc ar an nós imeachta ... 59

I.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) ... 61

I.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ... 61

I.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin ... 61

I.8 Iarscríbhinní ... 61

I.8.1 Na rialacha agus prionsabail lena rialaítear reachtaíocht idirthurais an Aontais a ghlacadh ..... 62
I.8.2 Na rialacha agus prionsabail lena rialaítear reachtaíocht idirthurais chomhchoiteann a ghlacadh. ..... 72
CUID II – STÁDAS EARRAÍ ..... 78

II.1 Réamhrá ..... 78

II.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht ..... 79
II.2.1 Stádas custaim na n-earraí ..... 79
II.2.1.1 Earraí de chuid an Aontais ..... 79
II.2.1.2 Earraí nach de chuid an Aontais iad ..... 79
II.2.1.3 Cén nós imeachta idirthurais? ..... 79
II.2.2 Earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht ..... 80
II.2.2.1 Faoi nós imeachta custaim ..... 80
II.2.2.2 Gan nós imeachta custaim, ach le cruthúnas ar stádas Aontais ..... 81
II.2.2.3 Gan nós imeachta custaim a chur i bhfeidhm agus gan cruthúnas ar stádas Aontais ..... 82
II.2.3 Cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais ..... 82
II.2.3.1 Toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais ..... 82
II.2.3.2 Ceanglas chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú ..... 82
II.2.3.3 Tarscaoileadh chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú ..... 83
II.2.3.4 Na modhanna cruthúnais ar stádas Aontais ..... 83
II.2.3.4.1 Modhanna comhchoiteanna ..... 83
II.2.3.4.2 Cásanna sonracha ..... 84
II.2.4 Achoimre ar ghluaiseachtaí earraí de chuid an Aontais lasmuigh den chríoch go sealadach ..... 89

II.3 Gluaiseachtaí d'earraí de chuid an Aontais a bhfuil cruthúnas ar stádas Aontais ar fáil ina leith ..... 94
II.3.1 Cruthúnas ar Stádas Aontais a úsáid ..... 95
II.3.2 Modhanna comhchoiteanna chun stádas Aontais a chruthú – tuilleadh sonraí ..... 95
II.3.2.1 Doiciméid T2L nó T2LF ..... 95
II.3.2.2 Lastliosta earraí na n-údarás custaim ..... 98
II.3.2.3 Lastliosta na cuideachta loingseoireachta *(ar muir amháin – foráil idirthréimhseach)* ..... 98
II.3.2.4 Sonrasc nó doiciméad iompair ..... 100
II.3.2.5 TIR, Carnet ATA nó Foirm 302 ..... 102
II.3.3 Eisitheoir údaraithe ..... 103
II.3.3.1 Forálacha ginearálta ..... 103
II.3.3.2 doiciméad T2L/T2LF nó sonrasc nó doiciméad iompair arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe *(foráil idirthréimhseach)* ..... 104
II.3.3.2.1 Údarú ..... 104
II.3.3.2.2 Úsáid a bhaint as doiciméid T2L/T2LF, sonraisc nó doiciméid iompair arna n-eisiúint ag eisitheoir údaraithe ..... 106
II.3.3.3 Lastliosta earraí custaim arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe ..... 109
II.2.3.4 Lastliosta na cuideachta loingseoireachta arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe *(foráil idirthréimhseach)* ..... 109

II.3.3.4.1 Údarú ... 109
II.3.3.4.2 An cruthúnas a tharraingt suas ... 111
II.3.3.4.3 An nós imeachta ag an gcalafort imeachta ... 112
II.3.3.4.4 An nós imeachta ag an gcalafort cinn scríbe ... 112
II.3.3.4.5 Neamhrialtachtaí/cionta ... 113
II.3.3.4.6 Freagrachtaí na cuideachta loingseoireachta ... 113
II.3.4 Tír chomhchoiteann idirthurais ... 113

II.4 Gluaiseachtaí d'earraí de chuid an Aontais gan cruthúnas ar Stádas Aontais ... 116
II.4.1 Arna n-iompar d'aer ... 116
II.4.2 Seirbhís rialta loingseoireachta ... 116
II.4.2.1 Sainmhíniú ... 116
II.4.2.2 Nós imeachta chun seirbhísí rialta loingseoireachta a údarú ... 117
II.4.2.3 Comhshocruithe maidir le páirt-chairtfhostú ... 120
II.4.2.4 Coinníollacha a fhíorú maidir le RSS ... 120
II.4.2.5 Seirbhís rialta loingseoireachta nó seirbhís neamhrialta loingseoireachta ... 120
II.4.3 Conair-T2 ... 124

II.5 Forálacha sonracha maidir le táirgí iascaireachta mara agus earraí a fhaightear ó tháirgí den sórt sin ... 125

II.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ... 127

II.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin ... 127
II.7.1 Doiciméad T2L(T2LF) arna fhíordheimhniú ar mhodh leictreonach ... 127

II.8 Iarscríbhinní ... 128
II.8.1 Sampla de 'lastchonradh' lena n-áirítear comhshocruithe fochonraitheoireachta agus páirt-chairtfhostaithe ... 128
II.8.2 Lastliosta loingseoireachta – údarú TC12 ... 135
II.8.2.B Iarscríbhinn B – Liosta de na húdaráis inniúla le haghaidh comhairliúcháin ... 136
II.8.3 Cruthúnas ar stádas custaim mótarfheithiclí bóthair de chuid an Aontais ... 137
II.8.4 Liosta de na húdaráis inniúla le haghaidh na seirbhíse rialta loingseoireachta ... 161
II.8.5 Deimhniú ar neamh-láimhseáil maidir le hearraí agus táirgí iascaireachta mara ... 162
II.8.6 Deimhniú ar neamh-láimhseáil arna eisiúint ag Singeapór ... 163

CUID III – RÁTHAÍOCHTAÍ ... 164

III.1 Réamhrá ... 164
III.1.1 Cuspóir na ráthaíochta ... 165
III.1.2 Cineálacha ráthaíochta ... 165
III.1.3 Tarscaoileadh ráthaíochta ... 165
III.1.4 Réimse bailíochta ... 166
III.1.5 Tábla ráthaíochta ... 167
III.2 Forálacha ginearálta ... 168
III.2.1 An gá le ráthaíocht ... 168
III.2.1.1 Réamhrá ... 168

III.2.1.2 Cliseadh ..... 168
III.2.2 Méid na ráthaíochta a ríomh ..... 169
III.2.2.1 Réamhrá ..... 169
III.2.2.2 Ríomh ..... 169
III.2.3 Ráthóir ..... 170
III.2.3.1 Réamhrá ..... 170
III.2.3.2 Bunú agus formheas ..... 170
III.2.3.3 Dliteanas ..... 171
III.2.3.4 Formheas an ráthóra nó a gheallltanais a chúlghairm agus an gealltanas a chur ar ceal ..... 172

III.3 Ráthaíocht aonair ..... 173
III.3.1 Taisce airgid thirim ..... 173
III.3.1.1 Réamhrá ..... 173
III.3.1.2 Aisíocaíocht ..... 173
III.3.2 Ráthaíocht aonair i bhfoirm gealltanais ag ráthóir ..... 173
III.3.3 Ráthaíocht aonair i bhfoirm dearbhán (TC32) ..... 174
III.3.3.1 Dliteanas agus formheas ..... 174
III.3.3.2 Fógra ..... 175
III.3.3.3 Dearbhán (TC32) ..... 175

III.4 Ráthaíocht chuimsitheach agus tarscaoileadh ráthaíochta ..... 177
III.4.1 Forálacha ginearálta ..... 177
III.4.1.1 Réamhrá ..... 177
III.4.1.2 Coinníollacha ginearálta ..... 177
III.4.1.3 An méid tagartha a ríomh ..... 177
III.4.1.4 Méid na ráthaíochta ..... 178
III.4.1.5 Deimhniú ráthaíochta ..... 178
III.4.1.6 Oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta agus athbhreithniú ar an méid tagartha ..... 179
III.4.1.7 An úsáid a bhaintear as an ráthaíocht chuimsitheach ..... 180
III.4.1.8 Toirmeasc sealadach ar ráthaíocht chuimsitheach a úsáid ..... 181
III.4.1.8.1 Ráthaíocht aonair ilúsáide – tíortha comhchoiteanna idirthurais amháin ..... 181
III.4.1.8.2 Maolú ón gcinneadh chun toirmeasc sealadach a chur ar an ráthaíocht chuimsitheach nó an ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe (lena n-áirítear an tarscaoileadh ráthaíochta) a úsáid ..... 182
III.4.1.9 Neamhniú agus cúlghairm an údaraithe ..... 183
III.4.2 Méid na ráthaíochta agus an tarscaoilte ráthaíochta a laghdú ..... 184
III.4.2.1 Réamhrá ..... 184
III.4.2.2 Critéir an laghdaithe ..... 184

III.5 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ..... 184

III.6 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin ..... 184

III.7 Iarscríbhinní ..... 184
III.7.1 Liosta de na ráthóirí atá údaraithe chun dearbháin ráthaíochta aonair TC32 a eisiúint ..... 185
III.7.2 Liosta uiscebhealaí ..... 185

CUID IV – CÓRAS NUA RÍOMHCHUIDITHE IDIRTHURAIS (NCTS) AN NÓS IMEACHTA IDIRTHURAIS CAIGHDEÁNACH ........ 187

CAIBIDIL 1 – AN DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HIDIRTHURAS ........ 188

IV.1.1 Réamhrá ........ 188

IV.1.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht ........ 188

IV.1.3 NCTS ........ 189
IV.1.3.1 Eagrú NCTS ........ 189
IV.1.3.2 Raon feidhme NCTS ........ 190
IV.1.3.3 Rochtain d'oibreoirí ar NCTS ........ 190

IV.1.4 Nós imeachta maidir le dearbhú ........ 190
IV.1.4.1 Luchtú ........ 190
IV.1.4.2 Dearbhú maidir le hidirthuras (IE015) ........ 192
IV.1.4.2.1 Foirm an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus é a chur i gcrích ........ 192
IV.1.4.2.2 Coinsíneachtaí measctha ........ 193
IV.1.4.2.3 An dearbhú maidir le hidirthuras a thaisceadh ........ 194
IV.1.4.2.4 Dearbhú maidir le hidirthuras/dearbhú slándála ........ 194

IV.1.5 Cásanna sonracha ........ 197
IV.1.5.1 Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tíortha eile maidir leis na sonraí slándála agus sábháilteachta ........ 197
IV.1.5.2 Na rialacha is infheidhme maidir le hearraí a bhfuil pacáistíocht orthu ........ 198
IV.1.5.3 Earraí i mbagáiste a bhfuil paisinéirí ag taisteal leis ........ 202
IV.1.5.4 Earraí de chuid an Aontais a iompar chuig tír chomhchoiteann idirthurais, ón tír sin nó tríthi ........ 202

IV.1.6 Eisceachtaí (*pro memoria*) ........ 206

IV.1.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ........ 206

IV.1.8 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin ........ 206

IV.1.9 Iarscríbhinní ........ 206

CAIBIDIL 2 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM IMEACHTA ........ 207

IV.2.1 Réamhrá ........ 207

IV.2.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht ........ 207

IV.2.3 Tuairisc ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta ........ 207
IV.2.3.1 Glacadh agus clárú an dearbhaithe maidir le hidirthuras ........ 208
IV.2.3.2 An dearbhú maidir le hidirthuras a leasú ........ 209
IV.2.3.3 Neamhbhailíochtú an dearbhaithe maidir le hidirthuras ........ 210
IV.2.3.4 Fíorú an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus rialú na n-earraí ........ 211

IV.2.3.5 An cúrsa taistil le haghaidh gluaiseacht earraí ........ 212
IV.2.3.6 Teorainn ama le haghaidh chur i láthair na n-earraí ........ 213
IV.2.3.7 Modh sainaitheantais........ 214
IV.2.3.7.1 Réamhrá ........ 214
IV.2.3.7.2 Modhanna séalaithe........ 216
IV.2.3.7.3 Saintréithe séalaí ........ 217
IV.2.3.7.4 Séalaí de chineál speisialta a úsáid ........ 218
IV.2.3.8 Scaoileadh earraí ........ 218
IV.2.3.8.1 Doiciméadacht tráth an scaoilte ........ 219
IV.2.3.9 Urscaoileadh an nós imeachta idirthurais ........ 219

IV.2.4 Cásanna sonracha ........ 220

IV.2.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) ........ 220

IV.2.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ........ 220

IV.2.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin ........ 220
IV.2.7.1 ATIS........ 220
IV.2.7.2 SMS........ 221

IV.2.8 Iarscríbhinní ........ 221

CAIBIDIL 3 – FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS TEAGMHAIS AGUS EARRAÍ Á NGLUAISEACHT FAOI OIBRÍOCHT IDIRTHURAIS CHOMHCHOITEANN/AN AONTAIS ........ 222

IV.3.1 Réamhrá ........ 222

IV.3.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht........ 222

IV.3.3 Foirmiúlachtaí chun plé le teagmhais ag an oifig custaim idirthurais........ 222
IV.3.3.1 Foirmiúlachtaí chun plé le teagmhais ........ 223
IV.3.3.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais ........ 224
IV.3.3.2.1 An oifig custaim idirthurais ........ 225
IV.3.3.2.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais ........ 229
IV.3.3.2.3 Athrú ar an oifig custaim idirthurais ........ 230
IV.3.3.2.4 Gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí móra........ 231

IV.3.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)........ 231

IV.3.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) ........ 231

IV.3.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ........ 231

IV.3.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin ........ 231

IV.3.8 Iarscríbhinní ........ 231

CAIBIDIL 4 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM CINN SCRÍBE ........ 232

IV.4.1 Réamhrá ........................................................................................ 232

IV.4.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht ............................................... 232

IV.4.3 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe ................................. 233
IV.4.3.1 Cur i láthair na n-earraí ................................................................ 233
IV.4.3.2 Rialú ar dheireadh an nós imeachta idirthurais ............................. 235

IV.4.4 Cásanna sonracha ............................................................................. 240
IV.4.4.1 Admháil a eisiúint ......................................................................... 241
IV.4.4.2 Cruthúnas malartach a eisiúint ..................................................... 242
IV.4.4.3 Cur i láthair na n-earraí agus na ndoiciméad lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta atá ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe ................................................................................... 243
IV.4.4.4 Neamhrialtachtaí ........................................................................... 243
IV.4.4.4.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí ...................................... 243
IV.4.4.4.2 Neamhrialtachtaí eile .................................................................. 244
IV.4.4.5 Athrú ar an oifig custaim cinn scríbe/atreorú ................................ 244

IV.4.5 Cur i láthair na n-earraí agus an doiciméid tionlacain idirthurais tar éis dháta éaga na teorann ama ........................................................................ 246

IV.4.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) ................................. 247

IV.4.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin ........................ 247

IV.4.8 Iarscríbhinní ...................................................................................... 247
IV.4.8.1 Teachtaireachtaí struchtúrtha agus inneachar sonraí le haghaidh malartú faisnéise ................................................................................ 247
IV.4.8.2 Cóid tíre .......................................................................................... 247
IV.4.8.3 Cóid pacáiste .................................................................................. 247

CAIBIDIL 5 – ANDÓRA, SAN MAIRÍNE AGUS CRÍOCHA NEAMHFHIOSCACHA ......................................................................... 248

IV.5.1 Réamhrá ........................................................................................... 248

IV.5.2 Andóra .............................................................................................. 248
IV.5.2.1 Cúlra agus reachtaíocht ................................................................. 248
IV.5.2.2 Foirmiúlachtaí ............................................................................... 249
IV.5.2.2.1 Earraí a thagann faoi chuimsiú Chaibidlí 1-24 den Chóras Comhchuibhithe (CC) ............................................................................. 249
IV.5.2.2.2 Earraí a thagann faoi chuimsiú Chaibidlí 25-97 den Chóras Comhchuibhithe (CC) ............................................................................. 251

IV.5.3 San Mairíne ....................................................................................... 255
IV.5.3.1 Cúlra agus reachtaíocht ................................................................. 255
IV.5.3.2 Foirmiúlachtaí ............................................................................... 256

IV.5.4 Críocha fioscacha speisialta ............................................................. 258
IV.5.4.1 Cúlra agus reachtaíocht ................................................................. 258

IV.5.4.2 Nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais .......... 259

IV.5.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) .......... 260

IV.5.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .......... 260

IV.5.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin .......... 260

IV.5.8 Iarscríbhinní (*pro memoria*) .......... 260

CUID V – NÓS IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ LE HAGHAIDH IDIRTHURAS COMHCHOITEANN/AN AONTAIS .......... 261

CAIBIDIL 1 – RÉAMHRÁ .......... 261

V.1.1 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht .......... 261

V.1.2 Dhearbhú maidir le hidirthuras i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó .......... 261

V.1.3 Stampa i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó .......... 262

V.1.4 Cliseadh sealadach NCTS ag an oifig custaim imeachta .......... 262

V.1.5 Cliseadh sealadach an chórais ríomhchuidithe a úsáideann sealbhóir an nós imeachta .......... 262

V.1.6 Nósanna imeachta .......... 263
V.1.6.1 Imeacht – nós imeachta caighdeánach .......... 263
V.1.6.2 Imeacht – coinsíneoir údaraithe .......... 264
V.1.6.3 Ceann scríbe – nós imeachta caighdeánach .......... 264
V.1.6.4 Ceann scríbe – coinsíní údaraithe .......... 264

V.1.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .......... 265

V.1.8 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin .......... 265

V.1.9 Iarscríbhinní .......... 265
V.1.9.1 Stampa a úsáidtear i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó .......... 266

CAIBIDIL 2 – NA TREORACHA GINEARÁLTA A BHAINEANN LEIS AN DOICIMÉAD RIARACHÁIN AONAIR AGUS AN DOICIMÉAD TIONLACAIN IDIRTHURAIS .......... 274

CAIBIDIL 3 – AN DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HIDIRTHURAS .......... 275

V.3.1 Réamhrá .......... 275

V.3.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht .......... 276

V.3.3 Nós imeachta maidir le dearbhú .... 276
V.3.3.1 Dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras .... 277
V.3.3.1.1 Foirmeacha an dearbhaithe páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras agus é a chur i gcrích ar DRA .... 277
V.3.3.1.2 Liostaí luchtaithe, foirm agus líonadh isteach .... 280
V.3.3.1.3 Foirm agus líonadh isteach an dearbhaithe pháipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a i bhfoirm DTI .... 281
V.3.3.1.4 Coinsíneachtaí measctha .... 282
V.3.3.1.5 An dearbhú idirthurais a shíniú .... 283

V.3.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*) .... 284
V.3.4.1 Na rialacha is infheidhme maidir le hearraí lena ngabhann pacáistí .... 284
V.3.4.2 Earraí i mbagáiste á thionlacan ag paisinéirí .... 284
V.3.4.3 Iompar earraí de chuid an Aontais chuig tír chomhchoiteann idirthurais, ón tír sin nó tríthi .... 284
V.3.4.4 Doiciméid dhúblacha .... 284

V.3.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) .... 285

V.3.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .... 285

V.3.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin .... 285

V.3.8 Iarscríbhinní .... 285

CAIBIDIL 4 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM IMEACHTA .... 286

V.4.1 Réamhrá .... 286

V.4.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht .... 286

V.4.3 Tuairisc ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta .... 286
V.4.3.1 An dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras á chur i láthair .... 287
V.4.3.2 Ráthaíocht a chur i láthair .... 288
V.4.3.3 Glacadh agus clárú an dearbhaithe maidir le hidirthuras .... 289
V.4.3.4 An dearbhú maidir le hidirthuras a leasú .... 289
V.4.3.5 An dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailiú .... 290
V.4.3.6 Fíorú an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus rialú na n-earraí .... 291
V.4.3.7 An cúrsa taistil maidir le gluaiseacht earraí .... 292
V.4.3.8 Teorainn ama le haghaidh cur i láthair na n-earraí .... 293
V.4.3.9 Modh sainaitheantais .... 294
V.4.3.9.1 Réamhrá .... 294
V.4.3.9.2 Modhanna séalaithe .... 296
V.4.3.9.3 Saintréithe séalaí .... 296
V.4.3.9.4 Úsáid séalaí de chineál speisialta .... 298
V.4.3.10 Earraí a scaoileadh .... 298

V.4.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*) .... 299
V.4.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) .... 300
V.4.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .... 300
V.4.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin .... 300

V.4.8 Iarscríbhinní.....300
V.4.8.1 'Tarscaoileadh' maidir le formhuiniú.....301
V.4.8.2 An formhuiniú 'sásúil' .....301
CAIBIDIL 5 – FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS TEAGMHAIS AGUS EARRAÍ Á NGLUAISEACHT FAOI OIBRÍOCHT IDIRTHURAIS CHOMHCHOITEANN/AN AONTAIS .....302
V.5.1 Réamhrá.....302
V.5.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht.....302
V.5.3 Foirmiúlachtaí i gcás teagmhas agus ag an oifig custaim idirthurais.....302
V.5.3.1 Foirmiúlachtaí i gcás teagmhas agus earraí á ngluaiseacht.....303
V.5.3.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais .....304
V.5.3.2.1 An oifig custaim idirthurais.....305
V.5.3.2.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais .....306
V.5.3.2.3 Gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí móra.....307
V.5.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*).....307
V.5.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) .....307
V.5.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .....307
V.5.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin .....307
V.5.8 Iarscríbhinní.....307
CAIBIDIL 6 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM CINN SCRÍBE.....308
V.6.1 Réamhrá.....308
V.6.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht.....308
V.6.3 Na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe.....309
V.6.3.1 Cur i láthair na n-earraí in éineacht leis na doiciméid.....309
V.6.3.2 Deireadh an nós imeachta a rialú .....311
V.6.4 Cásanna sonracha .....315
V.6.4.1 Admháil a eisiúint .....315
V.6.4.2 Cruthúnas malartach a eisiúint.....317
V.6.4.3 Cur i láthair na n-earraí agus na ndoiciméad lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta ata ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe .....318
V.6.4.4 Neamhrialtachtaí .....319
V.6.4.4.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí .....319
V.6.4.4.2 Neamhrialtachtaí eile.....319
V.6.4.5 An oifig custaim cinn scríbe a athrú.....320
V.6.5 Na hearraí agus an dearbhú maidir le hidirthuras a chur i láthair tar éis dhul in éag na teorann ama.....322
V.6.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .....323
V.6.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin .....323
V.6.8 Iarscríbhinní.....323
V.6.8.1 Formhuiniú caighdeánach 'sásúil'.....324
V.6.8.2 Abairt 'cruthúnas malartach'.....324
V.6.8.3 Liosta na n-oifigí lárnacha chun cóip 5 de DRA nó na dara cóipeanna de DTI a sheoladh ar ais.....325
V.6.8.4 Abairt 'difríocht' .....326
V.6.8.5 Abairt 'neamhréireacht' .....329

V.6.8.6 Abairt ‘fiosrúcháin á ndéanamh’ ....................................................................... 329
V.6.8.7 Abairt ‘muirir a bailíodh’ ............................................................................. 329
V.6.8.8 Abairt ‘difríochtaí’: oifig inar cuireadh earraí i láthair….. (ainm agus tír)’ ...... 330
V.6.8.9 Abairt ‘imeacht ó …. Faoi réir srianta nó muirear faoi rialachán/threoir/chinneadh uimh. ……’ ......................................................... 331
CUID VI – SIMPLITHE ................................................................................................ 333
VI.1 Réamhrá ............................................................................................................... 333
VI.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht .................................................................. 333
VI.2.1 Cineálacha agus coinníollacha simplithe idirthurais ........................................ 334
VI.2.2 Nós imeachta um údarú ...................................................................................... 341
VI.2.3 Faireachán ar údarú ............................................................................................ 345
VI.2.4 Údarú a neamhniú, a chúlghairm agus a leasú .................................................. 346
VI.2.5 Údarú a chur ar fionraí ....................................................................................... 347
VI.2.6 Athmheasúnú ar údarú ....................................................................................... 349
VI.3 Tuairisc ar shimplithe ............................................................................................ 350
VI.3.1 Ráthaíocht chuimsitheach agus tarscaoileadh ráthaíochta ................................ 351
VI.3.2 Séalaí de chineál speisialta a úsáid ................................................................... 351
VI.3.3 Coinsíneoir údaraithe ......................................................................................... 353
VI.3.3.1 Réamhrá ........................................................................................................... 353
VI.3.3.2 Údarú ................................................................................................................ 354
VI.3.3.3 Nósanna imeachta ............................................................................................ 355
VI.3.3.3.1 Nós imeachta idirthurais caighdeánach – oibleagáidí an choinsíneora údaraithe ........................................................................................ 355
VI.3.3.3.2 Nós imeachta leanúnachas gnó – oibleagáidí an choinsíneora údaraithe ...... 357
VI.3.4 Coinsíní údaraithe ............................................................................................... 361
VI.3.4.1 Réamhrá ........................................................................................................... 361
VI.3.4.2 Údarú ................................................................................................................ 361
VI.3.4.3 Stóráil shealadach ............................................................................................ 363
VI.3.4.4 Nósanna imeachta ............................................................................................ 363
VI.3.4.4.1 Nós imeachta idirthurais caighdeánach ........................................................ 363
VI.3.4.4.2 Nós imeachta leanúnachais gnó ................................................................... 364
VI.3.5 Earraí arna n-iompar d’iarnród .......................................................................... 366
VI.3.5.1 Simplithe is infheidhme maidir le nósanna imeachta idirthurais d’iarnród ...... 366
VI.3.5.2 An nós imeachta caighdeánach le haghaidh iarnróid agus a shonraí ............... 367
VI.3.5.3 An nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid (foráil idirthréimhseach) ............................................................ 369
VI.3.5.3.1 Réamhrá ......................................................................................................... 369
VI.3.5.3.2 Coinníollacha maidir leis an nóta coinsíneachta pháipéarbhunaithe CIM a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras ........................................ 370
VI.3.5.3.3 Gnóthais iarnróid údaraithe ........................................................................... 372
VI.3.5.3.4 An nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe a úsáid .................................. 374
VI.3.5.3.5 Maoirseacht ar ghluaiseachtaí faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid ............................................. 387
VI.3.5.3.6 Ráthaíocht i gcomhthéacs an nós imeachta idirthurais iarnróid shimplithe ....................................................................................................... 390
VI.3.5.3.7 Cásanna .......................................................................................................... 394

VI.3.5.4 Nósanna imeachta idirthurais iarnróid páipéarbhunaithe eile (foráil idirthréimhseach) 399
VI.3.5.5 Conair-T2 399
VI.3.6 Earraí arna n-iompar d'aer – lastliostaí páipéarbhunaithe a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais 400
VI.3.6.1 Réamhrá 400
VI.3.6.2 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid 401
VI.3.6.2.1 Údarú chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid 402
VI.3.6.2.2 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid 403
VI.3.6.2.3 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid 405
VI.3.6.3 Nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a úsáid bunaithe ar lastliosta leictreonach le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer 407
VI.3.6.4 Cásanna sonracha (nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid) 407
VI.3.6.4.1 Iompar ag meariompróirí 412
VI.3.7 Earraí arna n-iompar ar muir 413
VI.3.7.1 Réamhrá 413
VI.3.7.2 Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir 414
VI.3.7.2.1 Údarú chun nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir 415
VI.3.7.2.2 Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir 416
VI.3.7.2.3 Samplaí 420
VI.3.7.4 Cásanna sonracha (nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir) 421
VI.3.7.4.1 Comhdhlúthú 421
VI.3.7.4.2 Gluaiseacht earraí ar muir ar shoithí a sholáthraíonn seirbhísí eile seachas seirbhís rialta loingseoireachta 426
VI.3.8 Nósanna imeachta simplithe bunaithe ar Airteagal 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún 427
VI.3.9 Earraí arna n-iompar d'aer – doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais 427
VI.3.9.1 Réamhrá 427
VI.3.9.2 Faisnéis ghinearálta 428
VI.3.9.3 Údarú chun ETD a úsáid 428
VI.3.9.4 Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid 432
VI.3.9.4.1 Sonraí is gá le haghaidh ETD 432
VI.3.9.4.2 Nós imeachta ag an oifig custaim imeachta 440
VI.3.9.4.3 Nós imeachta ag an oifig custaim cinn scríbe 442
VI.3.10 Earraí arna n-iompar ar muir – ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais 445
VI.3.10.1 Réamhrá 446

VI.3.10.2 Faisnéis ghinearálta .......... 446
VI.3.10.3 Údarú chun ETD a úsáid .......... 447
VI.3.10.4 Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid .......... 451
VI.3.10.4.1 Sonraí is gá le haghaidh ETD .......... 451
VI.3.10.4.2 Nós imeachta ag an oifig custaim imeachta .......... 457
VI.3.10.4.3 Nós imeachta ag an oifig custaim cinn scríbe .......... 460

VI.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*) .......... 463

VI.5 Eisceachtaí (*pro memoria*) .......... 463

VI.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta) .......... 463

VI.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin .......... 463

VI.8 Iarscríbhinní .......... 463
VI.8.1 Sampla de stampa speisialta a úsáideann coinsíneoir údaraithe .......... 464
VI.8.2 Maoluithe – stampa speisialta (IT) .......... 464
VI.8.3 Liosta aerfort agus oifigí custaim rialaithe .......... 464
VI.8.4 Sampla d'údarú chun nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a úsáid bunaithe ar lastliosta leictreonach le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer .......... 465
VI.8.5 Sreabhchairt maidir le comhdhlúthú aeir .......... 465
VI.8.6 Sampla d'údarú chun nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir .......... 466
VI.8.7 Sreabhchairt maidir le comhdhlúthú ar muir .......... 471
VI.8.8 Teachtaireacht maidir le nós imeachta simplithe .......... 472
VI.8.9 Liosta na n-údarás atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin má úsáidtear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna ngluaiseacht d'aer .......... 473
VI.8.10 Litir chomhairliúcháin shamplach le haghaidh ETD .......... 474
VI.8.11 Liosta na n-údarás atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin má úsáidtear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna ngluaiseacht ar muir .......... 476
VI.8.12 Tábla comhfhreagrach CIM – CIM/SMGS .......... 477
VI.8.13 Dearbhuithe arna ndéanamh ag gnóthais iarnróid .......... 478

CUID VII - URSCAOILEADH AN NÓS IMEACHTA IDIRTHURAIS AGUS AN NÓS IMEACHTA FIOSRÚCHÁIN .......... 480

VII.1 Réamhrá, reachtaíocht, agus teoiric ghinearálta .......... 481
VII.1.1 Réamhrá .......... 481
VII.1.2 Reachtaíocht agus teoiric ghinearálta .......... 481
VII.1.2.1 Foinsí dlí .......... 481
VII.1.2.2 Teoiric ghinearálta .......... 481
VII.1.2.2.1 Deireadh agus urscaoileadh na hoibríochta idirthurais .......... 482
VII.1.2.2.2 Nós imeachta fiosrúcháin chun deireadh an nós imeachta a sheiceáil .......... 483
VII.1.2.2.3 Malartú faisnéise .......... 484

VII.2 Urscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus iarraidh ar stádas .......... 484

VII.2.1 Réamhrá .......... 484
VII.2.2 Coinníollacha an urscaoilte .......... 485
VII.2.3 Éifeachtaí an urscaoilte .......... 485
VII.2.4 Foirm an urscaoilte .......... 485
VII.2.5 Iarraidh ar stádas agus freagairt maidir le stádas .......... 486

VII.3 Nós imeachta fiosrúcháin .......... 488
VII.3.1 Réamhrá .......... 488
VII.3.2 Fiosrúchán a thosaíonn le sealbhóir an nós imeachta .......... 489
VII.3.2.1 Cuspóirí na hiarrata ar fhaisnéis .......... 489
VII.3.2.2 Nós imeachta ginearálta le haghaidh na hiarrata ar fhaisnéis chuig sealbhóir an nós imeachta .......... 490
VII.3.2.3 Nós imeachta chun faisnéis a iarraidh i gcás nós imeachta simplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe .......... 491
VII.3.3 Cruthúnas malartach ar dheireadh an nós imeachta .......... 492
VII.3.3.1 Cruthúnas malartach gur cuireadh na hearraí i láthair oifig custaim cinn scríbe nó coinsíní údaraithe .......... 493
VII.3.3.2 Cruthúnas malartach gur cuireadh na hearraí atá i gceist faoi nós imeachta custaim i dtríú tír .......... 495
VII.3.4 Fiosrúchán leis an oifig custaim cinn scríbe .......... 497
VII.3.4.1 An t-údarás inniúil agus an tráthchlár chun an iarraidh ar fhiosrúchán a thosú .......... 497
VII.3.4.2 An 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh .......... 498
VII.3.4.2.1 Úsáid na dteachtaireachtaí malartaithe faisnéise .......... 498
VII.3.4.3 Cur ar ceal na hiarrata ar fhiosrúchán (IE142) .......... 499
VII.3.4.4 Freagairt na tíre cinn scríbe .......... 499
VII.3.4.4.1 Cuardach taifead .......... 499
VII.3.4.4.2 Toradh ar an gcuardach taifead .......... 500
VII.3.4.4.3 Teorainn ama chun freagartha má tosaíodh an nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig custaim cinn scríbe .......... 502
VII.3.4.4.4 Cóid freagartha le haghaidh na hiarrata ar fhiosrúchán .......... 502
VII.3.4.5 Iarraidh chuig sealbhóir an nós imeachta tar éis an fiosrúchán a thosú leis an oifig custaim cinn scríbe .......... 503
VII.3.4.6 Iarmhairtí thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin .......... 503

VII.4 Nós imeachta leanúnachais gnó .......... 505
VII.4.1 Fógra fiosrúcháin i gcás an nós imeachta leanúnachais gnó nó shimplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe .......... 506
VII.4.1.1 Réamhrá .......... 506
VII.4.1.2 Fiosrúchán a thosaíonn le sealbhóir an nós imeachta .......... 507
VII.4.1.3 An t-údarás inniúil agus an tráthchlár chun an fógra fiosrúcháin a thosú .......... 507
VII.4.1.4 Fógra fiosrúcháin TC20 .......... 508
VII.4.1.5 Freagairt na tíre cinn scríbe don fhógra fiosrúcháin .......... 509
VII.4.1.6 Freagairt na hoifige custaim idirthurais don fhógra fiosrúcháin .......... 511
VII.4.1.7 Iarmhairtí an nós imeachta fiosrúcháin .......... 512

VII.5 Nós imeachta fíorúcháin iarscaoilte .......... 514
VII.5.1 Cuspóirí agus modhanna fíorúcháin iarscaoilte .......... 514
VII.5.2 Doiciméid faoi réir a bhfíoraithe .......... 514
VII.5.2.1 Dearbhuithe maidir le hidirthuras (nós imeachta leanúnachais gnó) .......... 514

VII.5.2.2 Doiciméad leictreonach iompair mar dhearbhú maidir le hidirthuras ............ 515
VII.5.2.3 Cruthúnas malartach ........................................................................ 516
VII.5.2.4 Doiciméid T2L.................................................................................... 516
VII.5.2.5 Doiciméid tráchtála atá coibhéiseach le doiciméad T2L ............................. 516
VII.5.3 Iarmhairtí an fhíorúcháin ....................................................................... 517

VII.6 Eisceachtaí (*pro memoria*)....................................................................... 517

VII.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta).............................................. 517

VII.8 Iarscríbhinní ........................................................................................... 517
VII.8.1 Liosta na n-údarás áitiúil ...................................................................... 517
VII.8.2 Litir faisnéise shamplach chuig sealbhóir an nós imeachta.............................. 518
VII.8.3 Sampla d'fhógra fiosrúcháin TC20 agus nótaí míniúcháin .............................. 520
VII.8.4 Sampla de sheoladh faisnéise le TC20A ..................................................... 525
VII.8.5 Sampla d'iarraidh iarscaoilte TC21 ............................................................ 526
VII.8.6 Sampla d'iarraidh iarscaoilte TC21A .......................................................... 528
VII.8.7 Samplaí de chásanna sa nós imeachta fiosrúcháin ........................................ 530

CUID VIII – FIACHAS AGUS AISGHABHÁIL ....................................................... 532

VIII.1 Raon feidhme na bhforálacha ...................................................................... 532
VIII.1.1 Sainmhínithe.......................................................................................... 532
VIII.1.2 Idirdhealú idir pionóis airgeadais agus pionóis choiriúla.................................. 533

VIII.2 Tabhú/neamhthabhú féich, clistí, agus sainaithint féichiúnaithe agus ráthóirí ....... 533
VIII.2.1 Tabhú/neamhthabhú an fhéich ................................................................... 533
VIII.2.1.1 Nuair a thabhaítear fiach ........................................................................ 533
VIII.2.1.1.1 Baint neamhdhleathach na n-earraí as an nós imeachta ............................ 533
VIII.2.1.1.2 Neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha ................................................. 534
VIII.2.2 Cliseadh an nós imeachta ........................................................................ 534
VIII.2.2.1 Cásanna ina dtarlaíonn baint neamhdhleathach ............................................ 534
VIII.2.2.2 Cásanna nach bhfuil baint neamhdhleathach ann.......................................... 535
VIII.2.2.3 Cás nár comhlíonadh ceann amháin, nó níos mó, de na coinníollacha a rialaíonn cur na n-earraí faoin nós imeachta ................................................. 536
VIII.2.2.4 Fiach a thabhaítear maidir leis an nós imeachta idirthurais .......................... 536
VIII.2.3 Múchadh féich........................................................................................ 537
VIII.2.4 Sainaithint na bhféichiúnaithe agus na ráthóirí .............................................. 538
VIII.2.4.1 Cé hiad na bhféichiúnaithe ...................................................................... 538
VIII.2.4.2 Éilimh in aghaidh féichiúnaithe ................................................................ 539
VIII.2.4.3 Féichiúnaithe éagsúla agus a ndliteanas comhpháirteach agus leithleach ..... 539
VIII.2.4.4 Fógra a thabhairt don fhéichiúnaí................................................................ 540
VIII.2.4.5 Éilimh in aghaidh an ráthóra ...................................................................... 540
VIII.2.4.5.1 Dliteanas agus scaoileadh an ráthóra........................................................ 540
VIII.2.4.5.2 Teorannú dliteanais ag an ráthóir ............................................................ 541
VIII.2.4.5.3 Fógra a thabhairt don ráthóir .................................................................. 541
VIII.2.4.6 Ríomh mhéid an fhéich ........................................................................... 543

VIII.3 Aisghabháil an fhéich ................................................................................ 546

III.3.1 Anailís ghinearálta.......... 546
VIII.3.2 Sainaithint an údaráis atá freagrach as aisghabháil .......... 546
VIII.3.2.1 An t-údarás atá freagrach as aisghabháil.......... 546
VIII.3.2.2 An áit ina dtagann an fiach chun cinn .......... 546
VIII.3.2.2.1 An áit ina dtarlaíonn na teagmhais as a n-eascraíonn an fiach.......... 547
VIII.3.2.2.2 An áit ina raibh na hearraí i gcás as ar eascair an fiach de réir chinneadh na n-údarás inniúil.......... 547
VIII.3.2.2.3 An áit arna cinneadh de réir réamhshocrú.......... 547
VIII.3.3 Nós imeachta aisghabhála .......... 550
VII.3.3.1 Teachtaireachtaí maidir le malartú faisnéise .......... 550
VIII.3.3.2 Malartú faisnéise agus comhoibriú d'fhonn aisghabhála.......... 551
VIII.3.3.3 Iarraidh ar aisghabháil ón údarás inniúil imeachta.......... 552
VIII.3.3.4 Iarraidh ar aisghabháil ó údarás inniúil eile .......... 552
VIII.3.3.5 Glacadh an údarás iarrtha leis an aisghabháil .......... 553
VIII.3.3.6 Tús an nós imeachta aisghabhála a chur in iúl .......... 555
VIII.3.4 Sainaithint na háite inar tháinig an fiach chun cinn .......... 557
VIII.3.4.1 Fianaise nua tar éis tionscnamh imeachtaí aisghabhála .......... 557
VIII.3.4.2 Údarás inniúil nua agus bearta aisghabhála nua.......... 558
VIII.3.4.3 Iarmhairt na haisghabhála bunaidh.......... 558
VIII.3.4.4 Iarmhairt na haisghabhála .......... 559
VIII.3.4.4.1 Fógra a thabhairt do na hoifigí custaim maidir le himeacht agus ráthaíocht na haisghabhála nó urscaoileadh .......... 559
VIII.3.4.4.2 Fógra a thabhairt don ráthóir maidir le haisghabháil nó urscaoileadh .......... 559

VIII.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*) .......... 560

VIII.5 Eisceachtaí (*pro memoria*).......... 560

VIII.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta).......... 560

VIII.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin.......... 560

VIII.8 Iarscríbhinní.......... 560
VIII.8.1 Liosta na n-údarás atá freagrach as aisghabháil sa nós imeachta leanúnachais gnó .......... 560
VIII.8.2 Fógra faisnéise TC24 agus fógra aisghabhála TC25.......... 561
VIII.8.3 Iarraidh TC30 ar sheoladh/sheoltaí .......... 566

CUID IX – NÓS IMEACHTA TIR (INFHEIDHME LAISTIGH DEN AONTAS) .......... 567

IX.1 TIR (Transport Internationaux Routiers) .......... 567
IX.1.1 Cúlra agus reachtaíocht.......... 567
IX.1.2 Prionsabail chóras TIR.......... 568

IX.2 Údaruithe.......... 569
IX.2.1 Údarú comhlachas ráthaíochta .......... 569
IX.2.1.1 An próiseas údaraithe.......... 569
IX.2.1.2 Na critéir le haghaidh údarú.......... 570
IX.2.1.3 Comhaontú i scríbhinn.......... 570
IX.2.1.4 Faireachán an údaraithe .......... 570
IX.2.2 Údarú sealbhóirí carnet TIR.......... 570

IX.2.2.1 An próiseas údaraithe .......... 571
IX.2.2.2 An próiseas údaraithe a chomhroinnt .......... 571
IX.2.2.2.1 Seiceálacha údarás custaim .......... 571
IX.2.2.2.2 Faireachán an údaraithe .......... 572
IX.2.2.3 Tarraingt siar an údaraithe .......... 573
IX.2.2.3.1 Úsáid Airteagal 38 in áit Airteagal 6.4 .......... 573
IX.2.2.3.2 Cur i bhfeidhm Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR .......... 573
IX.2.2.3.3 Cur i bhfeidhm Airteagal 6.4 de Choinbhinsiún TIR .......... 574
IX.2.2.3.4 Fógra don Choimisiún Eorpach agus do Bhallstáit .......... 574
IX.2.2.4 Fógra maidir le cinntí chun rochtain a thabhairt ar an gcóras TIR .......... 575

IX.3 Ráthaíochtaí .......... 575
IX.3.1 Réamhrá .......... 575
IX.3.2 Méid na ráthaíochta .......... 575
IX.3.2.1 Méid uasta na ráthaíochta .......... 575
IX.3.2.2 Rialacha maidir leis an ráta malartaithe .......... 576
IX.3.3 Raon feidhme an chumhdaigh ráthaíochta .......... 576
IX.3.4 Dliteanas chomhlachais ráthaíochta an Aontais .......... 577

IX.4 Foirmiúlachtaí ag an oifig imeachta nó iontrála .......... 577
IX.4.1 Réamhrá .......... 577
IX.4.2 Glacadh sonraí carnet TIR .......... 578
IX.4.3 Slándáil feithicle/coimeádáin .......... 580
IX.4.3.1 Moladh maidir le húsáid córais cód chun ráitis lochtanna sa Deimhniú Ceadaithe a thuairisciú. .......... 580
IX.4.4 Gníomh ag an oifig custaim imeachta nó iontrála .......... 580
IX.4.4.1 Úsáid cheart carnet TIR .......... 582
IX.4.4.2 Moladh maidir le húsáid cód CC .......... 582
IX.4.4.3 Cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais .......... 582
IX.4.4.4 Cur i láthair ráthaíochta .......... 583
IX.4.4.5 Séalú feithiclí/coimeádán .......... 583
IX.4.4.6 Teorainn ama .......... 583
IX.4.4.7 Cúrsa taistil maidir le gluaiseacht earraí faoi oibríocht TIR .......... 584
IX.4.4.8 Scaoileadh oibríocht TIR .......... 585
IX.4.5 Luchtú idirmheánach .......... 585
IX.4.5.1 Fionraí sealadach iompar TIR .......... 586
IX.4.6 Neamhréireachtaí .......... 586
IX.4.6.1 Cóireáil neamhréireachtaí .......... 586
IX.4.6.2 Neamhréireachtaí arna mbrath ag an oifig custaim imeachta .......... 587
IX.4.6.3 Neamhréireachtaí arna mbrath ag an oifig custaim iontrála .......... 587

IX.5 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach .......... 588
IX.5.1 Réamhrá .......... 589
IX.5.2 Urscaoileadh oibríocht TIR ag an oifig custaim imeachta nó iontrála .......... 589
IX.5.3 Gníomhaíocht ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach .......... 589
IX.5.4 Athrú ar an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach .......... 590
IX.5.5 Teagmhais le linn ghluaiseacht na n-earraí agus úsáid na tuarascála deimhnithe .......... 592
IX.5.6 Neamhrialtachtaí arna mbrath ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach .......... 593

IX.5.6.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le hearraí ........ 593
IX.5.6.2 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí ........ 594
IV.5.6.3 Neamhrialtachtaí eile ........ 594
IX.5.7 Córas rialaithe le haghaidh carnet TIR ........ 594
IX.5.8 Díluchtú idirmheánach ........ 595
IX.5.9 Cóireáil iompar TIR fillte ........ 596

IX.6 Nós imeachta fiosrúcháin ........ 597
IX.6.1 Gníomhaíocht réamh-fhiosrúcháin ........ 597
IX.6.2 Nós imeachta fiosrúcháin ........ 597
IX.6.3 Cruthúnas malartach maidir le críochnú ........ 599
IX.6.4 Fiach agus aisghabháil ........ 600
IX.6.4.1 Aitheantas duine/daoine atá faoi dhliteanas díreach ........ 600
IX.6.4.2 Aisghabháil an fhéich agus/nó muirir eile ........ 600
IX.6.5 Éileamh in aghaidh an chomhlachais ráthaíochta ........ 601
IX.6.6 Cur i bhfeidhm Airteagail 163-164 IA ........ 602
IX.6.6.1 Aistriú freagrachta i ndáil le haisghabháil an fhéich ........ 602

IX.7 Coinsíní údaraithe ........ 602
IX.7.1 Réamhrá ........ 603
IX.7.2 Údarás chun séalaí custaim a bhriseadh agus a bhaint ........ 603
IX.7.3 Teacht na n-earraí ........ 603
IX.7.4 Cur i láthair an carnet TIR ........ 604
IX.7.5 Formhuiniú agus tabhairt an carnet TIR don sealbhóir carnet TIR ........ 604

IX.8 Iarscríbhinní a ghabhann le Cuid IX ........ 605
IX.8.1 Pointí fócasacha san Aontas ........ 605
IX.8.2 An tábla comhghaoil ........ 606
IX.8.3 Líonadh isteach an carnet TIR ........ 608
IX.8.4 Oibríochtaí TIR i gcásanna áirithe (an nós imeachta cúltaca/an nós imeachta leanúnachais gnó) ........ 616
IX.8.5 Fógra i scríbhinn ........ 618
IX.8.6 Fógra fiosrúcháin sampla ........ 620
IX.8.7 Samhail de Chomhaontú/Ghealltanas ón Aontas Eorpach ........ 622
IX.8.8 Stampa sampla le haghaidh an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó ........ 624
IX.8.9 Samplaí de chásanna ina dtaisctear na sonraí carnet TIR leictreonacha ........ 624

**Liosta giorrúchán a úsáidtear go minic**

| | |
|---|---|
| e-AD | Doiciméad Riaracháin Leictreonach |
| AT | An Ostair |
| ATA | Carnet ATA (cead isteach sealadach) |
| BE | An Bheilg |
| BG | An Bhulgáir / Bulgáiris |
| CBT | Comhbheartas Talmhaíochta |
| CCT | Comhtharaif Chustaim (CE) |
| CH | An Eilvéis |
| CIM | *Contrat de transport International ferroviaire des Marchandises* (Bille iompair idirnáisiúnta maidir le hearraí a iompar d'iarnród) |
| CMR | *Contrat de transport international de Marchandises par Route* (Bille iompair idirnáisiúnta maidir le hearraí a iompar de bhóthar) |
| AN COIMISIÚN | An Coimisiún Eorpach |
| Coinbhinsiún | An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 |
| CS | Seicis |
| CY | An Chipir |
| CZ | An tSeicia |
| DA | Danmhairgis |
| DA | Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais) |
| DE | An Ghearmáin/Gearmáinis |
| DK | An Danmhairg |
| EAD | Doiciméad Tionlacain Onnmhairithe |
| ECS | Córas Rialaithe Onnmhairí |
| EDI | Idirmhalartú Leictreonach Sonraí |
| EE | An Eastóin/Eastóinis |
| EFTA | Comhlachas Saorthrádála na hEorpa |

| | |
|---|---|
| EL | Gréigis |
| EN | Béarla |
| ENS | Dearbhú Iontrála Achomair |
| ES | An Spáinn/Spáinnis |
| FI | An Fhionlainn/Fionlainnis |
| FR | An Fhrainc/Fraincis |
| GB | An Bhreatain Mhór |
| GR | An Ghréig |
| CC | Córas Comhchuibhithe chun tuairisc a thabhairt ar earraí agus iad a aicmiú |
| HR | An Chróit/Cróitis |
| HU | An Ungáir/Ungáiris |
| IE | Éire |
| IA | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais |
| IRU | An tAontas Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar |
| IS | An Íoslainn/Íoslainnis |
| IT | An Iodáil/Iodáilis |
| LT | An Liotuáin/Liotuáinis |
| LoI | Liosta na Míreanna Earraí |
| LU | Lucsamburg |
| LV | An Laitvia/Laitvis |
| MK | Poblacht na Macadóine Thuaidh |
| MT | Málta/Máltais |
| NCTS | Córas nua ríomhchuidithe idirthurais |
| NL | An Ísiltír/Ollainnis |
| NO | An Iorua/Ioruais |
| IO | Iris Oifigiúil |
| PL | An Pholainn/Polainnis |

| | |
|---|---|
| PT | An Phortaingéil/Portaingéilis |
| RO | An Rómáin/Rómáinis |
| RS | An tSeirbia/Seirbis |
| RSS | Seirbhís rialta loingseoireachta |
| SAD | Doiciméad riaracháin aonair |
| Coinbhinsiún SAD | An Coinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú an 20 Bealtaine 1987 |
| SE | An tSualainn |
| SI | An tSlóivéin |
| SK | Poblacht na Slóvaice/Slóvaicis |
| SL | Slóivéinis |
| SV | Sualainnis |
| TDA | Rialachán (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17.12.2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha maidir le forálacha áirithe de chuid Chód Custaim an Aontais i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha ábhartha ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán Tarmligean (AE) 2015/2446 (IO L 69, 15.3.2016, lch. 1) |
| TR | An Tuirc/Tuircis |
| DTI | Doiciméad tionlacain idirthurais |
| TIR | TIR Carnet (*Transport Internationaux Routiers*) (Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar) |
| DTIS | Doiciméad tionlacain idirthurais/slándála |
| TSLoI | Liosta na Míreanna Earraí Idirthurais/Slándála |
| CCA | Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10 Deireadh Fómhair 2013) |
| UK | An Ríocht Aontaithe |

## Liosta sainmhínithe

| | |
|---|---|
| Doiciméad Riaracháin Leictreonach (e-AD) | Maidir le hidirthuras san Aontas amháin – doiciméad rialúcháin a úsáidtear chun gluaiseacht earraí inmháil i saorchúrsaíocht idir dhá phointe san Aontas Eorpach a chumhdach. |
| Carnet ATA | Doiciméad custaim a úsáidtear chun earraí a onnmhairiú go sealadach, a iompar agus a ligean isteach go sealadach chun críocha sonracha, e.g. le haghaidh taispeántas agus aontaí, mar threalamh gairmiúil agus mar shamplaí tráchtála. |
| Coinsíneoir údaraithe | Duine atá údaraithe chun oibríochtaí idirthurais a dhéanamh gan na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta. |
| Coinsíní údaraithe | Duine atá údaraithe chun earraí a fháil (ag a áitreabh/a háitreabh, nó ag aon áit shonraithe eile) faoi nós imeachta idirthurais gan a bheith air/uirthi iad a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.<br><br>Ní mór an mháistir-uimhir thagartha (MRN) a bheith in éineacht leis na hearraí sin i gcomhair na hoibríochta idirthurais atá i gceist. |
| Idirthuras comhchoiteann | Nós imeachta custaim chun earraí a iompar idir an Aontas Eorpach agus tíortha comhchoiteanna idirthurais, agus idir na tíortha comhchoiteanna idirthurais féin (féach an sainmhíniú thíos). |
| Earraí de chuid an Aontais | Earraí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas:<br><br>– earraí a fuarthas go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais agus nach gcuimsíonn earraí a allmhairíodh ó thíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin;<br><br>– earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó thíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht;<br><br>– earraí a fuarthas nó a táirgeadh i gcríoch críoch chustaim an Aontais, ó earraí dá dtagraítear sa dara fomhír amháin nó ó earraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír |
| Nós imeachta idirthurais | Nós imeachta custaim a fhágann gur féidir earraí a aistriú ó |

| | |
|---|---|
| an Aontais | phointe amháin san Aontas Eorpach chuig pointe eile. |
| Údarás inniúil | An t-údarás custaim nó aon údarás eile atá freagrach as na rialacha custaim a chur i bhfeidhm. |
| Páirtí conarthach | Páirtí sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 agus sa Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú an 20 Bealtaine 1987. Tá ocht bPáirtí Conarthach ann: an tAontas Eorpach, an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis, an Tuirc, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an tSeirbia agus an Ríocht Aontaithe. |
| Stádas Custaim | Stádas earraí mar earraí de chuid an Aontais nó earraí nach de chuid an Aontais iad. |
| Críoch chustaim an Aontais | Is éard é críoch chustaim an Aontais na críocha seo a leanas, lena n-áirítear a n-uiscí teorann, a n-uiscí inmheánacha agus a n-aerspás:<br>• críoch Ríocht na Beilge,<br>• críoch Phoblacht na Bulgáire,<br>• críoch Phoblacht na Seice,<br>• críoch Ríocht na Danmhairge, cé is moite d'Oileáin Fharó agus den Ghraonlainn,<br>• críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, cé is moite d’Oileán Heligoland agus de chríoch Buesingen (Conradh an 23 Samhain 1964 idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Cónaidhm na hEilvéise),<br>• críoch Phoblacht na hEastóine,<br>• críoch na hÉireann,<br>• críoch na Poblachta Heilléanaí,<br>• críoch Ríocht na Spáinne, cé is moite de Ceuta agus de Melilla,<br>• críoch Phoblacht na Fraince agus críoch Mhonacó mar a shainítear sa Choinbhinsiún Custaim a síníodh i bPáras an 18 Bealtaine 1963 seachas na críocha thar lear agus Saint-Pierre agus Miquelon,<br>• críoch Phoblacht na hIodáile, cé is moite de bhardais Livigno,<br>• críoch Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le forálacha Ionstraim Aontachais 2003, |

- críoch Phoblacht na Laitvia,
- críoch Phoblacht na Liotuáine,
- críoch Ard-Diúcacht Lucsamburg,
- críoch na hUngáire,
- críoch Mhálta,
- críoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip,
- críoch Phoblacht na hOstaire,
- críoch Phoblacht na Polainne,
- críoch Phoblacht na Portaingéile,
- críoch na Rómáine,
- críoch Phoblacht na Slóivéine,
- críoch Phoblacht na Slóvaice,
- críoch Phoblacht na Fionlainne,
- críoch Ríocht na Sualainne,
-
- críoch Phoblacht na Cróite.

Áirítear freisin le críoch chustaim an Aontais na críocha seo a leanas, lena n-áirítear a n-uiscí teorann, a n-uiscí inmheánacha agus a n-aerspás, atá suite **lasmuigh de chríoch na mBallstát**, agus na coinbhinsiúin agus na conarthaí is infheidhme maidir leo á gcur san áireamh:

(a) AN FHRAINC

Críoch Mhonacó mar a shainmhínítear í sa Choinbhinsiún Custaim a síníodh i bPáras an 18 Bealtaine 1963 (*Journal officiel de la République française* (Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince) an 27 Meán Fómhair 1963, lch. 8679);

(b) AN CHIPIR

Críoch Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe mar a shainmhínítear iad sa Chonradh maidir le Bunú Phoblacht na Cipire, a síníodh sa Niocóis an 16 Lúnasa 1960 (Sraith Chonarthaí na Ríochta Aontaithe Uimh. 4 (1961) Cmnd. 1252).

Doiciméad tionlacain onnmhairithe (EAD)

(*don Aontas Eorpach amháin*) Doiciméad a ghabhann leis na hearraí i gcás ina ndéanann an Córas Rialaithe Onnmhairí an dearbhú onnmhairiúcháin a phróiseáil ag an oifig custaim onnmhairithe.

| | |
|---|---|
| | Comhfhreagraíonn an EAD don sampla agus do na nótaí i bhFoscríbhinní H1 agus H2, Iarscríbhinn 9 de TDA |
| An tAontas Eorpach (AE) | Is iad an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn na Ballstáit. |
| Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) | Grúpa tíortha – an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin – a bhfuil comhshocruithe saorthrádála eatarthu. |
| Tír chomhchoiteann idirthurais | Aon tír, seachas Ballstáit an Aontais Eorpaigh, atá ina páirtí conarthach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, 1987 |
| Ráthaíocht | Cumhdach airgeadais arna sholáthar ag an oibreoir atá mar shealbhóir an nós imeachta chomhchoitinn maidir le hearraí faoi bhealach, chun a áirithiú go mbailíonn na húdaráis chustaim na dleachtanna custaim agus muirir eile, |
| Liosta luchtaithe | Doiciméad a fhéadfar a úsáid in ionad DRA-BIS nuair atá níos mó ná mír amháin á gluaiseacht faoi idirthuras i nós imeachta leanúnachais gnó.<br><br>Comhfhreagraíonn an liosta luchtaithe don sampla agus do na nótaí in Iarscríbhinn B4, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 72-04 IA. |
| Liosta na Míreanna Earraí (LoI) | Gabhann Liosta na Míreanna Earraí (LoI) in éineacht le DTI (doiciméad tionlacain idirthurais) agus na hearraí i gcás ina ndéantar dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh níos mó ná mír earraí amháin a phróiseáil ag an oifig custaim imeachta trí bhíthin NCTS (córas nua ríomhchuidithe idirthurais).<br><br>Comhfhreagraíonn LoI don sampla agus do na nótaí in Iarscríbhinní A5 agus A6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/ Foscríbhinn F2, Iarscríbhinn 9, TDA. |
| Lastliosta | Le haghaidh muiriompair agus aeriompair, is é sin an doiciméad ina liostaítear an lasta atá á iompar. Féadfar an doiciméad a úsáid chun críocha custaim, faoi réir údarú a fháil roimh ré, nuair atá na sonraí riachtanacha ann, go háirithe maidir le stádas custaim na n-earraí agus na sonraí aitheantais |

a ghabhann leo.

| | |
|---|---|
| Earraí nach de chuid an Aontais iad | Earraí eile seachas earraí de chuid an Aontais. |
| Oifig custaim imeachta | An oifig custaim a ghlacann le dearbhuithe lena gcuirtear earraí faoin nós imeachta idirthurais. |
| Oifig custaim cinn scríbe | An oifig custaim nach mór na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais a chur i láthair inti chun deireadh a chur leis an nós imeachta. |
| Oifig custaim na ráthaíochta | An oifig a gcinneann údaráis chustaim gach tíre nach mór ráthaíochtaí a thaisceadh inti. |
| Oifig custaim idirthurais | An oifig custaim atá suite ag an bpointe iontrála nó imeachta, ag brath ar an gcineál scéime idirthurais atá i gceist.<br><br>Féach an tábla le haghaidh sonraí: |

| | **Idirthuras comhchoiteann** | **Idirthuras Aontais** |
|---|---|---|
| Pointe iontrála | Iisteach i dtír chomhchoiteann idirthurais (páirtí conarthach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach) | Iisteach i gcríoch chustaim an Aontais – i gcás inar thrasnaigh na hearraí críoch lasmuigh den chríoch sin le linn oibríocht idirthurais |
| Pointe imeachta | Ó thír chomhchoiteann idirthurais – nuair a fhágann na hearraí críoch chustaim na tíre sin le linn oibríocht idirthurais trí theorainn idir an tír sin agus tríú tír (tír nach tír chomhchoiteann idirthurais í) | Ó chríoch chustaim an Aontais – nuair a imíonn na hearraí ón gcríoch sin le linn oibríocht idirthurais trí theorainn le críoch nach tír chomhchoiteann idirthurais í |

Duine atá bunaithe i bpáirtí conarthach

- aon duine a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi sa pháirtí conarthach (tír chomhchoiteann idirthurais)
- aon eagraíocht (duine dlítheanach nó comhlachas daoine) a bhfuil oifig chláraithe, ceanncheathrú lárnach nó

bunaíocht gnó bhuan aici sa pháirtí conarthach (tír chomhchoiteann idirthurais).

| | |
|---|---|
| Sealbhóir an nós imeachta idirthurais | An duine a thaisceann an dearbhú maidir le hidirthuras, nó an duine a dtaisctear an dearbhú thar a cheann. |
| Ionadaíocht chustaim | Aon duine arna cheapadh ag duine eile chun tabhairt faoi na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí a éilítear faoin reachtaíocht custaim agus iad ag plé leis na húdaráis chustaim. |
| Doiciméad Riaracháin Aonair (DRA) | Foirm ilchóipe a úsáidtear ar fud an Aontais, agus sna tíortha comhchoiteanna idirthurais chun earraí a chur faoin nós imeachta idirthurais, mar chuid de nós imeachta leanúnachais gnó (féach cuid V). |
| DRA-BIS | Foirm a úsáidtear chun na cóipeanna den DRA a fhorlíonadh nuair atá níos mó ná mír amháin á dearbhú faoi nós imeachta leanúnachais gnó. |
| Críocha fioscacha speisialta | Cuid de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil aon fheidhm ag an 2 Threoir seo inti:<br><br>– Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha<br><br>– Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil.<br><br>Is iad sin:<br><br>Oileáin Åland, na hOileáin Chanáracha, Sliabh Athos agus na críocha Francacha (Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Réunion, Mayotte, Réunion agus Saint-Martin).<br><br>Chun faisnéis chothrom le dáta a fháil maidir leis na críocha fioscacha speisialta sin, féach ar an méid a leanas:<br><br>https://ec.europa.eu/taxation_customs/territorial-status-eu-countries-and-certain-territories_en |
| Doiciméad tionlacain | Doiciméad arna phriontáil ó NCTS a ghabhann in éineacht |

| | |
|---|---|
| idirthurais (DTI) | leis na hearraí, bunaithe ar shonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras.<br><br>Comhfhreagraíonn DTI don sampla agus do na nótaí i bhFoscríbhinn III, Iarscríbhinní A3 agus A4, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn F1, Iarscríbhinn 9, TDA. |
| Doiciméad tionlacain idirthurais/slándála (DTIS) | ***Le haghaidh idirthuras Aontais amháin***<br>Gabhann an doiciméad tionlacain idirthurais/slándála (DTIS) in éineacht leis na hearraí i gcás ina ndéantar dearbhú maidir le hidirthuras a phróiseáil ag an oifig custaim imeachta trí bhíthin NCTS (córas nua ríomhchuidithe idirthurais) agus bíonn sonraí idirthurais agus sonraí slándála agus sábháilteachta araon ann.<br><br>Comhfhreagraíonn DTIS don sampla agus do na nótaí i bhFoscríbhinn F3, Iarscríbhinn 9 de TDA. Féadfar é a phriontáil i dtíortha comhchoiteanna idirthurais áfach, má tá na hoifigí custaim idirthurais agus/nó cinn scríbe san Aontas Eorpach. |
| Liosta na Míreanna Earraí Idirthurais/Slándála (TSLoI) | ***Le haghaidh idirthuras Aontais amháin***<br>Gabhann Liosta na Míreanna Earraí Idirthurais/Slándála (TSLoI) in éineacht le DTIS agus na hearraí sna cásanna seo a leanas:<br><br>– má dhéantar dearbhú maidir le hidirthuras a phróiseáil ag an oifig custaim imeachta trí bhíthin NCTS:<br>– má tá níos mó ná mír earraí amháin sa dearbhú, agus<br>– má tá sonraí idirthurais agus sonraí slándála agus sábháilteachta araon sa dearbhú.<br><br>Comhfhreagraíonn TSLoI don sampla agus do na nótaí i bhFoscríbhinní F4, Iarscríbhinn 9 de TDA. Féadfar é a phriontáil i dtíortha comhchoiteanna idirthurais áfach, má tá na hoifigí custaim idirthurais agus/nó cinn scríbe san Aontas Eorpach. |
| Tríú tír | Aon tír nach bhfuil ina ball den Aontas Eorpach nó páirtí conarthach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta |

| | |
|---|---|
| | comhchoiteann um earraí faoi bhealach. |
| Dearbhú maidir le hidirthuras | Gníomh ina léiríonn duine, san fhoirm agus sa bhealach forordaithe, gur mian leis/léi earraí a chur faoin nós imeachta idirthurais. |

**Foinsí faisnéise ginearálta**

An tAontas Eorpach
http://eur-lex.europa.eu/homepage.html

Reachtaíocht custaim
http://ec.europa.eu/taxation_customs/customs/procedural_aspects/transit/index_en.htm

- Lámhleabhar idirthurais
- Liosta de na hoifigí custaim idirthurais
- Leabhar seoltaí an Líonra Idirthurais
- Córais Idirthurais Custaim Nua don Eoraip (bróisiúr)
- Reachtaíocht
- Comhairliúchán trádála
- Suíomhanna gréasáin custaim náisiúnta:

http://ec.europa.eu/taxation_customs/common/links/customs/index_en.htm

Eile:

| | |
|---|---|
| An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim: | An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim |
| UNECE – Coinbhinsiún TIR: | http://www.unece.org/trans/bcf/welcome.html |

## CUID I – RÉAMHRÁ GINEARÁLTA

Tugtar an cúlra stairiúil agus forbhreathnú ar na córas idirthurais i gCuid I.

Mínítear saintréith agus cuspóir an idirthurais i Mír I.1 agus tugtar stair achomair ann.

I Mír I.2 tagraítear do stádas na n-earraí chun críocha custaim.

I Mír I.3 tugtar achoimre ar an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach.

Tugtar achoimre i Mír I.4 ar nós imeachta idirthurais an Aontais agus ar nósanna imeachta idirthurais eile a bhfuil feidhm acu san Aontas Eorpach.

Cumhdaítear eisceachtaí i Mír I.5.

Tá Mír I.6 forchoimeádta le haghaidh treoracha sonracha náisiúnta.

Forchoimeádtar Mír I.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní i Mír I.8.

## I.1 An chaoi a n-oibríonn idirthuras

Gluaiseacht earraí

Nuair a thiocfaidh earraí isteach i dtír/i gcríoch, éileoidh na húdaráis chustaim go n-íocfar dleachtanna allmhairiúcháin agus muirir eile agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh siad bearta beartais trádála i bhfeidhm (dleachtanna frithdhumpála mar shampla).

Is é sin an cás fiú mura bhfuil sé beartaithe na hearraí a chur tríd an tír/i gcríoch sin (idirthuras) ach ar an mbealach chuig tír/críoch eile amháin. I gcúinsí áirithe, ní mór na cánacha agus na muirir a íocadh a aisíoc nuair a fhágann na hearraí an tír/an chríoch sin.

D'fhéadfadh sé gur gá an nós imeachta sin a dhéanamh arís sa chéad tír/chríoch eile. D'fhéadfadh sé gur gá na hearraí a chur faoi roinnt nósanna imeachta riaracháin ag gach pointe trasnaithe teorann, sula sroichfidh siad a gceann scríbe deiridh.

An chaoi a n-oibríonn idirthuras

Laghdaítear an riarachán sin, agus na costais lena mbaineann, d'oibreoirí, de thoradh ar idirthuras. Is nós imeachta custaim é ar féidir úsáid a bhaint as chun earraí a ghluaiseacht thar theorainneacha nó thar chríocha gan na muirir a íoc a bhíonn dlite de ghnáth nuair a thagann earraí isteach sa chríoch sin (nó nuair a thógtar earraí aisti). Ní éilítear ach foirmiúlacht chustaim amháin leis, nuair a thógtar na hearraí amach as an gcríoch arna cumhdach leis an nós imeachta.

Baineann idirthuras leis an Aontas Eorpach go háirithe, áit a bhfuil críoch chustaim aonair comhcheangailte le go leor críocha fioscacha: féadfar earraí a ghluaiseacht faoi idirthuras óna bpointe iontrála san Aontas chuig a gceann scríbe deiridh.

Tagann deireadh le hidirthuras ag an bpointe sin, cuirtear na hoibleagáidí custaim agus fioscacha áitiúla i gcrích agus scaoiltear na hearraí le haghaidh saorchúrsaíochta, nó cuirtear faoi nós imeachta custaim fionraíochta eile iad.

D'fhéadfaí deireadh a chur le nós imeachta fionraíochta freisin trí earraí nach de chuid an Aontais iad a chur faoi idirthuras, athonnmhairiú a dhéanamh ó chríoch chustaim an Aontais mar shampla.

Córas idirthurais a fhorbairt

Tar éis dheireadh an dara cogadh domhanda, tháinig borradh mear

ar thrádáil earraí san Eoraip. Ba léir go luath dá mbeadh nósanna imeachta custaim fada agus ciotacha i gceist gach uair a bhogfaí earraí thar theorainn go gcuirfí géarbhrú agus ualach ar chúrsaí trádála. I gcomhthéacs cúlra de chomhar níos mó idir náisiúin, cuireadh tús le caibidlíocht faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, a raibh de chuspóir léi comhaontú idirnáisiúnta a tharraingt suas chun gluaiseacht earraí san Eoraip a éascú.

Comhaontú TIR

Rinneadh an chéad ghníomh den chineál sin – Comhaontú TIR – a tharraingt suas in 1949. De thoradh air sin, tugadh isteach córas ráthaíochta i roinnt tíortha Eorpacha, lenar cumhdaíodh na dleachtanna agus na muirir eile atá faoi riosca maidir le hearraí atá á ngluaiseacht san Eoraip, le linn trádáil idirnáisiúnta.

Mar thoradh ar an rath a bhí ar Chomhaontú 1949 cruthaíodh Coinbhinsiún TIR in 1959[2]. Rinneadh athbhreithniú ar an gCoinbhinsiún in 1975 agus tá 76 Páirtí Conarthacha ann faoi láthair (mí an Mheithimh 2019).

An Comhphobal Eorpach

Ar aon dul le forbairt dhomhanda na trádála idirnáisiúnta, fuarthas go raibh córas idirthurais sonrach ag teastáil ón gComhphobal Eorpach a bhí ag teacht chun cinn agus ag leathnú chun gluaiseacht earraí agus foirmiúlachtaí custaim a éascú laistigh dá Bhallstáit agus eatarthu.

**An Comhphobal Eorpach/An tAontas Eorpach**

Tugadh an Conradh lenar bunaíodh an Comhphobal Eorpach i gcrích in 1957 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1958.

Bhí na tíortha seo a leanas ina gcomhaltaí bunaidh: an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.

Chuaigh an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe isteach sa Chomhphobal Eorpach in 1973, agus chuaigh an Ghréig isteach ann in 1981; chuaigh an Phortaingéil agus an Spáinn isteach ann in 1986; chuaigh an Fhionlainn, an Ostair agus an tSualainn isteach ann in 1995; chuaigh Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin agus Poblacht na Slóvaice isteach ann in 2004; chuaigh an Bhulgáir agus an Rómáin isteach ann in 2007; agus chuaigh an Chróit isteach ann in 2013.  D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach in 2020.

2 An Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR (Coinbhinsiún TIR, 1975).

Córas idirthurais an Chomhphobail

Ba léir go raibh gá le córas idirthurais sonrach don Chomhphobal Eorpach in 1968 nuair a tugadh an Chomhtharaif Chustaim isteach.

Tugadh isteach córas idirthurais an Chomhphobail in 1968. Éascaíodh gluaiseacht earraí Comhphobail agus earraí neamh-Chomhphobail araon laistigh den Chomhphobal leis an gcóras sin. Baineadh úsáid as na siombailí T1 le haghaidh earraí neamh-Chomhphobail agus T2 le haghaidh earraí Comhphobail den chéad uair.

Gluaiseacht earraí laistigh den Chomhphobal trí thíortha CSTE

Mar gheall ar leibhéil mhéadaithe trádála agus chun gluaiseacht earraí san Eoraip a éascú, rinneadh córas idirthurais an Chomhphobail a shíneadh in 1972 le dhá Chomhaontú chun trádáil leis an Eilvéis agus leis an Ostair a chumhdach. Bhí an dá thír sin, atá i suíomhanna geografacha tábhachtacha san Eoraip, ina gcomhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE).

**Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE)**

Tugadh an comhaontú maidir le Comhlachas Saorthrádála na hEorpa i gcrích in 1959 agus tháinig sé i bhfeidhm in 1960. Ba iad an Danmhairg, an Eilvéis, an Iorua, an Ostair, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe agus an tSualainn na comhaltaí bunaidh. Chuaigh an Fhionlainn agus an Íoslainn isteach sa Chomhlachas níos déanaí.

Níl an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ostair, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe ná an tSualainn ina gcomhaltaí de CSTE a thuilleadh.

Idirthuras comhchoiteann

Na Comhaontuithe a rinneadh in 1972 leis na tíortha CSTE – an Eilvéis agus an Ostair (a bhí ina tír CSTE ag an am), cuireadh dhá Choinbhinsiún ina n-ionad in 1987 a tarraingíodh suas idir an Comhphobal Eorpach agus tíortha uile CSTE.

D'éascódh na Coinbhinsiúin sin allmhairiú, onnmhairiú agus gluaiseacht earraí chuig an gComhphobal Eorpach agus tíortha CSTE, amach uathu agus eatarthu, agus idir na tíortha CSTE féin chomh maith.

Trí bhíthin Coinbhinsiúin amháin – ar a dtugtar an '**Coinbhinsiún**' – bunaíodh nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach[3].

Leis an gCoinbhinsiún eile – '**An Coinbhinsiún maidir le**

3 Coinbhinsiún CE/CSTE maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987, IO L 226, 13.8.1987 + leasuithe.

**foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú**' – tugadh isteach foirmiúlachtaí simplithe allmhairithe, onnmhairithe agus idirthurais, bunaithe ar an Doiciméad Riaracháin Aonair (DRA)[4].

Grúpa Visegrad

Cuireadh síneadh leis na Coinbhinsiúin an 1 Iúil 1996 chun na ceithre thír i nGrúpa Visegrad a chur san áireamh (Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic), go dtí gur éirigh siad ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach.

Tíortha comhchoiteanna idirthurais eile

Cuireadh síneadh leis an gCoinbhinsiún chun tíortha eile a chur san áireamh freisin:

- An Chróit an 1 Iúil 2012 (go dtí gur éirigh sí ina Ballstát de chuid AE);
- An Tuirc an 1 Nollaig 2012;
- Poblacht na Macadóine Thuaidh an 1 Iúil 2015;
- An tSeirbia an 1 Feabhra 2016;
- An Ríocht Aontaithe an 01 Eanáir 2021.

Stáit iarrthacha

Meastar aon pháirtí conarthach sa Choinbhinsiún amach anseo a bheith ina 'stát iarrthach'.

Léirigh go leor tíortha gur mian leo dul isteach sa chóras comhchoiteann idirthurais (tíortha na mBalcán Thiar agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir go príomha, amhail an Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin).

Athchóiriú an idirthurais

Tháinig dúshláin nua chun cinn le cruthú an mhargaidh aonair in 1993, mar aon le timpeallacht pholaitiúil athraithe i lár na hEorpa agus in oirthear na hEorpa, agus ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar na córas idirthurais mar gheall ar na dúshláin sin.

## I.2 Stádas earraí

Ó tugadh isteach idirthuras sa Chomhphobal in 1968, is é stádas custaim na n-earraí an príomhfhachtóir lena gcinntear cé acu an ndéanfar earraí faoi idirthuras a ghluaiseacht faoi dhearbhú maidir le hidirthuras **T1** nó **T2**.

4 Coinbhinsiún CE/CSTE maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú (lena n-áirítear Doiciméad Riaracháin Aonair lena úsáid i dtrádáil den sórt sin), IO L 134, 22.5.1987 + leasuithe.

In imthosca áirithe, ní mór cruthúnas a sholáthar ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi stádas custaim earraí de chuid an Aontais a fháil i gCuid II.

## I.3 Idirthuras comhchoiteann

### I.3.1 Reachtaíocht

Is é an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 (féach fonóta 3) an bunús dlí don nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach.

Is iad seo a leanas na tíortha comhchoiteanna idirthurais (*a bhfuil siad uile ina bpáirtithe conarthacha sa Choinbhinsiún, seachas Lichtinstéin, a bhfuil aontas custaim aici le Cónaidhm na hEilvéise*):

- **Ballstáit an Aontais**
- **Cónaidhm na hEilvéise**, **an Iorua** agus **an Íoslainn** (trí thír CSTE)
- **An Tuirc**
- **Poblacht na Macadóine Thuaidh**
- **An tSeirbia**
- **An Ríocht Aontaithe**

Is é an Coinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú a rinneadh i mí na Bealtaine 1987 (féach fonóta 4) an bunús dlí le haghaidh foirmiúlachtaí simplithe trádála earraí idir an Aontas agus tíortha comhchoiteanna idirthurais, agus idir na tíortha comhchoiteanna idirthurais féin chomh maith.

Tugtar míniú ar na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear reachtaíocht idirthurais chomhchoiteann a ghlacadh in Iarscríbhinn I.8.2.

### I.3.2 Tuairisc ar an nós imeachta

Déantar foráil leis an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach do dhleachtanna custaim agus máil, CBL agus muirir eile a ghearrtar ar earraí a chur ar fionraí nuair atá na hearraí sin á ngluaiseacht ón oifig custaim imeachta go dtí an oifig custaim cinn

scríbe.

Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as an nós imeachta sin chun earraí a ghluaiseacht ó Pháirtí Conarthach amháin go Páirtí Conarthach eile ar bhealach níos éasca. Níl aon oibleagáid ann chun leas a bhaint as áfach.

Is údaráis chustaim na bPáirtithe Conarthacha éagsúla a bhainistíonn an nós imeachta trí líonra oifigí custaim:

– oifigí custaim imeachta
– oifigí custaim idirthurais
– oifigí custaim cinn scríbe
– oifigí custaim na ráthaíochta.

Cuirtear tús leis an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach ag an oifig custaim imeachta agus tagann deireadh leis nuair a chuirtear na hearraí agus an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, i gcomhréir leis na rialacha comhchoiteanna idirthurais.

Mar chuid den nós imeachta déantar teachtaireachtaí a mhalartú i gcóras ríomhaireachta tiomnaithe NCTS (féach Roinn I.4.1.3), idir an oifig custaim cinn scríbe agus an oifig custaim imeachta.

Sa nós imeachta leanúnachais gnó (féach cuid v), tugann an oifig custaim cinn scríbe cóip amháin den dearbhú maidir le hidirthuras i bhfoirm páipéir (DRA nó DTI) ar ais don oifig custaim imeachta (nó d’oifig lárnach sa tír imeachta).

Nuair a fhaigheann an oifig custaim imeachta deimhniú trí NCTS nó cóip pháipéir den dearbhú maidir le hidirthuras, urscaoileann sí an nós imeachta idirthurais agus an dliteanas atá ar shealbhóir an nós imeachta idirthurais, murar tugadh aon neamhréireachtaí móra faoi deara.

Sealbhóir an nós imeachta in idirthuras comhchoiteann

Tionscnaítear an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach nuair a dhéanann oibreoir dearbhú maidir le hidirthuras ag an oifig custaim imeachta, lena n-iarrann sé go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta idirthurais.

Is é an duine sin ‘sealbhóir an nós imeachta’ le haghaidh idirthuras comhchoiteann ina dhiaidh sin.

Nuair a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais, éilítear ar an

duine sin na hearraí a chur i láthair slán (agus gur slán do na séalaí i gcás inarb iomchuí), in éineacht leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ag an oifig custaim cinn scríbe, laistigh de theorainn ama fhorordaithe.

Cuirfidh an oifig custaim na rialacha custaim i ndáil leis an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach i bhfeidhm mar aon leis na rialacha custaim i ndáil le haon fhiach (custaim) a íoc atá dlite má tharla neamhrialtacht.

Ba cheart do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a sholáthar chun méid an fhéich fhéideartha a chumhdach (murar tugadh díolúine dó/di de réir an dlí nó le húdarú). Féadfaidh an ráthaíocht sin a bheith i bhfoirm taisce airgid thirim nó gealltanas ó institiúid airgeadais atá ag gníomhú mar ráthóir (féach Cuid III le haghaidh sonraí faoi ráthaíochtaí agus ráthóirí).

*Airteagal 2 den Choinbhinsiún*

Tá dhá chatagóir de nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach ann, T1 agus T2. Léiríonn siad stádas éagsúil na n-earraí atá á ngluaiseacht.

T1

**T1** (**nós imeachta idirthurais sheachtraigh**) – cumhdaítear leis sin gluaiseacht earraí nach de chuid an Aontais iad, lena gcuirtear ar fionraí na bearta is infheidhme maidir leo de ghnáth i dtaca le hallmhairiú.

T2

**T2** (**nós imeachta idirthurais inmheánaigh**) – cumhdaítear leis sin gluaiseacht earraí de chuid an Aontais, lena gcuirtear ar fionraí na bearta is infheidhme maidir leo de ghnáth i dtaca le hallmhairiú chuig tír chomhchoiteann idirthurais.

Simplithe idirthurais

In imthosca áirithe, más rud é gur thug an t-údarás custaim ábhartha údarú, féadfar an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach a shimpliú (féach Cuid VI le haghaidh faisnéis faoi shimplithe idirthurais).

## I.4 Idirthuras laistigh den Aontas Eorpach

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- faisnéis faoi nós imeachta idirthurais an Aontais (Mír I.4.1);
- faisnéis faoi chórais idirthurais eile is infheidhme san Aontas (Mír I.4.2).

### I.4.1 Idirthuras san Aontas

#### I.4.1.1 Reachtaíocht

Tá bunús dlí idirthuras san Aontas i gCód Custaim an Aontais (Rialachán (AE) Uimh. 952/2013) agus sa Rialachán Tarmligthe (Rialachán (AE) Uimh. 2015/2446), sa Rialachán Tarmligthe maidir le bearta idirthréimhseacha (Rialachán (AE) Uimh. 2016/341) agus sa Rialachán Cur Chun Feidhme (Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447) lena mbaineann.

Cuireadh síneadh le comhshocruithe idirthurais an Aontais chun trádáil in earraí áirithe le hAndóra faoi aontas custaim an Chomhphobail-Andóra a chur san áireamh.

Tá síneadh comhchosúil ann i ndáil le trádáil idir an Comhphobal (an tAontas anois) agus San Mairíne, faoi na comhshocruithe don aontas custaim le San Mairíne (féach Cuid IV, Caibidil 5 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le hAndóra agus San Mairíne).

Tugtar míniú in Iarscríbhinn I.8.1 ar na rialacha agus nósanna imeachta lena rialaítear reachtaíocht idirthurais an Aontais a ghlacadh.

#### I.4.1.2 Tuairisc ar an nós imeachta

Tugtar tuairisc sa mhír seo ar nósanna imeachta idirthurais an Aontais mar a leanas:

- nósanna imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (Mír I.4.1.2.1);
- nósanna imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (Mír I.4.1.2.2).

Úsáid a bhaint as nós imeachta idirthurais an Aontais

Tá feidhm ag nós imeachta idirthurais an Aontais maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad (agus earraí de chuid an Aontais i gcásanna áirithe) a ghluaiseacht idir dhá phointe san Aontas (féach Mír I.4.2 freisin le haghaidh nósanna imeachta idirthurais eile san Aontas).

Is údaráis chustaim na mBallstát éagsúil a bhainistíonn an nós imeachta trí líonra oifigí custaim, ar a dtugtar:

- oifigí custaim imeachta;
- oifigí custaim idirthurais;

- oifigí custaim cinn scríbe;
- oifigí custaim na ráthaíochta.

Cuirtear tús leis an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta agus tagann deireadh leis nuair a chuirtear na hearraí agus an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, i gcomhréir leis na forálacha idirthurais.

Ag an bpointe sin, malartaíonn an oifig custaim cinn scríbe agus an oifig custaim imeachta teachtaireachtaí leictreonacha in NCTS chun a dheimhniú go bhfuil an t-idirthuras críochnaithe.

Má tá feidhm ag nós imeachta leanúnachais gnó freisin, tugann an oifig custaim cinn scríbe cóip amháin den dearbhú maidir le hidirthuras i bhfoirm páipéir (DRA nó DTI/DTIS) ar ais don oifig custaim imeachta (nó d'oifig lárnach sa Bhallstát imeachta).

Nuair a fhaigheann an oifig custaim imeachta an deimhniú trí NCTS nó an chóip den dearbhú maidir le hidirthuras, urscaoileann an oifig sin an nós imeachta idirthurais agus an dliteanas atá ar shealbhóir an nós imeachta idirthurais, murar tugadh neamhréireachtaí móra faoi deara.

Sealbhóir an nós imeachta faoi idirthuras san Aontas

Tionscnaítear nós imeachta idirthurais an Aontais nuair a dhéanann oibreoir dearbhú maidir le hidirthuras ag an oifig custaim imeachta, lena n-iarrann sé go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta idirthurais.

Is é an duine sin 'sealbhóir an nós imeachta' le haghaidh idirthuras comhchoiteann ina dhiaidh sin.

Nuair a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais, éilítear ar an duine sin na hearraí a chur i láthair slán (agus gur slán do na séalaí i gcás inarb iomchuí), in éineacht leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ag an oifig custaim cinn scríbe, laistigh de theorainn ama fhorordaithe.

Cuirfidh an oifig custaim na rialacha custaim i ndáil leis an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach i bhfeidhm mar aon leis na rialacha custaim i ndáil le haon fhiach (custaim) a íoc atá dlite má tharla neamhrialtacht.

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a sholáthar chun méid an fhéich fhéideartha a chumhdach (murar tugadh díolúine dó/di de réir an dlí nó le húdarú). Féadfaidh an ráthaíocht sin a bheith i bhfoirm taisce airgid thirim nó gealltanas ó institiúid

airgeadais atá ag gníomhú mar ráthóir (féach Cuid III le haghaidh sonraí faoi ráthaíochtaí agus ráthóirí).

Idirthuras seachtrach agus idirthuras inmheánach

*Airteagail 226 agus 227 CCA*

Tá dhá chatagóir de nós imeachta idirthurais an Aontais ann, a léiríonn, go ginearálta, stádas na n-earraí atá á ngluaiseacht:

- T1 (idirthuras seachtrach);
- T2 (idirthuras inmheánach).

Simplithe idirthurais

In imthosca áirithe, má thugann an oifig custaim ábhartha údarú, féadfar nós imeachta idirthurais an Aontais a shimpliú (féach Cuid VI le haghaidh faisnéis faoi shimplithe idirthurais).

### I.4.1.2.1 Nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais

T1

Tá feidhm ag nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1), **maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad a ghluaiseacht go príomha**. Cuireann sé dleachtanna allmhairiúcháin, muirir eile agus bearta beartais trádála eile ar fionraí go dtí go sroicheann na hearraí a gceann scríbe san Aontas.

*Airteagal 189 DA*

Tá nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais éigeantach chomh maith áfach:

– i gcás ina n-onnmhairítear earraí de chuid an Aontais ó chríoch chustaim an Aontais go dtí tír chomhchoiteann idirthurais; nó

– i gcás ina n-onnmhairítear iad agus go dtéann siad trí thír chomhchoiteann idirthurais amháin nó níos mó – agus go bhfuil an nós imeachta idirthurais, tar éis an onnmhairithe, á úsáid

sna cásanna seo a leanas:

(a) cuireadh na hearraí de chuid an Aontais faoi fhoirmiúlachtaí onnmhairithe custaim chun aisíocaíochtaí a fháil ar dhleachtanna a íocadh i ndáil le honnmhairí chuig tríú tíortha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

(b) tháinig na hearraí de chuid an Aontais ó stoic idirghabhála, tá siad faoi réir bearta rialaithe maidir lena n-úsáid nó a gceann

scríbe, agus comhlíonadh foirmiúlachtaí custaim ina leith maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

(c) tá na hearraí de chuid an Aontais incháilithe d'aisíocaíocht nó loghadh dleachtanna allmhairiúcháin (i gcomhréir le hAirteagal 118(4) CCA);

Thairis sin, nuair a dhéantar earraí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 2008/118/CE[5] a bhfuil stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais acu a onnmhairiú, féadfar iad a chur faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais.

### I.4.1.2.2 Nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais

T2

Tá feidhm ag nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2) maidir le hearraí de chuid an Aontais arna ngluaiseacht ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais, a théann trí thír nó críoch lasmuigh den chríoch sin gan aon athrú ar a stádas custaim.

Tá feidhm ag nós imeachta T2 maidir le hearraí arna ngluaiseacht ón Aontas go dtí tír chomhchoiteann idirthurais freisin, áit a leanann sé an nós imeachta onnmhairithe.

Ní úsáidtear T2 i gcás ina n-iompraítear na hearraí go hiomlán ar muir nó d'aer.

T2F

Tá feidhm ag nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais T2F maidir le hearraí de chuid an Aontais:

- a ghluaistear ó chríoch fhioscach speisialta go dtí cuid eile de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil ina críoch fhioscach speisialta;
- nuair a thagann deireadh leis an ngluaiseacht sin ag láthair atá suite lasmuigh den Bhallstát inar tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad.

[5] Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 009, 14.1.2009, lch. 12).

Bíonn an nós imeachta idirthurais inmheánaigh (T2F) mar rogha i gcásanna eile áfach. Féadfar na hearraí a ghluaiseacht freisin má tá cruthúnas ag an oibreoir go bhfuil stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais acu.

### I.4.1.3 Córas nua ríomhchuidithe idirthurais (NCTS)

Is uirlis TF chomhchoiteann de chuid an Aontais atá in NCTS chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an gcóras idirthurais.

Is iad príomhchuspóirí na huirlise sin nósanna imeachta idirthurais a dhéanamh níos gasta, níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos sláine, agus calaois a chosc agus a bhrath.

Ar bhonn ginearálta, bíonn NCTS **éigeantach** maidir le nósanna imeachta idirthurais an Aontais (seachtracha agus inmheánacha araon) agus nósanna imeachta comhchoiteanna maidir le hearraí faoi bhealach.

*Eisceachtaí*

– simplithe a bhaineann le modhanna iompair áirithe;

– an nós imeachta leanúnachais gnó;

– taistealaithe atá i dteideal dearbhú páipéarbhunaithe a úsáid i gcásanna áirithe.

#### I.4.1.3.1 Na príomh-mhíreanna nó na príomhtheachtaireachtaí a úsáidtear in oibríocht NCTS

Sula bpléifear an córas go mion, is fiú na príomh-mhíreanna agus na príomhtheachtaireachtaí san oibríocht NCTS a lua.

- **Dearbhú maidir le hidirthuras** – i bhfoirm leictreonach (arna sheoladh mar theachtaireacht *IE015 'Sonraí an Dearbhaithe')*.
- **Máistiruimhir thagartha (MRN)** – cláruimhir uathúil a thugann an córas don dearbhú, chun an ghluaiseacht a shainaithint.

- **Doiciméad tionlacain idirthurais (DTI)** – doiciméad a ghabhann leis na hearraí ón oifig custaim imeachta go dtí an oifig custaim cinn scríbe.
- '***Taifead teachta ionchais***' (teachtaireacht (IE001) – arna sheoladh ag an oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim cinn scríbe a léirítear sa dearbhú.
- '***Taifead idirthurais ionchais***' (teachtaireacht IE050) – arna sheoladh ag an oifig custaim imeachta chuig an oifig/na hoifigí custaim idirthurais dearbhaithe, chun fógra a thabhairt faoi thrasnú teorann ionchais na n-earraí.
- '***Fógra faoi thrasnú teorann***' (teachtaireacht IE118) – arna sheoladh ag an oifig custaim idirthurais iarbhír a úsáidtear, tar éis di na hearraí a sheiceáil.
- ***'Nóta faisnéise maidir le teacht***' (teachtaireacht IE006) – arna seoladh ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír chuig an oifig custaim imeachta, nuair a thagann na hearraí isteach.
- '***Torthaí an rialaithe***' (teachtaireacht IE018) – arna seoladh ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír chuig an oifig custaim imeachta (tar éis di na hearraí a sheiceáil, i gcás inar gá sin).

Tá sé tábhachtach a thuiscint freisin go gcumhdaíonn an córas na comhcheangail fhéideartha uile de ghnáthnósanna imeachta agus nósanna imeachta simplithe, tráth an imeachta (coinsíneoir údaraithe) agus ag an gceann scríbe (coinsíní údaraithe).

Tá tuilleadh teachtaireachtaí in Iarscríbhinn IV.4.8.1 (a n-uimhreacha, a n-ainmneacha agus a ngiorrúcháin sa chóras)

### I.4.1.3.2 Oifig custaim imeachta

Seoltar an dearbhú maidir le hidirthuras chuig an oifig custaim imeachta i bhfoirm leictreonach. Féadfar dearbhuithe leictreonacha a dhéanamh ag an oifig custaim imeachta nó ó áitreabh an oibreora eacnamaíoch féin.

Ní mór na sonraí uile a éilítear a bheith sa dearbhú agus é a bheith i gcomhréir le sonraíochtaí an chórais, ós rud é go ndéanann an córas códú agus bailíochtú ar na sonraí go huathoibríoch.

Má tá neamhréir sna sonraí léireofar é sin leis an gcóras. Cuirfear an dearbhóir ar an eolas faoi, ionas go bhféadfaidh sé/sí na ceartúcháin is gá a dhéanamh sula nglacfar leis an dearbhú ar

deireadh.

Tabhair faoi deara nach 'leasú' atá i gceist le dearbhú maidir le hidirthuras a 'cheartú', dá dtagraítear in Airteagal 31 d'Fhorscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Airteagal 173 de Chód Custaim an Aontais (CCA) (féach IV.2.3.2 maidir le leasú a dhéanamh ar dhearbhú maidir le hidirthuras).

Nuair a bheidh na ceartúcháin curtha isteach agus nuair a ghlacfar leis an dearbhú, leithdháilfidh an córas cláruimhir uathúil ar an dearbhú – an Mháistiruimhir Thagartha (MRN).

Ansin, nuair a bheidh iniúchtaí curtha i gcrích, ag an oifig custaim imeachta féin nó ag áitreabh an choinsíneora údaraithe, agus nuair a ghlacfar leis na ráthaíochtaí, scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais.

Priontálann an córas an Doiciméad Tionlacain Idirthurais (DTI) agus, más gá, Liosta na Míreanna Earraí (LoI) – ag an oifig custaim imeachta nó ag áitreabh an choinsíneora údaraithe.

**Ní mór DTI agus LoI a bheith in éineacht leis na hearraí agus ní mór iad a chur i láthair ag aon oifig custaim idirthurais agus ag an oifig custaim cinn scríbe.**

Nuair a bhíonn DTI agus LoI á bpriontáil, seolann an oifig custaim imeachta **teachtaireacht IE001** chuig an oifig custaim cinn scríbe dearbhaithe go comhuaineach.

Is é an fhaisnéis a fhaightear ón dearbhú atá sa teachtaireacht sin go príomha, lena gcuirtear ar a cumas don oifig custaim cinn scríbe na hearraí a rialú nuair a thagann siad isteach. Ní mór rochtain a bheith ag an oifig custaim cinn scríbe ar shonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras chun cinneadh ceart agus iontaofa a dhéanamh faoi na gníomhaíochtaí is ceart a dhéanamh nuair a thagann na hearraí isteach.

Má bhíonn ar na hearraí dul trí oifig custaim idirthurais chomh maith, seolann an oifig custaim imeachta **teachtaireacht IE050** freisin, chun rabhadh a thabhairt don oifig sin roimh ré ionas gur féidir léi iompar na n-earraí a sheiceáil.

### I.4.1.3.3 oifig custaim cinn scríbe

Nuair a thagann na hearraí isteach, ní mór iad a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó iad a chur i láthair an choinsíní údaraithe, in éineacht le DTI agus LoI más gá.

Bíonn an fhaisnéis go léir faoi shonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras ag an oifig custaim, ós rud é go bhfuair sí teachtaireacht IE001 cheana féin, agus dá bhrí sin bíonn deis aici cinneadh a dhéanamh roimh ré faoi na rialuithe a bhfuil gá leo.

Nuair a chuireann an oifig custaim cinn scríbe MRN isteach in NCTS, faigheann sé an teachtaireacht IE001 i leith na n-earraí sin go huathoibríoch, agus bíonn sí sin ina bunús d'aon ghníomhaíocht nó rialú a dhéanann sí ina dhiaidh sin.

Ansin seolann an oifig cinn scríbe teachtaireacht IE006 chuig an oifig custaim imeachta láithreach.

Nuair a bheidh na rialuithe ábhartha curtha i gcrích, cuirfidh an oifig custaim cinn scríbe na torthaí in iúl don oifig custaim imeachta, trí theachtaireacht IE018 a úsáid, agus luafaidh sí na neamhrialtachtaí a braitheadh, más ann dóibh.

Bíonn teachtaireachtaí IE006 agus IE018 ag teastáil ionas go bhféadfaidh an oifig custaim imeachta an oibríocht idirthurais a urscaoileadh agus na ráthaíochtaí a úsáideadh chun í a dhéanamh a scaoileadh.

### I.4.1.3.4 Oifig custaim idirthurais

Nuair a théann earraí trí oifig custaim idirthurais, ní mór na hearraí, DTI agus Liosta na Míreanna Earraí (LoI), más gá, a chur faoi bhráid na hoifige sin.

Ba cheart teachtaireacht IE050 a bheith curtha isteach in NCTS cheana féin – féadfaidh an oifig custaim í a aimsiú trí MRN a iontráil agus gluaiseacht na n-earraí a fhormheas ina dhiaidh sin.

Ansin seolann sé teachtaireacht IE118 chuig an oifig custaim imeachta.

### I.4.1.3.5 An oifig custaim idirthurais nó an oifig custaim cinn scríbe a athrú

Má théann na hearraí trí oifig custaim idirthurais nach an oifig dearbhaithe í, ní féidir an teachtaireacht a seoladh chuig an oifig idirthurais dearbhaithe (IE050) i dtosach a úsáid.

Sa chás sin, seolann an oifig custaim idirthurais iarbhír an teachtaireacht 'iarraidh ATR' (IE114) chuig an oifig custaim imeachta, lena n-iarrann sí ar an oifig sin teachtaireacht IE050 a sheoladh, ionas gur féidir léi sonraí an dearbhaithe a rochtain.

Mar fhreagra, seolann an oifig custaim imeachta an teachtaireacht 'Freagra ATR' (IE115).

Ar an gcaoi chéanna, féadfar na hearraí a chur i láthair ag oifig custaim cinn scríbe atá difriúil leis an gceann a luadh sa dearbhú.

Sa chás sin, seolann an oifig custaim cinn scríbe iarbhír an teachtaireacht 'Iarraidh AAR' (IE002) chuig an oifig custaim imeachta, lena n-iarrann sí uirthi teachtaireacht IE001 a sheoladh. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an oifig custaim cinn scríbe nua an fhaisnéis is gá a fháil faoi shonraí an dearbhaithe.

Tar éis don oifig custaim cinn scríbe an teachtaireacht 'Freagra AAR' (IE003) a fháil agus na hearraí a sheiceáil, seolann sí teachtaireacht IE018.

Má thagann athrú ar oifig custaim idirthurais nó oifig custaim cinn scríbe, ní bhíonn feidhm ag na teachtaireachtaí a seoladh chuig na hoifigí custaim dearbhaithe a thuilleadh agus fágtar ar oscailt iad. Chun an córas a ghlanadh, seolann NCTS teachtaireacht go huathoibríoch chuig na hoifigí custaim dearbhaithe, lena gcuirtear in iúl dóibh cá háit agus cathain a cuireadh na hearraí i láthair, ionas go mbeidís ábalta na teachtaireachtaí a dhúnadh.

### I.4.1.3.6 Nósanna imeachta simplithe: coinsíneoir údaraithe agus coinsíní údaraithe

Is é an rogha is fearr chun NCTS a úsáid ná an dá nós imeachta shimplithe a chur i bhfeidhm. An fhéidearthacht go ndéanfadh oibreoir na nósanna imeachta go léir ag a áitreabh féin agus go malartódh sé faisnéis leis na húdaráis chustaim go leictreonach, is léir gurb é sin an bealach is tapúla, is compordaí, is sláine agus is eacnamaíche chun gnó a dhéanamh.

Chun na nósanna imeachta simplithe sin a úsáid, ceanglaítear ar an

gcoinsíneoir údaraithe agus ar an gcoinsíní údaraithe araon córais leictreonacha leordhóthanacha a bheith acu chun faisnéis a chomhroinnt leis an oifig custaim imeachta agus leis an oifig custaim cinn scríbe sa NCTS.

Cuireann NCTS ar a gcumas do **choinsíneoirí údaraithe** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an dearbhú maidir le hidirthuras a chruthú ina gcóras ríomhaireachta féin;
- an teachtaireacht IE015 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta, gan na hearraí a bheith curtha i láthair ann;
- fógraí a sheoladh agus a fháil gur glacadh leis an dearbhú agus gur scaoileadh na hearraí. Tarlaíonn sé sin trí theachtaireachtaí eile ina dhiaidh sin ón oifig custaim imeachta, lena n-áirítear iarrataí chun sonraí an dearbhaithe a leasú.

Cuireann NCTS ar a gcumas do **choinsínithe údaraithe** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na hearraí a fháil, in éineacht le DTI agus Liosta na Míreanna Earraí (LoI), más gá, ag a n-áitreabh féin;
- an teachtaireacht '*Fógra teachta*' (IE007) a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe ábhartha;
- teachtaireachtaí a fháil agus a sheoladh ina dhiaidh sin maidir le cead chun na hearraí a dhíluchtú agus torthaí an díluchtaithe sin a chur in iúl.

## I.4.2 Córais idirthurais eile laistigh den Aontas Eorpach

### I.4.2.1 Réamhrá

*Airteagal 226(3) agus Airteagal 227(2) CCA*

Seachas na nósanna imeachta comhchoiteanna maidir le hearraí faoi bhealach agus nósanna imeachta idirthurais inmheánaigh/sheachtraigh an Aontais, baintear úsáid as na nósanna imeachta idirthurais a dtugtar tuairisc orthu thíos chomh maith:

- TIR;
- Carnet ATA;
- Fardal na Réine;

- Gluaiseacht ECAT;
- Pacáiste poist.

Úsáideann an **nós imeachta TIR** córas ráthaíochta idirnáisiúnta bunaithe ar shraith comhlachas ráthaíochta náisiúnta, i gcodarsnacht leis na nósanna imeachta idirthurais comhchoiteanna agus le nósanna imeachta idirthurais an Aontais (féach Mír I.4.2.2 agus Cuid IX le haghaidh faisnéis faoi TIR).

Tá **nós imeachta Carnet ATA** cosúil le TIR, ach tá sé teoranta do chineálacha áirithe earraí (féach Mír I.4.2.3 le haghaidh faisnéis faoi ATA).

Tá feidhm ag **nós imeachta Fhardal na Réine** maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad a iompar ar uisce ar an Réin agus ar na craobh-aibhneacha lena mbaineann (féach Mír I.4.2.4 le haghaidh faisnéis faoi lastliosta na Réine).

Baineann **nós imeachta gluaiseachta ECAT** le hearraí a iompraíonn fórsaí ECAT (féach Mír I.4.2.5 le haghaidh faisnéis faoi nós imeachta gluaiseachta ECAT).

Baineann an **nós imeachta maidir le pacáiste poist** le hearraí a sheoltar sa phost (féach Mír I.4.2.6 le haghaidh faisnéis faoin nós imeachta maidir le pacáiste poist).

Tá feidhm ag nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais chomh maith i gcás ina ndéantar earraí de chuid an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tír agus a ghluaiseacht laistigh de chríoch custaim an Aontais faoi oibríocht TIR nó faoi nós imeachta idirthurais i gcomhréir le Coinbhinsiún ATA nó le Coinbhinsiún Iostanbúl.

### I.4.2.2 Nós imeachta TIR (Transport Internationaux Routiers)

*Airteagal 226(3)(b) agus Airteagal 227(2)b) CCA*

Is é Coinbhinsiún TIR, 1975 an phríomhreachtaíocht lena rialaítear an nós imeachta TIR; ullmhaíodh an Coinbhinsiún sin faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/CEE). Tá 77 bpáirtí chonarthacha ann, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit.

Ceadaítear le Coinbhinsiún TIR do ghluaiseacht idirnáisiúnta earraí

ó oifig custaim imeachta amháin nó níos mó go dtí oifig custaim cinn scríbe amháin nó níos mó (suas go dtí **ceithre oifig custaim imeachta agus cinn scríbe ina iomláine**) agus tríd an méid tíortha is gá.

Faoi reachtaíocht an Aontais, féadfar an nós imeachta TIR a úsáid san Aontas maidir le gluaiseacht idirthurais a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh den Aontas Eorpach amháin, nó maidir le gluaiseacht idirthuras a dhéantar idir dhá phointe san Aontas agus a théann trí chríoch tríú tír.

Tá feidhm ag Coinbhinsiún TIR maidir le hiompar le feithiclí bóthair, comhcheangail feithiclí, agus coimeádáin, agus ceadaítear leis Carnet TIR a úsáid le haghaidh na modhanna iompair uile, ar choinníoll go ndéantar cuid den turas de bhóthar.

Tá ceanglais theicniúla shonracha i gCoinbhinsiún TIR chomh maith maidir le hurranna lasta feithiclí nó coimeádán a thógáil, chun smuigleáil a sheachaint. Ina theannta sin, ní cheadaítear ach d'iompróirí atá údaraithe ag na húdaráis chustaim earraí a iompar faoi nós imeachta TIR.

Chun na dleachtanna custaim agus cánacha faoi riosca a chumhdach ar feadh an turais, bunaíodh slabhra ráthaithe idirnáisiúnta le Coinbhinsiún TIR arna bainistiú ag an Aontas Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar (IRU). Tá IRU freagrach freisin as Carnet TIR a phriontáil agus a scaipeadh, atá ina dhearbhú custaim agus ina chruthúnas ar ráthaíocht araon.

Tá an mhaoirseacht fhoriomlán a dhéantar ar Choinbhinsiún TIR agus ar an gcaoi a gcuireann na páirtithe conarthacha uile i bhfeidhm é faoi fhreagracht Choiste Riaracháin TIR, atá ina chomhlacht idir-rialtasach lena gcuimsítear na páirtithe conarthacha go léir agus Bord Feidhmiúcháin TIR (TIRExB), ar a bhfuil naonúr comhaltaí tofa, agus gach duine díobh ó pháirtí conarthach difriúil.

Féach Cuid IX le haghaidh sonraí faoi úsáid nós imeachta TIR san Aontas Eorpach.

### I.4.2.3 ATA (cead isteach sealadach)

### I.4.2.3.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 226(3)(c) agus Airteagal 227(2)(c) CCA*

Is iad Coinbhinsiún ATA agus an Coinbhinsiún maidir le Cead Isteach Sealadach (ar a ngairtear Coinbhinsiún Iostanbúl freisin) na bunúis dlí le haghaidh an nós imeachta seo.

Tá Coinbhinsiún ATA, 1961 fós i bhfeidhm agus tá 63 pháirtí chonarthacha ann faoi láthair.

Tugadh Coinbhinsiún Iostanbúl, a ceapadh ar dtús in ionad Choinbhinsiún ATA, i gcrích an 26 Meitheamh 1990 in Iostanbúl faoi choimirce na Comhairle um Chomhar Custaim – ar a dtugtar an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (WCO) anois. Déanann Coiste Riaracháin é a bhainistiú agus tá 69 bpáirtí chonarthacha ann faoi láthair.

Tá na rialacha maidir le Carnet ATA a úsáid mar dhoiciméad idirthurais laistigh den Aontas le fáil in Airteagail 283 agus 284 IA.

### I.4.2.3.2 Tuairisc ar an nós imeachta

Chun críoch Carnet ATA, meastar an tAontas mar chríoch aonair.

<u>Ag an oifig custaim imeachta</u>

Ní mór don oifig custaim imeachta nó oifig custaim na hiontrála isteach san Aontas an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dearbhán idirthurais uimh. 1 a bhaint;
- bosca ‘H’ a líonadh isteach (míreanna A-D);
- ainm agus seoladh iomlán na hoifige custaim nach mór dearbhán uimh. 2 a sheoladh ar ais chuici a chur isteach i mbosca ‘H’ mír (E) (le stampa, a mhéid is féidir).

Ní mór don oifig sin an t-imréiteach idirthurais a líonadh isteach agus a dheimhniú (míreanna 1-7) ar an gcomhdhuille idirthurais comhfhreagrach freisin, sula dtugann sí an carnet ar ais don sealbhóir.

<u>Ag an oifig custaim cinn scríbe</u>

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim an imeachta ón Aontas, cé acu is iomchuí, an méid seo a leanas a dhéanamh:


– Dearbhán idirthurais uimh. 2 a bhaint;
– bosca ‘H’ a dheimhniú (mír F);
– aon bharúil a chur isteach i mír G;
– an dearbhán a sheoladh gan mhoill chuig an oifig custaim a luaitear i mBosca H (mír E).

Ní mór don oifig sin an deimhniú urscaoilte a líonadh isteach agus a dheimhniú freisin (míreanna 1-6) ar an gcomhdhuille idirthurais, sula dtugann sí an carnet ar ais don sealbhóir.

Nós imeachta fiosrúcháin

Pléann oifigí lárnacha ainmnithe i ngach Ballstát leis na fiosruithe uile faoi Carnet ATA (féach https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/customs-transit-ata-temporary-admission_en).

Léiríonn an léaráid scéimreach seo a leanas an úsáid a bhaintear as Carnet ATA mar dhoiciméad idirthurais chun earraí a ghluaiseacht trí chríoch chustaim an Aontais nó laistigh den chríoch sin faoi nós imeachta Carnet ATA.



### I.4.2.4 Fardal na Réine

#### I.4.2.4.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 226(3)(d) agus Airteagal 227(2)(d) CCA*

Is iad Coinbhinsiún Mannheim an 17 Deireadh Fómhair 1868 agus an Prótacal a ghlac an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin an 22 Samhain 1963 na bunúis dlí le haghaidh an nós imeachta seo.

#### I.4.2.4.2 Tuairisc ar an nós imeachta

Le nós imeachta Fhardal na Réine ligtear do thrácht ar an Réin agus ar a craobh-aibhneacha dul thar theorainneacha náisiúnta.

Baineann Coinbhinsiún Mannheim leis na tíortha seo a leanas atá ar theorainn na Réine: an **Bheilg**, **an Eilvéis**, **an Fhrainc**, **an Ghearmáin** agus **an Ísiltír**. Chun críoch an Choinbhinsiúin, glactar leis gur críoch aonair atá sna tíortha sin.

Luaitear in Airteagal 9 den Choinbhinsiún má thaistealaíonn long ar an Réin gan luchtú ná díluchtú a dhéanamh i gcríoch na dtíortha sin, go bhféadfaidh sé leanúint ar aghaidh gan a bheith faoi rialú na n-údarás custaim.

Féadfar úsáid a bhaint as nós imeachta Fhardal na Réine mar dhearbhú maidir le hidirthuras ar mhaithe le nós imeachta idirthurais an Aontais, i gcás inarb iomchuí.

### I.4.2.5 Gluaiseachtaí ECAT

#### I.4.2.5.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 226(3)(e) agus Airteagal 227(2)(e) CCA*

Tá na rialacha a bhaineann le hearraí a allmhairiú, a onnmhairiú agus a iompar le haghaidh fhórsaí ECAT le fáil sa Chomhaontú idir Páirtithe Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le stádas a bhfórsaí, arna shíniú i Londain an 19 Meitheamh 1951.

Is é **Foirm ECAT 302** an doiciméad a úsáidtear chun earraí den sórt sin a iompar. Ní fhéadfar an fhoirm sin a úsáid ach nuair atá earraí á ngluaiseacht faoi shainordú agus faoi cheannas fhórsaí ECAT.

Tá reachtaíocht an Aontais lena ndéantar foráil d'Fhoirm ECAT 302 a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras i gcomhair nós

imeachta idirthurais an Aontais le fáil in Airteagail 285-287 IA.

**I.4.2.5.2 Tuairisc ar an nós imeachta**

Tá 28 gcomhalta in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT): an Albáin, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, Poblacht na Seice, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an Tuirc, agus an Ungáir.

Déanann an t-údarás custaim i ngach ceann de na tíortha thuasluaite, i gcomhaontú le gach aonad de chuid ECAT atá lonnaithe ar a chríoch, oifig custaim (nó oifig lárnach) a ainmniú a bheidh freagrach as foirmiúlachtaí custaim agus rialuithe maidir le gluaiseacht earraí arna déanamh ag aonad ECAT nó ar a shon.

Ní mór do gach oifig custaim ainmnithe sa Bhallstát imeachta foirmeacha 302 a sholáthar don aonad ECAT/do na haonaid ECAT faoina dlínse, lena n-úsáid mar dhearbhuithe maidir le hidirthuras:

- arna réamh-fhíordheimhniú le stampa agus síniú na hoifige custaim orthu;
- le sraithuimhreacha orthu;
- a bhfuil seoladh iomlán na hoifige sin orthu (chun cóip d’fhoirm 302 a sheoladh ar ais).

Ní mór don oifig custaim taifead a choimeád ar líon agus sraithuimhreacha na bhfoirmeacha 302 réamh-fhíordheimhnithe arna n-eisiúint chuig aonaid ECAT.

Ní mór foirm 302 réamh-fhíordheimhnithe a bheith in éineacht le gach coinsíneacht.

Tráth nach déanaí ná an coinsíniú, ní mór d’údarás inniúil ECAT ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- sonraí na foirme 302 a sheoladh go leictreonach chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála;
- foirm 302 a líonadh isteach ar pháipéar trí ráiteas a chur léi go bhfuil na hearraí á ngluaiseacht faoina cheannas, agus an ráiteas a fhíordheimhniú trí síniú, stampa agus dáta a chur leis.

I gcás ina gcuirtear foirm 302 i láthair ar pháipéar, ní mór cóip d'fhoirm atá líonta isteach agus sínithe a sholáthar gan mhoill don oifig custaim ainmnithe atá freagrach as foirmiúlachtaí custaim agus rialuithe a bhaineann le fórsaí ECAT a sheol na hearraí, nó ar seoladh na hearraí ar a son.

Seoltar na cóipeanna eile d'fhoirm 302 in éineacht leis na hearraí chuig fórsaí ECAT ag a gceann scríbe, áit a ndéanann na fórsaí sin na foirmeacha a stampáil agus a shíniú.

Nuair a thagann na hearraí isteach, tugtar dhá chóip den fhoirm don oifig custaim ainmnithe. Coinníonn an oifig custaim sin cóip amháin agus déanann sé an dara cóip a stampáil agus a sheoladh ar ais chuig an oifig custaim atá freagrach as foirmiúlachtaí agus rialuithe ECAT (thuasluaite). Is é an seoladh a luaitear ar fhoirm 302 is ceart a úsáid.

Tabhair faoi deara, nuair a iompraítear earraí i gcúrsaíocht faoi fhoirm 302 agus an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe is infheidhme maidir le hearraí arna n-iompar d'iarnród á úsáid i gcomhair an turais go léir nó cuid de áfach, go gcuirtear an oibríocht arna déanamh faoi fhoirm 302 ar fionraí le linn na coda sin den turas.

### I.4.2.6 Pacáistí poist

#### I.4.2.6.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 226(3)(f) agus Airteagal 227(2)(f) CCA*

Leagtar síos prionsabal na saoirse idirthurais in Airteagal 1 de Bhunreacht UPU (1964) agus Airteagal 4 de Choinbhinsiún UPU (2008).

Cuireann an prionsabal sin oibleagáid ar gach oibreoir poist míreanna a chur ar aghaidh arna seoladh chuige ag oibreoir poist eile ar na bealaí is tapúla agus na modhanna is sláine.

Ar an gcaoi sin, caomhnaítear monaplachtaí poist náisiúnta ach cuirtear oibleagáid ar an oibreoir poist náisiúnta na míreanna uile a fhaigheann sé ó sheirbhís poist i dtír UPU eile a chur in iúl.

Tá an nós imeachta idirthurais faoin gcóras poist oscailte do shealbhóirí ceartas UPU ('oibreoir ainmnithe' – dá dtagraítear

anseo mar 'oibreoir poist ainmnithe[67]). Leagfar síos an t-oibreoir sin sa reachtaíocht poist náisiúnta.

I gcás nach dtugtar post faoi idirthuras don oibreoir poist ainmnithe sa tír a iompraítear tríthi, ach go n-iompraíonn oibreoir príobháideach trasna na tíre sin é, beidh feidhm ag na nósanna imeachta custaim caighdeánacha.

Glactar le críoch chustaim an Aontais mar chríoch aonair i ndáil le hidirthuras sa phost. Dá bhrí sin, féadfaidh oibreoir poist ainmnithe ó Bhallstát amháin úsáid a bhaint as an nós imeachta idirthurais maidir le post chun earraí a iompar thar chríoch chustaim iomlán an Aontais.

Ciallaítear leis sin go bhféadfaidh an t-oibreoir sin an choinsíneacht a thabhairt don oibreoir poist ainmnithe i mBallstát an idirthurais, ach nach n-éilítear air/uirthi é sin a dhéanamh.

Féadfaidh oibreoir poist ainmnithe an modh iompair a eagrú chun na hearraí a iompar thar theorainneacha náisiúnta laistigh den Aontas Eorpach.

Ba cheart go mbeadh fochonraitheoirí ábalta seirbhísí iompair a sholáthar d'oibreoir poist ainmnithe, ar choinníoll gur shainaithin siad an t-oibreoir sin go cuí – sa doiciméad iompair, mar shampla.

### I.4.2.6.2 Tuairisc ar an nós imeachta

*Airteagail 288-290 IA*

Sonraítear in Airteagail 288-290 IA rialacha an nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar faoin gcóras poist.

I gcás ina n-iompraítear earraí nach de chuid an Aontais iad sa phost (lena n-áirítear beartphost) ó phointe amháin go pointe eile i gcríoch chustaim an Aontais faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, ní mór lipéad buí a bheith ar an bpacáiste agus ar aon doiciméad tionlacain (Iarscríbhinn 72-01, IA).

Má tá roinnt nithe i bpacáiste, mála poist nó coimeádán, ní gá ach lipéad buí amháin a chur air, ar an bpacáistíocht sheachtrach.

6 An 24 Márta 2021

7 Ciallaíonn 'oibreoir poist ainmnithe' oibreoir atá bunaithe i mBallstát agus atá údaraithe ag Ballstát chun na seirbhísí idirnáisiúnta a sholáthar arna rialú ag Coinbhinsiún an Aontais Phoist Uilechoitinn atá i bhfeidhm faoi láthair.

Mura bhfuil aon lipéad buí ann ná aon fhianaise eile ar stádas na n-earraí mar earraí nach de chuid an Aontais iad, caithfear leo mar earraí de chuid an Aontais.

Má tá earraí de chuid an Aontais agus earraí nach de chuid an Aontais iad araon sa choinsíneacht poist, ní mór cruthúnas ar stádas custaim (T2L) na n-earraí de chuid an Aontais (nó tagairt do MRN an chruthúnais) a sheoladh ar leithligh chuig an oibreoir poist sa cheann scríbe (nó é a chur faoi iamh leis an gcoinsíneacht).

Má **seoladh an cruthúnas ar leithligh** chuig an oibreoir poist sa cheann scríbe, ní mór don oibreoir sin an cruthúnas a chur faoi bhráid na hoifige custaim cinn scríbe, in éineacht leis an gcoinsíneacht.

Má tá an **cruthúnas nó MRN an chruthúnais faoi iamh leis an gcoinsíneacht**, ba cheart é sin a léiriú go soiléir ar an taobh amuigh den phacáiste. Féadfar doiciméad T2L a eisiúint go cúlghabhálach.

Ní mór lipéid bhuí a ghreamú ar an taobh amuigh den phacáiste agus den nóta coinsíneachta. Agus le haghaidh phacáistí poist CN22/CN23, ní mór lipéad a ghreamú ar an dearbhú custaim freisin.

Má dhéantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht chuig críocha fioscacha speisialta, nó amach uathu nó eatarthu, faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh, ní mór lipéad a bheith ar an gcoinsíneacht poist agus ar aon doiciméad tionlacain, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-02, IA.

Má dhéantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh ó chríoch chustaim an Aontais go dtí tír chomhchoiteann idirthurais, chun iad a iompar ar aghaidh chuig críoch chustaim an Aontais, ní mór cruthúnas ar a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a bheith in éineacht leo, trí cheann de na modhanna a liostaítear in Airteagal 199 IA.

Ní mór an cruthúnas sin a chur faoi bhráid oifig custaim nuair a thagann na hearraí ar ais isteach i gcríoch chustaim an Aontais arís.

Mar mhalairt air sin, moltar go mór leas a bhaint as nós imeachta idirthurais an Aontais le haghaidh earraí den sórt sin de chuid an Aontais, chun moilleanna a sheachaint nuair atá teorainneacha á dtrasnú. Níl feidhm ag an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach maidir le coinsíneachtaí poist áfach (féach

Airteagal 2 d'Fhoscríbhinn 1 de CTC). Dá bhrí sin, cuirfear nós imeachta idirthurais de chuid an Aontais ar fionraí agus tíortha comhchoiteanna idirthurais á dtrasnú.

**I.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**I.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**I.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**I.8 Iarscríbhinní**

**I.8.1 Na rialacha agus prionsabail lena rialaítear reachtaíocht idirthurais an Aontais a ghlacadh**

Is féidir an leagan is déanaí de na rialacha maidir le nósanna imeachta don Choiste um an gCód Custaim agus don Ghrúpa Saineolaithe a fháil ag:

https://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupDetailDoc&id=23818&no=1

**RIALACHA NÓS IMEACHTA AN GHRÚPA SAINEOLAITHE CUSTAIM**

AN GRÚPA SAINEOLAITHE CUSTAIM

Ag féachaint do Chód Custaim an Aontais (CCA) agus Rialachán Cur Chun Feidhme an Chóid sin (go háirithe Airteagal 211(6) CCA agus Airteagal 259 de Rialachán Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais),

Ag féachaint do théarmaí tagartha an Ghrúpa Saineolaithe Custaim,

Ag féachaint do na rialacha nós imeachta caighdeánacha do ghrúpaí saineolaithe,

TAR ÉIS NA RIALACHA NÓS IMEACHTA SEO A LEANAS A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ionadaíocht***

1. Glacfar le gach Ballstát mar chomhalta amháin den Ghrúpa Saineolaithe Custaim (dá ngairtear 'an grúpa' anseo feasta). Déanfaidh gach comhalta den ghrúpa cinneadh maidir le comhdhéanamh a thoscaireachta, agus an saineolas a bhfuil gá leis á chur san áireamh, agus cuirfidh sé an cathaoirleach ar an eolas ina leith.

2. Laistigh den dáta a luaitear sa chuireadh agus in aon chás, tráth nach déanaí ná 5 lá féilire roimh dháta chruinniú an ghrúpa, cuirfidh údaráis na mBallstát an méid seo a leanas in iúl don Choimisiún:

   a) comhdhéanamh gach toscaireachta, ach amháin i gcás ina bhfuil an comhdhéanamh sin ar eolas ag an gcathaoirleach cheana féin;

   b) mura mbeidh toscaireacht i láthair ag cruinniú.

3. Féadfaidh toscaireacht comhalta ionadaíocht a dhéanamh ar son comhalta amháin eile ar a mhéad. Ní mór don chomhalta a ndéanfar ionadaíocht ar a shon é sin a chur in iúl

don chathaoirleach i scríbhinn roimh an gcruinniú, nó i gcás sainordú buan, roimh an gcéad chruinniú, ina mbeidh an sainordú sin bailí.

Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh i sainordú chun ionadaíocht a dhéanamh ar son comhalta eile:

a) féadfaidh comhalta sainordú buan a thabhairt – go dtí go bhfógrófar a mhalairt – do chomhalta eile, chun ionadaíocht a dhéanamh ar a shon sna pléití lena gcumhdófar na cruinnithe go léir agus na nithe uile ar chláir oibre na gcruinnithe sin;

b) féadfaidh comhalta sainordú aonair a thabhairt do chomhalta eile chun ionadaíocht a dhéanamh ar a shon ag cruinniú sonrach maidir leis na nithe go léir atá ar chlár oibre an chruinnithe sin; nó

c) féadfaidh comhalta sainordú aonair a thabhairt do chomhalta eile maidir le ní sonrach amháin/roinnt nithe sonracha atá ar chlár oibre cruinnithe shonraigh.

*Airteagal 2*

**Rúnaíocht**

Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht rúnaíochta ar fáil don ghrúpa agus d'aon rannóg nó fhoghrúpa arna chruthú faoi Airteagal 6.

*Airteagal 3*

**Cruinniú a thionól**

1. Tionólann an Cathaoirleach cruinnithe an ghrúpa, ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin do thromlach glan de na comhaltaí, tar éis don Chathaoirleach comhaontú leo.

2. Féadfar cruinnithe comhpháirteacha de rannóga den ghrúpa, nó den ghrúpa agus grúpaí saineolaithe eile, a thionól chun ábhair a phlé a thagann faoi chuimsiú a réimsí freagrachta faoi seach.

*Airteagal 4*

**Clár oibre**

1. Ní mór don rúnaíocht an clár oibre a tharraingt suas atá faoi fhreagracht an Chathaoirligh agus é a chur faoi bhráid chomhaltaí an ghrúpa.

2. Glacfaidh an grúpa an clár oibre ag tús an chruinnithe.

3. Déanfar idirdhealú sa chlár oibre idir:

   a) Dréacht-Ghníomhartha Tarmligthe le haghaidh comhairliúcháin;

   b) Scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha eacnamaíocha i ndáil le hiarratas nó údarú maidir le nós imeachta speisialta faoi Airteagal 211 (6) CCA agus i gcomhréir le hAirteagal 259 de Rialachán Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais (CCA);

   c) saincheisteanna eile a chuirtear faoi bhráid an ghrúpa le haghaidh faisnéise nó malartú tuairimí, ar thionscnamh an Chathaoirligh, nó arna iarraidh sin i scríbhinn do chomhalta den ghrúpa.

*Airteagal 5*

**An doiciméadacht atá le cur faoi bhráid chomhaltaí an ghrúpa**

1. Ní mór don rúnaíocht – tráth nach déanaí ná 14 lá féilire roimh dháta an chruinnithe – an cuireadh chuig an gcruinniú a sheoladh chuig comhaltaí an ghrúpa, in éineacht leis an dréacht-chlár oibre agus an gníomh tarmligthe nó iarratas nó údarú i ndáil le nós imeachta speisialta a rachfar i gcomhairle leis an ngrúpa ina leith.

2. Cuirfidh an rúnaíocht na doiciméid eile a bhaineann leis an gcruinniú faoi bhráid chomhaltaí an ghrúpa laistigh den teorainn ama chéanna a mhéid is féidir.

3. I gcásanna práinneacha nó eisceachtúla, féadfar na teorainneacha ama chun an doiciméadacht a luadh i míreanna 1 agus 2 a chur faoi bhráid na gcomhaltaí a laghdú go dtí 5 lá féilire roimh dháta an chruinnithe.

*Airteagal 6*

**Rannóga agus foghrúpaí**

1. Beidh na rannóga seo a leanas sa Ghrúpa:

   - Reachtaíocht Custaim Ghinearálta

   - Comhtháthú agus Comhchuibhiú Sonraí – Samhail Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh

- Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe
- Rialú na nÚdarás Custaim agus Bainistiú Riosca
- Ainmníocht Taraife agus Staidrimh
- Bearta Taraife
- Faoiseamh ó Dhleachtanna
- Tionscnamh
- Luacháil Custaim
- Fiach Custaim agus Ráthaíochtaí
- Foirmiúlachtaí Allmhairiúcháin agus Onnmhairiúcháin
- Stádas Custaim agus Idirthuras
- Coinbhinsiún TIR agus Coinbhinsiúin custaim eile NA/CEE
- Nósanna Imeachta Speisialta seachas idirthuras
- Cearta maoine intleachtúla a fhorghníomhú
- Ábhair Chustaim Idirnáisiúnta

2. Caomhnóidh an rannóg um Reachtaíocht Custaim Ginearálta struchtúr foriomlán agus comhsheasmhacht na reachtaíochta custaim.

3. I gcás comhairliúcháin ar ábhar a thagann faoi chuimsiú dhá rannóg nó níos mó, beidh na comhairliúcháin sin ar siúl sa rannóg um Reachtaíocht Custaim Ghinearálta, agus cuirfear san áireamh iontu na conclúidí ar thángthas orthu sna rannóga faoi seach.

4. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar thogra an Chathaoirligh, sna cásanna dá dtagraítear i Mír 3, féadfaidh an rannóg um Reachtaíocht Custaim Ghinearálta a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 7, go mbeidh an comhairliúchán ar siúl i rannóg eile seachas an rannóg um Reachtaíocht Custaim Ghinearálta.

5. Chomh maith leis na rannóga, féadfaidh an Cathaoirleach, tar éis dó dul i gcomhairle leis an ngrúpa, foghrúpaí *ad hoc* a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha ar bhonn téarmaí tagartha sonracha; déanfar foghrúpaí den sórt sin a dhíscaoileadh a luaithe is a bheidh a sainordú comhlíonta acu.

6. Chun críoch na rialacha seo agus mura bhforáiltear dá mhalairt, áireofar aon rannóg nó foghrúpa lena mbaineann i dtagairtí a dhéantar don 'ghrúpa'.

*Airteagal 7*

**Conclúidí an ghrúpa**

1. A mhéid is féidir, tiocfaidh an grúpa ar chonclúidí de chomhthoil.

2. Mura féidir cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, agus má iarrann an Cathaoirleach ar an ngrúpa vóta a chaitheamh, glacfaidh tromlach glan de na comhaltaí conclúidí an ghrúpa. Beidh sé de cheart ag na comhaltaí doiciméad a chur i gceangal leis an tuarascáil ar an gcruinniú ina dtabharfar achoimre ar na cúiseanna lena seasamh.

*Airteagal 8*

**Comhairle an ghrúpa maidir le coinníollacha eacnamaíocha a chomhlíonadh**

Má iarrtar ar an ngrúpa, faoi Airteagal 211(6) de Chód Custaim an Aontais (CCA) agus Airteagal 259 de Rialachán Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais, comhairle a chur ar an gCoimisiún faoi cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha eacnamaíocha i ndáil le hiarratas nó údarú ar nós imeachta speisialta, beidh feidhm ag na rialacha sonracha seo a leanas:

a) Iarrfar ar an ngrúpa gan comhairle a chur ar an gCoimisiún go dtí go bhfíorófar gur comhlíonadh na coinníollacha ábhartha eile go léir (seachas ráthaíocht a sholáthar) i ndáil leis an údarú a thabhairt agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil na comhairliúcháin eile go léir is gá maidir leis an iarratas curtha i gcrích ag na comhaltaí agus an Coimisiún araon, go háirithe a mhéid a bhaineann le bearta frithdhumpála nó frithchúitimh.

b) Sula vótálann an grúpa, ní mór don ghrúpa a réamhthuairim/thuairim tháscach faoin iarratas nó údarú a chur in iúl. Má tá an grúpa den tuairim nár comhlíonadh na coinníollacha eacnamaíocha, cuirfidh an comhalta lena mbaineann na forais ar a bhfuil an tuairim sin bunaithe in iúl don iarratasóir nó do shealbhóir an údaraithe.

c) Mura féidir leis an ngrúpa teacht ar chomhthoil, caithfidh na comhaltaí vótaí maidir leis an iarratas nó údarú.

d) Is é an chomhairle a thabharfaidh an grúpa go mbeidh na coinníollacha eacnamaíocha comhlíonta má vótálann níos mó de na comhaltaí atá i láthair (nó a bhfuil ionadaíocht acu ann) i bhfabhar an iarratais nó an údaraithe ná mar a vótálann ina choinne. I ngach cás eile, is é an chomhairle a thabharfaidh an grúpa nár comhlíonadh na coinníollacha

eacnamaíocha nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. Ní chuirfear staonadh san áireamh.

e) Ní mór do na comhaltaí a vótálann ina choinne na cúiseanna lena seasamh a mhíniú.

f) Mura bhfuil a nós imeachta comhairliúcháin inmheánach tugtha i gcrích ag comhalta agus, dá bhrí sin, nach féidir leis a thuairim a thabhairt faoi iarratas nó údarú tráth an chruinnithe, féadfaidh an comhalta sin, le cead an Chathaoirligh, a thuairim a sholáthar i scríbhinn laistigh de choicís tar éis an chruinnithe. Mura gceadaíonn an Cathaoirleach dó a thuairim a thabhairt i scríbhinn, tá sé de rogha ag an gcomhalta sin vótáil le linn chruinniú an ghrúpa nó staonadh ó vótáil.

*Airteagal 9*

***Caidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle***

1. Soláthróidh an Coimisiún an doiciméadacht chéanna, maidir le reachtaíocht custaim an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme, don Pharlaimint agus don Chomhairle agus a sheolann sé chuig a chomhaltaí i gcomhair na gcruinnithe. Áirítear leis sin reachtaíocht bhog agus gníomhartha tarmligthe. Beidh rochtain ag saineolaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar chruinniú an ghrúpa.

2. Rialaítear faisnéis rúnda a chomhroinnt agus rochtain a fháil uirthi le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.

3. Nuair atá gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas, áiritheoidh an Coimisiún go seolfar na dréachtghníomhartha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle in am trátha, agus go comhuaineach.

*Airteagal 10*

***Tríú tíortha agus saineolaithe***

1. Tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh dóibh siúd a leanas mar bhreathnóirí, ar bhonn *ad hoc*:

   a) Ionadaithe na Tuirce, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa ar ábhair a dhéanann difear do Chinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Comhlachais idir CE agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir le céim dheiridh an Aontais Custaim a chur chun feidhme;

   b) Ionadaithe Andóra, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa ar ábhair a dhéanann difear do Chinneadh Uimh. 1/2003 ó Chomhchoiste CE-Andóra an

3 Meán Fómhair 2003, maidir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá le haghaidh fheidhmiú cuí an Aontais Custaim;

c) Ionadaithe na hEilvéise, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa ar ábhair a dhéanann difear don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le simpliú iniúchtaí agus foirmiúlachtaí i leith trácht earraí agus bearta slándála custaim, arna shíniú sa Bhruiséil an 25 Meitheamh 2009;

d) Ionadaithe na hIorua, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa ar ábhair a dhéanann difear do Chomhaontú LEE maidir le simpliú iniúchtaí agus foirmiúlachtaí i leith trácht earraí agus bearta slándála custaim, arna leasú le Cinneadh 76/2009 ó Chomhchoiste LEE.

e) Ionadaithe tíortha aontacha, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa ó dháta sínithe an Chonartha Aontachais amach.

3. Féadfaidh an Cathaoirleach cinneadh a dhéanamh cuireadh a thabhairt do pháirtithe eile páirt a ghlacadh in obair an ghrúpa nó na rannóg – eadhon ionadaithe tríú páirtithe eile, nó saineolaithe lasmuigh den ghrúpa a bhfuil inniúlacht shonrach acu ar ábhar atá ar an gclár oibre. Féadfaidh sé sin a bheith ar thionscnamh an Chathaoirligh féin nó arna iarraidh sin do chomhalta den ghrúpa.

   Sa chuireadh chuig an gcruinniú, tabharfaidh an Cathaoirleach fógra do chomhaltaí an ghrúpa faoi aon pháirtí eile den sórt sin ar tugadh cuireadh dó/di. Is féidir rannpháirtíocht na bpáirtithe sin a chosc má tá tromlach glan de na comhaltaí a chomhdhéanann an grúpa ina coinne, faoin dáta a luaitear sa chuireadh ar a dhéanaí.

*Airteagal 11*

**Nós imeachta i scríbhinn**

1. Féadfar dul i gcomhairle leis an ngrúpa trí nós imeachta i scríbhinn más gá. Chuige sin, seolann an rúnaíocht an doiciméad/na doiciméid a rachfar i gcomhairle leis an ngrúpa ina leith chuig comhaltaí an ghrúpa, laistigh de na sprioc-amanna a luaitear in Airteagal 5.

2. Má iarrann tromlach glan de chomhaltaí an ghrúpa go ndéanfaí an scrúdú ar an ábhar sin ag cruinniú de chuid an ghrúpa áfach, déanfar an nós imeachta i scríbhinn a fhoirceannadh gan toradh agus tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú den ghrúpa a luaithe is féidir.

3. Cuirfidh an Cathaoirleach comhaltaí an ghrúpa ar an eolas maidir le toradh nós imeachta i scríbhinn tráth nach déanaí ná 14 lá féilire tar éis don sprioc-am le haghaidh vótála dul in éag.

*Airteagal 12*

**Miontuairiscí na gcruinnithe**

1. Miontuairiscí agus plé maidir le gach pointe ar an gclár oibre agus conclúidí an ghrúpa, i gcomhréir le hAirteagal 8, ní mór iad a bheith bríoch agus iomlán. Dréachtóidh an rúnaíocht iad faoi fhreagracht an Chathaoirligh.

2. Ní mór na miontuairiscí sin a chur faoi bhráid na gcomhaltaí a luaithe is féidir, agus 5 lá féilire roimh an gcéad chruinniú eile den rannóg chéanna ar a dhéanaí.

3. Féadfaidh comhaltaí an ghrúpa ceartúcháin ar na miontuairiscí a iarraidh.

*Airteagal 13*

**Liosta tinreamh**

At each cruinniú, tarraingeoidh an rúnaíocht suas liosta na rannpháirtithe, faoi fhreagracht an Chathaoirligh, lena sonrófar, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis, na heagraíochtaí nó na comhlachtaí lena mbaineann na rannpháirtithe.

*Airteagal 14*

**Coinbhleachtaí leasa**

Má thagann coinbhleacht leasa chun cinn i ndáil le saineolaí seachtrach ar tugadh cuireadh dó/di freastal ar chruinniú mar shaineolaí neamhspleách de bhun Airteagal 9(3), glacfaidh an Cathaoirleach gach beart is iomchuí, i gcomhréir le rialacha ginearálta an Choimisiúin maidir le grúpaí saineolaithe.

*Airteagal 15*

**Comhfhreagras**

1. Ní mór comhfhreagras a bhaineann leis an ngrúpa a dhíriú chuig an gCoimisiún, lena chur faoi bhráid an Chathaoirligh.

2. Ní mór an comhfhreagras do chomhaltaí an ghrúpa a chur chuig an seoladh ríomhphoist/na seoltaí ríomhphoist arna sholáthar acu chun na críche sin agus féadfaidh Ionadaíochtaí Buana na mBallstát a bheith san áireamh leo.

*Airteagal 16*

**Rochtain ar dhoiciméid**

Pléifear le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh an ghrúpa saineolaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus leis na rialacha mionsonraithe maidir lena chur i bhfeidhm.

*Airteagal 17*

**Pléití**

I gcomhaontú leis an gCathaoirleach, féadfaidh an grúpa, de réir thromlach glan na gcomhaltaí, cinneadh a dhéanamh chun a phléití a oscailt don phobal.

*Airteagal 18*

**Sonraí pearsanta a chosaint**

Beidh an phróiseáil uile a dhéanfar ar shonraí pearsanta chun críoch na rialacha nós imeachta seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

*Airteagal 19*

**Iarratas**

Beidh feidhm ag na rialacha nós imeachta seo ó dháta a nglactha ag an ngrúpa.

**I.8.2 Na rialacha agus prionsabail lena rialaítear reachtaíocht idirthurais chomhchoiteann a ghlacadh.**

Comhchoistí agus meithleacha Thíortha Comhchoiteanna Idirthurais-AE maidir le hidirthuras comhchoiteann agus foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú

**Forálacha Chomhchoistí agus mheithleacha Thíortha Comhchoiteanna Idirthurais-AE maidir le hidirthuras comhchoiteann agus foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, lena mbunaítear a rialacha nós imeachta faoi seach agus lena gcruthaítear meitheal**

COMHCHOISTE THÍORTHA COMHCHOITEANNA IDIRTHURAIS-AE maidir le hidirthuras comhchoiteann ('COMHCHOISTE maidir le hidirthuras comhchoiteann');

ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 agus go háirithe Airteagal 14 (4) agus (5) de,

agus

COMHCHOISTE THÍORTHA COMHCHOITEANNA IDIRTHURAIS-AE maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú ('COMHCHOISTE maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú);

ag féachaint do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú agus go háirithe Airteagal 10(4) agus (5) de sin,

GHLAC SIAD NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

## Caibidil I

## Comhchoiste

### Airteagal 1

Beidh ionadaí ar son an Choimisiúin Eorpaigh agus ionadaí ar son ceann amháin de thíortha CSTE, ar a sheal, ina chathaoirleach ar an gComhchoiste ar feadh 1 bhliain féilire.

Airteagal 2

Comhlíonfaidh ionadaí ar son an Choimisiúin Eorpaigh agus ionadaí ar son ceann amháin de thíortha CSTE, ar a sheal, cúraimí Rúnaíocht an Chomhchoiste.

Airteagal 3

Nuair a bheidh comhaontú faighte ón dá Pháirtí, socróidh Cathaoirleach an Chomhchoiste dáta agus láthair na gcruinnithe.

Airteagal 4

Cuirfear an Cathaoirleach ar an eolas faoi chomhdhéanamh gach toscaireachta roimh gach cruinniú.

Airteagal 5

Mura gcinntear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Chomhchoiste oscailte don phobal. Féadfaidh an Comhchoiste, ag brath ar na hábhair atá le plé, cuireadh a thabhairt d'aon duine nó eagraíocht a bhfuil baint acu leis na hábhair sin.

Airteagal 5 a

1. Nuair a chinneann an Comhchoiste go dtabharfar cuireadh do thríú tír aontú do na Coinbhinsiúin, féadfaidh breathnóirí ionadaíocht a dhéanamh ar son na tríú tír sin ar an gComhchoiste, ar fhochoistí agus ar mheithleacha, i gcomhréir le hAirteagal 15(6) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus Airteagal 10(6) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, faoi seach.

2. Féadfaidh an Comhchoiste cuireadh a thabhairt do thríú tíortha ligean do bhreathnóirí neamhfhoirmiúla ionadaíocht a dhéanamh ar a son ar an gComhchoiste, ar fhochoistí agus/nó ar mheithleacha, roimh an dáta dá dtagraítear in Airteagal 15(6) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus Airteagal 10(6) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, faoi seach.

   Is é an Cathaoirleach a sheolann an cuireadh sin i scríbhinn agus féadfaidh teorainn ama a bheith i gceist leis nó d'fhéadfadh sé a bheith teoranta do ghrúpaí áirithe nó nithe áirithe ar an gclár oibre. Féadfar an cuireadh sin a tharraingt siar tráth ar bith.

Airteagal 6

Féadfar cinntí agus moltaí an Chomhchoiste i leith ábhair phráinneacha a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

Airteagal 7

Gach teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ó na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta seo, cuirfear faoi bhráid na bPáirtithe agus Rúnaíocht an Chomhchoiste iad.

Airteagal 8

1. Tarraingeoidh an Cathaoirleach suas an clár oibre sealadach i gcomhair gach cruinnithe. Seolfar ar aghaidh chuig na Páirtithe Conarthacha é tráth nach déanaí ná 15 lá féilire roimh thús an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a iarradh ar an gCathaoirleach a chur san áireamh ann – ar choinníoll gur iarradh amhlaidh tráth nach déanaí ná 21 lá roimh thús an chruinnithe, agus gur seoladh an doiciméadacht ghaolmhar faoi dháta seolta an chláir oibre shealadaigh ar a dhéanaí.

3. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar nithe nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre.

4. Féadfaidh an Cathaoirleach, i gcomhaontú leis na Páirtithe Conarthacha, na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 a ghiorrú, chun ceanglais a chur san áireamh.

Airteagal 9

Féadfaidh comhchruinnithe a bheith ag an gComhchoiste arna bhunú ag an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus an Comhchoiste arna bhunú ag an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú.

Airteagal 10

1. Tarraingeoidh Rúnaíocht an Chomhchoiste suas taifead achomair ar gach cruinniú. Áireofar leis sin, go háirithe, conclúidí an Chomhchoiste.

2. Nuair a fhormheasfaidh an Comhchoiste an taifead achomair, déanfaidh an Cathaoirleach agus Rúnaíocht an Chomhchoiste é a shíniú agus déanfar é a chomhdú i dtaifid an Choimisiúin Eorpaigh.

3. Seolfar cóip den taifead achomair ar aghaidh chuig na Páirtithe Conarthacha.

Airteagal 11

Síneoidh an Cathaoirleach gníomhartha an Chomhchoiste.

Airteagal 12

Moltaí agus cinntí ón gComhchoiste de réir bhrí Airteagal 15 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus Airteagal 11 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, faoi seach, tabharfar 'Moladh' nó 'Cinneadh' orthu agus beidh sraithuimhir agus tagairt don ábhar atá i gceist leo i ndiaidh an teidil sin.

Airteagal 13

1. Moltaí agus cinntí ón gComhchoiste de réir bhrí Airteagal 15 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus Airteagal 11 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, faoi seach, déanfar iad a roinnt ina n-airteagail. Mar riail ghinearálta, áireofar foráil sna cinntí lena socrófar an dáta ar a dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

2. Na moltaí agus cinntí dá dtagraítear sa chéad mhír thuas, cuirfear na focail 'Déanta ag' ..................(dáta)' ina ndiaidh , agus ciallaítear leis an dáta sin an dáta ar ghlac an Comhchoiste faoi seach leo.

3. Na moltaí agus cinntí dá dtagraítear sa chéad mhír thuas, seolfar ar aghaidh iad chuig na seoltaí dá dtagraítear in Airteagal 7 thuas.

Airteagal 14

Íocfaidh gach Páirtí costas an chaiteachais a thabhóidh siad de thoradh páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chomhchoiste – idir speansais foirne, taistil agus chothaithe agus chostais phoist agus teileachumarsáide.

Airteagal 15

1. Íocfaidh an tAontas Eorpach na costais a bhaineann le hateangaireacht ag cruinnithe agus le doiciméid a aistriú go teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ó na teangacha sin.

2. Má úsáideann tír chomhchoiteann idirthurais teanga nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í, íocfaidh an tír sin na costais a bhaineann le hateangaireacht nó aistriúchán go teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

3. Is é an Páirtí Conarthach óna dtagann an Cathaoirleach a íocfaidh as na costais phraiticiúla a bhaineann le cruinnithe a eagrú, i gcomhréir le hAirteagal 1.

Airteagal 16

Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme sa chás seo, beidh gnó an Chomhchoiste faoi rún.

## Caibidil II

*Meitheal*

Airteagal 17

Bunófar Meitheal chun cúnamh a thabhairt don Chomhchoiste lena chuid cúraimí a chomhlíonadh agus déanfar ionadaíocht ar son na bPáirtithe Conarthacha uile sa Choinbhinsiún faoi seach sa Mheitheal sin.

Airteagal 18

Glacfaidh an Coimisiún Eorpach ról Chathaoirleach agus Rúnaíocht na Meithle.

Airteagal 19

Beidh feidhm ag Airteagail 3 go 5, 7 go 10 agus 14 go 16 *mutatis mutandis* maidir leis an Meitheal.

Arna ghlacadh ag Comhchoistí Thíortha Comhchoiteanna Idirthurais-AE maidir le hidirthuras comhchoiteann agus foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú an 5 Nollaig 2017 in Osló.

## CUID II – STÁDAS EARRAÍ

### II.1 Réamhrá

Baineann Cuid II leis an gcoincheap de stádas na n-earraí, conas agus cathain is gá stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú, agus an tionchar a bhíonn ag an stádas sin ar na córais idirthurais.

Tá an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht a bhaineann le stádas custaim earraí le fáil i Mír II.2.

Tugtar tuairisc i Mír II.3 ar na modhanna coiteanna a úsáidtear chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú.

Baineann Mír II.4 le gluaiseachtaí earraí de chuid an Aontais nach mbíonn cruthúnas ar stádas Aontais de dhíth ina leith.

Soláthraítear sonraí i Mír II.5 ar an gcaoi ar féidir stádas custaim earraí iascaireachta mara de chuid an Aontais a chruthú.

Forchoimeádtar Mír II.6 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír II.7 d’úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Cuid II le fáil i Mír II.8.

## II.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

### II.2.1 Stádas custaim na n-earraí

#### II.2.1.1 Earraí de chuid an Aontais

*Airteagal 5 (23) CCA*
*Airteagal 2 den Choinbhinsiún*

Is iad seo a leanas earraí de chuid an Aontais:

1. **earraí a fuarthas go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais**; nó
2. earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais as tíortha nó as críocha lasmuigh den chríoch sin agus **a scaoiltear i saorchúrsaíocht**; nó
3. **earraí a fuarthas nó a táirgeadh i gcríoch chustaim an Aontais**, ó earraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó thíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht amháin nó ó mheascán de na hearraí sin agus earraí a fuarthas go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 153(3) CCA*

Má fuarthas na hearraí go hiomlán ó earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh ní bhíonn stádas Aontais acu. Is é sin an cás le haghaidh ainmhithe, mar shampla. Meastar na hainmhithe nuabheirthe sin a bheith ina n-earraí nach de chuid an Aontais iad.

#### II.2.1.2 Earraí nach de chuid an Aontais iad

*Airteagal 5 (24) CCA*

Ciallaíonn earraí nach de chuid an Aontais iad earraí seachas na hearraí sin dá dtagraíodh thuas nó earraí a bhfuil a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais caillte acu.

*Airteagal 154 CCA*
*Airteagal 2(3)(a) den Choinbhinsiún*

Cailleann earraí de chuid an Aontais a stádas sna cásanna seo a leanas:

- má thógtar amach as críoch chustaim an Aontais iad, ach amháin sna cásanna a shonraítear i Roinn II.2.2;
- má chuirtear faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, faoin nós imeachta saorchreasa, faoin nós imeachta stórasaithe custaim nó faoin nós imeachta próiseála isteach iad; nó
- má chuirtear faoin nós imeachta úsáide deiridh iad agus go bhfágtar chuig an Stát iad nó go scriostar iad agus go bhfágtar dramhaíl ina ndiaidh.

#### II.2.1.3 Cén nós imeachta idirthurais?

Má dhearbhaítear na hearraí le haghaidh idirthurais, úsáidtear an

t-idirdhealú thuas i stádas custaim na n-earraí chun a chinneadh cé acu an gcuirfear faoi nós imeachta T1, nó T2/T2F iad.

Féach Ranna I.4.1.2.1 agus I.4.1.2.2 freisin le haghaidh tuilleadh soiléirithe maidir leis na cóid sin a úsáid.

*Airteagal 227(1) CCA*

Ní féidir nósanna imeachta idirthurais T2 a chur i bhfeidhm ach nuair atá tríú tír i gceist. Má fhágann earraí de chuid an Aontais críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach agus nach bhfuil baint ag aon tríú tír leis an ngluaiseacht sin, féadfar na hearraí sin a ghluaiseacht faoi na forálacha lena rialaítear stádas earraí de chuid an Aontais mar a shonraítear thíos i Roinn II.2.2 de rogha air sin.

## II.2.2 Earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht

*Airteagal 154(a) CCA agus Airteagal 119(2) agus (3)DA*

Nuair atá earraí de chuid an Aontais á ngluaiseacht ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais, lena bhféadfaí na hearraí sin a ghluaiseacht lasmuigh den chríoch sin go sealadach, cailleann na hearraí a stádas Aontais ón uair a fhágann siad críoch chustaim an Aontais. I gcásanna sonracha, áfach, féadfar na hearraí sin de chuid an Aontais a ghluaiseacht lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais go sealadach gan a stádas mar earraí de chuid an Aontais a athrú. Déanaimid idirdhealú idir trí chás fhéideartha:

1. faoi nós imeachta custaim;
2. gan nós imeachta custaim, ach le cruthúnas ar stádas Aontais;
3. gan nós imeachta custaim a chur i bhfeidhm agus gan cruthúnas ar stádas Aontais a chur i láthair.

Tugtar tuilleadh sonraí faoi na trí fhéidearthacht sin sna ranna thíos.

### II.2.2.1 Faoi nós imeachta custaim

Féadfar **earraí de chuid an Aontais** a **ghluaiseacht** ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus **amach ón gcríoch sin go sealadach** nuair a chuirtear **faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh** iad.

*Airteagal 155(1) CCA*

Nuair atá an nós imeachta idirthurais inmheánaigh i bhfeidhm i gceann de na cásanna seo a leanas, ní choimeádfaidh na hearraí a stádas mar earraí de chuid an Aontais ach amháin má tá an stádas sin bunaithe faoi choinníollacha áirithe agus trí mhodhanna a leagtar síos sa reachtaíocht custaim:

- i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR;
- i gcomhréir le Coinbhinsiún ATA/Coinbhinsiún Iostanbúl;
- faoi Fhardal na Réine;
- faoi fhoirm 302;
- faoin gcóras poist i gcomhréir le gníomhartha UPU.

Féach freisin: Ranna II.2.3.4.2. agus II.3.2.5.

*Airteagal 154(b) CCA*

Tabhair faoi deara, má chuirtear earraí de chuid an Aontais faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh (T1) seachas an nós imeachta idirthurais inmheánaigh (T2), caillfidh siad a stádas Aontais agus caithfear leo mar earraí nach de chuid an Aontais iad.

Tugtar tuairisc ar na sonraí a bhaineann leis na nósanna imeachta idirthurais a chur i bhfeidhm sna codanna eile go léir den lámhleabhar seo.

### II.2.2.2 Gan nós imeachta custaim, ach le cruthúnas ar stádas Aontais

*Airteagal 119(3) DA*

Féadfar **earraí de chuid an Aontais** a **ghluaiseacht** ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus **amach as** an gcríoch sin **go sealadach gan** a bheith faoi réir **nós imeachta custaim** agus gan a stádas a athrú **má** chruthaítear a **stádas custaim** mar earraí de chuid an Aontais sna cásanna sonracha seo a leanas:

- d’fhág siad an chríoch go sealadach d’aer nó ar muir;
- tá siad á n-iompar faoi dhoiciméad aonair iompair arna eisiúint i mBallstát agus níl siad á dtrasloingsiú lasmuigh de chríoch an Aontais;
- tá siad á dtrasloingsiú lasmuigh de chríoch an Aontais trí mhodh iompair seachas an modh ar a luchtaíodh iad ar dtús, agus eisítear doiciméad iompair nua lena gclúdaítear iompar ó áit lasmuigh den Aontas Eorpach ar choinníoll go bhfuil cóip den bhundoiciméad aonair iompair in éineacht leis an doiciméad nua;
- is mótarfheithiclí bóthair cláraithe i mBallstát iad;
- má úsáidtear pacáistíocht, pailléid agus trealamh comhchosúil eile, seachas coimeádáin, ar le duine atá bunaithe san Aontas Eorpach iad, chun earraí a iompar a fhágann an chríoch go sealadach; nó
- is earraí i mbagáiste iad atá á n-iompar ag paisinéirí agus níl siad beartaithe le haghaidh úsáid tráchtála.

### II.2.2.3 Gan nós imeachta custaim a chur i bhfeidhm agus gan cruthúnas ar stádas Aontais

*Airteagal 119(2) DA*

Féadfar **earraí de chuid an Aontais** a **ghluaiseacht** ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus amach as an gcríoch sin **go sealadach** gan a **bheith** faoi réir **nós imeachta custaim** agus **gan** a **stádas a athrú** sna cásanna sonracha seo a leanas:

- iompraítear iad d'aer agus déantar iad a luchtú nó a thrasloingsiú in aerfort san Aontas Eorpach le haghaidh coinsíneacht chuig Aerfort eile san Aontas Eorpach faoi dhoiciméad aonair iompair arna eisiúint i mBallstát (féach Roinn II.4.1.);
- iompraítear iad ar muir ar shoitheach seirbhíse rialta loingseoireachta (RSS) agus seoltar iad idir dhá chalafort de chuid an Aontais (féach Roinn II.4.2.); nó
- iompraítear iad d'iarnród agus tugann páirtí conarthach chuig an gCoinbhinsiún iad faoi chumhdach doiciméad aonair iompair arna eisiúint i mBallstát agus dá bhforáiltear i gcomhaontú idirnáisiúnta (féach Cuid VI.3.5).

## II.2.3 Cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais

### II.2.3.1 Toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais

*Airteagal 153 (1) CCA*

Go ginearálta, toimhdeofar go mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí uile laistigh de chríoch custaim an Aontais, mura ndeimhneofar nach earraí de chuid an Aontais iad.

In imthosca áirithe, mar a shonraítear sa chéad roinn eile, ní bhíonn feidhm ag an toimhde go bhfuil stádas custaim ag earraí de chuid an Aontais áfach, in ainneoin na rialach ginearálta sin, agus ní mór stádas na n-earraí a chruthú.

### II.2.3.2 Ceanglas chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú

*Airteagal 119 (1) DA*

Ní bhíonn feidhm ag an toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais sna cásanna seo a leanas:

- i gcás ina dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus go bhfuil siad fós faoi mhaoirseacht custaim, agus a stádas custaim fós á gcinneadh ag na húdaráis;
- i gcás ina bhfuil na hearraí i stóráil shealadach;
- i gcás ina gcuirtear earraí faoi aon cheann de na nósanna imeachta speisialta, cé is moite den nós imeachta idirthurais

inmheánaigh, an nós imeachta próiseála amach agus an nós imeachta úsáide deiridh;
- táirgí iascaireachta mara arna ngabháil ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, in uiscí seachas uiscí críche tríú tír, i.e. uiscí idirnáisiúnta, i gcás ina dtugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad;
- i gcás ina dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais a fuarthas ó na táirgí iascaireachta mara thuasluaite ar bord an tsoithigh sin nó soitheach monarchana de chuid an Aontais, agus go bhféadfadh sé gur úsáideadh táirgí eile a bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu chun na hearraí sin a tháirgeadh; nó
- i gcás ina dtógann nó ina ngabhann soithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain orthu táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 2(2), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Earraí nach féidir a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a chruthú, de réir mar a éilítear thuas, caithfear leo mar earraí nach de chuid an Aontais iad.

### II.2.3.3 Tarscaoileadh chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú

Mar sin féin, ní gá stádas Aontais earraí a chruthú nuair a dhéantar iad a ghluaiseacht ar an gcaoi a sonraíodh thuas i Roinn II.2.2.3.

### II.2.3.4 Na modhanna cruthúnais ar stádas Aontais

#### II.2.3.4.1 Modhanna comhchoiteanna

*Airteagal 199 IA*
*Airteagal 4, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

I gcás inar gá stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú mar a liostaítear i Roinn II.2.3.2 agus go ndearnadh na hearraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht i gcomhréir leis na gluaiseachtaí a shonraítear faoi Roinn II.2.2.2, féadfar leas a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas chun stádas Aontais a chruthú ina leith:
- **doiciméad T2L nó T2LF** (le haghaidh sonraí, féach Ranna II.3.2.1. agus II.3.3.2.);
- an **lastliosta earraí custaim** (le haghaidh sonraí, féach Ranna II.3.2.2. agus II.3.3.3.);
- **lastliosta na cuideachta loingseoireachta**, lena léirítear na siombailí go léir do na hearraí (foráil idirthréimhseach, le haghaidh sonraí, féach Ranna II3.2.2. agus II.3.3.4.);
- **sonrasc nó doiciméad iompair** atá líonta isteach go cuí, nach féidir ach earraí de chuid an Aontais amháin a bheith luaite ann,

lena léirítear cód 'T2L' nó 'T2LF' (le haghaidh sonraí, féach Ranna II.3.2.4. agus II.3.3.2.);

Féach Roinn II.3.2 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na modhanna cruthúnais comhchoiteanna seo a úsáid.

### II.2.3.4.2 Cásanna sonracha

Féadfar modhanna sonracha arna gcur in oiriúint d'oibríochtaí áirithe a úsáid mar chruthúnas ar stádas Aontais sna cásanna a liostaítear thíos. Ní chuirtear cosc ar na modhanna comhchoiteanna thuas a úsáid toisc na modhanna sonracha sin a bheith ar fáil áfach, i gcás nach féidir a mheas gur cruthaíodh an stádas i gcomhréir leis na modhanna sonracha.

*Airteagal 199(1)(a) IA*

- **Sonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras inmheánach mar chruthúnas ar stádas Aontais**
  Is cruthúnas ar stádas Aontais atá i sonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras inmheánach a mhéid nach féidir ach earraí de chuid an Aontais amháin a chur faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear an dearbhú T2 i láthair, féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go bhfuil stádas Aontais ag na hearraí sin.
  Ní féidir cruthúnas den sórt sin a úsáid le haghaidh gluaiseachtaí earraí mar a shonraítear i Roinn II.2.2.2 áfach.

*Airteagal 207 IA*
*Airteagal 12, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- **Gluaiseachtaí TIR nó ATA earraí:**
  Nuair a dhéantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht faoin gcoinbhinsiún TIR nó ATA, féadfar dearbhán carnet ATA nó TIR lena léirítear an cód 'T2L' nó 'T2LF,' atá fíordheimhnithe ag an oifig imeachta, a úsáid mar chruthúnas ar stádas Aontais. Féach Roinn II.3.2.5 le haghaidh tuilleadh sonraí.

*Airteagal 207 IA*

- **An tsoghluaisteacht mhíleata:**
  Nuair a dhéantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht faoi fhoirm 302, féadfar an fhoirm seo lena léirítear an cód 'T2L' nó 'T2LF' agus í fíordheimhnithe ag an oifig imeachta a úsáid mar chruthúnas ar stádas Aontais. Tá tuilleadh sonraí faoi fhoirm 302 a úsáid le fáil sa 'Doiciméad treorach ar shoghluaisteacht mhíleata do Bhallstáit agus dá bhFórsaí Míleata'.

*Airteagail 199(1)(h ) agus 290 IA*
*Iarscríbhinn 72-02 IA*

- **Coinsíneachtaí poist:**
  I gcás ina n-iompraítear pacáistí faoin gcóras poist chuig na limistéir neamhfhioscacha, amach uathu nó eatarthu, ní mór lipéad speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-02 IA a ghreamú ar na pacáistí agus na doiciméid tionlacain.

*Airteagal 2(3), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní leagtar amach aon lipéad sonrach le haghaidh earraí de chuid an Aontais faoin gcóras poist in imthosca eile. Dá réir sin, nuair a dhéantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht:

(1) go díreach ó phointe amháin go pointe eile i gcríoch chustaim an Aontais agus go bhfágann siad an chríoch sin go sealadach d'aer, tairbheoidh siad den toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais nuair a thiocfaidh siad ar ais isteach sa chríoch sin;

(2) ó phointe amháin go pointe eile i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus go ndéantar iad a athdháileadh, lasmuigh den chríoch sin, chun iad a iompar ar aghaidh chuig an Aontas Eorpach, ní mór a stádas Aontais a chruthú trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna 'comhchoiteanna' a leagadh amach thuas i Roinn II.2.3.4.1 nuair a thiocfaidh siad ar ais isteach sa chríoch sin.

*Airteagal 208 IA*

- **Feithiclí mar mhodh iompair:**
  Nuair a fhágann mótarfheithiclí bóthair críoch chustaim an Aontais go sealadach agus go dtagann siad ar ais arís, is féidir na plátaí clárúcháin agus na doiciméid chlárúcháin le haghaidh mótarfheithiclí atá cláraithe i mBallstát a úsáid mar chruthúnas ar stádas Aontais. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Iarscríbhinn II.8.3.

*Airteagal 119(3)(e) DA agus Airteagal 209 IA*

- **An phacáistíocht a úsáidtear chun earraí a iompar:**
  Nuair a úsáidtear gabhdáin, pacáil, pailléid agus trealamh comhchosúil eile, seachas coimeádáin, chun earraí a iompar a fhágann críoch chustaim an Aontais go sealadach, ní mór iad a aithint, trí dhearbhú, mar earraí de chuid duine atá bunaithe san Aontas Eorpach agus féadfar glacadh leis sin mar chruthúnas ar stádas Aontais mura bhfuil aon amhras faoi fhírinneacht an dearbhaithe.

***Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:***
Níl feidhm ag an mír thuas ach maidir le pacáistí a úsáidtear chun earraí a iompar i gcomhréir le hAirteagal 119(3)(e) DA.

Má sheoltar pacáistí folmha ar ais gan iad a athúsáid chun earraí a iompar, ní mór úsáid a bhaint as ceann de na modhanna a liostaítear in Airteagal 199 IA.

Nuair a úsáidtear pacáistí chun earraí a iompar chuig tríú tír, cailleann siad a stádas mar earraí de chuid an Aontais. Sa chás sin, tá feidhm ag na forálacha maidir le hearraí arna dtabhairt ar ais (Airteagal 203 CCA). Onnmhairítear earraí go dtí an Eilvéis agus tagann an phacáistíocht ar ais go dtí an Aontas Eorpach

folamh, mar shampla.

*Airteagal 199(4) IA*

***Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Pacáistíocht nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais aici***

Le haghaidh earraí a bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu i bpacáistíocht nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais aici, ní mór ceann de na formhuinithe seo a leanas a bheith ar an doiciméad lena ndeimhnítear stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais:

| | |
|---|---|
| BG | опаковка N |
| CS | obal N |
| DA | N-emballager |
| DE | N-Umschließungen |
| EE | N-pakendamine |
| EL | Συσκευασία N |
| EN | N packaging |
| ES | envases N |
| FI | N-pakkaus |
| FR | emballages N |
| HR | N pakiranje |
| HU | N csomagolás |
| IT | imballaggi N |
| LT | N pakuoté |
| LV | N iepakojums |
| MT | ippakkjar N |
| NL | N-verpakkingen |
| PL | opakowania N |
| PT | embalagens N |
| RO | ambalaj N |
| SI | N embalaža |
| SK | N - obal |
| SV | N förpackning |

- **Earraí neamhthráchtála i mbagáiste**

*Airteagal 119(3)(f) DA agus Airteagal 210 IA Airteagal 13, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Nuair a iompraíonn paisinéirí earraí neamhthráchtála ina gcuid bagáiste, agus go bhfágann siad críoch chustaim an Aontais go sealadach agus go dtagann siad ar ais arís, is leor dearbhú na bpaisinéirí ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais mura bhfuil aon amhras ann faoi fhírinneacht a ndearbhaithe.

*Airteagal 205(2) IA*

I gcás ina n-éilítear ar thaistealaí iarratas a chur isteach ar fhormhuiniú ar T2L/T2LF, ba cheart dó/di an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 51-01 IA a úsáid.

- **Earraí faoi réir dleacht mháil**

*Airteagal 199(1)(g) IA*

I gcás earraí máil, an t-asphrionta den doiciméad riaracháin leictreonach (e-AD), dá bhforáiltear le Treoir 2008/118/CE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 684/2009, a ghabhann le hearraí máil agus iad á ngluaiseacht lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ach faoi fhionraí dleachta máil, idir dhá phointe san Aontas, féadfar an t-asphrionta sin a úsáid mar mhodh chun

stádas Aontais a chruthú.

*Airteagal 199(1)(e) IA*

- **Táirgí a fhaightear ó iascaireacht**

Logleabhar iascaireachta, dearbhú maidir le teacht i dtír, dearbhú ar thrasloingsiú agus sonraí faireacháin soithigh, de réir mar is iomchuí, le haghaidh táirgí iascaireachta mara agus na hearraí a fhaightear ó na táirgí sin arna ngabháil ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, in uiscí seachas uiscí críche tríú tír, féadfar iad sin a úsáid mar mhodh chun stádas Aontais a chruthú. (Féach freisin Roinn II.5.)

*Airteagal 199(6)IA Airteagal 2(2)(a), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- **Earraí atá le honnmhairiú**

Ní féidir doiciméid stádais ná rialacha a úsáid i ndáil le hearraí ar cuireadh na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin i gcrích ina leith nó ar cuireadh faoin nós imeachta próiseála amach iad.

*Airteagal 199(5)IA Airteagal 4(2), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- **Cruthúnas a eisiúint go cúlghabhálach**

Má chomhlíontar na coinníollacha chun na doiciméid lena gcruthaítear stádas custaim earraí de chuid an Aontais a eisiúint, féadfar na doiciméid sin a eisiúint go cúlghabhálach. I gcás inarb amhlaidh, ní mór ceann amháin de na habairtí seo a leanas a bheith orthu i gcló dearg:

| | |
|---|---|
| BG | Издаден впоследствие |
| CS | Vystaveno dodatečně |
| DA | Udstedt efterfølgende |
| DE | Nachträglich ausgestellt |
| EE | Välja antud tagasiulatuvalt |
| EL | Εκδοθέν εκ των υστέρων |
| EN | Issued retrospectively – [code 98201] 99210 |
| ES | Expedido a posteriori |
| FI | Annettu jälkikäteen |
| FR | Délivré a posteriori |
| HR | Izdano naknadno |
| HU | Kiadva visszamenőleges hatállyal |
| IS | Útgefið eftir á |
| IT | Rilasciato a posteriori |
| LT | Retrospektyvusis išdavimas |
| LV | Izsniegts retrospektīvi |
| MT | Maħruġ b’mod retrospettiv |
| NL | Achteraf afgegeven |
| NO | Utstedt i etterhånd |
| PL | Wystawione retrospektywnie |
| PT | Emitido a posteriori |
| RO | Eliberat ulterior |
| SI | Izdano naknadno |

| | |
|---|---|
| SK | Vyhotovené dodatočne |
| SV | Utfärdat i efterhand |

Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le cruthúnas a eisiúint go cúlghabhálach, féach na ranna mionsonraithe maidir leis an gcruthúnas lena mbaineann, i.e. Roinn II.3.2.1 maidir le doiciméad T2L/T2LF, Roinn II.3.2.2 maidir le lastliosta earraí custaim, Roinn II.3.2.3 maidir le lastliosta na cuideachta loingseoireachta agus Roinn II.3.2.4 maidir leis an sonrasc nó doiciméad iompair.

### II.2.4 Achoimre ar ghluaiseachtaí earraí de chuid an Aontais lasmuigh den chríoch go sealadach

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| Aer | | | | |
| • Ó aerfort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí aerfort eile san Aontas gan aon stop lasmuigh den Aontas Eorpach | Ní éilítear | Dada | Bille aeriompair (AWB) aonair arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(2)(a) DA |
| • Ó aerfort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí aerfort eile san Aontas le stop féideartha lasmuigh den Aontas Eorpach | Éilítear cruthúnas | Dada | AWB | Airteagal 119(3)(a)agus(b) DA |
| • Ó aerfort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí aerfort eile san Aontas agus iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éilítear cruthúnas | Dada | AWB nua + cóip de AWB bunaidh arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(c) DA |
| Ar muir | | | | |

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| • Ó chalafort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí calafort eile san Aontas gan aon stop lasmuigh den Aontas Eorpach | Ní éilítear | Dada | Údarú RSS | Airteagal 119(2)(b) DA |
| • Ó chalafort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí calafort eile san Aontas le stop féideartha lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada | B/L | Airteagal 119(3)(a)agus(b) DA |
| • Ó chalafort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí calafort eile san Aontas agus iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada | Bille luchta nua + cóip den bhille luchta bunaidh arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(c) DA |

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| Iarnród | | | | |
| • Ó stáisiún amháin san Aontas Eorpach go dtí stáisiún eile san Aontas, arna n-iompar trí thríú tír atá ina páirtí conarthach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach | Ní éilítear | Dada* | - Comhaontú idirnáisiúnta lena dtacaítear le cur i bhfeidhm Airteagal 119(2)(c) DA. E.g. Conair-T2 in CH<br>- Nóta coinsíneachta CIM arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(2)(c) DA |
| • Ó stáisiún amháin san Aontas Eorpach go dtí stáisiún eile san Aontas, arna n-iompar trí thríú tír nach bhfuil ina páirtí conarthach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, gan iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada* | Nóta coinsíneachta CIM arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(b) DA |

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| • Ó stáisiún amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí stáisiún eile san Aontas agus iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada* | Nóta coinsíneachta CIM nua + cóip den nóta coinsíneachta CIM bunaidh arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(c) DA |
| Bóthar | | | | |
| • Ó phointe amháin san Aontas Eorpach go dtí pointe eile san Aontas gan iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada* | CMR arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(b) DA |
| • Ó phointe amháin san Aontas Eorpach go dtí pointe eile san Aontas agus iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Éigeantach | Dada* | CMR nua + cóip den CMR bunaidh arna eisiúint i mBallstát | Airteagal 119(3)(c) DA |
| Modh iompair** | | | | |
| • Feithiclí bóthair atá cláraithe i mBallstát | Meastar é a bheith cruthaithe | Dada | Pláta clárúcháin agus doiciméid chlárúcháin | Airteagal 119(3)(d) DA, Airteagal 208(1) IA |

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| • Feithiclí bóthair atá cláraithe i mBallstát | Éigeantach | Dada | Dada | Airteagal 119(3)(d) DA, Airteagal 208(2) IA |
| • Pacáistíocht, pailléid, agus trealamh comhchosúil eile | Meastar é a bheith cruthaithe | Dada | - Sainaithint mar earra de chuid duine ón Aontas Eorpach<br>- Dearbhú ar stádas Aontais<br>- Gan amhras faoi fhírinneacht | Airteagal 119(3)(e) DA, Airteagal 209(1) IA |
| | Éilítear é mura féidir glacadh leis gur cruthaíodh an stádas Aontais | Dada | Dada | Airteagal 119(3)(e) DA, Airteagal 209(2) IA |
| • Coimeádán | I gcónaí le haghaidh earraí arna dtabhairt ar ais! | ATA | I gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl | Coinbhinsiún ATA |
| Taistealaithe ** | | | | |
| • Earraí neamhthráchtála arna n-iompar ag taistealaí | Meastar é a bheith cruthaithe | Dada | - Dearbhú an phaisinéara<br>- Gan amhras faoi fhírinneacht | Airteagal 119(3)(f) DA |
| Coinsíneachtaí poist | | | | |
| • Coinsíneacht poist arna hiompar ó phointe amháin san Aontas Eorpach go dtí pointe eile san Aontas gan iad a thrasloingsiú lasmuigh den Aontas Eorpach | Dada | T2 | Sainaithint mar choinsíneacht poist | |

| Sonraíochtaí | Cruthúnas | Dearbhú custaim | Ceanglais eile | Foráil dhlíthiúil |
|---|---|---|---|---|
| • Coinsíneacht poist a iompar ó phointe amháin go pointe eile san Aontas Eorpach agus í a aistriú ar aghaidh ó CTC | Éigeantach | T2 | Sainaithint mar choinsíneacht poist | Airteagal 290(2) IA |
| • Coinsíneacht poist a iompar ó chríoch fhioscach speisialta, chuig críoch fhioscach speisialta nó idir dhá chríoch fhioscach speisialta | Lipéad a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-02 IA | T2F | Sainaithint mar choinsíneacht poist | Airteagal 290(1) IA |

* Ní bhaineann an léiriú nach n-éilítear aon dearbhú custaim ach le críoch chustaim an Aontais Eorpaigh amháin. Féadfaidh tríú tír a éileamh go gcuirfí na hearraí de chuid an Aontais faoi nós imeachta idirthurais custaim má iompraítear trína críoch iad. Is nós imeachta idirthurais ar chríoch na hEilvéise atá i gConair-T2, mar shampla.

** Modhanna iompair agus earraí neamhthráchtála arna ngluaiseacht ag taistealaithe, ní chailleann siad a stádas Aontais ar choinníoll go n-iompraítear iad i gcomhréir le hAirteagal 119(3) DA. Nuair a ghluaistear iad ón nGearmáin tríd an Eilvéis go dtí an Iodáil, mar shampla. I gcásanna eile, tá feidhm ag an nós imeachta le haghaidh earraí arna dtabhairt ar ais faoi Airteagal 203 de Chód Custaim an Aontais (CCA).

## II.3 Gluaiseachtaí d’earraí de chuid an Aontais a bhfuil cruthúnas ar stádas Aontais ar fáil ina leith

Míníodh sa roinn roimhe seo gur féidir **earraí de chuid an Aontais** a **ghluaiseacht** ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus **amach as** an gcríoch sin go sealadach **gan** iad a bheith faoi réir **nós imeachta custaim** agus gan a stádas a athrú **má** chruthaítear a **stádas** custaim mar earraí de chuid an

Aontais (féach Roinn II.2.2.2). Mínítear i Roinn II.2.3.4 an modh is féidir a úsáid chun stádas Aontais a chruthú.

Tá tuilleadh sonraí sa roinn seo ar shonraíochtaí agus cur i bhfeidhm na modhanna comhchoiteanna cruthúnais chun stádas Aontais a chruthú.

## II.3.1 Cruthúnas ar Stádas Aontais a úsáid

**Bunaítear** cruthúnas ar stádas Aontais mar a leanas:

1. soláthraíonn an duine lena mbaineann an cruthúnas ar stádas Aontais trí cheann de na modhanna a liostaítear i Roinn II.2.3.4;
2. formhuiníonn an t-údarás custaim ag an bpointe imeachta an cruthúnas más gá sin;
3. cláraíonn an t-údarás custaim ag an bpointe imeachta an cruthúnas más gá sin.

Go comhleanúnach, úsáidtear an modh cruthúnais **mar** a leanas.

1. Féadfaidh an duine lena mbaineann na hearraí a ghluaiseacht. Nuair a thagann na hearraí ar ais isteach i gcríoch chustaim an Aontais, cuirfear an modh cruthúnais i láthair na n-údarás custaim ar theacht isteach.
2. Ní mór don údarás custaim ag an bpointe athiontrála faireachán a dhéanamh ar úsáid chuí na modhanna cruthúnais, i.e. barántúlacht an chruthúnais, úsáid chuí a bhaint as, etc.

   Chun an cúram faireacháin sin a éascú, ba cheart don oifig custaim ag an bpointe athiontrála inar cuireadh an cruthúnas i láthair an fhoirm athiontrála a stampáil, i gcás inarb infheidhme, ionas nach bhféadfaí é a athúsáid.

## II.3.2 Modhanna comhchoiteanna chun stádas Aontais a chruthú – tuilleadh sonraí

### II.3.2.1 Doiciméid T2L nó T2LF

*Airteagal 124a DA*
*Airteagail 5 agus 6, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Go dtí go gcuirfear an córas leictreonach um Chruthúnas ar Stádas Aontais i bhfeidhm, is é a bheidh sa doiciméad T2L/T2LF a úsáidfear chun cruthúnas ar stádas Aontais a léiriú:

- doiciméad T2L: cóip 4 den Doiciméad Riaracháin Aonair (DRA) (le haghaidh tuilleadh sonraí féach Mír V.3.3.1.1); nó
- doiciméad T2LF: cóip 4 de DRA le haghaidh earraí arna n-iompar chuig limistéar neamhfhioscach, amach ó limistéar neamhfhioscach nó idir limistéir neamhfhioscacha (le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Mír IV.5.4); agus

- an liosta luchtaithe, i gcásanna sonracha.

Maidir leis na ceanglais – an cineál doiciméid T2L/T2LF, tá feidhm ag forálacha Chuid IV.1.4.2.1 'Cineál agus cur i gcrích an dearbhaithe maidir le hidirthuras'.

*Airteagal 124a DA*
*Airteagail 6 agus 8, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**TRÁDÁIL**

Cuireann an duine lena mbaineann 'T2L' nó 'T2LF' isteach san fhoroinn ar thaobh na láimhe deise de Bhosca 1 san fhoirm agus 'T2Lbis' nó 'T2LFbis' isteach san fhoroinn ar thaobh na láimhe deise de Bhosca 1 i ndáil le haon bhileog leantach a úsáidtear agus na liostaí luchtaithe i gcás inarb infheidhme.

Ní mór an doiciméad a tharraingt suas i mbunchóip aonair.

*Airteagail 200 agus 202 IA*

Ní mór do na húdaráis custaim na doiciméid T2L/T2LF, bileoga leantacha agus an liosta luchtaithe a fhormhuiniú agus a chlárú.

*Airteagal 124a DA*
*Airteagal 8, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**CUSTAIM**

Ní mór don oifig custaim imeachta an doiciméad a fhormhuiniú agus a chlárú agus an méid seo a leanas a léiriú i mBosca C de:
- an fhoirm:
    - ainm agus stampa na hoifige, síniú oifigigh ón oifig sin, dáta an fhormhuinithe, an chláruimhir nó uimhir an dearbhaithe maidir le seoladh i gcás ina n-éilítear amhlaidh;
- na bileoga leantacha nó liostaí luchtaithe:
    - an uimhir a bhíonn ar an doiciméad T2L/T2LF trí bhíthin stampa nó de láimh. Ní mór ainm na hoifige inniúla a bheith ar na stampaí; nó ba cheart stampa oifigiúil na hoifige inniúla a bheith in éineacht leis an iontráil.

Ní mór na doiciméid a thabhairt ar ais go dtí an duine lena mbaineann.

*Airteagal 123 DA*

A luaithe is a fhormhuinítear an doiciméad T2L/T2LF, déanfar an tréimhse bailíochta a shrianadh go dtí 90 lá. Arna iarraidh sin don duine lena mbaineann agus ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na húdaráis chustaim an bhailíocht a shocrú le haghaidh

tréimhse níos faide.

### Úsáid aonair an chruthúnais

*Airteagal 205(1) IA*

Ní féidir na doiciméid T2L/T2LF a úsáid ach uair amháin, nuair a chuirtear i láthair den chéad uair iad. Murar úsáideadh na doiciméid ach le haghaidh cuid de na hearraí nuair a chuirtear i láthair den chéad uair iad, ní mór cruthúnas nua a bhunú maidir leis na hearraí eile i gcomhréir leis an nós imeachta a bhfuil tuairisc air thuas.

### Ionadú

Féadfaidh an t-údarás custaim a d'fhormhuinigh an doiciméad T2L/T2LF bunaidh doiciméad nua amháin nó níos mó a úsáid in ionad doiciméad T2L/T2LF in imthosca áirithe.

### Cóipeanna breise

Má tá trí chóip ag teastáil, féadfar iad a sholáthar mar bhunchóip agus dhá fhótachóip, ar choinníoll go marcáiltear 'cóip' ar an dá fhótachóip.

### T2L/T2LF a eisiúint go cúlghabhálach

*Airteagal 199(5) IA Airteagal 4(2), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfar doiciméad T2L/T2LF a úsáid go cúlghabhálach, mura gcuirtear a leithéid as an áireamh go sonrach sa reachtaíocht, ar choinníoll go ndéantar grinnscrúdú cúramach ar eisiúint an doiciméid sin chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha uile a bhaineann le doiciméad den sórt sin a cheadú.

*Airteagal 212 IA Airteagal 21, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór do na húdaráis chustaim glacadh le doiciméid T2L/T2LF arna n-eisiúint go cúlghabhálach áfach, gan difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm nósanna imeachta rialúcháin cúlghabhálacha nó nósanna imeachta riaracháin eile um chúnamh riaracháin, go háirithe má tá amhras faoi chalaois nó neamhrialtachtaí.

I gcás dhoiciméid T2L/T2LF a eisítear go cúlghabhálach, ní mór an frása iomchuí a léirítear i Roinn II.2.3.4.2 a bheith orthu.

Is é an t-údarás custaim atá freagrach as an doiciméad T2L/T2LF bunaidh a fhormhuiniú a bheidh freagrach as an doiciméad T2L/T2LF arna eisiúint go cúlghabhálach.

*Airteagal 148(4)(b) DA*

### Dearbhú T1 a tarraingíodh suas trí earráid

Féadfar doiciméad T2L/T2LF a eisiúint go cúlghabhálach i leith earraí ar tarraingíodh suas dearbhú T1 maidir leo trí earráid.

I gcás den sórt sin, ní mór tagairt don dearbhú T1 a bheith sa doiciméad T2L/T2LF.

**Doiciméid dhúblacha**

Féadfar dúblach de dhoiciméad T2L/T2LF a eisiúint, mura gcuirtear a leithéid as an áireamh go sonrach sa reachtaíocht, ar choinníoll go ndéantar grinnscrúdú cúramach ar an dúblach sin chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha uile a bhaineann le doiciméad den sórt sin a eisiúint. Tá tuilleadh sonraí faoi dhúblaigh a eisiúint le fáil i gCuid V.3.4.4.

### II.3.2.2 Lastliosta earraí na n-údarás custaim

Líonfar isteach an roinn seo nuair a chuirfear an Cruthúnas ar Stádas Aontais (PoUS) i bhfeidhm agus ní úsáidfear lastliosta na cuideachta loingseoireachta mar chruthúnas ar stádas Aontais a thuilleadh.

### II.3.2.3 Lastliosta na cuideachta loingseoireachta *(ar muir amháin – foráil idirthréimhseach)*

*Airteagal 199(2) IA*
*Airteagal 10, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Go dtí go gcuirfear an córas leictreonach um Chruthúnas ar Stádas Aontais (PoUS) i bhfeidhm, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha leanúint de lastliosta na cuideachta loingseoireachta a úsáid mar mhodh cruthúnais ar stádas Aontais.

*Airteagal 126a DA*
*Airteagal 10, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**TRÁDÁIL**

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh i lastliosta na cuideachta loingseoireachta (ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta):

- ainm agus seoladh iomlán na cuideachta loingseoireachta;
- ainm an tsoithigh;
- áit agus dáta an luchtaithe;
- áit an díluchtaithe;
- síniú an seoltóra.

Agus maidir le gach coinsíneacht:

- tagairt don bhille luchta nó doiciméad tráchtála eile;
- uimhir, sonraí, marcanna, agus uimhir thagartha na bpacáistí;

- an ghnáth-thuairisc trádála ar na hearraí, lena n-áirítear mionsonraí leordhóthanacha chun iad a aithint;
- an ollmhais i gcileagraim;
- uimhir aitheantais an choimeádáin, más iomchuí; agus
- na hiontrálacha seo a leanas maidir le stádas na n-earraí, de réir mar is iomchuí:
    - an litir 'C' (ar coibhéiseach é le T2L) le haghaidh earraí ar féidir a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a léiriú;
    - an litir 'F' (ar coibhéiseach é le T2LF) le haghaidh earraí ar féidir a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a léiriú, arna gcoinsíniú chuig limistéar i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh nó amach uaidh, áit nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE, i.e. na limistéir neamhfhioscacha; nó
    - an litir 'N' do gach earra eile.

*Airteagal 203 IA*
*Airteagal 10, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Arna iarraidh sin don chuideachta loingseoireachta, ba cheart don oifig inniúil an lastliosta sínithe agus comhlánaithe go cuí a fhormhuiniú.

*Airteagal 126a DA*
*Airteagal 10, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**CUSTAIM**

Má fhormhuinítear lastliosta na cuideachta loingseoireachta, cuirfidh an oifig inniúil an méid a leanas san áireamh:
- ainm agus stampa na hoifige inniúla;
- síniú de chuid oifigigh san oifig sin; agus
- dáta an fhormhuinithe.

*Airteagal 199(5) IA*
*Airteagal 4(2), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Má eisítear lastliosta na cuideachta loingseoireachta go cúlghabhálach, ní mór an frása iomchuí a léirítear i Roinn II.2.3.4.2 a bheith air.

## II.3.2.4 Sonrasc nó doiciméad iompair

*Airteagal 126 DA*
*Airteagal 9, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**TRÁDÁIL**

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a bheith sa sonrasc nó sa doiciméad iompair:

- ainm agus seoladh iomlán an choinsíneora, nó an duine lena mbaineann murab an coinsíneoir atá i gceist;
- an líon agus cineál pacáistí, agus marcanna agus uimhreacha tagartha na bpacáistí;
- tuairisc ar na hearraí;
- an ollmhais i gcileagraim;
- luach na n-earraí;
- uimhreacha na gcoimeádán, más iomchuí;
- an cód T2L nó T2LF, de réir mar is iomchuí; agus
- síniú lámhscríofa an duine lena mbaineann.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní mór earraí de chuid an Aontais a bheith i gceist leis an sonrasc nó doiciméad iompair.

**Sonraisc nó doiciméid iompair nach mó luach iomlán na n-earraí a gcumhdaítear leo ná EUR 15 000**

*Airteagal 199(1)(d) agus Airteagal 211 CCA IA*
*Airteagal 9, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Mura bhfuil luach iomlán na n-earraí de chuid an Aontais arna gcumhdach leis an sonrasc nó doiciméad iompair níos mó ná EUR 15 000, ní gá aon fhormhuiniú a fháil ón oifig inniúil. Ní mór ainm agus seoladh na hoifige inniúla a léiriú ar an sonrasc nó doiciméad áfach, in éineacht leis na sonraí thuas.

**Sonraisc nó doiciméad iompair i gcás ina bhfuil luach iomlán na n-earraí arna gcumhdach níos mó ná EUR 15 000**

*Airteagal 126 DA agus Airteagal 201 IA*
*Airteagal 9, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Arna iarraidh sin don duine lena mbaineann, ní mór don oifig inniúil an sonrasc nó doiciméad iompair atá comhlánaithe go cuí agus sínithe acu a fhormhuiniú. Mura ndéantar an sonrasc nó doiciméad iompair a fhormhuiniú, ní féidir é a úsáid mar chruthúnas ar stádas Aontais.

*Airteagal 126 DA*
*Airteagal 9, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**CUSTAIM**

Beidh an méid seo a leanas san áireamh le formhuiniú an tsonraisc nó an doiciméid iompair ag an oifig inniúil:

- ainm agus stampa na hoifige inniúla;
- síniú de chuid oifigigh san oifig sin;
- dáta an fhormhuinithe; agus
- an chláruimhir nó, má éilítear amhlaidh, uimhir an dearbhaithe maidir le seoladh.

*Airteagal 199(5) IA*
*Airteagal 4(2), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór an frása iomchuí mar a fhoráiltear i Roinn II.2.3.4.2 a bheith luaite ar an sonrasc nó na doiciméid iompair arna n-eisiúint go cúlghabhálach.

### II.3.2.5 TIR, Carnet ATA nó Foirm 302

*Airteagal 127 DA*
*Airteagal 207 IA*
*Airteagal 12, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Más earraí de chuid an Aontais iad na hearraí uile arna n-iompar faoi Carnet TIR, Carnet ATA nó Foirm 302, ní mór don dearbhóir cód ‘T2L’ nó ‘T2LF’ a iontráil go soiléir sa spás a choinnítear chun tuairisc a thabhairt ar na hearraí, mar aon lena shíniú, ar na dearbháin Carnet ábhartha uile agus an Carnet a chur i láthair ag an oifig imeachta lena fhormhuiniú.

Má chumhdaítear earraí de chuid an Aontais agus earraí nach de chuid an Aontais iad araon leis an Carnet TIR, an Carnet ATA nó Foirm 302, ní mór an dá chatagóir earraí a léiriú ar leithligh, agus ní mór an tsiombail ‘T2L’ nó ‘T2LF’ faoi seach a iontráil ar chaoi ar léir nach mbaineann sí ach leis na hearraí de chuid an Aontais amháin.

**CUSTAIM**

I gcás ina gcuirtear Carnet TIR, Carnet ATA nó Foirm 302 i láthair ag an oifig imeachta lena fhormhuiniú chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chruthú, ní mór a áirithiú go cúramach go léirítear na hearraí de chuid an Aontais ar leithligh ó na hearraí eile agus go n-iontráiltear an cód ‘T2L’ nó ‘T2LF’ ar chaoi nach mbaineann sé ach leis na hearraí de chuid an Aontais amháin.

Ní mór an cód ‘T2L’ nó ‘T2LF’ a fhíordheimhniú le stampa na hoifige imeachta in

éineacht le síniú an oifigigh inniúil.

### II.3.3 Eisitheoir údaraithe

### II.3.3.1 Forálacha ginearálta

*Airteagal 128 DA*
*Airteagal 14, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt do dhuine, dá ngairfear 'an t-eisitheoir údaraithe', chun na modhanna cruthúnais seo a leanas a eisiúint maidir le stádas Aontais:

1. doiciméid T2L agus T2LF gan formhuiniú (féach Roinn II.3.3.2) (idirthréimhseach):
   a) le réamh-fhíordheimhniú ó na húdaráis chustaim;
   b) le féin-fhíordheimhniú;
   c) le féin-fhíordheimhniú leictreonach gan síniú;
2. lastliosta earraí na n-údarás custaim gan formhuiniú agus gan chlárú (féach Roinn II.3.3.3);
3. lastliostaí na cuideachta loingseoireachta gan formhuiniú (féach Roinn II.3.3.4) (foráil idirthréimhseach):
   a) lastliosta na cuideachta loingseoireachta mar chruthúnas;
   b) lastliosta na cuideachta loingseoireachta tar éis imeachta;
4. sonraisc nó doiciméid iompair le haghaidh earraí dar luach is mó ná EUR 15 000 gan formhuiniú (foráil idirthréimhseach) (féach Roinn II.3.3.2).

Tabhair faoi deara gur foráil idirthréimhseach atá san údarú chun doiciméid T2L /T2LF a eisiúint gan formhuiniú a mhéid a úsáidfear doiciméid T2L/T2LF mar chruthúnas seachas sonraí arna n-iontráil sa chóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais (PoUS).

Is cinneadh de chuid na n-údarás custaim, ar iarratas, é údarú a thabhairt chun modhanna cruthúnais áirithe ar stádas Aontais a eisiúint gan formhuiniú (ná clárú) ó na húdaráis chustaim. Ciallaíonn sé sin go bhfuil feidhm ag rialacha ginearálta chinntí na n-údarás custaim mar a shonraítear i gCuid VI, mura sonraítear a mhalairt.

Ní mór an nós imeachta atá le cur a bhfeidhm a bheith i gcomhréir le Cuid VI, Roinn 2.2, mura sholáthraítear sonraí breise thíos.

Ní mór an t-iarratas a chur faoi bhráid an údaráis custaim atá freagrach as an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de

na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

Ní mór don iarratasóir na coinníollacha ginearálta agus sonracha a chomhlíonadh. Tá na coinníollacha ginearálta is infheidhme sna himthosca go léir liostaithe sa tábla thíos. Liostaítear na coinníollacha sonracha eile sna ranna thíos a bhaineann le gach saoráid nó modh sonrach.

**Coinníollacha ginearálta**

*Airteagal 128(1) DA*
*Airteagal 14, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- tá an t-iarratasóir bunaithe san Aontas Eorpach nó i dtír chomhchoiteann idirthurais;
- ní mór uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha (EORI) a bheith ag an iarratasóir, má tá siad bunaithe san Aontas Eorpach
- ní dhearna an duine lena mbaineann aon chion tromchúiseach ná athchion a thoirmeasctar le reachtaíocht custaim nó reachtaíocht cánach;
- féadfaidh na húdaráis chustaim inniúla maoirsiú a dhéanamh ar an nós imeachta agus rialuithe a dhéanamh gan iarracht riaracháin atá díréireach le riachtanais an duine lena mbaineann;
- coimeádann an duine lena mbaineann taifid lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chustaim rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm.

### II.3.3.2 doiciméad T2L/T2LF nó sonrasc nó doiciméad iompair arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe *(foráil idirthréimhseach)*

#### II.3.3.2.1 Údarú

Chomh maith leis na coinníollacha ginearálta atá liostaithe thuas i Roinn II.3.3.1., ní mór don iarratasóir na coinníollacha sonracha seo a leanas a chomhlíonadh chun údarú a fháil chun doiciméid T2L/T2LF, sonraisc nó doiciméid iompair a eisiúint mar chruthúnas ar stádas Aontais gan formhuiniú na n-údarás custaim.

**Na coinníollacha sonracha maidir le doiciméid T2L/T2LF, sonraisc nó doiciméid iompair a eisiúint**

*Airteagal 128(2) agus (4), DA*
*Airteagal 14, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- eisíonn an duine lena mbaineann an cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais go tráthrialta, nó tá a fhios ag na húdaráis chustaim gur féidir leis/léi na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh a bhaineann leis na modhanna cruthúnais sin a

úsáid.

Chomh maith leis na coinníollacha ginearálta atá liostaithe i Roinn II.3.3.1. thuas agus na coinníollacha sonracha, ní mór don iarratasóir na coinníollacha sonracha seo a leanas a chomhlíonadh chun údarú a fháil chun doiciméid T2L/T2LF féin-fhíordheimhnithe leictreonacha a eisiúint, mar chruthúnas ar stádas Aontais gan formhuiniú na n-údarás custaim.

**Na coinníollacha sonracha a bhaineann le féin-fhíordheimhniú leictreonach gan síniú**

*Airteagal 128b DA*
*Airteagal 17, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Sholáthair an t-eisitheoir údaraithe gealltanas i scríbhinn lena n-admhaíonn sé a dhliteanas i ndáil leis na hiarmhairtí dlíthiúla a eascraíonn as doiciméid T2L/T2LF nó doiciméid tráchtála a eisiúint ar a bhfuil an stampa speisialta.

*Airteagal 128a(2) DA*
*Airteagal 15, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**CUSTAIM**

Ní mór an méid seo a leanas go háirithe a bheith sonraithe san údarú:

a) an oifig custaim arna sannadh le bheith freagrach as réamh-fhíordheimhniú na bhfoirmeacha 'T2L' nó 'T2LF';
b) an chaoi ina suífidh an t-eisitheoir údaraithe gur úsáideadh na foirmeacha mar ba chuí;
c) na catagóirí nó gluaiseachtaí earraí a eisiatar;
d) an tréimhse inar cheart don eisitheoir údaraithe fógra a thabhairt don oifig custaim inniúil, agus an modh is oiriúnaí, ionas go bhféadfaidh sí aon seiceáil is gá a dhéanamh sula seolfar na hearraí;
e) cé acu ar cheart na modhanna cruthúnais a bheith:
   (i) réamh-fhíordheimhnithe ag na húdaráis chustaim;
   (ii) féin-fhíordheimhnithe ag an eisitheoir údaraithe agus síniú orthu;
   (iii) féin-fhíordheimhnithe go leictreonach ag an eisitheoir údaraithe (gan síniú);
f) nach mór don choinsíneoir údaraithe an fhoirm a líonadh isteach agus a shíniú sula seolfar na hearraí.
g) cé acu an údaraíonn an t-údarás custaim úsáid a bhaint as liostaí luchtaithe nach gcomhlíonann na ceanglais go léir nó nach n-údaraíonn.

### II.3.3.2.2 Úsáid a bhaint as doiciméid T2L/T2LF, sonraisc nó doiciméid iompair arna n-eisiúint ag eisitheoir údaraithe

**Nuair a réamh-fhíordheimhníonn na húdaráis chustaim na modhanna cruthúnais:**

*Airteagal 128a DA*
*Airteagal 16, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**CUSTAIM**

Cuirfidh na húdaráis chustaim stampa agus síniú ar na doiciméid seo a leanas roimh ré:

- ar éadan na sonrasc nó na ndoiciméad iompair; nó
- Bosca ‚'C. An oifig imeachta' ar éadan na ndoiciméad T2L/T2LF agus, i gcás inarb iomchuí, na mbileog leantach.

Ní gá síniú an oifigigh ón oifig atá freagrach as réamh-údarú a bheith lámhscríofa agus féadfar stampa na hoifige sin a réamhphriontáil má thugann údarás custaim aonair réamh-fhíordheimhniú go lárnach.

**I gcás ina ndéanann eisitheoir údaraithe féin-fhíordheimhniú ar na modhanna cruthúnais:**

*Airteagal 128a DA agus Cuid II, Caibidil II d'Iarscríbhinn 72-04 IA*
*Airteagal 16, Foscríbhinn II, agus Iarscríbhinn B9, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**TRÁDÁIL**

Cuirfidh an t-eisitheoir údaraithe stampa speisialta ar na doiciméid seo a leanas:

- ar éadan na sonrasc nó na ndoiciméad iompair; nó
- Bosca 'C. An oifig imeachta' ar éadan na ndoiciméad T2L/T2LF agus, i gcás inarb iomchuí, na mbileog leantach.

Féadfar an stampa a réamhphriontáil ar na foirmeacha i gcás ina gcuirtear an phriontáil ar iontaoibh clódóir a formheasadh chun na críche sin. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a líonadh isteach i mBoscaí 1 agus 2 agus 4 go 6 den stampa speisialta:

— armas nó aon chomhartha nó litir eile atá mar shaintréith na tíre;
— oifig custaim inniúil;
— dáta;
— eisitheoir údaraithe; agus
— uimhir údaraithe.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Is é údarás inniúil na tíre ina bhfuil an t-eisitheoir údaraithe bunaithe a fhormheasann réamhphriontáil an stampa, seachas údaráis na tíre ina bhfuil an clódóir bunaithe.

**Críochnú breise an chruthúnais ag an eisitheoir údaraithe:**

*Airteagal 128a DA*
*Airteagal 16(4), Airteagail 19 agus 20, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsún*

**TRÁDÁIL**

Sula seolfar na hearraí, ní mór don eisitheoir údaraithe an fhoirm a líonadh isteach agus a shíniú trí shonraí a iontráil:

- spás atá inaitheanta go soiléir ar an doiciméad tráchtála nó
- Bosca 'D. Rialú ag an oifig imeachta' ar na doiciméid T2L/T2LF agus, i gcás inarb iomchuí, na bileoga leantacha,

na sonraí seo a leanas:

- ainm na hoifige custaim inniúla,
- dáta líonta isteach an doiciméid agus síniú an eisitheora údaraithe, agus
- ceann de na formhuinithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| BG | Одобрен издател |
| CS | Schválený vydavatel |
| DA | Autoriseret udsteder |
| DE | Zugelassener Aussteller |
| EL | Εγκεκριμένος εκδότης |
| EN | Authorised issuer |
| ES | Emisor autorizado |
| ET | Volitatud väljastaja |
| FI | Valtuutettu antaja |
| FR | Emetteur agréé |
| HR | Ovlaštenog izdavatelja |
| HU | Engedélyes kibocsátó |
| IT | Emittente autorizzato |
| LT | Įgaliotasis išdavėjas |
| LV | Atzītais izdevējs |
| MT | Emittent awtorizzat |
| NL | Toegelaten afgever |
| PL | Upoważnionego wystawcę |
| PT | Emissor autorizado |
| RO | Emitent autorizat |
| SK | Schválený vystaviteľ |
| SL | Pooblaščeni izdajatelj |
| SV | Godkänd utfärdare |

Ní mór don eisitheoir údaraithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cóip a dhéanamh de gach cruthúnas a eisítear,
- na cóipeanna a chur faoi bhráid na n-údarás custaim mar a leagtar amach sna húdaruithe ar mhaithe le rialú agus

- iad a choinneáil ar feadh 3 bliana ar a laghad

**Má dhéanann an t-eisitheoir údaraithe féin-fhíordheimhniú go leictreonach gan síniú:**

*Airteagal 128b DA*
*Airteagal 17, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**TRÁDÁIL**

Sula scaoilfear na hearraí, ní mór don eisitheoir údaraithe an fhoirm a líonadh isteach agus a shíniú mar a léiríodh sa bhosca 'Trádáil' roimhe seo, seachas an méid seo a leanas.

Ní mór ceann de na formhuinithe seo a leanas a bheith sna doiciméid T2L/T2LF nó doiciméid tráchtála in ionad shíniú an eisitheora údaraithe:

| | |
|---|---|
| BG | Освободен от подпис |
| CS | Podpis se nevyžaduje |
| DA | Fritaget for underskrift |
| DE | Freistellung von der Unterschriftsleistung |
| EE | Allkirjanõudest loobutud |
| EL | Δεν απαιτείται υπογραφή |
| EN | Signature waived |
| ES | Dispensa de firma |
| FI | Vapautettu allekirjoituksesta |
| FR | Dispense de signature |
| HR | Oslobodeno potpisa |
| HU | Aláírás alól mentesítve |
| IS | Undanþegið undirskrift |
| IT | Dispensa dalla firma |
| LT | Leista nepasirašyti |
| LV | Derīgs bez paraksta |
| MT | Firma mhux meħtieġa |
| NL | Van ondertekening vrijgesteld |
| NO | Fritatt for underskrift |
| PL | Zwolniony ze składania podpisu |
| PT | Dispensada a assinatura |
| RO | Dispensă de semnătură |
| SI | Opustitev podpisa |
| SK | Oslobodenie od podpisu |
| SV | Befrielse från underskrift |

Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na modhanna cruthúnais sin a úsáid, féach Roinn II.3.2.1. freisin le haghaidh doiciméid T2L/T2LF agus Roinn II.3.2.4. le haghaidh sonrasc agus doiciméid

iompair.

### II.3.3.3 Lastliosta earraí custaim arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe

*Líonfar isteach an roinn seo nuair a chuirfear an Cruthúnas ar Stádas Aontais (PoUS) i bhfeidhm agus ní úsáidfear lastliosta na cuideachta loingseoireachta mar chruthúnas ar stádas Aontais a thuilleadh.*

### II.2.3.4 Lastliosta na cuideachta loingseoireachta arna eisiúint ag eisitheoir údaraithe *(foráil idirthréimhseach)*

#### II.3.3.4.1 Údarú

Chomh maith leis na coinníollacha ginearálta a liostaítear i Roinn II.3.3.1., ní mór don iarratasóir na coinníollacha sonracha seo a leanas a chomhlíonadh chun bheith údaraithe le haghaidh **lastliosta cuideachta loingseoireachta** a tharraingt suas mar chruthúnas ar stádas Aontais gan formhuiniú ó na húdaráis chustaim.

**Coinníollacha sonracha**

*Airteagal 128(2) agus (4), DA*

- ní mór don duine lena mbaineann cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a eisiúint go tráthrialta, nó tá a fhios ag údaráis chustaim inniúla an duine sin gur féidir leis/léi na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh a bhaineann leis na cruthúnais sin a úsáid

Ar chúiseanna lóistíochtúla áfach, ní bhíonn fáil ar an lastliosta sin le haghaidh fíordheimhniú tráth an tseolta. Sna cásanna sin, féadfaidh cuideachta loingseoireachta inneachar an lastliosta a sheoladh go leictreonach ón gcalafort imeachta tar éis don soitheach imeacht ionas go mbeidh sé ar fáil ag an gcalafort cinn scríbe sula dtagann an soitheach. Féadfaidh údaráis chustaim údarú a thabhairt don chuideachta loingseoireachta chun lastliostaí den sórt sin a **tharraingt suas** ar an **lá tar éis** an lae a imíonn an soitheach agus sula sroicheann sé an calafort cinn scríbe ar a dhéanaí – údarú TC12 (féach Iarscríbhinn 8.2). Chomh maith leis na coinníollacha ginearálta atá liostaithe thuas i Roinn II.3.3.1, ní mór don iarratasóir na coinníollacha sonracha seo a leanas a chomhlíonadh.

**Coinníollacha sonracha**

*Airteagal 128d(1) agus (2) DA, Airteagal 18, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- is cuideachta loingseoireachta idirnáisiúnta í an t-iarratasóir;
- úsáideann sé córais um idirmhalartú leictreonach sonraí chun faisnéis a sheoladh idir na calafoirt imeachta agus cinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais;
- oibríonn sé líon suntasach trasnuithe idir calafoirt Ballstát nó na tíortha comhchoiteanna idirthurais ar bhealaí aitheanta.

**Iarratas**

*Airteagail 128c agus 128d DA Airteagal 18, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ba cheart na tíortha go léir agus na calafoirt imeachta agus cinn scríbe go léir lena mbaineann a bheith liostaithe ar iarratas na cuideachta loingseoireachta.

Ba cheart don chuideachta loingseoireachta ainm a hionadaí/a hionadaithe sna calafoirt sin a sholáthar.

**Nós imeachta comhairliúcháin maidir leis an údarú**

Nuair a fhaigheann údaráis chustaim an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta loingseoireachta bunaithe iarratas ní mór dóibh fógra a thabhairt do na Ballstáit eile ina bhfuil an calafort imeachta agus an calafort cinn scríbe beartaithe suite. Liostaítear na daoine teagmhála ábhartha in Iarscríbhinn II.8.2 – Iarscríbhinn B.

Ansin déanfaidh na húdaráis chustaim ag na calafoirt imeachta agus cinn scríbe scrúdú le hoifigí áitiúla na cuideachta loingseoireachta ar cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha chun an nós imeachta simplithe a úsáid nó nár comhlíonadh, go háirithe an ceanglas go mbeadh líon suntasach trasnuithe idir na tíortha ar feadh bealaí aitheanta.

Nuair a bheidh an nós imeachta comhairliúcháin sin curtha i gcrích, cuirfidh na húdaráis chustaim ag na calafoirt imeachta agus cinn scríbe comhairle ar a n-údaráis inniúla faoi cé acu an bhfuil na calafoirt sin feistithe chun córas um idirmhalartú leictreonach sonraí a úsáid nó nach bhfuil agus cé acu an gcomhlíonann an chuideachta loingseoireachta na critéir atá liostaithe thuas nó nach gcomhlíonann.

Mura bhfaightear aon agóid laistigh de 60 lá (Ballstáit) nó laistigh de 45 lá (tíortha comhchoiteanna idirthurais) ó dháta an fhógra, ní mór do na húdaráis chustaim údarú a thabhairt chun an nós imeachta simplithe a úsáid chun lastliosta cuideachta loingseoireachta a tharraingt suas mar chruthúnas ar stádas Aontais gan formhuiniú na n-údarás custaim.

Beidh an t-údarú sin bailí sna Ballstáit lena mbaineann agus ní bheidh feidhm aige ach maidir le hoibríochtaí iompair idir na calafoirt a luaitear ann. Cumhdaíonn an simpliú iompar na n-earraí go léir a iompraíonn an chuideachta loingseoireachta ar muir idir calafoirt na mBallstát agus na dtíortha comhchoiteanna idirthurais a liostaítear san údarú.

#### II.3.3.4.2 An cruthúnas a tharraingt suas

Ní mór don chuideachta loingseoireachta lastliosta den sórt sin a fhíordheimhniú sula bhfágann an soitheach an calafort imeachta.

Ar chúiseanna lóistíochtúla áfach, ní bhíonn fáil ar an lastliosta sin le haghaidh fíordheimhniú tráth an tseolta. Sna cásanna sin, féadfaidh cuideachta loingseoireachta inneachar an lastliosta a sheoladh go leictreonach ón gcalafort imeachta tar éis don soitheach imeacht ionas go mbeidh sé ar fáil ag an gcalafort cinn scríbe sula dtagann an soitheach.

*Airteagail 128c agus 128d DA Airteagal 18 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Trí bhíthin Airteagal 128 agus 128d DA (Airteagal 18 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún) féadfar lastliosta den sórt sin a eisiúint go cúlghabhálach mar chruthúnas ar stádas agus, faoi réir coinníollacha áirithe, é a sheoladh chuig an gcalafort cinn scríbe trí bhíthin córas um idirmhalartú leictreonach sonraí.

*Airteagal 126a DA Airteagal 18, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Nuair a úsáidtear lastliosta na cuideachta loingseoireachta mar chruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais, ní mór na sonraí seo a leanas ar a laghad a bheith sa lastliosta sin:

- ainm agus seoladh iomlán na cuideachta loingseoireachta;
- ainm an tsoithigh;
- áit agus dáta an luchtaithe;
- áit an díluchtaithe;
- agus maidir le gach coinsíneacht:
    - agus tagairt don bhille luchta nó doiciméid tráchtála eile;
    - líon, sonraí, marcanna agus uimhreacha tagartha na bpacáistí;
    - an ghnáth-thuairisc trádála ar na hearraí, lena n-áirítear

mionsonraí leordhóthanacha chun iad a aithint;

- an ollmhais i gcileagraim;
- i gcás inarb infheidhme, uimhreacha aitheantais an choimeádáin; agus
- na hiontrálacha seo a leanas maidir le stádas na n-earraí:
  - an litir ‘C’ (ar coibhéiseach é le ‘T2L’) le haghaidh earraí ar féidir a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a léiriú; nó
  - an litir ‘F’ (ar coibhéiseach é le ‘T2LF’) le haghaidh earraí, ó na limistéir neamhfhioscacha nó eatarthu, ar féidir a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais a léiriú; nó
  - an litir ‘N’ do gach earra eile.

**II.3.3.4.3 An nós imeachta ag an gcalafort imeachta**

Ní mór don chuideachta loingseoireachta an lastliosta a tharraingt suas lena gcruthaítear stádas custaim earraí de chuid an Aontais tráth nach déanaí ná an lá tar éis an lae a imíonn an soitheach agus, in aon chás, sula sroicheann sé an calafort cinn scríbe.

Ansin seolfaidh an chuideachta loingseoireachta an lastliosta trí idirmhalartú leictreonach sonraí chuig an gcalafort cinn scríbe.

Arna iarraidh sin, seolfaidh an chuideachta loingseoireachta an lastliosta chuig na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta trí chóras um idirmhalartú leictreonach sonraí, nó ar pháipéar mura féidir leis na húdaráis chustaim sonraí a fháil trí ríomhphost.

Déanfaidh na húdaráis inniúla ag an gcalafort imeachta iniúchtaí ar bhonn anailís riosca.

**II.3.3.4.4 An nós imeachta ag an gcalafort cinn scríbe**

Cuirfidh an chuideachta loingseoireachta cóip den lastliosta faoi bhráid na n-údarás custaim ag an gcalafort cinn scríbe trí chóras um idirmhalartú leictreonach sonraí, nó ar pháipéar mura féidir leis na húdaráis chustaim sonraí a fháil trí mhodh leictreonach.

Déanfaidh na húdaráis inniúla ag an gcalafort cinn scríbe stádas custaim dearbhaithe earraí de chuid an Aontais a sheiceáil, agus déanfaidh siad iniúchtaí ar bhonn anailís riosca agus cros-seiceáil leis na húdaráis inniúla ag an gcalafort imeachta más gá sin.

### II.3.3.4.5 Neamhrialtachtaí/cionta

Ní mór don chuideachta loingseoireachta aon neamhrialtacht nó cion a aimsítear a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla ag na calafoirt imeachta agus cinn scríbe. Tá dualgas uirthi freisin cuidiú chun soiléiriú a thabhairt ar aon neamhrialtacht nó cion a bhraitheann na húdaráis inniúla ag na calafoirt imeachta agus cinn scríbe.

Mura féidir neamhrialtachtaí agus cionta a réiteach ag an gcalafort cinn scríbe, tabharfaidh na húdaráis inniúla ag an gcalafort cinn scríbe fógra do na húdaráis inniúla ag an gcalafort imeachta agus don údarás a d'eisigh an t-údarú, agus glacfaidh siad siúd an ghníomhaíocht is gá.

### II.3.3.4.6 Freagrachtaí na cuideachta loingseoireachta

Ní mór don chuideachta loingseoireachta an méid a leanas a dhéanamh:

- taifid oiriúnacha a choimeád lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla oibríochtaí a sheiceáil ag calafoirt imeachta agus cinn scríbe;
- na taifid ábhartha uile a chur ar fáil do na húdaráis inniúla;
- gealltanas a thabhairt go nglacfaidh sí dliteanas iomlán do na húdaráis inniúla maidir le feidhmiú a hoibleagáidí agus tuairisciú agus cuidiú chun aon chion nó neamhrialtacht a réiteach.

### II.3.4 Tír chomhchoiteann idirthurais

*Airteagal 9 den Choinbhinsiún*

I gcás ina dtagann earraí de chuid an Aontais isteach i dtír chomhchoiteann idirthurais faoi nós imeachta T2, coinneoidh siad a stádas Aontais ar na coinníollacha seo a leanas:

- d'fhan siad faoi nós imeachta T2 nó nós imeachta trádstórála sa tír chomhchoiteann idirthurais; agus
- níor stóráladh na hearraí i dtrádstóras ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana (nó 6 mhí le haghaidh roinnt catagóirí sonracha earraí); agus
- d'fhan siad faoi rialú na n-údarás custaim i gcónaí.

## Earraí de chuid an Aontais i dtíortha comhchoiteanna idirthurais

*Airteagal 2(3)(b) agus Airteagal 9 den Choinbhinsiún Airteagal 2, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní féidir earraí de chuid an Aontais i dtíortha comhchoiteanna idirthurais a chur faoi nós imeachta T2 ach sna cásanna seo a leanas:

- tháinig na hearraí isteach sa tír sin faoi nós imeachta T2;
- déantar na hearraí a athchoinsíniú de réir na gcoinníollacha seo a leanas:
    - d'fhan siad faoi rialú na n-údarás custaim i gcónaí chun a áirithiú nár tháinig aon athrú ar a n-aitheantas ná a staid;
    - níor cuireadh faoi nós imeachta idirthurais custaim iad seachas idirthuras nó nós imeachta trádstórála; agus
    - má cuireadh faoi nós imeachta trádstórála iad:
        - ní mó an tréimhse ná 5 bliana;
        - maidir le hearraí a thagann faoi Chaibidlí 1 go 24 den Ainmníocht le haghaidh Aicmiú Earraí, ní féidir tréimhse is mó ná 6 mhí a bheith i gceist;
        - stóráladh na hearraí i spásanna speisialta agus níor cuireadh cóireáil ar bith orthu seachas a mhéid is gá chun iad a chaomhnú ina riocht bunaidh, nó chun coinsíneachtaí a scoilteadh gan an phacáistíocht a athsholáthar; agus
        - rinneadh aon chóireáil faoi mhaoirseacht na n-údarás custaim;

  agus
- tá tagairt sa nós imeachta T2 nua don nós imeachta roimhe sin faoinar tháinig na hearraí de chuid an Aontais isteach sa tír chomhchoiteann idirthurais sin, lena n-áirítear gach formhuiniú speisialta agus péireáil a rinneadh ina leith.

## Cruthúnais a sholáthar ar stádas Aontais i dtír chomhchoiteann idirthurais

*Airteagail 5, 9, 10 agus Airteagal 18a den Choinbhinsiún*

Féadfar na modhanna cruthúnais seo a leanas a eisiúint i dtír chomhchoiteann idirthurais:
- doiciméad T2L;
- sonrasc nó doiciméad iompair;
- lastliosta cuideachta loingseoireachta.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na modhanna cruthúnais sin a sholáthar agus a úsáid, féach Ranna II.3.2 agus II.3.3.

Aon doiciméad a eisíonn oifig inniúil i dtír chomhchoiteann idirthurais chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a

dheimhniú, ní mór tagairt a bheith ann don dearbhú T2 comhfhreagrach nó do dhoiciméad comhfhreagrach lena ndeimhnítear stádas custaim earraí de chuid an Aontais faoinar tháinig na hearraí isteach sa tír chomhchoiteann idirthurais sin agus ní mór na formhuinithe speisialta uile orthu a bheith san áireamh ann.

**Earraí de chuid an Aontais a ath-onnmhairiú ó thír chomhchoiteann idirthurais**

*Airteagal 9 den Choinbhinsiún Airteagal 12, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

I gcás ina bhfuil sé beartaithe earraí de chuid an Aontais, a tháinig isteach i dtír chomhchoiteann idirthurais, a ath-onnmhairiú faoi nós imeachta idirthurais seachas idirthuras comhchoiteann, ní gá an T2L/T2LF a athnuachan ar choinníoll nár cuireadh na hearraí i dtrádstóras roimh athchoinsíniú. Chun a léiriú gur fhan na hearraí faoi mhaoirseacht bhuan na n-údarás custaim, cuireann oifig custaim inniúil na tíre comhchoitinne idirthurais stampa ar éadan tosaigh uachtair an doiciméid, chun an dáta a ath-onnmhairíodh na hearraí a chur leis.

Mar shampla: Tagann earraí de chuid an Aontais isteach i dtír chomhchoiteann idirthurais ar shoitheach neamh-RSS agus déantar iad a ath-onnmhairiú ar thrucail faoi nós imeachta TIR. Tabhair faoi deara go ndéantar tréimhse bailíochta an doiciméid T2L/T2LF a shrianadh go dtí 90 lá.

**Cruthúnas a eisiúint i dtíortha comhchoiteanna idirthurais**

*Airteagal 2, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní féidir cruthúnas le haghaidh earraí de chuid an Aontais atá á ngluaiseacht ó thír chomhchoiteann idirthurais a sholáthar ach amháin ar choinníoll go n-iompraítear na hearraí sin go díreach ón tír chomhchoiteann idirthurais sin go dtí tír chomhchoiteann idirthurais eile nó chuig Ballstát:

- gan dul trí thríú tír; nó

- nuair atá siad á ngluaiseacht trí thríú tír, go ngluaistear iad faoi dhoiciméad aonair iompair arna eisiúint i dtír chomhchoiteann idirthurais.

**Earraí de chuid an Aontais a onnmhairiú ó thír chomhchoiteann idirthurais**

*Airteagal 2, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní féidir cruthúnas ar stádas Aontais a úsáid le haghaidh earraí de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú ó thír chomhchoiteann idirthurais nó ón Aontas Eorpach.

**Toimhde maidir le stádas Aontais earraí**

*Cead isteach sealadach*

*Airteagal 9(2) den Choinbhinsiún*

Ní éilítear cruthúnas ar stádas Aontais, áfach, le haghaidh earraí de chuid an Aontais i dtír chomhchoiteann idirthurais a chuirtear faoin nós imeachta um chead isteach sealadach agus nach ndearnadh aon chóireáil orthu seachas a mhéid is gá chun iad a chaomhnú ina riocht bunaidh nó chun coinsíneachtaí a scoilteadh áfach.

*Conair-T2*

*Airteagal 2a, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfar earraí a bhfuil stádas custaim acu mar earraí de chuid an Aontais arna n-iompar d'iarnród a ghluaiseacht, gan iad a bheith faoi réir nós imeachta custaim, ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus a iompar trí chríoch tíre comhchoitinne idirthurais gan a stádas custaim a athrú. Le haghaidh tuilleadh sonraí ar Chonair-T2, féach Cuid VI – Roinn 3.5.5

## II.4 Gluaiseachtaí d'earraí de chuid an Aontais gan cruthúnas ar Stádas Aontais

### II.4.1 Arna n-iompar d'aer

*Airteagal 119(2)(a) DA*

Earraí de chuid an Aontais arna n-iompar d'aer ó aerfort amháin laistigh den Aontas Eorpach go dtí aerfort eile san Aontas gan aon stop lasmuigh den Aontas Eorpach, tairbhíonn siad de thoimhde maidir le stádas Aontais ar choinníoll go gcumhdaítear iad le doiciméad aonair iompair, i.e. AWB arna eisiúint i mBallstát. Dá bhrí sin, sna himthosca sin, ní éilítear aon chruthúnas i ndáil leis na hearraí de chuid an Aontais.

### II.4.2 Seirbhís rialta loingseoireachta

#### II.4.2.1 Sainmhíniú

*Airteagal 120 DA*

Cuideachtaí loingseoireachta nach n-oibríonn ach seirbhísí (gearrthurais) idir dhá chalafort nó níos mó san Aontas agus a iompraíonn earraí de chuid an Aontais, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar údarú mar sheirbhís rialta loingseoireachta (RSS).

Má iompraítear earraí de chuid an Aontais ar bord soithigh atá formheasta le haghaidh RSS idir dhá chalafort nó níos mó de chuid an Aontais, coinníonn na hearraí sin a stádas Aontais, agus ní gá an

stádas sin a chruthú do na húdaráis chustaim ag na calafoirt teachta san Aontas Eorpach. Ní cheadaítear don soitheach atá sannta mar RSS:

- dul isteach in aon chalafort lasmuigh de críoch chustaim an Aontais;
- dul isteach i gcalafort nach bhfuil ar na bealaí atá formheasta do RSS;
- dul isteach i gcalafort i gcrios saor i gcalafort san Aontas Eorpach;
- aon trasloingsiú d'earraí ar muir a dhéanamh.

*Airteagal 119(2)(b) DA*

Dá bhrí sin, féadfar RSS a chur i gcomparáid le droichead talún idir dhá chalafort nó níos mó san Aontas gan aon seiceáil chustaim ar aon taobh den droichead. Ní mór earraí nach de chuid an Aontais iad arna n-iompar ag soitheach atá formheasta mar RSS a chur faoi nós imeachta idirthurais T1 áfach.

Nuair a sheolann soitheach neamh-RSS idir dhá chalafort san Aontas agus go bhfágann sí críoch chustaim an Aontais, cailleann na hearraí de chuid an Aontas atá ar bord a stádas Aontais. Nuair a thiocfaidh na hearraí de chuid an Aontais ar ais isteach san Aontas ní mór a stádas a chruthú, nó measfaidh na húdaráis chustaim nach earraí de chuid an Aontais iad na hearraí uile ar bord an tsoithigh.

I gcás ina n-oibríonn seirbhísí loingseoireachta idir calafoirt san Aontas agus calafoirt lasmuigh den Aontas, ní thabharfar údarú dóibh mar RSS i gcomhair na mbealaí sin. I gcás earraí de chuid an Aontais arna n-iompar ar bord soithigh neamh-RSS, ní mór stádas custaim na n-earraí sin a chruthú nuair a bheidh siad á ndíluchtú ag calafort san Aontas.

Leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ní chumhdaítear éascú RSS ná úsáid a bhaint as doiciméad leictreonach iompair (ETD) mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh muiriompair.

Níor cheart an coincheap RSS sin a mheascadh suas leis an téarma 'seirbhís rialta' de réir mar a úsáideann oibreoirí muiriompair é.

### II.4.2.2 Nós imeachta chun seirbhísí rialta loingseoireachta a údarú

*Airteagail 120 agus 121 DA*
*Airteagal 39(a) CCA*

Ní thugtar údarú do chuideachtaí loingseoireachta ach ar na coinníollacha seo a leanas:

- tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
- ní dhearna siad sárú tromchúiseach ná athsháruithe ar

reachtaíocht custaim ná ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith acu ar chionta tromchúiseacha coiriúla a bhaineann lena ngníomhaíocht eacnamaíoch (tabhair faoi deara: meastar an coinníoll sin a bheith comhlíonta má tá stádas mar oibreoir eacnamaíoch údaraithe (AEO) acu);

- geallann siad, nuair a bheidh an t-údarú eisithe, go gcuirfidh siad an méid seo a leanas in iúl don údarás custaim a thug an t-údarú:
    - ainmneacha na soithí atá ainmnithe do RSS;
    - an calafort ina dtosaíonn an soitheach ag oibriú mar RSS; agus
    - na calafoirt chuarda;
- geallann siad nach rachaidh siad isteach in aon chalafort lasmuigh de críoch chustaim an Aontais ná in aon chrios saor i gcalafort san Aontas Eorpach, agus nach ndéanfaidh siad aon trasloingsiú ar earraí ar muir;

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta lena rialaítear cinntí na n-údarás custaim maidir leis an údarú chun seirbhísí rialta loingseoireachta a bhunú. Dá bhrí sin, tá an fheidhm chéanna ag na treoirlínte a shonraítear i gCuid VI, Ranna 2.2 go 2.5 chomh maith leis na sonraíochtaí a shonraítear thíos.

**TRÁDÁIL**

Ní mór na Ballstáit ina bhfeidhmítear RSS a shonrú san iarratas agus féadfar Ballstáit a shonrú ann a dhearbhaíonn an t-iarratasóir maidir le pleananna i gcomhair seirbhísí amach anseo.

*Airteagal 195 IA*

Tar éis dó an iarraidh a scrúdú, ba cheart don údarás custaim inniúil (an t-údarás custaim údarúcháin) fógra a thabhairt, trí Chóras Cinntí na nÚdarás Custaim, do na húdaráis chustaim (na húdaráis chustaim a ndeachthas i gcomhairle leo) sna Ballstáit eile ina n-oibríonn an tseirbhís loingseoireachta a iarrann a gcomhaontú, nó ina bhféadfadh sí oibriú amach anseo. Ní mór do na húdaráis riaracháin eile a dtoiliú nó a ndiúltú a chur in iúl laistigh de 15 lá tar éis dóibh fógra a fháil ón údarás custaim údarúcháin. Má dhiúltaíonn an Ballstát lena ndeachthas i gcomhairle an iarraidh, ní mór dó an chúis/na cúiseanna, agus na forálacha dlíthiúla comhfhreagracha a bhaineann leis an gcion a rinneadh, a chur in iúl trí Chóras Cinntí na nÚdarás Custaim. Ní mór d’údaráis an Bhallstáit ina ndearnadh an t-iarratas an t-údarú a dhiúltú agus fógra a thabhairt don iarratasóir ina luaitear na cúiseanna leis an diúltú.

*Airteagal 195 IA*

Mura bhfaightear aon fhreagra nó diúltú laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear an fógra, ní mór do na húdaráis chustaim údarúcháin údarú a eisiúint chuig an gcuideachta loingseoireachta lena mbaineann.

Ní mór do na Ballstáit eile ina n-oibríonn an tseirbhís loingseoireachta, nó ina bhféadfaidís oibriú amach anseo, glacadh leis an údarú.

*Airteagal 121 DA*

**TRÁDÁIL**

Tar éis don chuideachta loingseoireachta údarú a fháil chun seirbhísí rialta loingseoireachta a bhunú, ní mór di clárú leis an údarás custaim údarúcháin:

a) ainmneacha na soithí atá ainmnithe do RSS;
b) an chéad chalafort ina dtosaíonn an soitheach ag oibriú mar RSS;
c) na calafoirt chuarda;

agus fógra a thabhairt don údarás custaim údarúcháin maidir leis an méid seo a leanas:

d) aon leasú ar an bhfaisnéis in a), b) agus c);
e) an dáta agus an t-am a bheidh éifeacht ag na leasuithe;

agus, i gcás inarb iomchuí:

f) ainmneacha na bpáirt-chairtfhostóirí.

*Airteagal 121 DA agus Airteagal 196 IA*

**CUSTAIM**

Ní mór na leasuithe uile ar an údarú arna chur in iúl ag an gcuideachta loingseoireachta a bheith cláraithe i gCóras Cinntí na nÚdarás Custaim laistigh de 1 lá oibre ó lá na cumarsáide agus ní mór rochtain a bheith orthu ag na húdaráis chustaim lena mbaineann RSS. Beidh éifeacht ag an gclárú leasaithe ar an gcéad lá oibre tar éis dó a bheith cláraithe.

Ní mór gach comhfhreagras le húdaráis chustaim eile a bhfuil baint acu le RSS a dhéanamh trí Chóras Cinntí na nÚdarás Custaim.

Tá liosta le fáil in Iarscríbhinn II.8.4 de na húdaráis atá freagrach as an nós imeachta um údarú agus an chumarsáid maidir le RSS.

**CUSTAIM**

Údarú => clárú sa chóras leictreonach faisnéise agus cumarsáide maidir le RSS.

I gcás inarb iomchuí, líon isteach an bosca 'Faisnéis eile' san údarú RSS le hainm an pháirt-chairtfhostóra/na bpáirt-chairtfhostóirí le haghaidh gach soithigh.

*Líonfar isteach an fhaisnéis sin tar éis an nuashonraithe ar* Chóras Cinntí na nÚdarás Custaim *atá beartaithe le haghaidh dheireadh 2020.*

### II.4.2.3 Comhshocruithe maidir le páirt-chairtfhostú

I gcás comhshocruithe maidir le páirt-chairtfhostú, ní mór don duine (léasóir nó cairtfhostóir), nó dá ionadaí, iarratas a chur isteach ar údarú le haghaidh RSS, ina sainítear RSS, i.e. ina luaitear an soitheach/na soithí a úsáidfear do RSS agus ina sonraítear na calafoirt chuarda. Féadfaidh na húdaráis chustaim údarúcháin aon fhaisnéis bhreise a iarraidh a mbeadh gá léi chun an t-iarratas a phróiseáil.

In Iarscríbhinn II.8.1 tugtar samplaí ar 'lastchonradh' lena n-áirítear comhshocruithe fo-chairtfhostaithe agus páirt-chairtfhostaithe.

### II.4.2.4 Coinníollacha a fhíorú maidir le RSS

Féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh ar an gcuideachta loingseoireachta fianaise a sholáthar go gcloíonn sí leis na forálacha a bhaineann le hoibriú RSS, eadhon go n-oibrítear RSS ar bhonn na faisnéise atá cláraithe leis an údarás custaim inniúil agus nach dtugann sé cuairt ach ar na calafoirt chuarda cláraithe amháin.

I gcás ina suíonn údarás custaim nár cloíodh le forálacha RSS, cuirfidh sé údaráis chustaim na mBallstát eile ina n-oibrítear RSS ar an eolas láithreach, trí chóras Cinntí na nÚdarás Custaim, ionas go bhféadfaidís na bearta is gá a dhéanamh.

### II.4.2.5 Seirbhís rialta loingseoireachta nó seirbhís neamhrialta loingseoireachta

Ní mór earraí nach de chuid an Aontais iad, agus earraí de chuid an Aontais i gcásanna áirithe, arna n-iompar ar shoitheach RSS, a ghluaiseacht faoi nós imeachta custaim ('leoraí ar an mbád farantóireachta') nó iad a chur faoi nós imeachta idirthurais de chuid an Aontais (T1 nó T2F) chun iad a iompar ar RSS. Chun na críche sin, féadfaidh RSS a roghnú cé acu an bhfaigheann sé údarú chun ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras i ndáil le muiriompar nó an n-úsáideann sé an nós imeachta idirthurais caighdeánach (agus úsáid á baint as an dearbhú NCTS bunaithe ar DRA agus ráthaíocht) le haghaidh earraí T1 nó T2F. Má úsáidtear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh muiriompair, féadfar lastliostaí RSS a úsáid chun na críche sin agus ní ga aon ráthaíocht a sholáthar.

I gcás ina n-oibríonn seirbhísí loingseoireachta gearrthurais idir dhá chalafort nó níos mó san Aontas Eorpach agus go n-iompraíonn siad earraí nach de chuid an Aontais iad den chuid is mó, ba cheart do na hoibreoirí sin aird a thabhairt ar an iarracht riaracháin a bhíonn i gceist lena leithéid. Ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar cé acu an fiú nó nár fiú na ceanglais riaracháin a chomhlíonadh a éilítear chun údarú/údaruithe a fháil i ndáil le húsáid a bhaint as RSS agus ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh muiriompair agus na ceanglais oibriúcháin a chomhlíonadh a éilítear chun úsáid a bhaint as na húdaruithe sin. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh na hoibreoirí breithniú ar úsáid a bhaint as seirbhís neamhrialta loingseoireachta. Dá réir sin, ní bheadh aon ghá le húdarú RSS agus d'fhéadfadh an t-oibreoir cruthúnas simplí a sholáthar ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

**Imthosca gan choinne le linn iompar RSS**

Nuair a bhíonn ar shoitheach atá cláraithe le haghaidh RSS earraí a thasloingsiú ar muir nó cuairt a thabhairt ar chalafort lasmuigh den Aontas, calafort neamh-RSS nó crios saor i gcalafort de chuid an Aontais, nó earraí a luchtú nó a dhíluchtú ag calafort den sórt sin, mar gheall ar imthosca gan choinne, ní mór don chuideachta loingseoireachta na húdaráis chustaim ag gach calafort cuarda de chuid an Aontais ina dhiaidh sin feadh bhealach sceidealaithe an tsoithigh a chur ar an eolas faoin gcuairt sin láithreach.

Níor cheart stádas custaim na n-earraí ar bord an tsoithigh sin a athrú ach amháin i gcás ina ndéantar earraí nua a luchtú nó go ndéantar earraí a dhíluchtú agus a fhágáil ag na suíomhanna sin.

**Sampla 1** **Nua-Eabhrac/Le Havre/Antuairp ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta**

Meastar nach earraí de chuid an Aontais iad na hearraí go léir nuair a thagann siad isteach in Le Harve.

- Maidir le hearraí de chuid an Aontais (seachas earraí atá faoi réir dleachtanna máil) a luchtaítear in Le Harve: ní mór doiciméad T2L nó, arna iarraidh sin don chuideachta loingseoireachta, lastliosta na cuideachta loingseoireachta agus an cód 'C' air a úsáid.
- Le haghaidh earraí de chuid an Aontais atá faoi réir dleachtanna máil a luchtaítear in Le Havre: ní mór asphrionta den doiciméad riaracháin leictreonach (e-AD) (dá bhforáiltear le hAirteagail 21 agus 34 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle agus Rialachán

Uimh. 684/2009) a úsáid.

**Sampla 2** **Le Havre/Pointe à Pitre (Guadalúip) ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta**

Meastar nach earraí de chuid an Aontais iad na hearraí go léir nuair a thagann siad isteach in Pointe à Pitre.

- Le haghaidh earraí de chuid an Aontais: ní mór doiciméad T2LF nó, arna iarraidh sin don chuideachta loingseoireachta, lastliosta na cuideachta loingseoireachta agus an cód 'F' air a úsáid.

**Sampla 3** **Genova/Marseille ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta**

Meastar nach earraí de chuid an Aontais iad na hearraí go léir nuair a thagann siad isteach in Marseille.

- Maidir le hearraí de chuid an Aontais (seachas earraí atá faoi réir dleachtanna máil) a luchtaítear in Genova: ní mór doiciméad T2L nó, arna iarraidh sin don chuideachta loingseoireachta, lastliosta na cuideachta loingseoireachta agus an cód 'C' air a úsáid.
- Le haghaidh earraí de chuid an Aontais atá faoi réir dleachtanna máil a luchtaítear in Genova: ní mór asphrionta de e-AD (dá bhforáiltear le hAirteagail 21 agus 34 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 684/2009) a úsáid.

**Sampla 4** **Nua-Eabhrac/Le Havre/Antuairp ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta**

Nuair a thagann an soitheach isteach in Le Havre measfar earraí nach de chuid an Aontais iad na hearraí go léir.

Déantar cuid díobh a dhíluchtú in Le Havre agus fágtar an chuid eile ar bord.

Tá dhá fhéidearthacht ann.

- *Déantar na hearraí a dhíluchtú in Le Havre agus a iompar de bhóthar chuig Antuairp*: éilítear nós imeachta idirthurais T1 le haghaidh an iompair de bhóthar agus ní mór ráthaíocht a sholáthar.
- *Ní dhéantar na hearraí a dhíluchtú in Le Havre agus iompraítear ar muir iad chuig Antuairp*: ní gá nós imeachta idirthurais T1 a sholáthar. Nuair a thiocfaidh na hearraí isteach in Antuairp measfar nach earraí de chuid an Aontais iad na

hearraí go léir mura gcuirfear fianaise i láthair ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais.

**Sampla 5** **Onnmhairiú earraí i gcás ina ndéantar iarratas ar aisíocaíocht**

**Le Havre/Antuairp/Nua Eabhrac ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta**

Cuirtear na foirmiúlachtaí onnmhairithe i gcrích ag Le Harve, áit a gcuirtear na hearraí ar bord soithigh faoi chonradh iompair aonair le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach agus iompraítear chuig Antuairp iad, áit a ndéantar iad a luchtú ar shoitheach eile ar a bhealach chuig tír lasmuigh den Aontas.

Ós rud é go n-iompraítear na hearraí sin ar sheirbhís neamhrialta loingseoireachta, meastar nach earraí de chuid an Aontais iad.

**Cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais i gcás trasloingsiú**

Iompraítear earraí de chuid an Aontais faoi RSS (féach Roinn II.4.2.). Dá ndéanfaí na hearraí a thrasloingsiú ina dhiaidh sin i gcalafort de chuid an Aontais ar shoitheach nach seirbhís rialta loingseoireachta é, chaillfí an stádas sin agus chuirfí na hearraí i stóráil shealadach. Chruthódh sé sin fadhb sa chalafort cinn scríbe deiridh san Aontas (urscaoileadh). Léirítear an fhadhb sin sna léaráidí seo a leanas:

BAILE ÁTHA CLIATH
Luchtaítear earraí de chuid an Aontais
→
**Soitheach A** (RSS)
→
MARSEILLE
trasloingsiú
→
**Soitheach B** (neamh-RSS)
→
TARANTO
éilítear cruthúnas ar stádas Aontais

Sna cásanna sin, is é T2L, arna eisiúint agus arna údarú ag na húdaráis inniúla ag an gcalafort trasloingsithe, e.g. Marseille, ar a dhéanaí, a úsáidfear mar an cruthúnas a éilítear ag an gcalafort cinn

scríbe deiridh san Aontas (urscaoileadh, e.g. Taranto).

Sna cásanna sin, moltar cruthúnas ar stádas a bheith in éineacht leis na hearraí ó thús na hoibríochta iompair (soitheach A).

De rogha air sin, féadfar an cruthúnas a éilítear a léiriú le lastliosta na cuideachta loingseoireachta (féach Mír II.4.2).

### II.4.3 Conair-T2

Féach Cuid VI.3.5.5

## II.5 Forálacha sonracha maidir le táirgí iascaireachta mara agus earraí a fhaightear ó tháirgí den sórt sin

### Cruthúnas ar stádas custaim do tháirgí iascaireachta mara de chuid an Aontais agus táirgí eile a thógann soithí ón bhfarraige

*Airteagal 213 IA*

Ní mór logleabhar iascaireachta, dearbhú maidir le teacht i dtír, dearbhú maidir le trasloingsiú agus sonraí faireacháin soithigh, de réir mar is iomchuí, a sholáthar chun stádas Aontais a chruthú maidir le:

- táirgí iascaireachta mara arna ngabháil ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, in uiscí seachas uiscí críche tríú tír; agus
- earraí arna bhfáil ó tháirgí den sórt sin ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais nó long monarchan de chuid an Aontais, agus go bhféadfadh sé gur úsáideadh táirgí eile a bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu chun na hearraí sin a tháirgeadh.

*Airteagal 129 DA*

Ní mór dóibh seo a leanas an logleabhar iascaireachta, dearbhú maidir le teacht i dtír, dearbhú maidir le trasloingsiú agus sonraí faireacháin soithigh, de réir mar is iomchuí, a chur i láthair:

1. an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ghabh na táirgí agus, i gcás inarb infheidhme, a rinne próiseáil orthu; nó
2. soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais, nó long monarchan de chuid an Aontais a rinne próiseáil ar na hearraí tar éis an trasloingsithe ón soitheach dá dtagraítear i bpointe 1; nó
3. aon soitheach eile ar trasloingsíodh na táirgí agus earraí sin chuige ó na soithí dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2, gan aon athruithe breise a dhéanamh; nó,
4. modh iompair a chumhdaítear le doiciméad aonair iompair a eisíodh sa tír nó críoch nach bhfuil ina cuid de chríoch chustaim an Aontais ar tugadh na táirgí nó earraí i dtír inti ó na soithí dá dtagraítear i bpointí 1, 2 nó 3.

*Airteagal 214 IA*

Nuair a dhéantar táirgí iascaireachta mara nó earraí a fhaightear ó na táirgí sin a thrasloingsiú agus a iompar trí chríoch lasmuigh den Aontas Eorpach sula n-iompraítear chuig an Aontas Eorpach iad, ní mór cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chur i láthair i ndáil leis na táirgí agus earraí sin nuair a thagann siad isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Is féidir é sin a chur ar fáil mar asphrionta den logleabhar iascaireachta lena n-áirítear deimhniú ó údarás custaim na tíre nó na críche sin ar an méid a

leanas:

- bhí na hearraí faoi mhaoirseacht custaim fad is a bhí siad sa tír nó sa chríoch sin; agus
- ní dhearnadh iad a láimhseáil seachas a mhéid ba ghá chun iad a chaomhnú.

Féadfaidh ceachtar díobh seo a leanas a bheith i gceist leis an asphrionta den logleabhar iascaireachta mar a leagtar amach sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair:

- an t-asphrionta de na codanna ábhartha den logleabhar iascaireachta (i.e. sliocht), lena n-áirítear na sonraí maidir le trasloingsiú, i gcás inarb infheidhme; nó
- an t-asphrionta den logleabhar iascaireachta iomlán, ar choinníoll go gcumasaítear leis an choinsíneacht faoi seach d'earraí nó táirgí iascaireachta mara a aithint agus go bhfuil tagairt ann don logleabhar iascaireachta ábhartha.

Níl oibleagáid dhlíthiúil ar údaráis chustaim tríú tíortha a dheimhniú nár láimhsíodh na hearraí agus táirgí iascaireachta mara a trasloingsíodh agus a iompraíodh trí na tíortha sin ar asphrionta den logleabhar iascaireachta. Dá bhrí sin, féadfar glacadh le deimhniú seachas deimhniú atá bunaithe ar asphrionta den logleabhar iascaireachta.

Tá foirm an doiciméid deimhniúcháin neamhshrianta; tá sampla a sholáthair an tionscal iascaireachta le fáil in Iarscríbhinn II.8.5. Tá sampla eile, deimhniú neamh-láimhseála a eisíodh i Singeapór, le fáil in Iarscríbhinn II.8.6.

*Airteagail 130 agus 133 DA*

In Airteagal 130 DA leagtar amach na ceanglais maidir le sonraí i ndáil leis an gcruthúnas ar stádas custaim Aontais le haghaidh earraí agus táirgí iascaireachta mara, arna seachadadh go díreach nó trí thrasloingsiú chuig críoch chustaim an Aontais.

In Airteagal 133 DA leagtar amach na ceanglais maidir le sonraí i ndáil le deimhniú ar neamh-láimhseáil earraí agus táirgí iascaireachta mara arna dtrasloingsiú agus arna n-iompar trí thríú tír nó críoch, atá ina chuid lárnach den chruthúnas ar stádas custaim Aontais na n-earraí agus na dtáirgí sin.

Má úsáidtear doiciméid eile seachas asphrionta den logleabhar iascaireachta, nó asphrionta de na codanna ábhartha den logleabhar iascaireachta, chun neamh-láimhseáil a dheimhniú, ní mór an méid seo a leanas a bheith sna modhanna cruthúnais eile sin:

- na sonraí ábhartha go léir a leagtar amach in Airteagal 130

agus 133 DA;

- tagairt don logleabhar iascaireachta.

Ní mór an t-asphrionta den logleabhar iascaireachta ábhartha, nó asphrionta de na codanna ábhartha den logleabhar iascaireachta a bheith in éineacht leis na modhanna cruthúnais sin nuair a chuirtear i láthair údaráis chustaim na mBallstát iad tráth a thagann siad isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

Maidir leis an bhfaisnéis faoin áit inar gabhadh na táirgí iascaireachta mara, mar a leagtar síos in Airteagal 130(1)(a), tuigtear go gcaithfear leis an bhfaisnéis faoi láthair bheacht na gabhála mar fhaisnéis íogair agus go bhféadfaí fadhbanna a chruthú dá ndéanfaí an fhaisnéis sin a chomhroinnt le húdaráis chustaim tríú tíortha chun críche an deimhnithe. Dá bhrí sin, níor cheart a éileamh go gcuirfear an fhaisnéis sin san áireamh sna doiciméid a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim tríú tíortha ar mhaithe le deimhniú, ar choinníoll go gcuirfear an fhaisnéis faoi láthair bheacht na gabhála ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát nuair a thiocfaidh na táirgí agus earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

**II.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**II.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**II.7.1 Doiciméad T2L(T2LF) arna fhíordheimhniú ar mhodh leictreonach**

## II.8 Iarscríbhinní

### II.8.1 Sampla de 'lastchonradh' lena n-áirítear comhshocruithe fochonraitheoireachta agus páirt-chairtfhostaithe

### Páirt-chairtfhostú

Mínítear gnéithe tráchtála an pháirt-chairtfhostaithe sa mhír seo, agus cuirtear béim go háirithe ar iompar coimeádán agus na hiarmhairtí d'idirthuras san Aontas.

1. <u>Réamhrá</u>

I gcás trácht coimeádán, tugtar 'cairtfhostú sliotán' ar pháirt-chairtfhostú den chuid is mó. Is é atá i gceist le 'sliotán' cuid de spás lasta soithigh de mhéid bheacht arb ionann í agus coimeádán amháin nó aonad coimeádáin amháin. Tá dhá chineál coimeádáin ann:

a) TEU = coibhéis fiche troigh
agus
b) FEU = coibhéis daichead troigh (aka 2 choimeádán TEU)

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ar na cineálacha eile coimeádáin tá 10 dtroithe, coimeádán d'ardtoilleadh, 45 troithe, etc.

2. <u>Cineálacha cairtfhostaithe sliotáin</u>

Tá dhá phríomhchineál ann:

a) gnáth-chairtfhostú sliotáin

b) comhaontú comhroinnte soithí

3. <u>Gnáth-chairtfhostú sliotáin</u>

Faoi ghnáth-chairtfhostú sliotáin, déanann cairtfhostóir (cuideachta loingseoireachta) roinnt 'sliotán' a chairtfhostú ó longúinéir (cuideachta loingseoireachta eile a bhfuil acmhainn iomarcach aici ar shoitheach). Íocann an cairtfhostóir suim as líon iomlán na sliotán atá cairtfhostaithe aige (de ghnáth), bíodh nó ná bíodh siad ábalta iad go léir a úsáid. Tabharfar an gnáth-chairtfhostú sliotáin i gcrích ar bhonn turas ar thuras (de ghnáth).

4. <u>Comhaontú comhroinnte soithí</u>

Faoin gcomhaontú comhroinnte soithí comhaontaíonn dhá chuideachta loingseoireachta (nó níos mó) go gcuirfidh siad líon seasta sliotán ar fáil dá chéile ar shoithí nó bealaí ainmnithe. Oibrítear na comhaontuithe sin ar leibhéal cómhalartach de ghnáth agus ní thugann na cuideachtaí a bhíonn i gceist aon íocaíocht dá chéile as na sliotáin.

5. Iarmhairtí tráchtála

(a) Seachas go mbíonn íocaíocht i gceist le gnáth-chairtfhostú sliotáin agus nach mbíonn le comhaontuithe comhroinnte soithí, bíonn cur chun feidhme dlíthiúil an dá chineál cairte mar an gcéanna.

(b) Oibrítear an córas cosúil le gnáth-chairtfhostú, i.e. an lasta a iompraítear faoi chairtfhostú sliotáin/chomhaontuithe comhroinnte soithí, iompaítear é in ainm an chairtfhostóra, ar an mBille Luchta agus na lastliostaí lena mbaineann. Eiseoidh úinéir an tsoithigh Bille Luchta Aigéin amháin lena gcumhdófar líon iomlán na sliotán atá in úsáid – seachas Bille Luchta amháin in aghaidh an choimeádáin/na coinsíneachta. Ní bhíonn aon doiciméadacht fholuiteach ag úinéir an tsoithigh (seachas dearbhuithe maidir le lasta contúirteach, etc.) i ndáil leis na coinsíneachtaí ar leith: lastóir, coinsíní, inneachar, etc.

(c) Bíonn lasta atá á iompar faoi chomhaontuithe cairtfhostaithe sliotáin/comhroinnte soithí á iompar *de facto* amhail is gur ar bord ceann de shoithí an chairtfhostóra féin atá sé.

(d) D'fhéadfadh sé nach gá don lastóir/choinsíní a bheith ar an eolas – nó nach gá a insint dó – go bhfuil cuid den iompar á dhéanamh ar bord soithigh atá mar ábhar comhaontú cairtfhostaithe sliotáin/comhroinnte soithí.

(e) Gheobhaidh an lastóir/coinsíní Bille Luchta arna eisiúint ag an gcuideachta loingseoireachta a bhfuil conradh aige léi chun an t-iompar a dhéanamh.

6. Na hiarmhairtí d'idirthuras san Aontas

I gcás ina n-oibrítear comhshocruithe páirt-chairtfhostaithe tráchtála, féadfaidh gach cuideachta loingseoireachta gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais Airteagail 50 agus 51 den Treoir um Thrédhearcacht (TDA) ina hiomláine leis na lastliostaí go léir.

Thairis sin, ní mór a léiriú ar mhír an Bhille Luchta Aigéin ar lastliosta an tsoithigh a iompraíonn an lasta, do na húdaráis inniúla ag an gcalafort cinn scríbe, go mbeidh na rialuithe idirthurais bunaithe ar lastliostaí agus billí luchta an chairtfhostóra.

7. Na hiarmhairtí a bhaineann le seirbhísí rialta loingseoireachta (RSS) a fhormheas

a) I gcás comhshocruithe maidir le páirt-chairtfhostú, ní mór don duine (léasóir nó cairtfhostóir) a shainíonn RSS iarratas a chur isteach ar údarú le haghaidh RSS.

Féadfaidh na húdaráis chustaim aon fhaisnéis a éileamh a theastaíonn uathu chun measúnú a dhéanamh ar an iarratasóir agus ar an gconradh cairtfhostaithe go háirithe.-

b) Samplaí:

Sampla 1:

- Is le longúinéir A an soitheach ar a dtugtar ‘Goodwill’ agus déanann sé amchairt le cuideachta loingseoireachta B. Faoin amchairt sin, cuireann A a soitheach ar fáil do B.

- Tá B freagrach as bainistiú tráchtála an tsoithigh atá ar léas aige. Sonraíonn sé na calafoirt ar a bhfreastalóidh a shoitheach (RSS). Déanann B comhaontú comhroinnte -soithí (páirt-chairtfhostú) le C, cuideachta loingseoireachta eile, chun a áirithiú go líonfar an soitheach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil comhshocruithe páirt-chairtfhostaithe curtha ar bun. Géilleann B saothrú tráchtála ar chuid de Goodwill le C ach coinníonn sé úsáid oibríochtúil na coda eile den soitheach. Déanfaidh B iarratas ar **údarú chun seirbhís rialta loingseoireachta (RSS) a oibriú le Goodwill.**

Sampla 2:

| Seirbhísí (1) | Soithí (2) | Na daoine atá freagrach as an tseirbhís a shainiú (3) | Cairtfhostóirí i bpáirt (4) |
|---|---|---|---|
| Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin – Leixoes – Vigo | Corvette agus Caravel | A | B: ar an Corvette: Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin; ar an Caravel: Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin – Vigo |
| | | | C: ar an Corvette: Rotterdam – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin; ar an Caravel: Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin – Vigo |
| | | | D: ar an Corvette: Rotterdam – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin |
| Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Bilbao – Liospóin – Leixoes – Vigo | Douro | B | A: Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Bilbao |
| | | | C: Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Bilbao – Liospóin – Leixoes |
| | | | D: Antuairp – Le Havre – Bilbao – Liospóin – |

| Seirbhísí (1) | Soithí (2) | Na daoine atá freagrach as an tseirbhís a shainiú (3) | Cairtfhostóirí i bpáirt (4) |
|---|---|---|---|
| | | | Leixoes – Vigo |
| Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin – Leixoes – Vigo | Angela J | C | A: Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin |
| | | | B: Rotterdam – Ros Láir – Antuairp – Le Havre - Liospóin |
| | | | D: Antuairp – Le Havre – Liospóin – Leixoes – Vigo |
| Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Bilbao – Liospóin – Leixoes – Vigo | Goodwill | D | A: Rotterdam – Baile Átha Cliath – Ros Láir – Antuairp – Le Havre – Liospóin |
| | | | B: Rotterdam – Ros Láir – Antuairp – Le Havre - Liospóin |
| | | | C: Antuairp – Le Havre – Liospóin – Leixoes – Vigo |

- Liostaítear seirbhísí i gColún 1, mar aon leis na calafoirt a úsáidfidh an soitheach/na soithí lena mbaineann. Is le haghaidh na seirbhísí sin a ndéantar iarratas ar údarú RSS.
- I gColún 2 ainmnítear an soitheach/na soithí atá sannta do na seirbhísí éagsúla. Chun a bheith cumhdaithe le hiarratas aonair ar údarú RSS, ní mór do shoithí dul isteach i ngach calafort a luaitear ann.
- I gColún 3 tugtar ainm an duine atá freagrach as an tseirbhís a shainiú (calafoirt chuarda, etc.). Is é sin an duine a dhéanann an t-iarratas ar údarú agus ní mór dó/di na páirt-chairtfhostóirí (féach Colún 4) a chur ar an eolas faoi stádas 'rialta' na seirbhíse. Ar ndóigh, féadfaidh an duine sin earraí a iompar tríd an tseirbhís sin chomh maith.
- I gColún 4 ainmnítear na páirt-chairtfhostóirí éagsúla a thóg spás ar léas ar shoitheach léasóra. Ní éilítear ar na daoine sin iarratas a dhéanamh ar údarú ach ní mór dóibh na nósanna imeachta custaim is infheidhme (ag brath ar stádas custaim

na n-earraí atá á n-iompar) maidir le seirbhísí ‘rialta’ a chomhlíonadh, nó a áirithiú go gcomhlíonann a gcliaint na nósanna imeachta sin.

c) Ábhar an iarratais agus an údaraithe i ndáil le RSS

Tugtar údarú don tseirbhís rialta loingseoireachta i gcomhréir leis na treoracha seo a leanas:

- Ginearálta:
  Ní mór don Choimisiún Eorpach agus d'údaráis chustaim na mBallstát an t-údarú a stóráil agus rochtain a bheith acu air, lena n-áirítear aon leasú ar an údarú, trí bhíthin an chórais leictreonaigh faisnéise agus cumarsáide maidir le RSS.

- Boscaí:

Bosca 1: Cuir isteach ainm agus seoladh iomlán na cuideachta loingseoireachta, nó a hionadaí.

Má tá bainistíocht tráchtála soithigh á gcomhroinnt idir roinnt cuideachtaí, a shonraíonn le chéile na calafoirt ar a bhfreastalófar, cuir isteach ainm agus seoladh iomlán gach cuideachta loingseoireachta lena mbaineann, nó ainm agus seoladh a hionadaí.

Sa chás sin, ní mór gach cuideachta loingseoireachta lena mbaineann a ainmniú mar an t-iarratasóir ar an iarratas aonair le haghaidh seirbhís rialta loingseoireachta.

Bosca 2: Cuir isteach na calafoirt chuarda in ord na gcuairteanna le haghaidh bealach áirithe. Cuirtear an cód tíre ISO iomchuí tar éis ainm gach calafoirt (mar shampla: Rotterdam (NL), Baile Átha Cliath (IE), Le Havre (FR)).

I gcás ina n-eisítear an t-údarú le haghaidh níos mó ná bealach amháin, ní mór gach bealach a shainaithint le huimhir (mar shampla: 1. Rotterdam (NL) – Baile Átha Cliath (IE) – Le Havre (FR), 2. Liospóin (PT) – Vigo (ES) – Bilbao (ES), etc.).

Bosca 3: Cuir isteach ainm an tsoithigh/na soithí a shanntar don bhealach a shonraítear i mBosca 2. Má tá níos mó ná bealach amháin liostaithe i mBosca 2, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na soithí le huimhir an bhealaigh ar a bhfreastalaíonn siad (mar shampla: 1. Neptune, Goodwill, 2. Corvette, 3. Douro, etc.).

Bosca 4: Cuir isteach ainm an pháirt-chairtfhostóra/na bpáirt-chairtfhostóirí (seachas ainmneacha na soithí). Ní mór don duine a dhéanann an t-iarratas ar údarú ainm an pháirt-chairtfhostóra/na bpáirt-chairtfhostóirí a sholáthar do na húdaráis chustaim. Tabhair faoi deara nach iad na páirt-chairtfhostóirí sealbhóirí an deimhnithe agus nach liostaítear i mBosca 1 iad.

Bosca 5: Ní mór don chuideachta loingseoireachta/do na cuideachtaí loingseoireachta, nó dá hionadaí/dá n-ionadaithe, a luaitear i mBosca 1 dáta agus síniú a chur sa bhosca seo.

Bosca A :Cuirtear an cód tíre ISO idir lúibíní tar éis ainm an Bhallstáit: (AT), (BE), (BG), (CY), (CZ), (DE), (DK), (EE), (ES), (FI), (FR), (GR), (HR), (HU), (IE), (IT), (LT), (LU), (LV), (MT), (NL), (PL), (PT), (RO), (SE), (SI), nó (SK).

**II.8.2 Lastliosta loingseoireachta – údarú TC12**

Údarú chun an simpliú a úsáid dá ndéantar foráil in Airteagal 128d 5(c) DA (Airteagal 18, Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún). Féach Roinn II.3.3.4.

**Údarú sampla TC 12**

<table>
<tr><td rowspan="2">1. Sealbhóir ar údarú</td><td>(Uimhir údaraithe)<br>………………………………</td></tr>
<tr><td>Údarú chun an simpliú a úsáid dá ndéantar foráil in Airteagal 128d 5(c) DA (Airteagal 18 d’Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún)</td></tr>
<tr><td colspan="2">2. Na tíortha agus calafoirt imeachta dá dtagraíonn an t-údarú seo agus ainm ionadaí/ionadaithe na cuideachta loingseoireachta.</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. Na tíortha agus calafoirt cinn scríbe dá dtagraíonn an t-údarú seo agus ainm ionadaí/ionadaithe na cuideachta loingseoireachta.</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. Faisnéis eile</td></tr>
</table>

| |
|---|
| 5. Údarás Eisiúna<br>Stampa<br><br>Ainm: Dáta:<br>Seoladh:<br><br>Tír: (Síniú) |

**II.8.2.B Iarscríbhinn B – Liosta de na húdaráis inniúla le haghaidh comhairliúcháin**

Chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil, cliceáil ar cheann de na naisc seo a leanas:

**EUROPA:**

https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en

### II.8.3 Cruthúnas ar stádas custaim mótarfheithiclí bóthair de chuid an Aontais

Chun stádas custaim mótarfheithiclí bóthair laistigh de chríoch chustaim an Aontais a chinneadh, is gá cloí leis na rialacha seo a leanas.

1. Na rialacha maidir le gluaiseacht earraí ó phointe amháin go pointe eile i gcríoch chustaim an Aontais, cuirtear i bhfeidhm mar an gcéanna iad maidir le gluaiseacht mótarfheithiclí bóthair, árthaí áineasa agus aerárthaí príobháideacha.

2. Leis an téarma gluaiseacht, ní hamháin go gcumhdaítear úsáid na feithicle nuair atá sí á gluaiseacht i gcríoch chustaim an Aontais ach, amhail na hearraí eile go léir de chuid an Aontais, cumhdaítear freisin aistriú úinéireachta (seachadadh/fáil) agus athrú áit chónaithe lenar gá an fheithicil a athlonnú gan úinéireacht a athrú.

3. Deirtear in Airteagal 153 CCA 'Toimhdeofar go mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí uile i gcríoch chustaim an Aontais, mura ndeimhneofar nach earraí de chuid an Aontais iad'. Baineann an toimhde sin le cúrsaíocht feithiclí chomh maith.

4. Dá bhrí sin, nuair a allmhairítear feithiclí ó thríú tír agus go gcuirtear i saorchúrsaíocht iad gan iad a chlárú i mBallstát, féadfar iad a sheoladh chuig Ballstát eile mar earraí de chuid an Aontais ós rud é gur comhlíonadh toimhde bhunúsach Airteagal 153 de Chód Custaim an Aontais. Chun críoch clárúcháin, ní mór plé le feithiclí den sórt sin ar an gcaoi chéanna a gcaitear le feithiclí a mhonaraítear san Aontas.

5. In imthosca den sórt sin, níor cheart clárú feithiclí nua a bheith ag brath ar chruthúnas ar stádas custaim na feithicle de chuid an Aontais.

6. I gcásanna ina bhfuil fíor-amhras i gceist, féadfaidh na húdaráis inniúla faisnéis a iarraidh faoi chúnamh frithpháirteach. Níor cheart iarrataí den sórt sin a dhéanamh go rialta áfach.

7. Dá réir sin, ní mór a bheith ábalta feithiclí de chuid an Aontais a ghluaiseacht laistigh de chríoch chustaim an Aontais de réir na gcoinníollacha céanna le hearraí eile de chuid an Aontais. Ní dhéantar foráil d'aon idirghabháil ag oifig custaim.

8. Ní dhéanann na rialacha seo difear do na forálacha is infheidhme maidir le hábhair fhioscacha i ndáil leis an gceanglas atá ar an úinéir a bheith cláraithe ina thír chónaithe.

9. Gan difear a dhéanamh do na rialacha thuas, meastar stádas Aontais a bheith ag aon mhótarfheithicil bóthair atá cláraithe i mBallstát ar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) cuirtear an doiciméad clárúcháin lena mbaineann ar fáil d'údaráis inniúla an Bhallstáit a dtugtar an fheithicil isteach ann;

   (b) comhfhreagraíonn clárú na feithicle, mar a léirítear leis an doiciméad sin agus leis an bpláta clárúcháin, do na forálacha thíos go beacht, ag brath ar thír an chlárúcháin.

**Ina éagmais sin, ba cheart cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bhunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 199 IA.**

10. Cruthúnas ar stádas custaim mótarfheithiclí bóthair de chuid an Aontais trí thagairt don chláruimhir (Airteagal 208 IA):

**An Ostair:**

San Ostair, bíonn 'sainchomhartha' agus 'comhartha discréideach' i gceist sa chóras uimhrithe.

Is é a bhíonn sa sainchomhartha litir amháin nó dhá litir lena sainaithnítear an ceantar riaracháin (ceantar polaitiúil), cathair reachtúil, rialtas stáit nó na húdaráis fheidearálacha; bíonn meascán d'uimhreacha agus litreacha sa réimír.

Léiríonn na huimhirphlátaí scríbhneoireacht dhubh ar réimse bán agus bíonn stiallacha imill dearg-bán-dearg os a cionn agus faoina bun. Ní mór litreacha Laidineacha agus uimhreacha Arabacha a bheith ar na plátaí ceadúnais. Ó mhí na Samhna 2002, bíonn réimse gorm agus 'A' bán air faoi fhleasc réaltaí an Aontais ar an taobh clé de na huimhirphlátaí.

Déantar na litreacha agus siombailí aitheantais a scaradh le suaitheantas. I gcás gnáthphlátaí, bíonn armas an stáit fheidearálaigh faoi seach le feiceáil faoi bhun ainm an stáit fheidearálaigh i mbloclitreacha dubha.

Uimhirphlátaí – i bhformáid tírdhreacha dronuilleogaí agus coirnéil chruinne orthu den chuid is mó – bíonn na toisí seo a leanas i gceist leo (leithead × airde):

- Líne amháin: 520 × 120 mm, airde na gcarachtar 67 mm
- Dhá líne: 300 × 200 mm, airde an chló 67 mm

Léaráidí samplacha:











**An Bheilg**:


Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Bheilg ach amháin sna cásanna a chuirtear i láthair thíos.

1. Tá an giorrúchán T1 ar an deimhniú clárúcháin, mar a léirítear thíos, agus tá an méid seo a leanas fíor ina leith:

a. i gcás inar eisíodh é roimh an 16 Samhain 2010, cuireadh i láthair é ar chúl an leathanaigh teidil, ar an taobh clé sa roinn atá tiomnaithe do chead isteach sealadach;




b. i gcás inar eisíodh é ón 16 Samhain 2010, cuireadh i láthair é ar aghaidh Chuid 1, sa tábla faoi chead isteach sealadach sa chúinne íochtair ar chlé.




2. Má tá pláta ceadúnais 'ceannaí' ar an bhfeithicil, **d'fhéadfadh sé** nach mbeadh stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ag an bhfeithicil sin. Sa chás sin, ní mór an t-údarú maidir le cead isteach sealadach a bheith san fheithicil. Is é atá ar an deimhniú clárúcháin, in ionad shaintréithe na feithicle, ná uimhir an phláta, an dáta bailíochta, an cineál 'plátaí déileálaí' agus an uimhir ar an gClár Náisiúnta nó uimhir na cuideachta agus an t-uastoilleadh sorcóra nó an uaschumhacht arna hiarraidh ag an sealbhóir.

*Ar na plátaí clárúcháin lena mbaineann, tá uimhir innéacs, grúpa de thrí litir agus grúpa de thrí dhigit sna teaglamaí seo a leanas:*

– – *'plátaí déileálaí' le haghaidh gluaisteán: 1 - Z + dhá litir eile + trí dhigit;*

– – *'plátaí déileálaí' le haghaidh gluaisrothar: 1 - ZM nó 1 – ZW + litir amháin eile + trí dhigit (tá na toisí difriúil ó phlátaí eile; innéacs agus litreacha ar barr, digití faoina mbun);*

– – *'plátaí déileálaí' le haghaidh móipéidí: 1 - SZ + litir amháin eile + trí dhigit (tá na toisí difriúil le plátaí eile; innéacs agus litreacha ar barr, digití faoina mbun);*

– – *'plátaí déileálaí' le haghaidh leantóirí: 1 - ZQ nó 1 - ZU + litir amháin eile + trí dhigit.*

*Bíonn dath glas ar na digití agus na huimhreacha agus cúlra bán taobh thiar díobh. Ní mór greamán féinghreamaitheach lena léirítear an bhliain a bheith greamaithe ar áit atá ainmnithe go sonrach freisin.*

3. Má tá pláta ceadúnais 'tástála' ar an bhfeithicil, **d'fhéadfadh sé** nach mbeadh stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ag an bhfeithicil sin. Sa chás sin, ní mór an t-údarú maidir le cead isteach sealadach a bheith san fheithicil. Ní cheadaítear na feithiclí sin a ghluaiseacht lasmuigh de chríoch na Beilge áfach. In ionad shaintréithe na feithicle, is é uimhir an phláta, an dáta bailíochta, an cineál 'plátaí déileálaí' agus an uimhir ar an gClár Náisiúnta nó uimhir na cuideachta atá ar an deimhniú clárúcháin.

*Ar na plátaí clárúcháin lena mbaineann, bíonn uimhir innéacs, grúpa de thrí litir agus grúpa de thrí dhigit (dhá dhigit i gcás móipéidí) sna teaglamaí seo a leanas:*

– *le haghaidh gluaisteán: 1 - ZZ + litir amháin eile + trí dhigit;*

– *le haghaidh gluaisrothar: 1 - ZZM nó 1 - ZZW + trí dhigit (tá na toisí difriúil le plátaí eile; litreacha ar barr, digití faoina mbun);*

– *le haghaidh móipéidí: 1 - SZZ + dhá dhigit (tá na toisí difriúil le plátaí eile; litreacha ar barr, digití faoina mbun);*

– *le haghaidh leantóirí: 1 – ZZQ nó 1 - ZZU + trí dhigit.*

*Bíonn dath glas ar na digití agus na huimhreacha agus cúlra bán taobh thiar díobh. Ní mór greamán féinghreamaitheach lena léirítear an bhliain a bheith greamaithe ar áit atá ainmnithe go sonrach freisin.*

**An Bhulgáir**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Bhulgáir má tá pláta dronuilleogach orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear litreacha agus uimhreacha araon i gcló dubh ar chúlra bán frithchaiteach agus banda gorm ar thaobh na láimhe clé de.

Tá bratach na Bulgáire agus na litreacha BG i gcló bán ar an mbanda gorm ar an bpláta clárúcháin.

Tá teaglaim de thrí ghrúpa sa chlárú (e.g. C 5027 AB).

- Tá litreacha sa chéad ghrúpa agus comhfhreagraíonn sé don roinn críche.
- Tá ceithre uimhir Arabacha sa dara grúpa.
- Is sraith atá sa tríú grúpa (litir amháin nó dhá litir).

Meastar nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Bhulgáir sna cásanna seo a leanas:

- tá pláta dronuilleogach orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear teaglaim de sé dhigit agus iad scartha sa lár leis an litir 'B' i gcló dubh ar chúlra bán agus tá bliain na bailíochta marcáilte ar chúlra dearg ar thaobh na láimhe deise.
- tá pláta dronuilleogach orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear teaglaim de shé dhigit agus iad scartha sa lár leis an litir 'T' nó 'H' i gcló dubh ar chúlra bán.
- tá pláta dronuilleogach orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear teaglaim de na litreacha 'C', 'CC' nó 'CT' le digití i gcló bán ar chúlra dearg; nó
- tá pláta dronuilleogach orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear teaglaim de na litreacha 'XX' le digití i gcló bán ar chúlra gorm.

D'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí ar a bhfuil plátaí clárúcháin den sórt sin.

Ní féidir a stádas a fhíordheimhniú ach trí fhéachaint ar an doiciméadacht ábhartha amháin.

**An Chróit**

1. Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Chróit i gcás ina bhfuil plátaí ceadúnais faoi seach orthu.

Tá na plátaí ceadúnais d'fheithiclí déanta de mhiotal, atá brataithe le scragall frithchaiteach, sainaithnítear an ceantar riaracháin orthu agus léirítear cláruimhir na feithicle i litreacha dubha ar chúlra bán. Tá armas na Cróite sa spás idir an ceantar riaracháin agus cláruimhir na feithicle.

Go heisceachtúil, maidir le plátaí ceadúnais na *bhfeithiclí nach gcomhlíonann na coinníollacha a sonraíodh* maidir leis na toisí (fad, leithead, airde) i.e. a bhfuil a n-uasmheáchan ceadaithe níos mó ná mar a sonraíodh, i.e. meáchan ceadaithe na n-acastóirí, bíonn litreacha agus uimhreacha i gcló dearg orthu.

Maidir le plátaí ceadúnais d'fheithiclí atá faoi úinéireacht saoránach eachtrach dá dtugtar cónaí sealadach nó buanchónaí (feithiclí atá cláraithe go sealadach, feithiclí faoi úinéireacht oifigí trádála eachtraí, tráchta, cultúrtha agus oifigí ionadaíocha eile, oifigí comhfhreagrais eachtraigh agus comhfhreagraithe eachtracha buana), bíonn litreacha agus uimhreacha i gcló glas orthu.

2. Plátaí ceadúnais *d'fheithiclí de chuid gníomhaireachtaí taidhleoireachta agus consalachta, misean tíortha eachtracha agus gníomhaireachtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a mball foirne* sa Chróit, bíonn litreacha agus uimhreacha i gcló buí ar chúlra gorm orthu. Bíonn cód tíre uimhriúil na tíre lena mbaineann an ghníomhaireacht orthu freisin, mar aon leis an litir atá ag freagairt do ghníomhaíocht na gníomhaireachta, i.e. stádas an duine faoi seach sa ghníomhaireacht agus cláruimhir na feithicle.

**An Chipir**

Tá Roinn Iompair de Bhóthar na Cipire ríomhchuidithe ó mhí Eanáir 1997. Rinneadh na deimhnithe clárúcháin go léir a eisíodh ó shin i leith a phriontáil le ríomhairí.

a. <u>Feithiclí atá cláraithe go buan sa Chipir</u>

Tá cláruimhir lena gcuimsítear carachtar Laidineach amháin, nó dhá cheann nó trí cinn in éineacht le sraithuimhir ó 1 go 999 ag gach feithicil atá cláraithe go buan sa Chipir. Tá dhá uimhirphláta ar gach feithicil, ceann amháin chun tosaigh a bhfuil cúlra frithchaiteach bán air agus ceann eile ar chúl a bhfuil cúlra frithchaiteach bán nó buí air, agus tá carachtair agus uimhreacha dubha ar an dá cheann.

Chun stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chinneadh le haghaidh thromlach na bhfeithiclí, a bhfuil cláruimhreacha amhail LLUUU (e.g. YW764) nó LLLUUU (e.g. EAY857) acu, ní mór na sonraí comhfhreagracha a léirítear ar an deimhniú clárúcháin a sheiceáil mar a mhínítear i dTábla A.

b. <u>Feithiclí atá cláraithe do thaidhleoirí (CD nó AT)</u>

Bíonn dhá chláruimhir scríofa ar an deimhniú clárúcháin a bhaineann le feithiclí atá cláraithe do thaidhleoirí. Léiríonn an chéad uimhir an clárú buan. Léiríonn an dara huimhir gur leis an gcór taidhleoireachta an fheithicil.

Sa chláruimhir le haghaidh feithiclí taidhleoireachta tá teaglaim de dhá uimhir a léiríonn cód na hambasáide nó an choimisiúin agus na litreacha 'CD' nó 'AT' ina ndiaidh, in éineacht le huimhir na feithicle laistigh den ambasáid nó den choimisiún áirithe.

Gluaistear na feithiclí sin lena gcláruimhir taidhleoireachta ar feadh na tréimhse dá bhfuil stádas taidhleoireachta acu. Nuair a thagann deireadh leis an stádas taidhleoireachta úsáideann siad an chláruimhir bhuan. Féadfar stádas custaim na bhfeithiclí sin mar earraí de chuid an Aontais a fhíorú trí fhéachaint ar a ndoiciméadacht.

Tábla A

| | Faisnéis (sonraí cánachais)<br>(I mBéarla agus i nGréigis mar atá scríofa<br>ar dheimhnithe clárúcháin) | An cineál féideartha faisnéise agus an t-aistriúchán i mBéarla scríofa i gcás íochtair |
|---|---|---|
| 1 | Dleacht chustaim | Duty free, Duty partly paid, Duty paid |

| | | |
|---|---|---|
| | Τελωνειακός Δασμός | ΠΛΗΡΗΣ ΑΠΑΛΛΑΓΗ, ΜΕΡΙΚΗ ΑΠΑΛΛΑΓΗ, ΚΑΤΑΒΛΗΘΗΚΕ |
| 2 | Custom R.C (Customs Relief Code) Κ.Ε Δασμών (Κωδικός Εξαίρεσης Δασμών) | 01.01, 01.18, 01.19, 07.02, 07.03, 07.05, 07.06, 07.07, 11(4)α, 11(4)β, 11(4)γ |

**An tSeicia**

1. Maidir le mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa tSeicia meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith acu má tá a gclárú i gceann de na sraitheanna speisialta thíos.

- Uimhirphláta bán dronuilleogach ar a bhfuil inscríbhinn lena gcuimsítear cúig go seacht ndigit ar a laghad (litir amháin agus uimhir amháin ar a laghad) i gcló dubh e.g.: 1K3 2246. Comhfhreagraíonn an chéad litir don roinn críche. **Uimhirphláta 'ar iarratas' lena gcuimsítear cúig, seacht nó ocht ndigit (litir amháin agus uimhir amháin ar a laghad) ar chúlra dubh agus bán. Tá uimhirphlátaí lena gcuimsítear seacht n-uimhir Arabacha (gan litreacha) ar chúlra bán ar fheithiclí an Airm.** Bíonn cúlra buí dronuilleogach ar uimhirphláta mótarfheithiclí speisialta agus tarracóirí talmhaíochta agus foraoise.

  Tá mótarfheithiclí bóthair le huimhirphlátaí bána i gcúrsaíocht a bhí mar chuid de shraith roimhe seo lenar cuimsíodh dhá litir nó trí litir agus ceithre uimhir i gcló dubh agus iad scartha ina bpéirí le daiseanna eatarthu (e.g. CHA 63-46). Bíonn cúlra buí dronuilleogach ar uimhirphláta leoraithe, busanna agus leantóirí a raibh baint acu le sraith roimhe seo.

- Uimhirphláta bán dronuilleogach ar a bhfuil digití dubha agus atá cláraithe chun críoch onnmhairiú, lena gcuimsítear réimse dearg a bhfuil an dáta éaga air.
- **Uimhirphláta bán dronuilleogach speisialta a bhfuil digití dubha air lena gcuimsítear na litreacha 'EL' agus trí, ceithre nó cúig dhigit ina ndiaidh (feithiclí leictreacha).**
- **Uimhirphláta bán dronuilleogach speisialta a bhfuil digití glasa air lena gcuimsítear dhá uimhir Arabacha, agus an litir 'V' ina ndiaidh, chomh maith le dhá uimhir, trí uimhir nó ceithre uimhir Arabacha (feithiclí stairiúla).**
- **Uimhirphláta bán dronuilleogach speisialta a bhfuil digití glasa air lena gcuimsítear dhá uimhir Arabacha, agus an litir 'R' ina ndiaidh, chomh maith le trí uimhir nó ceithre uimhir Arabacha (gluaisteáin rásaíochta agus gluaisrothair).**
- Uimhirphláta bán dronuilleogach speisialta a bhfuil digití glasa air atá cláraithe le haghaidh láimhseáil bhuan lena gcuimsítear cúig dhigit ar a laghad go dtí seacht ndigit agus comhfhreagraíonn an chéad litir don roinn críche agus tá uimhreacha Arabacha ina diaidh.
- Uimhirphláta bán dronuilleogach speisialta a bhfuil digití glasa air, atá cláraithe chun críoch tástála, lena gcuimsítear cúig dhigit agus an litir 'F' agus uimhreacha Arabacha ina diaidh.

2. Ní mheastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa tSeicia má tá uimhirphláta dronuilleogach **bán** orthu lena gcuimsítear **trí**

**uimhir Arabacha agus na litreacha 'CD' nó 'XX' nó 'XS' nó 'HC' agus dhá uimhir Arabacha i gcló gorm** (cór taidhleoireachta nó misean eachtrach) mura bhfíoraítear stádas Aontais trí fhéachaint ar a ndoiciméadacht.

**An Danmhairg**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Danmhairg má tá an méid seo a leanas i mbosca íochtair an deimhnithe clárúcháin: 'IKKE TOLDDOKUMENT VED OMREGISTRERING' (aistriúchán: ní gá aon doiciméad custaim a sholáthar i gcás athrú úinéireachta).

**An Eastóin**

Cláraítear mótarfheithiclí bóthair san Eastóin bunaithe ar an rialachán maidir le mótarfheithiclí bóthair. Tá trí litir agus trí uimhir ar uimhirphláta mótarfheithiclí bóthair. Ó mhí na Bealtaine 2004, tá 'EST' marcáilte ar an taobh clé den uimhirphláta.

**An Fhionlainn**

Meastar go bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe san Fhionlainn ach amháin sa chás go bhfuil siad cláraithe go sealadach chun críoch onnmhairiú (clárú onnmhairiúcháin), agus sna cásanna sin bíonn pláta clárúcháin acu ar a bhfuil litir amháin agus ceithre dhigit, ar a mhéid, i gcló dubh ar chúlra bán frithchaiteach. Thairis sin, léirítear an mhí agus an bhliain a rachaidh an clárú in éag ar imeall deas na bplátaí sin i gcló ban ar chúlra dearg frithchaiteach.

Chomh maith leis sin, meastar nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí má tá na plátaí seo a leanas orthu:

1. pláta iompair ar a bhfuil litir amháin agus ceithre dhigit, ar a mhéid, i gcló dearg ar chúlra bán frithchaiteach;
2. pláta tástála ar a bhfuil an focal 'KOE' (tástáil), i gcló dubh, agus é ailínithe go hingearach, mar aon le litir amháin agus trí dhigit, ar a mhéid, ar chúlra buí frithchaiteach.

**An Fhrainc**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Fhrainc mura bhfuil siad cláraithe i gceann de na sraitheanna speisialta seo a leanas:

- CMD, CD, C, K (stádas taidhleoireachta nó stádas comhchosúil)
- TT (áit chónaithe shealadach)
- IT (áit chónaithe shealadach)
- WW (garáiste).

**An Ghearmáin**

An cruthúnas ar shonraíochtaí an Aontais chun mótarfheithiclí a chlárú sa Ghearmáin (mótarfheithiclí bóthair agus na leantóirí a ghabhann leo), **meastar é a bheith bailí**, más rud é gur eisíodh deimhniú clárúcháin Gearmánach agus má tá an pláta ceadúnais clárúcháin dronuilleogach ar an bhfeithicil, lena gcuimsítear **teaglaim shainiúil de litreacha** a chomhfhreagraíonn don cheantar riaracháin (suas le trí litir) agus **uimhir aitheantais** (ina bhfuil grúpa litreacha agus uimhreacha). **(Féach sampla 1).**


Tar éis **uimhir aitheantais** na feithicle, féadfaidh an litir aitheantais 'H' ('Pláta ceadúnais clárúcháin seanfheithicle' le haghaidh feithiclí stairiúla – **féach sampla 2**) a bheith ar na plátaí ceadúnais clárúcháin seo freisin nó féadfar tréimhse shonrach a léiriú orthu chun an gluaisteán a thiomáint laistigh de shéasúr áirithe ('Pláta ceadúnais clárúcháin le haghaidh séasúir' – **féach sampla 3**).

Maidir leis an gcruthúnas ar shonraíochtaí an Aontais, **meastar nach bhfuil sé bailí** le haghaidh feithiclí, más fíor an méid seo a leanas i ndáil leis an bpláta ceadúnais:


- níl ach an uimhir '0' air a mhéid a bhaineann le teaglaim shainiúil litreacha le haghaidh an cheantair riaracháin (pláta ceadúnais clárúcháin speisialta don chór taidhleoireachta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta pribhléideacha);
- níl ach uimhreacha ann don uimhir aitheantais agus tá litir aitheantais ina ndiaidh, e.g. 'A' chomh maith le dáta éaga, arna léiriú i réimse dearg;
- is le haghaidh onnmhairiú é (– **féach sampla 4**);
- beidh sé bailí ar feadh tréimhse ghearr ama (pláta clárúcháin ama ghearr): níl ach uimhreacha ina uimhir aitheantais agus tá dáta éaga air, a léirítear i réimse buí;
- úsáidtear go speisialta é le haghaidh gluaisteán atá á thógáil i gcomhair nós imeachta tástála, tiomáint tástála, nó tiomáint aistrithe (– **féach sampla 5)**;
- tá cló dearg seachas cló dubh air
- Féadfaidh líne amháin nó dhá líne a bheith sna cláruimhreacha.

**Sampla 1**


**Teaglaim shainiúil de litreacha a léiríonn an ceantar riaracháin, uimhir ar mhaithe le haitheantas**





**Sampla 2** ('Pláta ceadúnais clárúcháin seanfheithicle' le haghaidh na bhfeithiclí stairiúla)





**Sampla 3** ('Pláta ceadúnais clárúcháin i gcomhair séasúir')



**Sampla 4** (Pláta ceadúnais clárúcháin le haghaidh onnmhairiú)




**Sampla 5** (Pláta ceadúnais clárúcháin a úsáidtear nuair a thógtar gluaisteán le haghaidh nós imeachta tástála, tiomáint tástála nó tiomáint aistrithe)




## An Ghréig

Meastar mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Ghréig a bheith ag comhlíonadh choinníollacha Airteagail 9 agus 10 de Chonradh CEE sa Ghréig má tá pláta dronuilleogach bán orthu ar a bhfuil clárú lena gcuimsítear trí litir agus ceithre dhigit (e.g. BAK 7876) nó nach bhfuil ach sé dhigit air (e.g. 237.568 – iarphláta, fós bailí) agus is foirm t-01-19 atá ina ndoiciméad clárúcháin.

Meastar nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu má tá pláta dronuilleogach orthu lena gcuimsítear:

(a) na litreacha CD nó ΔΣ (cór taidhleoireachta) roimh an uimhir (pláta glas);

(b) an litir Ξ A (misean eachtrach) roimh an uimhir (pláta buí);

(c) na litreacha EX (cead isteach sealadach) roimh an uimhir (pláta bán).

**An Ungáir**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí atá cláraithe san Ungáir mura raibh siad cláraithe i gceann de na sraitheanna speisialta seo a leanas:

- V (fanacht shealadach);
- E (sealadach).

**Éire**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe in Éirinn ar choinníoll go bhfuil siad cláraithe i sraith seachas an tsraith ZZ (córas cláraithe shealadaigh, ina n-úsáidtear na litreacha ZZ agus uimhir uathúil le cúig dhigit ina ndiaidh) agus nach bhfuil aon formhuiniú speisialta maidir le custaim ar an gcárta clárúcháin (e.g. tagairt do na Coimisinéirí Ioncaim). Dhéanfaí an formhuiniú sin a bhailíochtú le stampa custaim.

**An Iodáil**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe san Iodáil ach amháin sna cásanna seo a leanas:

1. tá siad cláraithe i gceann de na sraitheanna speisialta seo a leanas:

   - E E (Escursionisti Esteri)
   - CD (Corpo diplomatico)

2. tá an focal ‘PROVA’ ar an bpláta clárúcháin;

3. tá na litreacha ‘SO’ ar an bpláta clárúcháin agus tá an ráiteas seo a leanas ar an doiciméad clárúcháin (libretto di circolazione):

   ‘veicolo soggetto a formalità doganali nel caso di transferimento diproprieta o di transferimento di residenza del proprietario dal territorio di Livigno ad altro comune. Produrre documento doganale al p.r.a. di Sondrio.’

**An Laitvia**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí atá cláraithe sa Laitvia nuair a bhíonn pláta dronuilleogach bán orthu agus clárú air lena gcuimsítear (de ghnáth) dhá litir dhubha agus idir aon dhigit dubh amháin agus ceithre dhigit dhubha (e.g. EP-6037) nó d’fhéadfadh díreach litreacha nó digití a bheith air freisin, agus má eisíodh doiciméad clárúcháin Laitviach i leith na feithicle. Tá bratach na Laitvia nó bratach gorm an Choimisiúin Eorpaigh leis

an bhfleasc 12 réalta ar na plátaí ceadúnais chomh maith (ag tosú an 1 Bealtaine 2004), in éineacht le dhá litir dhubha (LV) ar thaobh na láimhe deise.

**An Liotuáin**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Liotuáin má eisíodh deimhniú clárúcháin ina leith agus má tá pláta ceadúnais clárúcháin dronuilleogach orthu (toisí: 520x110 mm nó 300x150 mm), atá bán, frithchaiteach agus a bhfuil marc sábháilteachta athfhillteach air. Tá stiall ghorm ar a imeall ar thaobh na láimhe clé, agus tá dath dubh ar an imeall, ar na litreacha agus ar na huimhreacha. Tá siombail an Aontais Eorpaigh agus marc sainiúil bán lena léirítear ‘LT’ don Liotuáin le feiceáil sa stiall ghorm ar an taobh clé den phláta ceadúnais. Tugtar tuairisc thíos ar na hinscríbhinní ar phlátaí ceadúnais na Liotuáine agus ar a gcomhdhéanamh.

- Trí litir agus trí uimhir le haghaidh gluaisteán, dhá litir agus trí uimhir le haghaidh leantóirí agus leathleantóirí, trí uimhir agus dhá litir le haghaidh gluaisrothar (toisí: 250x150 mm, 185x210 mm nó 520x110 mm), dhá uimhir agus trí litir le haghaidh móipéidí (gluaisrothair) (toisí: 145x120 mm nó 520x110 mm) agus dhá uimhir agus dhá litir le haghaidh cuadrothar (toisí: 250x150 mm) féach sampla 1);. An litir ‘H’ agus cúig uimhir lena léirítear sraithuimhir chun gluaisteán stairiúil a shonrú. Tá na cineálacha plátaí ceadúnais sin ar fáil ón 3 Aibreán 2018 (féach sampla 2).


- Idir aon charachtar agus sé charachtar, nach mór ceann amháin díobh a bheith ina uimhir, le haghaidh pláta ceadúnais (ar a bhfuil inscríbhinn a dhéantar arna iarraidh sin don iarratasóir) (féach sampla 3).

- Dhá litir (an litir ‘E’ agus aon litir eile ón aibítir in ord ardaitheach) agus ceithre uimhir lena léirítear sraithuimhir le haghaidh feithicil leictreach. Tá na cineálacha plátaí ceadúnais sin ar fáil ón 1 Iúil 2016 (féach sampla 4).

- An litir ‘T’ agus cúig uimhir le haghaidh tacsaí. Tá na cineálacha plátaí ceadúnais sin ar fáil ón 3 Aibreán 2018 (féach sampla 5).

**Sampla 1**

Le haghaidh gluaisteán







Le haghaidh leantóirí nó leathleantóirí







Le haghaidh gluaisrothar








**Sampla 2**









**Sampla 3**




**Sampla 4**




**Sampla 5**




Meastar nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Liotuáin má tá na cineálacha plátaí ceadúnais cláruimhreach seo a leanas ar an bhfeithicil.

- An pláta ceadúnais cláruimhreach dronuilleogach**taidhleoireachta** le haghaidh misin eachtracha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

  Tá dath glas ar dhromchla an phláta ceadúnais seo, tá sé frithchaiteach agus tá marc sábháilteachta athfhillteach air. Tá dath bán ar an imeall, ar na litreacha agus ar na huimhreacha. Tá sé uimhir in inscríbhinní na bplátaí ceadúnais den sórt sin. Léiríonn an chéad dá uimhir cód an mhisin eachtraigh arna thabhairt ag Roinn Prótacail na hAireachta Gnóthaí Eachtracha de réir ord creidiúnúcháin an mhisin eachtraigh sa Liotuáin. Léiríonn an tríú huimhir an chatagóir feithicle (stádas an duine atá mar úinéir na feithicle). Léiríonn na trí uimhir dheireanacha sraithuimhir a eisíodh do na plátaí ceadúnais. Tá na cineálacha plátaí ceadúnais sin ar fáil ón 11 Deireadh Fómhair 2004 (féach sampla 6).

- An pláta ceadúnais cláruimhreach dronuilleogach **tráchtála sealadach**.

  Tá dath bán ar dhromchla an phláta ceadúnais seo, tá sé frithchaiteach agus tá marc sábháilteachta athfhillteach air. Tá stiall ghorm ar thaobh na láimhe clé, agus tá dath dearg ar an imeall, ar na litreacha agus ar na huimhreacha. Tá siombail an Aontais Eorpaigh agus marc sainiúil bán lena léirítear 'LT' don Liotuáin le feiceáil sa stiall ghorm ar an taobh clé den phláta ceadúnais. Féadfar plátaí ceadúnais cláruimhreach

feithicle sealadacha a eisiúint le haghaidh gluaisteán, leantóirí agus gluaisrothar. Aithnítear gluaisteáin agus leantóirí leis an litir ‘P’ agus cúig uimhir lena léirítear sraithuimhir, agus aithnítear gluaisrothair leis an litir ‘P’ agus ceithre uimhir lena léirítear sraithuimhir. Tá na plátaí ceadúnais cláruimhreach feithicle sealadacha ar fáil ón 30 Meán Fómhair 2004. Ón 3 Aibreán 2018, tá na cineálacha plátaí ceadúnais sin á n-eisiúint ar feadh tréimhse gan teorainn. Ní féidir na plátaí ceadúnais sealadacha sin a úsáid ach chun na feithiclí atá ina seilbh a aithint, agus ní féidir iad a úsáid go poiblí ach ar chríoch na Liotuáine amháin (féach sampla 7);

- An pláta ceadúnais cláruimhreach dronuilleogach **(idirthurais) sealadach**.

  Tá dath bán ar dhromchla an phláta ceadúnais seo, tá sé frithchaiteach agus tá marc sábháilteachta athfhillteach air. Tá stiall ghorm ar thaobh na láimhe clé, agus tá dath dearg ar an imeall, ar na litreacha agus ar na huimhreacha. Tá siombail an Aontais Eorpaigh agus marc sainiúil bán lena léirítear ‘LT’ don Liotuáin le feiceáil sa stiall ghorm ar an taobh clé den phláta ceadúnais. Féadfar na cineálacha plátaí ceadúnais sin a eisiúint maidir leis na gluaisteáin, na leantóirí agus na gluaisrothair atá á n-onnmhairiú ón Liotuáin (féach sampla 8).

D’fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí ar a bhfuil plátaí ceadúnais den sórt a luadh thuas. Ní féidir a stádas a fhíordheimhniú ach trí fhéachaint ar an doiciméadacht ábhartha amháin.

**Sampla 6**

Le haghaidh gluaisteán agus leantóirí:



*Formáid 1 520x110 mm*




*Formáid 2 300x150 mm*

Le haghaidh gluaisrothar



*Formáid 3 250x150 mm*



*Formáid 5 182x210 mm*

Le haghaidh móipéidí



*Formáid 4 145x120 mm*

**Sampla 7**

Le haghaidh gluaisteán agus leantóirí:



*520x110 mm*



*300x150 mm*

Le haghaidh gluaisrothar:



*250x110 mm*

**Sampla 8**

Le haghaidh gluaisteán agus leantóirí:



*520x110 mm*



*300x150 mm*

Le haghaidh gluaisrothar



*250x110 mm*

**Lucsamburg**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe i Lucsamburg ach amháin sna cásanna seo a leanas:

1. tá an méid a leanas ar an gcárta clárúcháin (‘carte grise’):

‘DOUANE - ADMISSION TEMPORAIRE
Duties when sold’

**Málta**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí atá cláraithe i Málta nuair a bhíonn dhá phláta clárúcháin dhronuilleogacha orthu.

Ní mór pláta amháin a bheith greamaithe ar éadan na feithicle agus an pláta eile a bheith ar chúl na feithicle, agus ní mór gach litir agus figiúr ar an bpláta a bheith ingearach.

Tá trí theaglaim uimhriúla, aibítreacha nó alfa-uimhriúla ar phlátaí clárúcháin Mhálta.

Tá suaitheantas an Aontais Eorpaigh ar na plátaí clárúcháin chomh maith, in éineacht leis an bhfleasc 12 réalta agus M faoina bun. Tá holagram orthu freisin a bhfuil sraithuimhir an phláta faoina bhun.

Níor cheart a mheas go bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe i Málta má tá aon cheann de na teaglamaí seo a leanas ar an bpláta clárúcháin.

| | |
|---|---|
| **CD* *** ** | **Taidhleoirí** |
| **TRIAL RN *** ** | **Allmhaireoirí gluaisteán** |
| **DDV *** ** | **Aíonna oirirce taidhleoireachta** |
| **PRO *** ** | **Prótacal** |
| **DMS *** ** | **Misin taidhleoireachta** |
| ***** **X** | **Onnmhairiú ag déileálaithe** |
| **TF* *** ** | **Saor ó cháin** |
| **GV* *** ** | **Feithiclí rialtais** |
| **GM ** ** | **Feithiclí airí** |

**An Ísiltír**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe san Ísiltír mura bhfuil na litreacha agus na huimhreacha seo a leanas ar an doiciméad clárúcháin '(kentekenbewijs'):

CD- xx-xx
xx-CD-xx
CDJ-xxx
BN – xx-xx
GN – xx-xx

**An Pholainn**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Pholainn sna cásanna seo a leanas:

1. tá pláta dronuilleogach orthu agus clárú air lena gcuimsítear litreacha agus digití (suas le seacht ndigit agus litir amháin ar a laghad) i gcló dubh ar chúlra frithchaiteach bán nó ar chúlra frithchaiteach buí (le haghaidh feithiclí stairiúla), i gcló dearg ar chúlra frithchaiteach bán (le haghaidh feithiclí tástála), i gcló bán ar chúlra frithchaiteach gorm (le haghaidh stádas taidhleoireachta nó stádas comhchosúil), agus i gcló bán ar chúlra dubh (iarphláta atá fós bailí); agus
2. eisíodh doiciméad clárúcháin Polainnise i leith na feithicle lena mbaineann.

**An Phortaingéil**

1. Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Phortaingéil má tá uimhirphláta dronuilleogach bán orthu ar a bhfuil inscríbhinn lena gcuimsítear dhá litir agus ceithre uimhir i gcló dubh, agus iad scartha ina bpéirí le daiseanna eatarthu (e.g.: AB-32-46). Tá an doiciméad clárúcháin i bhfoirm 'LIVRETE 1227'.

2. Is le cór taidhleoireachta éagsúla iad mótarfheithiclí bóthair ar a bhfuil pláta bán, dronuilleogach a léiríonn na litreacha CD, CC nó FM áfach, bíodh nó ná bíodh stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu. Ní féidir a stádas a fhíordheimhniú ach trí fhéachaint ar an doiciméadacht a ngabhann leo amháin.

**An Rómáin**

Tá trí chineál clárúcháin ann i gcomhair feithiclí bóthair sa Rómáin: buan, sealadach agus don chór taidhleoireachta.

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá **cláraithe go buan** sa Rómáin.

Bíonn an struchtúr seo a leanas ag na plátaí clárúcháin buana: LL NN XXX, ina léiríonn LL an ceantar, comhdhéanta de litir amháin nó dhá litir, is é NN an chéad chuid den tsraithuimhir 01 go 99, agus is é XXX an dara cuid den tsraithuimhir, comhdhéanta de thrí litir ó AAA go ZZZ.

Tá clampa alúmanaim agus cúlra frithchaiteach bán ar an bpláta, agus tá dath dubh ar na litreacha agus na figiúirí agus is féidir iad a fháil i ndeimhniú clárúcháin na feithicle.

Meastar nach feithiclí de chuid an Aontais iad feithiclí bóthair lena mbaineann **clárú sealadach** nó gur leis an **gcór taidhleoireachta** iad, mura féidir é sin a chruthú leis na doiciméid tionlacain.

Sanntar na plátaí le haghaidh clárú sealadach do na feithiclí agus leantóirí eachtracha a thairbhíonn de nós imeachta custaim um chead isteach sealadach, nó d'fheithiclí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú.

Bíonn an struchtúr seo a leanas ag na plátaí clárúcháin shealadaigh: LL NNNNNN F, ina léiríonn LL an ceantar, comhdhéanta de litir amháin nó dhá litir, is é NNNNNN an tsraithuimhir ó 101 go 999999, agus tá F ina chodán ar chúlra dearg, lena gcuimsítear an mhí agus an bhliain a rachaidh an clárú in éag, agus iad araon á léiriú le dhá litir.

Tá clampa alúmanaim agus cúlra frithchaiteach bán ar an bpláta, agus tá dath dubh ar na litreacha agus na figiúirí agus is féidir iad a fháil i ndeimhniú clárúcháin na feithicle. Níl léirítear sa deimhniú cé acu an dtagann an fheithicil ó áit laistigh de Aontas nó lasmuigh de.

Plátaí clárúcháin le haghaidh feithiclí de chuid na misean taidhleoireachta, na n-oifigí consalachta agus a mball foirne, agus feithiclí de chuid eagraíochtaí eile agus saoránaigh eachtracha a bhfuil stádas taidhleoireachta acu, a oibríonn sa Rómáin, bíonn an struchtúr seo a leanas ag na plátaí sin: is é CD, CO nó TC a bhíonn mar tháscairí orthu, agus bíonn dhá shraith de thrí fhigiúr sa sraithuimhir.

Tá cúlra frithchaiteach bán ar an bpláta, agus tá dath gorm ar na litreacha agus na figiúirí agus is féidir iad a fháil i ndeimhniú clárúcháin na feithicle.

**Poblacht na Slóvaice**

1. Maidir le mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe i bPoblacht na Slóvaice meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith acu má tá a gclárú i gceann de na sraitheanna speisialta thíos.

    - Uimhirphláta dronuilleogach bán ar a bhfuil inscríbhinn lena gcuimsítear dhá litir agus cúig dhigit (trí uimhir agus péire litreacha) i gcló dubh, agus dais eatarthu (e.g.: BA-858BL). Léirítear an roinn críche leis an gcéad phéire litreacha. Féadfaidh cúig litir, nó litreacha sa chéad cheithre áit agus uimhir sa chúigiú háit, nó litreacha sa chéad trí áit agus uimhreacha sa cheathrú háit agus sa chúigiú háit a bheith sa dara grúpa digití tar éis na daise.

    - Mótarfheithiclí bóthair atá i gcúrsaíocht freisin, a bhfuil uimhirphlátaí bána orthu agus a bhí mar chuid de shraith roimhe seo, lena gcuimsítear dhá litir nó trí litir agus ceithre uimhir ina bpéirí i gcló dubh, agus dais eatarthu (e.g.: BA 12-23).

    - Uimhirphlátaí bána dronuilleogacha speisialta a bhfuil digití dearga orthu ar dhá líne. Tá dhá litir sa chéad líne lena léirítear an roinn críche agus tá an litir ‘M’ sa dara líne agus trí dhigit ina dhiaidh. Féadfar litir eile a chur isteach tar éis ‘M’ chomh maith. Eisítear plátaí den sórt sin le haghaidh feithiclí nua-dhéanta, feithiclí nua a cheannaítear nó feithiclí a úsáidtear le haghaidh tástála.

    - Uimhirphlátaí buí dronuilleogacha speisialta a bhfuil digití dubha orthu ar dhá líne. Tá dhá litir sa chéad líne lena léirítear an roinn críche agus tá an litir ‘V’ sa dara líne agus trí dhigit ina dhiaidh. Féadfar litir eile a chur isteach tar éis ‘V’ chomh maith. Féadfar plátaí den sórt sin a eisiúint le haghaidh feithiclí atá cláraithe chun críoch onnmhairiúcháin. Tá an réimse le haghaidh dáta éaga sa chúinne uachtair ar thaobh na láimhe deise.

    - Uimhirphlátaí buí dronuilleogacha speisialta a bhfuil digití dearga orthu ar dhá líne. Tá dhá litir sa chéad líne lena léirítear an roinn críche agus tá an litir ‘H’ sa dara líne agus trí dhigit ina dhiaidh. Féadfar litir eile a chur isteach tar éis ‘H’ chomh maith. Féadfar plátaí den sórt sin a eisiúint le haghaidh feithiclí stairiúla.

    - Uimhirphlátaí bána dronuilleogacha speisialta a bhfuil digití gorma orthu ar dhá líne. Tá dhá litir sa chéad líne lena léirítear an roinn críche agus tá an litir ‘S’ sa dara líne agus trí dhigit ina dhiaidh. Féadfar litir eile a chur isteach tar éis ‘S’ chomh maith. Féadfar plátaí den sórt sin a eisiúint le haghaidh feithiclí a úsáidtear chun críoch spóirt.

    - Uimhirphlátaí bána dronuilleogacha speisialta a bhfuil digití glasa orthu ar dhá líne. Bíonn an litir ‘C’ sa chéad líne agus d’fhéadfadh litir eile a bheith ina

dhiaidh agus bíonn cúig dhigit sa dara líne. Féadfar plátaí den sórt sin a eisiúint le haghaidh feithiclí a allmhairítear go haonarach isteach i bPoblacht na Slóvaice agus nach ndearnadh a n-incháilitheacht theicniúil a fhormheas go fóill, nó le haghaidh feithiclí eile.

2. Is le cór taidhleoireachta nó misin eachtracha éagsúla iad mótarfheithiclí bóthair ar a bhfuil pláta gorm, dronuilleogach a léiríonn na litreacha ‘EE’ nó ‘ZZ’ agus cúig uimhir i gcló buí ina ndiaidh áfach, bíodh nó ná bíodh stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu. Ní féidir stádas Aontais a fhíordheimhniú ach trí fhéachaint ar an doiciméadacht a ngabhann leo amháin.

**An tSlóivéin**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa tSlóivéin má tá pláta dronuilleogach orthu lena léirítear cód ceadúnais alfa-uimhriúil (trí litir go sé litir nó teaglaim de litreacha agus uimhreacha) (a chomhfhreagraíonn do réigiúin), agus gur eisíodh doiciméad clárúcháin Slóivéanach i leith na feithicle lena mbaineann.

**An Spáinn**

1. Tá dhá ghrúpa litreacha san uimhirphláta le haghaidh mótarfheithiclí bóthair. Léirítear an roinn críche leis an gcéad cheann, e.g.: MA - Malaga, M - Maidrid; tá an dara ceann comhdhéanta de litir amháin nó dhá litir agus grúpa uimhreacha (0000 go 9999) idir an dá ghrúpa litreacha (e.g. MA-6555-AT).

   Tá mótarfheithiclí bóthair i gcúrsaíocht freisin a bhfuil uimhirphlátaí orthu a bhaineann le sraith roimhe seo ina gcuirtear litir amháin nó dhá litir in éineacht le suas le sé uimhir e.g. M-636.454.

   Ó mhí Dheireadh Fómhair 2002, tá uimhirphláta ar mhótarfheithiclí bóthair ina bhfuil ceithre uimhir agus trí litir ina ndiaidh, gan an roinn críche a léiriú (e.g. 4382 BRT).

   Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Spáinn de réir na sraithe thuas.

2. Maidir le mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa Spáinn meastar nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu má tá a gclárú i gceann de na sraitheanna speisialta seo a leanas.

- ‘CD’, ‘CC’.

- Pláta turasóra ar a bhfuil uimhir ina gcuirtear dhá ghrúpa uimhreacha (an chéad cheann idir 00 agus 99; an dara ceann idir 0000 agus 9999) agus grúpa litreacha (ceann amháin nó dhá cheann ag brath ar an gcás) le chéile, agus daiseanna idir na grúpaí go léir, e.g. 00-M-0000.
- Pláta turasóra ar a bhfuil banda dearg ingearach atá 3 cm ar fhad, agus an dá dhigit dheireanacha den bhliain atá i gceist i gcló bán air (ceann amháin os cionn an chinn eile) mar aon leis an mí in uimhreacha Rómánacha (faoi bhun na n-uimhreacha Arabacha). E.g. 00-M-0000 - 86VI. Is é is cuspóir do phláta den sórt sin an dáta a leagan síos a rachaidh an cead gluaiseachta sealadaí in éag.

**An tSualainn**

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe sa tSualainn ach amháin i gcás ina bhfuil siad cláraithe go sealadach chun críoch onnmhairiúcháin (clárú onnmhairiúcháin). Sna cásanna sin bíonn dath dearg ar na plátaí clárúcháin agus dath bán ar na carachtair. Léirítear dáta éaga (bliain, mí agus lá) an chláraithe shealadaigh ar thaobh na láimhe deise nó ar thaobh na láimhe clé de na plátaí. Chomh maith leis an bpláta clárúcháin seo tá cinneadh speisialta ag an úinéir lena sonraítear an cineál clárúcháin shealadaigh iarbhír.

Meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair eile atá cláraithe go sealadach.

**An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann amháin)**

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (NIP), meastar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a bheith ag mótarfheithiclí bóthair atá cláraithe i dTuaisceart Éireann má tá an fhaisnéis seo a leanas ar na plátaí clárúcháin agus mura bhfuil na focail 'Customs restriction' nó 'Customs concession' nó 'Warning: Customs duty and tax have not been paid on this vehicle'. Tá carachtair dhubha ar chúlra bán ar an bpláta clárúcháin ar éadan na feithicle. Tá carachtair dhubha ar chúlra buí ar an bpláta clárúcháin ar chúl na feithicle.

- **Tuaisceart Éireann**

  3 litir agus suas le 4 dhigit e.g. CDZ 1277.

**II.8.4 Liosta de na húdaráis inniúla le haghaidh na seirbhíse rialta loingseoireachta**

Chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil, cliceáil ar cheann de na naisc seo a leanas:

**EUROPA:**

https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en

## II.8.5 Deimhniú ar neamh-láimhseáil maidir le hearraí agus táirgí iascaireachta mara

Reference to the Fishing Trip:

**Vessel Information**

Vessel name: Radio Callsign: Register and Page:

### CERTIFICATE OF NON-MANIPULATION

The undersigned Customs Authority hereby certifies that the products of sea-fishing and/or goods obtained from the said products have remained under customs supervision throughout their stay and have undergone no handling other than that necessary for their preservation.

Products of sea-fishing (name and type):

Gross mass (kg):

Goods obtained from products of sea-fishing (kind):

Description of the goods:

Gross mass (kg):

Date of arrival of the products/goods:

Date of departure of the products/goods:

Means of transport used for reconsignment to the customs territory of the Union:

Address of the Customs Authority:

Country or territory:
Date:

| Captain of the Fishing Vessel | Customs Authority |
|---|---|
| Signature and Stamp | Signature and Stamp |

*Certification of non-manipulation for products of sea-fishing and/or goods obtained from said products transhipped and transported through a country or territory that is not part of the customs territory of the Union (Articles 130 and 133 of Commission Delegated Regulation (EU) 2015/2446 of 28 July 2015 and Article 214 of Commission Implementing Regulation (EU) 2015/2447 of 24 November 2015).*

Is doiciméad seachtrach atá san fhoirm agus ní gá go léireofar seasamh ná tuairim an Choimisiúin Eorpaigh inti. Níl an Coimisiún freagrach as cruinneas na foirme ná as an bhfoirm a choimeád cothrom le dáta.

## II.8.6 Deimhniú ar neamh-láimhseáil arna eisiúint ag Singeapór

Original

| 1. Name & Address of Shipping Agent/ Freight Forwarder | SINGAPORE CUSTOMS<br>55 Newton Road<br>#07-01 Revenue House<br>Singapore 307987<br>Tel : 6355 2000<br>Fax : 6337 6361<br>E-mail: customs_cnmcfsHQ@customs.gov.sg<br><br>**CERTIFICATE OF NON-MANIPULATION**<br><br>No. ............................. |
|---|---|

**2. Details of Consignment**

| Item(s) Description | | Quantity/ Gross Weight | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Country of Origin of Goods | | Outward Bill of Lading No./ Air Waybill No. | |
| Date of Discharge in Singapore | | Date of Departure from Singapore | |
| Country of Final Destination | | Outgoing Vessel/ Vehicle/ Flight No. | |

**3. Declaration by Shipping Agent/Freight Forwarder**

I/We undertake that

a) The goods indicated, when transshipped via Singapore, will not undergo operations beyond the following:
   i. ensuring the preservation of goods in good condition for the purpose of transport or storage;
   ii. facilitating shipment or transportation; and
   iii. packaging or presenting goods for sale.

b) all information provided for above is true and correct.

Authorised Signature:

Name:

Designation:

Date: (company stamp)

**4. Certification by Singapore Customs**

We certify that, to the best of our knowledge, the declaration by the shipping agent/ freight forwarder is true and correct.

This Certificate is issued without any prejudice or liability whatsoever on our part arising from any circumstances.

Authorised Signature:

Name:

Designation:

Date: (stamp)

SC-A-009 (Ver 3 – 01/17)

Séanadh: Is doiciméad seachtrach atá san fhoirm seo agus ní gá go léireofar seasamh ná tuairim an Choimisiúin Eorpaigh inti. Níl an Coimisiún freagrach as cruinneas na foirme ná as an bhfoirm a choimeád cothrom le dáta.

# CUID III – RÁTHAÍOCHTAÍ

## III.1 Réamhrá

Baineann Cuid III le ráthaíochtaí idirthurais.

Tá an réamhrá agus na tagairtí dlíthiúla maidir le ráthaíochtaí idirthurais le fáil i Mír III.1.1.

Tá forálacha ginearálta maidir le ráthaíochtaí idirthurais i Mír III.1.2.

Tugtar tuairisc ar an ráthaíocht aonair i Mír III.1.3.

Tugtar tuairisc ar an ráthaíocht chuimsitheach agus ar an tarscaoileadh ráthaíochta i Mír III.1.4.

Forchoimeádtar Mír III.1.5 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír III.1.6 d’úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní i Mír III.1.7.

### III.1.1 Cuspóir na ráthaíochta

Cuirtear dleachtanna custaim agus muirir eile is infheidhme maidir le hearraí ar fionraí go sealadach nuair a scoiltear na hearraí sin le haghaidh idirthuras comhchoiteann/idirthuras san Aontas. Chun a áirithiú go n-íocfar dleachtanna agus muirir eile i gcás ina dtabhaítear fiach (custaim) le linn oibríocht idirthurais, éilítear ar shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a sholáthar.

Is iad seo a leanas na bunúis dlí i gcomhair ráthaíochtaí idirthurais:

- Airteagal 10 den Choinbhinsiún;
- Airteagail 9-13 agus 74-80, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn I, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinní C1 go C7 d'Fhoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagail 89-98, CCA;
- Airteagail 82 agus 85 DA;
- Airteagail 148, 150-152, 154-162, IA;
- Iarscríbhinní 32-01, 32-02, 32-03 agus 32-06, IA;
- Iarscríbhinn 72-04, IA.

.

### III.1.2 Cineálacha ráthaíochta

*Airteagail 11 agus 55(a), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 89(5) agus Airteagal 92(1) CCA*

Féadfaidh ráthóir an ráthaíocht a sholáthar nó féadfar é a sholáthar mar thaisce airgid thirim. Ní mór ráthaíocht aonair lena gcumhdaítear oibríocht idirthurais aonair nó ráthaíocht chuimsitheach lena gcumhdaítear roinnt oibríochtaí a bheith ann. Féadfaidh an ráthaíocht aonair a sholáthraíonn ráthóir a bheith i bhfoirm dearbhán a eisíonn an ráthóir do shealbhóirí an nós imeachta agus i bhfoirm gealltanais ón ráthóir. Is simpliú ar na rialacha caighdeánacha atá i gceist leis an ráthaíocht chuimsitheach a úsáid agus tá sé faoi réir údarú dá bhrí sin.

### III.1.3 Tarscaoileadh ráthaíochta

*Airteagal 13 Foscríbhinn I Coinbhinsiún*

*Airteagail 89(7), (8) agus (9) CCA*

Mar eisceacht, ní gá aon ráthaíocht a sholáthar sna cásanna seo a leanas:

- tarscaoileadh ráthaíochta de réir an dlí:
    - earraí a iompraítear ar an Réin agus ar uiscebhealaí na

*Airteagal 24(2) TDA*

Réine agus ar an Danóib agus ar uiscebhealaí na Danóibe;

- earraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair;
- earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais agus úsáid á baint as an simpliú ETD maidir le haeriompar agus muiriompar (ní bhaineann an ceann deireanach ach le nós imeachta idirthurais an Aontais);
- san Aontas – le haghaidh tarscaoileadh ráthaíochta i gcás nach mó an méid dleachta ar allmhairí ná an tairseach luacha staidrimh le haghaidh dearbhuithe a leagtar síos in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil sheachtrach le tíortha nach Ballstáit iad (IO L 152, 16.6.2009, lch. 23);
- san Aontas – stáit, údaráis rialtais réigiúnacha agus áitiúla nó comhlachtaí eile atá faoi rialú an dlí poiblí, i leith gníomhaíochtaí a dhéanann siad mar údaráis phoiblí.

Sainítear uiscebhealaí na Réine sa liosta in Iarscríbhinn III.7.2. Chuir údaráis chustaim na dtíortha lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil.

- tarscaoileadh ráthaíochta trí chinneadh náisiúnta a bhfuil feidhm aige maidir le tíortha comhchoiteanna idirthurais amháin:

*Airteagal 10(2)(a) den Choinbhinsiún*

- ar bhonn chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach na bPáirtithe Conarthacha le haghaidh oibríochtaí nach mbaineann ach lena gcríocha féin amháin;

*Airteagal 10(2)(b) den Choinbhinsiún*

- maidir leis an gcuid d’oibríocht idir an oifig custaim imeachta agus an chéad oifig custaim idirthurais de réir cinnidh ón bPáirtí Conarthach lena mbaineann.

## III.1.4 Réimse bailíochta

*Airteagal 10(1) den Choinbhinsiún*

*Airteagal 19(2) agus Airteagal 21(2), Foscríbhinn I a*

Go ginearálta, níor cheart an ráthaíocht a bheith bailí ach do na Páirtithe Conarthacha a bhfuil baint acu leis an oibríocht idirthurais chomhchoiteann/oibríocht idirthurais san Aontas. Mar eisceacht, bíonn ráthaíochtaí aonair i bhfoirm taisce airgid thirim nó trí bhíthin dearbhán bailí do na Páirtithe Conarthacha uile.

*ghabhann leis an gCoinbhinsiún:*

I gcás nach bhfuil an ráthaíocht bailí ach le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha lena mbaineann, féadfar srianadh a chur ar an réimse bailíochta. Féadfaidh an ráthóir ainm an Pháirtí Chonarthaigh nó na bPáirtithe Conarthacha nó Andóra nó San Mairíne a scriosadh i ngealltanas an ráthóra. Mar thoradh air sin, beidh an ráthaíocht bailí sna Páirtithe Conarthacha agus sna Stáit uile nár scriosadh amach. Ní chumhdaítear oibríochtaí idirthurais comhchoiteanna chuig Andóra ná San Mairíne ná amach uathu le ráthaíocht áfach, ós rud é nach bhfuil an Coinbhinsiún infheidhme ina leith.

Maidir le nós imeachta idirthurais an Aontais, tá ráthaíocht bailí sna Ballstáit to léir agus in Andóra agus San Mairíne. Ar choinníoll nach ndearnadh an tAontas Eorpach ná Andóra ná San Mairíne a scriosadh i ngealltanas an ráthóra agus go gcloíonn sealbhóir an nós imeachta leis na coinníollacha maidir leis an ráthaíocht a úsáid, ceadaítear do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a sholáthar arna glacadh nó arna deonú ag údaráis inniúla Páirtí Chonarthaigh seachas an tAontas Eorpach le haghaidh oibríocht idirthurais de chuid an Aontais laistigh den Aontas agus/nó idir an tAontas agus ceann de na stáit sin.

### III.1.5 Tábla ráthaíochta

| | **Ráthaíocht aonair** | | | **Ráthaíocht chuimsitheach** |
|---|---|---|---|---|
| | **Taisce airgid thirim** | **le gealltanas ón ráthóir** | **le dearbhán** | |
| Cumhdach | oibríocht aonair | oibríocht aonair | oibríocht aonair | roinnt oibríochtaí |
| Réimse | bailíocht neamhshrianta | srianadh féideartha | bailíocht neamhshrianta | srianadh féideartha |
| An méid a éilítear mar ráthaíocht | 100 % den fhiach (custaim) | 100 % den fhiach (custaim) | 100 % den fhiach (custaim) | 100 %<br>50 %<br>30 %<br>0 %<br>den mhéid tagartha |
| Tréimhse bhailíochta na | N/B | N/B | 1 bhliain amháin ar a mhéid tar éis | 2 bhliain (agus féidearthacht de shíneadh ar feadh |

| | Ráthaíocht aonair | | | Ráthaíocht chuimsitheach |
|---|---|---|---|---|
| | Taisce airgid thirim | le gealltanas ón ráthóir | le dearbhán | |
| ndeimhnithe | | | an dáta eisiúna | bliain amháin nó 2 bhliain) |
| Cruthúnas gur soláthraíodh ráthaíocht | Taisce airgid thirim curtha ar fáil ag sealbhóir an nós imeachta | Gealltanas ón ráthóir (an tsamhail in Iarscríbhinn C 1, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún / Iarscríbhinn 32 -01 IA) | Gealltanas ón ráthóir (an tsamhail in Iarscríbhinn C 2, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún / Iarscríbhinn 3 2-02 IA) | Gealltanas ón ráthóir (an tsamhail in Iarscríbhinn C4, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscr íbhinn 32-03 IA) |

### III.2 Forálacha ginearálta

### III.2.1 An gá le ráthaíocht

### III.2.1.1 Réamhrá

*Airteagal 10(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tá sé ina coinníoll chun earraí a iompar faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais go soláthrófaí ráthaíocht lena n-áirithítear go n-íocfar aon fhiach (custaim) a d'fhéadfaí a thabhú.

*Airteagal 89(2) CCA*

Áirithítear go n-íocfar na méideanna atá i gceist nuair a ríomhtar méid na ráthaíochta i gcomhréir leis na forálacha iomchuí maidir leis an ráthaíocht arna húsáid.

### III.2.1.2 Cliseadh

*Airteagal 30, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 89(2), Airteagal 94(3) agus Airteagal 95 CCA*

I gcás nach gcuirtear aon sonraí faoi ráthaíocht ar fáil ar an dearbhú maidir le hidirthuras nó, i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nach gcuirtear an doiciméad ráthaíochta a éilítear i láthair ag an oifig custaim imeachta, níor cheart glacadh leis an dearbhú.

I gcás nach leor méid na ráthaíochta, níor cheart don oifig custaim imeachta na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais mura soláthraítear ráthaíocht lena gcumhdaítear méid iomlán an fhéich (chustaim) a d'fhéadfaí a thabhú.

Ní mór don oifig custaim imeachta an scaoileadh a dhiúltú i gcás, maidir le nós imeachta leanúnachais gnó, ina gcruthaítear leis na doiciméid a sholáthraítear nár eisíodh ráthaíocht chuig sealbhóir an nós imeachta i ndáil leis an oibríocht idirthurais lena mbaineann.

### III.2.2 Méid na ráthaíochta a ríomh

#### III.2.2.1 Réamhrá

*Airteagal 10(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 89(2) CCA*

Ní mór méid na ráthaíochta a ríomh ar bhealach ina gcumhdaítear méid iomlán an fhéich (chustaim) a d'fhéadfaí a thabhú.

#### III.2.2.2 Ríomh

*Airteagail 18 agus 74, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 148 agus 155 IA*

Go ginearálta, ní mór an ráthaíocht a ríomh ar bhonn na rátaí is airde is infheidhme maidir le hearraí den sórt sin sa tír imeachta. Ní mór na dleachtanna custaim agus na muirir uile a chur san áireamh sa ríomh, e.g. dleachtanna máil agus CBL atá infheidhme maidir leis na hearraí sin atá á n-allmhairiú. Tagann na rátaí is airde le haghaidh dleachtanna custaim ó na rátaí caighdeánacha. Níor cheart pribhléidí a chur san áireamh, mar shampla, pribhléidí atá faoi réir cruthúnas a sholáthar tráth an scaoilte i saorchúrsaíocht, e.g. ráta fabhrach nó cuóta.

Ní mór an ríomh a dhéanamh ar bhonn na ndleachtanna allmhairiúcháin a mbeadh feidhm acu maidir le hearraí den chineál céanna sa tír imeachta i gcás go scaoilfear na hearraí i saorchúrsaíocht. Earraí atá i saorchúrsaíocht sa Pháirtí Conarthach, ní mór caitheamh leo amhail earraí atá á n-allmhairiú ó thríú tír.

Tá feidhm aige sin freisin nuair a chuirtear earraí de chuid an Aontais faoi nós imeachta idirthurais de chuid an Aontais agus gurb é tír chomhchoiteann idirthurais an ceann scríbe. Meastar na hearraí sin a bheith ina n-earraí nach de chuid an Aontais iad chun méid na ráthaíochta a ríomh ionas go bhféadfaí a áirithiú go mbeifí ábalta fiach (custaim) a íoc i bPáirtí Conarthach seachas an tAontas.

*Airteagal 74(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 155(3) IA*

Ní mór na hearraí lena mbaineann a aicmiú ar bhonn na taraife custaim, ach mura féidir an t-aicmiú sin a dhéanamh nó mura bhfuil sé iomchuí, féadfar méid na ráthaíochta a mheasúnú. Ní mór a áirithiú leis an measúnú sin go gcumhdóidh an ráthaíocht méid iomlán an fhéich (custaim) a d'fhéadfaí a thabhú. I gcásanna eisceachtúla, nach féidir measúnú den sórt sin a dhéanamh ina leith, féadfar glacadh leis gur EUR 10 000 atá sa ráthaíocht. Baineann an bunsmaoineamh sin le ráthaíocht chuimsitheach agus ráthaíocht aonair araon.

## III.2.3 Ráthóir

### III.2.3.1 Réamhrá

*Airteagal 12, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 94 CCA*

Ní mór don ráthóir a bheith ina thríú duine nádúrtha nó dlítheanach.

Ní féidir leis an duine céanna a bheith mar ráthóir agus sealbhóir an nós imeachta.

### III.2.3.2 Bunú agus formheas

Ní mór don ráthóir a bheith bunaithe sa Pháirtí Conarthach ina soláthraítear an ráthaíocht agus a bheith formheasta ag na húdaráis chustaim a éilíonn an ráthaíocht.

Déantar formheas den sórt sin de réir na bhforálacha atá i bhfeidhm sa tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, cinntear leis an dlí náisiúnta an caidreamh dlíthiúil ginearálta idir an ráthóir agus na húdaráis inniúla laistigh de chreat ginearálta na rialacha idirthurais

Laistigh den Aontas, ní gá don ráthóir a bheith formheasta ag na húdaráis chustaim mura foras creidmheasa nó foras airgeadais nó cuideachta árachais é atá creidiúnaithe san Aontas i gcomhréir leis na forálacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.

Féadfaidh na húdaráis chustaim diúltú do ráthóir a fhormheas mura féidir leis/léi a áirithiú go n-íocfaí suim an fhéich (custaim) laistigh den tréimhse fhorordaithe.

Ní mór seoladh a bheith ag ráthóir le haghaidh seirbhíse i ngach tír a bhfuil an ráthaíocht bailí inti nó, mura bhforáiltear do sheoladh den sórt sin i ndlíthe tíre, ní mór dó/di gníomhaire a cheapadh. Is áit ghnó atá sa seoladh le haghaidh seirbhíse, atá cláraithe i gcomhréir le dlíthe na tíre atá i gceist, agus is féidir leis na húdaráis inniúla na foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta uile a bhaineann leis an ráthóir

a dhéanamh ag an seoladh sin i scríbhinn i bhfoirm atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Ní mór don ghníomhaire a bheith ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach arna cheapadh ag an ráthóir.

Áirithítear ar an gcaoi sin go bhféadfaí cumarsáid i scríbhinn agus imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le ráthóir a sheachadadh go hinfhíoraithe in aon tír ina bhféadfadh fiach (custaim) teacht chun cinn i ndáil le hearraí faoin nós imeachta idirthurais.

| TRÁDÁIL |
|---|
| 1) Ní mór don ráthóir gealltanas a thabhairt i scríbhinn go n-íocfaidh sé méid an fhéich (chustaim). |
| 2) Geallann an ráthóir nach n-athróidh sé/sí a sheoladh/seoladh le haghaidh seirbhíse gan an iarscríbhinn a ghabhann leis an ngealltanas lena gcuimseofar na seoltaí nua le haghaidh seirbhíse a thaisceadh ag oifig custaim na ráthaíochta. |

**III.2.3.3 Dliteanas**

*Airteagal 117, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 94 CCA*

*Airteagal 85 DA*

Tá dliteanas an ráthóra bunaithe ar ghlacadh a g(h)ealltanais ag oifig custaim na ráthaíochta. Beidh éifeacht ag an dliteanas sin ón dáta a scaoilfidh an oifig custaim imeachta earraí le haghaidh oibríocht idirthurais arna cumhdach leis an ráthaíocht seo.

Tá dliteanas an ráthóra teoranta don uasmhéid a léirítear i ngealltanas an ráthóra. Ní féidir éilimh níos mó ná an méid sin a dhéanamh.

I gcás nach ndearadh nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a urscaoileadh, ní mór d'údaráis chustaim na tíre imeachta, laistigh de 9 mí ón dáta a cuireadh an hearraí i láthair ag an oifig cinn scríbe, fógra a thabhairt don ráthóir nach ndearnadh an nós imeachta a urscaoileadh.

I gcás ina bhfuil an nós imeachta fós oscailte tar éis na tréimhse 9 mí sin, ní mór d'údaráis chustaim na tíre imeachta fógra a thabhairt don ráthóir, laistigh de 3 bliana ón dáta a glacadh leis an

dearbhú maidir le hidirthuras, go n-éilítear air nó go bhféadfadh sé go n-éileofaí air an fiach (custaim) a íoc. Luaitear MRN agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras san fhógra, mar aon le hainm na hoifige custaim imeachta, ainm shealbhóir an nós imeachta agus an méid atá i gceist.

Scaoilfear an ráthóir óna chuid oibleagáidí mura seoltar aon cheann den dá fhógra sin chuige roimh dháta éaga na teorann ama. Má seoltar aon cheann den dá fhógra sin áfach, ní mór an ráthóir a chur ar an eolas faoi aisghabháil an fhéich nó urscaoileadh an nós imeachta.

### III.2.3.4 Formheas an ráthóra nó a ghealltanais a chúlghairm agus an gealltanas a chur ar ceal

*Airteagal 23, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 93 CCA*

*Airteagal 82 DA*

Féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta formheas an ráthóra nó an ghealltanais a chúlghairm tráth ar bith. Ní mór don oifig custaim sin fógra a thabhairt don ráthóir agus do shealbhóir an nós imeachta faoin gcúlghairm. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm an 16ú lá tar éis an dáta a fuair an ráthóir an cinneadh maidir leis an gcúlghairm, nó an dáta a mheastar go bhfuair an ráthóir an cinneadh.

Ar choinníoll nár éiligh na húdaráis chustaim go gcoinneofaí an fhoirm ráthaíochta a roghnaíodh ar feadh tréimhse shonrach, féadfaidh ráthóir an gealltanas a chealú tráth ar bith. Ní mór don ráthóir fógra a thabhairt d'oifig custaim na ráthaíochta faoin gcealú.

Ní dhéanfaidh an cealú difear d'earraí nach bhfuil láithrithe cheana féin tráth a dtagann an cealú i bhfeidhm agus atá fós faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais de bhua an ghealltanais a cealaíodh.

I gcás ina gcuireann an ráthóir an gealltanas ar ceal, ní mór éifeacht a bheith ag an gcealú sin an 16ú lá tar éis an dáta a thugann an ráthóir fógra d'oifig custaim na ráthaíochta maidir leis an gcealú.

Má dhéantar gealltanas an ráthóra a chúlghairm nó a chur ar ceal, ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta gealltanas an ráthóra a choinneáil ar feadh 9 mí ar a laghad ach amháin i gcás ina múchtar an fiach (custaim) nó nach féidir leis tarlú a thuilleadh, nó i gcás inar tugadh fógra don ráthóir faoi aisghabháil an fhéich (chustaim) nó faoi urscaoileadh an nós imeachta.

I gcás inar tugadh fógra don ráthóir nach ndearnadh nós imeachta idirthurais a urscaoileadh, ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta an gealltanas a choinneáil ar bhonn na faisnéise a fuarthas go dtí go

gcuirfear an aisghabháil nó urscaoileadh i gcrích nó, más iomchuí, go dtí go scaoilfear an ráthóir óna dhliteanas/dliteanas.

Ní mór d'údaráis chustaim na tíre atá freagrach as oifig custaim ábhartha na ráthaíochta faisnéis a chur isteach sa chóras leictreonach maidir le haon cúlghairm nó cealú i ndáil le ráthaíocht, mar aon leis an dáta ar a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

## III.3 Ráthaíocht aonair

### III.3.1 Taisce airgid thirim

#### III.3.1.1 Réamhrá

*Airteagal 19, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 92(1)(a) CCA*

*Airteagal 150 IA*

Féadfar ráthaíocht i bhfoirm taisce airgid thirim a sholáthar ag an oifig custaim imeachta i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm sa tír imeachta agus déanfar é a aisíoc tar éis urscaoileadh an nós imeachta.

#### III.3.1.2 Aisíocaíocht

Is í an oifig custaim imeachta atá freagrach as an aisíoc de ghnáth. Ba cheart don oifig custaim sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas faoin aisíocaíocht sin nuair a thaisctear an taisce airgid thirim nó modh íocaíochta coibhéiseach eile agus ba cheart di fiafraí den sealbhóir cén modh íocaíochta ab fhearr leis/léi. Má roghnaíonn sealbhóir an nós imeachta aistriú airgid, ba cheart don oifig custaim imeachta sonraí chuntas bainc shealbhóir an nós imeachta a fháil agus é/í a chur ar an eolas go mbeidh air/uirthi costais an aistrithe sin a íoc.

Má tá an ráthaíocht i bhfoirm taisce airgid thirim, ní bheidh aon ús iníoctha ó na húdaráis chustaim.

### III.3.2 Ráthaíocht aonair i bhfoirm gealltanais ag ráthóir

*Airteagal 20 Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 92*

Taisctear na gealltanais a thugann ráthóir chun críche ráthaíocht aonair ag oifig custaim na ráthaíochta agus déantar iad a fhormheas. Ní mór don oifig sin iad a chlárú sa Chóras Bainistíochta Ráthaíochta (GMS). Tá GMS nasctha le NCTS.

*CCA*

*Airteagail 152 agus 154 IA*

Maidir le gach gealltanas, ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl do shealbhóir an nós imeachta:

- uimhir thagartha ráthaíochta (GRN);
- cód rochtana a bhaineann le GRN.

Ní féidir le sealbhóir an nós imeachta an cód rochtana sin a athrú.

Nuair a thaisctear dearbhú custaim, ní mor GRN agus an cód rochtana comhfhreagrach a bheith san áireamh ann. Ní mór don oifig custaim imeachta a fhíorú go bhfuil ráthaíocht sa chóras agus go bhfuil sí bailí.

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór gealltanas an ráthóra a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta. Murab í oifig custaim na ráthaíochta an oifig custaim imeachta agus, dá bhrí sin, gur choinnigh sí cóip de ghealltanas an ráthóra, ní mór don oifig custaim imeachta oifig custaim na ráthaíochta a chur ar an eolas nuair a bheidh an bhunchóip den ghealltanas seolta ar ais chuig sealbhóir an nós imeachta aici.

Leagtar amach samhail an ghealltanais in Iarscríbhinn C1, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 32-01 IA. Má éilítear amhlaidh de réir an dlí náisiúnta, rialacháin nó foráil riaracháin, nó i gcomhréir le cleachtas coiteann, féadfaidh tír glacadh le gealltanas i bhfoirm samhail dhifriúil, ar choinníoll go bhfuil an éifeacht dhlíthiúil chéanna aige leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn C1 nó Iarscríbhinn 32-01.

### III.3.3 Ráthaíocht aonair i bhfoirm dearbhán (TC32)

#### III.3.3.1 Dliteanas agus formheas

*Airteagal 21, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 160 agus 161 IA*

Taisctear na gealltanais a thugann ráthóir chun críche ráthaíocht aonair i bhfoirm dearbhán (TC32) ag oifig custaim na ráthaíochta agus déantar iad a fhormheas. Coinnítear iad ag an oifig custaim sin ar feadh thréimhse a bailíochta. Chomh maith leis sin, ní mór don oifig custaim sin na gealltanais agus na dearbháin sin a chlárú sa GMS.

Níl uasmhéid dliteanais sa ghealltanas. Ba cheart d'oifig custaim na ráthaíochta a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an ráthóir chun aon fhiach (custaim) a d'fhéadfadh sé a thabhú a íoc. Go háirithe, féadfaidh an oifig custaim smaoineamh ar shrian a chur le líon na ndearbhán a eisíonn

ráthóir áirithe.

Leagtar amach samhail an ghealltanais in Iarscríbhinn C2, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 32-02 IA. Má éilítear amhlaidh de réir an dlí náisiúnta, rialacháin nó foráil riaracháin, nó i gcomhréir le cleachtas coiteann, féadfaidh tír glacadh le gealltanas i bhfoirm samhail dhifriúil, ar choinníoll go bhfuil an éifeacht dhlíthiúil chéanna aige leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn C2 nó Iarscríbhinn 32-02.

### III.3.3.2 Fógra

Ní mór do gach tír an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas maidir le hainmneacha agus seoltaí ráthóirí atá údaraithe chun ráthaíochtaí aonair a eisiúint i bhfoirm dearbhán.

Soláthraítear an liosta de ráthóirí údaraithe in Iarscríbhinn III.7.1.

I gcás ina ndéantar an t-údarú a chúlghairm, ní mór don tír atá freagrach as oifig custaim na ráthaíochta fógra a thabhairt don Choimisiún láithreach ina leith agus an dáta ar a mbeidh sé éifeachtach a léiriú.

Cuirfidh an Coimisiún na tíortha eile ar an eolas.

### III.3.3.3 Dearbhán (TC32)

Déanann ráthóir na dearbháin agus soláthraítear iad do dhaoine aonair a bhfuil sé beartaithe acu a bheith mar shealbhóir an nós imeachta. Féadfaidh an ráthóir an dearbhán a chur in éineacht le comhdhuille agus, más iomchuí, fáltas.

Má tá síniú shealbhóir an nós imeachta in easnamh ón dearbhán, ní dhéanann sé sin difear do bhailíocht an dearbháin agus ní gá síniú an ráthóra ar an dearbhán a bheith lámhscríofa.

Cumhdaítear EUR 10 000 le gach dearbhán agus tá an ráthóir faoi dhliteanas i leith an mhéid sin. Is é 1 bhliain ón dáta eisiúna tréimhse bhailíochta an dearbháin.

Ní mór gach dearbhán a chlárú in GMS agus le haghaidh gach dearbháin ní mór d’oifig custaim na ráthaíochta an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl do shealbhóir an nós imeachta:

- GRN;
- cód rochtana a bhaineann le GRN.

Ní féidir le sealbhóir an nós imeachta an cód rochtana sin a athrú. Nuair a thaisctear dearbhú custaim, ní mór GRN agus cód rochtana le haghaidh gach dearbháin a bheith san áireamh ann. Ní mór don oifig custaim imeachta a fhíorú go bhfuil ráthaíocht sa chóras agus go bhfuil sí bailí.

Cuireann dearbhóir roinnt dearbhán faoi bhráid na hoifige custaim imeachta a chomhfhreagraíonn do luach EUR 10 000 chun méid an fhéich (custaim) a d'fhéadfaí a thabhú a chumhdach (e.g. más EUR 8 000 atá i méid an fhéich (custaim), is leor dearbhán amháin a sholáthar, ach más EUR 33 000 atá i gceist, is gá ceithre dhearbhán a sholáthar)

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór an dearbhán nó na dearbháin a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta agus ní mór don oifig sin é/iad a choinneáil.

Comhfhreagraíonn samhail an dearbháin don sampla in Iarscríbhinn C3, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 32-06 IA.

| TRÁDÁIL |
|---|
| Iontrálann an ráthóir dáta éaga an dearbháin ar an dearbhán TC 32. Ní féidir tréimhse níos faide ná 1 bhliain ón dáta eisiúna a bheith i gceist. |

## III.4 Ráthaíocht chuimsitheach agus tarscaoileadh ráthaíochta

### III.4.1 Forálacha ginearálta

#### III.4.1.1 Réamhrá

*Airteagal 55(a), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 89(5) agus 95 CCA*

*Airteagal 84 DA*

Is simpliú é ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe, lena n-áirítear tarscaoileadh ráthaíochta, a thugtar ar bhonn údaraithe. Ní mór don iarratasóir iarratas a chur isteach agus ní mór don údarás inniúil údarú a thabhairt chun an simpliú sin a fháil.

#### III.4.1.2 Coinníollacha ginearálta

Ní mór don iarratasóir na coinníollacha a chomhlíonadh a leagtar síos in Airteagail 57 agus 75, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún/Airteagal 95 CCA agus Airteagal 84 DA (le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Ranna VI.2.1. agus VI.3.1.).

#### III.4.1.3 An méid tagartha a ríomh

*Airteagal 74, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 155 IA*

Ceadaítear ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe, lena n-áirítear tarscaoileadh ráthaíochta, a úsáid suas le méid tagartha. Chun leasanna airgeadais na bPáirtithe Conarthacha a chosaint agus chun riachtanais shealbhóir an nós imeachta a chomhlíonadh, ní mór an méid tagartha a ríomh go han-chúramach.

Ní mór an méid tagartha a bheith comhfhreagrach le méid an fhéich (custaim) a d’fhéadfadh a bheith iníoctha maidir le gach oibríocht idirthurais chomhchoiteann/de chuid an Aontais a soláthraítear an ráthaíocht ina leith, le linn na tréimhse ón dáta a chuirtear na hearraí faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais go dtí go ndéanfar an nós imeachta sin a urscaoileadh. Ba cheart oibríochtaí idirthurais shealbhóir an nós imeachta a léiriú leis an tréimhse sin. Ba cheart iompar earraí le linn buaicthréimhsí nó na hearraí sin nach ndearbhaíonn siad go tráthrialta le haghaidh idirthurais a bheith san áireamh freisin agus an méid tagartha á ríomh, chun gach toradh féideartha a chumhdach.

Chun críche an ríomha sin, ní mór na rátaí féich (custaim) is airde is

infheidhme maidir le hearraí den chineál céanna a chur san áireamh i dtír oifig custaim na ráthaíochta.

Ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta an méid tagartha a leagan síos i gcomhar le sealbhóir an nós imeachta bunaithe ar an bhfaisnéis faoi na hearraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais sa 12 mhí roimhe sin agus faoi líon measta na n-oibríochtaí atá beartaithe amach anseo. I gcomhaontú leis an iarratasóir, féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta measúnú a dhéanamh ar an méid tagartha trí na suimeanna a shlánú suas chun an méid a éilítear a chumhdach. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, ní mór an méid sin a shocrú ag EUR 10 000 le haghaidh gach oibríochta idirthurais.

Ba cheart d'oifig custaim na ráthaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an méid tagartha ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta agus ba cheart di an méid sin a choigeartú más gá.

**III.4.1.4 Méid na ráthaíochta**

Ní mór méid tagartha na ráthaíochta cuimsithí a bheith cothrom leis an uasmhéid a léirítear i ngealltanas an ráthóra a chuireann an t-iarratasóir i láthair ag oifig custaim na ráthaíochta lena ghlacadh.

**III.4.1.5 Deimhniú ráthaíochta**

*Airteagal 79, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Iarscríbhinn 72-04 IA*

Ní mór do na húdaráis inniúla deimhniú (deimhniú ráthaíochta cuimsitheach TC31 agus deimhniú tarscaoilte ráthaíochta TC33) a eisiúint chuig sealbhóir an nós imeachta. Chun mí-úsáid na ndeimhnithe agus na ráthaíochta a chosc, níor cheart do na húdaráis inniúla tuilleadh deimhnithe a eisiúint ach i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus níor cheart dóibh ach an líon deimhnithe a dtugann sealbhóir an nós imeachta údar ina leith amháin a eisiúint (i gcás ina gcuireann sealbhóir an nós imeachta dearbhuithe maidir le hidirthuras i láthair go tráthrialta ag roinnt oifigí custaim, mar shampla).

Ní chuirtear deimhniú ráthaíochta cuimsitheach agus deimhniú tarscaoilte ráthaíochta i láthair ach amháin i gcás nós imeachta leanúnachais gnó.

Leagtar amach na samhlacha deimhnithe in Iarscríbhinní C5 agus

C6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún / Caibidil VI agus VII, Iarscríbhinn 72-04 IA).

Bíonn na deimhnithe bailí ar feadh 2 bhliain, ach féadfar iad a shíneadh ar feadh 2 bhliain bhreise (Iarscríbhinn 72-04 IA, 19.3).

### III.4.1.6 Oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta agus athbhreithniú ar an méid tagartha

*Airteagail 74(5) agus (6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 156 agus 157 IA*

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta a áirithiú nach mó an méid atá iníoctha nó a d'fhéadfadh a bheith iníoctha ná an méid tagartha.

Áirithítear go ndéantar faireachán ar an méid tagartha leis na córais (GMS agus NCTS) le haghaidh gach oibríochta idirthurais comhchoitinne/Aontais nuair a chuirtear na hearraí faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais.

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór do na húdaráis inniúla tuairisc a thabhairt ar na modhanna faireacháin san údarú. D'fhéadfaidís tograí a chur san áireamh ó shealbhóir an nós imeachta maidir leis na modhanna faireacháin. In aon chás, trí bhíthin an mhodha faireacháin ní mór é a chur ar a chumas do shealbhóir an nós imeachta cinneadh a dhéanamh cé acu an sárófar nó nach sárófar an méid tagartha de thoradh na hoibríochta idirthurais ar cuireadh iarratas isteach ina leith.

Maidir leis sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a éileamh go sonrach go gcoinneodh sealbhóir an nós imeachta taifid ar gach dearbhú maidir le hidirthuras arna thaisceadh sa nós imeachta leanúnachais gnó agus ar mhéid na ndleachtanna custaim agus na dtáillí eile arna ríomh nó arna measúnú. Go háirithe, féadfaidh sealbhóir an nós imeachta faireachán a dhéanamh ar cé acu an sáraíonn sé/sí an méid tagartha, nó nach sáraíonn, trí é a chur do dhochar leis an méid le haghaidh gach oibríochta idirthurais tráth a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais. Ina dhiaidh sin, cuireann sé/sí an méid tagartha do shochar leis an méid sin tráth a fhaigheann sé/sí an fhaisnéis go bhfuil deireadh tagtha leis an oibríocht idirthurais. Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta glacadh leis gur tháinig deireadh leis an oibríocht ar an dáta nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig

custaim cinn scríbe. Ní mór don sealbhóir a chuntais/cuntais a leasú go cúlghabhálach má fhaigheann sé/sí faisnéis nach ndearnadh an nós imeachta a urscaoileadh nó gur cuireadh deireadh leis tar éis an teorainn ama a shocraigh an oifig custaim imeachta.

I gcás ina suíonn sealbhóir an nós imeachta go bhféadfaidh sé/sí an méid tagartha a shárú, ní mór dó/di bearta a dhéanamh i leith an údaraithe agus, más gá, i leith oibríochtaí idirthurais sa todhchaí.

Mura gcuireann sealbhóir an nós imeachta oifig custaim na ráthaíochta ar an eolas gur sáraíodh an méid tagartha sa nós imeachta leanúnachais gnó, féadfar an t-údarú a chúlghairm.

### III.4.1.7 An úsáid a bhaintear as an ráthaíocht chuimsitheach

*Airteagal 76, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Taisctear na gealltanais a thugann ráthóir chun críche ráthaíocht chuimsitheach ag oifig custaim na ráthaíochta agus déantar iad a fhormheas. Ní mór don oifig custaim na gealltanais sin a chlárú sa chóras GMS.

*Airteagal 154 IA*

Maidir le gach gealltanas, ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl do shealbhóir an nós imeachta:

- GRN;
- cód rochtana a bhaineann le GRN.

Arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta, ní mór d'oifig custaim na ráthaíochta cód rochtana breise amháin nó níos mó a shannadh don ráthaíocht sin a mbeidh an sealbhóir nó a (h)ionadaithe ábalta úsáid a bhaint as/astu.

Nuair a thaisctear dearbhú custaim, ní mór GRN agus an cód rochtana ceart a bheith san áireamh ann. Ní mór don oifig custaim imeachta a fhíorú go bhfuil ráthaíocht sa chóras agus go bhfuil sí bailí.

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór deimhniú ráthaíochta cuimsitheach agus deimhniú tarscaoilte ráthaíochta a chur i láthair (le haghaidh tuilleadh sonraí féach Roinn III.4.1.5).

Leagtar amach samhail ghealltanas an ráthóra in Iarscríbhinn C4, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 32-03 IA. Má éilítear amhlaidh de réir an dlí náisiúnta, rialacháin nó foráil riaracháin, nó i gcomhréir le cleachtas coiteann, féadfaidh tír glacadh le gealltanas i bhfoirm samhail dhifriúil, ar choinníoll go bhfuil an éifeacht dhlíthiúil chéanna aige leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn C4 nó Iarscríbhinn 32-03.

### III.4.1.8 Toirmeasc sealadach ar ráthaíocht chuimsitheach a úsáid

*Airteagal 77, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*
*Iarscríbhinn I, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 96 CCA*

Féadfar toirmeasc sealadach a chur ar ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe a úsáid, lena n-áirítear an tarscaoileadh ráthaíochta, sna cásanna seo a leanas:

- in imthosca speisialta;
- le haghaidh earraí ar cruthaíodh calaois ar mhórscála ina leith a raibh ráthaíocht i gceist léi.

A mhéid a bhaineann le nós imeachta idirthurais an Aontais, is é an Coimisiún Eorpach a ghlacann an cinneadh maidir le toirmeasc, agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach – is é Comhchoiste AE-CTC a ghlacann an cinneadh.

Tagraíonn na **himthosca speisialta** thuasluaite do chás inar suíodh nach leor an ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe, lena n-áirítear an tarscaoileadh ráthaíochta, a tuilleadh chun íocaíocht a áirithiú, laistigh den teorainn ama forordaithe, i leith an fhéich (chustaim) a eascraíonn nuair a bhaintear earraí áirithe ó nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais. I líon suntasach cásanna bhí níos mó ná sealbhóir amháin den nós imeachta i gceist agus cuireadh feidhmiú éasca an nós imeachta i mbaol mar thoradh.

Tagraíonn an **chalaois ar mhórscála**, a luadh thuas, do chás ina suitear nach leor an ráthaíocht chuimsitheach nó an ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe, lena n-áirítear an tarscaoileadh ráthaíochta, a tuilleadh chun íocaíocht a áirithiú, laistigh den teorainn ama forordaithe, i leith an fhéich (custaim) a eascraíonn nuair a bhaintear earraí áirithe ó nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais. I gcás mar sin, ba cheart líon na n-earraí a baineadh a chur san áireamh, mar aon leis na himthosca inar baineadh iad, go háirithe más de thoradh gníomhaíochtaí cóiriúla eagraithe idirnáisiúnta a tharla na himthosca sin.

#### III.4.1.8.1 Ráthaíocht aonair ilúsáide – tíortha comhchoiteanna idirthurais amháin

*Iarscríbhinn I, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*
*Iarscríbhinn A2, Foscríbhinn III a ghabhann leis an*

I gcás ina gcuirtear toirmeasc sealadach ar an ráthaíocht chuimsitheach (lena n-áirítear laghdú agus tarscaoileadh), féadfaidh sealbhóirí an údaraithe i gcomhair na ráthaíochta cuimsithí úsáid a bhaint as ráthaíocht aonair ilúsáide, arna iarraidh sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha thíos.

- Ní mór an ráthaíocht aonair a bheith i bhfoirm doiciméad ráthaíochta sonraí lena gcumhdaítear na cineálacha earraí dá dtagraítear sa chinneadh maidir leis an toirmeasc amháin.
- Ní féidir an ráthaíocht aonair a úsáid ach ag an oifig custaim imeachta a aithnítear sa doiciméad ráthaíochta amháin.
- Féadfar leas a bhaint as an ráthaíocht aonair chun roinnt oibríochtaí comhuaineacha nó leantacha a chumhdach ar choinníoll, i gcás na méideanna atá i gceist leis na hoibríochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair nár scaoileadh an nós imeachta ina leith go fóill, nach mó suim na méideanna sin ná méid tagartha na ráthaíochta aonair. Sa chás sin, sannann oifig custaim na ráthaíochta cód rochtana tosaigh amháin le haghaidh na ráthaíochta do shealbhóir an nós imeachta. Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta cód rochtana amháin nó níos mó a shannadh don ráthaíocht sin, a mbeidh an sealbhóir nó a (h)ionadaithe ábalta úsáid a bhaint as/astu.
- Gach uair a dhéantar an nós imeachta a urscaoileadh le haghaidh oibríocht idirthurais arna cumhdach leis an ráthaíocht aonair sin, ní mór an méid a chomhfhreagraíonn don oibríocht sin a scaoileadh agus féadfar é a athúsáid chun oibríocht eile a chumhdach suas le huasmhéid na ráthaíochta.

Ní chuirfear ráthaíocht aonair ilúsáide i bhfeidhm ach maidir leis na hoibríochtaí idirthurais comhchoiteanna ar cuireadh tús leo i dtíortha comhchoiteanna idirthurais ag an oifig custaim imeachta nó maidir le hoibríochtaí ar chuir choinsíneoirí údaraithe tús leo. Ní féidir úsáid a bhaint as an ráthaíocht sin le haghaidh oibríochtaí idirthurais an Aontais ar cuireadh tús leo san Aontas Eorpach.

Ba cheart an cód ‘9’ a léiriú i ndearbhú maidir le hidirthuras mar chód na ráthaíochta. Ní hann don chód sin i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

### III.4.1.8.2 Maolú ón gcinneadh chun toirmeasc sealadach a chur ar an ráthaíocht chuimsitheach nó an ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe (lena n-áirítear an tarscaoileadh ráthaíochta) a úsáid

D’ainneoin an chinnidh maidir le toirmeasc sealadach a chur ar ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe a úsáid (lena n-áirítear tarscaoileadh ráthaíochta), féadfar úsáid na ráthaíochta cuimsithí a údarú mar sin féin má chomhlíonann sealbhóir an nós imeachta na critéir seo a leanas:

- gur féidir leis/léi a léiriú nár tháinig aon fhiach (custaim) chun

cinn a mhéid a bhaineann leis na hearraí atá i gceist le linn na hoibríochta idirthurais comhchoitinne/oibríocht idirthurais an Aontais a thug sé/sí fúithi sa 2 bhliain roimh an gcinneadh maidir leis an toirmeasc; nó má d'eascair fiach (custaim) le linn na tréimhse sin, gur féidir leis an sealbhóir a thaispeáint gur íoc an féichiúnaí/na féichiúnaithe nó an ráthóir na fiacha sin ina n-iomlán laistigh den teorainn ama a forordaíodh;

- go léiríonn sé/sí ardleibhéal rialaithe ar a chuid/cuid oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair, lena gcumasaítear rialuithe iomchuí custaim;
- go meastar gur cruthaíodh a shócmhainneacht/sócmhainneacht airgeadais trí sheasamh maith airgeadais a bheith aige/aici, lena gcumasaítear dó/di a ghealltanais/gealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta gnó lena mbaineann.

Baineann úsáidí eisceachtúla na ráthaíochta cuimsithí le hoibríochtaí idirthurais comhchoiteanna agus oibríochtaí idirthurais an Aontais araon.

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, ba cheart Bosca 8 de dheimhniú na Ráthaíochta TC31 a fhormhuiniú leis an bhfrása: 'ÚSÁID NEAMHSHRIANTA — 99209'. Tá na leaganacha teanga difriúla don chéim seo le fáil in Iarscríbhinn B6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn D1, Iarscríbhinn 9, TDA.

### III.4.1.9 Neamhniú agus cúlghairm an údaraithe

*Airteagal 80, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 27 agus 28 CCA*

Má chuirtear údarú ar neamhní nó má dhéantar údarú a chúlghairm, ní féidir leas a bhaint as deimhnithe a eisíodh roimhe sin chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais agus ní mór do shealbhóir an nós imeachta iad a thabhairt ar ais d'oifig custaim na ráthaíochta gan mhoill.

An modh chun na deimhnithe sin atá fós bailí ach nár seoladh ar ais fós a shainaithint, ní mór don tír atá freagrach as oifig custaim na ráthaíochta é sin a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

Cuirfidh an Coimisiún na tíortha eile ar an eolas.

Féach Cuid VI.2.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

### III.4.2 Méid na ráthaíochta agus an tarscaoilte ráthaíochta a laghdú

#### III.4.2.1 Réamhrá

Féadfar uasmhéid na ráthaíochta atá cothrom leis an méid tagartha, i bprionsabal, a laghdú, ar choinníoll go gcomhlíonann sealbhóir an nós imeachta critéir iontaofachta áirithe. Féadfar an méid a laghdú go dtí 50 % nó 30 % den mhéid tagartha nó féadfar tarscaoileadh ráthaíochta a thabhairt.

#### III.4.2.2 Critéir an laghdaithe

Féach Cuid VI.3.1 le haghaidh tuilleadh sonraí.

### III.5 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### III.6 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin

### III.7 Iarscríbhinní

**III.7.1 Liosta de na ráthóirí atá údaraithe chun dearbháin ráthaíochta aonair TC32 a eisiúint**

Chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil, cliceáil ar cheann de na naisc seo a leanas:

**EUROPA:**

https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en

**III.7.2 Liosta uiscebhealaí**

| | |
|---|---|
| **An Bheilg** | (a) Canáil Terneuzen<br>(b) An Sceilt síos go dtí Antuairp<br>(c) Na canálacha lena nasctar Smeermaas nó Petit-Lanaye agus Liège<br>(d) Canáil nua na Réine-na Sceilte ó chalafort Antuairp go dtí Krammer san Ísiltír tríd an Sceilt Thoir, an Eendracht, an Slaakdam agus an Prins Hendrikpolder<br>(e) Canáil Albert<br>(f) Canáil Willebroek |
| **An Ghearmáin** | Na huiscebhealaí go léir atá ceangailte leis an Réin, lena n-áirítear 'Canáil Main-na Danóibe', gan an Danóib agus uiscebhealaí na Danóibe san áireamh. |
| **An Fhrainc** | (a) Grand Canal d'Alsace<br>(b) An Moselle idir Apach agus Neuves-Maisons<br>(c) Leibhéil Marckolsheim, Rhinau, Gerstheim, Strasbourg agus Gambsheim ar bhruach Francach na Réine idir Kembs agus Vogelgrun |
| **Lucsamburg** | An chuid den Moselle ina bhfuil canáil idir loc Apach-Schengen agus Wasserbillig |
| **An Ísiltír** | 1. Uiscebhealaí na Réine i mbrí bheacht an téarma:<br>(a) nasc Lobith-Amstardam:<br>- an Réin, Waal, Amstardam – canáil na Réine<br>(b) an nasc le ceantar chalafort Lobith-Rotterdam:<br>- an Réin, Waal, Merwede, Noord, Nieuwe Maas, Nieuwe Waterweg |

| | |
|---|---|
| | - an Réin, Lek, Nieuwe Maas, Nieuwe Waterweg<br>(c) nasc Lobith-Dordrecht-Hansweert-Antuairp: an Réin, Waal, Merwede, Dordtse Kil nó Nieuwe Merwede, Hollands Diep, Volkerak, Krammer, Zijpe, Mastgat, Keeten, Oosterschelde (canáil na Sceilte Thoir), trí Zuid-Beveland, Westerschelde (an Sceilt Thiar), an Sceilt<br>(d) nasc Lobith-Dordrecht-Hansweert-Ghent: an Réin, Waal, Merwede, Dordtse Kil nó Nieuwe Merwede, Hollands Diep, Volkerak, Krammer, Zijpe, Mastgat, Keeten, Oosterschelde (an Sceilt Thoir), canáil Zuid-Beveland, Westerschelde (an Sceilt Thiar), canáil Terneuzen<br>(e) nasc Lobith-De Kempen-Smeermaas nó St. Pieter: na huiscebhealaí go léir a úsáidtear go minic idir na háiteanna sin agus na hacomhail leis na huiscebhealaí seo a leanas; An Réin, Waal, Canáil Juliana, Dieze, Zuid-Willemsvaart, Canáil Wessem-Nederweert.<br>2. Meastar go n-úsáideann na soithí seo a leanas uiscebhealaí na Réine:<br>- soithí a thagann ón Réin agus atá ag dul i dtreo Antuairp nó Ghent, nó<br>- soithí a thagann ó Antuairp nó Ghent agus nach mór dóibh an Ísiltír a fhágáil tríd an Réin nuair a théann siad trí chalafort Rotterdam chun earraí a thrasloingsiú agus iad faoi bhealach arna gcumhdach le lastliosta na Réine nó chun earraí a bhailiú nach mór iad a iompar amach as an Ísiltír trí uiscebhealaí na Réine i dtreo Antuairp nó Ghent tríd an Réin.<br>3. Sa chleachtas, meastar an t-uiscebhealach atá ann ó 1975 i leith a théann chuig Antuairp trí loic Kreekrak a bheith mar uiscebhealach na Réine freisin. |
| **An Eilvéis** | An Réin go Basel |

## CUID IV – CÓRAS NUA RÍOMHCHUIDITHE IDIRTHURAIS (NCTS) AN NÓS IMEACHTA IDIRTHURAIS CAIGHDEÁNACH

Tugtar tuairisc sa chuid seo ar an nós imeachta idirthurais caighdeánach faoin gcóras nua ríomhchuidithe idirthurais (NCTS).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Tugtar tuairisc i gCuid V ar an nós imeachta leanúnachais gnó mura féidir úsáid a bhaint as NCTS.

Baineann Caibidil IV.1 leis an nós imeachta i ndáil le dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras.

Baineann Caibidil IV.2 le foirmiúlachtaí ag an oifig custaim imeachta.

Baineann Caibidil IV.3 le foirmiúlachtaí agus teagmhais le linn iompair.

Baineann Caibidil IV.4 le foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe.

Baineann Caibidil IV.5 le hAndóra, Poblacht San Mairíne agus críocha fioscacha speisialta.

**Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:**

Níor cheart an téacs seo a úsáid in ionad treoracha nó ábhair chabhrach theicniúla maidir le feidhmchláir theicniúla agus bogearraí NCTS a úsáid (FTSS + DDNTA).

## CAIBIDIL 1 – AN DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HIDIRTHURAS

### IV.1.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar an nós imeachta idirthurais caighdeánach agus NCTS á úsáid.

I Mír IV.1.2 tugtar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht le haghaidh nós imeachta idirthurais caighdeánach.

Tugtar tuairisc i Mír IV.1.3 ar conas NCTS a úsáid.

Cumhdaítear luchtú earraí agus cur i gcrích an dearbhaithe maidir le hidirthuras i Mír IV.1.4.

Baineann Mír IV.1.5 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí ar na rialacha ginearálta i Mír IV.1.6.

Forchoimeádtar Mír IV.1.7 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír IV.1.8 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá an Iarscríbhinn a ghabhann le Caibidil 1 le fáil i Mír IV.1.9.

### IV.1.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagal 3(c), (d) agus (e) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Teideal I, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinní A1 agus A2; Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 5 pointe 12, Airteagal 6(1), Airteagail 158, 162, 163 agus 170-174, CCA;
- Airteagail 143 agus 148 DA;
- Airteagail 294 agus 296 IA;
- Foscríbhinní D1, D2, F1, F2, G1 agus G2, Iarscríbhinn 9, an Treoir um Thrédhearcacht (TDA).

### IV.1.3 NCTS

### IV.1.3.1 Eagrú NCTS

Is córas idirthurais ríomhchuidithe atá in NCTS chun teachtaireachtaí leictreonacha a mhalartú. Cuirtear na teachtaireachtaí sin in ionad na ndoiciméad páipéir éagsúil agus fhoirmiúlachtaí áirithe an chórais idirthurais.

Déantar na teachtaireachtaí sin a mhalartú go leictreonach ar thrí leibhéal:

- idir na hoibreoirí eacnamaíocha agus an húdaráis chustaim ('fearann seachtrach');
- idir oifigí custaim tíre amháin ('fearann náisiúnta');
- i measc na n-údarás custaim náisiúnta féin agus leis an gCoimisiún ('fearann coiteann').

Is iad seo a leanas na príomhnithe agus na príomhtheachtaireachtaí a úsáidtear san oibríocht NCTS:

- an dearbhú maidir le hidirthuras, arna chur i láthair i bhfoirm leictreonach – an teachtaireacht 'Sonraí an Dearbhaithe' (IE015);
- an mháistiruimhir thagartha (MRN), ar cláruimhir uathúil í a leithdháileann an t-údarás inniúil ar dhearbhú maidir le hidirthuras agus a phriontáiltear ar an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) / doiciméad tionlacain idirthurais/slándála (DTIS) agus liosta na míreanna earraí (LoI) / liosta na míreanna earraí idirthurais/slándála (TSLoI) chun oibríocht idirthurais a shainaithint;
- DTI/DTIS, a phriontáiltear ag an oifig custaim imeachta nó ag áitreabh trádálaithe nuair a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais agus a ghabhann in éineacht leis na hearraí ón láthair imeachta go dtí an ceann scríbe;
- an teachtaireacht 'Taifead teachta ionchais – AAR' (IE001), arna seoladh ag an oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim cinn scríbe a léirítear sa dearbhú;
- an teachtaireacht 'Taifead idirthurais ionchais – ATR' (IE050), arna seoladh ag an oifig custaim imeachta chuig an oifig/na hoifigí custaim idirthurais dearbhaithe chun trasnú teorann ionchais na n-earraí a chur in iúl;
- an teachtaireacht 'Fógra faoi thrasnú teorann – NCF' (IE118), arna seoladh ag an oifig custaim idirthurais iarbhír chuig an oifig custaim imeachta chun fógra a thabhairt di faoi iompar na

n-earraí;

- an teachtaireacht 'Nóta faisnéise maidir le teacht – AA' (IE006), arna seoladh ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír chuig an oifig custaim imeachta nuair a thagann na hearraí isteach;
- an teachtaireacht 'Torthaí an rialaithe ag an gceann scríbe' (IE018), arna seoladh ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír chuig an oifig custaim imeachta (tar éis di na hearraí a sheiceáil, i gcás inar gá sin);

### IV.1.3.2 Raon feidhme NCTS

Tá NCTS infheidhme maidir le gach oibríocht idirthurais chomhchoiteann/de chuid an Aontais gan beann ar an modh iompair a úsáidtear, cé is moite de nósanna imeachta idirthurais ina n-úsáidtear doiciméad tráchtála mar an dearbhú maidir le hidirthuras (i nósanna imeachta idirthurais d'aer, ar muir nó d'iarnród i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid iompair aeir/mara nó an nóta coinsíneachta CIM mar dhearbhuithe maidir le hidirthuras, mar shampla).

### IV.1.3.3 Rochtain d'oibreoirí ar NCTS

Go ginearálta, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha rochtain a fháil ar NCTS ar na bealaí seo a leanas:

- Ionchur Díreach ó Thrádálaithe (lena n-áirítear ionchur trí shuíomh gréasáin na n-údarás custaim);
- Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI);
- sonraí a ionchur ag an oifig custaim.

Téigh i dteagmháil leis na húdaráis chustaim náisiúnta le haghaidh tuilleadh sonraí faoi rochtain d'oibreoirí.

### IV.1.4 Nós imeachta maidir le dearbhú

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- luchtú earraí (Mír IV.1.4.1);
- an dearbhú maidir le hidirthuras (Mír IV.1.4.2)

### IV.1.4.1 Luchtú

*Airteagal 24, Foscríbhinn I Coinbhinsiún,*

Níor cheart a chur san áireamh i ngach dearbhú maidir le hidirthuras ach earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an

*Airteagal 296 IA*

Aontais a ghluaistear nó atá le gluaiseacht ó oifig custaim imeachta amháin go dtí oifig custaim cinn scríbe amháin ar mhodh iompair amháin, i gcoimeádán nó i bpacáiste (e.g. ocht bpacáiste arna luchtú ar leantóir amháin).

Féadfar a chuimsiú le dearbhú amháin maidir le hidirthuras earraí arna ngluaiseacht nó atá le gluaiseacht ó oifig custaim imeachta amháin go dtí oifig custaim cinn scríbe amháin i níos mó ná coimeádán amháin nó i níos mó ná pacáiste amháin i gcás ina luchtaítear coimeádáin nó pacáistí ar mhodh iompair aonair áfach.

Is ionann an méid a leanas agus modh iompair aonair ar choinníoll go scaoilfear na hearraí arna n-iompar le chéile:

- feithicil bhóthair in éineacht lena leantóir(í) nó leathleantóir(í);
- líne de chóistí iarnróid nó vaigíní lastais cúpláilte;
- báid atá ina slabhra aonair.

Má dhéantar coinsíneacht a scaradh idir dhá mhodh iompair, is gá dearbhú ar leithligh maidir le hidirthuras a sholáthar i ndáil le gach modh iompair, cé go n-iompraítear na hearraí go léir idir an oifig custaim imeachta agus an ceann scríbe céanna.

Ar an taobh eile, féadfar modh iompair aonair a úsáid chun earraí a luchtú ag níos mó ná oifig custaim imeachta amháin agus chun earraí a dhíluchtú ag níos mó ná oifig custaim cinn scríbe amháin.

I gcás ina ndéantar earraí a luchtú ar mhodh iompair aonair ag níos mó ná oifig custaim imeachta amháin, ní mór dearbhuithe ar leithligh maidir le hidirthuras a thaisceadh le haghaidh gach ceann de na coinsíneachtaí ag gach oifig custaim imeachta chun na hearraí arna luchtú ag an oifig sin a chumhdach.

<u>Sampla 1:</u>

Ag oifig custaim imeachta A, luchtaítear trí phacáiste ar thrucail a chumhdaítear le dearbhú amháin maidir le hidirthuras agus déanfar na pacáistí sin a sheachadadh chuig oifig custaim cinn scríbe C. Ag an gcéad oifig custaim imeachta eile B, cuirtear cúig phacáiste bhreise leo agus luchtaítear ar an trucail chéanna iad, agus déanfar iad a sheachadadh chuig oifig custaim cinn scríbe C freisin. Ní mór na cúig phacáiste sin a chumhdach le dearbhú nua maidir le hidirthuras.

Gan difear a dhéanamh d’fhorálacha Airteagal 7(3) den Choinbhinsiún, féadfar roinnt dearbhuithe maidir le hidirthuras a eisiúint chuig an sealbhóir nós imeachta céanna le haghaidh earraí

arna n-iompar ar mhodh iompair aonair, atá á seoladh chuig an gceann scríbe céanna nó chuig roinnt ceann scríbe. Ní mór ráthaíocht a sholáthar maidir le gach dearbhú den sórt sin.

Sampla 2:

Ag oifig custaim imeachta A, luchtaítear dhá phacáiste ar thrucail a chumhdaítear le dearbhú amháin maidir le hidirthuras, atá beartaithe lena seachadadh chuig oifig custaim cinn scríbe C, agus cumhdaítear trí phacáiste eile le dhearbhú eile maidir le hidirthuras, atá beartaithe lena seachadadh chuig oifig custaim cinn scríbe D. Ag na hoifigí custaim ceann scríbe (C agus D), déanfar na pacáistí a dhíluchtú agus cuirfear deireadh leis na hoibríochtaí idirthurais.

### IV.1.4.2 Dearbhú maidir le hidirthuras (IE015)

#### IV.1.4.2.1 Foirm an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus é a chur i gcrích

*Iarscríbhinní A1 agus B1, Foscríbhinn III Coinbhinsiún,*

*Airteagal 5 pointe 12 CCA*

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá bhrí ag an téarma '**dearbhú maidir le hidirthuras**'. Ar an gcéad dul síos, ciallaíonn 'dearbhú maidir le hidirthuras' dearbhú ina léiríonn duine gur mian leis/léi earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais san fhoirm agus sa bhealach forordaithe. Ar an dara dul síos, ciallaíonn sé na sonraí mar dhearbhú maidir le hidirthuras, i.e. an teachtaireacht 'Sonraí an Dearbhaithe' (IE015) agus an t-asphrionta de dhearbhú den sórt sin i bhfoirm DTI. Baintear úsáid as an gcéad bhrí den téarma 'dearbhú maidir le hidirthuras' sna caibidlí ina dhiaidh seo.

Ba cheart gnéithe sonraí a sholáthar, dá dtagraítear in Iarscríbhinn A1 le Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn C2, Iarscríbhinn 9 den Treoir um Thrédhearcacht.

Chun dearbhú maidir le hidirthuras a thaisceadh, ní mór na gnéithe sonraí éigeantacha go léir a sholáthar (IE015).

Ní mór dearbhuithe maidir le hidirthuras a tharraingt suas i gceann de theangacha oifigiúla na bPáirtithe Conarthacha atá inghlactha d'údaráis inniúla na tír imeachta.

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh oibreoirí eacnamaíocha an dearbhú maidir le hidirthuras a líonadh isteach i gceart ionas nach ndiúltódh NCTS an dearbhú.

Má dhiúltaíonn NCTS dearbhú maidir le hidirthuras, tugtar fógra don dearbhóir faoin gcúis leis an diúltú sin agus ligtear dó/di na ceartúcháin is gá a dhéanamh nó dearbhú nua a chur isteach.

Féadfaidh 999 mír earraí ar a mhéad a bheith in oibríocht idirthurais. Ní mór gach mír earraí ar dhearbhú a iontráil in NCTS agus déanfar í a phriontáil ar an doiciméad tionlacain idirthurais nó ar liosta na míreanna earraí (LoI). Déantar LoI a phriontáil i gcás ina gcumhdaítear níos mó ná mír earraí amháin leis an dearbhú maidir le hidirthuras. Cuirtear i gceangal le DTI é, a mbíonn tagairt do LoI i mBosca 31 ann. Tá DTI samplach agus na nótaí míniúcháin a ghabhann leis in Iarscríbhinní A3-A4, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn F1, Iarscríbhinn 9 TDA. Tá LoI samplach agus na nótaí míniúcháin a ghabhann leis in Iarscríbhinní A5-A6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn F2, Iarscríbhinn 9 TDA.

### IV.1.4.2.2 Coinsíneachtaí measctha

*Airteagal 28, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 294 IA*

*Foscríbhinn D1, Iarscríbhinn 9, TDA*

*Iarscríbhinn B IA*

Ar bhonn ginearálta, i gcás coinsíneachtaí atá comhdhéanta d'earraí nach de chuid an Aontais iad atá á ngluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais T1 agus d'earraí de chuid an Aontais atá á ngluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais T2/T2F cumhdaítear le haon dearbhú amháin maidir le hidirthuras iad, a cheanglaítear le DTI in éineacht le LoI. Soláthraítear faisnéis in DTI mar aon le hachoimre ar LoI a úsáidtear le haghaidh earraí a bhfuil stádais éagsúla acu.

De rogha air sin, féadfar dearbhuithe ar leithligh maidir le hidirthuras a dhéanamh (mar shampla: dearbhú maidir le hidirthuras T1 le haghaidh earraí nach de chuid an Aontais iad agus dearbhú maidir le hidirthuras T2 nó T2F le haghaidh earraí de chuid an Aontais).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Is féidir earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi idirthuras (agus a ghluaistear laistigh de chríoch chustaim an Aontais) a iompar leis an modh iompair céanna le hearraí a chuirtear faoi idirthuras. Sa chás sin, ní chumhdaítear leis an dearbhú maidir le hidirthuras ach na hearraí sin amháin a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais.

TRÁDÁIL

I gcás coinsíneachtaí measctha, iontráiltear an cód 'T-' ar leibhéal an dearbhaithe mar an cineál dearbhaithe chun an dearbhú ina iomláine a chumhdach. Déantar stádas iarbhír (T1, T2, T2F) gach míre earraí a iontráil in NCTS ar leibhéal na míre agus déantar é a phriontáil ar liosta na míreanna earraí (LoI).

**IV.1.4.2.3 An dearbhú maidir le hidirthuras a thaisceadh**

Má thaisctear dearbhú maidir le hidirthuras (IE015 trí theicníc próiseála sonraí) beidh sealbhóir an nós imeachta freagrach as an méid seo a leanas:

(a) cruinneas na faisnéise a sholáthraítear sa dearbhú;

(b) barántúlacht na ndoiciméad atá ceangailte leis;

(c) comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann le hearraí a chur faoi nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach/nós imeachta de chuid an Aontais.

Tá fíordheimhniú an dearbhaithe faoi réir na gcoinníollacha is infheidhme sa tír imeachta.

TRÁDÁIL

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta dul i dteagmháil leis na húdaráis chustaim chun míniú a fháil ar an gcaoi a ndéanfar dearbhú maidir le hidirthuras arna chur isteach i bhfoirm leictreonach a fhíordheimhniú.

**IV.1.4.2.4 Dearbhú maidir le hidirthuras/dearbhú slándála**

*Airteagail 127 agus 128 CCA*

*Airteagail 104, 105 go 109 DA*

*Airteagal 182 IA*

Sula dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ní mór dearbhú iontrála achomair (ENS) a thaisceadh ag oifig custaim na céadiontrála.

Ansin áirithíonn an oifig custaim go ndéantar measúnú riosca ar an idirbheart ar bhonn an dearbhaithe trí mheastóireacht a dhéanamh ar na sonraí in aghaidh critéir riosca.

*Airteagal 106(3) arna leasú leis an Treoir um Thrédhearcacht (TDA)*

Baineann na teorainneacha ama chun ENS a chur isteach go díreach leis an modh iompair agus is mar a leanas iad:

(a) iompar de bhóthar – 1 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(b) iarnród:
- i gcás ina dtógann an turas traenach ón stáisiún traenach deireanach atá suite i dtríú tír go dtí oifig custaim na céadiontrála níos lú ná 2 uair an chloig – 1 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí,
- i ngach cás eile – 2 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(c) uiscebhealaí intíre – 2 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(d) lasta muirí i gcoimeádán – 24 uair an chloig sula luchtaítear na hearraí ag an gcalafort imeachta ar a dhéanaí;

(e) bulclasta/lastas lasta ghinearálta muirí – 4 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(f) i gcás ina dtagann na hearraí ó aon cheann díobh seo a leanas:
- An Ghraonlainn,
- Oileáin Fharó,
- An Íoslainn,
- Calafoirt ar Mhuir Bhailt, ar an Muir Thuaidh, ar an Muir Dhubh agus ar an Meánmhuir,
- gach calafort i Maracó

2 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(g) le haghaidh gluaiseacht earraí idir críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus na ranna Francacha thar lear, na hAsóir, Maidéara nó na hOileáin Chanáracha, i gcás ina dtógann an turas níos lú ná 24 uair an chloig – 2 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí;

(h) le haghaidh aeriompair lena mbaineann na teorainneacha ama seo a leanas:

- i gcás eitiltí is giorra ná 4 uair an chloig – faoi am imeachta iarbhír an aerárthaigh ar a dhéanaí;
- le haghaidh eitiltí eile – 4 uair an chloig sula dtagann na hearraí ar a dhéanaí.

Ní éilítear ENS:

(a) Le haghaidh earraí a liostaítear in Airteagal 104 DA;

(b) Má dhéantar foráil le comhaontuithe idirnáisiúnta idir an tAontas agus tríú tíortha d'aitheantas a thabhairt do sheiceálacha slándála agus sábháilteachta a dhéantar sna tíortha sin mar thíortha onnmhairithe faoi Airteagal 127(2)(b) de Chód Custaim an Aontais. Baineann sé leis na tíortha seo a leanas: An Iorua, an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra agus Poblacht San Mairíne.

Is é an t-iompróir a thaisceann ENS nó, gan beann ar oibleagáid an iompróra, is iad na daoine seo a leanas a thaisceann é:

(a) an t-allmhaireoir nó an coinsíní nó duine eile ar ina ainm nó thar a cheann a ghníomhaíonn an t-iompróir; nó

(b) duine ar bith atá in ann na hearraí atá i gceist a thíolacadh nó atá in ann iad a chur á dtíolacadh don oifig custaim iontrála.

Úsáidtear an Córas Rialaithe Allmhairí chun ENS a chur isteach go leictreonach.

De rogha air sin, féadfar úsáid a bhaint as NCTS ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuirtear tús le nós imeachta idirthurais ag teorainn sheachtrach an Aontais tráth a thagann na hearraí isteach;

(b) áirítear leis na sonraí na sonraíochtaí a éilítear le haghaidh ENS.

Sa chás sin, ag an oifig custaim iontrála – atá mar an oifig custaim imeachta chomh maith – taisctear an dearbhú maidir le hidirthuras/dearbhú slándála (IE015) ina bhfuil sonraí idirthurais chomh maith le sonraí slándála agus sábháilteachta. Tar éis an mheasúnaithe riosca agus tar éis scaoileadh na n-earraí le haghaidh idirthurais, déantar DTIS agus TSLoI a phriontáil. Áirítear na samplaí DTIS agus TSLoI i bhFoscríbhinní G1 agus G2, Iarscríbhinn 9, TDA.

Tá feidhm ag na tagairtí go léir do DTI agus LoI maidir le DTIS agus TSLoI chomh maith.

### IV.1.5 Cásanna sonracha

#### IV.1.5.1 Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tíortha eile maidir leis na sonraí slándála agus sábháilteachta

Níor thug tíortha comhchoiteanna idirthurais, seachas an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin, comhaontuithe sonracha i gcrích leis an Aontas Eorpach maidir le seiceálacha slándála agus sábháilteachta a aithint a dhéantar sna tíortha sin mar thíortha onnmhairithe.

Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtagann earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó thíortha nach bhfuil comhaontuithe sonracha déanta acu leis an Aontas Eorpach, nach mór do na hoibreoirí eacnamaíocha ENS a chur isteach de réir reachtaíocht custaim an Aontais. Féadaidís:

- an Córas Rialaithe Allmhairí a úsáid chun ENS a chur isteach: nó
- leas a bhaint as NCTS, inar féidir leo sonraí slándála agus sábháilteachta a chur san áireamh i ndearbhú maidir le hidirthuras.

Féadfar an dara rogha a úsáid ar na coinníollacha seo a leanas:

- go nglacann NCTS na dtíortha sin le dearbhú arna thaisceadh ag oibreoirí eacnamaíocha ina bhfuil sonraí idirthurais agus sonraí ENS;
- go ndéantar DTIS agus TSLoI a phriontáil mar choibhéisí le DTI agus LoI;
- gur féidir le NCTS na dtíortha sin sonraí ENS in éineacht le sonraí idirthurais a fháil agus a chur ar aghaidh chuig tíortha an Aontais agus Páirtithe Conarthacha eile agus gur féidir leis sonraí ENS arna dtarchur ó thíortha an Aontais agus ó Pháirtithe Conarthacha eile chuig na tíortha sin (agus iad ag gníomhú mar thír idirthurais agus tír cinn scríbe) a fáil;
- go n-aithníonn tíortha an Aontais Eorpaigh sonraí den sórt sin faoin dearbhú maidir le hidirthuras comhchoiteann, agus go nglacann siad leo, chun críche an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach agus na sonraí ENS araon, gan aon leasú dlíthiúil ná síneadh ar raon feidhme an Choinbhinsiúin bunaithe ar fhorálacha ábhartha Chód Custaim an Aontais (CCA);
- go n-aithníonn Páirtithe Conarthacha eile sonraí idirthurais agus sonraí ENS chomh maith le DTIS agus TSLoI nuair a chuirtear faoi bhráid ceann dá n-oifigí custaim iad mar choibhéiseach le DTI agus LoI ar choinníoll go n-áirítear na sonraí idirthurais uile is gá leo.

### IV.1.5.2 Na rialacha is infheidhme maidir le hearraí a bhfuil pacáistíocht orthu

Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha seo a leanas maidir le hearraí a bhfuil pacáistíocht orthu:

a) Earraí nach de chuid an Aontais iad a bhfuil pacáistíocht orthu nach bhfuil stádas Aontais aici

Ní mór dearbhú T1 aonair a líonadh isteach maidir leis na hearraí agus a bpacáistíocht.

b) Earraí nach de chuid an Aontais iad a bhfuil pacáistíocht orthu a bhfuil stádas Aontais aici

I ngach cás, ní mór dearbhú T1 aonair a líonadh isteach maidir leis na hearraí agus a bpacáistíocht.

c) Earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 189 DA a bhfuil pacáistíocht orthu nach bhfuil stádas Aontais aici

Ní mór dearbhú T1 aonair a líonadh isteach maidir leis na hearraí agus a bpacáistíocht.

Nuair a scaoiltear earraí den sórt sin i saorchúrsaíocht seachas iad a onnmhairiú ón gcríoch chustaim áfach, féadfar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a chur ina leith ar choinníoll go soláthraítear doiciméad T2L arna eisiúint go cúlghabhálach.

Gan trácht ar bhreithniú ar an bhféidearthacht go n-aisíocfaí an aisíocaíocht onnmhairiúcháin ar tháirgí talmhaíochta, ní féidir doiciméad T2L a fháil ach tar éis na dleachtanna custaim is infheidhme maidir leis an bpacáistíocht a íoc.

d) Earraí de chuid an Aontais ar a bhfuil pacáistíocht nach bhfuil stádas Aontais aici arna n-onnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais go dtí tríú tír, seachas tír chomhchoiteann idirthurais

Ní mór dearbhú T1 a líonadh isteach maidir leis an bpacáistíocht ionas nach dtairbheodh sí de stádas custaim earraí de chuid an Aontais dá gcuirfí an phacáistíocht i saorchúrsaíocht. Ní mór ceann de na formhuinithe seo a leanas a bheith ar an doiciméad sin:

| | |
|---|---|
| BG | Общностни стоки |
| CS | zboží Unie |
| DA | fælleskabsvarer |
| DE | Unionswaren |
| EE | Ühenduse kaup |

| | |
|---|---|
| EL | κοινοτικά εμπορεύματα |
| ES | mercancías communitarias |
| FR | marchandises communautaires |
| IT | merci unionali; |
| LV | Savienības preces |
| LT | Bendrijos prekės |
| HU | közösségi áruk |
| MT | Merkanzija Komunitarja |
| NL | communautaire goederen |
| PL | towary unijne |
| PT | mercadorias comunitárias |
| RO | Mărfuri unionale |
| SI | skupnostno blago |
| SK | Tovar Únie |
| FI | unionitavaroita |
| SV | gemenskapsvaror |
| EN | Union goods |
| HR | Roba Unije |

e) Earraí de chuid an Aontais a bhfuil pacáistíocht orthu nach bhfuil stádas an Aontais orthu a onnmhairítear ó chríoch chustaim an Aontais go dtí tír chomhchoiteann idirthurais

Ní mór dearbhú T1 aonair a líonadh isteach maidir leis na hearraí agus a bpacáistíocht. Ní mór an formhuiniú 'earraí de chuid an Aontais' a bheith air mar a léiríodh thuas, chomh maith leis an bhformhuiniú 'pacáistíocht T1' mar a léirítear thíos.

Coinsínithe chuig Ballstát eile sa chás dá dtagraítear in Airteagal 227 de Chód Custaim an Aontais (CCA).

Ní mór dearbhú T2 aonair a líonadh isteach i ndáil leis na hearraí agus a bpacáistíocht tar éis don dleacht chustaim is infheidhme maidir leis an bpacáistíocht a bheith íoctha.

I gcás nach mian leis an duine lena mbaineann dleacht chustaim a íoc i leith na pacáistíochta, ní mór ceann de na formhuinithe seo a leanas a bheith ar an dearbhú T2:

| | |
|---|---|
| BG | Т1 колети |
| CS | obal T1 |
| DA | T1 emballager |
| DE | T1-Umschließungen |
| EE | T1-pakend |
| EL | συσκευασία T1 |

| | |
|---|---|
| ES | envases T1 |
| FR | emballages T1 |
| IT | imballaggi T1 |
| LV | T1 iepakojums |
| LT | T1 pakuotė |
| HU | T1 göngyölegek |
| MT | Ippakkjar T1 |
| NL | T1-verpakkingsmiddelen |
| PL | opakowania T1 |
| PT | embalagens T1 |
| RO | Ambalaje T1 |
| SI | pakiranje T1 |
| SK | Obal T1 |
| FI | T1-pakkaus |
| SV | T1-förpackning |
| EN | T1 packaging |
| HR | T1 pakiranje |

f) Coinsíneacht mheasctha

1) Coinsíneachtaí lena n-áirítear earraí faoi nós imeachta T1 agus earraí faoi nós imeachta T2 i bpacáiste aonair.

Ní mór dearbhuithe ar leithligh a dhéanamh i gcomhréir le stádas na n-earraí. I mBosca 31, ní mór cainníochtaí de choinsíneachtaí scoilte a léiriú in éineacht le tuairisc agus uimhreacha na ndoiciméad eile arna líonadh isteach i leith na gcoinsíneachtaí measctha lena mbaineann, sa chuid uachtair den bhosca sin. Ní mór ceann de na formhuinithe seo a leanas a bheith ar na dearbhuithe:

| | |
|---|---|
| BG | Общностни колети |
| CS | obal Unie |
| DA | fælleskabsemballager |
| DE | gemeinschaftliche Umschließungen |
| EE | Ühenduse pakend |
| EL | κοινοτική συσκευασία |
| ES | envases comunitarios |
| FR | emballages communautaires |
| IT | imballaggi unionali |
| LV | Savienības iepakojums |
| LT | Bendrijos pakuotė |
| HU | közösségi göngyölegek |
| MT | Ippakkjar Komunitarju |
| NL | communautaire verpakkingsmiddelen |

| | |
|---|---|
| PL | opakowania unijne |
| PT | embalagens comunitárias |
| RO | Ambalaje unionale |
| SI | skupnostno pakiranje |
| SK | Obal Únie |
| FI | yhteisöpakkaus |
| SV | gemenskapsförpackning |
| EN | Union packaging |
| HR | Pakiranje Unije |

Má tá an choinsíneacht mheasctha pacáilte i bpacáistíocht T1, ní mór dearbhú T1 aonair a líonadh isteach maidir leis na hearraí agus a bpacáistíocht.

2) Coinsíneachtaí measctha lena n-áirítear earraí faoi nós imeachta T1 agus earraí arna ngluaiseacht lasmuigh den nós imeachta i bpacáiste aonair.

Ní mór dearbhú amháin a úsáid. I mBosca 31, ní mór cainníochtaí agus cineálacha na n-earraí i gcoinsíneachtaí scoilte faoin nós imeachta T1 a léiriú in éineacht le ceann amháin de na formhuinithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| BG | Стоки не обхванати от транзитен режим |
| CS | zboží není v režimu tranzitu |
| DA | varer ikke omfattet af forsendelsesprocedure |
| DE | nicht im Versandverfahren befindliche Waren |
| EE | Kaubad ei ole transiidi protseduuril |
| EL | Εμπορεύματα εκτός διαδικασίας διαμετακόμισης |
| ES | mercancías fuera del procedimento de tránsito |
| FR | marchandises hors procédure de transit |
| IT | merci non vincolate ad una procedura di transito |
| LV | Precēm nav piemērota tranzīta procedūra |
| LT | Prekės, kurioms neįforminta tranzito procedūra |
| HU | nem továbbítási eljárás alá tartozó áruk |
| MT | Merkanzija mhux koperta bi proċedura ta' transitu |
| NL | geen douanevervoer |
| PL | towary nieprzewożone w procedurze tranzytu |
| PT | mercadorias não cobertas por um procedimento de trânsito |
| RO | Mărfuri neplasate în regim de tranzit |
| SI | blago, ki ni krito s tranzitnim postopkom |
| SK | Tovar nie je v tranzitnom režime |
| FI | tavaroita, jotka eivät sisälly passitusmenettelyyn |
| SV | varor ej under transitering |

| | |
|---|---|
| EN | goods not covered by a transit procedure |
| HR | Roba koja nije u postupku provoza |

### IV.1.5.3 Earraí i mbagáiste a bhfuil paisinéirí ag taisteal leis

*Airteagal 210 IA*

Éilítear ar údaráis riaracháin forálacha Airteagal 210 IA a chur i bhfeidhm (lena leagtar síos stádas custaim earraí de chuid an Aontais) maidir le hearraí atá i mbagáiste arna iompar ag paisinéirí agus nach bhfuil beartaithe le haghaidh úsáid tráchtála.

Nuair atá paisinéirí ó thríú tíortha ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais féadfaidh siad na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais áfach.

### IV.1.5.4 Earraí de chuid an Aontais a iompar chuig tír chomhchoiteann idirthurais, ón tír sin nó tríthi

Nuair a iompraítear earraí de chuid an Aontais isteach i gcríoch tíre comhchoitinne idirthurais amháin nó níos mó, nó trí chríoch dá leithéid, moltar go leanfaí na rialacha seo a leanas chun trasnuithe teorann prasa a áirithiú:

a) Earraí arna n-iompar idir dhá phointe atá suite laistigh de chríoch chustaim an Aontais thar chríoch tíre comhchoitinne idirthurais amháin nó níos mó, nó amach ó chríoch chustaim an Aontais go dtí críoch tíre comhchoitinne idirthurais, ba cheart na hearraí sin a chur faoi nós imeachta comhchoiteann/an Aontais maidir le hearraí faoi bhealach ag an oifig custaim inniúil ina bhfuil sealbhóir an nós imeachta bunaithe, nó i gcás ina luchtaítear na hearraí lena ngluaiseacht faoi nós imeachta comhchoiteann/an Aontais maidir le hearraí faoi bhealach nó, ar a dhéanaí, roimh chrios teorann comhpháirteach an Aontais/na tíre comhchoitinne idirthurais chun moilleanna a sheachaint ag trasnuithe teorann. Ar an gcaoi chéanna, moltar deireadh a chur le gluaiseachtaí faoi nós imeachta comhchoiteann/an Aontais maidir le hearraí faoi bhealach lasmuigh de chrios teorann an Aontais/na tíre comhchoitinne idirthurais a mhéid is féidir.

b) Ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát agus na dtíortha comhchoiteanna idirthurais a áirithiú go gcuirtear na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar an eolas faoi na forálacha agus go gcuirtear in iúl dóibh na buntáistí a bhaineann le forálacha mhír a) a chur i bhfeidhm chun deacrachtaí

praiticiúla ag teorainneacha an Aontais/na dtíortha comhchoiteanna idirthurais a sheachaint a mhéid is féidir.

Idirthuras trí chríoch tíre comhchoitinne idirthurais

Is féidir earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht ó phointe amháin san Aontas go dtí pointe eile trí thír chomhchoiteann idirthurais faoi nós imeachta idirthurais T2, T2F nó T1 (féach Cuid I, Mír 4.1.2.1).

*Airteagal 189 DA*

Earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht chuig tír chomhchoiteann idirthurais

I gcás ina n-onnmhairítear earraí de chuid an Aontais ó chríoch chustaim an Aontais chuig tír chomhchoiteann idirthurais agus go gcuirtear tús le nós imeachta idirthurais san Aontas tar éis iad a onnmhairiú, cumhdaítear na hearraí le nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2) laistigh den Aontas agus leanann an nós imeachta sin ina dhiaidh sin mar nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach sna tíortha comhchoiteanna idirthurais.

I gcásanna eisceachtúla áfach, beidh feidhm ag nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) i gcás ina dtarlaíonn nós imeachta idirthurais tar éis onnmhairiú agus go leantar leis mar nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach sna tíortha comhchoiteanna idirthurais. Cumhdaíonn sé na cásanna seo a leanas:

a) cuireadh earraí de chuid an Aontais faoi fhoirmiúlachtaí onnmhairithe custaim d'fhonn aisíocaíochtaí a fháil ar onnmhairí chuig tríú tíortha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

b) tháinig na hearraí de chuid an Aontais ó stoic idirghabhála, tá siad faoi réir bearta rialaithe maidir lena n-úsáid nó a gceann scríbe, agus comhlíonadh foirmiúlachtaí custaim ina leith maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

c) tá earraí de chuid an Aontais incháilithe d'aisíocaíocht nó loghadh dleachtanna allmhairiúcháin ar choinníoll go gcuirtear faoi idirthuras seachtrach iad i gcomhréir le hAirteagal 118(4) de Chód Custaim an Aontais (CCA);

d) onnmhairítear earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 2008/118/CE (féach fonóta 9); athchoinsíniú earraí de chuid an Aontais ó thír chomhchoiteann idirthurais:

i) má tugadh earraí de chuid an Aontais isteach i gcríoch tíre comhchoitinne idirthurais faoi nós imeachta T2 féadfar na hearraí sin a athchoinsíniú faoin nós imeachta sin ar na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfanann siad faoi rialú údaráis chustaim na tíre sin chun a áirithiú nach dtagann aon athrú ar a n-aitheantas ná ar a riocht;

- nár cuireadh faoi nós imeachta custaim iad, sa tír chomhchoiteann idirthurais sin, seachas idirthuras nó trádstóras* ach amháin i gcás inar ligeadh na hearraí isteach go sealadach chun iad a chur ar taispeáint ag taispeántas nó taispeáint phoiblí chomhchosúil;

  * earraí a cuireadh i dtrádstóras, ní mór an athchoinsíniú a dhéanamh laistigh de thréimhse 5 bliana (nó earraí a thagann faoi Chaibidlí 1-24 den Chóras Comhchuibhithe agus a cuireadh i dtrádstóras ar feadh tréimhse níos lú ná 6 mhí) ar choinníoll gur stóráladh na hearraí i spásanna speisialta agus nár cuireadh cóireáil ar bith orthu seachas a mhéid ba ghá chun iad a chaomhnú ina riocht bunaidh, nó chun coinsíneachtaí a scoilteadh gan an phacáistíocht a athsholáthar agus go ndearnadh aon chóireáil faoi mhaoirseacht custaim.

- an dearbhú T2 nó T2F nó aon doiciméad lena soláthraítear cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais arna eisiúint ag tír chomhchoiteann idirthurais, ní mór tagairt a bheith ann do mháistiruimhir thagartha an dearbhaithe nó don chruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais faoinar tháinig na hearraí isteach sa tír chomhchoiteann idirthurais sin.

ii) Le haghaidh onnmhairí nach mbaineann nós imeachta idirthurais leo, ní féidir le tíortha comhchoiteanna idirthurais dearbhú T2 ná T2F a eisiúint ina leith toisc nach raibh aon dearbhú maidir le hidirthuras ann roimhe sin. Mar thoradh air sin, ní mór athchoinsíniú a dhéanamh faoi chumhdach nós imeachta T1. Nuair a thagann an choinsíneacht isteach san Aontas athuair, ní mór plé léi mar allmhaire d'earraí nach de chuid an Aontais iad mura féidir leo tairbhiú de na forálacha maidir le hearraí arna dtabhairt ar ais.

Gníomhaíocht ar athiontráil earraí athchoinsínithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais

a) Nuair a dhéantar earraí de chuid an Aontais a athchoinsíniú ó thír chomhchoiteann idirthurais go dtí ceann scríbe san Aontas Eorpach, cumhdaítear iad le dearbhú T2 nó T2F nó a choibhéis (e.g. nóta coinsíneachta CIM-T2).

*Airteagal 9(4), Coinbhinsiún*

b) Chun a chinneadh sa Bhallstát cinn scríbe cé acu an gluaiseacht earraí idir dhá phointe san Aontas ar cuireadh isteach air i dtír chomhchoiteann idirthurais a bhí i gceist nó athiontráil earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais tar éis onnmhairiú cinntitheach nó sealadach ón Aontas, ní mór cloí leis na rialacha seo a leanas:

- ní mór na hearraí agus an dearbhú T2 nó T2F nó a choibhéis a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe chun an oibríocht idirthurais a chur i gcrích;
- tá an oifig sin freagrach as cinneadh a dhéanamh cé acu an féidir na hearraí a scaoileadh láithreach i saorchúrsaíocht nó an gá iad a chur faoi nós imeachta custaim eile;
- ní mór na hearraí a scaoileadh láithreach i saorchúrsaíocht i gcás nach bhfuil tagairt d'onnmhaire roimhe seo ó chríoch chustaim an Aontais sa dearbhú T2 nó T2F nó a choibhéis.

  I gcásanna amhrais, féadfaidh an oifig custaim cinn scríbe fianaise a éileamh ar an gcoinsíní (e.g. sonrasc ar a bhfuil cláruimhreacha CBL an choinsíneora agus an choinsíní i gcomhréir le forálacha Threoir 2006/112/CE mar a leasaíodh, nó an doiciméad riaracháin leictreonach (e-AD) i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/118/CE).
- ní mór na hearraí a bheith cumhdaithe leis an nós imeachta idirthurais ina dhiaidh sin nó iad a chur i stóráil shealadach agus plé leis na hiarmhairtí go léir a bhíonn i gceist leis sin (CBL onnmhairiúcháin agus cánacha inmheánacha a íoc i gcás inar gá):
  - i gcás inar onnmhairíodh na hearraí ó chríoch chustaim an Aontais, nó
  - i gcás nach féidir leis an gcoinsíní nó ionadaí a chruthú

chun sásamh na n-údarás custaim gur gluaiseacht earraí idir dhá phointe i gcríoch chustaim an Aontais atá i gceist.

**IV.1.6 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**IV.1.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**IV.1.8 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**IV.1.9 Iarscríbhinní**

## CAIBIDIL 2 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM IMEACHTA

### IV.2.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc i Mír IV.2.2 ar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht maidir leis na foirmiúlachtaí ag an oifig imeachta.

Tugtar tuairisc i Mír IV.2.3 ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta.

Baineann Mír IV.2.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí ar na rialacha ginearálta i Mír IV.2.5.

Forchoimeádtar Mír IV.2.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír IV.2.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 2 le fáil i Mír IV.2.8.

### IV.2.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagal 11 den Choinbhinsiún;
- Airteagail 30-41 agus 81-83, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagail 162, 163 agus 170-174 CCA;
- Airteagail 222, 226, 227 agus 297-303 IA.

### IV.2.3 Tuairisc ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- glacadh agus clárú an dearbhaithe maidir le hidirthuras (Mír IV.2.3.1);
- leasú an dearbhaithe maidir le hidirthuras (Mír IV.2.3.2);
- neamhbhailíochtú an dearbhaithe maidir le hidirthuras (Mír IV.2.3.3);
- fíorú an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus rialú earraí (Mír IV.2.3.4);
- cúrsa taistil chun earraí a ghluaiseacht (Mír IV.2.3.5);
- teorainn ama (Mír IV.2.3.6);
- modh sainaitheantais (Mír IV.2.3.7);
- scaoileadh na n-earraí (Mír IV.2.3.8);

- urscaoileadh an nós imeachta idirthurais (Mír IV.2.3.9).

### IV.2.3.1 Glacadh agus clárú an dearbhaithe maidir le hidirthuras

*Airteagail 27, 30 agus 35, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 171-172 CCA,*

*Airteagal 143 DA*

Glacann an oifig custaim imeachta leis an dearbhú maidir le hidirthuras – an teachtaireacht 'Sonraí an dearbhaithe' (IE015) – ar na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfuil an fhaisnéis go léir is gá ann chun críche nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais;
- go bhfuil na doiciméid go léir is gá in éineacht leis;
- gur cuireadh na hearraí dá dtagraítear sa dearbhú maidir le hidirthuras i láthair na n-údarás custaim le linn na n-uaireanta oscailte oifigiúla.

Déanann NCTS an dearbhú a bhailíochtú go huathoibríoch. Déantar dearbhú mícheart nó neamhiomlán a dhiúltú leis an teachtaireacht 'Dearbhú Diúltaithe' (IE016). Tarlaíonn diúltú freisin mura bhfuil na sonraí a léirítear comhoiriúnach leis na sonraí atá cláraithe sa bhunachar sonraí tagartha náisiúnta.

Nuair a ghlactar leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ansin gineann NCTS máistiruimhir thagartha (MRN) (teachtaireacht IE028).

Ansin tugtar stádas 'Glactha' don dearbhú agus cinneann an oifig custaim imeachta cé acu an ndéanfaidh sí na hearraí a sheiceáil sula scaoilfear iad nó nach ndéanfaidh.

Maidir le doiciméid bhreise a éilítear le haghaidh chur chun feidhme na bhforálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim dá ndearbhaítear na hearraí, féadfaidh na húdaráis chustaim cead a thabhairt gan na doiciméid sin a thaisceadh leis an dearbhú. Sa chás sin, coimeádfar na doiciméid sin ar fáil do na húdaráis chustaim. Ní mór Bosca 44 den dearbhú maidir le hidirthuras a líonadh isteach mar a leanas:

- sa saintréith 'cineál doiciméid', léirigh an cód a chomhfhreagraíonn don doiciméad lena mbaineann (soláthraítear na cóid in Iarscríbhinn A2, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún; Foscríbhinn D1, Iarscríbhinn 9, TDA);
- sa saintréith 'tagairt an doiciméid', tabhair tuairisc ar an doiciméad agus tagairt an doiciméid.

Ceadaíonn údaráis chustaim náisiúnta do thaistealaithe dearbhú maidir le hidirthuras i bhfoirm páipéir, in aon chóip amháin (trí úsáid

a bhaint as an doiciméad riaracháin aonair nó, i gcás inarb ábhartha, as leagan amach an doiciméid tionlacain idirthurais), a chur faoi bhráid na hoifige custaim imeachta ionas go bhféadfaí é a phróiseáil sa NCTS.

Ní mór don oifig custaim imeachta a bheith inniúil chun plé le hoibríochtaí idirthurais agus leis an gcineál trácht a lena mbaineann. Tá liosta d'oifigí custaim le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas:

http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds/csrdhome_en.htm.

### IV.2.3.2 An dearbhú maidir le hidirthuras a leasú

*Airteagal 31, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 173 CCA*

Féadfaidh an dearbhóir cead a iarradh chun dearbhú custaim a leasú mar a fhoráiltear in Airteagal 173 CCA. Sula nglacfar leis an dearbhú custaim, féadfaidh an dearbhóir é a cheartú gan iarratas a chur isteach roimh ré.

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta cead a iarraidh chun an dearbhú maidir le hidirthuras a leasú tar éis do na húdaráis chustaim glacadh leis. Níor cheart go bhfágfaidh an leasú go mbeidh an dearbhú infheidhme maidir le hearraí seachas na hearraí a chumhdaigh sé ó thús.

Cuireann sealbhóir an nós imeachta leasuithe ar na sonraí dearbhaithe i láthair tríd an teachtaireacht 'Leasú ar an dearbhú' (IE013) a tharchur chuig an oifig custaim imeachta, a chinneann cé acu an nglacfaidh sí leis an iarraidh ar leasú (teachtaireacht 'Glacadh leis an Leasú' (IE004)) nó an ndiúltóidh sí dó (teachtaireacht 'Diúltú don Leasú' (IE005)).

Ní cheadaítear aon leasú i gcás ina bhfuil sé tugtha le fios ag na húdaráis inniúla, tar éis dóibh an dearbhú maidir le hidirthuras a fháil, go bhfuil sé i gceist acu na hearraí a scrúdú, nó gur shuigh siad go bhfuil na mionsonraí mícheart nó gur scaoil siad na hearraí le haghaidh idirthurais cheana féin.

*Airteagal 29a, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 130, 171 CCA*

Ní chumhdaítear le hAirteagal 173 de Chód Custaim an Aontais leasuithe ar an dearbhú maidir le hidirthuras sula nglacann na húdaráis chustaim leis agus ní gá don dearbhóir iarratas a dhéanamh roimh ré ina leith.

Murar taisceadh an dearbhú maidir le hidirthuras go fóill nó má rinneadh é a réamhthaisceadh ach nár glacadh leis go fóill, mar

shampla, féadfar é a cheartú gan cead a fháil roimh ré mar ní mheastar é sin a bheith ina leasú de réir mar a shonraítear in Airteagal 173 de Chód Custaim an Aontais (CCA).

Sonraítear sna sonraíochtaí NCTS ábhartha (T-TRA-DEP-A-002-Ceartúchán) nach mór ceartúchán ar dhearbhú a taisceadh cheana féin a phróiseáil trí bhíthin na teachtaireachta céanna is a úsáidtear le haghaigh leasaithe.

### IV.2.3.3 Neamhbhailíochtú an dearbhaithe maidir le hidirthuras

*Airteagal 32 Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 174 CCA*

*Airteagal 148 DA*

Féadfaidh an oifig custaim imeachta dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailíochtú tríd an teachtaireacht 'Fógra faoi Chealú' (IE010) a sheoladh chuig an dearbhóir, ar bhonn a (h)iarrata arna déanamh tríd an teachtaireacht 'Iarraidh ar Dhearbhú a Chealú' (IE014) a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta sula scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais amháin. Ní mór don oifig custaim imeachta an dearbhóir a chur ar an eolas faoi thoradh a (h)iarrata tríd an teachtaireacht 'Cinneadh faoi Chealú' (IE009) a úsáid.

Mar sin féin, i gcás inar chuir an oifig custaim imeachta an dearbhóir ar an eolas go bhfuil sé i gceist aici na hearraí a scrúdú, ní ghlacfar leis an iarraidh ar neamhbhailíochtú sula ndéanfar na hearraí a scrúdú.

Ní féidir an dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailíochtú tar éis do na hearraí a bheith scaoilte le haghaidh idirthurais ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- i gcás inar dearbhaíodh earraí de chuid an Aontais le haghaidh nós imeachta custaim is infheidhme maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad, trí earráid, agus gur cruthaíodh a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ina dhiaidh sin trí bhíthin T2L, T2LF nó lastliosta earraí custaim;
- i gcás ina ndearnadh na hearraí a dhearbhú d'earráid faoi níos mó ná aon dearbhú custaim amháin.

I gcás an nós imeachta leanúnachais gnó le haghaidh idirthurais, tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir le haon dearbhú atá iontráilte in NCTS ach nár próiseáladh a thuilleadh i ngeall ar chliseadh ar chóras, gur gá an dearbhú sin a neamhbhailíochtú.

Bíonn sé d'oibleagáid ar an oibreoir eacnamaíoch faisnéis a sholáthar

do na húdaráis inniúla gach tráth dá gcuirtear dearbhú faoi bhráid NCTS, ach go bhfilltear ar an nós imeachta leanúnachais gnó ina dhiaidh sin.

I gcásanna áirithe féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh go gcuirfear dearbhú nua isteach. Sa chás sin, déanfar an dearbhú roimhe sin a neamhbhailíochtú agus tabharfar MRN nua don dearbhú nua.

**IV.2.3.4 Fíorú an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus rialú na n-earraí**

*Airteagal 35, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 188 CCA,*

*Airteagail 238 agus 239 IA*

Tar éis don oifig custaim imeachta glacadh leis an dearbhú maidir le hidirthuras chun cruinneas na sonraíochtaí a fhíorú, déanfaidh sí an méid seo a leanas:

- scrúdú a dhéanamh ar an dearbhú agus ar na doiciméid tacaíochta uile;
- éileamh a dhéanamh ar an dearbhóir doiciméid eile a sholáthar, más ann dóibh;
- scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, más gá sin;
- samplaí a thógáil le haghaidh anailíse nó le haghaidh mionscrúdú a dhéanamh ar na hearraí, más gá;
- fíorú go bhfuil an ráthaíocht ann agus go bhfuil sí bailí.

Déantar an ráthaíocht agus a bailíocht a sheiceáil trí bhíthin uimhir thagartha na ráthaíochta agus an chóid rochtana (tá tuilleadh sonraí le fáil i gCuid III).

Sula scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais, seiceálann NCTS sláine agus bailíocht ráthaíochta sa Chóras Bainistíochta Ráthaíochta (GMS), a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis seo a leanas ag brath ar an leibhéal faireacháin:

- is leor méid na ráthaíochta (i gcás ráthaíocht chuimsitheach, más leor an méid atá ar fáil);
- tá an ráthaíocht bailí i ngach Páirtí Conarthach a bhfuil baint aige leis an oibríocht idirthurais;
- tá an ráthaíocht in ainm shealbhóir an nós imeachta.

Ansin cláraíonn GMS an úsáid agus cuireann sé NCTS ar an eolas.

Má scrúdaítear na hearraí, déantar é sin sna háiteanna arna n-ainmniú ag an oifig custaim imeachta agus le linn na n-uaireanta arna

n-ainmniú chun na críche sin. Cuirtear sealbhóir an nós imeachta ar an eolas faoin áit agus faoin am. Féadfaidh na húdaráis chustaim scrúdú a dhéanamh ar na hearraí ag áiteanna eile nó lasmuigh de na huaireanta oscailte oifigiúla áfach, arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta.

Má thugtar neamhréireachtaí beaga faoi deara, cuireann an oifig custaim imeachta é sin in iúl do shealbhóir an nós imeachta. Chun na neamhréireachtaí sin a réiteach, déanfaidh an oifig custaim imeachta mion-mhodhnuithe (i gcomhaontú le sealbhóir an nós imeachta) ar shonraí an dearbhaithe ionas go bhféadfaí na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais.

Má bhraitear neamhrialtacht thromchúiseach, cuireann an oifig custaim imeachta sealbhóir an nós imeachta ar an eolas nach bhfuil na hearraí á scaoileadh tríd an teachtaireacht 'Ní scaoilfear le haghaidh idirthurais iad' (IE051) a sheoladh chuige agus cláraíonn sí an toradh míshásúil.

Déanann **an oifig custaim imeachta** an cód seo a leanas a thaifeadadh le haghaidh thorthaí an rialaithe sa teachtaireacht IE001:

- 'A1' (Sásúil): i gcás ina scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis rialú fisiceach (iomlán nó páirteach) agus nár braitheadh aon neamhréireacht;
- 'A2' (Measta a bheith sásúil): i gcás ina scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis rialú doiciméadach amháin (gan aon rialú fisiceach) agus nár braitheadh aon neamhréireacht nó gan aon rialú;
- 'A3' (Nós imeachta simplithe): i gcás ina scaoileann coinsíneoir údaraithe na hearraí le haghaidh idirthurais.

### IV.2.3.5 An cúrsa taistil le haghaidh gluaiseacht earraí

*Airteagal 33, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 298 IA*

Is é an riail ghinearálta nach mór earraí arna n-iontráil le haghaidh an nós imeachta idirthurais a ghluaiseacht go dtí an oifig custaim cinn scríbe feadh cúrsa taistil a bhfuil bunús leis ó thaobh na heacnamaíochta de.

I gcás ina measann an oifig custaim imeachta nó sealbhóir an nós imeachta gur gá áfach, forordóidh an oifig custaim sin cúrsa taistil le haghaidh gluaiseacht earraí le linn nós imeachta idirthurais, agus aon fhaisnéis ábhartha arna cur in iúl ag sealbhóir an nós imeachta á cur san áireamh aici.

CUSTAIM

Sonróidh an oifig custaim imeachta cúrsa taistil forordaithe, agus aon fhaisnéis ábhartha arna cur in iúl ag sealbhóir an nós imeachta á cur san áireamh, trí fhaisnéis na dtíortha a n-iomprófar earraí tríothu a iontráil i sonraí an dearbhaithe in NCTS (is leor cóid na dtíortha).

Nóta 1: Maidir leis an Aontas, soláthair cóid tíre na mBallstát lena mbaineann.

Nóta 2: Soláthair cóid tíre aon tíortha arna gcur san áireamh sa chúrsa taistil forordaithe.

Féadfar an cúrsa taistil forordaithe a athrú le linn na hoibríochta idirthurais. Sa chás sin, bíonn sé d'oibleagáid ar an iompróir na hiontrálacha is gá a dhéanamh i mBosca 56 den doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) agus é a chur i láthair gan moill mhíchuí tar éis d'athrú a bheith déanta ar an gcúrsa taistil, in éineacht leis na hearraí, don údarás custaim is cóngaraí de chuid na tíre a bhfuil an modh iompair lonnaithe ina críoch. Measfaidh an t-údarás inniúil cé acu an féidir leanúint leis an oibríocht idirthurais nó nach féidir, déanfaidh sé aon bheart a bhféadfaidh gá a bheith leis agus formhuineoidh sé an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) i mBosca G.

Tá tuilleadh sonraí i gCuid IV.3.3.1 maidir leis na nósanna imeachta ar gá cloí leo i gcás teagmhas a tharlaíonn le linn iompair.

### IV.2.3.6 Teorainn ama le haghaidh chur i láthair na n-earraí

*Airteagal 34 agus Airteagal 45(2) Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagail 297 agus 306(3) IA*

Socróidh an oifig custaim imeachta teorainn ama nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh di.

Tá an teorainn ama a d'fhorordaigh an oifig sin ceangailteach ar údaráis inniúla na dtíortha a dtéann na hearraí isteach ina gcríoch le linn oibríocht idirthurais. Ní féidir leo an teorainn ama a athrú.

I gcás ina gcuirtear na hearraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe tar éis na teorann ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta, measfar gur chloígh sealbhóir an nós imeachta leis an teorainn ama más rud é go gcruthaíonn an sealbhóir nó an t-iompróir chun sástacht na hoifige custaim cinn scríbe nach bhfuil an mhoill

inchurtha ina leith.

CUSTAIM

Ní mór don oifig custaim imeachta an méid seo a leanas a chur san áireamh agus an teorainn ama á socrú acu:

- an modh iompair a úsáidfear;
- cúrsa taistil;
- aon reachtaíocht maidir le hiompar nó aon reachtaíocht eile a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar theorainn ama a shocrú (mar shampla: reachtaíocht shóisialta nó comhshaoil a dhéanann difear don mhodh iompair, rialacháin iompair maidir le huaireanta oibre agus tréimhsí scíthe éigeantacha do thiománaithe);
- an fhaisnéis a chuireann sealbhóir an nós imeachta in iúl, i gcás inarb iomchuí.

Ní mór don oifig custaim imeachta an teorainn ama atá i sonraí an dearbhaithe a iontráil (agus an córas BBBB-MM-LL á úsáid aici), agus/nó an teorainn ama a fhormhuiniú i gcás ina gcomhaontaíonn sí leis an teorainn ama arna hiontráil ag sealbhóir an nós imeachta. Is é sin an dáta faoinar gá na hearraí agus DTI a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

**IV.2.3.7 Modh sainaitheantais**

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- réamhrá (Mír IV.2.3.7.1);
- modhanna séalaithe (Mír IV.2.3.7.2);
- saintréithe séalaí (Mír IV.2.3.7.3);
- séalaí de chineál speisialta a úsáid (Mír IV.2.3.7.4).

**IV.2.3.7.1 Réamhrá**

*Airteagal 11(2) Coinbhinsiún*

*Airteagail 36-39, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 192 CCA*

*Airteagal 299 IA*

Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir earraí arna n-iompar faoin nós imeachta idirthurais a shainaithint. Mar riail ghinearálta, féadfar séalú a úsáid chun na hearraí sin a shainaithint.

*Airteagal 39, Foscríbhinn I a ghabhann leis an*

Féadfaidh an oifig custaim imeachta an ceanglas maidir le séalú a tharscaoileadh áfach, má tá an tuairisc ar earraí i sonraí an

*gCoinbhinsiún,*

*Airteagal 302 IA*

dearbhaithe nó sna doiciméid fhorlíontacha sách beacht chun na hearraí a shainaithint go héasca agus go sonrófar a gcáilíocht, a gcineál agus a ngnéithe speisialta inti (e.g. trí uimhir an innill agus uimhir an fhonnaidh a sholáthar i leith gluaisteáin arna n-iompar faoin nós imeachta idirthurais nó trí shraithuimhreacha na n-earraí a sholáthar).

Mar dhíolúine, ní éilítear aon séala (ach amháin i gcás ina gcinnfidh an oifig custaim imeachta a mhalairt) más fíor an méid seo a leanas:

- iompraítear na hearraí d'aer, agus greamaítear lipéid ar gach coinsíneacht ar a bhfuil uimhir an bhille aerbhealaigh tionlacain, nó is aonad luchtaithe é an choinsíneacht ar a léirítear uimhir an bhille aerbhealaigh tionlacain;
- iompraítear na hearraí d'iarnród, agus cuireann na cuideachtaí iarnróid bearta sainaitheantais i bhfeidhm.

| CUSTAIM |
|---|
| Tar éis don oifig custaim imeachta na séalaí a ghreamú, déanfaidh sí uimhreacha na séalaí agus aitheantóirí na séalaí a thaifeadadh i sonraí an dearbhaithe.<br><br>I gcás nach n-éilítear séalaí ar mhaithe le haitheantas, fágfaidh an oifig custaim imeachta an bosca folamh. Sa chás sin, priontálann NCTS '- -' i mBosca D de DTI go huathoibríoch. |

Má tá earraí nach bhfuil faoi réir an nós imeachta idirthurais á n-iompar in éineacht le hearraí atá faoin nós imeachta idirthurais, ar an modh iompair céanna nó sa choimeádán céanna, ní dhéanfar urrann an lasta ná an spás ina bhfuil na hearraí a shéalú de ghnáth i gcás inar féidir na hearraí a shainaithint trí na pacáistí aonair a shéalú nó le tuairisc sách beacht ar na hearraí.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara</u>: Ní mór na hearraí a dheighilt agus a lipéadú go soiléir ionas go sainaithneofar go héasca cad iad na hearraí atá á n-iompar faoin nós imeachta idirthurais agus cad iad na hearraí nach bhfuil.

Mura féidir aitheantas na coinsíneachta a áirithiú trí shéalú nó le tuairisc bheacht ar na hearraí, diúltóidh an oifig custaim imeachta do chead a thabhairt chun na hearraí a chur faoin nós imeachta idirthurais.

*Airteagal 38(5), Foscríbhinn I,*

Níor cheart séalaí a bhaint gan formheas na n-údarás custaim inniúil.

*Coinbhinsiún*

*Airteagal 301(5) IA*

Má rinneadh feithicil a shéalú ag an oifig custaim imeachta agus go n-iompraíonn sé earraí chuig oifigí custaim ceann scríbe éagsúla faoi chumhdach roinnt doiciméad tionlacain idirthurais agus go ndéantar díluchtú comhleanúnach ag roinnt oifigí custaim ceann scríbe atá suite i dtíortha éagsúla, ní mór do na húdaráis chustaim, ag na hoifigí custaim ceann scríbe idirmheánacha ina ndéantar na séalaí a bhaint chun codanna den ualach a dhíluchtú, séalaí nua a ghreamú orthu agus é sin a léiriú i mBosca F de na doiciméid tionlacain idirthurais. Sa chás sin, féachfaidh na húdaráis chustaim le hathshéalú a dhéanamh de réir mar is gá, agus séala custaim a úsáid ar a mbeidh gné slándála choibhéiseach ar a laghad.

Cuirfidh an oifig custaim cinn scríbe an séala/na séalaí nua sin arna lua ar DTI in iúl don oifig custaim imeachta le teachtaireacht IE018 faoi 'Faisnéis faoi Shéalaí Nua' agus 'Aitheantas na Séalaí Nua'.

### IV.2.3.7.2 Modhanna séalaithe

*Airteagal 11(2), Coinbhinsiún,*

*Airteagal 299 IA*

Tá dhá mhodh séalaithe ann:

- an spás ina bhfuil na hearraí, i gcás inar aithin an oifig custaim imeachta go bhfuil an modh iompair nó an coimeádán oiriúnach lena shéalú;
- i gcásanna eile, gach pacáiste aonair.

I gcás ina n-úsáidtear an spás ina bhfuil na hearraí a shéalú, ní mór an modh iompair a bheith oiriúnach lena shéalú.

CUSTAIM

*(Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún, Airteagal 300 IA)*

Measann an oifig custaim imeachta go bhfuil an modh iompair oiriúnach lena shéalú i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- féadfar séalaí a ghreamú ar an modh iompair nó ar an gcoimeádán ar bhealach simplí agus éifeachtach;
- nach bhfuil aon spás ceilte sa mhodh iompair nó sa choimeádán ina bhféadfaidh earraí a bheith folaithe;
- go bhfuil na spásanna arna bhforchoimeád le haghaidh na n-earraí inrochtana go héasca lena n-iniúchadh ag an údarás custaim.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara</u>: Meastar go bhfuil an modh iompair nó na coimeádáin oiriúnach lena séalú i gcás ina bhfuil siad formheasta chun earraí a iompar faoi shéalaí custaim i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta ar aontaigh na Páirtithe Conarthacha dó (Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi

chumhdach Carnets TIR an 14 Nollaig 1975 mar shampla).

**IV.2.3.7.3 Saintréithe séalaí**

Ní mór saintréithe sonraithe agus sonraíochtaí teicniúla a chomhlíonadh leis na séalaí uile arna n-úsáid mar mhodhanna sainaitheantais.

*Airteagal 38, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 301 IA*

Ní mór na saintréithe fíor-riachtanacha seo a leanas a bheith ag séalaí:

- fanann siad i bhfeidhm agus ceangailte go daingean le linn gnáthúsáide;
- tá sé éasca iad a sheiceáil agus a shainaithint;
- déantar iad a mhonarú ar bhealach go bhfágfadh aon bhriseadh, crioscaíl nó baint rianta a bheadh sofheicthe le radharc na súl;
- is le haghaidh úsáid aonair a dheartar iad, nó más le haghaidh ilúsáid a bheartaítear iad, go ndeartar iad ionas gur féidir marc aitheantais soiléir, aonair a chur orthu gach uair a athúsáidtear iad;
- tá aitheantóirí séala aonair orthu atá buan, inléite go héasca agus a bhfuil uimhir uathúil orthu.

Ina theannta sin, ní mór na ceanglais theicniúla seo a leanas a chomhlíonadh i ndáil leis na séalaí:

- féadfaidh foirm agus toisí na séalaí a bheith éagsúil ag brath ar an modh séalaithe a úsáidtear, ach ní mór na toisí a bheith amhlaidh chun go n-áiritheofar go bhfuil na marcanna aitheantais éasca le léamh;
- ní mór é a bheith dodhéanta marcanna aitheantais na séalaí a fhalsú agus é a bheith deacair iad a atáirgeadh;
- ní mór an t-ábhar a úsáidtear a bheith frithsheasmhach in aghaidh a bhriste de thimpiste agus ábalta falsú dobhraite nó athúsáid dhobhraite a chosc.

Measfar na ceanglais thuas a bheith comhlíonta ag na séalaí más tá siad deimhnithe ag an gcomhlacht inniúil i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta ISO Uimh. 17712:2013 ‘Freight containers – Mechanical Seals’ [‘Coimeádáin mhuirí – Séalaí Meicniúla’].

I gcás iompar a dhéanfar le coimeádáin, ní mór úsáid a bhaint as séalaí ina bhfuil gnéithe ardslándála a mhéid is féidir.

Ba cheart an léiriú seo a leanas a bheith ar an séala custaim:

- an focal ‘Custam’ i gceann de theangacha oifigiúla an

Aontais Eorpaigh nó na tíre comhchoitinne idirthurais nó giorrúchán comhfhreagrach;

- cód tíre, i bhfoirm chód tíre ISO alfa-2, lena sainaithnítear an tír ina ngreamaítear an séala.

Ina theannta sin, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha, i gcomhaontú lena chéile, cinneadh a dhéanamh chun gnéithe slándála comhchoiteanna agus teicneolaíocht slándála chomhchoiteann a úsáid.

Ní mór do gach tír fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cineálacha séalaí custaim atá in úsáid aici. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do gach tír.

### IV.2.3.7.4 Séalaí de chineál speisialta a úsáid

*Airteagail 81-83, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

Éilítear ar shealbhóir an nós imeachta údarú a fháil ó na húdaráis inniúla chun séalaí de chineál speisialta a úsáid.

*Airteagail 317-318 IA*

Tá úsáid séalaí de chineál speisialta ina simpliú atá faoi réir coinníollacha áirithe (le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Cuid VI, Mír 3.3).

Má úsáidtear séalaí de chineál speisialta, iontrálann sealbhóir an nós imeachta déanamh, cineál agus uimhir na séalaí arna ngreamú i sonraí an dearbhaithe (Bosca D). Ní mór na séalaí a ghreamú sula scaoilfear na hearraí.

### IV.2.3.8 Scaoileadh earraí

*Airteagal 40, Foscríbhinn I Coinbhinsiún*

Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí seo a leanas curtha i gcrích ag an oifig custaim imeachta:

- cur i láthair shonraí an dearbhaithe ag an oifig custaim imeachta;

*Airteagal 303 IA*

- fíorú shonraí an dearbhaithe;
- glacadh leis an dearbhú maidir le hidirthuras;
- cur i gcrích an rialaithe fhéideartha;
- soláthar na ráthaíochta, i gcás ina n-éilítear amhlaidh (féach Cuid II);
- socrú na teorann ama;
- socrú an chúrsa taistil, i gcás ina n-éilítear amhlaidh;

- greamú séalaí, i gcás ina n-éilítear amhlaidh;

scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais. Déantar na teachtaireachtaí ábhartha a tharchur:

- an teachtaireacht 'Scaoil le haghaidh idirthurais' (IE029) chuig an dearbhóir:
- teachtaireacht IE001 chuig an oifig custaim cinn scríbe;
- teachtaireacht IE050 chuig an oifig custaim idirthurais, más infheidhme.

Aimsítear ábhar na dteachtaireachtaí sin ón dearbhú maidir le hidirthuras (arna leasú de réir mar is iomchuí).

CUSTAIM

A luaithe is a bheidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích, déanfaidh an oifig custaim imeachta:

- an dearbhú maidir le hidirthuras a bhailíochtú;
- torthaí an rialaithe a thaifeadadh;
- an ráthaíocht a chlárú;
- seolann sí teachtaireacht IE001 agus, i gcás inarb iomchuí, teachtaireacht IE050 chuig an oifig cinn scríbe dearbhaithe agus chuig an oifig idirthurais/na hoifigí idirthurais (más ann di/dóibh); agus
- priontálann sí DTI (lena n-áirítear an LoI, i gcás inarb iomchuí).

### IV.2.3.8.1 Doiciméadacht tráth an scaoilte

*Airteagal 41, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 303(4) IA*

*Airteagal 184 (2) DA arna leasú leis an Treoir um Thrédhearcacht (TDA)*

Soláthróidh an oifig custaim imeachta DTI agus MRN do shealbhóir an nós imeachta nó don duine a chuir na hearraí i láthair ag an oifig custaim imeachta. Gabhfaidh DTI, arna fhorlíonadh leis an LoI i gcás inarb iomchuí, in éineacht leis na hearraí le linn na hoibríochta idirthurais.

Féadfaidh dearbhóir DTI a phriontáil freisin tar éis formheas a fháil ón oifig custaim imeachta.

### IV.2.3.9 Urscaoileadh an nós imeachta idirthurais

*Airteagal 48(2), Foscríbhinn I a*

Urscaoilfidh na húdaráis chustaim an nós imeachta idirthurais nuair a bheidh siad in ann a dheimhniú, ar bhonn comparáide idir na

*ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

sonraí atá ar fáil d'oifig custaim na háite fágála agus na sonraí atá ar fáil don oifig custaim cinn scríbe, go bhfuil críoch mar is ceart leis an nós imeachta.

*Airteagal 215(2) CCA*

### IV.2.4 Cásanna sonracha

I gcás líon mór de mhíreanna earraí difriúla i gcainníochtaí beaga (e.g. soláthairtí loinge, earraí tí in aistrithe idirnáisiúnta) arna gcoinsíniú le haghaidh an choinsíní deiridh chéanna, agus nach mór iad a chur faoi idirthuras an Aontais/comhchoiteann, is leor tuairisc chineálach ar earraí chun costais bhreise a sheachaint, ar costais iad is gá chun na sonraí a iontráil i ndearbhú idirthurais. Bheadh socrú den sórt sin faoi réir an choinníll bhreise lena gceanglaítear nach mór tuairisc iomlán mhionsonraithe ar na hearraí a bheith ar fáil chun críoch custaim agus nach mór an tuairisc sin a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht.

In aon chás, ní mór a fhíorú ar dtús gur fíor nach mór na hearraí uile a chur faoi idirthuras an Aontais/comhchoiteann.

### IV.2.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)

### IV.2.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### IV.2.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin

#### IV.2.7.1 ATIS

CUSTAIM

Chun rochtain a fháil ar an gcuid seo den doiciméad, téigh chuig an Ionad Acmhainní um Chumarsáid agus um Fhaisnéis do Riaracháin Phoiblí, Gnólachtaí agus Saoránaigh (CIRCABC):

https://circabc.europa.eu/ui/group/fac511f0-681d-41af-b678-7d743f529c8f/library/d9bfedcd-976c-4e10-836b-5158b27518f7

**IV.2.7.2 SMS**

CUSTAIM

Chun rochtain a fháil ar an gcuid seo den doiciméad, téigh chuig CIRCABC:

https://circabc.europa.eu/ui/group/fac511f0-681d-41af-b678-7d743f529c8f/library/d9bfedcd-976c-4e10-836b-5158b27518f7

**IV.2.8 Iarscríbhinní**

## CAIBIDIL 3 – FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS TEAGMHAIS AGUS EARRAÍ Á NGLUAISEACHT FAOI OIBRÍOCHT IDIRTHURAIS CHOMHCHOITEANN/AN AONTAIS

### IV.3.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar na foirmiúlachtaí agus na teagmhais a bhíonn i gceist agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais.

Tugtar tuairisc i Mír IV.3.2 ar an teoiric ghinearálta agus ar an reachtaíocht.

Tugtar tuairisc i Mír IV.3.3 ar na foirmiúlachtaí chun plé le teagmhais a tharlaíonn agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais comhchoiteann/an Aontais agus ag an oifig custaim idirthurais.

Baineann Mír IV.3.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí ar na rialacha ginearálta i Mír IV.3.5.

Forchoimeádtar Mír IV.3.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír IV.3.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hiarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 3 le fáil i Mír IV.3.8.

### IV.3.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagail 43 agus 44 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagail 304 agus 305 IA ;
- Foscríbhinn F1, Iarscríbhinn 9, TDA.

### IV.3.3 Foirmiúlachtaí chun plé le teagmhais ag an oifig custaim idirthurais

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- na foirmiúlachtaí ar cheart cloí leo i gcás teagmhais a tharlaíonn agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais comhchoiteann/an Aontais (mír IV.3.3.1);
- foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais (Mír IV.3.3.2).

### IV.3.3.1 Foirmiúlachtaí chun plé le teagmhais

Is iad seo a leanas na samplaí is minice den mhéid a d'fheadfaí a mheas mar theagmhais agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais:

- ní féidir cloí leis an gcúrsa taistil mar gheall ar imthosca nach bhfuil smacht ag an iompróir orthu;
- briseadh na séalaí custaim de thimpiste nó rinneadh crioscaíl orthu ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iompróir orthu;
- aistriú na n-earraí ó mhodh iompair amháin go modh eile;
- díluchtú láithreach páirteach nó iomlán an mhodha iompair mar gheall ar gharchontúirt;
- timpiste a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas shealbhóir an nós imeachta nó do chumas an iomprόra a (h)oibleagáidí a chomhlíonadh;
- athrú ar aon cheann de na heilimintí lena gcomhdhéantar modh iompair aonair (vaigín lastais a tharraingt siar mar shampla).

*Airteagal 44, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 305 IA*

I ngach ceann de na cásanna sin, ní mór don iompróir fógra a thabhairt don oifig custaim inniúil is cóngaraí sa tír a bhfuil an modh iompair suite ina gcríoch. Tar éis an teagmhais, ní mór don iompróir na hiontrálacha is gá a dhéanamh i mBosca 56 de DTI, gan mhoill, agus na hearraí agus DTI a chur i láthair na hoifige custaim. Cinnfidh údaráis inniúla na hoifige custaim sin cé acu an bhféadfar leanúint leis an oibríocht idirthurais nó nach bhféadfar. Más rud é gur féidir leanúint leis an oibríocht, formhuineoidh an oifig ábhartha Bosca G, agus an ghníomhaíocht a rinneadh á sonrú.

Más rud é gur briseadh na séalaí ar bhealach nach raibh smacht ag an iompróir air, déanfaidh an t-údarás inniúil scrúdú ar na hearraí agus ar an bhfeithicil. Má chinneann sí go dtabharfaidh sí cead chun leanúint leis an oibríocht idirthurais, déanfar séalaí nua a ghreamú agus déanfaidh an t-údarás custaim DTI a fhormhuiniú dá réir sin.

Ní féidir earraí a aistriú ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile ach faoi réir chead agus mhaoirseacht na n-údarás inniúil ag an áit ina ndéanfar an t-aistriú sin. Sa chás sin, ní mór don iompróir Bosca 55 'Trasloingsiú' de DTI a líonadh isteach. Féadfar é sin a dhéanamh de láimh, le dúch agus bloclitreacha. I gcás inarb iomchuí, formhuineoidh na húdaráis chustaim Bosca F de DTI. I gcás inar tharla níos mó ná dhá thrasloingsiú agus go bhfuil Bosca F lán dá bhrí sin, ní mór don iompróir an fhaisnéis a éilítear a iontráil i

mBosca 56 de DTI.

Má aistrítear na hearraí ó mhodh iompair nach bhfuil séalaithe áfach, d'ainneoin na n-iontrálacha a rinne an t-iompróir, ní gá na hearraí agus DTI a chur i láthair ag an oifig custaim is gaire agus ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim aon fhormhuiniú air.

I gcás ina ndéantar athrú ar cheann amháin nó níos mó de na heilimintí lena gcomhdhéantar aon mhodh iompair amháin, ní gá na hearraí ná an modh iompair a chur i láthair ag an oifig custaim is cóngaraí agus níl gá le formhuiniú na hoifige custaim sin sna cásanna seo a leanas:

- I gcás ina dtarraingítear siar cóiste nó vaigín lastais amháin nó níos mó de shraith de chóistí iarnróid nó vaigíní lastais atá cúpláilte mar gheall ar fhadhbanna teicniúla. Sa chás sin, féadfaidh an t-iompróir, tar éis dó na hiontrálacha is gá a dhéanamh in DTI, leanúint leis an oibríocht idirthurais.
- I gcás nach ndéanfar athrú ach ar aonad tarracóra d'fheithicil bhóthair gan a leantóirí nó a leathleantóirí le linn an turais (gan na hearraí a bheith á láimhseáil ná á dtrasloingiú), ní mór don iompróir cláruimhir agus náisiúntacht an aonaid tarracóra nua a iontráil i mBosca 56 de DTI agus is féidir leanúint ar aghaidh leis an oibríocht idirthurais.

Sna cásanna thuasluaite, mura n-éilítear ar an iompróir na hearraí agus DTI a chur i láthair na n-údarás custaim a bhfuil an modh iompair suite ina gcríoch, ní gá don iompróir an t-údarás a chur ar an eolas faoi theagmhais den sórt sin.

Sna cásanna uile thuas, ní mór don oifig custaim idirthurais (más ann di) nó don oifig custaim cinn scríbe taifead a chur in NCTS maidir le hiontrálacha ábhartha a dhéanann an iompróir agus aon fhormhuiniú a dhéanann na húdaráis chustaim.

Maidir le haon scoilteadh a bheith á dhéanamh ar choinsíneacht, ní mór é sin a dhéanamh faoi rialú na n-údarás custaim agus ní mór deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais comhchoiteann/de chuid an Aontais. Ní mór dearbhú nua maidir le hidirthuras a líonadh isteach maidir le gach cuid den choinsíneacht.

### IV.3.3.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- an oifig custaim idirthurais (Mír IV.3.3.2.1);
- foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais (Mír IV.3.3.2.2);
- an oifig idirthurais a athrú (Mír IV.3.3.2.3);
- gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí (Mír IV.3.3.2.4).

### IV.3.3.2.1 An oifig custaim idirthurais

*Airteagal 3(h), Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 1(13) IA*

Is éard is oifig custaim idirthurais ann oifig custaim atá suite ag pointe iontrála nó imeachta an Pháirtí Chonarthaigh. Tugtar tuairisc ar na féidearthachtaí éagsúla le haghaidh idirthuras comhchoiteann agus idirthuras an Aontais sa tábla seo a leanas.

| | Idirthuras comhchoiteann | Idirthuras Aontais |
|---|---|---|
| Pointe iontrála | - isteach i bPáirtí Conarthach | - isteach i gcríoch chustaim an Aontais tar éis do na hearraí críoch tríú tír a thrasnú i gcúrsa oibríocht idirthurais. |
| Pointe imeachta | - ó Pháirtí Conarthach nuair a fhágann na hearraí críoch chustaim an Pháirtí Chonarthaigh sin i gcúrsa oibríocht idirthurais trí theorainn idir an Páirtí Conarthach sin agus tríú tír. | - as críoch chustaim an Aontais nuair a fhágann na hearraí an chríoch sin i gcúrsa oibríocht idirthurais trí theorainn idir Ballstát agus tríú tír seachas tír chomhchoiteann idirthurais. |

I gcomhréir le CTC, de ghnáth, ba cheart oifig idirthurais a bheith súiteáilte idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Ós rud é nach féidir é sin a dhéanamh de réir an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (NIP)[8], chomhaontaigh an Ríocht Aontaithe[9] go gcuirfeadh sí feidhmeanna na hoifige idirthurais i bhfeidhm ag teorainn sheachtrach oileán na hÉireann, ag calafoirt na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. Níl gá le haon hoifig idirthurais idir Éire agus Tuaisceart

[8] *IO C 384I, 12.11.2019, lch. 92*

[9] Dá bhrí sin, thug an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe Meabhrán Tuisceana i gcrích lena bhfeidhmeoidh an Ríocht Aontaithe feidhm na hoifige idirthurais ag teorainn sheachtrach Oileán na hÉireann seachas ag an teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann.

Éireann.

Chun gluaiseacht earraí de chuid an Aontais a éascú idir na codanna difriúla de chríoch chustaim an Aontais i gcásanna nach mór na hearraí a bheith ag trasnú críche tríú tír seachas tír chomhchoiteann idirthurais, ní mór do na Ballstáit tabhairt faoi lánaí speisialta a bhunú a mhéid is féidir (de réir imthosca áitiúla) taobh lena n-oifigí custaim atá suite ar theorainn sheachtrach an Aontais a bheidh forchoimeádta le haghaidh rialú earraí de chuid an Aontais arna ngluaiseacht faoi chumhdach dearbhaithe maidir le hidirthuras arna eisiúint i mBallstát eile.

Rialú na n-earraí den sórt sin, beidh sé teoranta do scrúdú ar chruthúnas ar stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais agus, más gá, do dheireadh a chur leis an oibríocht iompair, ar choinníoll nach éigean scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh i ngeall ar imthosca na hoibríochta sin.

Mura n-easraíonn aon neamhrialtacht as an rialú thuasluaite, ceadófar na hearraí a iompar ar aghaidh chuig a gceann scríbe.

**Samplaí maidir leis na hoifigí idirthurais a aimsiú**

<u>Sampla 1: DE trí BE go dtí GB</u>

Tá an oifig imeachta suite in DE agus fágann na hearraí an tAontas Eorpach trí chalafort farantóireachta in BE. Tá an oifig idirthurais suite sa chalafort in GB.

<u>Sampla 2: DE trí FR agus GB go dtí NI</u>

Tá an oifig imeachta suite in DE agus fágann na hearraí an tAontas Eorpach trí chalafort farantóireachta in FR. Tá an chéad oifig idirthurais suite sa chalafort farantóireachta teachta in GB. Leanann an nós imeachta idirthurais in GB go dtí an calafort farantóireachta ina gcuirtear na hearraí ar bhád farantóireachta a bhfuil NI ina cheann scríbe aige. Níl gá le haon fhoirmiúlacht sa chalafort farantóireachta in GB nuair a fhágann na hearraí GB. Nuair a thagann na hearraí isteach i gcalafort in NI cuirtear foirmiúlachtaí na hoifige idirthurais i bhfeidhm.

<u>Sampla 3: DE trí NL, GB agus IE go dtí NI</u>

Tá an oifig imeachta suite in DE agus fágann na hearraí an tAontas Eorpach trí chalafort farantóireachta in NL. Tá an chéad oifig idirthurais suite sa chalafort farantóireachta teachta in GB. Leanann

an nós imeachta idirthurais in GB go dtí an calafort farantóireachta ina gcuirtear na hearraí ar bhád farantóireachta a bhfuil IE ina ceann scríbe aige. Nuair a thagann na hearraí isteach in IE, cuirtear foirmiúlachtaí na hoifige idirthurais i bhfeidhm. Leanann an nós imeachta idirthurais in IE agus trasnaíonn na hearraí an teorainn idir IE agus NI gan aon fhoirmiúlacht chustaim. Cuirtear na hearraí i láthair ag an oifig cinn scríbe in NI.

*Ar cheart nós imeachta T1 nó T2 a úsáid le haghaidh earraí atá á ngluaiseacht ón Aontas Eorpach go dtí NI?*

- Mura bhfuil earraí de chuid an Aontais á ngluaiseacht trí thír chomhchoiteann idirthurais ón Aontas Eorpach go dtí NI, ní gá aon nós imeachta idirthurais a úsáid (féach sampla 9 freisin).
- Má iompraítear earraí de chuid an Aontais chuig NI, úsáidtear nós imeachta T2. Tá na hearraí á ngluaiseacht mar sholáthar laistigh den Aontas ó Bhallstát trí GB go dtí NI. Ag an oifig cinn scríbe in NI, tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta idirthurais agus ós rud é gur féidir stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais a shuí nuair a thagann siad isteach trí bhíthin nós imeachta T2, is féidir deireadh a chur leis an maoirseacht custaim agus ní bheidh gá le haon nós imeachta custaim ina dhiaidh sin.
- Má iompraítear earraí nach de chuid an Aontais iad chuig NI, ní mór nós imeachta T1 a úsáid. Beidh gá le nós imeachta custaim eile ina dhiaidh sin ag an oifig cinn scríbe in NI.

Sampla 4: NI go dtí GB

Tá an oifig imeachta suite in NI agus fágann na hearraí NI trí chalafort farantóireachta. Tá an oifig idirthurais suite sa chalafort in GB.

*Ar cheart nós imeachta T1 nó T2 a úsáid le haghaidh earraí atá á ngluaiseacht ó NI go dtí GB?*

- Úsáid a bhaint as nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1: le haghaidh earraí nach de chuid an Aontais iad (nó le haghaidh onnmhairiú le nós imeachta idirthurais ina dhiaidh nuair atá Airteagal 189 DA infheidhme)
- Úsáid a bhaint as nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2: earraí de chuid an Aontais arna n-onnmhairiú agus nós imeachta idirthurais ina dhiaidh sin

Sampla 5: GB go dtí NI

Tá an oifig imeachta suite in GB agus fágann na hearraí GB trí chalafort farantóireachta. Tá an oifig idirthurais suite sa chalafort in

NI.

*Ar cheart nós imeachta T1 nó T2 a úsáid le haghaidh earraí atá á ngluaiseacht ó GB go dtí NI?*

- Úsáid a bhaint as nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2: i gcás ina gcuirtear Airteagal 9 CTC i bhfeidhm in GB.
- Úsáid a bhaint as nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1: i ngach cás eile.

<u>Sampla 6: GB trí NI go dtí IE</u>

Tá an oifig imeachta suite in GB agus fágann na hearraí GB trí chalafort farantóireachta. Tá an oifig idirthurais suite sa chalafort in NI. Trasnaíonn na hearraí an teorainn idir NI agus IE gan aon fhoirmiúlacht chustaim eile. Cuirtear na hearraí i láthair ag an oifig cinn scríbe in IE.

*Ar cheart nós imeachta T1 nó T2 a úsáid le haghaidh earraí atá á ngluaiseacht ó GB?*

- Féach sampla 5.

<u>Sampla 7: GB trí NL go dtí DE</u>

Tá an oifig imeachta suite in GB agus fágann na hearraí GB trí chalafort farantóireachta. Tá an oifig idirthurais suite sa chalafort farantóireachta teachta san Aontas Eorpach in NL. Cuirtear an dearbhú maidir le hidirthuras agus na hearraí i láthair ag an oifig cinn scríbe in DE.

<u>Sampla 8: IE, trí NI, GB, BE, FR, CH go dtí IT</u>

Tá an oifig imeachta suite in IE. Trasnaíonn na hearraí an teorainn idir IE agus NI gan aon fhoirmiúlacht chustaim agus leanann an nós imeachta idirthurais ar aghaidh in NI. Fágann na hearraí NI trí chalafort farantóireachta. Tá an chéad oifig idirthurais suite sa chalafort farantóireachta teachta in GB. Leanann an nós imeachta idirthurais ar aghaidh in GB go dtí an calafort farantóireachta ina gcuirtear na hearraí ar bhád farantóireachta a bhfuil BE ina ceann scríbe aige. Nuair a thagann na hearraí isteach in BE, cuirtear foirmiúlachtaí an dara hoifig idirthurais i bhfeidhm. Leanann an nós imeachta idirthurais ar aghaidh san Aontas Eorpach. Is é an chéad oifig custaim in CH an tríú hoifig idirthurais. Is é an chéad oifig custaim in IT an ceathrú hoifig idirthurais. Cuirtear an dearbhú maidir le hidirthuras agus na hearraí i láthair ag an oifig cinn scríbe in IT.

Sampla 9: NI trí IE go dtí FR (agus a mhalairt)

Imíonn na hearraí ó NI agus trasnaíonn siad an teorainn idir NI agus IE gan aon fhoirmiúlacht chustaim. Fágann na hearraí IE trí chalafort farantóireachta. Tá an calafort farantóireachta teachta suite in FR. Cuirtear na hearraí i láthair ag an oifig custaim sa chalafort farantóireachta teachta in FR.

*Ar cheart nós imeachta T1 nó T2, nó cruthúnas ar stádas Aontais amháin a úsáid le haghaidh earraí atá á ngluaiseacht idir oileán na hÉireann agus an tAontas Eorpach?*

- Sa sampla seo, níl na hearraí de chuid an Aontais á ngluaiseacht trí thír chomhchoiteann idirthurais. Dá dheasca sin, ní féidir nós imeachta T2 a úsáid. Má éilítear amhlaidh, is leor cruthúnas ar stádas Aontais agus earraí á gcur i láthair na n-údarás custaim sa chalafort farantóireachta teachta.
- Má iompraítear earraí nach de chuid an Aontais iad idir oileán na hÉireann agus an tAontas Eorpach, ní mór nós imeachta T1 a úsáid. Beidh gá le nós imeachta custaim eile ina dhiaidh sin ag an oifig cinn scríbe.

### IV.3.3.2.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais

*Airteagal 43, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

Cuirtear DTI, lena n-áirítear MRN, agus na hearraí i láthair ag gach oifig custaim idirthurais.

*Airteagal 304 IA*

Féadfaidh oifig custaim idirthurais/na hoifigí custaim idirthurais iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí más gá. Déanfar aon iniúchadh ar bhonn shonraí na hoibríochta idirthurais a fuarthas ón oifig custaim imeachta i bhfoirm teachtaireacht IE050.

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim idirthurais an méid seo a leanas:

- MRN a chlárú;
- an trasnú teorann a chlárú; agus
- seolann sí teachtaireacht IE118 chuig an oifig custaim imeachta.

I gcás ina bhfuil na hearraí faoi réir srianadh onnmhairithe, beidh ceann díobh seo a leanas ar an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI):

- faoi idirthuras comhchoiteann:
  DG0 ('Onnmhaire ó thír atá faoi réir srianadh'); nó
  DG1 ('Onnmhaire ó thír atá faoi réir dleachtanna').
- faoi idirthuras san Aontas:
  DG0 ('Onnmhaire ón Aontas Eorpach atá faoi réir srianadh'); nó

DG1 (‘Onnmhaire ón Aontas atá faoi réir dleachtanna’).

**IV.3.3.2.3 Athrú ar an oifig custaim idirthurais**

Féadfar earraí a iompar trí oifig custaim idirthurais seachas an oifig a dearbhaíodh in DTI.

Má chuirtear na hearraí agus DTI faoi bhráid oifige custaim idirthurais seachas an oifig dearbhaithe agus go mbaineann MRN arna iontráil ag an oifig custaim idirthurais iarbhír le hoibríocht idirthurais nach bhfuil an teachtaireacht ábhartha IE050 lena mbaineann i seilbh na hoifige custaim sin, iarrann NCTS, go huathoibríoch, ar an oifig custaim imeachta an teachtaireacht ‘Iarraidh ATR’ (IE114) a sheoladh chuig an oifig custaim idirthurais iarbhír.

Seolann NCTS ag an oifig custaim imeachta freagra uathoibríoch ina bhfuil an teachtaireacht ‘Freagairt ATR’ (IE115). A luaithe a fhaightear an teachtaireacht IE115, tugtar NCTS cothrom le dáta agus bíonn taifead na hoibríochta idirthurais le fáil sa staid ‘ATR Cruthaithe’, agus é réidh lena phróiseáil ag na húdaráis chustaim.

Cuirfear an oifig custaim/na hoifigí custaim idirthurais dearbhaithe nár iompraíodh na hearraí tríthi/tríothu ar an eolas go huathoibríoch nuair a thiocfaidh deireadh leis an oibríocht idirthurais ag an oifig custaim cinn scríbe.

Mura féidir na sonraí faoin oibríocht idirthurais lena mbaineann a sholáthar ar chúiseanna difriúla, seolfar teachtaireacht IE115 le ‘cód na cúise leis an diúltú ATR’ agus an chúis leis an diúltú (éigeantach le haghaidh chód 4) chuig an oifig custaim idirthurais iarbhír, agus glacfaidh sí na bearta iomchuí ansin.

CUSTAIM

Ag an oifig custaim idirthurais iarbhír:

- déantar MRN a thaifeadadh in NCTS;
- seoltar teachtaireacht IE114 chuig an oifig custaim imeachta;
- freagraíonn NCTS san oifig custaim imeachta leis an teachtaireacht IE115, lena n-áirítear an fhaisnéis ó theachtaireacht IE050;
- tugtar NCTS ag an oifig custaim idirthurais cothrom le dáta agus bíonn taifead na hoibríochta idirthurais le fáil sa staid ‘Cruthaigh ATR’, agus é réidh lena

phróiseáil ag na húdaráis chustaim;

- cláraíonn an oifig custaim idirthurais an trasnú teorann agus seolann sí teachtaireacht IE118 chuig an oifig custaim imeachta.

**IV.3.3.2.4 Gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí móra**

I gcás ina bhfaigheann oifig custaim idirthurais neamhrialtachtaí móra maidir leis an oibríocht idirthurais atá i gceist, ní mór di deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus tús a chur leis na himscrúduithe is gá.

**IV.3.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)**

**IV.3.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**IV.3.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**IV.3.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**IV.3.8 Iarscríbhinní**

## CAIBIDIL 4 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM CINN SCRÍBE

### IV.4.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc i gCaibidil 4 ar na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe.

Tugtar tuairisc i Mír IV.4.2 ar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht.

Tugtar tuairisc i Mír IV.4.3 ar na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe, lena n-áirítear deireadh a chur leis an nós imeachta agus é a rialú.

Baineann Mír IV.4.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí ar na rialacha ginearálta i Mír IV.4.5.

Forchoimeádtar Mír IV.4.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír IV.4.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 4 le fáil i Mír IV.4.8.

### IV.4.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Ag deireadh na hoibríochta idirthurais, ní mór na hearraí in éineacht le DTI agus an fhaisnéis a éilíonn an oifig custaim cinn scríbe (e.g. fáltas arna eisiúint ag na póilíní i gcás timpiste, fáltas ón tseirbhís deisithe feithicle, CMR, etc.) a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe. Léirítear deireadh na hoibríochta idirthurais leis sin. Seolann an oifig custaim cinn scríbe an teachtaireacht 'Nóta faisnéise maidir le teacht' (IE006) chuig an oifig custaim imeachta gan mhoill.

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe na hearraí a sheiceáil ar bhonn na faisnéise a fhaigheann sí ó NCTS, mar aon le DTI i gcás inarb ábhartha, déanfaidh sí torthaí an iniúchta a thaifeadadh agus seolfaidh sí an teachtaireacht 'Torthaí an rialaithe' (IE018) chuig an oifig custaim imeachta.

Mura bhfaightear aon neamhréireacht, urscaoilfidh an oifig custaim imeachta an oibríocht idirthurais.

I gcás neamhréireachtaí, beidh gá le tuilleadh beart.

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagail 8 agus 45-51, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 215, Airteagal 233(1), (2) agus (3) CCA ;
- Airteagail 306-312 IA ;
- Iarscríbhinn 72-03 IA.

### IV.4.3 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- cur i láthair na n-earraí in éineacht leis na doiciméid ag an oifig custaim cinn scríbe (Mír IV.4.3.1);

- rialú ag deireadh an nós imeachta (Mír IV.4.3.2).

Sa mhír seo, glacaimid leis nach raibh aon neamhréireacht ann. I Mír IV.4.4 den Chaibidil seo leagtar amach na céimeanna atá le glacadh i gcás neamhréireachtaí.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: **Ní hionann** deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais ag an oifig custaim cinn scríbe agus **urscaoileadh** an nós imeachta idirthurais. Is í an oifig custaim imeachta a dhéanann cinneadh, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn an oifig custaim cinn scríbe, an féidir an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh nó nach féidir.

#### IV.4.3.1 Cur i láthair na n-earraí

*Airteagal 8, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 233(1) agus (2) CCA*

Tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta idirthurais agus comhlíonfar oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta nuair a bheidh na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta, an doiciméad tionlacain idirthurais agus an fhaisnéis eile a éilítear ar fáil san oifig custaim cinn scríbe i gcomhréir leis an reachtaíocht custaim.

Sa chleachtas, ciallaíonn deireadh an nós imeachta go gcuirtear na hearraí, DTI agus an fhaisnéis eile a éilítear i láthair na hoifige custaim cinn scríbe. Ó thaobh an dlí de, ciallaíonn sé go ndéantar an cur i láthair sin i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla bunaithe ar an

gcineál nós imeachta a úsáidtear, i.e. nós imeachta caighdeánach nó simplithe[10]. Is sealbhóir an nós imeachta atá freagrach as an dá ghníomhaíocht agus tá siad mar phríomhoibleagáid aige/aici.

Nuair a thagann deireadh leis an nós imeachta, tagann deireadh le hoibleagáidí shealbhóir an nós imeachta faoin nós imeachta freisin. Má tharlaíonn teagmhas nó neamhchomhlíonadh oibleagáidí tar éis an dáta sin bíonn cinn scríbe agus rialacha custaim eile i gceist seachas na cinn a bhaineann le hidirthuras. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nárbh fhéidir freagracht shealbhóir an nós imeachta (freagracht airgeadais nó eile) a cheistiú tar éis dheireadh an nós imeachta, ach a mhéid agus a bhaineann an fhreagracht sin leis an oibríocht idirthurais roimhe, agus a mhéid sin amháin.

*Airteagal 8, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 233(3) CCA*

Chomh maith le sealbhóir an nós imeachta, tá oibleagáidí ar dhaoine eile faoin nós imeachta idirthurais freisin. An t-iompróir agus aon duine a ghlacann na hearraí arb eol dó/di iad a bheith á n-aistriú faoin nós imeachta idirthurais, tá siad freagrach freisin as na hearraí a chur i láthair slán ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh den teorainn ama a leagtar síos agus i gcomhréir leis na bearta a ghlac na húdaráis chustaim chun a sainaithint a áirithiú.
Ní mór na hearraí, in éineacht le DTI agus an fhaisnéis eile a éilítear, a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe. Ní mór é sin a dhéanamh le linn uaireanta oscailte oifigiúla na hoifige custaim (le haghaidh simplithe, féach Cuid VI).

Ní mór na hearraí a chur i láthair laistigh den teorainn ama a shocraíonn an oifig custaim imeachta. Léirítear an teorainn ama i mBosca D de DTI.
An teorainn ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta, bíonn sí ceangailteach ar údaráis inniúla na dtíortha a n-iontrálann na hearraí a gcríoch le linn oibríocht idirthurais. Níor cheart do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an oifig custaim cinn scríbe, é a athrú (le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Cuid IV.2.3.6).
Úsáideann an oifig custaim cinn scríbe MRN chun na sonraí a fháil ó NCTS, arna seoladh ar aghaidh le teachtaireacht IE001.
Seoltar teachtaireacht IE006 chuig an oifig custaim imeachta nuair atá MRN cláraithe in NCTS ag an oifig custaim cinn scríbe, chun an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas gur tháinig na hearraí. Seoltar an teachtaireacht ar an lá a chuirtear na hearraí agus DTI i

10 I dteannta an tsainmhínithe ghinearálta ar dheireadh an nós imeachta, tá roinnt forálacha sonracha ann lena leagtar amach na coinníollacha speisialta a dtagann an nós imeachta chun críche fúthu nó a meastar go bhfuil sé tagtha chun críche fúthu faoi chuimsiú nósanna imeachta amhail na nósanna imeachta sin a bhaineann leis an gcoinsíní údaraithe agus idirthuras d'aer, ar muir agus nós imeachta idirthurais chun earraí a ghluaiseacht le suiteáil sheasta iompair (le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Cuid V).

láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

I gcás inar scaoileadh na hearraí le haghaidh idirthurais in NCTS tráth an imeachta, ach nach bhfuil NCTS ar fáil ag an gceann scríbe nuair a shroicheann na hearraí é, cuireann an oifig custaim cinn scríbe deireadh leis an nós imeachta ar bhonn DTI agus déanfaidh sí na hiontrálacha is gá in NCTS nuair a bheidh sé ar fáil arís chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

### IV.4.3.2 Rialú ar dheireadh an nós imeachta idirthurais

*Airteagal 47, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 188 CCA*

*Airteagail 308-309 IA*

Tar éis chur i láthair na n-earraí, DTI agus na faisnéise eile is gá, cláraíonn **an oifig custaim cinn scríbe** gur tháinig siad isteach ann agus iontrálann sí an fhaisnéis seo a leanas in NCTS:

1. MRN (cláruimhir na hoibríochta idirthurais);
2. dáta teachta;
3. i gcás teagmhas le linn gluaiseacht earraí (mar shampla: séalaí nua, trasloingsiú), an fhaisnéis uile is gá arna fáil ó DTI (mura bhfuil sé taifeadta cheana féin ag oifig custaim eile roimhe sin).

Cinneann an oifig custaim cinn scríbe cé acu an ndéanfar scrúdú ar na hearraí nó nach ndéanfar agus coinníonn sí DTI. Ní mór an scrúdú a dhéanamh agus an fhaisnéis i dteachtaireacht IE001, arna fáil ón oifig custaim imeachta, á húsáid.

Iontrálann an oifig custaim cinn scríbe an cód toraidh rialaithe iomchuí isteach i dteachtaireacht IE018 agus seolann sí chuig an oifig custaim imeachta é. Ní mór don oifig custaim cinn scríbe an cód seo a leanas a thaifeadadh i ndáil le torthaí an rialaithe:

1. Ba cheart an cód ‘A1’ (Sásúil) a thaifeadadh má rinne an oifig custaim cinn scríbe rialú fisiceach ar na hearraí (iomlán nó páirteach), agus nach bhfuarthas aon neamhréireacht. Chomh maith le rialú fisiceach na n-earraí, ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a sheiceáil:

   - cláruimhir an mhodha iompair tráth an imeachta agus ag an gceann scríbe trí shonraí an dearbhaithe a chur i gcomparáid leis na sonraí atá ar fáil ag an gceann scríbe;
   - bail aon séala atá greamaithe.

2. Tá cód ‘A2’ (Measta a bheith sásúil) le taifeadadh sna cásanna seo a leanas:
   - i gcás ina ndearna an oifig custaim cinn scríbe rialú

doiciméadach amháin (gan aon rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí) agus nach bhfuarthas aon neamhréireacht, nó mura ndearna an oifig sin rialú ar bith. An tseiceáil ar an mbail atá ar na séalaí atá greamaithe, gan aon rialú fisiceach ar na hearraí, déantar í sin a thaifeadadh le cód 'A2' freisin, ar choinníoll go bhfuil na séalaí slán.

- i gcás inar seachadadh na hearraí chuig coinsíní údaraithe agus ina gcinneann an oifig custaim cinn scríbe gan aon rialú a dhéanamh ar na hearraí agus/nó ar na doiciméid, agus nach dtaispeántar aon neamhréireacht leis an teachtaireacht 'Barúlacha díluchtaithe' (IE044).

Moltar maidir le cód 'A2', go seolfadh an oifig custaim cinn scríbe teachtaireacht IE018 ar an lá céanna a chuirtear na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh ar a dhéanaí.

3. Tá cód 'A5' (Neamhréireachtaí) le taifeadadh sna cásanna seo a leanas:
   (a) i gcás inar braitheadh mion-neamhréireachtaí, ach nár eascair fiach astu.
   Samplaí:
   - séalaí in easnamh, séalaí briste nó damáiste déanta do shéalaí;
   - earraí arna seachadadh tar éis dhul in éag na teorann ama;
   - sainaithint/náisiúntacht mhícheart an mhodha iompair;
   - mainneachtain na hiontrálacha is gá a dhéanamh i leith teagmhas a tharla agus na hearraí á ngluaiseacht;
   - neamhrialtacht sa mheáchan gan crioscaíl shofheicthe ar na hearraí (difríochtaí beaga sa mheáchan tríd an meáchan a shlánú).

   (b) i gcás inar braitheadh mion-neamhréireachtaí, éilítear fíneáil riaracháin ar bhonn na rialachán náisiúnta.
   (c) i gcás inar aimsíodh barrachas earraí (den chineál céanna nó de chineál eile) mar earraí nár dearbhaíodh agus nach féidir stádas Aontais na n-earraí sin/stádas na n-earraí sin mar earraí de chuid an Pháirtí Chonarthaigh a chinneadh.
   Más rud é go ndearnadh na hearraí a dearbhaíodh i ndearbhú maidir le hidirthuras a sheachadadh chuig an oifig custaim cinn scríbe, ní gá go gcuirfear cosc ar an oifig custaim imeachta an nós imeachta a urscaoileadh agus an ghluaiseacht a dhíscríobh toisc go bhfuarthas

barrachas earraí. Féadfar na hearraí a dearbhaíodh le haghaidh idirthurais ar dtús a scaoileadh ansin. I gcás an bharrachais earraí, soiléireoidh an oifig custaim cinn scríbe an scéal.

Ba cheart don oifig custaim cinn scríbe tuairisc mhionsonraithe ar na neamhréireachtaí a sholáthar i dteachtaireacht IE018. Ba cheart aon fhaisnéis a iontráiltear sa bhosca téacs saor a chur isteach i dteanga a thuigfidh an oifig custaim imeachta, a mhéid is féidir.

4. Ciallaíonn cód 'B1' (Gan a bheith sásúil) go bhfuil neamhréireachtaí móra ann lena bhfágtar nach gceadaítear an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh. Ní dhéantar an oibríocht idirthurais a dhíscríobh in NCTS agus tá sealbhóir an nós imeachta agus an ráthóir fós faoi dhliteanas go dtí go réiteofar an cás. Dá bhrí sin, níor cheart an cód a úsáid ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina bhfuil earraí ar iarraidh (go hiomlán nó go páirteach) nó i gcásanna comhchosúla amhail earraí a bheith curtha i láthair ag ceann scríbe ar earraí iad atá difriúil ar bhealach suntasach leis an tuairisc orthu sa dearbhú (cineál agus cainníocht na n-earraí).

Tá dhá chineál cód B1 ann:

(a) Tá cód 'B1' (Gan a bheith sásúil) leis an mbratach 'Ag feitheamh ar réiteach ar neamhréireachtaí' le taifeadadh i gcás ina bhfuarthas le rialú fisiceach nó doiciméadach na n-údarás custaim go raibh ganntanas earraí ann nó gur cuireadh earraí difriúla i láthair leis na hearraí a dearbhaíodh, agus go measann an oifig custaim cinn scríbe go bhféadfadh gur tharla sé sin trí earráid nó faillí ag an láthair imeachta.

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe:

- a iarraidh ar an oifig custaim imeachta imscrúdú a dhéanamh, go háirithe trí scrúdú a dhéanamh ar aon doiciméad arna sholáthar ag sealbhóir an nós imeachta/an dearbhóir agus comparáid a dhéanamh idir na doiciméid sin agus sonraí an dearbhaithe; agus
- gan na hearraí a scaoileadh ó idirthuras.

*Airteagal 112 agus Airteagal 114(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Socraítear an oibríocht idirthurais mar 'Ag feitheamh ar réiteach ar neamhréireachtaí'. Cuirtear an próiseas ar fionraí ag an oifig custaim imeachta go dtí go bhfaighfear

*Airteagal 79,*

*Airteagal 87(1) agus Airteagal 87(4) agus Airteagail 124 (1)(g) agus (h) CCA*

*Airteagal 103I DA*

soiléiriú ar na neamhrialtachtaí.

Nuair a bheidh an cás réitithe, seolfaidh an oifig custaim imeachta an teachtaireacht 'Fógra ar réiteach difríochtaí' (IE020) leis an gcód '1' chun an oifig custaim cinn scríbe a chur ar an eolas.

Scaoilfear na hearraí ó idirthuras ansin agus déanfar an oibríocht a urscaoileadh faoi dheireadh, agus déanfaidh an oifig custaim imeachta é a dhíscríobh in NCTS.

Mura réitítear an cás, seolfaidh an oifig custaim imeachta an teachtaireacht 'Fógra ar réiteach difríochtaí' (IE020) leis an gcód '0' chun an oifig custaim cinn scríbe a chur ar an eolas. Tar éis don oifig custaim cinn scríbe an teachtaireacht a fháil, nó mura bhfaigheann sí teachtaireacht ar bith laistigh de 6 lá féilire ón lá a seoladh teachtaireacht IE018 leis an mbratach, cuirfidh an oifig custaim cinn scríbe tús lena himscrúdú féin chun an cás a réiteach[11].

(b) Tá cód 'B1' (Gan a bheith sásúil) gan an bhratach 'Ag feitheamh ar réiteach ar neamhréireachtaí' le taifeadadh i gcás ina bhfuarthas le rialú fisiceach nó doiciméadach na n-údarás custaim go raibh ganntanas earraí ann nó gur cuireadh earraí difriúla i láthair, agus nach measann an oifig custaim cinn scríbe go bhféadfadh gur tharla sé sin trí earráid nó faillí ag an láthair imeachta.

Cuireann an oifig custaim cinn scríbe tús lena himscrúdú féin chun an cás a réiteach.

A mhéid a bhaineann le fiach dá dtagraítear i bpointí 3 (barrachas earraí), 4(a) agus 4(b), tá dhá rogha ann:

- tabhaítear fiach, i gcomhréir le hAirteagal 79 den Chód/Airteagal 112(1)(b) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (neamhchomhlíonadh coinníll lena rialaítear na hearraí a chur faoi nósanna imeachta idirthurais an Aontais nó faoi nósanna imeachta comhchoiteanna maidir le hearraí faoi bhealach; baint na n-earraí ón maoirseacht custaim) agus ní mór é a íoc;

[11] Má tá an oifig custaim imeachta i gceann de na tíortha seo a leanas: BG, CH, CZ, ES, MK agus RS, úsáid an cód sin mar a léiríodh. Tá an nós imeachta difriúil i dtíortha eile, agus gan beann ar an gcód a léirítear i dteachtaireacht IE020, déantar an oibríocht a dhíscríobh go huathoibríoch sa chóras. Ciallaíonn sé sin go ndéantar tuilleadh próiseála lasmuigh de NCTS. I gcás na dtíortha eile sin, moltar, dá bhrí sin, gan an cód 'B1' a úsáid leis an mbratach ach amháin i gcás ina bhfuil an oifig custaim cinn scríbe iomlán cinnte gur trí earráid nó faillí a tharla go raibh ganntanas earraí ann nó gur cuireadh earraí difriúla i láthair leis na hearraí a dearbhaíodh ag an láthair imeachta agus nach mór plé leis ag an oifig custaim imeachta.

- tabhaíodh fiach ach múchadh é i gcomhréir le hAirteagal 124(1)(g) agus (h) den Chód agus le hAirteagal 103I DA/Airteagal 112(2) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Múchtar fiach ar na bealaí seo a leanas:

- ✓ má bhaintear na hearraí as an nós imeachta idirthurais nó mura gcomhlíontar na coinníollacha lena rialaítear na hearraí a chur faoin nós imeachta idirthurais nó go n-eascraíonn úsáid an nós imeachta idirthurais as scriosadh iomlán nó cailliúint dholeigheasta na n-earraí de thoradh chineál iarbhír na n-earraí, imthosca nach féidir a thuar nó *force majeure*, nó de réir treorach ón údarás custaim;
- ✓ nach raibh aon éifeacht shuntasach ag an mainneachtain as ar eascair tabhú an fhéich ar oibriú ceart an nós imeachta idirthurais agus nach iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti, agus go ndearnadh dá éis sin na foirmiúlachtaí uile ba ghá chun staid na n-earraí a chur ina ceart.

Sonraítear le hAirteagal 103 DA go bhfuil cás áirithe ar cheann de na cásanna ina dtarlaíonn an mhainneachtain sin, is é sin cás inar athbhunaíodh an mhaoirseacht chustaim dá éis sin le haghaidh earraí nach gcumhdaítear le dearbhú maidir le hidirthuras, ach ar earraí iad a bhí á stóráil go sealadach nó a cuireadh faoi nós imeachta speisialta in éineacht le hearraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sin go foirmiúil[12].

Féach Cuid VIII.2.3.2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Sa dá chás (fiach múchta nó gan a bheith múchta), leanfaidh an oifig custaim cinn scríbe dá himscrúdú agus cloífidh sí le forálacha Airteagal 87(1) den Chód/Airteagal 114(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun a chinneadh cén t-údarás custaim atá inniúil chun an fiach a aisghabháil nó b'fhéidir chun cinneadh a dhéanamh faoin bhfiach a mhúchadh. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Codanna VIII.2.1, VIII.2.2, VIII.2.3 agus VIII.3.2.

I gcás ina meastar go bhfuil an oifig custaim cinn scríbe inniúil chun aisghabháil a dhéanamh, ba cheart di a iarraidh go n-aistreofaí an fhreagracht sin ón oifig custaim imeachta trí theachtaireacht IE150 (Iarraidh ar aisghabháil) a sheoladh. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Codanna VIII.3.3.3, VIII.3.3.4 agus VIII.3.3.5.

12 nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

Nuair a bheidh an fiach bailithe, murab í an oifig custaim imeachta an oifig custaim atá freagrach as aisghabháil, ní mór don oifig sin an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas faoin aisghabháil sin trí theachtaireacht IE152 (Fógra Seolta Aisghabhála) a sheoladh.

I gcás inar ísle ná EUR 10 000 an fiach custaim, meastar gur tabhaíodh an fiach sa Bhallstát inar suíodh an fiach, agus dá bhrí sin, tá an oifig custaim cinn scríbe freagrach as an aisghabháil a dhéanamh (Airteagal 87(4) den Chód[13]). Ní mór teachtaireachtaí IE150/151 a mhalartú fós áfach, chun é a chur ar a cumas don oifig custaim cinn scríbe tús a chur leis an nós imeachta aisghabhála. A luaithe is a bheidh an aisghabháil tugtha chun críche, seolfaidh an oifig custaim cinn scríbe teachtaireacht IE152 chuig an oifig custaim imeachta. Féach Cuid VIII.3.3.5 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí 1, 3 agus 4 thuas, ní mór don oifig custaim cinn scríbe teachtaireacht IE018 a sheoladh, ar a dhéanaí:

- ar an tríú lá tar éis an lae a cuireadh na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó ag láthair eile (i gcásanna eisceachtúla, e.g. sraith de laethanta saoire poiblí, féadfar síneadh suas le 6 lá a chur leis an teorainn ama sin);
- ar an séú lá tar éis an lae a fuair coinsíní údaraithe na hearraí.

### IV.4.4 Cásanna sonracha

Tá faisnéis sa mhír seo faoi chásanna sonracha sa nós imeachta idirthurais ag an oifig custaim cinn scríbe. Is iad seo a leanas na cásanna sonracha:

- admháil a eisiúint (Mír IV.4.4.1);
- cruthúnas malartach a eisiúint (Mír IV.4.4.2);
- na hearraí agus na doiciméid a chur i láthair lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta atá ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe (Mír IV.4.4.3);
- neamhrialtachtaí (Mír IV.4.4.4);
- athrú ar an oifig custaim cinn scríbe (Mír IV.4.4.5).

13 nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

### IV.4.4.1 Admháil a eisiúint

Arna iarraidh sin don duine a chuireann na hearraí agus DTI i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, ní mór don oifig admháil a eisiúint (TC11). Ní féidir an admháil a úsáid mar chruthúnas malartach ar dheireadh an nós imeachta áfach.

*Airteagal 46 Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 306(5) IA*

Tá dhá fheidhm thábhachtacha ag an admháil. Ar dtús, cuirtear sealbhóir an nós imeachta ar an eolas leis an admháil gur sheachaid an t-iompróir na hearraí agus na doiciméid chuig an oifig custaim cinn scríbe. Ar an dara dul síos, bíonn ról tábhachtach ag an admháil más rud é go dtionscnófar fiosrúchán toisc nach bhfuair an oifig custaim imeachta an teachtaireacht (IE006). Sna cásanna sin, beidh sealbhóir an nós imeachta ábalta an admháil a sholáthar don oifig custaim imeachta, agus léireofar ar an admháil cén oifig custaim ar cuireadh na hearraí agus na doiciméid i láthair inti. Ar an gcaoi sin, beidh an nós imeachta fiosrúcháin i bhfad níos éifeachtúla.

*Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III, Coinbhinsiún*

*Iarscríbhinn 72-03 IA*

Ní mór foirm na hadmhála a bheith i gcomhréir leis an sampla TC11 i bhFoscríbhinn III, Iarscríbhinn B10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 72-03 IA.

Ní mór don duine a iarrann an admháil í a líonadh isteach sula dtabharfaidh sé/sí ar láimh é d’oifigeach custaim ag an oifig custaim cinn scríbe lena formhuiniú.

TRÁDÁIL

An duine a iarrann admháil ag an oifig custaim cinn scríbe, ní mór dó/di an fhoirm TC11 a líonadh isteach ar bhealach inléite tríd an méid seo a leanas a iontráil:

- láthair, ainm agus uimhir thagartha na hoifige custaim cinn scríbe;
- stádas na n-earraí mar a shonraítear in DTI lena mbaineann (T1, T2, T2F);
- MRN;
- láthair, ainm agus uimhir thagartha na hoifige custaim imeachta;
- an láthair.

Féadfaidh faisnéis eile a bhaineann leis na hearraí a bheith san admháil chomh maith. D’fhéadfadh fonn a bheith ar shealbhóir an nós imeachta an seoladh a thaispeáint ar cheart d’iompróir na n-earraí an admháil a sheoladh ar ais ann, tar éis a formhuinithe ag na húdaráis chustaim, cuir i gcás. Ní éilítear ar an oifig custaim cinn scríbe an admháil a sheoladh ar ais sa phost; is féidir é sin a dhéanamh más gá áfach. Go hiondúil, iarrann sealbhóir an nós

imeachta go seolfaidh an t-iompróir an admháil ar ais chuige/chuici. Féadfar an seoladh fillte a iontráil ar chúl na hadmhála.

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas nuair a iarrfar admháil:

- seiceáil ar cé acu ar úsáideadh an fhoirm cheart nó nár úsáideadh (TC11);
- seiceáil go bhfuil sí inléite;
- seiceáil gur líonadh isteach i gceart í;
- seiceáil ar cé acu an bhfuil aon imthoisc ann lena gcuirfí cosc ar eisiúint na hadmhála nó nach bhfuil;
- má tá cúrsaí in ord, déanfaidh sí an admháil a eisiúint chuig an duine a d'iarr í.

### IV.4.4.2 Cruthúnas malartach a eisiúint

*Airteagal 45(4), Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 308(2) IA*

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta a iarraidh go soláthróidh na húdaráis chustaim cruthúnas malartach ar chóip de DTI gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta idirthurais i gceart agus nár braitheadh aon neamhrialtacht. Féadfar é sin a dhéanamh nuair a chuirtear na hearraí agus DTI i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: I gCuid VII, Mír 3.3.1, tá faisnéis mhionsonraithe faoi chruthúnas malartach a ghlacadh ag an oifig custaim imeachta.

TRÁDÁIL

Chun cruthúnas malartach a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 45(4) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Airteagal 308 IA, féadfar cóip de DTI agus LoI (i gcás inarb iomchuí) a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe lena bhformhuiniú.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith fíor maidir leis an gcóip, ar féidir a bheith ina fótachóip:

- go bhfuil an focal 'cóip' marcáilte uirthi;
- go bhfuil stampa na hoifige custaim cinn scríbe uirthi, mar aon le síniú an oifigigh, an dáta agus an téacs seo a leanas: 'Cruthúnas malartach — 99202'.

Tá an formhuiniú 'cruthúnas malartach' i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn 8.3.

CUSTAIM

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe DTI agus LoI (i gcás inarb iomchuí) a fhormhuiniú. Féadfar formhuiniú arna chur i bhfeidhm ag córas ríomhaire a chur san

áireamh leis sin, ach ní mór é a bheith soiléir don tír imeachta gur formhuiniú bunaidh atá ann.

Formhuineoidh an oifig custaim cinn scríbe an cruthúnas malartach mura bhfaightear aon neamhrialtacht. Déantar an stampa, síniú an oifigigh agus an dáta a iontráil ar DTI.

Meastar an duine a chuireann an cruthúnas malartach i láthair in éineacht leis na hearraí agus DTI a bheith mar ionadaí shealbhóir an nós imeachta. Tabharfaidh an oifig custaim cinn scríbe an chóip fhormhuinithe de DTI don duine sin.

#### IV.4.4.3 Cur i láthair na n-earraí agus na ndoiciméad lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta atá ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 45(1), Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 306(1) IA*

Ar bhonn ginearálta, ní mór na hearraí, DTI agus an fhaisnéis eile a éilítear, a chur i láthair:

- ag an oifig custaim cinn scríbe, agus
- le linn na laethanta agus uaireanta oscailte atá ceaptha.

Mar sin féin, féadfaidh an oifig custaim, arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta nó don duine eile a chuireann na hearraí i láthair, cead a thabhairt chun an cur i láthair a dhéanamh lasmuigh de na huaireanta oscailte oifigiúla nó ag aon áit eile.

#### IV.4.4.4 Neamhrialtachtaí

#### IV.4.4.4.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí

Ní fhéadfar ach earraí a séalaíodh a scaoileadh le haghaidh nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais agus na hearraí sin amháin. Seiceálfaidh an oifig custaim cinn scríbe cé acu an bhfuil na séalaí fós slán nó nach bhfuil. Más rud é go ndearnadh crioscaíl ar na séalaí, léireoidh an oifig custaim cinn scríbe an fhaisnéis sin i dteachtaireacht IE018, a sheolfaidh sí chuig an oifig custaim imeachta.

CUSTAIM

Seiceálfaidh an oifig custaim cinn scríbe an bhail atá ar na séalaí agus déanfaidh sí na torthaí a thaifeadadh in NCTS. Má tá na séalaí in easnamh, má tá drochbhail orthu, nó má tá fianaise ann go ndearnadh crioscaíl orthu, moltar go láidir go ndéanfadh na húdaráis chustaim scrúdú ar na hearraí agus na torthaí a iontráil in NCTS.

#### IV.4.4.4.2 Neamhrialtachtaí eile

Léireoidh an oifig custaim cinn scríbe an neamhrialtacht a fuair sí in NCTS, chun an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas. Bainfidh an oifig sin úsáid as na torthaí arna gcur i láthair chun measúnú a dhéanamh ar an neamhrialtacht agus cinnfidh sí na bearta iomchuí atá le déanamh.

Féadfaidh an oifig custaim cinn scríbe difríocht a aimsiú idir na hearraí arna ndearbhú in NCTS agus na hearraí arna gcur i láthair le fírinne ag an oifig custaim sin. Ba cheart caitheamh le gach cás ar leithligh mar d'fhéadfadh sé gur tharla earráid tráth an imeachta.

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe:

- MRN a chlárú; agus
- aon neamhrialtachtaí sa teachtaireacht a léiriú (IE018).

### IV.4.4.5 Athrú ar an oifig custaim cinn scríbe/atreorú

*Airteagal 47(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Airteagal 306(4) agus Airteagal 307(2) IA*

Féadfar deireadh a chur le hoibríocht idirthurais ag oifig custaim eile seachas an oifig a dearbhaíodh sa dhearbhú maidir le hidirthuras. Meastar an oifig sin a bheith ina hoifig custaim cinn scríbe ansin.

Ós rud é go dtaispeánfaidh NCTS nach bhfuil teachtaireacht IE001 faighte ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír i leith MRN a cuireadh i láthair, ní mór don oifig custaim sin an teachtaireacht 'Iarraidh ar thaifead teachta ionchais' (IE002) a sheoladh.

I gcás ina bhfaigheann an oifig custaim imeachta an oibríocht trí bhíthin MRN, ní mór di an teachtaireacht 'Freagairt um thaifead teachta ionchais' (IE003) a sheoladh. Glacann an oifig custaim cinn scríbe leis an athrú oifige agus seolann sí teachtaireacht IE006 chuig an oifig custaim imeachta.

Mura n-aimsíonn an oifig custaim imeachta an oibríocht trí bhíthin MRN, ní mór di a chuimsiú i dteachtaireacht IE003 na cúiseanna (arna gcódú ó 1 go 4) nach féidir teachtaireacht IE001 a sheoladh. Diúltaíonn NCTS do theacht isteach na n-earraí agus tugann sé fógra don oibreoir eacnamaíoch ag an gceann scríbe leis an teachtaireacht 'Fógra gur diúltaíodh don taifead teachta ionchais' (IE021). Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ina gcúiseanna leis an diúltú:

1. tháinig na hearraí agus DTI chuig oifig custaim cinn scríbe eile cheana féin;
2. chuir an oifig custaim imeachta an oibríocht ar ceal;
3. ní fios MRN (ar chúiseanna teicniúla nó mar gheall ar neamhrialtachtaí); nó
4. cúiseanna eile.

Tá trí chás fhéideartha ann:

1. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua sa Pháirtí Conarthach/sa Bhallstát céanna leis an bPáirtí/mBallstát a iontráladh sa dearbhú maidir le hidirthuras:

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe:

- MRN a chlárú;
- faisnéis a iarraidh ar an dearbhú ón oifig custaim imeachta ar bhonn MRN trí theachtaireacht IE002 a sheoladh;
- teachtaireacht IE006 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta;
- an teorainn ama a sheiceáil, chomh maith le staid na séalaí (má tá siad greamaithe) agus an cúrsa taistil (má léirítear amhlaidh);
- cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal rialaithe a éilítear;
- tar éis di toradh dearfach a fháil ar an tseiceáil, an toradh rialaithe a chlárú in NCTS;
- teachtaireacht IE018 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta.

Tar éis don oifig custaim imeachta teachtaireacht IE006 a fháil, cuirfidh sí an oifig custaim cinn scríbe dearbhaithe agus an oifig/na hoifigí custaim idirthurais dearbhaithe (ach gan úsáid) ar an eolas gur tháinig deireadh leis an oibríocht idirthurais tríd an teachtaireacht 'Nóta faisnéise maidir le teacht curtha ar aghaidh' (IE024) a sheoladh.

2. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua i bPáirtí Conarthach/mBallstát difriúil leis an gceann a iontráladh sa dearbhú maidir le hidirthuras:

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe:

- MRN a chlárú;
- faisnéis a iarraidh ar an dearbhú ón oifig custaim imeachta ar bhonn MRN trí theachtaireacht IE002 a sheoladh;
- teachtaireacht IE006 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta;

- an teorainn ama a sheiceáil, chomh maith le staid na séalaí (má tá siad greamaithe) agus an cúrsa taistil (má léirítear amhlaidh);
- cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal rialaithe a éilítear;
- tar éis di toradh dearfach a fháil ar an tseiceáil, an toradh rialaithe a chlárú in NCTS;
- teachtaireacht IE018 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta.

Tar éis don oifig custaim imeachta teachtaireacht IE006 a fháil, cuirfidh sí an oifig custaim cinn scríbe dearbhaithe agus an oifig/na hoifigí custaim idirthurais dearbhaithe (ach gan úsáid) ar an eolas gur tháinig deireadh leis an oibríocht idirthurais tríd an teachtaireacht 'Nóta faisnéise maidir le teacht curtha ar aghaidh' (IE024) a sheoladh.

3. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua i bPáirtí Conarthach/mBallstát difriúil leis an gceann a iontráladh in DTI, ina bhfuil ceann díobh seo a leanas:
   - faoi idirthuras comhchoiteann:
     - DG0 ('Onnmhairiú ó thír atá faoi réir srianadh')
     
     nó
     - DG1 ('Onnmhaire ó thír atá faoi réir dleachtanna').
   - faoi idirthuras san Aontas:
     - DG0 ('Onnmhaire ón Aontas Eorpach atá faoi réir srianadh')
     
     nó
     - DG1 ('Onnmhaire ón Aontas atá faoi réir dleachtanna').

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe:
- MRN a chlárú;
- faisnéis a iarraidh ar an dearbhú ón oifig custaim imeachta ar bhonn MRN trí theachtaireacht IE002 a sheoladh;
- na hearraí a choimeád faoi rialú na n-údarás custaim agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid a leanas:
  - cead a thabhairt chun iad a asbhaint chuig an bPáirtí Conarthach/mBallstát ag a bhfuil dlínse i dtaca leis an oifig custaim imeachta; nó
  - diúltú do chead a thabhairt chun iad a asbhaint go dtí go bhfaighfear ón oifig custaim imeachta údarú scríofa sonrach lena n-údaraítear iad a scaoileadh.

## IV.4.5 Cur i láthair na n-earraí agus an doiciméid tionlacain idirthurais tar éis dháta éaga na teorann ama

*Airteagal 45(2) Foscríbhinn I a*

I gcás inar cuireadh na hearraí agus DTI i láthair tar éis na teorann

*ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 306(3) IA*

ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta, measfar gur chloígh sealbhóir an nós imeachta nó an t-iompróir leis an teorainn ama más rud é go gcruthaíonn sé/sí chun sástacht na hoifige custaim cinn scríbe nach bhfuil an mhoill inchurtha ina leith.

Is iad seo a leanas samplaí de chruthúnas ar imthosca gan choinne a bhíonn ina gcúis leis an teorainn ama dul in éag, ach nach féidir an locht a chur ar shealbhóir an nós imeachta ná ar an iompróir ina leith:

- admháil arna heisiúint ag na póilíní (i ngeall ar thimpiste nó goid, cuir i gcás);
- admháil arna heisiúint ag an tseirbhís sláinte (i ngeall ar chúram leighis, cuir i gcás);
- fáltas ón tseirbhís deisithe feithicle (i ngeall ar fheithicil a dheisiú, cuir i gcás);
- aon chruthúnas ar mhoill i ngeall ar stailc, teagmhais drochaimsire nó ar aon imthoisc eile gan choinne.

Mar sin féin, is faoin oifig custaim cinn scríbe a bhíonn sé cinneadh a dhéanamh faoi bhailíocht an chruthúnais.

### IV.4.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### IV.4.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin

### IV.4.8 Iarscríbhinní

#### IV.4.8.1 Teachtaireachtaí struchtúrtha agus inneachar sonraí le haghaidh malartú faisnéise

Scriosadh an Iarscríbhinn sin mar níl sé ábhartha a thuilleadh.

#### IV.4.8.2 Cóid tíre

#### IV.4.8.3 Cóid pacáiste

## CAIBIDIL 5 – ANDÓRA, SAN MAIRÍNE AGUS CRÍOCHA NEAMHFHIOSCACHA

### IV.5.1 Réamhrá

Tugadh tuairisc ar an nós imeachta idirthurais caighdeánach sna caibidlí roimhe. Tugtar tuairisc i gCaibidil 5 ar na comhshocruithe idirthurais sonracha atá ann idir:

- an tAontas Eorpach agus Andóra (Mír IV.5.2);
- an tAontas Eorpach agus San Mairíne (Mír IV.5.3);
- an tAontas Eorpach agus a chríocha fioscacha speisialta (Mír IV.5.4).

Cumhdaítear eisceachtaí i Mír IV.5.5.

Forchoimeádtar Mír IV.5.6 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír IV.5.7 d’úsáid na n-údarás custaim amháin.

Liostaítear na hIarscríbhinní i Mír IV.5.8.

### IV.5.2 Andóra

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- cúlra agus reachtaíocht (IV.5.2.1);

- foirmiúlachtaí (IV.5.2.2);

#### IV.5.2.1 Cúlra agus reachtaíocht

In 1990, thug Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Andóra aontas custaim i gcrích trí chomhaontú a shíniú i bhfoirm Malartú Litreacha[14]. Tá feidhm ag an aontas custaim maidir le trádáil earraí a thagann faoi Chaibidlí 25-97 den Chóras Comhchuibhithe (CC).

14 Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra arna shíniú an 28 Meitheamh 1990, IO L 374, 31.12.1990, lch. 14.

Le Cinneadh Uimh. 1/96 ó Chomhchoiste CE-Andóra[15] cuireadh síneadh le nós imeachta idirthurais an Chomhphobail mar a leagtar síos i gCód Custaim an Chomhphobail (CCC) agus a fhorálacha cur chun feidhme (IPC) chun trádáil a chumhdach a thagann faoi chuimsiú an aontais chustaim. Cuireadh Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Chomhchoiste CE-Andóra in ionad an chinnidh sin níos déanaí[16]. Cuireadh nós imeachta idirthurais an Aontais Eorpaigh in ionad nós imeachta idirthurais an Chomhphobail an 1 Bealtaine 2016 mar Chód Custaim an Aontais agus tá na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a bhaineann leis ina gcomharbaí ar Chód Custaim an Chomhphobail agus an nós imeachta um rialú le linn próisis.

#### IV.5.2.2 Foirmiúlachtaí

##### IV.5.2.2.1 Earraí a thagann faoi chuimsiú Chaibidlí 1-24 den Chóras Comhchuibhithe (CC)

Maidir le honnmhairiú agus allmhairiú earraí a thagann faoi chuimsiú na gCaibidlí sin a bhfuil Andóra mar cheann scríbe nó tír thionscnaimh acu, pléitear leo amhail onnmhairí nó allmhairí tríú tír.

Dá bhrí sin, cuirtear dearbhú custaim i láthair, ina n-úsáidtear an giorrúchán EX le haghaidh onnmhaire agus IM le haghaidh allmhaire i mBosca 1.

Samplaí[17]:

*a) Earraí de chuid an Aontais a onnmhairiú a bhfuil Andóra mar cheann scríbe acu*

*- táirgí talmhaíochta le haisíocaíocht onnmhairiúcháin*

Dearbhú onnmhairiúcháin EX1 a chur i láthair (ag an oifig custaim sa Bhallstát óna n-onnmhairítear na hearraí). Ní mór an doiciméad tionlacain onnmhairiúcháin (EAD) a chur i láthair oifig custaim an

15 Cinneadh Uimh. 1/96 ó Chomhchoiste CE-Andóra an 1 Iúil 1996 maidir le modhanna comhair riaracháin áirithe chun an Comhaontú a chur chun feidhme i bhfoirm Malartú Litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra agus idirthuras earraí idir an dá háit sin, IO L 184, 24.7.1996, lch. 39.

16 Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Chomhchoiste CE-Andóra an 3 Meán Fómhair 2003 maidir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá le haghaidh fheidhmiú cuí an Aontais Chustaim. IO L 253, 7.10.2003, lch. 3.

17 Baineann na samplaí le hiompar de bhóthar.

imeachta ón Aontas (oifig na Fraince nó na Spáinne).

*- táirgí talmhaíochta gan aisíocaíocht onnmhairiúcháin*

Dearbhú onnmhairiúcháin EX1 a chur i láthair (ag an oifig custaim sa Bhallstát óna n-onnmhairítear na hearraí). Ní mór EAD a chur i láthair oifig custaim an imeachta ón Aontas (oifig na Fraince nó na Spáinne).

*- earraí máil ar eisíodh doiciméad riaracháin leictreonach (e-AD) ina leith, a ghabhann leis na hearraí chuig an teorainn*

Dearbhú onnmhairiúcháin EX1 a chur i láthair (ag an oifig custaim sa Bhallstát óna n-onnmhairítear na hearraí). Ní mór EAD agus e-AD a chur i láthair oifig custaim an imeachta ón Aontas (oifig na Fraince nó na Spáinne).

*- táirgí talmhaíochta le haisíocaíocht onnmhairiúcháin agus atá faoi réir dleacht mháil ar eisíodh e-AD ina leith a ghabhann leis na hearraí go dtí an teorainn*

Dearbhú onnmhairiúcháin EX1 a chur i láthair (ag an oifig custaim sa Bhallstát óna n-onnmhairítear na hearraí). Ní mór EAD agus e-AD a chur i láthair oifig custaim an imeachta ón Aontas (oifig na Fraince nó na Spáinne).

*b) Earraí talmhaíochta a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó Andóra*

Ag an oifig custaim iontrála isteach san Aontas, cuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim amhail scaoileadh i saorchúrsaíocht nó nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) i gcás ina bhfuil an oifig custaim cinn scríbe suite san Aontas.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara</u>: Earraí de thionscnamh Andóra, mar a shainítear sa chomhaontú maidir leis an aontas custaim, tá siad díolmhaithe ó dhleachtanna allmhairiúcháin an Aontais ar choinníoll go n-allmhairítear na hearraí faoi chumhdach dheimhniú gluaiseachta EUR.1 nó dearbhú sonraisc onnmhaireora (Teideal II den chomhaontú maidir leis an aontas custaim).

*c) Idirthuras trí chríoch chustaim an Aontais agus Andóra mar cheann scríbe*

Cuirtear dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) i láthair ag an bpointe iontrála isteach san Aontas (an Bheilg, mar shampla) chun earraí

tríú tír a sheoladh ar aghaidh chuig Andóra.

*d) Idirthuras idir dhá phointe san Aontas trí Andóra*

Ní chumhdaítear an turas trí Andóra le nós imeachta idirthurais an Aontais, ar ghá nós imeachta (Andórach) ar leith a úsáid maidir leis.

Meastar nós imeachta idirthurais an Aontais a bheith curtha ar fionraí i gcríoch Andóra ar choinníoll go ndéantar an turas trí Andóra faoi chumhdach doiciméid aonair iompair.

I gcás nach ann d'aon doiciméad aonair iompair chun an turas tríd Andóra a chumhdach, cuirfear deireadh le nós imeachta idirthurais an Aontais ag an bpointe scoir ón Aontas, sula dtéann na hearraí isteach in Andóra.

### IV.5.2.2.2 Earraí a thagann faoi chuimsiú Chaibidlí 25-97 den Chóras Comhchuibhithe (CC)

Le Cinneadh Uimh. 1/2003 soláthraítear an bunús chun nós imeachta idirthurais an Aontais a chur i bhfeidhm leis na modhnuithe is gá (*mutatis mutandis*) de réir mar a leagtar síos in CCC agus IPC maidir le trádáil idir an Comhphobal agus Andóra i leith earraí a thagann faoi chuimsiú Chaibidlí 25-97 CC. An 1 Bealtaine 2016, rinneadh nós imeachta idirthurais an Chomhphobail a athsholáthar le nós imeachta idirthurais an Aontais, arna shonrú i gCód Custaim an Aontais agus i ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, atá mar chomharbaí CCC agus IPC.

Ní mór foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích maidir le trádáil idir Ballstáit an Aontais agus Andóra ar bhealach atá cosúil leis an gcás a bhí ann sular bunaíodh an margadh aonair in 1993. Dá bhrí sin, cuirtear dearbhú custaim i láthair, ina n-úsáidtear an giorrúchán EX le haghaidh onnmhaire agus IM le haghaidh allmhaire i mBosca 1.

Sa chomhthéacs seo, déantar idirdhealú idir na cásanna seo a leanas:

- earraí i saorchúrsaíocht, mar a shainítear le comhaontú an aontais chustaim, gluaistear iad faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2) nó iompraítear iad le cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais;

- earraí nach bhfuil i saorchúrsaíocht, gluaistear iad faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) – féach

sampla b) i Mír 2.2.1;

- an cás sonrach de tháirgí dá dtagraítear i Rialachán 3448/93[18], gluaistear iad faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) – féach sampla c).

Ní mór an ráthaíocht dá bhforáiltear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais a bheith bailí san Aontas agus in Andóra araon. I ngealltanais agus deimhnithe ráthaíochta an ráthóra, níor cheart na focail ‘Prionsacht Andóra’ a scriosadh.

<u>Samplaí</u>:

*a) Seoladh earraí i saorchúrsaíocht (seachas iad siúd arna gcumhdach le Rialachán 3448/93) ón Aontas Eorpach go dtí Andóra agus a mhalairt*

- cuirtear na foirmiúlachtaí seolta i gcrích ag oifig atá suite i mBallstát/in Andóra: eisítear dearbhú onnmhairiúcháin EX1 agus dearbhú maidir le nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2); nó

- cuirtear na foirmiúlachtaí seolta i gcrích ag teorainn an Aontais/Andóra: gluaistear na hearraí i saorchúrsaíocht go dtí an teorainn, áit a n-eisítear dearbhú onnmhairiúcháin EX1 ar choinníoll go gcuirtear cruthúnas ar stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais i láthair.

Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach go bhféadfaidh an oifig custaim teorann a fhónann mar an oifig custaim imeachta diúltú do na hearraí a chur faoin nós imeachta idirthurais más rud é go dtiocfaidh deireadh leis an nós imeachta sin ag an oifig custaim teorann chomharsanach.

*a) Seoladh earraí nach bhfuil i saorchúrsaíocht (seachas iad siúd arna gcumhdach le Rialachán 3448/93) ón Aontas Eorpach go dtí Andóra agus a mhalairt*

Earraí nach bhfuil i saorchúrsaíocht, déantar iad a iompar faoi chumhdach nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) chuig an oifig custaim cinn scríbe in Andóra nó san Aontas.

---

18 Rialachán (CEE) Uimh. 3448/93 ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad (IO L 318, 20.12.1993, lch. 18). Is iad seo a leanas samplaí de na táirgí lena mbaineann: mainníótól, soirbíotól, cáiséin, cáiséanáití agus díorthaigh cháiséine eile, deistriní agus gliúnna deistrine, stáirsí nó gliúnna stáirse, glónrú agus cóirithe ullmhaithe de bhunús substaintí amaláiseacha.

*c) Cás sonrach maidir leis na hearraí dá dtagraítear i Rialachán 3448/93*

Tá feidhm ag na nósanna imeachta ar tugadh tuairisc orthu thuas faoi réir an mhéid seo a leanas:

- Earraí talmhaíochta próiseáilte de chuid an Aontais arna seoladh ón Aontas go dtí Andóra agus a thairbhíonn d'aisíocaíocht onnmhairiúcháin

  Eisítear dearbhú onnmhairiúcháin EX1 agus dearbhú maidir le nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1).

- Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá i saorchúrsaíocht in Andóra agus a seoladh chuig an Aontas

  Gluaistear na hearraí sin faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1).

Ós rud é go n-éilítear ar údaráis chustaim an Aontais muirear a ghearradh i leith na comhpháirte athraithí, ní mór DTI an dearbhaithe maidir le nós imeachta idirthurais sheachtraigh (T1) a fhormhuiniú leis an bhfrása seo a leanas, agus líne dhearg faoi: '*Muirear i leith na comhpháirte talmhaíochta amháin – Comhaontú CEE-Andóra*'.

Nósanna imeachta idirthurais eile

Níl an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach infheidhme maidir le trádáil le hAndóra.

Níl Andóra ina Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún TIR.

| Tábla achoimre ar nósanna imeachta roghnaithe (idirthuras, onnmhairiú, allmhairiú) | Earraí a thagann faoi chuimsiú 01-24 CC | |
|---|---|---|
| | Earraí a thagann ón Aontas Eorpach | Earraí a thagann ó Andóra |
| Le haisíocaíocht onnmhairiúcháin | EX1 | |

| | | |
|---|---|---|
| Gan aisíocaíocht onnmhairiúcháin | EX1 nó T1[19] | |
| Earraí faoi réir dleacht mháil | EX1 + e-AD | |
| Earraí máil le haisíocaíocht onnmhairiúcháin | EX1 + e-AD | |
| Na hearraí uile | | IM4[20] (+ EUR.1) (chun éarraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht), nó T1 |

| Earraí a thagann faoi chuimsiú 25-97 CC (seachas na hearraí a luaitear i Rialachán 3448/93) | | |
|---|---|---|
| | Earraí a thagann ón Aontas Eorpach | Earraí a thagann ó Andóra |
| Earraí i saorchúrsaíocht | EX1 + T2 (T2F) (ag an oifig inmheánach)<br>nó<br>T2L, T2LF nó an doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige + EX1 (ag an teorainn) | EX1 + T2 (T2F) (ag an oifig inmheánach)<br>nó<br>T2L, T2LF nó an doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige + EX1 (ag an teorainn) |
| Earraí nach bhfuil i saorchúrsaíocht | T1 | T1 (idirthuras) nó 'IM4' (scaoileadh i saorchúrsaíocht) |

| Táirgí talmhaíochta a luaitear i Rialachán 3448/93 | | |
|---|---|---|
| | Earraí a thagann ón Aontas Eorpach | Earraí a thagann ó Andóra |
| Le haisíocaíocht onnmhairiúcháin | EX1 + T1 | |
| I saorchúrsaíocht | | T1 + an frása 'Muirear i leith na comhpháirte talmhaíochta amháin – Comhaontú CEE-Andóra' |

19 Staid idirthuraisearraí nach de chuid an Aontais iad trí chríoch chustaim an Aontais.

20 Is í oifig custaim na hiontrála isteach san Aontas a dhéanann na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

### IV.5.3 San Mairíne

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- cúlra agus reachtaíocht (IV.5.3.1);
- foirmiúlachtaí (IV.5.3.2).

#### IV.5.3.1 Cúlra agus reachtaíocht

In 1992, rinne an Coimisiún Eorpach agus San Mairíne comhaontú eatramhach maidir le haontas trádála agus custaim[21]. Cuireadh an comhaontú maidir le comhar agus aontas custaim ina ionad[22], a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2002. Tá feidhm ag an aontas custaim maidir le hearraí a thagann faoi Chaibidlí 1-97 den Chomhtharaif Chustaim (CCT).

Le Cinneadh Uimh. 4/92 de Choiste um Chomhar CEE-San Mairíne,[23] suíodh na forálacha maidir le hearraí a ghluaiseacht idir an Comhphobal agus San Mairíne. Cuireadh an cinneadh sin i bhfeidhm ón 1 Aibreán 1993 agus rinneadh é a leasú le Cinneadh Uimh. 1/2002[24], a tháinig in éifeacht an 23 Márta 2002.

Cinneadh Uimh. 1/2010[25] de Choiste um Chomhar AE-San Mairíne, tá liosta cothrom le dáta ann d'oifigí custaim Iodálacha a d'fhéadfadh foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh i ndáil le hearraí atá beartaithe lena seoladh chuig San Mairíne.

21 Comhaontú eatramhach maidir le trádáil agus aontas custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne, IO L 359, 9.12.1992, lch. 14.

22 Comhaontú maidir le comhar agus aontas custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne, IO L 84, 28.3.2002, lch. 43.

23 Cinneadh Uimh. 4/92 de Choiste um Chomhar CEE-San Mairíne an 22 Nollaig 1992 maidir le modhanna áirithe comhair riaracháin chun an Comhaontú Eatramhach a chur chun feidhme, mar aon leis an nós imeachta chun earraí a sheoladh ar aghaidh chuig Poblacht San Mairíne, IO L 42, 19.2.1993, lch. 34.

24 Cinneadh Uimh. 1/2002 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 4/92 de Choiste um Chomhar CEE-San Mairíne an 22 Nollaig 1992 maidir le modhanna áirithe comhair riaracháin chun an Comhaontú Eatramhach a chur chun feidhme, mar aon leis an nós imeachta chun earraí a sheoladh ar aghaidh chuig Poblacht San Mairíne, IO L 99, 16.4.2002, lch. 23.

25 Cinneadh Uimh. 1/2010 de Choiste um Chomhar AE-San Mairíne an 29 Márta 2010, lena mbunaítear bearta cur chun feidhme éagsúla i ndáil leis an gComhaontú maidir le Comhar agus Aontas Custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne, IO L 156, 23.6.2010, lch. 13.

### IV.5.3.2 Foirmiúlachtaí

Le Cinneadh Uimh. 4/92, mar a leasaíodh, déantar na modhanna comhair riaracháin idir San Mairíne agus an tAontas Eorpach a chomhordú trí rialacha nós imeachta idirthurais an Chomhphobail a chur i bhfeidhm, ar cuireadh nós imeachta idirthurais an Aontais (tá CCA agus gníomhartha a bhaineann le CCA ina gcomharbaí ar CCC agus IPC) ina ionad an 1 Bealtaine 2016.

Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le gluaiseacht earraí a thagann faoi raon feidhme aontas custaim an Aontais Eorpaigh-Phoblacht San Mairíne (Caibidlí 1-97 den Chomhtharaif Chustaim cé is moite de 'Táirgí CEGC'):

1. Earraí arna ngluaiseacht ó oifigí custaim ainmnithe an Aontais san Iodáil go dtí Poblacht San Mairíne

Earraí arna ngluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh (T1) a bhfuil a gceann scríbe i San Mairíne, ní mór iad a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta ag ceann d'oifigí custaim ainmnithe an Aontais san Iodáil[26].

Ag oifig custaim ainmnithe, cuirtear tús le T2-SM (nós imeachta idirthurais inmheánaigh) nó eisítear doiciméad T2L-SM[27] (stádas custaim earraí de chuid an Aontais) chun a ngluaiseacht ar aghaidh chuig San Mairíne a chumhdach. Ní mór d'údaráis inniúla San Mairíne deireadh a chur le nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2-SM in NCTS nó cóip den doiciméad T2L-SM a stampáil agus a sheoladh ar ais chuig an oifig custaim imeachta san Iodáil (i.e. ceann amháin d'oifigí custaim ainmnithe an Aontais a liostaítear i gCinneadh Uimh. 1/2010).

2. Earraí arna ngluaiseacht ón Aontas [28] go dtí San Mairíne

Ní mór cruthúnas go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht laistigh den Aontas a chur faoi bhráid údaráis inniúla San Mairíne. Ní mór an cruthúnas sin a bheith i bhfoirm DTI (T2 nó T2F), an cruthúnas bunaidh ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais (T2L nó

26 Liostaítear na hoifigí custaim i gCinneadh Uimh. 1/2010, IO L 156, 23.6.2010. Is iad: Ancona, Bologna, Forlì, Genova, Gioia Tauro, La Spezia, Livorno, Ravenna, Rimini, an Róimh, Orio Al Serio, Milano, Taranto, Trieste agus an Veinéis.

27 Eisítear an doiciméad T2L-SM faoi thrí agus cuirtear ceann de na frásaí seo a leanas mar fhormhuirniú ar gach cóip: Rilasciato in tre essemplari – Délivré en trois exemplaires. Déantar an bunleagan agus cóip den doiciméad T2L-SM a sheachadadh chuig an duine lena mbaineann agus coinnítear an dara cóip ag an oifig imeachta.

28 Déantar malartuithe idir an Iodáil agus San Mairíne faoi chóras fioscach (CBL).

T2LF) nó doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige (go háirithe an doiciméad e-AD dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún).

3. Earraí arna ngluaiseacht ó San Mairíne[29] go dtí an Aontas Eorpach (seachas an Iodáil)

Earraí arna ngluaiseacht ó San Mairíne go dtí an tAontas Eorpach, ní mór iad a ghluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh (T2 nó T2F) ar chuir údaráis inniúla San Mairíne tús leis (tá an oifig custaim cinn scríbe suite san Aontas), le cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais (T2L nó T2LF) nó le doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige. Ní mór DTI, T2L nó T2LF nó an doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige a chur i láthair oifig custaim an allmhairithe isteach san Aontas chun a chruthú go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht i San Mairíne.

Maidir leis na hearraí atá le seoladh ar aghaidh go dtí an Aontas, más rud é gur ceannaíodh iad i San Mairíne roimhe sin faoi chumhdach T2F, T2LF nó doiciméad a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige (go háirithe an doiciméad e-AD dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún), ní mór d'údaráis San Mairíne tagairt a chuimsiú don doiciméad a bhí ag gabháil leis na hearraí nuair a tháinig siad isteach i San Mairíne.

Níor cheart na focail 'Poblacht San Mairíne' a scriosadh ar ghealltanais agus deimhnithe ráthaíochta an ráthóra.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Tá 'táirgí CEGC' lasmuigh de raon feidhme an aontais custaim. Mar thoradh air sin, pléitear leo mar earraí nach bhfuil i saorchúrsaíocht nuair a thagann siad isteach san Aontas.

4. Nósanna imeachta idirthurais eile

Níl feidhm ag an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach maidir le trádáil le San Mairíne.

Níl Poblacht San Mairíne ina Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún TIR.

29 Idem.

### IV.5.4 Críocha fioscacha speisialta

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- cúlra agus bunús dlí (IV.5.4.1);
- nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (IV.5.4.2);
- doiciméid maidir le stádas custaim (IV.5.4.3).

#### IV.5.4.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 1 pointe 35 IA*

*Treoir 2006/112/CE,*

*Treoir 2008/118/CE*

Ciallaítear le críocha fioscacha speisialta an chuid sin de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag na forálacha seo a leanas inti – forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha nó Threoir 2008/118/CE ón gComhairle maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE.

Is iad seo a leanas na críocha fioscacha speisialta:

- Na hOileáin Chanáracha;
- Na Ranna Francacha Thar Lear seo a leanas: Guadalúip, Martinique, Mayotte, Guáin na Fraince, La Réunion agus Saint-Martin;
- Sliabh Athos;
- Oileáin Åland.

Chun faisnéis chothrom le dáta a fháil maidir leis na críocha fioscacha speisialta sin, féach ar an méid a leanas:

https://ec.europa.eu/taxation_customs/territorial-status-eu-countries-and-certain-territories_en

*Airteagal 188 DA*

Chun a áirithiú go rialaítear muirir fhioscacha (CBL agus dleachtanna máil) agus go dtugtar cuntas orthu, tá earraí de chuid an Aontais a ghluaistear chuig na críocha neamhfhioscacha, amach uathu nó eatarthu, faoi réir na bhfoirmiúlachtaí seo a leanas:

- I gcás ina ngluaistear earraí de chuid an Aontais ó chríoch fhioscach speisialta go dtí cuid eile de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil ina críoch fhioscach speisialta, agus go dtagann deireadh leis an ngluaiseacht sin ag láthair atá suite lasmuigh den Bhallstát inar tugadh isteach sa chuid sin de chríoch chustaim an Aontais iad, ní mór na hearraí sin de chuid an Aontais a ghluaiseacht faoi nós imeachta

idirthurais inmheánaigh an Aontais.

Samplaí:
1) Tháinig na hearraí isteach san Aontas sa Fhrainc, ansin gluaiseadh ón bhFrainc go dtí na hOileáin Chanáracha iad agus tugadh isteach sa Spáinn iad ina dhiaidh sin. Ní mór gluaiseacht na n-earraí idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn a chumhdach le nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais.
2. Le haghaidh earraí de chuid an Aontais arna ngluaiseacht ó Oileáin Åland go dtí an tSualainn ar shoitheach, ní gá nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2F) a chur i bhfeidhm ós rud é go bhfuil na hearraí á ngluaiseacht ó chríoch fhioscach speisialta díreach chuig Ballstát, agus go bhfanfaidh siad sa Bhallstát sin. I gcás ina n-iompraítear na hearraí céanna sin ar aghaidh de bhóthar go dtí an Danmhairg, atá ina cuid eile de chríoch chustaim an Aontais, cuirfear nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2F) i bhfeidhm áfach.

- I gcásanna eile áfach (e.g. má tháinig na hearraí isteach san Aontas sa Fhrainc agus gur scaoileadh i saorchúrsaíocht iad ansin, gur bogadh chuig na hOileáin Chanáracha iad ina dhiaidh sin agus gur tugadh ar ais go dtí an Fhrainc iad ar deireadh, nó i gcás inar gluaiseadh na hearraí de chuid an Aontais ón tSualainn go díreach chuig Oileáin Åland) d'fhéadfaí an nós imeachta idirthurais inmheánaigh (T2F) a úsáid. Féadfar na hearraí a ghluaiseacht ar bhonn cruthúnais ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais freisin.

### IV.5.4.2 Nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais

*Airteagail 47, 50, 52 agus 53 TDA*

Tugtar nós imeachta T2F ar nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais le haghaidh gluaiseachtaí arna gcumhdach le hAirteagal 188 DA agus cuirtear i bhfeidhm é mar a leanas:

- Dearbhú maidir le hidirthuras:

Iontráil cód T2F i mBosca 1 den dearbhú maidir le hidirthuras.

- Aerlíne nó cuideachta loingseoireachta (dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna

n-iompar d’aer agus ar muir):

Iontráil cód T2F ar an lastliosta ábhartha.

- Aerlíne nó cuideachta loingseoireachta (doiciméad leictreonach iompair/ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun úsáid a bhaint as an nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer agus ar muir):

Iontráil cód T2F le haghaidh na n-earraí de chuid an Aontais atá i gceist.

**IV.5.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**IV.5.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**IV.5.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin**

**IV.5.8 Iarscríbhinní (*pro memoria*)**

# CUID V – NÓS IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ LE hAGHAIDH IDIRTHURAS COMHCHOITEANN/AN AONTAIS

## CAIBIDIL 1 – RÉAMHRÁ

An nós imeachta leanúnachais gnó a dtugtar tuairisc air sa chuid seo, rialaítear cásanna nach mbíonn fáil ar chóras TF na n-údarás custaim nó an trádálaí iontu leis an nós imeachta sin.

Tá úsáid nós imeachta leanúnachais gnó faoi réir roinnt **rialacha ginearálta tábhachtacha**:

- Ba cheart glacadh le hoibríochtaí idirthurais in NCTS agus i nós imeachta leanúnachais gnó mar nósanna imeachta an-difriúla. Ciallaítear leis sin maidir leis na gluaiseachtaí uile a thionscnaítear agus a scaoiltear go rathúil in NCTS, nach mór iad a chríochnú in NCTS chomh maith, agus i gcás na ngluaiseachtaí uile a thosaítear faoi nós imeachta leanúnachais gnó nach mór iad sin a chríochnú i gcomhréir leis na forálacha lena rialaítear úsáid an nós imeachta sin.
- I gcás ina ndéantar an cinneadh chun filleadh ar nós imeachta leanúnachais gnó le haghaidh idirthurais, tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir le haon dearbhú atá iontráilte in NCTS ach nach bhfuil próiseáilte thairis sin i ngeall ar chliseadh ar an gcóras TF, go gcuirtear an dearbhú sin ar ceal.

### V.1.1 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagal 26, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 6(3)(b) CCA;
- Airteagal 291 IA;
- Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn 72-04 IA.

### V.1.2 Dhearbhú maidir le hidirthuras i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó

Bíonn nós imeachta leanúnachais gnó bunaithe ar dhoiciméid pháipéir a bheith á n-úsáid mar dhearbhuithe maidir le hidirthuras.

### V.1.3 Stampa i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó

Ní mór an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras arna úsáid le haghaidh nós imeachta leanúnachais gnó a bheith inaitheanta do na páirtithe uile atá páirteach san oibríocht idirthurais chun fadhbanna a sheachaint ag an oifig/na hoifigí custaim idirthurais agus ag an oifig custaim cinn scríbe.

Chuige sin, ní mór a léiriú go bhfuil nós imeachta leanúnachais gnó in úsáid trí stampa a chur ar na cóipeanna den dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras (toisí: 26 x 59 mm) i mBosca A de DRA nó sa bhosca MRN de DTI. Féadfar an stampa a réamhphriontáil ar DRA nó ar DTI.

- Ní mór don oifig custaim imeachta, i gcás ina n-úsáidtear an nós imeachta caighdeánach, nó don choinsíneoir údaraithe, i gcás ina n-úsáidtear an nós imeachta simplithe, an doiciméad a stampáil.
- Féach Iarscríbhinn V.1.8.1. i gcomhair stampaí an leanúnachais ghnó sna teangacha difriúla.

Tabhair faoi deara go bhfuil an dá chineál stampa inghlactha – an seanstampa a tugadh isteach le Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle lenar bunaíodh Cód Custaim an Chomhphobail, agus an stampa nua a tugadh isteach le Cód Custaim an Aontais (CCA). Féadfar na sean-stampaí a úsáid go dtí go mbeidh na stoic caite.

### V.1.4 Cliseadh sealadach NCTS ag an oifig custaim imeachta

Tá sé de fhreagracht ar gach riarachán náisiúnta na coinníollacha beachta a leagan amach faoina bhfillfidh an t-údarás inniúil ar an nós imeachta leanúnachais gnó. Ní mór na coinníollacha sin a bheith socraithe roimh ré áfach, agus iad a chur in iúl/a chur ar fáil do na hoibreoirí eacnamaíocha.

### V.1.5 Cliseadh sealadach an chórais ríomhchuidithe a úsáideann sealbhóir an nós imeachta

Cumhdaítear na cásanna seo a leanas leis an mír seo:

- níl córas ríomhchuidithe shealbhóir an nós imeachta le fáil;
- níl an nasc leictreonach idir an córas ríomhchuidithe a úsáideann sealbhóir an nós imeachta agus NCTS le fáil.

Aon leas a bhaintear as nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór é sin a bheith formheasta roimh ré ag na húdaráis chustaim. Chun an

formheas sin a fháil, ní mór do shealbhóir an nós imeachta, cibé acu an bhfuil an nós imeachta caighdeánach nó an nós imeachta simplithe in úsáid aige, fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim le facs, ríomhphost nó ar bhealach eile maidir leis an gcúis leis an nós imeachta leanúnachais gnó a úsáid agus an tráth a chuirfear tús leis.

Má tá na húdaráis chustaim sásta nach bhfuil an nasc ar fáil i ndáiríre, cuirfidh siad in iúl do shealbhóir an nós imeachta go dtugann siad formheas chun an nós imeachta leanúnachais gnó a úsáid. Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis chustaim cruthúnas a iarraidh nó leanúint ar aghaidh go dtí na rialuithe. Diúltóidh údaráis chustaim dá bhformheas a thabhairt áfach i gcásanna ina ndéanann an sealbhóir nós imeachta céanna fógraí córasacha faoi neamh-infhaighteacht.

Déanfaidh an t-údarás custaim faireachán ar an úsáid a bhaintear as an nós imeachta leanúnachais gnó chun a mhí-úsáid a sheachaint.

Má dhéanann coinsíneoir údaraithe níos mó ná 2 % dá dhearbhuithe bliantúla faoi nós imeachta leanúnachais gnó mar gheall ar chliseadh an chórais ríomhchuidithe nó an naisc leictreonaigh idir an córas ríomhchuidithe agus NCTS, déanfar athbhreithniú ar an údarú chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na coinníollacha le haghaidh nós imeachta leanúnachais gnó fós á gcomhlíonadh nó nach bhfuil.

### V.1.6 Nósanna imeachta

### V.1.6.1 Imeacht – nós imeachta caighdeánach

Sa nós imeachta caighdeánach, ní mór do shealbhóir an nós imeachta dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a líonadh isteach agus é a chur i láthair in éineacht leis na hearraí ag an oifig custaim imeachta.

Féach V.2 agus V.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Ní mór deireadh a chur leis an oibríocht idirthurais agus í a urscaoileadh ar bhonn an dearbhaithe páipéir.

| CUSTAIM |
|---|
| I gcás ina ndéantar an cinneadh chun filleadh ar nós imeachta leanúnachais gnó, tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir le haon dearbhú atá iontráilte in NCTS ach nach bhfuil próiseáilte thairis sin i ngeall ar chliseadh ar an gcóras TF, go ndéantar an dearbhú sin a **neamhbhailíochtú**. Bíonn sé d'oibleagáid ar an trádálaí faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla gach tráth dá gcuireann sé/sí dearbhú isteach sa chóras ach go |

n-aistríonn sé/sí go dtí nós imeachta leanúnachais gnó ina dhiaidh sin.

Sna cásanna sin, ní mór aon sonra idirthurais a bhfuil LRN nó MRN leithdháilte ar an oibríocht idirthurais ina leith a tharraingt siar ó NCTS.

### V.1.6.2 Imeacht – coinsíneoir údaraithe

Féadfar formheas na n-údarás custaim i leith an chinnidh chun filleadh ar nós imeachta leanúnachais gnó a chur in iúl tríd an modh a comhaontaíodh roimh ré idir an coinsíneoir údaraithe agus na húdaráis sin.

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a líonadh isteach.

Féach VI.3.3.3.2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Nuair a bheidh córas ríomhchuidithe an choinsíneora údaraithe le fáil arís, ní mór don duine sin na húdaráis chustaim a chur ar an eolas ina leith, agus, más ábhartha, sonraí na ndoiciméad páipéir a úsáideadh a chur in iúl.

### V.1.6.3 Ceann scríbe – nós imeachta caighdeánach

I gcás inar scaoileadh earraí le haghaidh idirthurais in NCTS ag an oifig custaim imeachta, ach nach bhfuil an córas ar fáil ag an oifig custaim cinn scríbe nuair a shroicheann na hearraí í, ní mór don oifig custaim cinn scríbe deireadh a chur leis an nós imeachta ar bhonn DTI agus déanfaidh sí na hiontrálacha is gá in NCTS nuair a bheidh sé ar fáil arís. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar chumas na hoifige custaim imeachta an nós imeachta a urscaoileadh.

Ar choinníoll nach bhfuarthas aon neamhrialtacht, ní mór don oifig custaim cinn scríbe cruthúnas malartach a sholáthar do shealbhóir an nós imeachta nó don iompróir chun a chruthú gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta. Féach V.6.4.2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

### V.1.6.4 Ceann scríbe – coinsíní údaraithe

Má chliseann ar NCTS ag an gceann scríbe, leanfaidh coinsínithe údaraithe na nósanna imeachta don choinsíní údaraithe a leagtar síos i gCuid VI.

### V.1.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### V.1.8 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin

### V.1.9 Iarscríbhinní

### V.1.9.1 Stampa a úsáidtear i ndáil le nós imeachta leanúnachais gnó

### A) An stampa arna úsáid roimh an 1 Bealtaine 2016 agus ina dhiaidh (go dtí go mbeidh na stoic go léir imithe)

BG:

**NCTS АВАРИЙНА ПРОЦЕДУРА**
*НЯМА НАЛИЧНИ ДАННИ В СИСТЕМАТА*
*ЗАПОЧНАТА НА ________________*
*(Дата/час)*

CH:

**NCTS FALLBACK PROCEDURE**
*NO DATA AVAILABLE IN THE SYSTEM*
*INITIATED ON__________________*
*(Date/hour)*

CS:

**NCTS HAVARIJNÍ POSTUP**
*DATA NEJSOU V SYSTÉMU*
*ZAHÁJEN DNE__________________*
(Datum/hodina)

DA:

**NCTS NØDPROCEDURE**
*INGEN DATA TILGÆNGELIGE I SYSTEMET*
*PÅBEGYNDT DEN________________*
*(Dato/klokkeslæt)*

DE:

**NCTS NOTFALLVERFAHREN**
*KEINE DATEN IM SYSTEM VERFÜGBAR*
*Begonnen am______________________*
(Datum/Uhrzeit)
Ticket-Nr: __________________

EE:

**NCTS ASENDUSTOIMING**
Süsteemi andmed ei ole kättesaadavad
Algatatud ______________
(Kuup/kellaaeg)

EL:

**ΕΚΤΑΚΤΗ ΔΙΑΔΙΚΑΣΙΑ NCTS**
*ΤΟ ΣΥΣΤΗΜΑ ΔΕΝ ΔΙΑΘΕΤΕΙ ΚΑΝΕΝΑ ΣΤΟΙΧΕΙΟ*
*ΑΡΧΙΣΕ ΣΤΙΣ__________________*
(Ημερομηνία/ώρα)

EN:

**NCTS FALLBACK PROCEDURE**
*NO DATA AVAILABLE IN THE SYSTEM*
*INITIATED ON__________________*
*(Date/hour)*

ES:

**PROCEDIMIENTO DE EMERGENCIA PARA CASOS DE FALLO DEL NCTS**
*DATOS NO DISPONIBLES EN EL SISTEMA*
*INICIADO EL_______________________*
*(Fecha/hora)*

FI:

**NCTS-VARAMENETTELY**
*JÄRJESTELMÄ EI KÄYTETTÄVISSÄ*
*ALOITETTU __________________*
*(pvm/kellonaika)*

FR: **PROCÉDURE DE SECOURS NSTI**
*AUCUNE DONNÉE DISPONIBLE DANS LE SYSTÈME*
*ENGAGEE* LE ___________ ________
*(Date/heure)*

HU: **NCTS TARTALÉK ELJÁRÁS**
NINCS ELÉRHETŐ ADAT A RENDSZERBEN
INDÍTVA ______________
(Dátum/óra)

IS:

IT: **PROCEDURA DI RISERVA DEL NCTS**
*DATI NON DISPONIBILI NEL SISTEMA*
*AVVIATA IL*___________________
*(Data/ora)*

LV: **DTKS ALTERNATĪVĀ PROCEDŪRA**
*DATI SISTĒMĀ NAV PIEEJAMI*
UZSĀKTS ______________________
*(Datums/stunda)*

LT: **NCTS ATSARGINĖ PROCEDŪRA**
*SISTEMOJE DUOMENŲ NĖRA*
*PRADĖTA* ___________________
*(data/valanda)*

MK: **НКТС РЕЗЕРВНА ПОСТАПКА**
ТРАНЗИТ ВО УНИЈАТА/ЗАЕДНИЧКИ ТРАНЗИТ
*НЕМА ДОСТАПНИ ПОДАТОЦИ ВО СИСТЕМОТ*
*ЗАПОЧНАТО НА*___________________
*(датум/час)*

MT: **PROĊEDURA TA' RIŻERVA NCTS**
*L-EBDA DEJTA DISPONIBBLI FIS-SISTEMA*
*MIBDIJA FI* ____________________
*(Data/ħin)*

NL: **NOODPROCEDURE NCTS**
*GEGEVENS NIET BESCHIKBAAR IN HET SYSTEEM*
*BEGONNEN OP*__________________
*(Datum/uur)*

NO: **NCTS FALLBACK PROCEDURE**
*NO DATA AVAILABLE IN THE SYSTEM*
*INITIATED ON*___________________
*(Date/hour)*

PL: **PROCEDURA AWARYJNA NCTS**
*DANE NIE SĄ DOSTĘPNE W SYSTEMIE*
*OTWARTO W DNIU*___________________
*(data/godzina)*

PT: **PROCEDIMENTO DE CONTINGÊNCIA EM CASO DE FALHA DO NSIT**

*DADOS NÃO DISPONÍVEIS NO SISTEMA*

*INICIADO A*____________________

*(Data/hora)*

RO: **PROCEDURA DE REZERVĂ NCTS**

*NICIO DATĂ DISPONIBILĂ ÎN SISTEM*

*INIȚIATĂ LA* ____________________

*(Data/ora)*

RS **NCTS РЕЗЕРВНИ ПОСТУПАК**

ТРАНЗИТ УНИЈЕ/ЗАЈЕДНИЧКИ ТРАНЗИТ

У СИСТЕМУ НЕМА ДОСТУПНИХ ПОДАТАКА

ПОКРЕНУТО ДАНА____________________

(датум/час)

SI:

**ALTERNATIVNI POSTOPEK NCTS**

*PODATKI V SISTEMU NISO NA VOLJO*

*ZAČETO DNE*____________________

*(Datum/ura)*

SK: **NCTS HAVARIJNÝ STAV**

*V SYSTÉME NIE SÚ K DISPOZÍCII ŽIADNE ÚDAJE*

*SPUSTENÝ* ____________________

*(Dátum/hodina)*

SV: **RESERVRUTIN NÄR NCTS INTE FUNGERAR**

*INGA DATA TILLGÄNGLIGA I SYSTEMET*

*INLEDD DEN*____________________

*(Datum/klockslag)*

HR **Stampa**

REZERVNI POSTUPAK NCTS-a

*U SUSTAVU NEMA DOSTUPNIH PODATAKA*

*POKRENUTO DANA* ____________________

*(Datum/sat)*

TR

**NCTS KAĞIT USULÜ**

BİRLİK TRANSİTİ/ORTAK TRANSİT

*SİSTEMDE VERİ BULUNMAMAKTADIR*

. . . . . . . . . . . . . . . . . . .'DE *BAŞLATILMIŞTIR*

*(Tarih/Saat)*

## B) An stampa nua a úsáidtear tar éis an 1 Bealtaine 2016

**BG:**

**TALITLUSPIDEVUSE PROTSEDUUR**
LIIDU TRANSIIDIPROTSEDUUR/ÜHIS TRANSIIDIPROTSEDUUR
*SÜSTEEMI ANDMED EI OLE KÄTTESAADAVAD*
*ALGATATUD* ________________
*(Kuupäev/kellaaeg)*

**CS:**

**ZÁLOŽNÍ POSTUP**
TRANZITNÍ REŽIM UNIE/SPOLEČNÝ TRANZITNÍ REŽIM
*DATA NEJSOU V SYSTÉMU*
*ZAHÁJEN DNE* ________________
*(datum/hodina)*

**DA:**

**BEREDSKABSPROCEDURE**
EU-FORSENDELSE/FÆLLES FORSENDELSE
*INGEN TILGÆNGELIGE DATA I SYSTEMET*
*INDLEDT DEN* ________________
*(Dato/tidspunkt)*

**DE:**

**BETRIEBSKONTINUITÄTSVERFAHREN**
UNIONSVERSANDVERFAHREN/GEMEINSAMES VERSANDVERFAHREN
*KEINE DATEN IM SYSTEM VERFÜGBAR*
*EINGELEITET AM* ________________
*(Datum/Uhrzeit)*

**EE:**

**TALITLUSPIDEVUSE PROTSEDUUR**
LIIDU TRANSIIDIPROTSEDUUR/ÜHIS TRANSIIDIPROTSEDUUR
*SÜSTEEMI ANDMED EI OLE KÄTTESAADAVAD*
*ALGATATUD* ________________
*(Kuupäev/kellaaeg)*

EL:

**ΔΙΑΔΙΚΑΣΙΑ ΣΥΝΕΧΕΙΑΣ ΤΩΝ ΔΡΑΣΤΗΡΙΟΤΗΤΩΝ**
ΕΝΩΣΙΑΚΗ ΔΙΑΜΕΤΑΚΟΜΙΣΗ/ΚΟΙΝΗ ΔΙΑΜΕΤΑΚΟΜΙΣΗ
*ΔΕΝ ΥΠΑΡΧΟΥΝ ΔΙΑΘΕΣΙΜΑ ΣΤΟΙΧΕΙΑ ΣΤΟ ΣΥΣΤΗΜΑ*
*ΕΝΑΡΞΗ ΔΙΑΔΙΚΑΣΙΑΣ ΣΤΙΣ* ___________________
*(Ημερομηνία/ώρα)*

EN:

**BUSINESS CONTINUITY PROCEDURE**
UNION TRANSIT/COMMON TRANSIT
*NO DATA AVAILABLE IN THE SYSTEM*
*INITIATED ON* ___________________
*(Date/hour)*

ES:

**PROCEDIMIENTO DE CONTINUIDAD DE LAS ACTIVIDADES**
TRÁNSITO DE LA UNIÓN/TRÁNSITO COMÚN
*DATOS NO DISPONIBLES EN EL SISTEMA*
*INICIADO EL* ___________________
*(Fecha/hora)*

FI:

**TOIMINNAN JATKUVUUTTA KOSKEVA MENETTELY**
UNIONIN PASSITUS / YHTEINEN PASSITUS
*JÄRJESTELMÄSSÄ EI OLE TIETOJA*
*ALOITETTU* ___________________
*(Pvm/kellonaika)*

FR:

**PLAN DE CONTINUITÉ DES OPÉRATIONS**
TRANSIT DE L'UNION/TRANSIT COMMUN
*AUCUNE DONNÉE DISPONIBLE DANS LE SYSTÈME*
*ENGAGÉE LE* ___________________
*(Date/heure)*

HU:

**ÜZLETMENET-FOLYTONOSSÁGI ELJÁRÁS**
UNIÓS/EGYSÉGES ÁRUTOVÁBBÍTÁS
*A RENDSZERBEN NEM ÁLL RENDELKEZÉSRE ADAT*
*KEZDŐIDŐPONT* ___________________
*(Nap/óra)*

**IS:**

**IT:**

**PROCEDURA DI CONTINUITÀ OPERATIVA**
TRANSITO UNIONALE/TRANSITO COMUNE
*NESSUN DATO DISPONIBILE NEL SISTEMA*
*AVVIATA IL* ___________________
*(Data/ora)*

**LV:**

**DARBĪBAS NEPĀRTRAUKTĪBAS PROCEDŪRA**
SAVIENĪBAS TRANZĪTS /KOPĒJAIS TRANZĪTS
*DATI SISTĒMĀ NAV PIEEJAMI*
*SĀKUMA DATUMS* ___________________
*(Datums/laiks)*

**LT:**

**VEIKLOS TĘSTINUMO PROCEDŪRA**
SĄJUNGOS TRANZITAS/BENDRASIS TRANZITAS
*SISTEMOJE DUOMENŲ NĖRA*
*PRADĖTA* ___________________
*(Data ir laikas)*

**MK:** **ПОСТАПКА ЗА ОБЕЗБЕДУВАЊЕ НА КОНТИНУИТЕТ ВО РАБОТЕЊЕТО**
ТРАНЗИТ НА УНИЈАТА/ЗАЕДНИЧКИ ТРАНЗИТ
*НЕМА ДОСТАПНИ ПОДАТОЦИ ВО СИСТЕМОТ*
*ЗАПОЧНАТО НА*______________________
*(датум/час)*

**MT:**

**IL-PROĊEDURA TAL-KONTINWITÀ TAL-OPERAT**
IT-TRANŻITU TAL-UNJONI/IT-TRANŻITU KOMUNI
*L-EBDA DEJTA DISPONIBBLI FIS-SISTEMA*
*INBDIET NHAR* ___________________
*(Id-data/il-ħin)*

**NL:**

**BEDRIJFSCONTINUÏTEITSPROCEDURE**
UNIEDOUANEVERVOER/GEMEENSCHAPPELIJK DOUANEVERVOER
*GEEN GEGEVENS BESCHIKBAAR IN HET SYSTEEM*
*BEGONNEN OP* ___________________
*(Datum/uur)*

NO:

**BUSINESS CONTINUITY PROCEDURE**
UNION TRANSIT/COMMON TRANSIT
*NO DATA AVAILABLE IN THE SYSTEM*
*INITIATED ON* __________________
*(Date/hour)*

PL:

**PROCEDURA CIĄGŁOŚCI DZIAŁANIA**
PROCEDURA TRANZYTU UNIJNEGO/WSPÓLNA PROCEDURA TRANZYTOWA
*DANE NIE SĄ DOSTĘPNE W SYSTEMIE*
*OTWARTO W DNIU* __________________
*(data/godzina)*

PT:

**PROCEDIMENTO DE CONTINUIDADE DAS ATIVIDADES**
TRÂNSITO DA UNIÃO/TRÂNSITO COMUM
*DADOS NÃO DISPONÍVEIS NO SISTEMA*
*INICIADO EM* __________________
*(Data/hora)*

RO:

**PLANUL DE ASIGURARE A CONTINUITĂȚII ACTIVITĂȚII**
TRANZIT UNIONAL/TRANZIT COMUN
*NU EXISTĂ DATE DISPONIBILE ÎN SISTEM*
*INIȚIAT LA DATADE* __________________
*(Data/ora)*

SI:

**POSTOPEK NEPREKINJENEGA POSLOVANJA**
TRANZIT UNIJE / SKUPNI TRANZIT
*PODATKI V SISTEMU NISO NA VOLJO*
*SPROŽEN DNE* __________________
*(Datum/ura)*

SK:

**PLÁN NA ZABEZPEČENIE KONTINUITY ČINNOSTÍ**
COLNÝ REŽIM TRANZITU ÚNIE/SPOLOČNÝ TRANZITNÝ REŽIM
*V SYSTÉME NIE SÚ DOSTUPNÉ ŽIADNE ÚDAJE*
ZAČATÝ __________________
*(dátum/hodina)*

**SV:**

**KONTINUITETSPLAN**
UNIONSTRANSITERING/GEMENSAM TRANSITERING
*INGA DATA ÄR TILLGÄNGLIGA I SYSTEMET*
*INLEDD DEN* ___________________
*(Datum/klockslag)*

**HR:**

**POSTUPAK OSIGURAVANJA KONTINUITETA POSLOVANJA**
PROVOZ UNIJE / ZAJEDNIČKI PROVOZ
*PODACI NISU RASPOLOŽIVI U SUSTAVU*
*POKRENUT DANA* ___________________
*(Datum/sat)*

**TR:**

**İŞ SÜREKLİLİĞİ USULÜ**
BİRLİK TRANSİTİ/ORTAK TRANSİT
*SİSTEMDE VERİ BULUNMAMAKTADIR*
…………………'DE *BAŞLATILMIŞTIR*
*(Tarih/Saat)*

**RS:**

**ОСИГУРАЊЕ КОНТИНУИТЕТА ПОСТУПКА**
ТРАНЗИТ УНИЈЕ/ЗАЈЕДНИЧКИ ТРАНЗИТ
У СИСТЕМУ НЕМА ДОСТУПНИХ ПОДАТАКА
ПОКРЕНУТО ДАНА____________________
(датум/час)

## CAIBIDIL 2 – NA TREORACHA GINEARÁLTA A BHAINEANN LEIS AN DOICIMÉAD RIARACHÁIN AONAIR AGUS AN DOICIMÉAD TIONLACAIN IDIRTHURAIS

*Airteagal 3 I, (d) agus (v), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Baineann Cuid V leis an nós imeachta leanúnachais gnó bunaithe ar úsáid an doiciméid riaracháin aonair (DRA) nó an doiciméid tionlacain idirthurais (DTI) mar na dearbhuithe páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras. Tá sé roinnte ina sé chatagóir.

*Airteagal 5 (12) agus Airteagal 6(3)(b) CCA*

Baineann Caibidil 3 leis an nós imeachta i ndáil le dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras.

Baineann Caibidil 4 le foirmiúlachtaí ag an oifig custaim imeachta.

Baineann Caibidil 5 le teagmhais le linn iompair.

Baineann Caibidil 6 le foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe.

**Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:**

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá bhrí ag an bhfrása '**dearbhú maidir le hidirthuras**'. Ar an gcéad dul síos, ciallaíonn '**dearbhú maidir le hidirthuras**' an dearbhú a thugann duine san fhoirm agus sa mhodh forordaithe chun a léiriú gur mian leis/léi earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais. Ar an dara dul síos, ciallaíonn sé an doiciméad a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras, i.e. na '**cóipeanna de DRA nó de DTI**' a éilítear. Sna caibidlí seo a leanas úsáidtear an téarma 'dearbhú maidir le hidirthuras' agus an chéad bhrí i gceist leis, agus is é 'DRA' nó 'DTI' an fhoirm fhorordaithe.

## CAIBIDIL 3 – AN DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE hIDIRTHURAS

### V.3.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar an nós imeachta leanúnachais gnó bunaithe ar DRA agus DTI a úsáid mar an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras.

I Mír V.3.2 tugtar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht a bhaineann le dearbhuithe caighdeánacha maidir le hidirthuras.

Tugtar tuairisc i Mír V.3.3 ar nós imeachta an dearbhaithe chaighdeánaigh maidir le hidirthuras ón tráth a luchtaítear na hearraí go dtí cur i gcrích agus síniú an dearbhaithe.

Baineann Mír V.3.4 le cásanna sonracha i ndáil le nós imeachta an dearbhaithe maidir le hidirthuras.

Cumhdaítear eisceachtaí maidir leis na rialacha ginearálta i Mír V.3.5.

Forchoimeádtar Mír V.3.6 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír V.3.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 3 i Mír V.3.8.

### V.3.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Is é an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras an dearbhú custaim a úsáidtear chun earraí a chur faoin nós imeachta idirthurais. Is féidir é a thaisceadh sna foirmeacha seo a leanas:

- doiciméad riaracháin aonair (DRA); nó
- DRA a phriontálann córas ríomhchuidithe an oibreora eacnamaíoch ar pháipéar bán; nó
- doiciméad tionlacain idirthurais (DTI), arna fhorlíonadh, más gá, le liosta na míreanna earraí (LoI).
  Sa chás sin, ní bhíonn MRN ar DTI.

Is iad seo a leanas na foinsí dlíthiúla i gcomhair an dearbhaithe maidir le hidirthuras i bhfoirm DRA nó DTI:

- An Coinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú;
- Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:
  - ✓ Airteagail 3(c), (v) agus 26;
- Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:
  - ✓ Teideal II, Airteagail 5 agus 6;
  - ✓ Iarscríbhinní A3, A4, A5 agus A6;
  - ✓ Iarscríbhinn B1, B4, B5 agus B6;
- Airteagal 5(12) agus Airteagal 6(3)(b) CCA;
- Foscríbhinní B1-B6, C1, D1, F1 agus F2, Iarscríbhinn 9, TDA;
- Iarscríbhinn 72-04 Caibidlí III agus IV IA.

### V.3.3 Nós imeachta maidir le dearbhú

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- dearbhuithe paipéarbhunaithe maidir le hidirthuras i bhfoirm bileoga leantacha DRA agus DRA-BIS (Mír V.3.3.1);
- liostaí luchtaithe, foirm agus úsáid (Mír V.3.3.2);
- dearbhuithe páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras i bhfoirm doiciméid tionlacain idirthurais (Mír V.3.3.3);
- coinsíneachtaí measctha (Mír V.3.3.4);
- an dearbhú maidir le hidirthuras a shíniú (Mír V.3.3.5).

### V.3.3.1 Dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras

#### V.3.3.1.1 Foirmeacha an dearbhaithe páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras agus é a chur i gcrích ar DRA

Bíonn cóipeanna uimhrithe in DRA mar a leanas:

- sraith cóipeanna 8 leathanach ina bhfuil cóipeanna arna n-uimhriú go comhleanúnach (cóip 1 go cóip 8); nó
- sraith cóipeanna 4 leathanach ina bhfuil cóipeanna arna n-uimhriú go comhleanúnach (cóipeanna 1/6, 2/7, 3/8 agus 4/5).

Féadfar DRA a fhorlíonadh, i gcás inar gá, le foirmeacha leantacha DRA-BIS nó le liostaí luchtaithe. bíonn foirmeacha DRA-BIS uimhrithe amhail na gnáth-shraitheanna de chóipeanna:

- sraith cóipeanna 8 leathanach ina bhfuil cóip 1 BIS go cóip 8 BIS;
- sraith cóipeanna 4 leathanach ina bhfuil cóipeanna arna n-uimhriú go comhleanúnach (cóipeanna 1/6 BIS, 2/7 BIS, 3/8 BIS agus 4/5 BIS).

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar liostaí luchtaithe féach V.3.3.1.2.

I gcás an dearbhaithe pháipéarbhunaithe maidir le hidirthuras, éilítear trí chóip de DRA – cóipeanna 1, 4 agus 5.

- coinníonn an oifig custaim imeachta cóip 1 tar éis chlárú an dearbhaithe;
- gabhann cóip 4 leis na hearraí chuig an oifig custaim cinn scríbe agus coinnítear ann í;
- gabhann cóip 5 leis na hearraí chuig an oifig custaim cinn scríbe agus seolann sí ar ais chuig an tír imeachta í tar éis dheireadh an nós imeachta idirthurais.

I gcás ina bhfuil sraith cóipeanna 4 leathanach á húsáid le haghaidh dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras, ní mór dhá shraith a úsáid: cóipeanna 1 agus 4 as sraith amháin agus cóip 5 as an tsraith eile. I ngach sraith, ní mór an líon cóipeanna atá á n-úsáid a léiriú trí uimhir na cóipe nach bhfuil in úsáid a scriosadh amach ar an imeall. Ar chóip 1/6, áit a bhfuil uimhir 6 scriosta amach, ciallaíonn sé sin go bhfuil cóip 1 á húsáid, mar shampla.

*Foscríbhinn III, Teideal I,*

Ní mór na riachtanais theicniúla seo a leanas a chomhlíonadh leis na foirmeacha DRA a úsáidtear mar an dearbhú maidir le hidirthuras,

*Airteagail 5 agus 6 den Choinbhinsiún,*

*Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú*

ach amháin i gcás ina ndéantar an dearbhú trí chóras ríomhchuidithe an oibreora eacnamaíoch.

*Foscríbhinní B1-B 6, C1 agus D1, Iarscríbhinn 9, TDA*

Is é an riail ghinearálta go dtarraingítear suas na dearbhuithe páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras ar DRA i bhfoirm scríbhinn de láimh (agus go n-áirithítear go líontar isteach iad go hinléite, i ndúch agus i mbloclitreacha) nó go ndéantar iad a phriontáil le córas ríomhchuidithe an oibreora eacnamaíoch. Féadfar cead a thabhairt chun DRA a phriontáil trí úsáid a bhaint as córais próiseála sonraí oifigiúla nó phríobháideacha, ar pháipéar bán más gá, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe áfach (le haghaidh tuilleadh sonraí féach Iarscríbhinn C1, Foscríbhinn 9, TDA/Iarscríbhinn B6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún).

*Foscríbhinn 3, Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú,*

*Iarscríbhinn B6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Foscríbhinn C1, Iarscríbhinn 9, TDA*

Chun dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a líonadh isteach, ní mór na boscaí éigeantacha go léir ar na cóipeanna de DRA a líonadh isteach; tá na boscaí eile roghnach.

Ní gá ach an chéad chóip (ar barr) de DRA a líonadh isteach. Ós rud é nach mór don doiciméad a úsáidtear a bheith ar pháipéar féinchóipeála, beidh na sonraí le feiceáil ar na cóipeanna eile.

Ní mór dearbhuithe maidir le hidirthuras a tharraingt suas i gceann de theangacha oifigiúla na bPáirtithe Conarthacha atá inghlactha d'údaráis inniúla na tír imeachta.

Chun moilleanna ag an oifig custaim imeachta/oifig custaim cinn scríbe (nó ag an oifig custaim idirthurais) a sheachaint, tá sé tábhachtach go líonfadh na hoibreoirí eacnamaíocha DRA isteach i gceart.

Ní mór don oifig custaim imeachta a áirithiú go líontar DRA isteach i

gceart agus ar bhealach inléite agus go gcuirtear inphrionta soiléir stampa na hoifige custaim imeachta ar an dearbhú.

| CUSTAIM |
|---|
| Ní mór do na húdaráis chustaim na boscaí ar DRA atá marcáilte leis na litreacha B, C, D(/J), E(/J), F, G agus I a líonadh isteach. Is féidir an taobh clé de bhosca I a úsáid le haghaidh iontrálacha arna ndéanamh ag an gcoinsíní údaraithe áfach. |

*Foscríbhinn 3, Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú*

*Foscríbhinn C1, Iarscríbhinn 9, DTI*

Ní cheadaítear scriosadh ná forscríobh a dhéanamh. Ní mór leasuithe a dhéanamh trí na sonraí míchearta a scriosadh, agus i gcás inarb iomchuí, trí na sonraí sin a éilítear a chur isteach, agus ní mór don dearbhóir a inisealacha a chur leo. Ní mór leasuithe den sórt sin a bheith formhuinithe ag na húdaráis chustaim. I roinnt cásanna, féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh go gcuirfí dearbhú nua i láthair.

Ní cheadaítear aon leasú i gcás ina dtugann na húdaráis inniúla le fios, tar éis dóibh an dearbhú maidir le hidirthuras a fháil, go bhfuil siad ag beartú scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, nó go bhfuil sé suite acu go bhfuil na sonraí mícheart nó go mbeidh na hearraí scaoilte le haghaidh idirthurais acu cheana féin áfach.

*Airteagal 173 CCA,*

*Airteagal 31, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfar DRA a fhorlíonadh, i gcás inar gá, le bileog leantach amháin nó níos mó, ar a dtugtar foirmeacha DRA-BIS.

Féadfar na foirmeacha DRA-BIS a úsáid sna himthosca seo a leanas:

- i gcás ina mbaineann an dearbhú maidir le hidirthuras le níos mó ná mír amháin; nó

- i gcás ina bhfuil earraí T1, T2 agus T2F araon i gcoinsíneacht;

*Foscríbhinn 3, Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú*

Úsáidtear foirmeacha DRA-BIS ansin (amhail liostaí luchtaithe) chun sonraí na n-earraí a thaifeadadh i ndáil le gach stádas custaim (T1, T2 nó T2F). Ní mór achoimre a bheith in DRA freisin ar na foirmeacha DRA-BIS a úsáidtear le haghaidh na n-earraí de gach stádas custaim.

*Foscríbhinn B3, Iarscríbhinn 9, TDA*

Tá na foirmeacha DRA-BIS ina gcuid den dearbhú maidir le hidirthuras agus ní mór na ceanglais theicniúla chéanna a chomhlíonadh ina leith.

Ní mór iad a líonadh isteach i gcomhréir leis na treoracha maidir leis an bhfoirm DRA a líonadh isteach.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní cheadaítear meascán de na foirmeacha DRA-BIS agus liostaí luchtaithe a úsáid.

### V.3.3.1.2 Liostaí luchtaithe, foirm agus líonadh isteach

*Iarscríbhinní B4 agus B5, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinn 11 TDA*

*Caibidlí III agus IV, Iarscríbhinn 72-04, IA*

Féadfar liostaí luchtaithe a úsáid mar an gcuid thuairisciúil de DRA mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

I dtaca le liostaí luchtaithe a úsáid, ní dhéantar difear má dhéantar amhlaidh d'oibleagáidí a bhaineann leis an nós imeachta seolta/onnmhairithe nó d'aon nós imeachta sa tír cinn scríbe nó d'oibleagáidí a bhaineann leis na foirmeacha a úsáidtear le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí sin.

Ní fhéadfar ach an taobh tosaigh de na foirmeacha a úsáid mar liosta luchtaithe.

Ní mór na liostaí luchtaithe a dhéanamh amach agus an líon céanna cóipeanna i gceist leo agus atá sa dearbhú maidir le hidirthuras lena mbaineann an líon sin.

TRÁDÁIL

1. Ní mór sraithuimhir a bheith roimh gach mír ar liosta luchtaithe.
2. I gcás inarb iomchuí, ní mór aon tagairt a cheanglaítear de réir reachtaíochta a bheith i ndiaidh gach míre, go háirithe tagairtí do dhoiciméid, deimhnithe agus údaruithe a chuirtear i láthair.
3. Ní mór líne chothrománach a tharraingt tar éis na hiontrála deiridh agus líne a chur trí na spásanna neamhúsáidte a bheidh fágtha chun nach indéanta aon ní eile a chur sna spásanna dá éis sin.
4. I gcás ina n-úsáidfear liostaí luchtaithe le haghaidh coinsíneacht ina mbeidh dhá chineál earraí nó níos mó, ní mór gan Bosca 31 'Pacáistí agus tuairisc ar earraí' ar DRA a úsáid chun na marcanna, uimhreacha, líon agus cineál pacáistí a thaispeáint ná an tuairisc ar earraí a thaispeáint. Mar sin féin, ní mór tagairt a dhéanamh sa bhosca sin, de réir mar is iomchuí, do shraithuimhir agus do chód (T1, T2, T2F) na liostaí luchtaithe atá i gceangal.

CUSTAIM
Ní mór don oifig custaim imeachta an chláruimhir a iontráil ar an liosta luchtaithe. Beidh an uimhir sin mar an gcéanna le cláruimhir DRA lena mbaineann sí. Déanfar an uimhir a iontráil trí bhíthin stampa, lena gcuimseofar ainm na hoifige custaim imeachta nó de láimh. Más rud é gur de láimh a dhéanfar an uimhir a iontráil, ní mór an oifig custaim imeachta a bheith ag gabháil leis an uimhir. Is roghnach é síniú an oifigigh custaim áfach.

Féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt do shealbhóirí an nós imeachta liostaí luchtaithe speisialta a úsáid, ar liostaí iad nach gcomhlíonann na ceanglais thuas maidir le liostaí luchtaithe.

Ní féidir na liostaí sin a úsáid ach amháin i gcás inarb amhlaidh:

- is cuideachtaí a tháirgeann na liostaí sin, ar cuideachtaí iad a úsáideann córais próiseála sonraí leictreonacha chun a gcuid taifead a choimeád;
- déantar iad a dhearadh agus a líonadh isteach ar bhealach lenar féidir leis na húdaráis inniúla iad a úsáid gan deacracht;
- áirítear leo, le haghaidh gach míre, an fhaisnéis a cheanglaítear sna liostaí luchtaithe caighdeánacha.

I gcás ina mbeidh dhá liosta luchtaithe nó níos mó ag gabháil le DRA aonair, ní mór sraithuimhir a bheith le gach liosta ar sraithuimhir í a bheidh leithdháilte ag sealbhóir an nós imeachta. Taispeántar an líon iomlán liostaí luchtaithe atá ag gabháil le DRA i mBosca 4 'liostaí luchtaithe' DRA.

### V.3.3.1.3 Foirm agus líonadh isteach an dearbhaithe pháipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a i bhfoirm DTI

*Iarscríbhinní A3, A4, A5 agus A6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Foscríbhinn F1 agus F2, Iarscríbhinn 9, TDA*

Féadfar foirm an doiciméid idirthurais (DTI) atá ag gabháil leis a úsáid mar dhearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras, arna fhorlíonadh, más gá, le liosta na míreanna earraí (LoI).

Ní mór DTI a líonadh isteach i bhfoirm scríofa de láimh (agus é á áirithiú go líonfar isteach go hinléite é, i ndúch agus i mbloclitreacha), nó é a phriontáil le córas ríomhchuidithe de chuid an oibreora eacnamaíoch. Ní mór gach bosca éigeantach le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras a líonadh isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn B6, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinn C1, Iarscríbhinn 9, TDA.

I gcás ina n-úsáidfear DTI mar an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le

hidirthuras, ní leithdháiltear MRN ar an oibríocht idirthurais. Ina áit sin, úsáidtear an uimhir thagartha náisiúnta le haghaidh an nós imeachta leanúnachais gnó agus déantar í a iontráil sa chúinne uachtarach ar dheis de DTI.

I gcás ina gcumhdófar breis agus aon mhír earraí amháin le hoibríocht idirthurais, ní mór liosta míreanna earra amháin nó níos mó a bheith i gceangal le DTI. I dtaca le LoInna, ní mór uimhir thagartha dearbhaithe maidir le hidirthuras a bheith orthu, arb í sin an uimhir thagartha chéanna a bheidh curtha ar DTI lena mbeidh sé i gceangal. Ní mór LoI a líonadh isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn A5, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn F2, Iarscríbhinn 9, TDA.

Is féidir roinnt míreanna a bheith in aon LoI amháin (is féidir na boscaí a leathnú go hingearach). Is é 99 uaslíon na míreanna earraí is féidir a bheith i gceist le haon dearbhú amháin maidir le hidirthuras.

### V.3.3.1.4 Coinsíneachtaí measctha

*Airteagal 28, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 294 IA Foscríbhinn D1,*

*Iarscríbhinn 9, TDA*

*Iarscríbhinn B IA*

I gcás coinsíneachtaí atá comhdhéanta d’earraí nach de chuid an Aontais iad atá á ngluaiseacht faoin nós imeachta idirthurais T1 agus d’earraí de chuid an Aontais atá á ngluaiseacht faoin nós imeachta idirthurais T2/T2F agus ar earraí iad a chumhdaítear le haon dearbhú amháin maidir le hidirthuras, beidh foirmeacha DRA-BIS ar leithligh (féach V.3.3.2.2) nó liostaí luchtaithe (féach V.3.3.2.3) i gceangal le DRA. Le DRA, soláthraítear faisnéis choiteann agus achoimre ar na foirmeacha DRA-BIS nó ar liostaí luchtaithe a úsáidtear le haghaidh na n-earraí lena mbaineann stádas difriúil. Bíonn earraí lena mbaineann an stádas custaim céanna i ngach foirm DRA-BIS nó liosta luchtaithe. Bíonn an cód ‘T-’ le feiceáil sa tríú foroinn de Bhosca 1 de DRA, déanfar an cód ‘T1bis’, ‘T2bis’ nó ‘T2Fbis’, de réir mar is iomchuí, a iontráil sa tríú foroinn de Bhosca 1 ‘Dearbhú’ den fhoirm DRA-BIS.

I gcás ina n-úsáidfear DTI mar dhearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras, i bhforoinn na láimhe deise de Bhosca 1, ní mór an cód ‘T-’ a léiriú agus ní mór an cód ábhartha (T1, T2 nó T2F) a iontráil le haghaidh gach míre a bheidh in LoI i mBosca 1/3.

Mura coinsíneacht mheasctha a bheidh i gceist, maidir le haon Bhosca 31 (le haghaidh na tuairisce ar earraí) nach mbeidh úsáidte, ní mór líne a chur tríothu chun úsáid na mboscaí sin níos déanaí a sheachaint.

De rogha air sin, féadfar DRA nó DTI ar leithligh a líonadh isteach (mar shampla: DRA/DTI T1 le haghaidh earraí nach de chuid an Aontais iad agus T2 nó T2F DRA/DTI le haghaidh earraí de chuid an

Aontais).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: is féidir maidir le hearraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi idirthuras (agus atá á ngluaiseacht laistigh de chríoch chustaim an Aontais), go bhféadfar iad a iompar leis an modh iompair céanna le hearraí a chuirtear faoi idirthuras. Sa chás sin, ní chumhdaítear leis an dearbhú maidir le hidirthuras ach na hearraí a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais.

### V.3.3.1.5 An dearbhú idirthurais a shíniú

*Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Iarscríbhinn 72-04, IA,*

Ach an dearbhú maidir le hidirthuras a shíniú, glacann sealbhóir an nós imeachta air féin an fhreagracht as cruinneas na faisnéise a sholáthraítear sa dearbhú, as barántúlacht na ndoiciméad a chuirtear i láthair agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí uile a bhaineann le hiontráil na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais.

| TRÁDÁIL |
| --- |
| Ní mór do shealbhóir an nós imeachta nó dá ionadaí an dearbhú maidir le hidirthuras a shíniú i mBosca 50 de DRA nó DTI. |

*Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Iarscríbhinní B6 agus B9, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfaidh sé nach gceadófar do choinsíneoirí údaraithe dearbhuithe maidir le hidirthuras a shíniú ar dearbhuithe iad ar a bhfuil an stampa speisialta. Bíonn an tarscaoileadh sin faoi réir an choinníll maidir leis an gcoinsíneoir údaraithe, go mbeidh gealltanas scríofa tugtha aige don údarás custaim roimhe ar gealltanas é lenar admhaíodh gurbh é/í sealbhóir an nós imeachta le haghaidh gach oibríochta idirthurais dá ndéantar faoi dhearbhuithe maidir le hidirthuras ar a bhfuil a stampa speisialta.

*Iarscríbhinn 72-04 IA*

I dtaca le dearbhuithe maidir le hidirthuras gan síniú, ní mór an abairt seo a leanas a bheith sa bhosca arna fhorchoimeád le haghaidh shíniú shealbhóir an nós imeachta: 'Síniú tarscaoilte — 99207'.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin nós imeachta sin, ar nós imeachta é a mheastar a bheith ina shimpliú ar an nós imeachta idirthurais caighdeánach, féach Cuid VI.

### V.3.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)

#### V.3.4.1 Na rialacha is infheidhme maidir le hearraí lena ngabhann pacáistí

Féach IV.I.5.1 chun tuilleadh sonraí a fháil.

#### V.3.4.2 Earraí i mbagáiste á thionlacan ag paisinéirí

Féach IV.I.5.2 chun tuilleadh sonraí a fháil.

#### V.3.4.3 Iompar earraí de chuid an Aontais chuig tír chomhchoiteann idirthurais, ón tír sin nó tríthi

Tá tuilleadh sonraí in IV.I.5.3.

#### V.3.4.4 Doiciméid dhúblacha

I gcás ina mbeidh dearbhú maidir le hidirthuras nó doiciméad T2L/T2LF goidte, caillte nó scriosta, féadfaidh an oifig custaim a d'eisigh an doiciméad bunaidh leagan dúblach a eisiúint.

An páirtí leasmhar a iarrfaidh an doiciméad dúblach, ní mó dó údar cuí a thabhairt leis an iarraidh agus a dhearbhú i scríbhinn go seolfaidh sé/sí an doiciméad bunaidh ar ais más rud é go lorgófar é.

Coinsíneoirí údaraithe agus eisitheoirí údaraithe, féadfaidh siad leagan dúblach de dhearbhuithe maidir le hidirthuras nó de dhoiciméid T2L/T2LF a eisiúint freisin, ar na coinníollacha seo a leanas:

- is iadsan a d'eisigh an doiciméad bunaidh;
- chuir siad iarraidh, a mbeidh údar cuí léi tugtha, faoi bhráid an údaráis inniúil, agus údarú á lorg acu chun leagan dúblach den doiciméad bunaidh a eisiúint; agus
- ghlac an t-údarás inniúil leis an iarraidh.

Ba cheart do na húdaráis custaim measúnú a dhéanamh ar an riosca mí-úsáide agus, go háirithe, iarrataí athfhillteacha a imscrúdú.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar an leagan dúblach, i gcló trom: (i) na focail 'LEAGAN DÚBLACH'; (ii) stampa na hoifige custaim, an choinsíneora údaraithe nó an eisitheora údaraithe a d'eisigh an leagan dúblach; agus (iii) síniú an duine inniúil.

### V.3.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)

### V.3.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### V.3.7 Cuid atá srianta d’úsáid na n-údarás custaim amháin

### V.3.8 Iarscríbhinní

## CAIBIDIL 4 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM IMEACHTA

### V.4.1 Réamhrá

I Mír V.4.2 tugtar an teoiric ghinearálta a bhaineann leis na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim imeachta, mar aon le faisnéis ghinearálta faoi na foinsí dlí.

Tugtar tuairisc i Mír V.4.3 ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta.

Baineann Mír V.4.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí maidir leis na rialacha ginearálta i Mír V.4.5.

Forchoimeádtar Mír V.4.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír V.4.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 4 i Mír V.4.8.

### V.4.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Cuirtear tús leis an nós imeachta idirthurais ag an oifig custaim imeachta agus an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras á chur i láthair (i bhfoirm DRA nó DTI), in éineacht leis na hearraí.

Is iad seo a leanas na foinsí dlí:

- Airteagal 26, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 6(3)(b) CCA;
- Airteagal 291 IA;
- Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn 72-04 IA.

### V.4.3 Tuairisc ar an nós imeachta ag an oifig custaim imeachta

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a chur i láthair (Mír V.4.3.1);
- ráthaíocht a chur i láthair (Mír V.4.3.2);
- an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a ghlacadh, a

chlárú agus a fhormhuiniú (Mír V.4.3.3);

- an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a leasú (Mír V.4.3.4);
- an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a neamhbhailiú (Mír V.4.3.5);
- an dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras a fhíorú (Mír V.4.3.6);
- cúrsa taistil (Mír V.4.3.7);
- teorainn ama (Mír V.4.3.8);
- bearta sainaitheantais (Mír V.4.3.9);
- scaoileadh na n-earraí le haghaidh idirthurais (Mír V.4.3.10).

**V.4.3.1 An dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras á chur i láthair**

An dearbhú páipéarbhunaithe maidir le hidirthuras agus gach doiciméad atá ag gabháil leis, ba cheart iad a chur i láthair in éineacht leis na hearraí ag an oifig custaim imeachta le linn na laethanta agus na n-uaireanta arna gceapadh mar amanna oscailte. Mar sin féin, arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta, féadfar iad a chur i láthair tráthanna eile nó ag áiteanna eile arna bhformheas ag an oifig custaim imeachta.

TRÁDÁIL

Ní mór na doiciméid seo a leanas a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta:

- cóipeanna 1, 4 agus (5) de DRA arna líonadh isteach i gceart. I gcás ina n-úsáidfear foirmeacha DRA-BIS nó liostaí luchtaithe, ní mór iad a bheith i gceangal le SAD;
- dhá chóip de DTI, arna bhforlíonadh, más gá, le liosta míreanna;
- a ráthaíocht (i gcás ina gceanglófar: féach Cuid III);
- doiciméid eile is gá, má cheanglaítear iad.

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim imeachta an méid seo a leanas:

- seiceáil go mbeidh cóipeanna 1, 4 agus 5 de DRA líonta isteach i gceart agus, i gcás ina n-úsáidfear na foirmeacha DRA-BIS nó liostaí luchtaithe, go mbeidh siad i gceangal le DRA;
- seiceáil go mbeidh dhá chóip de DTI líonta isteach i gceart agus, i gcás ina n-úsáidfear LoI, go mbeidh sé i gceangal le DTI;
- seiceáil ar bhailíocht agus ar mhéid na ráthaíochta;

- seiceáil ar dhoiciméid eile is gá.

### V.4.3.2 Ráthaíocht a chur i láthair

*Airteagal 9, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 89 (2) Cód Custaim an Aontais (CCA)*

Chun tús a chur le nós imeachta idirthurais, ceanglaítear ráthaíocht (ach amháin i gcás ina mbeidh sé sin tarscaoilte de réir dlí nó le húdarú).

Tá tuilleadh faisnéise faoi ráthaíochtaí i gCuid III.

CUSTAIM

Ní mór don oifig custaim imeachta an méid seo a leanas a sheiceáil:

- tá mionsonraí na ráthaíochta a thaispeántar i mBosca 52 de DRA nó DTI ag meaitseáil na ndoiciméad ráthaíochta bunaidh a chuirtear i láthair;
- is leordhóthanach méid na ráthaíochta;
- tá an ráthaíocht bailí i ngach Páirtí Conarthach ag a bhfuil lámh san oibríocht idirthurais;
- tá an ráthaíocht in ainm shealbhóir an nós imeachta arna ainmniú i mBosca 50 de DRA nó DTI;
- níl an ráthaíocht dulta in éag (tá deimhnithe TC31 agus TC33 fós bailí);
- níl tréimhse bailíochta na haon bhliana amháin ón dáta eisithe dulta in éag (bailíocht an dearbháin TC32);
- maidir leis an síniú ar an dearbhú i mBosca 50 de DRA nó de DTI, comhfhreagraíonn an síniú don síniú atá ar chúl an deimhnithe ráthaíochta cuimsithí TC31 nó den deimhniú tarscaoilte ráthaíochta TC33.

Tabhair faoi aire nach mór na doiciméid ráthaíochta bhunaidh a chur i láthair.

I gcás ráthaíochtaí aonair i bhfoirm dearbhán, coinnítear an dearbhán ráthaíochta TC32 agus cuirtear i gceangal le cóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI é.

I gcás ráthaíochta aonair i bhfoirm gealltanais, coinnítear an gealltanas agus cuirtear i gceangal le cóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI é.

I gcás ráthaíochta cuimsithí nó tarscaoilte ráthaíochta, tugtar an deimhniú ráthaíochta bunaidh (TC31 nó TC33) ar ais don dearbhóir.

### V.4.3.3 Glacadh agus clárú an dearbhaithe maidir le hidirthuras

*Airteagail 30 agus 35, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 171-172 CCA*

*Airteagal 143 DA*

Glacann an oifig custaim imeachta leis an dearbhú maidir le hidirthuras ar an gcoinníoll seo a leanas:

- go bhfuil an fhaisnéis go léir is gá ann chun críche nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais;
- go bhfuil na doiciméid go léir is gá in éineacht leis;
- maidir leis na hearraí dá dtagraítear sa dearbhú dá dtagraíonn sé, go mbeidh siad curtha i láthair na n-údarás custaim le linn na n-uaireanta oscailte oifigiúla.

Ní ghlacfar le DRA nó le DTI is cosúil a bheith mícheart (nó neamhiomlán).

Cláróidh an oifig custaim imeachta an dearbhú maidir le hidirthuras trí chláruimhir a chur i mBosca C 'Oifig imeachta' de DRA nó de DTI agus trí mhionsonraí na n-iniúchtaí atá déanta, na séalaí atá greamaithe agus an teorainn ama atá ceadaithe, a chur isteach i mBosca D(/J) 'Rialú ag an oifig imeachta' de DRA nó de DTI. Cuirfidh an t-oifigeach a shíniú agus an stampa leis ansin.

Ní mór córas clárúcháin na ndearbhuithe a úsáidtear i nós imeachta leanúnachais gnó a bheith difriúil le córas NCTS.

Ní mór don oifig custaim imeachta a bheith inniúil chun plé le hoibríochtaí idirthurais agus leis an gcineál tráchta lena mbaineann. Le haghaidh liosta d'oifigí custaim atá inniúil ar láimhseáil oibríochtaí idirthurais, féach:

http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds/csrdhome_en.htm

### V.4.3.4 An dearbhú maidir le hidirthuras a leasú

*Airteagal 31, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 173 CCA*

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta cead a iarraidh chun an dearbhú maidir le hidirthuras a leasú tar éis do na húdaráis chustaim glacadh leis. Ní fhéadfar a fhágáil leis an leasú go mbeidh an dearbhú custaim infheidhme maidir le hearraí seachas na hearraí a cumhdaíodh leis an dearbhú ó thús.

Ní mór leasuithe a dhéanamh trí líne a chur trí na sonraí míchearta, agus i gcás inarb iomchuí, trí na sonraí sin a cheanglaítear a chur isteach, agus ní mór don dearbhóir a inisealacha a chur leo. Ní mór na leasuithe a bheith formhuinithe ag na húdaráis chustaim. I roinnt cásanna, féadfaidh na húdaráis chustaim ceangal a chur ar an dearbhóir dearbhú nua a chur i láthair. Ní cheadaítear sonraí a

scriosadh ná a fhorscríobh.

Ní cheadaítear aon leasú i gcás ina mbeidh sé tugtha le fios ag na húdaráis inniúla tar éis dóibh an dearbhú maidir le hidirthuras a fháil, go bhfuil siad ag beartú scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, nó go bhfuil sé suite acu go bhfuil na sonraí mícheart nó go mbeidh na hearraí scaoilte le haghaidh idirthurais acu cheana féin, ach amháin i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 173(3) CCA.

Más rud é gur réamhthaisceadh an dearbhú maidir le hidirthuras ach nár glacadh leis fós, ní féidir é a leasú.

### V.4.3.5 An dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailiú

*Airteagal 32, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagal 174 CCA*

*Airteagal 148 DA*

Ní féidir leis an oifig custaim imeachta dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailiú arna iarraidh sin don dearbhóir ach amháin sula mbeidh na hearraí scaoilte le haghaidh idirthurais. Cuirfidh an oifig custaim imeachta an dearbhóir ar an eolas faoi thoradh a (h)iarrata dá dhroim sin.

Mar sin féin, i gcás inar chuir an oifig custaim imeachta an dearbhóir ar an eolas go bhfuiltear ag beartú scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, ní ghlactar leis an iarraidh ar neamhbhailiú sula dtarlaíonn an scrúdú.

Ní féidir an dearbhú maidir le hidirthuras a neamhbhailiú tar éis do na hearraí a bheith scaoilte le haghaidh idirthurais ach amháin i gcásanna eisceachtúla:

- i gcás inar dearbhaíodh earraí de chuid an Aontais le haghaidh nós imeachta custaim is infheidhme maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad, trí earráid, agus gur cruthaíodh a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ina dhiaidh sin trí bhíthin T2L, T2LF nó lastliosta earraí custaim;
- i gcás ina mbeidh na hearraí dearbhaithe d'earráid faoi níos mó ná aon dearbhú custaim amháin;

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó le haghaidh idirthurais, tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir le haon dearbhú atá iontráilte in NCTS ach nach bhfuil próiseáilte thairis sin i ngeall ar chliseadh ar chóras, gur gá an dearbhú sin a neamhbhailiú.

Bíonn sé d'oibleagáid ar an oibreoir eacnamaíoch faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla gach tráth dá gcuirtear dearbhú faoi bhráid NCTS agus bíonn comhairle ann dá éis sin maidir leis an nós

imeachta leanúnachais gnó.

I roinnt cásanna, féadfaidh na húdaráis chustaim ceangal a chur ar an dearbhóir dearbhú nua a chur i láthair. Sa chás sin, tá an dearbhú roimhe neamhbhailithe agus déantar an dearbhú nua a thaisceadh.

### V.4.3.6 Fíorú an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus rialú na n-earraí

*Airteagal 35, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 188 CCA,*

*Airteagail 238 agus 239 IA*

Chun cruinneas na sonraí ar dhearbhú maidir le hidirthuras a sheiceáil, féadfaidh an oifig custaim imeachta, tar éis dóibh glacadh leis an dearbhú, na hiniúchtaí seo a leanas a dhéanamh ar bhonn anailíse riosca nó go randamach:

- scrúdú a dhéanamh ar an dearbhú agus ar na doiciméid tacaíochta uile;
- éileamh a dhéanamh go soláthródh an dearbhóir doiciméid eile;
- scrúdú a dhéanamh ar na hearraí agus samplaí a thógáil le haghaidh anailíse nó chun mionscrúdú a dhéanamh ar na hearraí.

Déantar scrúdú ar na hearraí sna háiteanna arna n-ainmniú ag an oifig custaim imeachta agus le linn na n-uaireanta arna n-ainmniú chun na críche sin. Cuirfear sealbhóir an nós imeachta ar an eolas faoin áit agus faoin am. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis custaim, arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta, a iarraidh go ndéanfar an scrúdú ar na hearraí ag áiteanna eile lasmuigh de na huaireanta oscailte oifigiúla.

Más rud é go mbraithfear mion-neamhréireachtaí leis an rialú, tabharfaidh an oifig custaim imeachta fógra do shealbhóir an nós imeachta. Chun na neamhréireachtaí sin a réiteach, déanfaidh an oifig custaim imeachta mion-mhodhnuithe (i gcomhaontú le sealbhóir an nós imeachta) sa dearbhú chun gur féidir na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais.

Más rud é go mbraithfear neamhréireachtaí móra, tabharfaidh an oifig custaim imeachta fógra do shealbhóir an nós imeachta nach bhfuil na hearraí á scaoileadh.

Ní mór don oifig custaim imeachta nó do choinsíneoir údaraithe an cód seo a leanas ar thorthaí an rialaithe a thaifeadadh ar DRA nó DTI**:**

- ‘A1’ (Sásúil): i gcás ina scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis rialú fisiceach (iomlán nó páirteach) a bheith déanta orthu agus gan aon neamhréireacht braite;

- ‘A2’ (Measta a bheith sásúil): i gcás ina scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis rialú doiciméadach (gan aon rialú fisiceach) gan aon neamhréireacht braite nó i gcás nach ndearnadh aon rialú;
- ‘A3’ (Nós imeachta simplithe): i gcás ina scaoileann coinsíneoir údaraithe na hearraí le haghaidh idirthurais.

### V.4.3.7 An cúrsa taistil maidir le gluaiseacht earraí

*Airteagal 33, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 298 IA*

Is é an riail ghinearálta nach mór earraí arna n-iontráil le haghaidh an nós imeachta idirthurais a iompar go dtí an oifig custaim cinn scríbe ar feadh cúrsa taistil a bhfuil bunús leis ó thaobh na heacnamaíochta de.

Mar sin féin, i gcás ina measfaidh an oifig custaim imeachta nó sealbhóir an nós imeachta gur gá é, forordóidh an oifig custaim sin cúrsa taistil maidir le gluaiseacht na n-earraí le linn an nós imeachta idirthurais, agus aon fhaisnéis ábhartha arna cur in iúl ag sealbhóir an nós imeachta á cur san áireamh.

I gcás ina bhforordófar cúrsa taistil, ní mór don oifig custaim imeachta léiriú ar a laghad ar na Ballstáit nó ar Pháirtithe Conarthacha eile (ó na tíortha comhchoiteanna idirthurais) a iontráil i mBosca 44 de DRA nó DTI, is iad sin na Ballstáit nó na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an nós imeachta idirthurais le tarlú tríothu.

CUSTAIM

Sonróidh an oifig custaim imeachta, agus aon fhaisnéis ábhartha arna cur in iúl ag sealbhóir an nós imeachta á cur san áireamh, cúrsa taistil forordaithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na focail ‘cúrsa taistil forordaithe’ agus mionsonraí na dtíortha a ndéanfar an t-idirthuras tríothu (beidh cóid tíre leordhóthanach) a iontráil i mBosca 44 de DRA nó DTI.

Nóta 1: i gcás an Aontais, tabhair cóid tíre na mBallstát lena mbaineann.

Nóta 2: tabhair cóid tíre aon tíre dá n-áirítear sa chúrsa taistil forordaithe.

*Airteagal 44, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 305 IA*

Féadfar an cúrsa taistil forordaithe a athrú le linn na hoibríochta idirthurais. Sa chás sin, bíonn sé d’oibleagáid ar an iompróir na hiontrálacha is gá a dhéanamh i mBosca 56 de chóipeanna 4 agus 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI agus iad a chur i láthair gan moill mhíchuí tar éis d’athrú a bheith déanta ar an gcúrsa taistil, in

*Iarscríbhinn 72-04 IA*

éineacht leis na hearraí, don údarás custaim is cóngaraí den tír ina bhfuil an modh iompair lonnaithe. Measfaidh an t-údarás inniúil cé acu a fhéadfaidh an oibríocht idirthurais leanúint nó nach bhféadfaidh, déanfaidh aon bheart a bhféadfaidh gá a bheith leis agus formhuineoidh cóipeanna 4 agus 5 de DRA nó an dara cóip de DTI i mBosca G.

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar nósanna imeachta atá le leanúint i gcás teagmhas le linn na gluaiseachta, féach V.5.3.1.

### V.4.3.8 Teorainn ama le haghaidh cur i láthair na n-earraí

*Airteagal 34 agus Airteagal 45(2), Foscríbhinn 1 Coinbhinsiún*

Socróidh an oifig custaim imeachta teorainn ama nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh di.

*Airteagail 297 agus 306(3) IA*

An teorainn ama arna forordú ag an oifig custaim sin, bíonn sé ceangailteach ar údaráis inniúla na dtíortha a dtéann na hearraí isteach ar a gcríoch le linn oibríocht idirthurais. Ní féidir le húdaráis na dtíortha atá i gceist an teorainn ama sin a athrú.

Agus na hearraí á gcur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe tar éis dhul in éag na teorann ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta, meastar go mbeidh sealbhóir an nós imeachta tar éis an teorainn ama a chomhlíonadh más rud é go gcruthóidh sé/sí nó an t-iompróir chun sástacht na hoifige custaim cinn scríbe nach bhfuil an mhoill inchurtha ina leith féin.

CUSTAIM

Agus an teorainn ama á socrú ag an oifig custaim imeachta, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

- an modh iompair a úsáidfear;
- cúrsa taistil;
- aon iompar nó reachtaíocht eile ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar shocrú teorann ama (mar shampla: reachtaíocht shóisialta nó comhshaoil a dhéanann difear don mhodh iompair, rialacháin iompair maidir le huaireanta oibre agus tréimhsí scíthe éigeantacha do thiománaithe);
- an fhaisnéis a chuireann sealbhóir an nós imeachta in iúl, i gcás inarb iomchuí.

I gcomhaontú leis an teorainn ama arna hiontráil ag sealbhóir an nós imeachta, déanfaidh an oifig custaim imeachta an teorainn ama a iontráil i mBosca D(/J) de

DRA nó de DTI (agus an córas LL-MM-BB) á úsáid agus/nó formhuineoidh an oifig an teorainn chéanna. Is é sin an dáta maidir leis na hearraí, faoi nach mór an dearbhú maidir le hidirthuras agus aon doiciméad atá ag gabháil leis a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta.

### V.4.3.9 Modh sainaitheantais

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- réamhrá (Mír V.4.3.9.1);
- modhanna séalaithe (Mír V.4.3.9.2);
- saintréithe séalaí (Mír V.4.3.9.3);
- séalaí de chineál speisialta a úsáid (Mír V.4.3.9.4).

#### V.4.3.9.1 Réamhrá

*Airteagal 11(2) den Choinbhinsiún*

*Airteagail 36-39, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 192 CCA*

*Airteagal 299 IA*

Bíonn sé an-tábhachtach sainaithint na n-earraí a iompraítear faoin nós imeachta idirthurais a áirithiú. Mar riail ghinearálta, is le séalú a áirithítear go sainaithnítear na hearraí sin.

Aon doiciméad a úsáidtear chun na hearraí a shainaithint, ní mór é a bheith i gceangal le DRA nó le DT agus stampáilte ar bhealach lena n-áiritheofar nach mbeidh ionadú indéanta.

*Airteagal 39, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Airteagal 302 IA*

Mar sin féin, is féidir leis an oifig custaim imeachta an ceanglas maidir le séalú a tharscaoileadh agus an tuairisc ar earraí sa dearbhú nó sna doiciméid fhorlíontacha sách beacht chun gur féidir na hearraí a shainaithint go héasca agus i gcás ina sonrófar a gcáilíocht, a gcineál agus a ngnéithe speisialta orthu (e.g. trí uimhir an innill agus an uimhir fonnaidh a sholáthar i gcás ina mbeidh gluaisteáin á n-iompar faoin nós imeachta idirthurais nó trí shraithuimhreacha na n-earraí a sholáthar). Ní mór an tuairisc sin a iontráil i mBosca 31 de DRA nó de DTI.

Mar dhíolúine, ní cheanglaítear aon séala (ach amháin i gcás ina gcinnfidh an oifig custaim imeachta a mhalairt) i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- iompraítear na hearraí d’aer, agus greamaítear lipéid ar gach coinsíneacht ar a bhfuil uimhir an bhille aerbhealaigh tionlacain, nó is aonad luchtaithe é an choinsíneacht ar a léirítear uimhir an bhille aerbhealaigh tionlacain;
- iompraítear na hearraí d’iarnród, agus cuireann na cuideachtaí

iarnróid bearta sainaitheantais i bhfeidhm.

| |
|---|
| CUSTAIM<br><br>Agus na séalaí greamaithe ag an oifig custaim imeachta, iontrálfar os comhair an teidil 'séalaí greamaithe' i mBosca D(/J) de DRA nó de DTI, an uimhir i bhfigiúirí agus marcanna aitheantais na séalaí greamaithe.<br><br>I gcás nach gceanglófar na séalaí chun earraí a shainaithint, iontrálfaidh an oifig custaim imeachta an abairt 'TARSCAOILEADH – 99201' i mBosca D(/J) de DRA nó de DTI, os comhair an teidil 'séalaí greamaithe'.<br><br>Tá an formhuiniú 'tarscaoileadh' i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn V.4.8.1. |

I dtaca le hearraí nach bhfuil faoi réir an nós imeachta idirthurais, más rud é go n-iomprófar iad in éineacht le hearraí faoin nós imeachta idirthurais ar an modh iompair céanna, ní dhéanfar an fheithicil a shéalú de ghnáth, ar choinníoll go n-áiritheofar go sainaithneofar na hearraí trí na pacáistí aonair a shéalú nó trí thuairisc bheacht ar na hearraí a sholáthar.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:</u> ní mór na hearraí a dheighilt agus a lipéadú go soiléir chun go sainaithneofar go héasca cé na hearraí atá á n-iompar faoi idirthuras agus cé nach hearraí nach bhfuil.

*Airteagal 38(5), Foscríbhinn I, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 301(5) IA*

Mura féidir aitheantas na coinsíneachta a áirithiú trí shéalú nó le tuairisc bheacht ar na hearraí, diúltóidh an oifig custaim imeachta do chead a thabhairt chun na hearraí a chur faoin nós imeachta idirthurais.

Ní fhéadfar séalaí a bhaint gan formheas na n-údarás custaim inniúil.

Agus feithicil nó coimeádán séalaithe ag an oifig custaim imeachta agus earraí á n-iompar aici nó aige chuig oifigí custaim cinn scríbe difriúla faoi chumhdach dearbhuithe maidir le hidirthuras, agus díluchtú comhleanúnach ag tarlú ag roinnt oifigí custaim cinn scríbe suite i dtíortha difriúla, i dtaca leis na húdaráis chustaim agus na hoifigí custaim cinn scríbe idirmheánacha mar a ndéantar na séalaí a bhaint chun codanna den ualach a dhíluchtú, ní mór do na húdaráis sin séalaí nua a ghreamú agus é sin a léiriú i mBosca F de chóipeanna 4 agus 5 de DRA nó ar dhá chóip de DTI.

Sa chás sin, féachfaidh na húdaráis chustaim le hathshéalú a

dhéanamh de réir mar is gá, agus séala custaim a úsáid ina mbeidh gnéithe slándála a bheidh coibhéiseach ar a laghad.

### V.4.3.9.2 Modhanna séalaithe

*Airteagal 11(2) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Airteagal 299 IA*

I gcás ina n-úsáidtear an spás ina bhfuil na hearraí a shéalú, ní mór an modh iompair a bheith oiriúnach lena shéalú.
Tá dhá mhodh séalaithe ann:

- an spás ina bhfuil na hearraí i gcás inar aithin an oifig custaim imeachta go bhfuil an modh iompair nó an coimeádán oiriúnach lena shéalú;
- i gcásanna eile, gach pacáiste aonair.

I gcásanna ina mbeidh an spás ina bhfuil na hearraí séalaithe, ní mór an modh iompair a bheith oiriúnach lena shéalú.

CUSTAIM

Measann an oifig custaim imeachta go bhfuil an modh iompair oiriúnach i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- féadfar séalaí a ghreamú ar an modh iompair nó ar an gcoimeádán ar bhealach simplí agus éifeachtach;
- ní bheidh aon spás ceilte sa mhodh iompair nó sa choimeádán ina bhféadfaidh earraí a bheith folaithe;
- beidh na spásanna arna bhforchoimeád le haghaidh an ualaigh inrochtana go héasca lena n-iniúchadh ag na húdaráis inniúla. *(Airteagal 11 den Choinbhinsiún/Airteagal 300 IA)*

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Meastar go bhfuil an modh iompair nó na coimeádáin oiriúnach lena séalú i gcás ina mbeidh siad formheasta chun earraí a iompar faoi shéalaí custaim i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta ar aontaigh na Páirtithe Conarthacha dó (an Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR an 14 Samhain 1975 mar shampla).

### V.4.3.9.3 Saintréithe séalaí

Ní mór saintréithe sonraithe agus sonraíochtaí teicniúla a chomhlíonadh leis na séalaí uile arna n-úsáid mar mhodhanna sainaitheantais.

*Airteagal 38, Foscríbhinn I a ghabhann leis an*

Ní mór na saintréithe fíor-riachtanacha seo a leanas a bheith ag séalaí:

*gCoinbhinsiún*

*Airteagal 301 IA*

- tá siad fós i bhfeidhm agus ceangailte go daingean le linn gnáthúsáid;
- is éasca iad a sheiceáil agus a aithint;
- déantar iad a mhonarú ar bhealach chun go bhfágtar rianta is infheicthe don tsúil fhornocht in aon chás ina mbrisfear na séalaí, nó ina ndéanfar iarracht iad a bhriseadh nó a bhaint;
- is le haghaidh úsáid aonair a dheartar iad, nó más le haghaidh ilúsáide a bheartaítear iad, deartar iad chun gur féidir marc aitheantais soiléir, aonair a thabhairt dóibh gach uair dá n-athúsáidtear iad;
- tá aitheantóirí séala aonair orthu atá buan, inléite go héasca agus ar a bhfuil uimhir uathúil.

Ina theannta sin, ní mór na ceanglais theicniúla seo a leanas a chomhlíonadh le séalaí:

- féadfaidh foirm agus toisí na séalaí a bheith éagsúil ag brath ar an modh séalaithe a úsáidtear, ach ní mór na toisí a bheith amhlaidh chun go n-áiritheofar go mbíonn marcanna aitheantais éasca le léamh;
- ní mór é a bheith dodhéanta marcanna aitheantais na séalaí a fhalsú agus é a bheith deacair iad a atáirgeadh;
- ní mór an t-ábhar a úsáidtear a bheith frithsheasmhach ina aghaidh a bhriste de thimpiste agus falsú dobhraite nó athúsáid dhobhraite a chosc.

Meastar go mbeidh na ceanglais thuas comhlíonta ag na séalaí más rud é go mbeidh siad deimhnithe ag an údarás inniúil i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta ISO Uimh. 17712:2013 *'Freight containers – Mechanical Seals'* ['Coimeádáin mhuirí – Séalaí Meicniúla'].

I gcás iompar a dhéantar le coimeádáin, ní mór úsáid chomh forleathan agus is féidir a bhaint as séalaí ina bhfuil gnéithe ardslándála.

Ní mór an léiriú seo a leanas a bheith ar an séala custaim:

- an focal 'Custam' i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh nó na tíre comhchoitinne idirthurais nó giorrúchán comhfhreagrach;
- cód tíre, i bhfoirm chód tíre ISO alfa-2, lena sainaithnítear an tír ina ngreamaítear an séala.

Ina theannta sin, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha aontú gnéithe slándála comhchoiteanna agus teicneolaíocht slándála

chomhchoiteann a úsáid.

Ní mór do gach tír fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cineálacha séalaí custaim atá in úsáid acu. Ní mór don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil do gach tír.

### V.4.3.9.4 Úsáid séalaí de chineál speisialta

*Airteagail 81-83, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 317-318 IA*

Ceanglaítear ar shealbhóir an nós imeachta údarú a fháil ó na húdaráis inniúla chun séalaí de chineál speisialta a úsáid.

Tá úsáid séalaí de chineál speisialta ina simpliú atá faoi réir coinníollacha áirithe (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach VI 3.3).

I gcás ina n-úsáidfear na séalaí sin de chineál speisialta, ní mór do shealbhóir an nós imeachta déanamh, cineál agus líon na séalaí arna ngreamú a iontráil os comhair an teidil 'séalaí greamaithe' i mBosca D(/J) de DRA nó de DTI. Ní mór na séalaí sin a ghreamú sula scaoilfear na hearraí.

### V.4.3.10 Earraí a scaoileadh

*Airteagal 40, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 303 IA*

Scaoilfear na hearraí agus déanfar dáta a scaoilte a iontráil i mBosca D(/J) de na cóipeanna de DRA nó de DTI tar éis gach foirmiúlacht a chur i gcrích ag an oifig custaim imeachta. Ciallaíonn 'Na foirmiúlachtaí uile a chur i gcrích':

- na cóipeanna iomchuí de DRA nó de DTI a líonadh isteach i gceart;
- cur i gcrích an rialaithe fhéideartha;
- soláthar na ráthaíochta, i gcás ina n-éilítear amhlaidh (féach Cuid II);
- socrú na teorann ama;
- cúrsa taistil a shocrú, i gcás ina gceanglófar;
- glacadh agus clárú an dearbhaithe;
- an dearbhú a fhíorú; agus
- séalaí a ghreamú, i gcás ina gceanglófar.

| CUSTAIM<br><br>I gcás ina mbeidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích:<br>• léireoidh an oifig custaim imeachta an cód seo a leanas maidir le toradh an rialaithe i mBosca D(/J) de chóip 1 de DRA nó de DTI;<br>• 'A1' (Sásúil): i gcás ina scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis rialú |
|---|

fisiceach (iomlán nó páirteach) a bheith déanta orthu agus gan aon neamhréireacht a bheith braite;

- ‘A2’ (Measta a bheith sásúil): i gcás ina scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais tar éis nár braitheadh aon neamhréireacht le rialú doiciméadach (gan aon rialú fisiceach) nó gan aon rialú a bheith déanta;
- léireoidh an coinsíneoir údaraithe an cód ‘A3’ (Nós imeachta simplithe) i gcásanna ina scaoilfear na hearraí le haghaidh idirthurais;
- ní mór don oifig custaim imeachta agus don choinsíneoir údaraithe araon a áirithiú go ndéanfar na formhuinithe i mBosca D(/J) a fhíordheimhniú le síniú an oifigigh custaim/an choinsíneora údaraithe agus go mbeidh inphrionta soiléir den stampa agus den dáta iontu;
- déanfaidh an oifig custaim imeachta agus an coinsíneoir údaraithe araon stampa an leanúnachais ghnó a iontráil (toisí: 26 x 59 mm) ar na cóipeanna den dearbhú maidir le hidirthuras i mBosca A de DRA nó DTI.

Tá ‘stampa an leanúnachais ghnó’ i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn V.1.8.1.

**TRÁDÁIL – Nóta tábhachtach**

Ní mór don lucht trádála an lucht custaim a chur ar an eolas gur cuireadh dearbhú faoi bhráid NCTS ach gur tionscnaíodh nós imeachta leanúnachais gnó sular scaoileadh na hearraí.

**CUSTAIM – Nóta tábhachtach**

Ní mór don oifig custaim imeachta aon dearbhú a neamhbhailiú ar dearbhú é a iontráladh in NCTS ach nár próiseáladh thairis sin i ngeall ar chliseadh sealadach ar an gcóras.

*Airteagal 40, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 303 IA*

Coinníonn an oifig custaim imeachta cóip 1 de DRA nó an chéad chóip de DTI. Maidir leis na hearraí a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais, iompraítear iad chuig an oifig custaim cinn scríbe ar bhonn chóipeanna 4 agus 5 de DRA nó an dara cóip de DTI.

### V.4.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)

Sna cásanna áirithe maidir le líon ollmhór de mhíreanna earraí difriúla i gcainníochtaí beaga (e.g. soláthairtí loinge, earraí tí in aistrithe idirnáisiúnta) a coinsíníodh le haghaidh an choinsíneora deiridh chéanna, agus nach mór iad a chur faoi idirthuras an Aontais/comhchoiteann, moltar gur cheart gur leordhóthanach tuairisc chineálach ar earraí chun na costais bhreise a sheachaint, ar costais iad is gá chun na sonraí a iontráil i ndearbhú idirthurais. Bheadh socrú den sórt sin faoi réir an choinníll bhreise lena gceanglaítear nach mór tuairisc iomlán mhionsonraithe ar na hearraí a bheith ar fáil chun críoch custaim agus nach mór an tuairisc sin a

bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht.

In aon chás, ní mór a fhíorú ar dtús gur fíor nach mór na hearraí uile a chur faoi idirthuras an Aontais/comhchoiteann.

### V.4.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)

### V.4.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### V.4.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin

### V.4.8 Iarscríbhinní

### V.4.8.1 ‘Tarscaoileadh’ maidir le formhuiniú

| | |
|---|---|
| BG | Освободено |
| CS | Osvobození |
| DA | Fritaget |
| DE | Befreiung |
| EE | Loobumine |
| EL | Απαλλαγή |
| ES | Dispensa |
| FR | Dispense |
| HR | Oslobodeno |
| IT | Dispensa |
| LV | Atbrīvojums |
| LT | Leista neplombuoti |
| HU | Mentesség |
| MK | Изземање |
| MT | Tneħħija |
| NL | Vrijstelling |
| PL | Zwolnienie |
| PT | Dispensa |
| RO | Dispensă |
| RS | Ослобођено |
| SI | Opustitev |
| SK | Oslobodenie |
| FI | Vapautettu |
| SV | Befrielse |
| EN | Waiver |
| IS | Undanþegið |
| NO | Fritak |
| TR | Vazgeçme |

### V.4.8.2 An formhuiniú ‘sásúil’

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

## CAIBIDIL 5 – FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS TEAGMHAIS AGUS EARRAÍ Á nGLUAISEACHT FAOI OIBRÍOCHT IDIRTHURAIS CHOMHCHOITEANN/AN AONTAIS

### V.5.1 Réamhrá

Leis an gcaibidil seo, tugtar tuairisc ar na foirmiúlachtaí agus ar na teagmhais agus earraí á ngluaiseacht faoi bhealach faoin nós imeachta leanúnachais gnó.

I Mír V.5.2 tugtar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht.

I Mír V.5.3 tugtar tuairisc ar na foirmiúlachtaí i gcás teagmhas agus earraí á ngluaiseacht agus ag an oifig custaim idirthurais.

Baineann Mír V.5.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí maidir leis na rialacha ginearálta i Mír V.5.5.

Forchoimeádtar Mír V.5.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír V.5.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 5 i Mír V.5.8.

### V.5.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagail 43 agus 44, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn B6 Teideal II, pointe II, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 304 agus 305 IA;
- Foscríbhinn C1 agus F1, Iarscríbhinn 9, TDA.

### V.5.3 Foirmiúlachtaí i gcás teagmhas agus ag an oifig custaim idirthurais

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- na foirmiúlachtaí atá le leanúint i gcás teagmhas a tharlaíonn agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais (Mír V.5.3.1);

- na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais (Mír V.5.3.2).

### V.5.3.1 Foirmiúlachtaí i gcás teagmhas agus earraí á ngluaiseacht

Is iad seo a leanas na samplaí is minice a tharlaíonn ó thaobh a mhéid a d'fheadfaí a mheas mar theagmhais agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais:

- ní féidir cloí leis an gcúrsa taistil mar gheall ar imthosca nach bhfuil smacht ag an iompróir orthu;
- bristear na séalaí custaim de thimpiste nó déantar crioscaíl orthu ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iompróir orthu;
- aistriú na n-earraí ó mhodh iompair amháin go modh eile;
- díluchtú láithreach páirteach nó iomlán an mhodha iompair de dheasca garchontúirte;
- timpiste a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas shealbhóir an nós imeachta nó do chumas an iompróra a (h)oibleagáidí a chomhlíonadh;
- athrú déanta ar aon cheann de na heilimintí aonair lena gcomhdhéantar modh iompair aonair (tarraingítear vaigín lastais siar mar shampla).

*Airteagal 44, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 305 IA*

I ngach ceann de na cásanna sin, ní mór don iompróir fógra a thabhairt don oifig custaim inniúil is cóngaraí sa tír a bhfuil an modh iompair suite ina gcríoch. Tar éis an teagmhais, ní mór don iompróir, gan mhoill, na hiontrálacha is gá a dhéanamh i mBosca 56 de DRA nó de DTI agus na hearraí a chur i láthair na hoifige custaim sin, in éineacht le DRA nó le DTI. Cinnfidh údaráis inniúla na hoifige custaim sin an bhféadfar leanúint den oibríocht idirthurais leanúint nó nach bhféadfaidh. Más rud é gur féidir leanúint den oibríocht, formhuineoidh an oifig ábhartha Bosca G ar DRA nó DTI, agus an ghníomhaíocht a rinneadh á sonrú.

Más rud é gur briseadh na séalaí ar bhealach nach raibh smacht ag an iompróir air, déanfaidh an t-údarás inniúil scrúdú ar na hearraí agus ar an bhfeithicil. Más rud é go gcinnfear go gceadófar leanúint den oibríocht idirthurais, ní mór séalaí nua a ghreamú agus DRA nó DTI a fhormhuiniú dá réir sin.

Maidir le haistriú earraí ó aon mhodh iompair amháin chuig modh iompair eile, ní fhéadfar déanamh amhlaidh ach amháin más rud é go dtabharfaidh na húdaráis inniúla ag an áit mar a bhfuil an t-aistriú le déanamh, a gcead siúd le haghaidh an aistrithe agus go ndéanfaidh siad maoirsiú air. Sa chás sin, ní mór don iompróir Bosca 55 'Trasloingsiú' de DRA nó de DTI a líonadh isteach. Féadfar é sin a dhéanamh de láimh, i ndúch agus i mbloclitreacha, ach ní mór é a

dhéanamh go hinléite. I gcás inar iomchuí, formhuineoidh an lucht custaim Bosca F de DRA nó de DTI. I gcás ina mbeidh breis agus dhá thrasloingsiú tarlaithe agus ina mbeidh Bosca F lán dá dhroim sin, ní mór don iompróir an fhaisnéis arna ceangal a iontráil i mBosca 56 de DRA nó de DTI.

Mar sin féin, más rud é go n-aistreofar na hearraí ó mhodh iompair nach mbeidh séalaithe, d'ainneoin na n-iontrálacha arna ndéanamh ag an iompróir, níl aon cheanglas ann na hearraí agus DRA nó DTI a chur i láthair ag an oifig custaim is cóngaraí agus ní dhéanfar aon fhormhuiniú custaim.

I gcás ina ndéanfar athrú ar bhreis agus aon cheann amháin de na heilimintí lena gcomhdhéantar aon mhodh iompair amháin, féadfar gan na hearraí nó an modh iompair a chur i láthair ag an oifig custaim is cóngaraí agus níl gá le formhuiniú na hoifige custaim sin sna cásanna seo a leanas:

- i gcas ina dtarraingeofar siar aon chóiste nó vaigín lastais amháin nó níos mó de thacar de chóistí iarnróid cúplaithe i ngeall ar fhadhbanna teicniúla. Sa chás sin, féadfaidh an t-iompróir, tar éis dó na hiontrálacha is gá a dhéanamh ar DRA nó DTI, leanúint den oibríocht idirthurais;
- i gcás nach ndéanfar athrú ach ar aonad tarracóra d'fheithicil bhóthair gan a leantóirí nó a leathleantóirí le linn an turais (gan na hearraí a bheith á láimhseáil ná á dtrasloingiú). Sa chás sin, déanfaidh an t-iompróir cláruimhir agus náisiúntacht an aonaid tarracóra nua a iontráil i mBosca 56 de DRA nó de DTI, agus féadfar leanúint den oibríocht idirthurais.

Sna cásanna uile thuas, an fhaisnéis a bhaineann leis an teagmhas, lena n-áirítear an fhaisnéis ar shéalaí nua, déanann an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin a léiriú, agus Bosca F de DRA nó de DTI á fhormhuiniú aige.

Maidir le haon scoilteadh a bheith á dhéanamh ar choinsíneacht, ní mór dó sin tarlú faoi rialú na n-údarás custaim agus ní mór deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais. Ní mór dearbhú nua maidir le hidirthuras a líonadh isteach maidir le gach cuid den choinsíneacht.

### V.5.3.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- an oifig custaim idirthurais (Mír V.5.3.2.1);

- na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais (Mír V.5.3.2.2);
- athrú ar an oifig custaim idirthurais (Mír V.5.3.2.3);
- gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí (Mír V.5.3.2.4).

**V.5.3.2.1 An oifig custaim idirthurais**

*Airteagal 3(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 1(13) IA*

Is éard is oifig custaim idirthurais ann oifig custaim atá suite ag pointe iontrála nó imeachta. Tugtar na féidearthachtaí éagsúla le haghaidh idirthuras comhchoiteann agus an Aontais leis an tábla seo a leanas.

| | Idirthuras comhchoiteann | Idirthuras Aontais |
|---|---|---|
| Pointe iontrála | - isteach i bPáirtí Conarthach | - isteach ar chríoch chustaim an Aontais agus na hearraí tar éis críoch tríú tír a thrasnú i gcúrsa oibríochta idirthurais |
| Pointe imeachta | - ó Pháirtí Conarthach agus an choinsíneacht ag imeacht as críoch chustaim an Pháirtí Chonarthaigh sin i gcúrsa oibríochta idirthurais trí theorainn idir an Páirtí Conarthach sin agus tríú tír | - as críoch chustaim an Aontais agus coinsíneacht ag imeacht as an gcríoch sin i gcúrsa oibríochta idirthurais trí theorainn idir Ballstát agus tríú tír seachas tír chomhchoiteann idirthurais |

Chun gluaiseacht earraí de chuid an Aontais a éascú idir codanna difriúla de chríoch chustaim an Aontais i gcásanna nach mór na hearraí a bheith ag trasnú críche tríú tír seachas tír chomhchoiteann idirthurais, ní mór do na Ballstáit, agus imthosca áitiúla a bhfágáil gur féidir déanamh amhlaidh, lánaí speisialta a bhunú a mhéid is féidir taobh lena n-oifigí custaim atá suite ar theorainn sheachtrach an Aontais. Forchoimeádtar na lánaí speisialta sin le haghaidh seiceálacha ar earraí de chuid an Aontais atá ag gluaiseacht faoi chumhdach dearbhaithe custaim arna eisiúint i mBallstát eile.

Rialú na n-earraí den sórt sin, beidh sé teoranta do scrúdú ar chruthúnas stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais agus, más gá, do dheireadh a chur leis an oibríocht iompair, ar choinníoll nach

éigean scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh i ngeall ar imthosca na hoibríochta sin.

I gcásanna nach n-easraíonn aon neamhrialtacht as an rialú thuasluaite, ceadófar na hearraí a thabhairt ar aghaidh chuig a gceann scríbe.

### V.5.3.2.2 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim idirthurais

*Airteagal 43, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 304 IA*

DRA nó DTI, in éineacht leis na hearraí, cuirtear i láthair gach oifige custaim idirthurais iad. Féadfaidh an oifig custaim idirthurais/na hoifigí custaim idirthurais na hearraí a iniúchadh i gcás ina measfar gur gá sin.

Ní mór don iompróir nóta comhairle idirthurais a chur i láthair gach oifige custaim idirthurais, ar nóta é a choimeádann an oifig sin. Seachas an nóta comhairle idirthurais, féadfar fótachóip de chóip 4 de DRA nó fótachóip de chéad chóip de DTI a chur i láthair agus féadfaidh an oifig custaim idirthurais an fhótachóip sin a choinneáil.

*Iarscríbhinn B8, Foscríbhinn III, den Choinbhinsiún*

*Caibidil V, Iarscríbhinn 72-04 IA*

I gcás ina n-iomprófar earraí trí oifig custaim seachas an oifig dhearbhaithe, ní mór don oifig custaim idirthurais iarbhír an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas faoi.

Féadfaidh an oifig custaim idirthurais/na hoifigí custaim idirthurais na hearraí a iniúchadh i gcás ina measfar gur gá sin.

Tá an tsamhail de nóta comhairle idirthurais (TC10) in Iarscríbhinn B8, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Caibidil V, Iarscríbhinn 72-04 IA.

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim idirthurais an méid seo a leanas:

– seiceálann stampa an nós imeachta leanúnachais gnó ar DRA nó DTI;
– seiceálann stampa na hoifige custaim imeachta nó, i gcás nós imeachta simplithe, ar stampa an choinsíneora údaraithe ar DRA nó DTI;
– coinníonn nóta comhairle idirthurais nó an doiciméad coibhéiseach;
– feidhmíonn na gníomhaíochtaí is gá; agus

| | |
|---|---|
| – | stampálann DRA nó DTI le stampa na hoifige custaim. |

**V.5.3.2.3 Gníomhaíocht i gcás neamhrialtachtaí móra**

I gcás ina n-aimseoidh oifig custaim idirthurais neamhrialtachtaí móra a bhaineann leis an oibríocht idirthurais atá i gceist, ní mór di deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus tús a chur leis na himscrúduithe is gá.

**V.5.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)**

**V.5.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**V.5.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**V.5.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**V.5.8 Iarscríbhinní**

# CAIBIDIL 6 – FOIRMIÚLACHTAÍ AG AN OIFIG CUSTAIM CINN SCRÍBE

## V.6.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc i gCaibidil 6 ar na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe.

I Mír V.6.2 tugtar an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht.

Tugtar tuairisc i Mír V.6.3 ar na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe, lena n-áirítear deireadh a chur leis an nós imeachta agus é a rialú.

Baineann Mír V.6.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí maidir leis na rialacha ginearálta i Mír V.6.5.

Forchoimeádtar Mír V.6.6 le haghaidh rialacha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír V.6.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 6 i Mír V.6.8.

## V.6.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Ag deireadh na hoibríochta idirthurais, ní mór na hearraí in éineacht le DRA nó DTI agus an fhaisnéis arna ceangal ag an oifig custaim cinn scríbe a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe. Deireadh á chur leis an ngluaiseacht idirthurais is ea é sin.

Seiceálann an oifig custaim cinn scríbe na hearraí ar bhonn na faisnéise ar DRA nó DTI, déanann torthaí an iniúchta ar DRA nó DTI a thaifeadadh agus seolann an doiciméad ar ais chuig an oifig custaim imeachta.

Más rud é nár tharla aon neamhrialtacht, urscaoileann an oifig custaim imeachta an nós imeachta idirthurais tar éis di toradh an rialaithe ar pháipéar a fháil.

I gcás neamhréireachta, beidh gá le tuilleadh beart.

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagail 8, 45-46, 48 agus 51, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an

gCoinbhinsiún;

- Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 215, Airteagal 233(1), (2) agus (3) CCA;
- Airteagail 306, 308, 310 agus 312 IA;
- Iarscríbhinní 72-03 agus 72-04, IA.

### V.6.3 Na foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- cur i láthair na n-earraí in éineacht leis na doiciméid ag an oifig custaim cinn scríbe (Mír V.6.3.1);
- rialú dheireadh an nós imeachta (Mír V.6.3.2).

Sa mhír seo, glactar leis nár tharla aon neamhréireacht. Leagtar amach na céimeanna atá le déanamh i gcás neamhréireachta i Mír V.6.4.4.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:</u> **ní hionann** deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais ag an oifig custaim cinn scríbe agus **urscaoileadh** an nós imeachta idirthurais. Is í an oifig custaim imeachta a chinnfidh, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn an oifig custaim cinn scríbe, an féidir an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

### V.6.3.1 Cur i láthair na n-earraí in éineacht leis na doiciméid

Tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta idirthurais, agus meastar go gcomhlíonfar oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta agus na hearraí curtha faoin nós imeachta, agus DRA nó DTI agus doiciméid eile arna gceangal, curtha i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, i gcomhréir leis na forálacha lena rialaítear an nós imeachta.

Sa chleachtas, ciallaíonn deireadh an nós imeachta go gcuirtear na hearraí, DRA nó DTI agus doiciméid eile arna gceangal i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe. Ó thaobh an dlí de, ciallaíonn deireadh an nós imeachta go bhfuil an cur i láthair sin déanta i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla lena rialaítear an cineál nós imeachta a

úsáidtear, i.e. nós imeachta caighdeánach nó simplithe[30]. Is sealbhóir an nós imeachta atá freagrach as an dá ghníomhaíocht agus tá siad mar phríomhoibleagáid aige/aici.

Agus deireadh tagtha leis an nós imeachta, tagann deireadh leis na hoibleagáidí dá thoradh sin atá ar shealbhóir an nós imeachta freisin. Cás a bhaineann le hoibleagáidí nó le hoibleagáidí nach n-urramaítear i ndiaidh an dáta sin, baineann sé le cinn scríbe agus le rialacha custaim eile seachas leo siúd a bhaineann le hidirthuras. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nárbh fhéidir freagracht shealbhóir an nós imeachta (freagracht airgeadais nó eile) a cheistiú tar éis dheireadh an nós imeachta, ach a mhéid agus a bhaineann an fhreagracht sin leis an oibríocht idirthurais roimhe, agus a mhéid sin amháin.

Chomh maith le sealbhóir an nós imeachta, tá oibleagáidí ar dhaoine eile faoin nós imeachta idirthurais freisin. An t-iompróir agus aon duine a fhaigheann na hearraí arb eol dó gur cuireadh faoin nós imeachta idirthurais iad, is iad a bheidh freagrach freisin as na hearraí a chur i láthair slán ag oifig custaim cinn scríbe laistigh den teorainn ama forordaithe agus i gcomhréir leis na bearta arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim chun a sainaithint na n-earraí a áirithiú.

Ní mór na hearraí, in éineacht le DRA nó DTI agus na doiciméid arna gceangal, a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe le linn laethanta agus uaireanta oscailte na hoifige cinn scríbe. Le haghaidh simplithe, féach Cuid VI.

Ní mór don chur i láthair tarlú laistigh den teorainn ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta. Taispeántar an teorainn ama i mBosca D de DRA nó de DTI.

An teorainn ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta, bíonn sí ceangailteach ar údaráis inniúla na dtíortha a n-iontrálann na hearraí ina gcríoch le linn oibríocht idirthurais. Ní mór do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an oifig custaim cinn scríbe, gan an teorainn ama a athrú. Féach Cuid IV.2.3.7 chun tuilleadh sonraí a fháil.

30 I dteannta an tsainmhínithe ghinearálta ar dheireadh an nós imeachta, tá sraith d'fhorálacha sonracha ann lena leagtar amach na coinníollacha speisialta a dtagann an nós imeachta chun críche fúthu nó ar meastar go bhfuil sé tagtha chun críche fúthu laistigh de nósanna imeachta amhail na nósanna imeachta sin a bhaineann leis an gcoinsíní údaraithe, idirthuras a iompraítear d'aer, ar muir agus le suiteáil seasta iompair (féach Cuid VI).

### V.6.3.2 Deireadh an nós imeachta a rialú

*Iarscríbhinn II (13) agus (15), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 188 CCA*

*Iarscríbhinn 72-04(13) agus (15), IA*

Tar éis chur i láthair na n-earraí, DRA nó DTI agus na ndoiciméad eile arna gceangal, feidhmíonn an oifig custaim cinn scríbe na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- cóipeanna den dearbhú maidir le hidirthuras a chlárú agus dáta a dteachta a thaifeadadh;
- seiceáil ar stampa an nós imeachta leanúnachais gnó ar DRA nó DTI;
- seiceáil ar stampa na hoifige custaim imeachta nó, i gcás nós imeachta simplithe, ar stampa an choinsíneora údaraithe ar DRA nó DTI;
- an fíorú a fheidhmiú, más gá;
- DRA nó DTI a stampáil le stampa na hoifige custaim.

Cinneann an oifig custaim cinn scríbe cé acu a dhéanfar scrúdú ar na hearraí nó nach ndéanfar. Déantar scrúdú ar na hearraí agus an fhaisnéis á húsáid ar faisnéis í atá ar DRA nó DTI a chuirtear i láthair na hoifige custaim cinn scríbe.

Coinníonn an oifig custaim cinn scríbe cóip 4 de DRA nó an chéad chóip de DTI.

Iontrálann an oifig custaim cinn scríbe cód iomchuí an toraidh ar an rialú i mBosca I ar DRA nó DTI sula seolann an oifig cóip 5 de DRA nó an dara cóip de DTI chuig an oifig custaim imeachta.

1. Tá an cód ‘A1’ (Sásúil) le léiriú i gcás ina ndearna an oifig custaim cinn scríbe rialú fisiceach ar na hearraí (iomlán nó páirteach) agus gan aon neamhréireacht braite. Chomh maith le rialú fisiceach na n-earraí, ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a sheiceáil:

   - cláruimhir an mhodha iompair an tráth imeachta agus ag an gceann scríbe trí iontrálacha i ndearbhú a chur i gcomparáid leis na hiontrálacha sin atá ar fáil ag an gceann scríbe;
   - bail aon séala atá greamaithe.

2. Tá Cód ‘A2’ (Measta a bheith sásúil) le léiriú sna cásanna seo a leanas:

   - i gcás ina ndearna an oifig custaim cinn scríbe rialú doiciméadach amháin gan aon rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí agus gan aon neamhréireacht braite nó i gcás nach ndearna an oifig aon rialú;
   - i gcás inar seachadadh na hearraí chuig coinsíní údaraithe

agus ina gcinnfidh an oifig custaim cinn scríbe gan aon rialú a dhéanamh ar na hearraí agus/nó ar na doiciméid, agus nach dtaispeánfar aon neamhréireacht ar fhaisnéis a arna fáil ón gcoinsíní údaraithe.

An tseiceáil ar an mbail atá ar na séalaí atá greamaithe, gan aon rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí, déantar í sin a thaifeadadh mar chód ‘A2’ freisin, ar choinníoll go mbeidh na séalaí slán.

3. Tá Cód ‘A5’ (Neamhréireachtaí) le léiriú sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar braitheadh mion-neamhréireachtaí, ach nár eascair fiach astu;

samplaí:

- séalaí in easnamh, séalaí briste nó damáiste déanta do shéalaí;
- earraí arna seachadadh tar éis dhul in éag na teorann ama;
- aitheantas mícheart/náisiúntacht mhícheart an mhodha iompair;
- mainneachtain na hiontrálacha is gá a dhéanamh i gcás teagmhas agus earraí á ngluaiseacht;
- neamhrialtacht sa mheáchan gan chrioscaíl infheicthe ar na hearraí (meáchan beag nó difríochtaí tríd an meáchan a shlánú);

(b) i gcás inar ceanglaíodh fíneáil riaracháin faoi na rialacháin náisiúnta i gcásanna mion-neamhréireachtaí;

i gcás inar aimsíodh barrachas earraí (den chineál céanna nó de chineál eile) mar earraí nár dearbhaíodh agus nach féidir stádas Aontais na n-earraí sin/stádas na n-earraí sin mar earraí de chuid an Pháirtí Chonarthaigh a chinneadh.

Maidir leis na hearraí a dearbhaíodh i ndearbhú maidir le hidirthuras, toisc gur earraí iad a seachadadh chuig an oifig custaim cinn scríbe, ní choisctear ar an oifig custaim imeachta an nós imeachta a urscaoileadh ós rud é gur lorgadh barrachas earraí. Féadfar na hearraí a dearbhaíodh le haghaidh idirthurais ar dtús a scaoileadh ansin. I gcás an bharrachais earraí, soiléiríonn an oifig custaim cinn scríbe an scéal.

4. Ciallaíonn Cód ‘B1’ (Gan a bheith sásúil) go bhfuil neamhréireachtaí móra ann lena bhfágtar nach gceadaítear an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh. Bíonn dliteanas shealbhóir an nós imeachta agus an ráthóra fós i bhfeidhm go dtí go réiteofar an

cás. Dá bhrí sin, ní mór gan cód B1 a úsáid ach amháin i gcásanna ina mbeidh údar iomchuí tugtha ina leith, i gcás ina mbeidh earraí ar iarraidh (go hiomlán nó go páirteach) nó i gcásanna comhchosúla amhail earraí a bheith curtha i láthair ag ceann scríbe ar earraí iad atá difriúil ar bhealach suntasach leis an tuairisc orthu sa dearbhú (maidir le cineál agus le cainníocht na n-earraí).

*Airteagal 112 agus Airteagal 114(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79, Airteagail 87(1 agus (4)) agus Airteagal 124 (1)(g) agus (h) CCA*

*Airteagal 103I DA*

I gcás ina mbeidh amhras ar an oifig custaim cinn scríbe maidir le neamhréireacht i gcainníocht na n-earraí nó le hearraí difriúla a bheith curtha i láthair seachas na hearraí a dearbhaíodh, go mb'fhéidir gur earráid nó faillí ag an áit imeachta ba chúis leis an neamhréireacht sin, ba cheart don oifig dul i dteagmháil leis an oifig custaim imeachta láithreach (le ríomhphost nó ar an teileafón, nó tríd an gcomhordaitheoir náisiúnta idirthurais nó tríd an deasc cabhrach náisiúnta) agus sula seolfar cóip 5 de DRA nó an dara cóip de DTI, chun an cás a réiteach. Agus an cás réitithe, iontrálann an oifig custaim cinn scríbe, seachas cód 'B1', an cód 'A1' ar chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI agus seolann chuig an oifig custaim imeachta í.

Mar sin féin, i gcás nach réiteofar an cás nó i gcás nach é conclúid na hoifige custaim cinn scríbe, maidir le neamhréireacht i gcainníocht na n-earraí nó le hearraí difriúla a bheith curtha i láthair seachas na hearraí a dearbhaíodh, go mb'fhéidir gur earráid nó faillí ag an áit imeachta ba chúis leis an neamhréireacht sin, iontrálann an oifig cód 'B1' ar chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI agus seolann chuig an oifig custaim imeachta í.

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe tús a chur lena himscrúdú féin chun an cás a réiteach.

A mhéid a bhaineann le fiach dá dtagraítear i bpointí 3 (barrachas earraí) agus 4, tá dhá rogha ann:

- tabhaítear fiach, i gcomhréir le hAirteagal 79 den Chód/Airteagal 112(1)(b) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (e.g. neamhchomhlíonadh coinníll lena rialaítear cur na n-earraí faoi nósanna imeachta idirthurais an Aontais nó faoi na nósanna imeachta idirthurais comhchoiteanna; baint na n-earraí ón maoirseacht custaim) agus ní mór é a íoc;
- tabhaíodh fiach ach múchadh é, i gcomhréir le hAirteagal 124(1)(g) agus (h) den Chód agus le hAirteagal 103I DA/Airteagal 112(2) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

  Múchtar fiach ar na bealaí seo a leanas:

  ✓ bainfear na hearraí as an nós imeachta idirthurais, nó i

gcás neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha lena rialaítear cur na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais nó lena rialaítear úsáid an nós imeachta idirthurais, go n-eascraíonn sé sin as díothú iomlán nó as caillteanas doleigheasta na n-earraí sin de thoradh chineál iarbhír na n-earraí nó imthosca nach féidir a thuar nó *force majeure*, nó mar thoradh treorach ón údarás custaim;

✓ní raibh aon éifeacht shuntasach ag an mainneachtain as ar eascair tabhú an fhéich ar oibriú ceart an nós imeachta idirthurais agus ní iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti, agus rinneadh dá éis sin na foirmiúlachtaí uile ba ghá chun staid na n-earraí a chur ina ceart.

Sonraítear le hAirteagal 103I DA go bhfuil cás áirithe ar cheann de na cásanna ina dtarlaíonn an mhainneachtain sin, is é sin cás inar athbhunaíodh an mhaoirseacht chustaim dá éis sin le haghaidh earraí nach gcumhdaítear le dearbhú maidir le hidirthuras, ach ar earraí iad a bhí á stóráil go sealadach nó a cuireadh faoi nós imeachta speisialta in éineacht le hearraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sin go foirmiúil[31].

Féach VIII.2.3.2 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Sa dá chás (fiach múchta nó gan a bheith múchta), leanann an oifig custaim cinn scríbe dá himscrúdú agus leanann Airteagal 87(1) den Chód/Airteagal 114(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun an t-údarás custaim a chinneadh arb é an t-údarás sin ag a bhfuil an inniúlacht chun an fiach a aisghabháil nó b'fhéidir chun a chinneadh an fiach a mhúchadh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach VIII.2.1, VIII.2.2, VIII.2.3 agus VIII.3.2.

I gcás ina measfaidh an oifig custaim cinn scríbe go bhfuil an t-údarás inniúil chun an aisghabháil a dhéanamh, iarrann sí ón oifig custaim imeachta go n-aistreofar an inniúlacht tríd an doiciméad '*TC24 – Determination of the authority responsible for recovery*' ['TC24 – An t-údarás atá freagrach as aisghabháil a chinneadh'] a sheoladh. Féach VIII.3.3.4 chun tuilleadh sonraí a fháil.

I gcás inar ísle ná EUR 10 000 an fiach custaim, meastar gur tabhaíodh sa Bhallstát ina ndearnadh an toradh é, agus dá bhrí sin, tá an oifig custaim cinn scríbe inniúil chun an aisghabháil a dhéanamh (Airteagal 87(4) den Chód[32]). Mar sin féin, ní mór don oifig custaim sin an doiciméad 'TC24' a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta

31 Nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

32 Nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

freisin sula gcuirfear tús leis an nós imeachta aisghabhála, cé nach ndéanfar amhlaidh ach le haghaidh faisnéise agus lena aghaidh sin amháin.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí 1-4 thuas, ní mór cóip 5 de DRA nó an dara cóip de DTI a sheoladh ar ais chuig an údarás custaim sa Bhallstát nó chuig an bPáirtí Conarthach imeachta gan mhoill agus laistigh de 8 lá ar a dhéanaí ón dáta a cuireadh deireadh leis an oibríocht idirthurais.

### V.6.4 Cásanna sonracha

Tugtar faisnéis leis an mír seo faoi chásanna sonracha sa nós imeachta idirthurais ag an oifig custaim cinn scríbe. Is iad seo a leanas na cásanna sonracha:

- admháil a eisiúint (Mír V.6.4.1);
- cruthúnas malartach a eisiúint (Mír V.6.4.2);
- na hearraí agus na doiciméid a chur i láthair lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta atá ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe (Mír V.6.4.3);
- neamhrialtachtaí (Mír V.6.4.4);
- an oifig custaim cinn scríbe a athrú (Mír V.6.4.5).

### V.6.4.1 Admháil a eisiúint

Arna iarraidh sin don duine a chuirfidh na hearraí i láthair mar aon le DRA nó DTI ag an oifig custaim cinn scríbe, eiseoidh an oifig sin admháil. Ní féidir an admháil a úsáid, áfach, mar chruthúnas malartach ar dheireadh an nós imeachta.

*Airteagal 46, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*
*Airteagal 306(5) IA*

Tá dhá fheidhm thábhachtacha ag an admháil. Ar dtús, cuirtear sealbhóir an nós imeachta ar an eolas leis an admháil gur sheachaid an t-iompróir na doiciméid idirthurais chuig an oifig custaim cinn scríbe. Ar an dara dul síos, bíonn ról tábhachtach ag an admháil más rud é go dtionscnófar fiosrúchán de thoradh nach bhfuair an oifig custaim imeachta faisnéis faoin gcoinsíneacht atá tagtha. Sna cásanna sin, beidh sealbhóir an nós imeachta in ann an admháil a thabhairt ar aird le aghaidh na hoifige custaim imeachta, agus an oifig custaim mar ar cuireadh na hearraí agus na doiciméid i láthair á léiriú. Ar an gcaoi sin, beidh an nós imeachta fiosrúcháin i bhfad

níos éifeachtúla.

*Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III, den Choinbhinsiún Iarscríbhinn 72-03*

*Iarscríbhinn I, DRA den Choinbhinsiún,*

*Foscríbhinn B1, Iarscríbhinn 9, TDA*

Is féidir an admháil a líonadh isteach agus ceachtar den dá cheann seo a leanas á úsáid:

(i) TC11 samplach in Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 72-03 IA; nó
(ii) ar chúl chóip 5 de DRA sa spás arna sholáthar chun na críche sin.

I gcás ina n-úsáidfear cúl chóip 5 mar admháil, ní mór don oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas a iontráil:

- uimhir thagartha na hoibríochta idirthurais;
- láthair, ainm agus uimhir thagartha na hoifige custaim imeachta;
- an dáta agus an síniú.

An duine a iarrfaidh admháil i bhfoirm TC11, líonann sé an admháil isteach sula dtabharfar ar láimh é d'oifigeach custaim ag an oifig custaim cinn scríbe, lena formhuiniú.

TRÁDÁIL

An duine a iarrfaidh admháil ag an oifig custaim cinn scríbe, líonann sé foirm TC11 isteach i lámhscríbhinn inléite tríd an méid seo a leanas a iontráil:

- láthair, ainm agus uimhir thagartha na hoifige custaim cinn scríbe;
- stádas na n-earraí mar a shonraítear in DRA nó in DTI gaolmhar;
- uimhir thagartha na hoibríochta idirthurais;
- áit, ainm agus uimhir thagartha na hoifige custaim imeachta.

Féadfaidh faisnéis eile a bhaineann leis na hearraí a bheith san admháil chomh maith. Féadfaidh sé go mbeidh sealbhóir an nós imeachta ag iarraidh, mar shampla, an seoladh a thaispeáint ar chuige a sheolfaidh iompróir na n-earraí an admháil tar éis do chustaim iad a fhormhuiniú. Ní éilítear ar an oifig custaim cinn scríbe an admháil a sheoladh ar ais sa phost; is féidir é sin a dhéanamh más gá áfach. Go hiondúil, iarrfaidh sealbhóir an nós imeachta go seolfaidh an t-iompróir an admháil ar ais chuige/chuici.

Féadfar an seoladh fillte a iontráil ar chúl na hadmhála.

CUSTAIM

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas a dhéanamh i gcás ina

n-iarrfar admháil:

- seiceáil cé acu a úsáidtear an fhoirm cheart nó nach n-úsáidtear i.e. TC11;
- seiceáil go bhfuil sí inléite;
- seiceáil gur líonadh isteach i gceart í;
- seiceáil cé acu a bhfuil aon imthoisc ann lena bhfágtar nach mór gan admháil a eisiúint;
- má bhíonn cúrsaí in ord, an admháil a eisiúint don duine a d'iarr í.

### V.6.4.2 Cruthúnas malartach a eisiúint

*Airteagal 51, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 312 IA*

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta a iarraidh go soláthróidh an lucht custaim cruthúnas malartach gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta idirthurais i gceart agus nár braitheadh aon neamhrialtacht. Féadfar sin a dhéanamh agus an dearbhú maidir le hidirthuras agus na hearraí á gcur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta a iarraidh go soláthróidh an lucht custaim cruthúnas malartach dó ar fhótachóip den dara cóip de DTI gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta idirthurais i gceart agus nár braitheadh aon neamhrialtacht. Féadfar é sin a dhéanamh nuair a chuirtear na hearraí agus DTI i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:</u> Le haghaidh faisnéis mhionsonraithe ar ghlacadh an chruthúnais mhalartaigh ag an oifig custaim imeachta féach VII.3.3.1.

TRÁDÁIL

Chun cruthúnas malartach a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 45(4) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Airteagal 308 IA, féadfar fótachóip den dara cóip de DTI agus LoI, i gcás inarb iomchuí, a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe lena formhuiniú.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar an bhfótachóip:

- an focal 'cóip' marcáilte air;
- stampa na hoifige custaim cinn scríbe, síniú an oifigigh, an dáta agus an tagairt seo a leanas: 'Cruthúnas malartach — 99202';
- uimhir thagartha agus mionsonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras.

Tá an formhuiniú 'cruthúnas malartach' i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn IV.8.3.

CUSTAIM

Ní mór don oifig custaim cinn scríbe DTI agus LoI (i gcás inarb iomchuí), ar a mbeidh uimhir thagartha, a fhormhuiniú. Féadfaidh deimhniú a áireamh leis sin ar deimhniú arna chur i bhfeidhm ag córas ríomhaire é ach ní mór é a bheith soiléir don oifig custaim imeachta gur deimhniú bunaidh atá ann.

Formhuineoidh an oifig custaim cinn scríbe an cruthúnas malartach i gcás nach mbeidh aon neamhrialtacht lorgtha. Déantar an stampa, síniú an oifigigh agus an dáta a iontráil ar an doiciméad.

Meastar an duine a chuireann an cruthúnas malartach i láthair in éineacht leis na hearraí agus DTI a bheith mar ionadaí shealbhóir an nós imeachta. Tabharfaidh an oifig custaim cinn scríbe an chóip fhormhuinithe de DTI don duine sin.

### V.6.4.3 Cur i láthair na n-earraí agus na ndoiciméad lasmuigh de na laethanta agus de na huaireanta ata ceaptha ag áit eile seachas an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 45(1), Foscríbhinn I, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ar bhonn ginearálta, ní mór earraí, dearbhú maidir le hidirthuras agus na doiciméid arna gceangal a chur i láthair:

*Airteagal 306(1) IA*

- ag an oifig custaim cinn scríbe; agus
- le linn na laethanta agus uaireanta oscailte atá ceaptha.

Mar sin féin, féadfaidh an oifig custaim cinn scríbe, arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta nó don duine eile ag a bhfuil na hearraí á gcur i láthair, cead a thabhairt go gcuirfear na hearraí agus na doiciméid idirthurais i láthair lasmuigh de na huaireanta oscailte

oifigiúla nó ag aon áit eile.

### V.6.4.4 Neamhrialtachtaí

#### V.6.4.4.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí

Ní fhéadfar ach earraí, ar earraí iad a séalaíodh, a scaoileadh le haghaidh an nós imeachta idirthurais chomhchoitinn/nós imeachta idirthurais an Aontais agus na hearraí sin amháin. Ní mór don oifig custaim cinn scríbe a sheiceáil cé acu a bhfuil na séalaí fós slán nó nach bhfuil. Más rud é go ndearnadh crioscaíl ar na séalaí, ní mór don oifig custaim cinn scríbe an fhaisnéis sin a léiriú ar DRA nó DTI arna seoladh chuig an oifig custaim imeachta.

| CUSTAIM |
|---|
| Seiceálann an oifig custaim cinn scríbe an bhail atá ar na séalaí agus léiríonn na torthaí ar DRA nó ar DTI. Más rud é go mbeidh drochbhail ar na séalaí nó go mbeidh fianaise ann go ndearnadh crioscaíl orthu, moltar go mór go ndéanfaidh custaim scrúdú ar na hearraí agus na torthaí a léiriú ar DRA nó ar DTI. |

#### V.6.4.4.2 Neamhrialtachtaí eile

Léiríonn an oifig custaim cinn scríbe ar DRA nó ar DTI an neamhrialtacht atá lorgtha aici chun an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas agus déanann na bearta iomchuí a dhéanamh.

Ag an oifig custaim cinn scríbe, féadfar difríocht a lorg idir na hearraí arna ndearbhú ar an bpáipéar agus na hearraí arna gcur i láthair le fírinne ag an oifig custaim cinn scríbe. Ní mór gach cás a láimhseáil ina aonair, toisc go bhféadfaidh sé tarlú gur ag an imeacht a tharla an earráid.

Maidir le barrachais agus le ganntanais, ba cheart tagairt a dhéanamh le ceachtar acu don líon pacáistí nó don ollmhais nó don dá cheann.

Ní gá difríochtaí san aicmiú taraife a thaispeáint ach amháin i gcás ina gceanglófar amhlaidh le reachtaíocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais.

I gcás inar gá, ba cheart fógra a thabhairt faoi na difríochtaí sin le litir nó ar fhótachóip den doiciméad ábhartha (T1, T2, T2F, T2L,

T2LF, CIM).

Leis na barrachais agus leis na ganntanais a dtugtar fógra fúthu, ba cheart glanaonad, ollaonad nó aonad cainníochta iomchuí eile a léiriú freisin.

Tá an formhuiniú 'difríochtaí' i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn V.6.8.4.

CUSTAIM

Déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe:

- aon neamhrialtacht a léiriú ar DRA nó DTI.

**V.6.4.5 An oifig custaim cinn scríbe a athrú**

*Airteagal 47(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfaidh deireadh teacht le hoibríocht idirthurais ag oifig eile seachas an oifig arna dearbhú sa dearbhú maidir le hidirthuras. Tagann an oifig sin chun bheith ina hoifig custaim cinn scríbe ansin.

*Airteagal 306(4) IA*

I gcás ina mbeidh athrú ar an oifig custaim cinn scríbe, ní chomhlíontar oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta agus na hearraí á dtabhairt ar aird aige ag an oifig custaim idirthurais dheireanach arbh í sin an oifig custaim cinn scríbe a bhí beartaithe ó thús. Bíonn sealbhóir an nós imeachta freagrach as feidhmiú ceart na hoibríochta chomh fada leis an oifig custaim cinn scríbe nua.

Is féidir trí chás a idirdhealú:

1. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua sa Pháirtí Conarthach/sa Bhallstát céanna leis an gceann a iontráladh sa dearbhú maidir le hidirthuras

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas:

- cláraíonn an dearbhú maidir le hidirthuras;
- seiceálann cé acu a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis ar chóip 4 de DRA nó ar an gcéad chóip de DTI don fhaisnéis ar chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI;
- seiceálann an teorainn ama, staid na séalaí (má bhíonn siad greamaithe) agus an cúrsa taistil (má bhíonn sé forordaithe);
- cinneann an leibhéal seiceála is gá;
- agus toradh dearfach faighte ón tseiceáil, iontrálann i mBosca I de chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI cód 'A1','A2' nó 'A5' tar éis an fhocail 'barúlacha';

- agus toradh dearfach faighte ón tseiceáil, iontrálann i mBosca I de chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI cód 'B1' tar éis an fhocail 'barúlacha';
- seolann cóip 5 de DRA nó an chéad chóip de DTI chuig an tír imeachta trí na gnáthbhealaí.

2. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua i bPáirtí Conarthach/i mBallstát difriúil leis an gceann a iontráladh sa dearbhú maidir le hidirthuras

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas:

- cláraíonn an dearbhú maidir le hidirthuras;
- seiceálann Bosca 52 de DRA nó de DTI chun a áirithiú go bhfuil an ráthaíocht bailí sa tír lena mbaineann;
- seiceálann cé acu a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis ar chóip 4 de DRA nó ar an gcéad chóip de DTI don fhaisnéis ar chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI;
- seiceálann an teorainn ama, staid na séalaí (má bhíonn siad greamaithe) agus an cúrsa taistil (má bhíonn sé forordaithe);
- cinneann an leibhéal seiceála is gá;
- tar éis cód an toraidh an rialaithe a iontráil ('A1', 'A2', 'A5' or 'B1'), iontrálann an ráiteas seo a leanas i mBosca I de chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI, tar éis an fhocail 'barúlacha': 'DIFRÍOCHTAÍ: OIFIG CUSTAIM INAR CUIREADH EARRAÍ I LÁTHAIR..........(AINM AGUS TÍR)';
- seolann cóip 5 de DRA nó an chéad chóip de DTI chuig an tír imeachta trí na gnáthbhealaí.

In Iarscríbhinn V.6.8.9 tá an ráiteas 'difríochtaí: …' i ngach leagan teanga.

3. Tá an oifig custaim cinn scríbe nua i bPáirtí Conarthach/i mBallstát difriúil leis an gceann a iontráladh in DRA nó DTI, ar a bhfuil an ráiteas seo a leanas:

'IMEACHT Ó…. FAOI RÉIR SRIANTA NÓ MUIREAR FAOI RIALACHÁN/THREOIR/CHINNEADH UIMH. ……..'
Tá an ráiteas i ngach leagan teanga in Iarscríbhinn 8.10.

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim cinn scríbe an méid seo a leanas:

- cláraíonn an dearbhú maidir le hidirthuras;
- seiceálann Bosca 52 de DRA nó de DTI chun a áirithiú go bhfuil an ráthaíocht bailí le haghaidh na tíre lena mbaineann;

- seiceálann cé acu a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis ar chóip 4 de DRA nó ar an gcéad chóip de DTI don fhaisnéis ar chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI;
- seiceálann an teorainn ama, staid na séalaí (má bhíonn siad greamaithe) agus an cúrsa taistil (má bhíonn sé forordaithe);
- cinneann an leibhéal seiceála is gá;
- agus toradh dearfach faighte ón tseiceáil, iontrálann an ráiteas seo a leanas i mBosca I de chóip 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI, tar éis an fhocail 'barúlacha': 'DIFRÍOCHTAÍ: OIFIG CUSTAIM INAR CUIREADH EARRAÍ I LÁTHAIR..........(AINM AGUS TÍR)';
- seolann chuig an tír imeachta trí na gnáthbhealaí:
  - fógra maidir leis na hearraí faoi shrian onnmhairiúcháin nó faoi dhleacht onnmhairiúcháin, gur seachadadh na hearraí sin chuig an oifig custaim lena mbaineann;
  - cóip 5 de DRA nó an chéad chóip de DTI;
- coimeádann na hearraí faoi rialú na n-údarás custaim agus déanann cinneadh maidir leis an méid seo a leanas:
  - cead a thabhairt chun iad a asbhaint chuig an bPáirtí Conarthach ag a bhfuil dlínse i dtaca leis an oifig custaim imeachta; nó
  - gan cead a thabhairt chun iad a asbhaint go dtí go bhfaighfear ón oifig custaim imeachta údarú scríofa sonrach lena n-údaraítear iad a scaoileadh.

**V.6.5 Na hearraí agus an dearbhú maidir le hidirthuras a chur i láthair tar éis dhul in éag na teorann ama**

Samplaí is ea iad seo a leanas de chruthúnas ar imthosca gan choinne a bhíonn ina n-údar leis an teorainn ama dul in éag, ach nach mbíonn an locht ina leith inchurtha i leith an iompróra ná shealbhóir an nós imeachta:

- admháil arna heisiúint ag na póilíní (i ngeall ar thimpiste nó goid, cuir i gcás);
- admháil eisithe ag an tseirbhís sláinte (i ngeall ar chúram leighis a bheith á lorg mar shampla);
- fáltas ón tseirbhís deisithe feithicle (i ngeall ar fheithicil a dheisiú, cuir i gcás);
- aon chruthúnas ar mhoill i ngeall ar stailc, nó ar aon imthoisc eile gan choinne.

Mar sin féin, is faoin lucht custaim ag an oifig custaim cinn scríbe a bhíonn sé cinneadh a dhéanamh faoi bhailíocht an chruthúnais.

### V.6.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### V.6.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin

### V.6.8 Iarscríbhinní

### V.6.8.1 Formhuiniú caighdeánach 'sásúil'

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

### V.6.8.2 Abairt 'cruthúnas malartach'

| | |
|---|---|
| BG | Алтернативно доказателство |
| CS | Alternativní důkaz |
| DE | Alternativnachweis |
| EE | Alternatiivsed tõendid |
| EL | Εναλλακτική απόδειξη |
| ES | Prueba alternativa |
| FR | Preuve alternative |
| IT | Prova alternativa |
| LV | Alternatīvs pierādījums |
| LT | Alternatyvusis įrodymas |
| HU | Alternatív igazolás |
| MK | Алтернативен доказ |
| MT | Prova alternattiva |
| NL | Alternatief bewijs |
| PL | Alternatywny dowód |
| PT | Prova alternativa |
| RO | Probă alternativă |
| SI | Alternativno dokazilo |
| SK | Alternatívny dôkaz |
| RS | Алтернативни доказ |
| FI | Vaihtoehtoinen todiste |
| SV | Alternativt bevis |
| EN | Alternative proof |
| IS | Önnur sönnun |
| NO | Alternativt bevis |
| HR | Alternativni dokaz |
| TR | Alternatif Kanıt |

### V.6.8.3 Liosta na n-oifigí lárnacha chun cóip 5 de DRA nó na dara cóipeanna de DTI a sheoladh ar ais

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil:

**EUROPA:**

**https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

### V.6.8.4 Abairt 'difríocht'

**Formhuiniú i gcás ina mbeidh difríochtaí lorgtha ag an oifig cinn scríbe:**

I mBosca I, tar éis an fhocail 'barúlacha':

| | | |
|---|---|---|
| BG: | Разлики: | В повече....<br>Липси....<br>Описание на стоките. ....<br>Тарифна позиция.... |
| CS: | Odlišnosti: | přebytečné množství ....<br>chybějící množství ....<br>název zboží . ....<br>sazební zařazení .... |
| DA: | Uoverensstemmelser: | overtallig : …..<br>manko : …..<br>varebeskrivelse : …..<br>tarifering : ..... |
| DE: | Unstimmigkeiten: | Mehrmenge : …..<br>Fehlmenge : …..<br>Art der Waren : …..<br>Unterposition HS : ..... |
| EE: | Erinevused: | ülejääk : .....<br>puudujääk : .....<br>kauba kirjeldus : .....<br>tariifne klassifitseerimine : ..... |
| EL: | Διαφορές | Πλεόνασμα : .....<br>Ελλειμμα :.....<br>Φύση των εμπορευμάτων :….<br>Δασμολογική κατάταξη : ..... |
| ES: | Diferencias: | sobra : …..<br>falta : …..<br>clase de mercancia : …..<br>clasificación arancelaria : ..... |
| FR: | Différences : | excédent : .....<br>manquant : .....<br>nature des marchandises : .....<br>classement tarifaire : ..... |
| IT: | Differenze: | Eccendenza : ….. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Deficienza : …..<br>Natura della merci : …..<br>Classificazione tariffaria : ..... |
| LV: | Atšķirības: | vairāk : .....<br>Mazāk : .....<br>Preču apraksts : .....<br>Tarifu klasifikācija : ..... |
| LT: | Neatitikimai: | perteklius : .....<br>trūkumas : .....<br>prekių aprašimas : .....<br>tarifinis klasifikavimas : ..... |
| HU: | Eltérések: | többlet ....<br>hiány ....<br>az áruk fajtája....<br>tarifaszáma .... |
| MT: | | |
| MK: Разлики: | | |
| | | вишок: ..................<br>кусок: ...................<br>опис на стока: ............<br>тарифно распоредување: ................ |
| NL: | Verschillen: | teveel : …..<br>tekort : …..<br>soort goederen : …..<br>tariefpostonderverdeling : ..... |
| PL: | Niezgodności: | nadwyżki ….<br>braki ….<br>opis towarów …<br>klasyfikacja taryfowa .... |
| PT: | Diferenças: | para mais : .....<br>para menos : .....<br>natureza das mercadorias: .....<br>onsigneeion pautal : ..... |
| RO: | Diferenţe: | excedent : …..<br>lipsa : …..<br>descrierea mărfurilor:…..<br>încadrare tarifară : ..... |
| SI: | Razlike: | višek : ….. |

| | | |
|---|---|---|
| | | manko : ….. |
| | | opis blaga : ….. |
| | | tarifna oznaka : ..... |
| SK: | Nezrovnalosti: | nadbytočné množstvo .... |
| | | chýbajúce množstvo …. |
| | | druh tovaru .... |
| | | sadzobné zaradenie .... |
| RS: Разлике: | | |
| | | Вишак:……………….. |
| | | Мањак:…………….. |
| | | Опис робе:………………. |
| | | Тарифна ознака:………………… |
| FI: | Eroavuudet: | ylilukuinen tavara : ….. |
| | | puuttuu : ….. |
| | | tavaralaji : ..... |
| | | tariffiointi : ..... |
| SV: | Avvikelser: | övertaligt gods : ….. |
| | | manko : ….. |
| | | varuslag : ….. |
| | | klassificering : ..... |
| EN: | Differences: | excess : ..... |
| | | shortage : ..... |
| | | description of goods : ..... |
| | | tariff classification : ..... |
| IS: | Osamræmi: | Umframmagn: .... |
| | | Vöntun: ..... |
| | | Vörulysing: .... |
| | | Tollflokkun :.... |
| NO: | Uoverensstemmelser: | overtallig: …. |
| | | manko:….. |
| | | varebeskrivelse:…. |
| | | tariffering :.. |
| HR: | Razlike: | višak: .... |
| | | manjak:..... |
| | | opis robe:.... |
| | | * razvrstavanje u tarifu |
| TR: | Farklılıklar: | fazlalık:………. |
| | | Eksiklik:………. |
| | | Eşya tanımı:…… |
| | | *tarife sınıflandırması |

### V.6.8.5 Abairt 'neamhréireacht'

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

### V.6.8.6 Abairt 'fiosrúcháin á ndéanamh'

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

### V.6.8.7 Abairt 'muirir a bailíodh'

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

### V.6.8.8 Abairt ‘difríochtaí’: oifig inar cuireadh earraí i láthair….. (ainm agus tír)’

| | |
|---|---|
| BG | Различия: митническо учреждение, където стоките са представени ( (наименование и страна) |
| CS | Nesrovnalosti: úřad, kterému bylo zboží předloženo…… (název a země) |
| DA | Forskelle: det sted, hvor varerne blev frembudt …… (navn og land) |
| DE | Unstimmigkeiten: Stelle, bei der die Gestellung erfolgte …… (Name und Land) |
| EE | Erinevused: asutus, kuhu kaup esitati …………..(nimi ja riik) |
| EL | Διαφορές: εμπορεύματα προσκομισθέντα στο τελωνείο……(΄Ονομα και χώρα) |
| ES | Diferencias: mercancías presentadas en la oficina …… (nombre y país) |
| FR | Différences : marchandises présentées au bureau …… (nom et pays) |
| IT | Differenze: ufficio al quale sono state presentate le merci …… (nome e paese) |
| LV | Atšķirības: muitas iestāde, kurā preces tika uzrādītas (nosaukums un valsts) |
| LT | Skirtumai: įstaiga, kuriai pateiktos prekės (pavadinimas ir valstybė) |
| HU | Eltérések: hivatal, ahol az áruk bemutatása megtörtént …… (név és ország) |
| MK | Разлики: испостава каде стоките се ставени на увид (назив и земја) |
| MT | Differenzi: uffiċċju fejn l-oġġetti kienu ppreżentati (isem u pajjiż) |
| NL | Verschillen: kantoor waar de goederen zijn aangebracht …… (naam en land) |
| PL | Niezgodności: urząd w którym przedstawiono towar(nazwa i kraj) |
| PT | Diferenças: mercadorias apresentadas na estãncia …… (nome e país) |
| RO | Diferențe: mărfuri prezentate la biroul vamal (numebiroul unde au fost prezentate mărfurile (denumire şi țara) |
| SI | Razlike: urad, pri katerem je bilo blago predloženo … (naziv in država) |
| SK | Nezrovnalosti: úrad, ktorému bol tovar dodaný …… (názov a krajina) |
| FI | Muutos: toimipaikka, jossa tavarat esitetty …… (nimi ja maa) |
| RS | Разлике: царинарница којој је роба предата (назив и земља) |
| SV | Avvikelse: tullkontor där varorna anmäldes …… (namn och land) |
| EN | Differences: office where goods were presented …… (name and country) |
| IS | Breying: tollstjóraskrifstofa þar sem vörum var framvísað …… (nafn og land) |
| NO | Forskjell: det tollsted hvor varene ble fremlagt …… (navn og land) |
| HR | Razlike: carinski ured kojem je roba podnesena…(naziv i zemlja) |
| TR | Farklılıklar: Eşyanın sunulduğu idare… (adı/ülkesi) |

**V.6.8.9 Abairt 'imeacht ó …. Faoi réir srianta nó muirear faoi rialachán/threoir/chinneadh uimh. ……'**

BG Напускането на …. Подлежи на ограничения или такси съгласно Регламент/Директива/Решение № …

CS Výstup ze …………… podléhá omezením nebo dávkám podle nařízení/směrnice/rozhodnutí č …

DA Udpassage fra …………….. undergivet restriktioner eller afgifter i henhold til forordning/direktiv/afgørelse nr. …

DE Ausgang aus ……………..- gemäß Verordnung/Richtlinie/Beschluss Nr. … Beschränkungen oder Abgaben unterworfen.

EE Väljumine … on aluseks piirangutele ja maksudele vastavalt määrusele/direktiivile/otsusele nr….

EL Η έξοδος από ……………. Υποβάλλεται σε περιοριορισμούς ή σε επιβαρύνσεις από τον Κανονισμό/την Οδηγία/την Απόφαση αριθ. …

ES Salida de…………….. sometida a restricciones o imposiciones en virtud del (de la) Reglamento/Directiva/Decisión no …

FR Sortie de ……………….. soumise à des restrictions ou à des impositions par le règlement ou la directive/décision no ...

IT Uscita dalla ………………… soggetta a restrizioni o ad imposizioni a norma del(la) regolamento/direttiva/decisione n. …

LV Izvešana no ……………, piemērojot ierobežojumus vai maksājumus saskaņā ar Regulu/Direktīvu/Lēmumu No…,

LT Išvežimui iš …………… taikomi apribojimai arba mokesčiai, nustatyti Reglamentu/Direktyva/Sprendimu Nr.…,

HU A kilépés…....... területéről a ……..... rendelet/irányelv/határozat szerinti korlátozás vagy teher megfizetésének kötelezettsége alá esik

MK Излезот од ……… предмет на ограничувања или давачки согласно Уредба/Директива/Решение Бр. …

MT Ħruġ mill-suġġett għall-restrizzjonijiet jew ħlasijiet taħt Regola/Direttiva/Deċiżjoni Nru…

NL Bij uitgang uit de ……………… zijn de beperkingen of heffingen van Verordening/Richtlijn/Besluit nr. … van toepassing.

PL Wyprowadzenie z…………….. podlega ograniczeniom lub opłatom zgodnie z rozporządzeniem/dyrektywą/decyzją nr …

PT Saída da ……………….. sujeita a restrições ou a imposições pelo(a) Regulamento/Directiva/Decisão n.º ...

RO Ieșire din … supusă restricțiilor sau impozitelor prin Regulamentul/Directiva/Decizia Nr …

SI Iznos iz ……………….. zavezan omejitvam ali obveznim dajatvam na podlagi uredbe/direktive/odločbe št …

SK Výstup z………………. podlieha obmedzeniam alebo platbám podľa nariadenia/smernice/rozhodnutia č ….

RS Излаз из…………….. подлеже ограничењима или трошковима на основу Уредбе/Директиве/ Одлуке бр.………….

FI …………….. vientiin sovelletaan asetuksen/direktiivin/päätöksen N:o … mukaisia rajoituksia tai maksuja

SV Utförsel från ………………… underkastad restriktioner eller avgifter i enlighet med förordning/direktiv/beslut nr …

EN Exit from ………………… subject to restrictions or charges under Regulation/Directive/Decision No ...

IS Útflutningur frá …………………háð takmörkunum eða gjöldum samkvæmt reglugerð/fyrirmælum/ákvörðun nr. …….

NO Utførsel fra …………. Underlagt restriksjoner eller avgifter i henhold til forordning/direktiv/vedtak nr. …

HR Izlaz iz … podliježe ograničenjima ili pristojbama na temelju Uredbe/Direktive/Odluke br…

TR Eşyanın ………’dan çıkışı ….. No.lu Tüzük/ Direktif / Karar kapsamında kısıtlamalara veya mali yükümlülüklere tabidir

## CUID VI – SIMPLITHE

### VI.1 Réamhrá

Baineann Cuid VI le simplithe idirthurais.

I Mír VI.2 leagtar amach an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht a bhaineann le simplithe idirthurais.

Le Mír VI.3 tugtar tuairisc ar gach simpliú idirthurais.

Baineann Mír VI.4 le cásanna sonracha.

Cumhdaítear eisceachtaí i Mír V.5.

Forchoimeádtar Mír VI.6 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír VI.7 d'úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní le fáil i Mír VI.8.

### VI.2 Teoiric ghinearálta agus reachtaíocht

Tá na foinsí dlíthiúla le fáil in:

- Airteagail 55-111b, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 233(4) CCA;
- Airteagail 191-200 DA;
- Airteagail 313-320 IA;
- Airteagail 25-26 TDA.

I gcoitinne, bíonn simplithe idirthurais ina dhá chatagóir leathana:

1. simplithe atá bunaithe ar thrádálaithe;

2. simplithe atá bunaithe ar an modh iompair.

Is é is aidhm do shimplithe idirthurais, a bhfuil gach ceann díobh spleách ar iontaofacht an oibreora eacnamaíoch agus faoi réir a údaraithe, teacht ar chothromaíocht idir rialú na n-údarás custaim agus éascú na trádála. Leagtar na simplithe idirthurais éagsúla amach i Mír VI.3.

Tugtar tuairisc sa mhír seo ar an nós imeachta is gá chun údarú a

fháil le haghaidh simpliú idirthurais. Leagtar amach leis an mír:

- na coinníollacha ginearálta a bhíonn le comhlíonadh ag oibreoir eacnamaíoch chun údarú a fháil chun simpliú a úsáid (Mír VI.2.1);
- an nós imeachta chun údarú a fháil (Mír VI.2.2);
- faireachán ar údarú (Mír VI.2.3);
- an nós imeachta chun údarú a neamhniú, a chúlghairm agus a leasú (Mír VI.2.4);
- an nós imeachta chun údarú a chur ar fionraí (Mír VI.2.5);
- athmheasúnú ar údarú (Mír VI.2.6).

### VI.2.1 Cineálacha agus coinníollacha simplithe idirthurais

*Airteagal 6 den Choinbhinsiún*

*Airteagal 55, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 89(5) agus Airteagal 233(4) CCA*

*Airteagal 24(1) agus (b) agus Airteagal 25-28 TDA*

I gcás ina gcuirfear iarratas ar shimpliú isteach, féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt le haghaidh aon cheann de na simplithe seo a leanas maidir leis na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais nó maidir le deireadh a chur leis an nós imeachta sin:

(a) ráthaíocht chuimsitheach a úsáid agus ráthaíocht chuimsitheach ag a bhfuil méid laghdaithe (lena n-áirítear tarscaoileadh ráthaíochta);

séalaí de chineál speisialta a úsáid, i gcás go gceanglaítear séalú chun sainaithint na n-earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a áirithiú;

(c) stádas coinsíneora údaraithe, lena gceadaítear do shealbhóir an údaraithe earraí a chur faoin nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais gan iad a chur i láthair don lucht custaim;

(d) stádas coinsíneora údaraithe, lena gceadaítear do shealbhóir an údaraithe earraí a fháil ar earraí iad a gluaiseadh faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais ag áit údaraithe chun deireadh a chur leis an nós imeachta;

(e) nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer (is infheidhme go dtí dáta an uasghrádaithe ar chóras NCTS agus chomh fada leis an dáta sin amháin);

(f) nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir (is infheidhme go dtí dáta an uasghrádaithe ar chóras NCTS agus chomh fada leis an dáta sin amháin);

(g) doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú

custaim chun earraí arna n-iompar d'aer a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais agus earraí arna n-iompar ar muir a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais;
(h) nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród (is infheidhme go dtí go ndéanfar an t-uasghrádú ar chóras NCTS agus chomh fada leis an dáta sin amháin);
(i) nós imeachta simplithe idirthurais eile a úsáid bunaithe ar Airteagal 6 den Choinbhinsiún;
1. Maidir le simpliú a bhaineann le húsáid ráthaíochta cuimsithí ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim Pháirtí Chonarthaigh;
- níl aon sárú tromchúiseach ná athshárú déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht custaim ná ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige/aici ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena g(h)níomhaíocht eacnamaíoch;
- úsáideann an t-iarratasóir nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais go tráthrialta nó tá na caighdeáin choincréiteacha inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla aige/aici a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar.

*Airteagail 57 agus 75, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 95(1) CCA*

*Airteagal 84 DA*

Féadfar méid tagartha na ráthaíochta cuimsithí a laghdú go dtí 50 %, 30 % nó 0 % (tarscaoileadh), ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir bhreise:

- 50 % den mhéid tagartha:
  - coinníonn an t-iarratasóir córas cuntasaíochta ar bun, atá ag teacht leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta agus a chuirtear i bhfeidhm sa Pháirtí Conarthach ina gcoinnítear na cuntais, lena n-éascaítear rialú custaim atá bunaithe ar iniúchadh agus lena gcoinnítear taifead stairiúil sonraí lena soláthraítear rian iniúchta ón uair a iontráiltear na sonraí sa chomhad;
  - tá ar an iarratasóir eagrú riaracháin a chomhfhreagraíonn do chineál agus méid an ghnólachta agus atá oiriúnach don sreabhadh earraí a bhainistiú agus tá ag an iarratasóir rialuithe inmheánacha atá in ann earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus idirbhearta neamhdhleathacha nó neamhrialta a chosc agus a bhrath;
  - níl an t-iarratasóir faoi réir imeachtaí féimheachta;
  - le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, tá a

(h)oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí féich (custaim) arna mbailiú ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí nó i dtaca leis an allmhairiú nó leis an onnmhairiú sin;

- léiríonn an t-iarratasóir gurb amhlaidh, ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, go bhfuil seasamh airgeadais leordhóthanach aige/aici chun na hoibleagáidí atá air/uirthi a chomhlíonadh agus chun a g(h)ealltanais a chomhlíonadh i bhfianaise chineál agus mhéid na gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear gan aon ghlansócmhainn dhiúltach a bheith aige nó aici, ach amháin i gcás inar féidir iad a chumhdach;

- 30 % den mhéid tagartha:
  - coinníonn an t-iarratasóir córas cuntasaíochta ar bun, atá ag teacht leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta agus a chuirtear i bhfeidhm sa Pháirtí Conarthach ina gcoinnítear na cuntais, lena n-éascaítear rialú custaim atá bunaithe ar iniúchadh agus lena gcoinnítear taifead stairiúil sonraí lena soláthraítear rian iniúchta ón uair a iontráiltear na sonraí sa chomhad;
  - tá ar an iarratasóir eagrú riaracháin a chomhfhreagraíonn do chineál agus méid an ghnólachta agus atá oiriúnach don sreabhadh earraí a bhainistiú agus tá ag an iarratasóir rialuithe inmheánacha atá in ann earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus idirbhearta neamhdhleathacha nó neamhrialta a chosc agus a bhrath;
  - áirithíonn an t-iarratasóir go n-ordaítear d’fhostaithe ábhartha fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim nuair a aimsítear deacrachtaí comhlíonta agus bunaíonn an t-iarratasóir nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi dheacrachtaí den sórt sin;
  - níl an t-iarratasóir faoi réir imeachtaí féimheachta;
  - le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, tá a (h)oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí féich (custaim) arna mbailiú ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí nó i dtaca leis an allmhairiú nó leis an onnmhairiú sin;
  - léiríonn an t-iarratasóir gurb amhlaidh, ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, go bhfuil seasamh airgeadais leordhóthanach aige/aici chun na hoibleagáidí atá air/uirthi a chomhlíonadh agus chun a g(h)ealltanais a

chomhlíonadh i bhfianaise chineál agus mhéid na gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear gan aon ghlansócmhainn dhiúltach a bheith aige nó aici, ach amháin i gcás inar féidir iad a chumhdach;

- 0 % den mhéid tagartha (tarscaoileadh ráthaíochta):
  - coinníonn an t-iarratasóir córas cuntasaíochta ar bun, atá ag teacht leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta agus a chuirtear i bhfeidhm sa Pháirtí Conarthach ina gcoinnítear na cuntais, lena n-éascaítear rialú custaim atá bunaithe ar iniúchadh agus lena gcoinnítear taifead stairiúil sonraí lena soláthraítear rian iniúchta ón uair a iontráiltear na sonraí sa chomhad;
  - tugann an t-iarratasóir rochtain fhisiceach don údarás custaim ar a c(h)órais chuntasaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ar a t(h)aifid tráchtála agus iompair;
  - tá córas loighistice ag an iarratasóir lena sainaithnítear earraí mar earraí i saorchúrsaíocht sa Pháirtí Conarthach nó mar earraí tríú tír agus lena léirítear, i gcás inarb iomchuí, a suíomh;
  - tá ar an iarratasóir eagrú riaracháin a chomhfhreagraíonn do chineál agus méid an ghnólachta agus atá oiriúnach don sreabhadh earraí a bhainistiú agus tá ag an iarratasóir rialuithe inmheánacha atá in ann earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus idirbhearta neamhdhleathacha nó neamhrialta a chosc agus a bhrath;
  - i gcás inarb infheidhme, tá nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm ag an iarratasóir le haghaidh láimhseáil a dhéanamh ar cheadúnais agus údaruithe a deonaíodh i gcomhréir le bearta beartais tráchtála nó a bhaineann leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta;
  - tá nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm ag an iarratasóir le haghaidh a t(h)aifid agus a f(h)aisnéis a chartlannú agus le cosaint a thabhairt ar chaillteanas faisnéise;
  - áirithíonn an t-iarratasóir go n-ordaítear d’fhostaithe ábhartha fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim nuair a aimsítear deacrachtaí comhlíonta agus bunaíonn an t-iarratasóir nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi dheacrachtaí den sórt sin;
  - tá bearta slándála iomchuí i bhfeidhm ag an iarratasóir chun ríomhchóras an iarratasóra a chosaint ar ionradh neamhúdaraithe agus chun doiciméadacht an iarratasóra a dhaingniú;
  - níl an t-iarratasóir faoi réir imeachtaí féimheachta;

- le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, tá a (h)oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí féich (custaim) arna mbailiú ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí nó i dtaca leis an allmhairiú nó leis an onnmhairiú sin;
- léiríonn an t-iarratasóir gurb amhlaidh, ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, go bhfuil seasamh airgeadais leordhóthanach aige/aici chun na hoibleagáidí atá air/uirthi a chomhlíonadh agus chun a g(h)ealltanais a chomhlíonadh i bhfianaise chineál agus mhéid na gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear gan aon ghlansócmhainn dhiúltach a bheith aige nó aici, ach amháin i gcás inar féidir iad a chumhdach;

*Airteagal 57, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 191, 193, 195, 199 agus 200 DA*

*Airteagail 25-28 TDA*

2. Le haghaidh na n-údaruithe seo a leanas a bhaineann le húsáid séalaí de chineál speisialta, stádas an choinsíneora údaraithe agus stádas an choinsíní údaraithe, ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim Pháirtí Chonarthaigh;
- dearbhaíonn an t-iarratasóir go n-úsáidfidh sé/sí socruithe idirthurais comhchoiteanna/an Aontais go tráthrialta;
- níl aon sárú tromchúiseach ná athshárú déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht custaim ná ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige/aici ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena g(h)níomhaíocht eacnamaíoch;
- léiríonn an t-oibreoir ardleibhéal rialaithe ar a (h)oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistíocht a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim;
- tá na caighdeáin choincréiteacha inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla ag an iarratasóir a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar.

3. I gcás údaruithe a bhaineann le nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer:

- cuideachta aerlíne atá san iarratasóir atá bunaithe i gcríoch chustaim Pháirtí Chonarthaigh;
- úsáideann an t-iarratasóir socruithe idirthurais

comhchoiteanna/an Aontais go tráthrialta, nó is eol don údarás custaim inniúil gur féidir leis an iarratasóir na hoibleagáidí faoi na socruithe sin a chomhlíonadh;

- ní dhearna an t-iarratasóir aon chion tromchúiseach ná aon athchion in aghaidh na reachtaíochta custaim nó cánach.

4. I gcás údaruithe a bhaineann le nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir:

- cuideachta loingseoireachta atá san iarratasóir atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;

- úsáideann an t-iarratasóir socruithe idirthurais comhchoiteanna/an Aontais go tráthrialta, nó is eol don údarás custaim inniúil gur féidir leis an iarratasóir na hoibleagáidí faoi na socruithe sin a chomhlíonadh;

- ní dhearna an t-iarratasóir aon chion tromchúiseach ná aon athchion in aghaidh na reachtaíochta custaim nó cánach.

5. I gcás údaruithe a bhaineann le doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais:

- a mhéid a bhaineann le haeriompar (is infheidhme maidir le hidirthuras comhchoiteann/an Aontais):
    - ✓ oibríonn an t-iarratasóir líon mór eitiltí idir aerfoirt an Aontais/tíortha comhchoiteanna idirthurais;
    - ✓ léiríonn an t-iarratasóir an cumas chun a áirithiú go mbeidh sonraí ETD ar fáil don oifig custaim imeachta san aerfort imeachta agus don oifig custaim cinn scríbe san aerfort cinn scríbe agus gurb ionann na sonraí sin ag an oifig custaim imeachta agus ag an oifig custaim cinn scríbe;
    - ✓ tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim Pháirtí Chonarthaigh;
    - ✓ dearbhaíonn an t-iarratasóir go n-úsáidfidh sé/sí socruithe idirthurais comhchoiteanna/an Aontais go tráthrialta;
    - ✓ níl aon sárú tromchúiseach ná athshárú déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht custaim ná ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige/aici ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena g(h)níomhaíocht eacnamaíoch;

- ✓ léiríonn an t-oibreoir ardleibhéal rialaithe ar a (h)oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistíocht a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim;
- ✓ is féidir leis an iarratasóir caighdeáin choincréiteacha inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a léiriú ar caighdeáin nó cáilíochtaí iad a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar.

- a mhéid a bhaineann le muiriompar (rud is infheidhme maidir le hidirthuras an Aontais agus leis sin amháin):
  - ✓ oibríonn an t-iarratasóir líon mór turas idir calafoirt san Aontas Eorpach;
  - ✓ léiríonn an t-iarratasóir an cumas chun a áirithiú go mbeidh sonraí ETD ar fáil don oifig custaim imeachta sa chalafort imeachta agus don oifig custaim cinn scríbe sa chalafort cinn scríbe agus gurb ionann na sonraí sin ag an oifig custaim imeachta agus ag an oifig custaim cinn scríbe;
  - ✓ tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
  - ✓ dearbhaíonn an t-iarratasóir go n-úsáidfidh sé/sí socruithe idirthurais comhchoiteanna/an Aontais go tráthrialta;
  - ✓ níl aon sárú tromchúiseach ná athshárú déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht custaim ná ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige/aici ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena g(h)níomhaíocht eacnamaíoch;
  - ✓ léiríonn an t-oibreoir ardleibhéal rialaithe ar a (h)oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistíocht a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim;
  - ✓ is féidir leis an iarratasóir caighdeáin choincréiteacha inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a léiriú ar caighdeáin nó cáilíochtaí iad a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar.

*Airteagail 111a-111b, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 233(4) údarú CCA*

*Airteagail 191 agus 199-200 DA*

6. I gcás údaruithe a bhaineann leis an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann a úsáid ar nós imeachta sonrach haghaidh earraí arna n-iompar d’iarnród atá ann:

- tá an t-iarratasóir ina ghnóthas iarnróid;

- tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim Pháirtí Chonarthaigh;
- úsáideann an t-iarratasóir nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais go tráthrialta, nó is eol don údarás custaim inniúil gur féidir leis an iarratasóir na hoibleagáidí faoi nós imeachta a chomhlíonadh;
- ní dhearna an t-iarratasóir aon chion tromchúiseach ná aon athchion in aghaidh na reachtaíochta custaim nó cánach.

Ní dheonófar gach údarú ach amháin ar choinníoll go mbeidh an t-údarás custaim den tuairim go mbeidh ar a chumas aige an nós imeachta comhchoiteann/an Aontais a mhaoirsiú agus na rialuithe a dhéanamh gan iarracht riaracháin a bheidh díréireach le riachtanais an duine lena mbaineann.

### VI.2.2 Nós imeachta um údarú

*Airteagal 61 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 22(1) CCA*

*Airteagail 192 agus 194 DA*

Bíonn gach simpliú faoi réir a údaraithe._Ní mór iarratais a chur isteach i bhfoirm leictreonach nó i scríbhinn, agus iad a fhíordheimhniú agus a dhátú[33]. Ní mór don iarratasóir na fíorais uile a sholáthar do na húdaráis inniúla ar fíorais iad is gá chun an t-údarú a dheonú.

Braitheann an áit a ndéantar an t-iarratas a thaisceadh ar an gcineál simplithe. Ar bhonn ginearálta, cuirtear an t-iarratas faoi bhráid na n-údarás custaim atá inniúil le haghaidh na háite ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoimeád nó inrochtana chun críoch custaim, agus ina mbeidh cuid ar a laghad de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, le déanamh. Mar sin féin, bíonn an áit a ndéantar an t-iarratas a thaisceadh difriúil i gcásanna sonracha. I gcás coinsíneoirí údaraithe, cuirtear an t-iarratas faoi bhráid na n-údarás custaim atá inniúil sa tír ina mbeidh oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais ar tí tosú. A mhéid a bhaineann le coinsíneoirí údaraithe, cuirtear an t-iarratas faoi bhráid na n-údarás custaim atá inniúil sa tír ina mbeidh deireadh le cur le hoibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais. I gcás údaruithe a bhaineann le húsáid séalaí de chineál speisialta, is féidir leis an iarratasóir na húdaráis chustaim inniúla a roghnú. Más rud é gur coinsíneoir údaraithe é/í an t-iarratasóir, féadfaidh sé/sí an t-iarratas ar úsáid na séalaí de chineál speisialta a chur faoi bhráid na n-údarás

[33] Laistigh den Aontas, is infheidhme an Córas Bainistíochta Cinnteoireachta Custaim (CDMS) maidir le hiarratais agus le húdaruithe.

custaim atá inniúil chun an t-údarú a eisiúint le haghaidh an choinsíneora údaraithe, nó de réir na rialacha ginearálta thuas.

Na nósanna imeachta chun údaruithe a ghlacadh agus a dhiúltú, ní mór iad a fheidhmiú i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos i reachtaíocht náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha.

TRÁDÁIL

Chun údarú a fháil:

1. Iarratas fíordheimhnithe agus dátaithe a chur isteach i bhfoirm leictreonach nó i scríbhinn, lena sonrófar an simpliú atá á iarraidh.

2. Na sonraí uile is gá a áireamh chun tacú leis an iarraidh, amhail:

– sonraí an iarratasóra;
– an áit bhunaíochta;
– an fhaisnéis uile lena gcumasófar do na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar na coinníollacha;

3. Comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach a choimeádtar taifead ar ghníomhaíochtaí gnó.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: breithneofar iarratasóirí freagrach as cruinneas na faisnéise a thabharfar agus as barántúlacht na ndoiciméad a sholáthrófar.

Sula ndeonófar an t-údarú, ní mór do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar na coinníollacha nó nach gcomhlíontar.

Na príomhchoinníollacha le haghaidh gach simplithe idirthurais, is iad critéir AEO iad a leagtar síos in Airteagal 39(a), (b) agus (d) de Chód Custaim an Aontais (CCA), ach amháin na simplithe seo a leanas:

- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer;
- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir;
- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród.

*Airteagal 64 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 22(4) agus (5) agus Airteagal 39 CCA*

Sna cásanna sin, ní bheidh feidhm ach ag critéir AEO a leagtar síos

*Airteagal 14 DA*

in Airteagal 39(a) CCA.

Chun na critéir sin a fhíorú, moltar go mór an doiciméad '[Authorised Economic Operators Guidelines](#)' [Treoirlínte maidir le hOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe] a úsáid.

Leis an doiciméad, tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an mbealach a dhéanfaidh na húdaráis chustaim inniúla na critéir agus na fochritéir áirithe a fhíorú agus an bealach a dhéanfaidh siad amhlaidh, agus méid agus cineál an iarratasóra á gcur san áireamh (e.g. cuideachtaí ilnáisiúnta agus gnólachta móra, fiontair bheaga agus mheánmhéide, cuideachtaí iompair, mearoibreoirí, coinsíneoirí/coinsínithe).

Le linn fhíorú na gcoinníollacha, is féidir aon fhaisnéis atá ar fáil ó údaráis nó ó ghníomhaireachtaí eile rialtais a mheas freisin.

*Airteagal 62, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

San údarú, ní mór an fhaisnéis uile a bheith ann ar faisnéis í is gá chun go gcuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch an simpliú i bhfeidhm i gceart agus chun go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla a maoirseacht.

Bíonn an t-údarú bailí go hiondúil gan aon teorainn ama air.

*Airteagal 58, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 23(5) CCA*

Téann an t-údarú i bhfeidhm ón dáta a fhaigheann an t-iarratasóir é, nó ón dáta a mheastar go bhfuair sé/sí é, agus is infhorfheidhmithe ag na húdaráis chustaim ón dáta sin é. Ní bhíonn an dáta sin difriúil ach amháin i gcásanna eisceachtúla:

- i gcás ina mbeidh dáta éifeachta difriúil iarrtha ag an iarratasóir;
- i gcás ina mbeidh údarú roimhe eisithe agus teorainn ama air agus inarb é an t-aon ní is aidhm don údarú atá i bhfeidhm faoi láthair síneadh a chur lena bhailíocht (sa chás sin, téann an t-údarú i bhfeidhm ón lá tar éis dhul in éag na tréimhse bailíochta a bhain leis an údarú roimhe);
- i gcás ina mbeidh éifeacht an údaraithe ag brath ar fhoirmiúlachtaí áirithe a bheith curtha i gcrích ag an iarratasóir, arb amhlaidh sa chás sin go mbíonn éifeacht leis an údarú ón lá a fhaigheann an t-iarratasóir an fógra ón údarás custaim inniúil lena sonraítear go bhfuil na foirmiúlachtaí curtha i gcrích go sásúil.

Ní mór do shealbhóir an údaraithe fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi aon toisc a eascraíonn tar éis dheonú an údaraithe ar

toisc í a fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar leanúint den údarú nó ar a inneachar.

Maidir le cinntí lena ndiúltaítear d'iarratais, ní mór na cúiseanna lena ndiúltú a shonrú leo agus ní mór na cinntí sin a chur in iúl don iarratasóir i gcomhréir leis na teorainneacha ama agus leis na forálacha atá i bhfeidhm sa Pháirtí Conarthach ábhartha.

Ní mór do na húdaráis chustaim faireachán a dhéanamh ar na coinníollacha atá le comhlíonadh ag sealbhóir an údaraithe agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an údarú sin.

CUSTAIM

An oifig custaim inniúil:

- soláthraíonn don iarratasóir údarú fíordheimhnithe agus dátaithe (in éineacht le cóip amháin nó níos mó, más rud é gur eisíodh an t-údarú i scríbhinn);
- coinníonn iarratais agus na doiciméid tacaíochta uile;
- coinníonn cóip den údarú.

I roinnt cásanna, diúltófar d'iarratas nó déanfar údarú a neamhniú, a chúlghairm, a leasú nó a chur ar fionraí. Sna cásanna sin, an t-iarratas agus an cinneadh le diúltú dó nó chun an t-údarú a neamhniú, a chúlghairm, a leasú nó a chur ar fionraí, agus gach doiciméad tacaíocht atá i gceangal, ní mór iad a choimeád ar feadh 3 bliana ar a laghad. Cuirtear tús leis an tréimhse sin ó dheireadh na bliana féilire inar diúltaíodh don iarratas nó inar neamhníodh, cúlghaireadh, leasaíodh an t-iarratas nó inar cuireadh ar fionraí é.

TRÁDÁIL

I gcás inar eisíodh an t-údarú, soláthraítear uimhir thagartha an údaraithe ar dhearbhú maidir le hidirthuras cibé cás ina gceanglóidh an oifig custaim imeachta amhlaidh i gcás na simplithe seo a leanas:

- séalaí de chineál speisialta á n-úsáid;
- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer;
- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir;
- doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais.

Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar, mura féidir í a dhíorthú ó eilimintí sonraí eile amhail uimhir EORI shealbhóir an údaraithe nó ón gCóras Bainistíochta Cinnteoireachta Custaim (CDMS).

### VI.2.3 Faireachán ar údarú

*Airteagal 58, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 23(5) CCA*

Ní mór do na húdaráis chustaim inniúla faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus tráthrialta ar gach údarú dá ndéantar a dheonú.

Is é an cuspóir go suífear ag céim luath aon tásc ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an údarú.

I gcás ina mbeidh sealbhóir an údaraithe bunaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 3 bliana, ní mór do na húdaráis chustaim faireachán géar a dhéanamh air/uirthi le linn na chéad bhliana tar éis don údarú a bheith deonaithe.

Maidir leis an bhfaireachán, féadfaidh an t-údarás custaim inniúil plean faireacháin a tharraingt suas lena leagfar amach gníomhaíochtaí faireacháin aonair lena n-áirítear minicíocht agus uainiú na ngníomhaíochtaí (e.g. an chomhlíontacht a sheiceáil de réir critéar agus rialacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí laethúla an oibreora, cuairteanna ar an láthair, bunachair sonraí dhifriúla a fhíorú, tuairiscí arna gcur isteach ag oibreoirí).

Ba cheart an plean faireacháin a bheith bunaithe ar anailís riosca a fheidhmítear ag na céimeanna difriúla (fíorú sula ndeonófar an t-údarú, bainistíocht ar an údarú arna dheonú, etc.), agus an méid seo a leanas á chur san áireamh go háirithe:

- an cineál údaraithe;

- cobhsaíocht an oibreora eacnamaíoch;

- méid an ghnólachta agus an líon suíomhanna;

- an comhar leis an oibreoir eacnamaíoch;

- faisnéis a fhaightear ón oibreoir eacnamaíoch faoi aon neamhréireacht dá aimsíodh nó faoi aon athrú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do choinníollacha an údaraithe;

- cibé acu a bhfuil stádas AEO ag an oibreoir eacnamaíoch.

Moltar go bhfeidhmeofar cuairteanna ar láthair na n-oibreoirí uair sa bhliain ar a laghad.

Ní mór forbairt an phlean faireacháin agus aon chuairt ar áitreabh an oibreora a bheith á gcomhordú ag na húdaráis chustaim (agus aon ghníomhaíocht iniúchóireachta/faireacháin eile a shamhlaítear le haghaidh an oibreora á meas, e.g. iniúchtaí agus faireachán AEO) chun aon dúbláil scrúdaithe a sheachaint.

### VI.2.4 Údarú a neamhniú, a chúlghairm agus a leasú

*Airteagal 65(2) agus (3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 27 agus 28 CCA*

Déanfaidh na húdaráis chustaim údarú a neamhniú más rud é gur deonaíodh é ar bhonn faisnéis a bhí mícheart nó neamhiomlán agus ar bhonn gurbh eol don sealbhóir nó gur cheart gurbh eol dó/di go raibh an fhaisnéis sin mícheart nó neamhiomlán (e.g. líon mícheart d'oibríochtaí idirthurais lena dtugtar údar iomchuí le simpliú a úsáid, suíomh mícheart na n-earraí).

Déanfar an t-údarú a chúlghairm nó a leasú arna iarraidh sin don sealbhóir.

Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh na húdaráis inniúla an t-údarú a chúlghairm nó a leasú más rud é gurb é a gconclúid, ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear nó ar bhonn a gcuntais féin, nach gcomhlíonann údarú na coinníollacha a cheanglaítear a thuilleadh, mar shampla:

- ní chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a thuilleadh, ar coinníollacha iad is gá chun an t-údarú a eisiúint;
- tá tionchar ag toisc eile ar inneachar nó ar leanúint an údaraithe, ar toisc í a eascraíonn tar éis don údarú a bheith deonaithe;
- mainníonn an sealbhóir oibleagáid a chomhlíonadh ar oibleagáid í a fhorchuirtear leis an údarú.

*Airteagal 65(4), (5) agus (6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór do na húdaráis inniúla an sealbhóir a chur ar an eolas faoi neamhniú, cúlghairm nó leasú an údaraithe i gcomhréir leis na teorainneacha ama agus leis na forálacha atá i bhfeidhm sa Pháirtí Conarthach.

*Airteagail 27 agus 28 CCA*

Bíonn éifeacht ag neamhniú údaraithe ón dáta a bhí éifeacht leis an údarú tosaigh.

Bíonn éifeacht le cúlghairm údaraithe nó le leasú ar údarú ón dáta a fhaigheann an t-iarratasóir é, nó ón dáta a mheastar go bhfuair sé/sí é. Mar sin féin, i gcásanna eisceachtúla ina gceanglaítear amhlaidh i ngeall ar leasanna dlisteanacha shealbhóir an údaraithe, féadfaidh na húdaráis chustaim inniúla an dáta a chur siar arb é sin an dáta a bhíonn éifeacht leis an gcúlghairm nó leis an leasú i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá i bhfeidhm sna Páirtithe Conarthacha. Ní mór an dáta a bhíonn éifeacht leis an gcinneadh a léiriú sa chinneadh chun an t-údarú a chúlghairm nó a leasú.

I gcásanna inar bailí an t-údarú i dtíortha eile, ní mór do na húdaráis chustaim inniúla na tíortha sin a chur ar an eolas láithreach faoi neamhniú, cúlghairm nó leasú an údaraithe ar an mbealach a shonraítear le haghaidh gach cineál simplithe.

### VI.2.5 Údarú a chur ar fionraí

*Airteagail 67-69, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ciallaíonn fionraí an údaraithe nach bailí an t-údarú sin a deonaíodh le linn tréimhse shonrach.

Féadfar an t-údarú a chur ar fionraí, seachas é a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú, sna cásanna seo a leanas:

*Airteagail 16-18 DA*

- tá cúiseanna leordhóthanacha ann chun an t-údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú, ach níl na heilimintí uile is gá ag na húdaráis inniúla fós chun cinneadh a dhéanamh faoin neamhniú, cúlghairm nó leasú;
- ní chomhlíonann sealbhóir an údaraithe ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a thuilleadh nó níl sé/sí ag áirithiú go gcomhlíontar a (h)oibleagáid, ach ceadaíonn na húdaráis chustaim dó/di bearta iomchuí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcás sin;
- iarrann sealbhóir an údaraithe an fionraí sin toisc nach bhfuil sé/sí in ann na coinníollacha a chomhlíonadh go sealadach nó chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh ar oibleagáidí iad a forchuireadh faoin údarú sin.

Agus feabhas curtha ag an sealbhóir ar a c(h)ás, tugann sé/sí fógra do na húdaráis chustaim faoin méid seo a leanas:

(i) na bearta a gheallann sé/sí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha nó go gcomhlíontar na hoibleagáidí; agus
(ii) an tréimhse atá ag teastáil uaidh/uaithi chun na bearta sin a dhéanamh.

Bíonn ar na húdaráis chustaim an tréimhse fionraíochta a shainiú. Ar bhonn ginearálta, ba cheart an tréimhse sin a bheith comhfhreagrach don tréimhse a theastaíonn ó na húdaráis sin chun a dhéanamh amach cé acu a chomhlíontar na coinníollacha maidir le neamhniú, cúlghairm nó leasú nó nach gcomhlíontar.

Féadfar síneadh breise a chur leis an tréimhse fionraíochta arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe. Féadfaidh na húdaráis chustaim síneadh breise a chur leis an tréimhse sin más rud é go mbeidh tuilleadh ama ag teastáil uathu chun na bearta atá déanta ag an sealbhóir a fhíorú, ar bearta iad a dhéantar chun na coinníollacha a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí a chomhlíonadh, ach gan an síneadh sin a bheith os cionn 30 lá.

Bíonn gá le síneadh a chur leis an tréimhse fionraíochta freisin i gcás, tar éis na fionraíochta, go mbeartaíonn na húdaráis chustaim an t-údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú. Sa chás sin, cuirtear síneadh leis an tréimhse go dtí go mbeidh éifeacht leis an gcinneadh maidir leis an neamhniú, an chúlghairm nó an leasú.

Tagann deireadh le fionraíocht ar dhul in éag na tréimhse fionraíochta ach amháin i gcás ina dtarlóidh ceann de na cásanna seo a leanas roimh dhul in éag na tréimhse sin:

- tarraingítear an fhionraíocht siar toisc nach ann d'aon fhoras
7 chun an t-údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú, agus sa chás sin, tagann deireadh leis an bhfionraíocht ar dháta na tarraingthe siar;

- tarraingítear an fhionraíocht siar toisc go bhfuil na bearta is gá déanta ag sealbhóir an údaraithe chun na coinníollacha a chomhlíonadh ar coinníollacha iad a leagadh síos le haghaidh an údaraithe nó chun na hoibleagáidí a forchuireadh faoin údarú sin a chomhlíonadh, agus go bhfuil na bearta úd déanta chun sástacht an údaráis chustaim atá inniúil chun an t-údarú a dheonú. Sa chás sin, tagann deireadh leis an bhfionraíocht ar dháta na tarraingthe siar;

- déantar an t-údarú fionraithe a neamhniú, a chúlghairm nó a

leasú, agus sa chás sin, tagann deireadh leis an bhfionraíocht ar dháta an neamhnithe, na cúlghairme nó an leasaithe.

Cuireann na húdaráis chustaim sealbhóir an údaraithe ar an eolas faoi dheireadh na fionraíochta.

I gcásanna inar bailí an t-údarú i dtíortha eile, ní mór do na húdaráis chustaim inniúla na tíortha sin a chur ar an eolas láithreach faoin bhfionraíocht agus faoi dheireadh fhionraíocht an údaraithe ar an mbealach a shonraítear le haghaidh gach cineál simplithe.

### VI.2.6 Athmheasúnú ar údarú

*Airteagal 66, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 15 DA*

Na húdaráis chustaim atá inniúil chun an t-údarú a dheonú, bíonn sé d'oibleagáid orthu athmheasúnú a dhéanamh air ó am go chéile sna cásanna seo a leanas:

- i gcás ina mbeidh athruithe ar an reachtaíocht lena ndéantar difear don údarú;
- i gcás inar gá, de thoradh an fhaireacháin a rinneadh;
- i ngeall ar fhaisnéis a sholáthair sealbhóir an údaraithe nó údaráis eile.

Ag brath ar na cúiseanna leis an athmheasúnú, féadfaidh athscrúdú páirteach nó iomlán ar choinníollacha coincréiteacha eascairt as an athmheasúnú.
Tugtar fógra faoi thoradh an athmheasúnaithe do shealbhóir an údaraithe.
Chun tuilleadh eolais a fháil faoin athmheasúnú ar údaruithe moltar go mór an doiciméad 'Authorised Economic Operators Guidelines' [Treoirlínte maidir le hOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe] a úsáid.

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh le toradh an ath-mheasúnaithe:
- an t-údarú a deonaíodh a choinneáil ar bun gan leasuithe;
- an t-údarú a leasú;
- an t-údarú a chúlghairm;
- an t-údarú a chur ar fionraí.

### VI.3 Tuairisc ar shimplithe

Tugtar tuairisc sa mhír seo ar na simplithe seo a leanas:

- an ráthaíocht chuimsitheach agus tarscaoileadh ráthaíochta (Mír VI.3.1);
- séalaí de chineál speisialta a úsáid (Mír VI.3.2);
- coinsíneoir údaraithe (Mír VI.3.3);
- coinsíní údaraithe (Mír VI.3.4);
- nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród (Mír VI.3.5);
- nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer (Mír VI.3.6);
- nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir (Mír VI.3.7);
- nósanna imeachta simplithe bunaithe ar Airteagal 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Airteagal 97(2) CCC (Mír VI.3.8);
- doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí arna n-iompar d'aer a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais (Mír VI.3.9);
- doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí arna n-iompar ar muir a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais (Mír VI.3.10).

| Bailíocht gheografach na simplithe idirthurais | |
|---|---|
| GACH TÍR: | - ráthaíocht chuimsitheach*<br>- ráthaíocht chuimsitheach laghdaithe*<br>- tarscaoileadh ráthaíochta*<br>- nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród;<br>*seachas tíortha comhchoiteanna idirthurais arna n-eisiamh ag an ráthóir. Ní indéanta bailíocht in Andóra agus/nó Poblacht San Mairíne ach amháin le haghaidh idirthuras Aontais agus lena aghaidh sin amháin. |
| GACH TÍR ar choinníoll go gcuirtear tús leis an oibríocht idirthurais sa tír inar deonaíodh an t-údarú: | - úsáid séalaí de chineál speisialta<br>- coinsíneoir údaraithe |

| | |
|---|---|
| TÍR mar ar deonaíodh an t-údarú: | - coinsíní údaraithe |
| TÍR/TÍORTHA lena mbaineann: | - úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer;<br>- úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir;<br>- doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras;<br>- nós imeachta simplithe idirthurais a úsáid bunaithe ar Airteagal 6 den Choinbhinsiún. |

**VI.3.1 Ráthaíocht chuimsitheach agus tarscaoileadh ráthaíochta**

I gcás ina gceanglófar, ní mór do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a sholáthar chun earraí a chur faoin nós imeachta idirthurais.

*Airteagail 74-80, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ráthaíocht aonair atá sa ráthaíocht idirthurais chaighdeánach lena gcumhdaítear aon ghluaiseacht idirthurais aonair amháin.

*Airteagail 89(5) agus 95 CCA Airteagal 84 DA*

Mar sin féin, is féidir oibreoir eacnamaíoch a údarú, faoi réir na gcoinníollacha shonraítear i Mír 2.1, chun ráthaíocht chuimsitheach nó tarscaoileadh ráthaíochta a úsáid is féidir a úsáid chun roinnt gluaiseachtaí idirthurais a chumhdach. Chun tuilleadh sonraí a fháil ar an ráthaíocht chuimsitheach agus ar an tarscaoileadh ráthaíochta, féach Cuid III.

Ní mór an nós imeachta údarúcháin a bheith i gcomhréir le mír VI.2.2.

Féach VI.2.4 maidir leis an údarú a chúlghairm nó a leasú.

**VI.3.2 Séalaí de chineál speisialta a úsáid**

*Airteagail 81-83, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Féadfaidh na húdaráis inniúla sealbhóirí an nós imeachta a údarú chun séalaí de chineál speisialta a úsáid ar a modh iompair, ar na coimeádáin nó ar na pacáistí.

*Airteagail 317-318 IA*

Ní mór don údarás custaim glacadh freisin, i gcomhthéacs údaraithe, leis na séalaí de chineál speisialta atá formheasta ag údaráis chustaim tíre eile, ach amháin i gcás ina mbeidh faisnéis ag an údarás nach bhfuil an séala áirithe sin oiriúnach chun críoch

custaim.

Ní mór na cineálacha speisialta séalaí saintréithe na séalaí ar a dtugtar tuairisc in IV.2.3.8.4 a chomhlíonadh.

I gcás ina mbeidh na séalaí deimhnithe ag údarás inniúil i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta ISO Uimh. 17712:2013 *'Freight containers – Mechanical Seals'* ['Coimeádáin lasta – Séalaí Meicniúla'] measfar go mbeidh na ceanglais sin comhlíonta leis na séalaí sin.

I gcás iompar a dhéanfar le coimeádáin, ní mór úsáid chomh forleathan agus is féidir a bhaint as séalaí ina bhfuil gnéithe ardslándála.

Ní mór ceann de na tásca seo a leanas a bheith ar shéala de chineál speisialta:

- ainm shealbhóir an údaraithe;
- giorrúchán nó cód comhfhreagrach, ar ar a bhonn sin is féidir le húdarás custaim na na tíre imeachta an duine a shainaithint;

Ní mór an nós imeachta údarúcháin a dhéanamh i gcomhréir le Mír VI.2.2.

Féach VI.2.4 maidir leis an údarú a chúlghairm nó a leasú.

CUSTAIM

Ní mór don údarás custaim an méid seo a leanas a dhéanamh:

- fógra a thabhairt don Choimisiún agus d'údaráis chustaim na bPáirtithe Conarthacha eile faoi shéalaí de chineál speisialta atá in úsáid agus faoi shéalaí de chineál speisialta ar chinn an t-údarás gan iad a fhormheas ar chúiseanna neamhrialtachtaí nó easnamh teicniúil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na séalaí de chineál speisialta atá formheasta aige agus in úsáid, tráth a fhaigheann sé faisnéis gur chinn údarás eile gan séala áirithe de chineál speisialta a fhormheas;
- comhairliúchán frithpháirteach a dhéanamh chun teacht ar mheasúnú comhchoiteann;
- faireachán a dhéanamh ar úsáid séalaí de chineál speisialta ag daoine údaraithe.

I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit agus Páirtithe Conarthacha eile, i gcomhaontú le chéile, córas uimhriúcháin comhchoiteann a bhunú agus cinneadh a dhéanamh faoi ghnéithe comhchoiteanna slándála agus faoi theicneolaíocht chomhchoiteann a úsáid.

TRÁDÁIL

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta (an coinsíneoir údaraithe go príomha) an uimhir mar aon le sainaitheantóirí aonair séala na séalaí de chineál speisialta a iontráil sa dearbhú maidir le hidirthuras agus séalaí a ghreamú tráth nach déanaí ná an tráth a scaoiltear earraí le haghaidh nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais.

**VI.3.3 Coinsíneoir údaraithe**

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- réamhrá (Mír VI.3.3.1);
- údarú (Mír VI.3.3.2);
- nósanna imeachta (Mír VI.3.3.3).

**VI.3.3.1 Réamhrá**

*Airteagail 84 agus 86, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 314 IA*

Is éard atá i gcoinsíneoir údaraithe duine atá údaraithe ag na húdaráis inniúla chun oibríochtaí idirthurais a dhéanamh gan na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta. Is é an duine sin sealbhóir an nós imeachta. Ní mór na hearraí a bheith faoi rialú an duine sin ag a (h)áitreabh ar áitreabh é a shonraítear san údarú a luaithe a sheolann sé/sí an t-údarú.

Bíonn an coinsíneoir údaraithe i dteideal dearbhú maidir le hidirthuras a thaisceadh in NCTS agus an fhaisnéis seo a leanas a iontráil sa chóras:

- an uimhir agus na sainaitheantóirí aonair séala (más rud é gur greamaíodh séalaí);
- an teorainn ama nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh di;
- cúrsa taistil a fhorordú, má cheanglaítear amhlaidh.

Greamóidh an coinsíneoir údaraithe na séalaí de chineál speisialta, bíonn údarú ar leithligh ag teastáil ón gcoinsíneoir dá bhrí sin (féach Mír 3.2).

### VI.3.3.2 Údarú

*Airteagal 84, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 193 DA*

Ní mór an nós imeachta údarúcháin a dhéanamh i gcomhréir le Mír VI.2.2.

Chun stádas coinsíneora údaraithe a fháil, ní mór d'oibreoir eacnamaíoch na coinníollacha a chomhlíonadh (féach VI.2.1) agus ina theannta sin, ní mór dó/di:

- a bheith ina s(h)ealbhóir údaraithe chun ráthaíocht chuimsitheach nó ráthaíocht chuimsitheach le méid laghdaithe a úsáid, (lena n-áirítear tarscaoileadh ráthaíochta) (féach Cuid III, mír 4);
- teicníc próiseála sonraí a úsáid chun dul i mbun cumarsáide leis na húdaráis chustaim.

*Airteagal 85, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinn A DA*

Chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil measúnú tosaigh a dhéanamh, ní mór an méid seo a leanas a léiriú san iarratas a mhéid is féidir:

- meastachán ar a mhinice in aghaidh na míosa a sheolfaidh an t-iarratasóir earraí faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais;
- suíomh na n-earraí;
- an áit a gcoimeádtar taifid.

Is féidir leis an údarás inniúil a chur de cheangal ar an iarratasóir
na mionsonraí breise uile nó doiciméid tacaíochta uile a sholáthar ar
mionsonraí nó doiciméid iad is gá
chun an t-iarratas a phróiseáil.

Ní mór riaradh shealbhóir an údaraithe a bheith eagraithe ar bhealach lena bhfágfar go mbeidh sé éasca an fhaisnéis ar na hearraí sa dearbhú maidir le hidirthuras a nascadh leis an bhfaisnéis atá i nótaí, i sonraisc, etc., na coinsíneachta. Rud lena mbaineann tábhacht áirithe is ea an fhaisnéis ar an líon agus ar an gcineál pacáistí, ar chineál agus ar thoirt na n-earraí agus ar a stádas custaim.

Féach VI.2.4 maidir leis an údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú.

| CUSTAIM<br><br>Ní mór an méid seo a leanas a shonrú leis an údarú: |
|---|

1. an oifig custaim nó na hoifigí custaim imeachta a bheidh freagrach as oibríochtaí idirthurais comhchoiteanna atá ar na bacáin;
*2.* an teorainn ama i nóiméid a bheidh ar fáil don oifig custaim imeachta tar éis don dearbhú maidir le hidirthuras a bheith taiscthe, ar laistigh de na nóiméid sin a bhféadfaidh na húdaráis sin aon rialú is gá a dhéanamh sula scaoilfear agus sula n-imeoidh na hearraí;
3. i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, an bealach nach mór don choinsíní údaraithe an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas faoi oibríochtaí idirthurais chun go bhféadfaidh an oifig aon rialú is gá a dhéanamh sula n-imeoidh na hearraí;
3. na catagóirí nó gluaiseachtaí earraí a dhéantar a eisiamh ón údarú (más ann dóibh);
4. na bearta oibriúcháin agus rialaithe nach mór don choinsíní údaraithe a chomhlíonadh;
5. aon choinníoll sonrach a bhaineann le socruithe idirthurais a dhéantar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre na hoifige custaim nó na n-oifigí custaim imeachta (más infheidhme).

### VI.3.3.3 Nósanna imeachta

#### VI.3.3.3.1 Nós imeachta idirthurais caighdeánach – oibleagáidí an choinsíneora údaraithe

*Airteagal 86, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 314 IA*

Ní féidir leis an gcoinsíneoir údaraithe tús a chur le hoibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais roimh dhul in éag na teorann ama a shonraítear san údarú (féach VI.3.3.2). Leanann an coinsíneoir údaraithe an nós imeachta céanna agus an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc in IV.1.3 ach amháin nach mbeidh air/uirthi na hearraí a chur i láthair don oifig custaim imeachta.

I gcás rialú, ní mór don choinsíneoir údaraithe a áirithiú go gcuirfear na hearraí ar fáil do na húdaráis chustaim.

I gcás ina mbeidh feidhm ag an simpliú sin, ní mór don choinsíneoir údaraithe na hoibleagáidí agus na coinníollacha uile a chomhlíonadh ar oibleagáidí agus coinníollacha iad a comhaontaíodh ina (h)údarú.

Tar éis do na hearraí a bheith scaoilte le haghaidh nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais, priontálann an coinsíneoir údaraithe DTI agus, i gcás inarb iomchuí, LoI agus tugann ar láimh don iompróir é.

*Pointe 20.1, Caibidil III, Cuid I d'Iarscríbhinn 72-04, CCA IA*
*Pointe 20, Caibidil III, d'Iarscríbhinn II d'Fhoscríbhinn I a*

Féadfaidh an t-údarás custaim an coinsíneoir údaraithe a údarú chun an liosta luchtaithe a úsáid seachas LoI mar an chuid thuairisciúil de DTI, ar choinníoll go mbeidh na sonraí uile ar fáil in NCTS. Tugtar tuairisc ar úsáid an liosta luchtaithe i gCuid V, roinn V.3.3.1.2.

*ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

I mBosca 31 de DTI, ní mór a léiriú go gcuirtear an liosta luchtaithe in ionad LoI, a thagairtí agus líon iomlán na leathanach den liosta luchtaithe. Féadfar stampa, a dtaispeántar a shamhail thíos, a úsáid chun na críche sin nó macasamhail leictreonach de.

| |
|---|
| List of Items replaced by_____ pages of the loading list __(number)__ / __(date)__ |

Déantar na teachtaireachtaí uile idir an coinsíneoir údaraithe agus an oifig custaim imeachta a mhalartú trí theicnící próiseála sonraí a úsáid.

I gcoitinne, na huaireanta a bhféadfaidh an coinsíneoir údaraithe tús a chur le nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais lena linn, ní mór iad a bheith i gcomhthráth le gnáthuaireanta oscailte na hoifige custaim imeachta.

Mar sin féin, agus gníomhaíochtaí aonair oibreoirí eacnamaíocha áirithe á gcur san áireamh, féadfaidh na húdaráis inniúla foráil a áireamh san údarú lena mbeidh sé d’éifeacht go bhféadfar tús a chur le nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais lasmuigh d’uaireanta oscailte na hoifige ábhartha.

Sonraítear san údarú na bearta sainaitheantais nach mór a dhéanamh agus an bhfuil siad le cur i bhfeidhm ag an gcoinsíneoir údaraithe nó ag an oifig custaim imeachta.

Más rud é go gceanglófar ar an gcoinsíneoir údaraithe an modh iompair nó na pacáistí a shéalú, ní mór dó/di na séalaí de chineál speisialta a úsáid ar bhonn an údaraithe a deonaíodh dó/di.

Ní mór na cineálacha speisialta séalaí saintréithe na séalaí ar a dtugtar tuairisc in IV.2.3.8.2 agus IV.2.3.2 a chomhlíonadh.

Féadfaidh na húdaráis chustaim an ceanglas a tharscaoileadh ar ceanglas maidir le séalaí a úsáid atá ann, i gcás inarb amhlaidh

- soláthraíonn an coinsíneoir údaraithe tuairisc ar earraí atá beacht go leor chun go mbeifear in ann na hearraí a shainaithint go héasca; agus
- sonraíonn an coinsíneoir údaraithe a gcainníocht agus a gcineál agus aon ghné shonrach amhail sraithuimhir na n-earraí.

Ní mór na himthosca ina mbeidh séalaí nó bearta sainaitheantais eile

le húsáid a shonrú leis an údarú.

### VI.3.3.3.2 Nós imeachta leanúnachas gnó – oibleagáidí an choinsíneora údaraithe

*Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinn 72-04 IA*

Más rud é nach mbeidh NCTS nó córas leictreonach an choinsíneora údaraithe ar fáil, bíonn ar an gcoinsíneoir údaraithe dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla agus an formheas a iarraidh chun nós imeachta leanúnachais gnó a úsáid.

Tar éis don fhormheas a bheith tugtha, is féidir leis an gcoinsíneoir údaraithe DRA, asphrionta DRA nó DTI a úsáid mar an dearbhú maidir le hidirthuras.

Ní mór an dearbhú maidir le hidirthuras a líonadh isteach tríd an méid seo a leanas a iontráil:

- i mBosca 44 an cúrsa taistil forordaithe más iomchuí;
- i mBosca D an teorainn ama maidir leis na hearraí a sheachadadh chuig an oifig custaim cinn scríbe agus faisnéis faoi na séalaí atá greamaithe (más ann dóibh);
- an formhuiniú 'Coinsíneoir údaraithe — 99206';
- an dáta a dhéantar na hearraí a choinsíniú;
- cód 'A3';
- uimhir an dearbhaithe maidir le hidirthuras (i gcomhréir leis na rialacha arna gcomhaontú leis an oifig custaim imeachta nó arna leagan síos san údarú).

Féadfar DRA nó DTI a tháirgeadh le ceann de na bealaí a leagtar amach thíos.

- Déantar iad a stampáil roimh ré le stampa na hoifige custaim imeachta agus síníonn oifigeach den oifig sin iad i mBosca C. Déantar DRAnna nó DTInna réamh-fhíordheimhnithe a uimhriú go leanúnach roimh ré agus ní mór don oifig custaim iad a chlárú. Aon fhoirm DRA-BIS, aon liosta luchtaithe nó Liosta na Míreanna Earraí a ghabhann le DRAnna nó le DTInna réamh-fhíordheimhnithe, ní mór iad a réamh-fhíordheimhniú freisin.
- Déanann an coinsíneoir údaraithe iad a stampáil le stampa speisialta atá formheasta ag an údarás inniúil agus an fhoirm á húsáid arb í sin an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn B9, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 72-04 IA. Féadfar an stampa a réamhphriontáil ar na foirmeacha i gcás ina mbeidh priontáil formheasta chun na críche sin.

  Ní mór don choinsíneoir údaraithe an bosca a líonadh

isteach tríd an dáta a iontráil arb é sin an dáta a dhéantar na hearraí a choinsíniú agus ní mór uimhir a leithdháileadh ar an dearbhú maidir le hidirthuras i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san údarú.

Cuirtear an stampa ar chóipeanna 1, 4 agus 5 DRA nó ar dhá chóip de DTI, agus ar gach cóip de na foirmeacha DRA-BIS, de liostaí luchtaithe nó de Liostaí na Míreanna Earraí.

Luaitear uimhir DRA nó DTI i mBosca 3 den stampa speisialta. Féadfar é a réamhphriontáil an tráth céanna agus a dhéantar an stampa agus sa léiriú samplach de. Sonraítear leis an údarú nach mór an t-uimhriú a bheith ina cuid de shraith gan bhriseadh.

Féadfar an stampa a réamhphriontáil ar DRAnna nó ar DTInna. Trádálaithe ar mian leo an modh réamhphriontáilte a úsáid, ní mór dóibh cuideachta priontála a úsáid ar cuideachta í atá formheasta ag údaráis chustaim na tíre ina bhfuil an coinsíneoir údaraithe bunaithe.

Féadfaidh na húdaráis chustaim coinsíneoirí údaraithe a údarú chun DRAnna nó DTInna a líonadh isteach agus teicníc próiseála sonraí á húsáid. Sna cásanna sin, féadfaidh inphrionta an stampa speisialta a bheith beagán difriúil, arb é sin an stampa speisialta atá priontáilte ag an ríomhaire.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara</u>: úsáideann údaráis chustaim na hIodáile stampa speisialta. Cuirtear sampla den stampa sin ar fáil arís in Iarscríbhinn VI.8.1.

Ní mór do choinsíneoirí údaraithe na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an stampa speisialta nó DRAnna nó DTInna réamh-fhíordheimhnithe nó réamhphriontáilte a choimeád slán chun mí-úsáid, cailleadh nó goid na nithe sin a sheachaint agus ní mór iad a chur i láthair na n-údarás custaim i gcás ina gceanglófar amhlaidh.

Féadfaidh na húdaráis chustaim seiceáil iar-imréitigh a dhéanamh chun a shuíomh cé acu a rinne an coinsíneoir údaraithe na bearta uile is gá nó nach ndearna ar bearta iad chun a áirithiú go gcoimeádfar an stampa speisialta slán mar aon leis na foirmeacha ar a bhfuil stampa na hoifige custaim imeachta nó an stampa speisialta.

I gcás ina ndéanfar DRAnna nó DTInna ar a bhfuil an stampa speisialta agus teicnící próiseála sonraí á n-úsáid, féadfaidh an t-údarás inniúil an coinsíneoir údaraithe a údarú gan iad a shíniú.

Coinsíneoirí údaraithe a gheobhaidh an t-údarú sin, ní mór dóibh na focail 'Síniú tarscaoilte — 99207' a iontráil i mBosca 50 de DRA nó de DTI.

Bíonn an tarscaoileadh faoi réir an choinníll go mbeidh gealltanas scríofa tugtha ag an gcoinsíneoir údaraithe do na húdaráis chustaim roimhe ar gealltanas é lenar admhaíodh gurb é/í sealbhóir an nós imeachta le haghaidh gach oibríochta idirthurais dá ndéantar faoi chumhdach DRAnna nó DTInna ar a bhfuil an stampa speisialta.

I gcás ina ndéanfar an cinneadh chun filleadh ar nós imeachta leanúnachais gnó le haghaidh idirthurais, tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir le haon dearbhú atá iontráilte in NCTS ach nach bhfuil próiseáilte thairis sin i ngeall ar chliseadh ar chóras, go ndéantar an dearbhú sin a neamhbhailiú.

**VI.3.3.3.2.1 Bearta sainaitheantais**

Féach: VI.3.3.3.1.

I gcás nach gceanglófar séalaí, ní mór don choinsíneoir údaraithe an focal 'Tarscaoileadh – 99201' a iontráil i mBosca D de DRA nó de DTI, tar éis na bhfocal 'séalaí greamaithe'.

**VI.3.3.3.2.2 Imeacht na n-earraí**

Ní mór don choinsíneoir údaraithe DRA nó DTI a líonadh isteach.

Ní mór dó an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas, trí fhacs, ríomhphost nó ar bhealach eile arna chomhaontú san údarú faoi gach oibríocht idirthurais dá bhfuil ar na bacáin. Ar an mbealach sin, is féidir leis na húdaráis inniúla, más gá, seiceálacha a dhéanamh sula scaoilfear na hearraí.

Ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis a sheolfar chuig an údarás custaim:

- mionsonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras;
- dáta agus am seolta na n-earraí agus mionsonraí na séalaí atá le greamú, más iomchuí;
- an ghnáth-thuairisc trádála ar na hearraí;
- uimhreacha na ndoiciméad atá i gceangal, más iomchuí.

I gcoitinne, na huaireanta a bhféadfaidh an coinsíneoir údaraithe tús a chur le nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais lena

linn, ní mór iad a bheith i gcomhthráth le gnáthuaireanta oscailte na hoifige custaim áitiúla.

Mar sin féin, agus gníomhaíochtaí aonair oibreoirí eacnamaíocha áirithe á gcur san áireamh, féadfaidh na húdaráis inniúla an fhoráil a áireamh san údarú lena bhféadfar tús a chur le nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais lasmuigh d'uaireanta oscailte na hoifige ábhartha.

Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis chustaim coinsíneoirí údaraithe a údarú ar coinsíneoirí iad a dhéanann earraí a choinsíniú de réir sceideal tráthrialta (laethanta agus uaireanta seasta) chun mionsonraí an sceidil a sholáthar don oifig custaim iomchuí. Féadfaidh an lucht custaim an coinsíneoir a dhíolmhú ó fhaisnéis a thabhairt de réir mar a sheoltar gach coinsíneacht agus féadfaidh bac a chur ar idirghabháil na hoifige custaim imeachta.

I gcás nach ndéanfaidh na húdaráis chustaim seiceáil ar na hearraí sula n-imeoidh siad, ní mór don choinsíneoir údaraithe, tráth nach déanaí ná tráth coinsínithe na n-earraí, an méid seo a leanas a iontráil:

- i mBosca 44 de chóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI mionsonraí an chúrsa taistil forordaithe (más infheidhme);
- i mBosca 50 de chóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI na focail 'síniú tarscaoilte', i gcás inarb infheidhme; agus,
- i mBosca D de chóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI

- an teorainn ama nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh di (ní mór dáta a lua seachas an líon laethanta);
- mionsonraí na séalaí a úsáidtear (nó an focal 'tarscaoileadh', i gcás inarb infheidhme);
- na focail 'coinsíneoir údaraithe';
- an cód 'A3'; agus
- stampa lena léirítear go bhfuil nós imeachta leanúnachais gnó á úsáid. Tá stampa an leanúnachais gnó sna teangacha difriúla in Iarscríbhinn V.1.8.1.

I gcásanna ina ndéanfaidh údaráis chustaim na hoifige custaim imeachta seiceáil ar na hearraí, ní mór dóibh an fíoras a thaifeadadh i mBosca D de DRA nó de DTI.

Ní mór cóipeanna 4 agus 5 de DRA nó an dara cóip de DTI a thabhairt don iompróir. Coimeádfaidh an coinsíneoir údaraithe cóip 1 de DRA nó an chéad chóip de DTI.

Tar éis do na hearraí imeacht, ní mór don choinsíneoir údaraithe cóip 1 de DRA nó an chéad chóip de DTI a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta gan mhoill agus laistigh den teorainn ama a shonraítear san údarú.

CUSTAIM

Déanann an oifig custaim imeachta an méid seo a leanas:

- coinníonn cóip 1 de DRA nó an chéad chóip de DTI;
- seiceálann uimhriú leantach DRAnna nó DTInna (ní mór DRAnna nó DTInna réamh-fhíordheimhnithe nach n-úsáidtear a sheoladh ar ais chuig custaim).

### VI.3.4 Coinsíní údaraithe

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- réamhrá (Mír VI.3.4.1);
- údarú (Mír VI.3.4.2);
- nósanna imeachta (Mír VI.3.4.3).

#### VI.3.4.1 Réamhrá

Is é an riail ghinearálta nach mór earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais in éineacht leis na doiciméid chomhfhreagracha a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

Mar sin féin, ceadaítear le húdarú mar choinsíní údaraithe don oibreoir eacnamaíoch na hearraí a fháil ag a (h)áitreabh, nó ag aon áit shonraithe eile, gan iad a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

#### VI.3.4.2 Údarú

Ní mór an nós imeachta údarúcháin a dhéanamh i gcomhréir le VI.2.2, mura bhforáiltear a mhalairt anseo thíos.

Chun stádas coinsíní údaraithe a fháil, ní mór d’oibreoir eacnamaíoch na coinníollacha a chomhlíonadh (féach VI.2.1).

Ní féidir an t-údarú mar choinsíní údaraithe a dheonú ach amháin i gcás ina n-úsáidfidh an t-oibreoir eacnamaíoch, i dteannta na gcoinníollacha eile, teicníc próiseála sonraí chun dul i mbun cumarsáide leis na húdaráis chustaim.

*Airteagal 89, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Iarscríbhinn A-DA*

Chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil measúnú tosaigh a dhéanamh, ní mór an méid seo a leanas a léiriú san iarratas a mhéid is féidir:

- meastachán ar a mhinice in aghaidh na míosa a gheobhaidh an t-iarratasóir earraí faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais;
- suíomh na n-earraí;
- an áit a gcoimeádtar taifid.

Ní mór an coinsíní údaraithe a bheith eagraithe ar bhealach lena bhfágfar go mbeidh sé éasca an fhaisnéis ar na hearraí sa dearbhú maidir le hidirthuras a nascadh leis an bhfaisnéis atá i dtaifid an choinsíní údaraithe chun go gcumasófar do na húdaráis chustaim seiceáil a dhéanamh ar an ngluaiseacht. Rud lena mbaineann tábhacht áirithe is ea faisnéis ar thoirt agus ar chineál na n-earraí agus ar thoirt na n-earraí agus a stádas custaim.

Féach VI.2.4 maidir leis an údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú.

CUSTAIM

Ní mór an méid seo a leanas a shonrú leis an údarú:

1. an oifig custaim nó na hoifigí custaim cinn scríbe atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar an gcoinsíní údaraithe;
2. an teorainn ama i nóiméid a bheidh ar fáil don oifig custaim cinn scríbe tar éis deireadh a chur le nós imeachta idirthurais, ar laistigh de na nóiméid sin a bhféadfaidh na húdaráis sin aon rialú is gá a dhéanamh sula scaoilfear na hearraí;
3. i gcás nós imeachta leanúnachais gnó an bealach a chuirfidh an coinsíní údaraithe an oifig custaim cinn scríbe ar an eolas faoi oibríochtaí idirthurais chun go bhféadfaidh an oifig aon rialú is gá a dhéanamh sula scaoilfear na hearraí;
4. na catagóirí nó gluaiseachtaí earraí a dhéantar a eisiamh ón údarú (más ann dóibh);
5. na bearta oibriúcháin agus rialaithe nach mór don choinsíní údaraithe a chomhlíonadh;
6. aon choinníoll sonrach a bhaineann le socruithe idirthurais a dhéantar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre na hoifige custaim nó na n-oifigí custaim ceann scríbe (más infheidhme).

### VI.3.4.3 Stóráil shealadach

*Airteagal 144, Airteagal 145(1), (3) agus (11), Airteagail 147 agus 148 CCA, Airteagal 115 DA*

Ní bhaineann an mhír seo ach leis an Aontas amháin.

Agus na hearraí á gcur i láthair ag áitreabh an choinsíní údaraithe agus deireadh curtha le nós imeachta idirthurais an Aontais, bíonn na hearraí i stóráil shealadach.

Is féidir earraí i stóráil shealadach a stóráil i saoráidí stórála sealadaí nó in áiteanna eile arna n-ainmniú nó arna bhformheas ag na húdaráis chustaim. Mar sin féin, i gcás ina ndéanfar na hearraí a stóráil in áiteanna eile, ba cheart iad a dhearbhú le haghaidh nós imeachta custaim dá éis sin nó iad a ath-onnmhairiú tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis dóibh a bheith curtha i láthair (ach amháin i gcás ina gceanglóidh na húdaráis go ndéanfar scrúdú ar na hearraí).

Chun saoráidí stórála sealadaí a oibriú, ceanglaítear údarú a bheith deonaithe ag na húdaráis chustaim inniúla.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag an tarscaoileadh ráthaíochta, ba cheart an ráthaíocht a thaisceadh gan beann ar áit na stórála sealadaí (saoráidí stórála sealadaí nó an áit arna hainmniú nó arna formheas ag na húdaráis chustaim).

### VI.3.4.4 Nósanna imeachta

#### VI.3.4.4.1 Nós imeachta idirthurais caighdeánach

*Airteagal 88, Foscríbhinn I, Coinbhinsiún*

*Airteagail 315-316 IA*

Leanann an coinsíneoir údaraithe an nós imeachta céanna agus an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc in IV.4.3 ach amháin go mbeidh ar an gcoinsíní na hoibleagáidí seo a leanas a chomhlíonadh (sa seicheamh a thugtar):

- ní mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe;
- tar éis do na hearraí teacht chuig áit arna sonrú san údarú, bíonn ar an gcoinsíní an teachtaireacht 'Teachtaireacht Teachta' (IE007) a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe láithreach agus an oifig a chur ar an eolas faoi aon neamhrialtacht nó teagmhas a tharla le linn an iompair (e.g. séalaí bainte);
- bíonn air/uirthi fanacht le dul in éag an uaineadóra agus leis an teachtaireacht 'Cead díluchtaithe' (IE043) a fháil agus an fhéidearthacht a thabhairt don lucht custaim na hearraí a

sheiceáil roimh dhíluchtú na n-earraí;

- ní mór dó/di na hearraí a rialú agus a dhíluchtú;
- bíonn air/uirthi an teachtaireacht 'Barúlacha maidir le díluchtú' (IE044) a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe, agus aon neamhrialtacht á léiriú, an tríú lá ar a dhéanaí tar éis an lae a fuair sé/sí cead chun na hearraí a dhíluchtú.

Arna iarraidh sin don iompróir, eiseoidh an coinsíní údaraithe an admháil lena ndeimhneofar teacht na n-earraí chuig áit arna sonrú san údarú agus ina mbeidh tagairt do MRN oibríocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais. Ní mór an admháil a sholáthar agus an fhoirm á húsáid arb í sin an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn B10, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún/Iarscríbhinn 72-03 IA.

### VI.3.4.4.2 Nós imeachta leanúnachais gnó

I gcás nós imeachta leanúnachais gnó, bíonn ar an gcoinsíní údaraithe an t-údarás inniúil a chur ar an eolas gan mhoill ar cibé bealach atá comhaontaithe san údarú acu (trí fhacs, ríomhphost nó ar bhealach eile) faoi theacht na n-earraí. Tar éis don oifig custaim cinn scríbe an cead díluchtaithe a thabhairt, féadfaidh sé/sí na hearraí a dhíluchtú ag áit nó ag áiteanna arna sonrú san údarú.

Bíonn ar an gcoinsíní údaraithe an dáta teachta a léiriú mar aon le riocht iarbhír an tséala/na séalaí, cód toraidh an rialaithe, agus a stampa údaraithe ar chóipeanna 4 agus 5 de DRA nó ar an dara cóip de DTI, cóipeanna a ghabh leis na hearraí agus iad a sheachadadh chuig an oifig custaim cinn scríbe a luaithe is féidir, tráth nach déanaí ná an lá oibre dá éis.

Ní mór don choinsíní údaraithe an oifig custaim cinn scríbe a chur ar an eolas faoi theacht na n-earraí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san údarú chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe, i gcás inar gá, sula scaoilfear na hearraí.

Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis a sheolfar chuig an oifig custaim cinn scríbe:

- uimhir an dearbhaithe maidir le hidirthuras;
- dáta agus am teachta na n-earraí agus an bhail atá ar na séalaí, más iomchuí;
- an ghnáth-thuairisc trádála ar na hearraí (lena n-áirítear cód CC, má tá sé ina chuid den dearbhú);
- mionsonraí ar bharrachas cainníochtaí, easnaimh, ionaduithe nó

neamhrialtachtaí eile amhail séalaí briste.

I gcoitinne, na huaireanta a bhféadfaidh an coinsíní údaraithe earraí a fháil lena linn, beidh siad i gcomhthráth le gnáthuaireanta oscailte na hoifige custaim cinn scríbe.

Mar sin féin, agus gníomhaíochtaí aonair oibreoirí eacnamaíocha áirithe á gcur san áireamh, féadfaidh na húdaráis inniúla foráil a áireamh san údarú maidir le hearraí a thagann lasmuigh d'uaireanta oscailte na hoifige ábhartha, gur féidir leis an gcoinsíní údaraithe iad a scaoileadh.

Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis chustaim coinsínithe údaraithe a údarú ar coinsínithe iad a fhaigheann coinsíneachtaí de réir sceideal tráthrialta (laethanta agus uaireanta seasta) chun mionsonraí an sceidil a sholáthar don oifig custaim iomchuí. Féadfar an coinsíní údaraithe a dhíolmhú leis sin ó fhaisnéis a thabhairt de réir mar a thagann gach coinsíneacht agus féadfar é a chur ar a gcumas dóibh leis na hearraí a dhiúscairt an tráth teachta gan idirghabháil ón oifig custaim cinn scríbe.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:</u> i ngach cás ina dtiocfar ar bharrachas cainníochtaí, easnaimh, ionaduithe nó neamhrialtachtaí eile amhail séalaí briste, ní mór an oifig custaim cinn scríbe a chur ar an eolas faoi láithreach.

Más rud é go gcinnfidh na húdaráis chustaim scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, ní mór don choinsíní údaraithe gan iad a dhíluchtú. Más rud é nach mian leis an lucht custaim scrúdú a dhéanamh ar na hearraí, ní mór cead a thabhairt don choinsíní údaraithe iad a dhíluchtú.

I gcás nach ndéanfaidh na húdaráis chustaim an choinsíneacht a sheiceáil ar theacht dóibh, ní mór don choinsíní údaraithe an méid seo a leanas a iontráil sa roinn ar thaobh na láimhe clé de Bhosca I de chóipeanna 4 agus 5 de DRA nó den dara cóip de DTI agus, más infheidhme, ina thaifid:

- dáta teachta; agus,
- bail aon séala atá greamaithe.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara</u>: forchoimeádtar an dara foroinn de Bhosca I le haghaidh iontrálacha na hoifige custaim cinn scríbe.

Ní mór don choinsíní údaraithe cóipeanna 4 agus 5 de DRA nó an

dara cóip de DTI a sheoladh ar aghaidh gan mhoill chuig an oifig custaim cinn scríbe.

| CUSTAIM |
| --- |
| Maidir le:<br>- DRA nó DTI a thaifeadadh, a rialú nó a anótáil;<br>- cóip 5 de DRA nó an dara cóip de DTI a sheoladh ar ais chuig an oifig custaim imeachta;<br>- mar a láimhseáiltear neamhrialtachtaí; seiceálacha féideartha, etc.;<br>tá feidhm ag forálacha Chuid IV *mutatis mutandis*. |

### VI.3.5 Earraí arna n-iompar d'iarnród

#### VI.3.5.1 Simplithe is infheidhme maidir le nósanna imeachta idirthurais d'iarnród

Rinneadh iompar lasta d'iarnród a léirscaoileadh san Aontas ó thús 2007, i gcás seirbhísí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. I gcás iompar lasta d'iarnród faoi choinníollacha léirscaoilte, ní mór an nós imeachta idirthurais caighdeánach céanna a leanúint agus atá i gceist le haghaidh aon ghluaiseacht idirthurais eile. Ba cheart an t-iompar sin tarlú faoi chumhdach dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras trí NCTS a úsáid ar a dtugtar tuairisc mhionsonraithe i gCuid IV nó faoi chumhdach nós imeachta idirthurais eile ar a dtugtar tuairisc in I.4.2 agus atá i gceist le haghaidh aon ghluaiseacht idirthurais eile.

Léirítear i Roinn VI.3.5.2 thíos áfach sonraí áirithe atá tiomnaithe don iarnród agus an nós imeachta caighdeánach á úsáid.

D'ainneoin léirscaoileadh an iompair lasta d'iarnród, le linn idirthréimhse, is féidir 'nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh an iarnróid' ar nós imeachta speisialta é, a chur i bhfeidhm fós go dtí go mbeidh NCTS nuashonraithe i gcomhréir le clár oibre Chód Custaim an Aontais (CCA). Mar sin féin, ní fhéadfar an nós imeachta páipéarbhunaithe sin a úsáid ach amháin i gcás ina mbeidh dhá ghnóthas iarnróid ar a laghad ag oibriú faoin gcóras iompair i modh comhair, ar modh é atá ann fós sa mhargadh léirscaoilte, cé go bhfuil an úsáid a bhaintear as ag dul i laghad. Féach Roinn VI.3.5.3.

Go dtí go ndéanfar nuashonrú ar NCTS i gcomhréir le clár oibre Chód Custaim an Aontais (CCA), tá an fhéidearthacht ag na Ballstáit leanúint de nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm freisin. Tugtar tuairisc

mhionsonraithe ar chur i bhfeidhm na forála idirthréimhsí sin i Roinn VI.3.5.4.

Thairis sin, is féidir earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht d'iarnród, ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais trí chríoch tíre comhchoitinne idirthurais gan a stádas custaim a athrú, agus gan iad a chur faoi nós imeachta custaim, ar a dtugtar tuairisc i Roinn VI.3.5.5.

### VI.3.5.2 An nós imeachta caighdeánach le haghaidh iarnróid agus a shonraí

I gcás ina ngluaisfear earraí faoi chumhdach dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras agus NCTS á úsáid, ar a dtugtar tuairisc mhionsonraithe i gCuid IV, tá feidhm ag éagsúlachtaí áirithe atá tiomnaithe d'iarnród.

An oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin imeachta, is í sin an oifig custaim imeachta. An oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin cinn scríbe, is í sin an oifig custaim cinn scríbe. Más rud é gur cuireadh tús leis an ngluaiseacht d'iarnród sula ndeachthas isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó tíre comhchoitinne idirthurais, is é an stáisiún ag oifig custaim na céadiontrála a bheidh ina oifig custaim imeachta. Más rud é go leantar den iompar d'iarnród tar éis do na hearraí imeacht as críoch chustaim an Aontais nó na tíre comhchoitinne idirthurais gan athiontráil, is é an stáisiún ag an oifig custaim imeachta an oifig a bheidh ina hoifig custaim cinn scríbe.

*Airteagail 302(2)(b ), IA*
*Airteagail 39(2)(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

De mhaolú ar an oibleagáid ghinearálta na coinsíneachtaí a shéalú chun críoch sainaitheantais, ní gá na modhanna iompair ná na pacáistí aonair ina mbeidh na hearraí a shéalú más rud é go mbeidh bearta sainaitheantais curtha i bhfeidhm ag na cuideachtaí iarnróid.

D'ainneoin an mhaolaithe sin, féadfaidh an oifig custaim imeachta cinneadh a dhéanamh na coinsíneachtaí a shéalú fós chun críoch sainaitheantais.

*Airteagal 304(6), IA*
*Airteagal 43(5), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Earraí a ghluaistear d'iarnród faoi nós imeachta idirthurais an Aontais nó faoin nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach, ní gá iad a chur i láthair ag an oifig custaim idirthurais ar choinníoll gur féidir leis an oifig custaim idirthurais trasnú teorann na n-earraí a fhíorú ar modhanna eile.

Níor cheart fíorú den sórt sin tarlú ach amháin i gcás inar gá. Féadfaidh an fíorú tarlú go cúlghabhálach.

*Airteagal 305(1)(f) agus (4), IA*

*Airteagal 44(1)(f) agus 2(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

I gcás ina dtarraingeofar vaigíní lastais siar de thacar cóistí nó vaigíní lastais iarnróid cúplaithe i ngeall ar fhadhbanna teicniúla, ó thaobh cúrsaí custaim de, is teagmhas le linn iompair é sin. Mar sin féin, féadfaidh an t-iompróir leanúint den oibríocht idirthurais faoin nós imeachta idirthurais atá ann cheana. Ba cheart léirmhíniú leathan a dhéanamh ar an bhfoclaíocht 'fadhbanna teicniúla', chun go gcumhdófar freisin imeachtaí amhail traenacha á scaradh nó vaigíní lastais á dtarraingt siar i ngeall ar shuaití oibriúcháin gan choinne.

*Airteagal 305(6), IA*
*Airteagal 44(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

I gcás ina dtarlóidh an teagmhas, ba cheart don iompróir é a anótáil, arb é sin an t-iompróir atá ag coimeád na n-earraí ar DTI agus déanfaidh an oifig custaim cinn scríbe an teagmhas a iontráil i gcóras NCTS.

*Airteagal 309(1), (2) agus (3), IA*
*Airteagal 47(4), (5) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Bíonn na vaigíní lastais arna dtarraingt siar fós faoi chumhdach an dearbhaithe maidir le hidirthuras, mar a léirítear ar an gcóip de DTI (nó ar aon fhoirm iomchuí eile lena léirítear MRN agus lena dtagraítear don teagmhas) arb é sin DTI atá ag gabháil leis na vaigíní lastais atá tarraingthe siar. Mar sin féin, ní mór iad a chur i láthair na hOifige Custaim cinn scríbe laistigh de 6 lá ón tráth a chuirfear na chéad vaigíní lastais i láthair na hoifige custaim sin agus deireadh tagtha leis an oibríocht idirthurais. Ní mór don oifig custaim cinn scríbe torthaí an rialaithe a sheoladh ar ais laistigh de na 6 lá sin.

I gcás ina mbeidh na hearraí á ngluaiseacht cheana féin chuig an stáisiún ceann scríbe sula gcuirfear tús le nós imeachta fiosrúcháin, féadfaidh siad a bheith faoin nós imeachta idirthurais atá ann cheana fós go dtí go dtagann siad. Tráth an fhiosrúcháin, i gcás ina mbeidh na hearraí fós blocáilte ag an áit mar ar tharla an teagmhas, is gá dearbhú nua maidir le hidirthuras a thaisceadh le haghaidh na gluaiseachta ar aghaidh. Déanfar measúnú de réir an cháis ar an nós imeachta cruinn ag a mbeidh feidhm maidir leis na vaigíní lastais arna dtarraingt siar. I bprionsabal, is í an Oifig Custaim atá inniúil le haghaidh na háite mar ar tharla an teagmhas a fheidhmeoidh an measúnú agus, ina theannta sin, rachaidh an Oifig Custaim Imeachta i gcomhairle leis an oifig custaim cinn scríbe le linn an nós imeachta fiosrúcháin, más rud é go seolfar é. Ar cheann de na torthaí féideartha tá an ceanglas chun dearbhú nua maidir le hidirthuras a thaisceadh le haghaidh na vaigíní lastais a tarraingíodh siar agus nár cuireadh i láthair laistigh de sprioc-am na 6 lá.

Na hearraí a chuirtear i láthair ag an Oifig Custaim Cheann Scríbe, féadfar iad a scaoileadh ón idirthuras agus a chur faoi nós imeachta custaim leantach nó i stóráil shealadach, más rud é go soláthrófar réiteach náisiúnta. An chuid de mhéid tagartha na ráthaíochta a blocáladh, féadfar í a athúsáid ón tráth a cuireadh deireadh leis an oibríocht idirthurais (fiú sa chás sin, níor cuireadh cuid den choinsíneacht i láthair fós). Mar sin féin, níor urscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus féadfaidh an lucht custaim an ráthaíocht a éileamh fós i gcás inar gá, e.g. más rud é nach dtagann an vaigín lastais arna tharraingt siar riamh.

Más rud é go dtagann na vaigíní lastais laistigh de 6 lá, is féidir toradh an rialaithe a sheoladh lena ndeimhneofar gur tháinig na hearraí uile i gceart agus an cód comhfhreagrach A orthu agus gur féidir leis an Oifig Custaim Imeachta an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh dá éis sin.

Mar sin féin, mura dtiocfaidh na vaigíní lastais laistigh de 6 lá, ní féidir an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh. Ní mór don oifig custaim cinn scríbe torthaí an rialaithe a sheoladh in éineacht le cód B agus a léiriú go bhfuil vaigíní lastais/earraí ar iarraidh. Ní mór an tsaincheist a réiteach thairis sin i gcomhthéacs an nós imeachta fiosrúcháin agus bunaithe ar an ngníomhaíocht a dhéanfaidh an oifig teagmhais.

Mar chuid den chur chun feidhme NCTS 5 ag an oifig custaim imeachta, cuirfear síneadh go dtí 12 lá leis an sprioc-am chun torthaí an rialaithe a sheoladh. Bainisteofar an próiseas ar a dtugtar tuairisc thuas mar 'scaoileadh páirteach' in NCTS 5. Leasófar an Lámhleabhar Idirthurais tráth níos déanaí chun tuairisc a thabhairt ar na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le NCTS 5, ag tarraingt as taithí na réamhtheachtaithe.

Tá feidhm ag na simplithe seo a leanas maidir le hearraí arna n-iompar d'iarnród i ndiaidh údarú a fháil:

- stádas an choinsíneora údaraithe (féach Cuid VI); agus
- stádas an choinsíní údaraithe (féach Cuid VI).

### VI.3.5.3 An nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid (foráil idirthréimhseach)

#### VI.3.5.3.1 Réamhrá

*Airteagal 24 TDA*

Nós imeachta idirthréimhseach is ea an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród. Is éard

*Airteagail 55(f), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

atá i gceist leis an nóta coinsíneachta CIM a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna n-iompar ag gnóthais iarnróid údaraithe. Is féidir an nóta coinsíneachta páipéarbhunaithe CIM a úsáid go dtí go gcuirfear NCTS nuashonraithe chun feidhme (céim 5)[34].

Áirítear leis an nuashonrú ar chéim 5 de NCTS gnéithe lena bhfágtar gur éasca an dearbhú maidir le hidirthuras a thaisceadh le haghaidh an iompair d'iarnród. Dá bhrí sin, an uair a bheidh an nuashonrú de chéim 5 NCTS curtha chun feidhme ag an oifig custaim imeachta, tá feidhm ag an nós imeachta idirthurais caighdeánach bunaithe ar NCTS agus ar a dtugtar tuairisc i gCuid IV.

Bíonn sé roghnach an nóta coinsíneachta pháipéarbhunaithe CIM a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras. Is féidir le gnóthas iarnróid roghnú an nós imeachta idirthurais caighdeánach bunaithe ar NCTS a úsáid. Sa chás sin, níl d'fheidhm ag nóta coinsíneachta CIM ach mar dhoiciméad iompair, agus tá feidhm ag na forálacha idirthurais caighdeánacha uile ar a dtugtar tuairisc i gCuid IV agus sa Roinn VI.3.5.2 thuas.

Tá feidhm ag an nós imeachta idirthurais caighdeánach freisin más rud é go n-úsáidfear an fhoirm leictreonach den nóta coinsíneachta CIM seachas an fhoirm pháipéarbhunaithe. Is é NCTS a dhéanfaidh na sonraí ar dhoiciméad leictreonach iompair a phróiseáil arb é sin an doiciméad a úsáideann iarnróid mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

## VI.3.5.3.2 Coinníollacha maidir leis an nóta coinsíneachta pháipéarbhunaithe CIM a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras

*Airteagal 30 TDA*

*Airteagal 91, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Chun an nóta coinsíneachta CIM a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh idirthuras an Aontais nó idirthuras comhchoiteann, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

1. Ní mór na hearraí a bheith á n-iompar ag gnóthas iarnróid i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún a bhaineann le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980 sa leagan den Phrótacal Modhnúcháin an 3 Meitheamh 1999.

[34] I gcomhréir le Clár Oibre CCA.

2. Na gnóthais iarnróid a dhéanann an oibríocht iompair i gcríoch chustaim an Aontais nó tíortha comhchoiteanna idirthurais, ní mór dóibh a bheith ina ngnóthais iarnróid údaraithe, nó ní mór do roinnt díobh údarú náisiúnta a bheith acu mar 'ghnóthais iarnróid idirmheánach'.

*Airteagal 32(1) TDA*

*Airteagal 94(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

3. Ní mór go n-éireoidh le gnóthais iarnróid údaraithe dhifriúla ar leibhéal náisiúnta seilbh a fháil ar na hearraí agus iad a iompar, chun gur féidir earraí a iompar chuig an stáisiún is cóngaraí i gcríoch chomharsanach, agus uaidh, ar bhealach a chomhaontaítear idir na hiompróirí.

4. Ní mór do na gnóthais iarnróid lena mbaineann iad féin a dhearbhú mar ghnóthais atá faoi dhliteanas go comhpháirteach don údarás custaim as aon fhiach custaim féideartha (dleachtanna allmhairiúcháin agus muirir eile).

*Airteagal 29 agus Airteagal 32(3), Airteagal 41(1), Airteagal 41(2) TDA*

*Airteagal 92(2) agus Airteagal 94(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

5. Na gnóthais iarnróid, trí na hoifigí cuntasaíochta dá gcuid agus i gcomhar le chéile, ní mór dóibh córas arna chomhaontú i gcomhpháirt a oibriú chun seiceáil agus imscrúdú a dhéanamh ar neamhrialtachtaí ina ngluaiseacht earraí (féach freisin Roinn VI.3.5.3.5.1 How the accounting offices).

6. Ní mór do na gnóthais iarnróid a bheith freagrach as an méid seo a leanas:
   (a) na costais iompair a shocrú ar leithligh;
   (b) an miondealú ar na costais iompair de réir tíre;
   (c) an sciar faoi seach de na costais a íoc; agus
   (d) córas chun neamhrialtachtaí a sheiceáil agus a imscrúdú.

   Ní mór rochtain a bheith ag an údarás custaim inniúil ar na sonraí in oifig cuntasaíochta an ghnóthais iarnróid faoi seach.

Ní féidir an nós imeachta páipéarbhunaithe a úsáid sna cásanna seo a leanas:

- **níl baint ach ag *aon* iompróir amháin** leis an iompar; nó
- tá na hearraí **á n-iompar** ag **iompróir thar theorainneacha náisiúnta** cé is moite de chóistí chuig an stáisiún sa chríoch chomharsanach agus ón stáisiún sin mar a chomhaontaítear idir na hiompróirí (féach pointe 3 thuas); nó

- **ní chomhlíonann iompróir ceanglas** den nós imeachta simplithe, mura bhfuil sé/sí údaraithe mar ghnóthas iarnróid idirmheánach[35] (féach pointe 2 thuas).

Tá feidhm ag an nós imeachta idirthurais caighdeánach sna cásanna sin go léir agus is mar dhoiciméad iompair amháin a úsáidtear an nóta coinsíneachta CIM.

Féach Roinn VI.3.5.3.7 le haghaidh cásanna sonracha agus samplaí eile maidir leis an nós imeachta simplithe sin a úsáid.

### VI.3.5.3.3 Gnóthais iarnróid údaraithe

Is mar chinneadh custaim a eisítear an t-údarú chun an nós imeachta iarnróid páipéarbhunaithe a úsáid nuair a dhéantar iarratas air.

Dá bhrí sin, tá feidhm ag rialacha ginearálta na gcinntí custaim mar a thugtar tuairisc orthu i gCuid IV, mura sonraítear a mhalairt. Tugtar faoi deara, mar sin féin, nach n-úsáidtear córas leictreonach CDMS chun cinneadh den sórt sin a thaisceadh, a dheonú agus a bhainistiú. Beidh ar údaráis chustaim údaráis eile a chur ar an eolas ar mhodhanna eile, agus féadfaidh an Coimisiún an próiseas sin a éascú. Dá bhrí sin, ní mór do rialtais an Coimisiún a chur ar an eolas maidir lena gcinntí i leith gnóthais iarnróid údaraithe. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhoilsiú agus a nuashonrú in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019 maidir le grúpa leasmhar idirthurais CIRCABC[36].

Ní mór an t-iarratas a thaisceadh leis an údarás custaim atá inniúil maidir leis an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

Ní mór don ghnóthas iarnróid na coinníollacha ginearálta agus sonracha a chomhlíonadh, lena n-áirítear síniú an dearbhaithe ábhartha (*).

35 Féadfar gnóthas iarnróid idirmheánach a údarú, fiú más rud é nach gcomhlíonann sé na ceanglais go léir den nós imeachta páipéarbhunaithe, sna cásanna seo a leanas: (i) gnóthas iarnróid atá i dteideal an nós imeachta páipéarbhunaithe a úsáid, tá sé ag gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta; agus (ii) níl an gnóthas iarnróid idirmheánach ar an gcéad iompróir ná ar an iompróir deiridh i gcríoch chustaim an Aontais ná tíortha comhchoiteanna idirthurais.

36 Tá rochtain ar ghrúpa leasmhar idirthurais CIRCABC teoranta don údarás custaim náisiúnta a bhfuil baint aige le hidirthuras agus stádas custaim earraí. Déan teagmháil leis an gcomhordaitheoir idirthurais náisiúnta chun an grúpa a rochtain. Soláthraítear rochtain theoranta do ghnóthais iarnróid trí CER freisin.

**Coinníollacha ginearálta**

*Airteagal 11 DA*
*Airteagal 29(1)(a) TDA*
*Airteagal 57(4) agus (6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Ní mór don iarratasóir a bheith cláraithe agus ní mór uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha (EORI) a bheith aige má tá sé bunaithe san Aontas Eorpach.
- Ní mór don iarratasóir a bheith bunaithe san Aontas nó i dtír chomhchoiteann idirthurais.
- Ní mór don údarás custaim a bheith den tuairim go mbeidh ar a chumas aige an nós imeachta idirthurais a mhaoirsiú agus na rialuithe a dhéanamh gan iarracht dhíréireach.

**Coinníollacha sonracha**

*Airteagal 25(1), Airteagal 29(1)(b), Airteagal 32(1) TDA*
*Airteagal 57(4), Airteagail 92(1) agus 94(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Ní mór don iarratasóir a bheith ina ghnóthas iarnróid.
- Cibé acu: (i) ní mór don iarratasóir nós imeachta an Aontais nó an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach a úsáid go rialta; nó (ii) ní mór fios a bheith ag an údarás custaim go bhféadfaidh an t-iarratasóir na hoibleagáidí faoi na nósanna imeachta sin a chomhlíonadh.
- Ní dhearna an t-iarratasóir aon chion tromchúiseach ná athchion in aghaidh na reachtaíochta custaim nó cánach.
- Ní mór don iarratasóir taifid a choinneáil lena gcuirtear ar a chumas don údarás custaim rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm.
- Ní mór don ghnóthas iarnróid a dhearbhú go bhfuil sé faoi dhliteanas i gcomhpháirt leis an údarás custaim nuair a bheidh baint aige le hearraí a iompar faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid (*).

(*) Leagtar amach sa dearbhú an prionsabal a nglactar leis go bhféadfar neamhrialtachtaí a thagann chun solais le linn chur i bhfeidhm an nós imeachta idirthurais pháipéarbhunaithe a réiteach idir an t-údarás custaim inniúil agus an gnóthas iarnróid freagrach sa tír ina meastar gur tharla an neamhrialtacht. Toilíonn an gnóthas iarnróid freagrach a bheith faoi dhliteanas agus a bheith ar an gcéad pháirtí a n-iarrfar air aon fhiach custaim (dleachtanna allmhairiúcháin agus muirir eile) a íoc. Tá dearbhú samplach le fáil in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019.

*Airteagal 39 agus Airteagal 41(3) TDA*

I gcás inarb infheidhme, dearbhóidh an t-údarás custaim na nithe seo a leanas:

*Airteagal 92(3) agus Airteagal 97(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- na socruithe le haghaidh gluaiseachtaí earraí de chuid an Aontais (féach 'Nóta' i Roinn VI.3.5.3.4.4);
- na socruithe le haghaidh ráthaíochtaí a úsáid;
- na nósanna imeachta a leanfar ag na hoifigí cuntasaíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid an nóta coinsíneachta CIM

mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

*Airteagal 25(2) TDA*

*Airteagal 56(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tá an t-údarú infheidhme sna Ballstáit go léir agus sna tíortha comhchoiteanna idirthurais go léir a mhéid a údaraítear nó a mhéid a bhunaítear gnóthais iarnróid idirmheánacha sa tír faoi seach.

Mar sin féin, ní fhéadfaidh an gnóthas iarnróid údaraithe feidhmiú ach ar a scála náisiúnta faoi seach, cé is moite de chóistí chuig an stáisiún i gcríoch chomharsanach agus ón stáisiún sin mar a chomhaontaítear idir na hiompróirí (féach Roinn VI.3.5.3.2 freisin).

*Airteagal 22(4) CCA*

*Airteagal 64 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tá feidhm láithreach ag an údarú.

*Airteagal 22(5) agus Airteagal 28 CCA*

*Airteagal 64 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tríd is tríd, féadfaidh an t-údarú a bheith bailí gan teorainneacha ama agus fad a chomhlíonann an gnóthas iarnróid gach critéar agus coinníoll. Mar sin féin, tugtar faoi deara na saintréithe seo a leanas.


- Ní fhéadfar an nós imeachta a thosú a thuilleadh i mBallstát de chuid an Aontais ná i dtír chomhchoiteann idirthurais a luaithe a chuirtear chun feidhme céim 5 NCTS sa Bhallstát sin de chuid an Aontais nó sa tír chomhchoiteann idirthurais sin (féach freisin Roinn VI.3.5.3.1 – Réamhrá).
- Féadfaidh gnóthais iarnróid údaraithe na dtíortha sin leanúint de pháirt a ghlacadh mar ghnóthais iarnróid idirmheánacha nó ghlactha.
- Tiocfaidh deireadh le bailíocht gach údaraithe nuair a chuirfear chun feidhme céim 5 NCTS i mBallstáit go léir an Aontais Eorpaigh agus sna tíortha comhchoiteanna idirthurais go léir.

### VI.3.5.3.4 An nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe a úsáid

Figure 1 Léirítear i bhFíor 1 an nós imeachta idirthurais nuair a bhaintear úsáid as an nóta coinsíneachta CIM mar an dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí a ghluaistear ó áit amháin san Aontas nó i dtír chomhchoiteann idirthurais chuig áit eile san Aontas nó i dtír chomhchoiteann idirthurais.

Ba cheart téacs iomlán na bhforanna go léir a léamh chun tuiscint

iomlán a fháil ar na rialacha is infheidhme agus ar na hathruithe féideartha orthu.




**Fíor1: Léiriú ar an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid**

### VI.3.5.3.4.1 An nóta coinsíneachta CIM mar dhearbhú maidir le hidirthuras

*Airteagail 6 agus 7, Foscríbhinn B COTIF*

Dhréachtaigh an Coiste Idirnáisiúnta um Iompar ar Iarnród (CIT) na nithe seo a leanas i gcomhaontú leis na húdaráis chustaim agus leis an gCoimisiún Eorpach[37]: (i) nóta coinsíneachta CIM samplach; (ii) nóta coinsíneachta CIM/SMGS samplach; agus (iii) nóta coinsíneachta CIM samplach le haghaidh iompar traschórais. Tá na foirmeacha sin le fáil ar http://www.cit-rail.org.

Féadfar an nóta coinsíneachta CIM a úsáid mar nóta CUV le haghaidh vaigín lastais freisin[38]. Sa chás sin, ní mór tic a chur sa bhosca 'Nóta CUV le haghaidh vaigín lastais' i mBosca 30. Baineann an úsáid sin le hiompar vaigíní lastais folmha atá á n-iompar mar mhodh iompair. Níor cheart na vaigíní lastais folmha a chur faoi idirthuras comhchoiteann/an Aontais, mura bhfuil imréiteach custaim acu fós. Dá bhrí sin, ní ábhartha an fhoirm shamplach a úsáid mar nóta CUV le haghaidh vaigíní lastais chun críoch idirthuras custaim.

Ar an gcaoi chéanna, níl aon ábharthacht dhifriúil don idirthuras custaim ag baint leis an nóta coinsíneachta CIM le haghaidh iompar traschórais agus an nóta coinsíneachta CIM/SMGS comhcheangailte. Ní mór an dá cheann a láimhseáil mar nóta coinsíneachta CIM chun críche idirthuras custaim. Sna míreanna seo a leanas, tá feidhm ag gach tagairt don nóta coinsíneachta CIM maidir leis an nóta coinsíneachta CIM/SMGS comhcheangailte agus leis an nóta coinsíneachta CIM le haghaidh iompar traschórais. Na tagairtí do bhoscaí ar an bhfoirm sa roinn seo, baineann siad go léir leis an nóta coinsíneachta CIM. Liostaítear i dtábla comhshó in Iarscríbhinn VI.8.11 na tagairtí bosca comhfhreagracha le haghaidh na nótaí coinsíneachta eile.

Cé nach bhfuil na húdaráis chustaim ná an Coimisiún freagrach as na foirmeacha, féadfar na foirmeacha a úsáid mar dhearbhuithe maidir le hidirthuras custaim. Dá bhrí sin, ní fhéadfar na foirmeacha sin a athrú gan toiliú na n-údarás custaim agus an Choimisiúin a fháil roimh ré.

37 Féach doiciméid oibre TAXUD/1862/2003, TAXUD/1950/2003 agus TAXUD/1960/2003, ar formheasadh an ceann deiridh díobh ag an 102ú cruinniú de mheitheal CE-CSTE an 10 Nollaig 2003.

38 Ciallaíonn CUV na rialacha aonfhoirmeacha a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta vaigíní lastais.

### VI.3.5.3.4.2 Sealbhóir an nós imeachta

*Airteagail 5(15), 5(35) agus 170(2) CCA*

- Is é **sealbhóir an nós imeachta** an dearbhóir mar a shonraítear i mBosca 58b den nóta coinsíneachta CIM.

*Airteagal 31(1) TDA*

*Airteagal 3(e) agus Airteagal 93, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- I bhfianaise ról áirithe an iompróra chonarthaigh maidir le hiompar earraí a eagrú – agus dá bhrí sin an teagmháil a bhíonn aige/aici leis na hiompróirí eile agus an t-eolas atá aige/aici orthu – ní mór don iompróir conarthach (Bosca 58a), go ginearálta, iarratas a dhéanamh ar nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid a úsáid i gcomhréir le hAirteagail 5(35) agus 170 CCA. Dá bhrí sin, is é an t-iompróir conarthach sealbhóir an nós imeachta go ginearálta.

- Mar sin féin, **ní mór do shealbhóir an nós imeachta a bheith bunaithe san Aontas Eorpach nó i dtír chomhchoiteann idirthurais**. Más rud é go dtosaíonn an oibríocht iompair lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó de thír chomhchoiteann idirthurais, agus nach bhfuil an t-iompróir conarthach bunaithe san Aontas ná i dtír chomhchoiteann idirthurais, sa chás sin féadfar aon ghnóthas iarnróid údaraithe eile a bhfuil baint aige leis an iompar agus atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhchoiteann idirthurais a shonrú, le toiliú uaidh, i mBosca 58b mar shealbhóir an nós imeachta. I bhfianaise an cheanglais atá ann na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta laistigh de chríoch chustaim an Aontais nó i dtír chomhchoiteann idirthurais, beidh sealbhóir an nós imeachta, go ginearálta, ar an gcéad iompróir ar dhul isteach ar chríoch custaim an Aontais nó i dtír chomhchoiteann idirthurais.

  Dá bhrí sin, sa chás sin, déanfaidh an t-iompróir conarthach (Bosca 58a) iarratas ar an 'nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid' thar ceann shealbhóir an nós imeachta (Bosca 58b).

### VI.3.5.3.4.3 An nóta coinsíneachta CIM a líonadh isteach mar dhearbhú maidir le hidirthuras

*Airteagal 12(2), Foscríbhinn B COTIF*

Maidir leis an ngnóthas iarnróid a ghlacann leis na hearraí a iompair i gcomhréir le COTIF (an t-iompróir conarthach a shonraítear i mBosca 58a), ní mór dó an nóta coinsíneachta CIM a líonadh isteach agus na sonraí go léir a sholáthar mar a leagtar amach in

Airteagal 7, Foscríbhinn B COTIF. Ní mór nóta coinsíneachta CIM a eisiúint le haghaidh gach coinsíneachta.

Ní gá go gciallaíonn nóta coinsíneachta CIM a úsáid go n-úsáideann cuideachta iarnróid an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid. Dá bhrí sin, tá sé éigeantach úsáid an nóta coinsíneachta CIM mar dhearbhú maidir le hidirthuras a dheimhniú i mBosca 58b.

Murab é an t-iompróir conarthach sealbhóir an nós imeachta, ciallaíonn sé sin go bhfuil an nóta coinsíneachta CIM á líonadh isteach mar dhearbhú maidir le hidirthuras ag an iompróir conarthach thar ceann shealbhóir an nós imeachta.

Níl bosca ar leith sa nóta coinsíneachta CIM ina bhféadfaí an cód CC a chur isteach. Mar sin féin, i gcás ina n-éilítear an cód CC in idirthuras Aontais/comhchoiteann, cód NHM sé dhigit na n-iarnród féin a chuirtear isteach i mBosca 24, agus comhfhreagraíonn an cód sin don chód CC de ghnáth.

Thairis sin, sonraítear i lámhleabhar CIT maidir leis an nóta coinsíneachta CIM nach mór an cód CC a chur isteach i mBosca 21 nuair a cheanglaítear a leithéid leis an reachtaíocht custaim.

Má bhaintear úsáid as ráthaíocht aonair, nó má chuirtear ráthaíocht bhreise le ráthaíocht chuimsitheach, ba cheart an fhaisnéis sin a shonrú sa nóta coinsíneachta CIM mar aon leis an gcineál ráthaíochta agus an uimhir GRN, más infheidhme (féach below Roinn VI.3.5.3.6 freisin).

*Airteagal 34 agus Iarscríbhinn 11 TDA*

Má chumhdaítear níos mó ná aon vaigín lastais amháin leis an nóta coinsíneachta CIM, féadfar an liosta luchtaithe a úsáid.

*Airteagal 105, Foscríbhinn I agus Iarscríbhinn B Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Cuimseofar leis an liosta luchtaithe uimhir an vaigín lastais nó uimhir an choimeádáin.

Ní mór gluaiseachtaí T1 agus T2/T2F a dhéanamh amach ar liostaí luchtaithe ar leith. Sa chás sin, sraithuimhir an liosta luchtaithe a chuirfear isteach sa bhosca don tuairisc ar earraí ar CIM. Tá tuilleadh faisnéise faoi na cóid sin le fáil i gCuid I.

Ba cheart an liosta luchtaithe bunaidh a fhíordheimhniú le stampa an stáisiúin seolta.

### VI.3.5.3.4.4 Foirmiúlachtaí tráth an imeachta

*Airteagal 31(2) TDA*

*Airteagal 93(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Is é **sealbhóir an nós imeachta** atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann gach gnóthas iarnróid lena mbaineann na coinníollacha chun an nós imeachta simplithe sin a úsáid.

*Airteagal 32(2) agus Airteagal 33(1) TDA*

*AirteagaAirteagal l 233(1) agus 233(2) CCA*

*Airteagal 8, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Ní mór do **shealbhóir an nós imeachta** na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  (a) an nóta coinsíneachta CIM agus na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta, mura sonraítear a mhalairt (féach an nóta thíos);
  (b) an liosta luchtaithe a chur i láthair más infheidhme (féach Roinn VI.3.5.3.4.3);
  (c) na forálacha custaim maidir leis an nós imeachta a chomhlíonadh;
  (d) ráthaíocht iomchuí le haghaidh an chúrsa taistil iomláin a sholáthar (féach below Roinn VI.3.5.3.6 freisin).

- Ba cheart don **oifig custaim imeachta** a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil sealbhóir an nós imeachta ina ghnóthas iarnróid údaraithe agus cé acu atá nó nach bhfuil ráthaíocht i bhfeidhm. Féadfaidh an oifig custaim imeachta úsáid a bhaint as Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019 mar fhoinse le seiceáil go bhfuil an ráthaíocht sin i bhfeidhm.
  Níl in Iarscríbhinn 2 ach an deimhniú go n-údaraítear freisin an gnóthas iarnróid údaraithe chun úsáid a bhaint as ráthaíocht chuimsitheach le haghaidh an nós imeachta idirthurais pháipéarbhunaithe. Féach Roinn VI.3.5.3.6.2 le haghaidh an nós imeachta atá le leanúint i gcás ina n-úsáidtear ráthaíocht aonair.

*Airteagal 33 TDA*

*Airteagal 97(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- Léiríonn an **oifig custaim imeachta** go soiléir ar Bhileoga 1, 2 agus 3 i mBosca 99 den nóta coinsíneachta CIM a áirithítear don lucht custaim, an cód mar a leanas, mura sonraítear a mhalairt (féach an nóta thíos):
  (a) T1: le haghaidh idirthuras seachtrach;
  (b) T2: le haghaidh idirthuras inmheánach;
  (c) T2F: le haghaidh idirthuras inmheánach (críoch fhioscach speisialta).
  Ní mór cóid T2 agus T2F a fhíordheimhniú le stampa custaim. Tá tuilleadh faisnéise faoi chóid T1, T2 agus T2F a úsáid le fáil i gCuid I.


  Ní mór na bileoga go léir a thabhairt ar ais don ghnóthas

iarnróid.

*Airteagal 33(4) agus Iarscríbhinn 10 TDA*

*Airteagal 95, Foscríbhinn I agus Iarscríbhinn B11, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór do **shealbhóir an nós imeachta**, i gcás inar gá, a áirithiú go ndéantar na hearraí go léir a iompraítear faoin nós imeachta simplithe sin a shainaithint le lipéad nó stampa ar a bhfuil an picteagram iomchuí, mura sonraítear a mhalairt (féach an nóta thíos):



Tá na lipéid/stampaí le greamú ar an nóta coinsíneachta CIM nó le priontáil air.

Tá na lipéid/stampaí le greamú ar an vaigín lastais ábhartha más ann do lucht iomlán nó ar an bpacáiste nó ar na pacáistí aonair.

*Airteagal 302(2)(b) IA*

*Airteagal 98, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Mura socraíonn an oifig custaim imeachta a mhalairt, ní gá don lucht custaim an modh iompair ná na pacáistí aonair ina bhfuil na hearraí a shéalú. Is amhlaidh sin toisc go meastar go ginearálta gur leordhóthanach na bearta sainaitheantais a chuireann na hiarnróid i bhfeidhm.

**<u>Nóta</u>**

Maidir leis an gceanglas na hearraí a chur i láthair, cóid T1/T2/T2F a shonrú, agus an lipéad nó na stampaí a ghreamú.

Mar riail ghinearálta, toimhdítear cóid T1, T2 nó T2F ar bhonn an chóid tíre i mBosca 62. Mar shampla, tugtar le tuiscint le cód tíre 80 don Ghearmáin go n-úsáidtear nós imeachta T2. I gcás nach ionann an nós imeachta agus an tír imeachta (ar an nóta coinsíneachta CIM), ní mór cód an nós imeachta a shonrú go soiléir. I gcás cód T2/T2F, is gá iad sin a fhíordheimhniú le bheith bailí.

| Ó | Trí | Chuig | Earraí | Cód (bileog 1 to 3) | Picteagram | I láthair |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Airteagal 33(1), 33(2) agus 33(4) TDA*<br>*Airteagal 97(1) agus 97(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún* | | | | | | |
| AE | Ceann ar bith | AE | Earraí nach de chuid an Aontais iad | Sonraigh T1 | Éigeantach | Éigeantach |
| *Airteagail 39(1) agus 39(2) TDA*<br>*Airteagal 97(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún* | | | | | | |
| AE | CTC [(1)]<br>Tríú tír [(2)] | AE | An tAontas | Toimhdítear T2/T2F | Ní éilítear | Ní éilítear |
| *Airteagal 36(5) TDA* | | | | | | |
| AE | Ceann ar bith | CTC<br>Tríú tír | Earraí de chuid an Aontais nó earraí nach de chuid an Aontais iad | Sonraigh T1<br>Formhuinigh T2/T2F | Éigeantach | Éigeantach |
| *Airteagal 97(4) agus 97(6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún* | | | | | | |
| CTC | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Earraí nach de chuid an Aontais iad | Toimhdítear T1 | Éigeantach | Ní éilítear |
| | | | An tAontas | Formhuinigh T2/T2F (bileog 3) | Éigeantach | Éigeantach |
| *Airteagail 38 agus 40 TDA* | | | | | | |
| Tríú tír | Ceann ar bith | Tríú tír | Earraí nach de chuid an Aontais iad | Toimhdítear T1 | Éigeantach | Ní éilítear |
| | | | An tAontas | Toimhdítear T1, in éagmais PoUS | Éigeantach | Ní éilítear |
| *Airteagail 33(5) agus 40 TDA* | | | | | | |
| Tríú tír | Ceann ar bith | AE | Earraí nach de chuid an Aontais iad | Toimhdítear T1 | Éigeantach | Ní éilítear |
| | | | An tAontas | Toimhdítear T1, in éagmais PoUS | Éigeantach | Ní éilítear |

*Airteagal 39(1) TDA*

*Airteagal 97(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

(3) Ní mór do gach Ballstát na coinníollacha agus na socruithe a chinneadh le haghaidh cásanna ina ngluaistear earraí de chuid an Aontais ó áit amháin go háit eile san Aontas trí thír chomhchoiteann idirthurais (féach Roinn VI.3.5.3.3 freisin).

*Airteagal 39(2) TDA*

*Airteagal 97(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

(2) Ní mór do gach Ballstát an nós imeachta a chinneadh le haghaidh cásanna ina ngluaistear earraí de chuid an Aontais ó áit amháin go háit eile san Aontas trí thríú tír. Cé nach féidir, go ginearálta, gluaiseachtaí den sórt sin a dhéanamh ach i gcás nósanna imeachta T1 amháin, is eisceacht atá san iompar iarnróid, agus féadfar gluaiseachtaí den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le nósanna imeachta T2 faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe seo le haghaidh iompar iarnróid. Cuirtear an nós imeachta idirthurais custaim ar fionraí lasmuigh de chríoch custaim an Aontais (féach VI.3.5.3.3 freisin). D’fhéadfaí cruthúnas ar stádas an Aontais a úsáid freisin de rogha air sin.

**VI.3.5.3.4.5 Cásanna sonracha tráth an imeachta**

**Gluaiseacht a thosaíonn i dtríú tír**

*Airteagal 33(5) agus Airteagal 38 TDA*

*Airteagal 102, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Má thosaíonn an ghluaiseacht lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó de thír chomhchoiteann idirthurais, ba cheart don oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin teorann trína dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó na tíre comhchoitinne idirthurais gníomhú mar an oifig custaim imeachta.

Tá an t-iompróir faoi cheangal ag na forálacha lena rialaítear teacht isteach earraí i gcríoch chustaim an Aontais nó na tíre comhchoitinne idirthurais, agus coinníonn an t-údarás custaim an ceart chun na hearraí sin a sheiceáil.

**Modhnú an chonartha iompair**

*Airteagal 37 TDA*

D’fhéadfadh sé tarlú go modhnófaí an conradh sa chaoi is go

*Airteagal 96, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

gcríochnaíonn an t-iompar: (i) lasmuigh den Aontas Eorpach seachas laistigh den Aontas Eorpach (nó *vice versa*); nó (ii) lasmuigh den tír chomhchoiteann idirthurais ar beartaíodh ar dtús seachas laistigh den tír chomhchoiteann idirthurais a beartaíodh ar dtús (nó *vice versa*). Sna cásanna sin, ní fheidhmeofar an t-iompar gan toiliú na hoifige custaim imeachta roimh ré.

I ngach cás eile, féadfar an conradh modhnaithe a fheidhmiú ach an oifig custaim imeachta a chur ar an eolas gan mhoill.

**Coinsíneoir údaraithe**

*Airteagal 43 TDA*

*Airteagal 107(11), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Más rud é go bhfuil an chéad ghnóthas iarnróid ina choinsíneoir údaraithe, ní gá na hearraí agus an nóta coinsíneachta CIM a chur i láthair na hoifige custaim imeachta.

Mar sin féin, ní mór don oifig custaim sin na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh cód T1, T2 agus T2F, de réir mar is infheidhme, ar Bhileoga 1, 2 agus 3.

Tá tuilleadh faisnéise ar an gcoinsíneoir údaraithe le fáil i gCuid VI.

### VI.3.5.3.4.6 Faoi bhealach

**Oibleagáidí gach gnóthais iarnróid lena mbaineann** (Boscaí 58b agus 57)

*Airteagal 32(2) TDA*

*Airteagal 94(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tá gach gnóthas iarnróid lena mbaineann freagrach as an gcur i bhfeidhm cuí chun an nós imeachta páipéarbhunaithe seo a úsáid.

**Ag na hoifigí custaim idirthurais**

*Airteagal 35 TDA*

*Airteagal 99, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní gá aon fhoirmiúlacht a dhéanamh ag an oifig custaim idirthurais. Mar sin féin, fíordheimhneofar an trasnú teorann ach na hoifigí cuntasaíochta a sheiceáil mar a dhéantar tuilleadh plé air i Roinn VI.3.5.3.5.2 nó ar bhealach eile nó le córas eile (e.g. córas an bhainisteora bonneagair iarnróid).

Nuair a iompraítear earraí trí thríú tír, meastar go bhfuil an nós imeachta curtha ar fionraí sa tríú tír sin.

Mar sin féin, tá feidhm i gcónaí ag foirmiúlachtaí custaim a bhaineann le teacht isteach na n-earraí ar chríoch chustaim an Aontais nó tíre comhchoitinne idirthurais nó dul amach na n-earraí as an gcríoch chustaim sin, agus coinníonn an t-údarás custaim an

ceart chun na hearraí sin a sheiceáil. Baineann na foirmiúlachtaí sin leis na ‘rialacha sábháilteachta agus slándála’ bunaithe ar chreat caighdeán SAFE na hEagraíochta Domhanda Custaim mar a shonraítear in Airteagal 46 CCA.

**Foirmiúlachtaí i gcás teagmhas**

*Airteagal 305 IA*

*Airteagal 44, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Más rud é go dtarlaíonn teagmhais agus earraí á ngluaiseacht faoi oibríochtaí idirthurais an Aontais/comhchoiteanna mar a thugtar tuairisc orthu i gCuid IV, Caibidil 3, Roinn 3.1, tá feidhm ag na nósanna imeachta céanna. Mar sin féin, agus saintréithe an nós imeachta idirthurais pháipéarbhunaithe seo le haghaidh earraí arna n-iompar d’iarnród á gcur san áireamh, ba cheart nós imeachta tuairisciúcháin a leanúint mar a leagtar amach i lámhleabhar CIT (CIM Airteagal 42 – Fionnadh caillteanais pháirtigh nó díobhála, CIT foirm 20).

Tá feidhm ag Airteagal 305 CCA IA agus ag Airteagal 44 d’Fhoscríbhinn I den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach leis na hathruithe riachtanacha (*mutatis mutandis*) ar iompar faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh earraí arna n-iompar d'iarnród.

## VI.3.5.3.4.7 Ag an gceann scríbe

*Airteagal 36(2) TDA*

*Airteagal 100(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

An oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin ag an gceann scríbe mar a léirítear ar an nóta coinsíneachta CIM, gníomhóidh an oifig sin mar an oifig custaim cinn scríbe.

*Airteagal 36(1) TDA*
*Airteagal 100(1)*

*Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Cuirfidh an **gnóthas iarnróid** atá ag iompar na n-earraí ag an gceann scríbe na nithe seo a leanas i láthair na hoifige custaim cinn scríbe:

- na hearraí;
- Bileoga 2 agus 3 den nóta coinsíneachta CIM.

Déanfaidh an **oifig custaim cinn scríbe**:

- stampa a chur ar Bhileog 2 agus í a thabhairt ar ais don ghnóthas iarnróid;
- Bileog 3 a choimeád.

*Airteagal 41(3) TDA*

Ní mór don **ghnóthas iarnróid** gach nóta coinsíneachta CIM

*Airteagal 92(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

(Bileog 2) a chur ar fáil ag a oifig cuntasaíochta don údarás custaim sa tír cinn scríbe i gcomhréir le haon fhoráil a leagtar síos trí chomhaontú frithpháirteach leis an údarás sin.

### VI.3.5.3.4.8 Cásanna sonracha ag an gceann scríbe

*Airteagal 36(5) agus Airteagal 38 TDA*

*Airteagal 101, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**Críochnaíonn an ghluaiseacht i dtríú tír**

Má chríochnaíonn an ghluaiseacht i dtríú tír, ní mór don oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin teorann trína bhfágann na hearraí críoch chustaim an Aontais nó na tíortha comhchoiteanna idirthurais gníomhú mar an oifig custaim cinn scríbe.

Tá an t-iompróir faoi cheangal ag na forálacha lena rialaítear dul amach earraí ó chríoch chustaim an Aontais, agus coinníonn an t-údarás custaim an ceart chun na hearraí sin a sheiceáil.

*Airteagal 36(2) TDA*

*Airteagal 100(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

**Díluchtaíodh na hearraí ag stáisiún idirmheánach seachas earraí máil**

Má cuireadh deireadh le hiompar na n-earraí nó an nós imeachta idirthurais ag stáisiún idirmheánach nó faoi bhealach, ba cheart don oifig custaim atá inniúil le haghaidh an stáisiúin idirmheánaigh sin nó na háite faoi bhealach gníomhú mar an oifig custaim cinn scríbe.

Cuirfidh an gnóthas iarnróid atá ag iompar na n-earraí chuig an stáisiún idirmheánach sin na nithe seo a leanas i láthair na hoifige custaim cinn scríbe:

- na hearraí;
- Bileoga 2 agus 3 agus cóip bhreise de Bhileog 3 de CIM.

Déanfaidh oifig custaim an stáisiúin idirmheánaigh (an oifig custaim cinn scríbe iarbhír):

- stampa a chur ar na bileoga sin;
- na bileoga a fhormhuiniú leis an sonrú 'imréitithe';
- Bileoga 2 agus 3 a thabhairt ar ais don ghnóthas iarnróid;
- an chóip bhreise de Bhileog 3 a choimeád.

Féadfaidh an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe fíordheimhniú an fhormhuinithe a rinne an 'oifig custaim idirmheánach' ar Bhileoga 2 agus 3 a iarraidh ina dhiaidh sin.

*Airteagal 36(3) TDA*

Ní fhéadfar gluaiseacht earraí máil a atreorú. Ní mór cloí leis an áit imeachta agus leis an gceann scríbe dearbhaithe. Ciallaíonn sé sin nach féidir earraí máil a dhíluchtú ag stáisiún idirmheánach.

**Coinsíní údaraithe**

*Airteagal 44 TDA*

Más rud é go bhfaigheann coinsíní údaraithe na hearraí ag an stáisiún cinn scríbe, ní gá na hearraí agus an nóta coinsíneachta CIM a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe.

Féadfaidh an gnóthas údaraithe iarnróid nó iompair Bileoga 2 agus 3 de CIM a sheachadadh go díreach chuig an oifig custaim cinn scríbe.

Tá tuilleadh faisnéise ar an gcoinsíní údaraithe le fáil i gCuid VI.

### VI.3.5.3.5 Maoirseacht ar ghluaiseachtaí faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid

#### VI.3.5.3.5.1 Conas a fheidhmíonn na hoifigí cuntasaíochta

Tá rialacháin chuntasaíochta agus leithdháilte tarraingthe suas ag Aontas Idirnáisiúnta na nIarnród (UIC) agus is infheidhme iad maidir leis an iompar idirnáisiúnta earraí[39]. Tá na rialacha sin ina gceangal ar ghnóthais is comhaltaí, agus cumhdaítear leo socrú cuntas agus cionroinnt agus íoc suimeanna iníoctha ar ghluaiseacht earraí faoi nóta coinsíneachta CIM.

Éilítear leis na rialacháin chuntasaíochta go n-úsáidtear nós imeachta caighdeánaithe ag oifigí cuntasaíochta na ngnóthas iarnróid a bhfuil baint acu le hiompar na n-earraí. Is éard atá sa nós imeachta seo: (i) bailiú agus malartú na sonraí a bhaineann le hiompar; (ii) comparáid a dhéanamh idir na sonraí sin; agus (iii) i gcás inarb iomchuí, faisnéis a mhalartú maidir le neamhréireachtaí a nochtar.

Beidh an gnóthas iarnróid sa tír cinn scríbe inniúil chun cuntais a shocrú ar bhonn na sonraí a léirítear ar Bhileog 2 den nóta coinsíneachta CIM. Dá bhrí sin, tá cóipeanna de Bhileog 2 a bhaineann le gach cóiste le fáil ag an oifig cuntasaíochta chomhfhreagrach. Is é atá sa tsocraíocht sonraí ábhartha a bhailiú mar a shainítear sna rialacháin chuntasaíochta. Tá oibleagáid ar na hoifigí sin an tsocraíocht a thionscnamh ar bhonn míosúil le haghaidh gach naisc iarnróid agus gnóthais iarnróid lena mbaineann. Ní mór na sonraí a sheoladh chuig gach ceann de na

39 Bileog UIC 304.

gnóthais iarnróid lena mbaineann.

Tá oibleagáid ar an ngnóthas iarnróid sa tír imeachta seiceáil cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na sonraí sin lena shonraí féin. I gcás ina nochtar aon neamhréireacht os cionn EUR 30 in aghaidh na coinsíneachta, ní mór sonraí a sheoladh chuig an oifig cuntasaíochta sa tír cinn scríbe ar fhoirm chomhaontaithe.

Déanann oifig chuntasaíochta gach tíre idirthurais seiceáil, i gcás ina measann an oifig gurb iomchuí seiceáil a dhéanamh, ar cé acu atá nó nach bhfuil an tsocraíocht ceart. Úsáidfear an fhoirm chomhaontaithe i gcás inar mó neamhréireacht ná EUR 30 in aghaidh na coinsíneachta.

Tar éis na socraíochta, roinneann an oifig chuntasaíochta sa tír cinn scríbe[40] na méideanna de ghnáth agus aistríonn sí na méideanna comhfhreagracha chuig na gnóthais iarnróid lena mbaineann ar deireadh.

Féadfar an nós imeachta seo a chomhaontú freisin le hiarnróid nach comhaltaí de UIC iad de réir na rialachán cuntasaíochta. Níl cur i bhfeidhm nós imeachta UIC ina choinníoll chun an nós imeachta idirthurais iarnróid simplithe a úsáid. Mar sin féin, ní mór d’aon nós imeachta cuntasaíochta incháilithe a bheith ceangailteach freisin ar na gnóthais iarnróid lena mbaineann agus ní mór dó a bheith chomh hiontaofa céanna le nós imeachta UIC. Ní mór do nós imeachta UIC na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) comparáid chaighdeánach a chuimsiú idir na sonraí ar gach coinsíneacht sna hoifigí cuntasaíochta lena mbaineann; agus (ii) foirm chomhaontaithe a úsáid le haghaidh na faisnéise ar neamhréireachtaí. Ní mór a áirithiú le haon nós imeachta cuntasaíochta rialú frithpháirteach ar na gnóthais iarnróid atá páirteach san iompar earraí. Dá bhrí sin, éilítear leis an nós imeachta go mbeadh dhá ghnóthas iarnróid ar a laghad páirteach.

Cuideachta iarnróid nach bhfuil a sciar den luach saothair as an oibríocht iompair faighte aici fós tar éis tréimhse áirithe, féadfaidh sí imscrúdú a dhéanamh chun na hearraí nó na doiciméid ‘chaillte’ a rianú nó chun a chinneadh cén tír ina ndeachaigh na hearraí go deireanach. Is cúiteamh é sin: (i) ar easpa nós imeachta fiosrúcháin

40 Tá sé beartaithe ag UIC an prionsabal sin a mhodhnú. An gnóthas iarnróid atá inniúil ar mhuirear a ghearradh ar an gcliant, ba cheart dó a bheith inniúil ar roinnt agus ar aistriú na méideanna. Ós rud é nach bhfuil bailiú na sonraí a bhaineann le hiompar ná malartú na sonraí sin i gceist, ní dhéanann an modhnú sin difear don nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid.

custaim; agus (ii) ar an easpa teachtaireachtaí le haghaidh an deiridh agus an díluchtaithe.

### VI.3.5.3.5.2 Iniúchtaí ag na húdaráis inniúla

Tá sé ina cheanglas go gcoinnítear taifid lena n-iniúchadh ag an lucht custaim in oifig cuntasaíochta atá le bunú i ngach tír. Déantar amhlaidh mar ní sheoltar ar ais aon chóip lena gcuirfí ar a chumas don lucht custaim a chinneadh gur bhain na hearraí ceann scríbe amach. Seiceálacha ar thaifid, go háirithe ar an miondealú de chostais iompair agus nós imeachta fiosrúcháin na n-iarnród, a chuirtear in ionad na dteachtaireachtaí deiridh agus rialála.

*Airteagal 41(3) TDA*

*Airteagal 92(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

An t-údarás custaim sa tír cinn scríbe a dhéanfaidh na rialuithe custaim ar úsáid iomchuí an nós imeachta pháipéarbhunaithe go príomha.

I gcás aon neamhrialtacht nó éileamh ar fhiach, féadfaidh gach údarás custaim déileáil go díreach leis an ngnóthas iarnróid faoi seach (féach Iarscríbhinn 1 a ghabhann le doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019).

Ba cheart a chur san áireamh gur gné fhíorr-iachtanach den nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid é córas imréitigh agus fiosrúcháin reatha na ngnóthas iarnróid. Meastar go bhfuil an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid iontaofa, agus meastar go bhfuil soláthar ann dóibh seo a leanas: (i) rialuithe ar chuntais na ngnóthas iarnróid; agus (ii) tarscaoileadh maidir le cóip den nóta coinsíneachta CIM a úsáideadh mar an dearbhú maidir le hidirthuras a sheoladh ar ais[41].

Dá bhrí sin, ní mór úsáid a bhaint as eilimintí riachtanacha nós imeachta cuntasaíochta na ngnóthas iarnróid le haghaidh rialuithe éifeachtacha cuí ar an nós imeachta simplithe.

Is í an fhaisnéis ar neamhrialtachtaí atá ar an táscaire is tábhachtaí nach bhfuil a gceann scríbe bainte amach ag earraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid. Mar sin féin, d’fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ag baint le neamhréireachtaí lasta a iompraítear ar iarnróid nach gá don lucht custaim bearta leantacha a dhéanamh ina leith. Chun rialú

41 Féach na haithrisí de Rialachán (CEE) Uimh. 304/1971 ón gCoimisiún.

éifeachtach cuí a dhéanamh, ní mór an fhaisnéis ar neamhréireachtaí arna seoladh ag na hoifigí cuntasaíochta faoi seach nó arna fáil acu a chur i láthair na n-údarás inniúil agus ní mór do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a sheiceáil. Ní gá aon ghníomh leantach, e.g. fiosrúcháin leis an oifig cinn scríbe, a dhéanamh ach amháin i gcás ina ndéanann an neamhréireacht difear don nós imeachta idirthurais.

Ní mór faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cuí an nós imeachta shimplithe ar bhonn Bhileog 2 den nóta coinsíneachta CIM. Ní mór an bhileog sin, ar cheart na formhuinithe a cheanglaítear leis an reachtaíocht iompair a bheith uirthi, a choinneáil agus a chur ar fáil ag an oifig cuntasaíochta sa tír cinn scríbe (féach Roinn VI.3.5.3.4.7). Ba cheart seiceálacha randamacha a dhéanamh ar Bhileog 2 den nóta coinsíneachta CIM chun faireachán a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm cuí. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar an nós imeachta fíordheimhniúcháin iarscaoilte a úsáid[42].

### VI.3.5.3.6 Ráthaíocht i gcomhthéacs an nós imeachta idirthurais iarnróid shimplithe

*Airteagal 215(2), Airteagal 98(1), Airteagal 89(4) agus Airteagal 233(1)(c) CCA*

Ní mór do **shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht iomchuí a sholáthar** – ráthaíocht bhailí leordhóthanach lena gcumhdaítear an cúrsa taistil ar chríoch chustaim an Aontais agus tíortha comhchoiteanna idirthurais.

*Airteagal 16(1) DA*

*Airteagal 28(1) CCA*

*Airteagal 10(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Agus nádúr an nós imeachta pháipéarbhunaithe á chur san áireamh, tá an 'ráthaíocht chuimsitheach' ar an gcineál ráthaíochta is iomchuí. Ní ann d'aon nós imeachta éifeachtúil lena gcuirtear ar a cumas don oifig custaim imeachta gluaiseacht a scaoileadh le ráthaíocht aonair.

### VI.3.5.3.6.1 Ráthaíocht chuimsitheach a úsáid

*Airteagail 156 agus 157(3) IA*

Má soláthraíodh ráthaíocht chuimsitheach i gcomhthéacs an nós imeachta idirthurais iarnróid shimplithe, tá feidhm ag na

[42] Tá sonraí le fáil i gCuid IV, Caibidil 5, Mír 5 den Lámhleabhar Iompair.

*Airteagal 74(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

coinníollacha seo a leanas.

- Is é sealbhóir an nós imeachta atá freagrach as seiceáil a dhéanamh gur leordhóthanach leibhéal an mhéid tagartha tráth ar bith agus go gcumhdaítear leis an cúrsa taistil iomlán ar chríoch chustaim an Aontais agus tíortha comhchoiteanna idirthurais.

  Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:

  (a) I gcás nach leordhóthanach leibhéal an mhéid tagartha, ní mór do shealbhóir an nós imeachta an méid tagartha a mhéadú nó ráthaíocht bhreise a chur leis. Ní mór an fhaisnéis sin a shonrú sa nóta coinsíneachta CIM mar aon leis an gcineál ráthaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, an uimhir GRN.

  (b) Féadfar an méid tagartha a athúsáid le haghaidh oibríocht idirthurais ina dhiaidh sin ag tosú a luaithe a chríochnóidh an nós imeachta idirthurais.

- Ba cheart don oifig custaim imeachta a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil ráthaíocht chuimsitheach i bhfeidhm. Féadfaidh an lucht custaim Iarscríbhinn 2 le doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019 a úsáid mar fhoinse le haghaidh an fhíordheimhnithe. Féadfaidh an lucht custaim a thoimhdiú freisin, bunaithe ar an bhfaisnéis sin, go gcomhlíontar an coinníoll (féach Roinn VI.3.5.3.4.4 freisin).
- Ba cheart don údarás custaim inniúil (ag oifig custaim na ráthaíochta) iniúchtaí tráthrialta iomchuí a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar úsáid an mhéid tagartha.

Ní hionann faireachán ar úsáid na ráthaíochta cuimsithí le haghaidh an nós imeachta pháipéarbhunaithe seo agus faireachán faoin nós imeachta idirthurais caighdeánach. Dá bhrí sin, ní mór don ráthaíocht chuimsitheach méid tagartha a leithdháileadh chun an nós imeachta páipéarbhunaithe seo a úsáid atá éagsúil leis an méid tagartha a leithdháiltear ar an nós imeachta idirthurais caighdeánach.

*Airteagal 23, Airteagal 28(1), Airteagal 28(2) agus Airteagal 42 CCA*

Má nochtar in iniúchtaí nár comhlíonadh na coinníollacha chun an ráthaíocht chuimsitheach a úsáid, féadfaidh an t-údarás custaim na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid tagartha na ráthaíochta cuimsithí;

*Airteagail 17, 65(3), 66 agus 67, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- na húdaruithe ábhartha a chur ar fionraí/a chúlghairm i.e. na húdaruithe chun ráthaíocht chuimsitheach a úsáid agus chun an nós imeachta iarnróid páipéarbhunaithe a úsáid;
- pionós riaracháin a fhorchur i ngeall ar neamhchomhlíonadh na

gcoinníollacha chun an ráthaíocht chuimsitheach a úsáid;
- pionós riaracháin a fhorchur i ngeall ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann leis an nós imeachta idirthurais;
- fiach custaim agus nósanna imeachta aisghabhála a bhaineann leis a shuí más infheidhme.

Tá tuilleadh faisnéise ar an údarú chun ráthaíocht chuimsitheach a úsáid le fáil i gCuid III agus Cuid VI.

**VI.3.5.3.6.2 Ráthaíocht aonair**

Ba cheart ráthaíocht chuimsitheach a úsáid i bhformhór na gcásanna. Mar sin féin, is iomchuí ráthaíochtaí aonair a úsáid uaireanta. D'fhéadfadh ráthaíocht aonair a bheith iomchuí sna cásanna annamha seo a leanas:

- gníomhaíonn gnóthas iarnróid údaraithe mar rannpháirtí sa slabhra go príomha, ach is gá dó gníomhú go heisceachtúil mar shealbhóir an nós imeachta agus dá bhrí sin níl ráthaíocht chuimsitheach aige;
- ní leordhóthanach méid tagartha na ráthaíochta cuimsithí agus is gá ráthaíocht bhreise a chur leis.

Más rud é go soláthraítear ráthaíocht aonair i gcomhthéacs an nós imeachta idirthurais iarnróid shimplithe seo:

- ní mór do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht iomchuí a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta agus an cineál ráthaíochta a shonrú – ní mór dó/di an uimhir GRN a shonrú sa nóta coinsíneachta CIM i gcás inarb iomchuí;
- ba cheart don oifig custaim imeachta a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil an ráthaíocht aonair iomchuí, i.e. ní mór don oifig na nithe seo a leanas a sheiceáil maidir leis an ráthaíocht: (i) an bhfuil sí bailí; (ii) an bhfuil sí leordhóthanach chun aon fhiach custaim a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach; agus (iii) an gcumhdaítear léi an cúrsa taistil ar chríoch chustaim an Aontais agus tíortha comhchoiteanna idirthurais;
- ní fhéadfaidh an oifig custaim imeachta an ráthaíocht aonair a scaoileadh ach amháin nuair a bhíonn an dearbhú riachtanach aici go bhfuil críoch mar is ceart leis an nós imeachta idirthurais.

Cé nach gá na hearraí ná an nóta coinsíneachta CIM a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta i gcásanna áirithe (féach an nóta i Roinn VI.3.5.3.4.4), ní mór an ráthaíocht aonair a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta.

**VI.3.5.3.7 Cásanna**

**VI.3.5.3.7.1 Samplaí**

1. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Vín na hOstaire**
   **Iompróir conarthach: DB Cargo Nederland**
   **Iompróirí eile: DB Cargo AG, Rail Cargo Austria**
   Léirítear sonraí DB Cargo Nederland i mBosca 58a. Léirítear na hiompróirí eile i mBosca 57. Comhlíonann an t-iompróir conarthach agus na hiompróirí eile ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe. Féadfaidh DB Cargo Nederland iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta idirthurais iarnróid páipéarbhunaithe ach Bosca 58b a líonadh isteach, i.e. tic a chur sa bhosca 'tá' agus a chód UIC 2184 a chur isteach.

2. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Vín na hOstaire**
   **Iompróir conarthach: DB Cargo Nederland**
   **Iompróirí eile: Rail Express, Rail Cargo Austria**
   Ní infheidhme an nós imeachta páipéarbhunaithe mar níl Rail Express i dteideal an simpliú a úsáid. Tá feidhm ag an nós imeachta idirthurais caighdeánach. Is mar dhoiciméad iompair amháin a úsáidtear an nóta coinsíneachta CIM. Ar choinníoll go bhfuil Rail Express údaraithe mar ghnóthas iarnróid idirmheánach, is infheidhme an nós imeachta páipéarbhunaithe.

3. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Vín na hOstaire**
   **Iompróir conarthach: DB Cargo Nederland**
   **Iompróirí eile: DB Cargo Nederland**
   Ní infheidhme an nós imeachta páipéarbhunaithe mar níl baint ach ag aon iompróir amháin leis an iompar. Tá feidhm ag an nós imeachta idirthurais caighdeánach. Is mar dhoiciméad iompair amháin a úsáidtear an nóta coinsíneachta CIM.

4. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Banja Luka sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**
   **Iompróir conarthach: SBB Cargo**
   **Iompróirí eile: DB Cargo Nederland, DB Cargo AG, Rail Cargo Austria, SŽ – Tovorni Promet D.O.O., HŽ Cargo, ZFBH (BA)**
   Léirítear sonraí SBB Cargo i mBosca 58a. Comhlíonann an t-iompróir conarthach agus na hiompróirí eile san Aontas

Eorpach ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe. Féadfaidh SBB Cargo iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta páipéarbhunaithe ach Bosca 58b den nóta coinsíneachta CIM a líonadh isteach. Tagann deireadh leis an oibríocht idirthurais go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 36(5) TDA agus Airteagal 101 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nuair a fhágann na hearraí críoch chustaim an Aontais.

5. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Banja Luka sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**
**Iompróir conarthach: ZFBH (BA)**
**Iompróirí eile: DB Cargo Nederland, DB Cargo AG, Rail Cargo Austria, SŽ – Tovorni Promet D.O.O., HŽ Cargo, ZFBH (BA)**
Tá an t-iompróir conarthach bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Comhlíonann gach gnóthas iarnróid eile ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe agus féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta páipéarbhunaithe ach Bosca 58b den nóta coinsíneachta CIM i gcomhréir le hAirteagal 31(1)(a) agus le hAirteagal 93(1)(a) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Tagann deireadh leis an oibríocht idirthurais go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 36(5) TDA agus Airteagal 101 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nuair a fhágann na hearraí críoch chustaim an Aontais.

6. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go dtí an Bhratasláiv sa tSlóvaic**
**Iompróir conarthach: ZFBH (BA)**
**Iompróirí eile: HŽ Cargo, SŽ – Tovorni Promet D.O.O., Rail Cargo Austria, ZSSK CARGO**
Tá an t-iompróir conarthach bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Comhlíonann na gnóthais iarnróid eile go léir ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe. Féadfaidh ZFBH iarratas a dhéanamh thar ceann gnóthais iarnróid eile le toiliú an ghnóthais iarnróid sin ar an nós imeachta páipéarbhunaithe a úsáid ach tic a chur sa bhosca 'tá' i mBosca 58b i gcomhréir le hAirteagal 31(1)(b) TDA agus le hAirteagal 93(1)(b) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Léirítear sonraí ZFBH i mBosca 58a, agus tá cód UIC an ghnóthais iarnróid eile a thug a thoiliú le cur isteach i mBosca 58b. I gcomhréir le hAirteagal 33(5) TDA agus le hAirteagal 102

d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, cuirtear tús leis an nós imeachta simplithe agus gníomhaíonn ceann de na gnóthais iarnróid eile mar shealbhóir an nós imeachta nuair a thagann an traein isteach san Aontas Eorpach.

7. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Rotterdam na hÍsiltíre go Alessandria na hIodáile**
   **Iompróir conarthach: DB Cargo Nederland**
   **Iompróirí eile: DB Cargo AG, BLS Cargo, Mercitalia, DB Cargo Italia**
   Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: baineann sé seo le cúig iompróir i slabhra a chomhlíonann ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe i gceithre thír.
   Léirítear sonraí DB Cargo Nederland i mBosca 58a. Léirítear na hiompróirí eile i mBosca 57. Comhlíonann an t-iompróir conarthach agus na hiompróirí eile ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe ina dtíortha faoi seach. Féadfaidh DB Cargo Nederland iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta idirthurais iarnróid páipéarbhunaithe ach Bosca 58b a líonadh isteach, i.e. tic a chur sa bhosca 'tá' agus a chód UIC 2184 a chur isteach.

8. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Bheirn na hEilvéise go Rotterdam na hÍsiltíre**
   **Iompróir conarthach: DB Cargo Schweiz**
   **Iompróirí eile: DB Cargo Nederland, DB Cargo AG**
   Léirítear sonraí DB Cargo Schweiz i mBosca 58a. Léirítear na hiompróirí eile i mBosca 57. Comhlíonann an t-iompróir conarthach agus na hiompróirí eile ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe. Mar sin féin, ní hionann an t-iompróir conarthach agus sealbhóir an nós imeachta, agus is é DB Cargo AG sealbhóir an nós imeachta. Ó tharla nach é DB Cargo Schweiz sealbhóir an nós imeachta, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe thar ceann DB Cargo AG le toiliú DB Cargo AG ach Bosca 58b a líonadh isteach, i.e. tic a chur sa bhosca 'tá' agus a chód UIC 2180 a chur isteach.

9. **Tá earraí nach de chuid an Aontais iad le hiompar ó Bhéalgrád na Seirbia go Rotterdam na hÍsiltíre**
   **Iompróir conarthach: Srbija Kargo AD**
   **Iompróirí eile: Rail Cargo Hungaria, Rail Cargo Austria, DB Cargo AG, DB Cargo Nederland NV**
   Féadfaidh Srbija Kargo AD iarratas a dhéanamh thar ceann Rail Cargo Hungaria chun an nós imeachta páipéarbhunaithe a úsáid

ach tic a chur sa bhosca 'tá' i mBosca 58b. Léirítear sonraí Srbija Kargo AD i mBosca 58a, agus ba cheart cód UIC 2155 Rail Cargo Hungaria a chur isteach i mBosca 58b. I gcomhréir le hAirteagal 33(5) TDA agus Airteagal 102 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, cuirtear tús leis an nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe – agus gníomhaíonn Rail Cargo Hungaria mar shealbhóir an nós imeachta – nuair a thagann an traein isteach san Aontas Eorpach.

**VI.3.5.3.7.2 Cásanna sainiúla iompróirí conarthacha**

Maidir leis an gcoinníoll go ndéanfaidh gnóthais iarnróid údaraithe éagsúla earraí a thógáil ar láimh agus a iompar i ndiaidh a chéile, ní chomhlíontar an coinníoll sin a thuilleadh i gcás cumasc iomlán de chuideachtaí iarnróid ó roinnt tíortha in aon ghnóthas amháin. Mar sin féin, níor cheart i bprionsabal amhras a chaitheamh ar an gcoinníoll sin más rud é go bhfuil cuideachtaí iarnróid éagsúla ina gcuid den chuideachta shealbhaíochta airgeadais chéanna, ar choinníoll go leanfaidh na seirbhísí lasta éagsúla d'fheidhmiú ar leithligh.

Ní chomhlíontar an coinníoll ach an oiread i gcás ina ndéanann cuideachta iarnróid amháin oibríocht iompair idirnáisiúnta i gcreat léirscaoilte, e.g. mar an t-iompróir aonair ón tír imeachta go dtí an tír cinn scríbe.

Thairis sin, d'fhéadfadh saintréithe neamhghnácha a bheith ag an iompróir conarthach freisin i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta maidir le lasta iarnróid. Ní mór na saintréithe sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu a úsáidfear nó nach n-úsáidfear an nós imeachta idirthurais iarnróid páipéarbhunaithe. Pléitear cuid de na saintréithe neamhghnácha féideartha sin sna pointí urchair thíos.

- Is é an gnóthas iarnróid seoltóra nó idirthurais, nó gnóthas iarnróid sa tír cinn scríbe, an t-iompróir conarthach.
  *Sa chás sin, féadfaidh an t-iompróir conarthach gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta sa nós imeachta páipéarbhunaithe i gcás ina gcomhlíonann an nós imeachta páipéarbhunaithe coinníollacha an nós imeachta pháipéarbhunaithe.*

- Níl baint fhisiciúil ag an iompróir conarthach leis an iompar

earraí.
*Sa chás sin, féadfaidh an t-iompróir conarthach gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta sa nós imeachta páipéarbhunaithe agus féadfaidh an chéad iompróir sa slabhra ar chríoch an Aontais nó tíre comhchoitinne idirthurais ionadaíocht a dhéanamh ar an iompróir conarthach sin ag an oifig custaim imeachta.*

- Comhlíonann an t-iompróir conarthach ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe, ach ní sholáthraíonn sé ráthaíocht.
*Sa chás sin, ní fhéadfaidh an t-iompróir conarthach gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta. Féadfaidh gnóthas iarnróid údaraithe eile iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta páipéarbhunaithe a úsáid mar ionadaí an iompróra chonarthaigh.*

- Ní gnóthas iarnróid atá san iompróir conarthach.
*Sa chás sin, ní fhéadfaidh an t-iompróir conarthach gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta sa nós imeachta páipéarbhunaithe, ó tharla go gceanglaítear le hAirteagal 25(1) TDA agus Airteagal 93 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún gur cuideachta iarnróid atá i sealbhóir an nós imeachta.*

- Ní chomhlíonann an t-iompróir conarthach ceanglais an nós imeachta pháipéarbhunaithe.
*Sa chás sin, ní fhéadfaidh an t-iompróir conarthach gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta sa nós imeachta páipéarbhunaithe. Is é sealbhóir an nós imeachta an t-aon duine amháin ar féidir a cheadú dó simpliú a úsáid. Mar riail ghinearálta, ní mór do shealbhóir an nós imeachta na ceanglais le haghaidh simpliú a chomhlíonadh. Mar sin féin, féadfaidh an t-iompróir conarthach iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta simplithe a úsáid mar ionadaí iompróra eile a chomhlíonann na ceanglais agus a d'fhéadfadh gníomhú mar shealbhóir an nós imeachta.*

### VI.3.5.4 Nósanna imeachta idirthurais iarnróid páipéarbhunaithe eile (foráil idirthréimhseach)

*Airteagal 45 TDA*

*Airteagal 6 den Choinbhinsiún*

Go dtí go ndéanfar nuashonrú ar NCTS i gcomhréir le clár oibre Chód Custaim an Aontais (CCA), tá an ceart ag Ballstáit agus ag tíortha comhchoiteanna idirthurais leanúint de nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe eile den chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíontar na bearta a bhaineann le hearraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais nó faoin nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach.

Ní mór na socruithe – ar leibhéal náisiúnta, déthaobhach nó iltaobhach – chun nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe den sórt sin de chuid an Aontais a úsáid a bheith curtha ar bun roimh theacht i bhfeidhm CCA.

Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair a ghluaistear earraí d’iarnród faoi nóta coinsíneachta CIM/SMGS nó SMGS agus nuair is gá dóibh teacht isteach ar chríoch chustaim an Aontais go dtí go mbainfidh siad amach áit ar leith laistigh den tír sin inar tháinig siad isteach.

### VI.3.5.5 Conair-T2

*Airteagal 119(2)(c) DA*

*Airteagal 2(a), Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Cé nach nós imeachta idirthurais custaim é Conair-T2 a úsáid, is fiú cuimhneamh gurb ann don chineál éascaithe seo le haghaidh earraí de chuid an Aontais arna n-iompar ar iarnród. Cé nach nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach é Conair-T2, féadfar breathnú air mar shimpliú idirthurais náisiúnta i dtíortha comhchoiteanna idirthurais. Mar sin féin, go teicniúil, i gcríoch chustaim an Aontais agus de réir an Choinbhinsiúin, úsáidtear coincheap na toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais.

Ach Conair-T2 a úsáid, féadfar earraí de chuid an Aontais arna n-iompar d’iarnród a ghluaiseacht, gan iad a bheith faoi réir nós imeachta custaim le haghaidh na gluaiseachta, ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus a iompar trí chríoch tíre comhchoitinne idirthurais gan a stádas custaim a athrú. Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chuige sin:

1. ní mór iompar na n-earraí a chumhdach faoi dhoiciméad aonair

iompair arna eisiúint i mBallstát;

2. ní mór an formhuiniú seo a leanas a bheith sa doiciméad aonair iompair: 'Conair-T2' agus uimhir údaraithe an ghnóthais iarnróid san Eilvéis;

3. ní mór faireachán a dhéanamh ar an idirthuras trí thír chomhchoiteann idirthurais le córas leictreonach sa tír chomhchoiteann idirthurais sin; agus

4. ní mór an gnóthas iarnróid lena mbaineann a bheith údaraithe ag an tír chomhchoiteann idirthurais a ndéantar idirthuras ar a críoch chun an nós imeachta 'Conair-T2' a úsáid.

Ní mór don tír chomhchoiteann idirthurais an comhchoiste nó an mheitheal ábhartha arna cur ar bun ag an gcoiste sin a choinneáil ar an eolas maidir leis na socruithe le haghaidh an chórais faireacháin leictreonaigh, agus maidir leis na gnóthais iarnróid atá údaraithe chun Conair-T2 a úsáid.

Níl córas den sórt sin i bhfeidhm ach san Eilvéis faoi láthair. Tá stádas nós imeachta idirthurais náisiúnta ag Conair-T2 san Eilvéis. Tá an liosta gnóthas iarnróid atá údaraithe chun an Chonair-T2 sin a úsáid agus faisnéis ar an nós imeachta le leanúint le fáil anseo: http://www.ezv.admin.ch/zollanmeldung/05042/05049/index.html?lang=en.

## VI.3.6 Earraí arna n-iompar d'aer – lastliostaí páipéarbhunaithe a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- Réamhrá (Mír VI.3.6.1);
- Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid (Mír VI.3.6.2);
- Cásanna sonracha (Mír VI.3.6.4).

### VI.3.6.1 Réamhrá

*Airteagail 108-111(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an*

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a thaisceadh chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid.

*gCoinbhinsiún*

*Airteagal 233(4)(d) agus 233(4)(e) CCA*

*Airteagail 46-48 TDA*

Ní fhéadfar an simpliú sin a úsáid ach go dtí dáta uasghrádaithe NCTS. Tar éis an dáta sin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha NCTS a úsáid agus is féidir leo a chur in ionad an tsimplithe sin:

- an nós imeachta idirthurais caighdeánach (Cuid IV); nó
- dearbhú custaim a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais, ar dearbhú é lena mbaineann ceanglais níos lú maidir le sonraí.

Cuideachtaí aerlíne a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i Roinn VI.2.1, féadfaidh siad nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid.

An chuideachta aerlíne a oibríonn na nósanna imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer, beidh sí mar shealbhóir an nós imeachta agus féadfaidh sí foirmiúlachtaí idirthurais a dhéanamh agus an lastliosta earraí a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

Sonraítear aerfoirt an Aontais agus/nó tíortha comhchoiteanna idirthurais san údarú.

Ar bhonn coincheapúil, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an lastliosta earraí a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras agus an lastliosta tráchtála nó an lastliosta comhdhlúthúcháin.

Tugtar faoi deara gur féidir earraí a iompar d'aer freisin faoi chumhdach dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras trí NCTS a úsáid.

Is é an t-aerfort luchtaithe an t-aerfort imeachta; is é an t-aerfort díluchtaithe an t-aerfort cinn scríbe.

### VI.3.6.2 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid

*Airteagail 108-110 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 47-48 TDA*

Údaraítear cuideachta aerlíne chun an lastliosta earraí páipéarbhunaithe a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

Ní mór don lastliosta earraí a úsáidtear freagairt sa tsubstaint don lastliosta samplach i bhFoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944.

Maidir le hearraí a chuirtear faoi na nósanna imeachta idirthurais éagsúla, is ceanglas den nós imeachta seo nach mór na hearraí sin a liostú ar lastliostaí ar leith a bheidh ina ndearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh gach nós imeachta faoi seach. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí eitilt a chumhdach le trí lastliosta:

1. an gnáth-lastliosta earraí tráchtála (lena gcumhdaítear na hearraí go léir ar an eitleán);

2. lastliosta earraí a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras ar a liostaítear na hearraí sin a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais T1;

3. lastliosta earraí a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras ar a liostaítear na hearraí sin a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais T2 nó T2F.

#### VI.3.6.2.1 Údarú chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid

*Airteagal 108 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór don nós imeachta údarúcháin a bheith i gcomhréir le Roinn VI.2.2.

*Airteagal 22(1) CCA*

Ní mór an t-iarratas a thaisceadh leis na húdaráis chustaim atá inniúil maidir leis an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

*Airteagal 26 TDA*

Féach Roinn VI.2.3 maidir le neamhniú, cúlghairm nó leasú an údaraithe.

Nuair is mian leis an aerlíne aon aerfort amháin nó níos mó a athrú, ní mór di leasú an údaraithe atá ann cheana féin a iarraidh.

| TRÁDÁIL |
| --- |
| Ní mór don chuideachta aerlíne an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar san iarratas:<br><br>1. an cineál lastliosta;<br>2. ainmneacha na n-aerfort imeachta sa nós imeachta;<br>3. ainmneacha na n-aerfort cinn scríbe sa nós imeachta; |

CUSTAIM

Áirítear leis an údarú:

- an cineál lastliosta;
- ainmneacha na n-aerfort imeachta agus cinn scríbe sa nós imeachta;
- na coinníollacha chun an nós imeachta a úsáid, lena n-áirítear an ceanglas chun lastliostaí earraí ar leith a úsáid le haghaidh nósanna imeachta T1, T2 agus T2F.

TRÁDÁIL

Ceanglaítear ar an gcuideachta aerlíne cóip fhíordheimhnithe den údarú a sheoladh chuig údarás custaim gach aerfoirt ainmnithe.

Ní mór an t-údarú a chur i láthair nuair a éilíonn an oifig custaim imeachta é.

### VI.3.6.2.2 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid

*Airteagal 109 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 47 TDA*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa lastliosta earraí:

- stádas custaim na n-earraí (T1, T2 nó T2F, de réir mar is iomchuí);
- ainm na cuideachta aerlíne atá ag iompar na n-earraí;
- uimhir na heitilte;
- dáta na heitilte;
- ainm an aerfoirt imeachta (luchtú) agus an aerfoirt cinn scríbe (díluchtú);
- an dáta eisiúna agus an síniú.

Maidir le gach coinsíneacht a chuirtear ar an lastliosta, ní mór na ceithre mhír faisnéise seo a leanas a áireamh freisin.

1. Uimhir an bhille aeriompair.
2. Líon na bpacáistí.
3. Tuairisc thrádála ar na hearraí lena n-áirítear na sonraí go léir is gá lena n-aithint nó, i gcás inarb iomchuí, an iontráil 'Comhdhlúthúchán', ar féidir é a ghiorrú (coibhéiseach le comhdhlúthú). Sna cásanna sin, ní mór a áireamh leis na billí aeriompair le haghaidh coinsíneachtaí ar an lastliosta tuairisc thrádála ar na hearraí lena n-áirítear na sonraí go léir is gá lena n-aithint. Ní mór na billí aeriompair sin a chur i gceangal leis an lastliosta.
4. An ollmhais.

I gcás nach coinsíneoir údaraithe é an aerlíne, ní mór dhá chóip ar a

laghad den lastliosta nó de na lastliostaí a chur i láthair do na húdaráis chustaim ag an aerfort imeachta lena bhformhíniú.

| ÚDARÁS CUSTAIM ag an aerfort imeachta |
|---|
| Formhuinítear an lastliosta nó na lastliostaí le hainm agus stampa na hoifige custaim, dáta an fhormhuinithe, agus síniú an oifigigh custaim. |
| Coinnítear cóip amháin de gach lastliosta. |

Ag an aerfort cinn scríbe, déanann an chuideachta aerlíne, nach bhfuil stádas aici mar choinsíní údaraithe, na hearraí agus cóip den lastliosta nó de na lastliostaí a úsáidtear mar an dearbhú nó na dearbhuithe maidir le hidirthuras a chur i láthair na hoifige custaim.

Chun críoch rialála, d'fhéadfadh an oifig custaim cinn scríbe a cheangal go gcuirfear na lastliostaí earraí (nó na billí aeriompair) i láthair le haghaidh na n-earraí go léir a dhíluchtaítear.

Nóta le haghaidh an Aontais: Earraí de chuid an Aontais nach bhfuil faoi réir nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2, T2F), beidh siad i dteideal saorghluaiseacht ar aghaidh chuig a gceann scríbe san Aontas ar an gcoinníoll nach ann d'aon amhras réasúnach maidir le stádas na n-earraí ar a dteacht chuig an aerfort cinn scríbe.

| ÚDARÁS CUSTAIM ag an aerfort cinn scríbe |
|---|
| Coinnítear cóip amháin de gach lastliosta a chuirtear i láthair. |

*Airteagal 110 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Na húdaráis chustaim ag an aerfort cinn scríbe, ní gá dóibh cóipeanna den lastliosta a thabhairt ar ais do na húdaráis chustaim ag an aerfort imeachta. Déantar comhlíonadh an nós imeachta idirthurais ar bhonn liosta míosúil arna dhréachtú ag an aerlíne.

*Airteagal 48 TDA*

TRÁDÁIL

Ní mór don aerlíne nó dá hionadaí ag an aerfort cinn scríbe liosta a dhréachtú ag tús gach míosa de na lastliostaí a cuireadh i láthair na hoifige custaim ag an aerfort cinn scríbe i rith na míosa roimhe sin. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa liosta sin:

- uimhir thagartha gach lastliosta;
- cód ábhartha T1, T2 nó T2F;
- ainm (ar féidir é a ghiorrú) na cuideachta aerlíne a d'iompair na hearraí;

- uimhir na heitilte;
- dáta na heitilte.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní mór liosta ar leith a dhréachtú le haghaidh gach aerfoirt imeachta.

CUSTAIM

Formhuiníonn an oifig custaim cinn scríbe cóip den liosta lastliostaí a d'ullmhaigh an chuideachta aerlíne. Ansin seolann an oifig custaim an liosta sin chuig an oifig custaim imeachta.

Féadfar an aerlíne, le toiliú na hoifige custaim cinn scríbe, a údarú leis an liosta míosúil lastliostaí a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta.

Ní mór don oifig custaim imeachta a áirithiú go bhfuil na liostaí faighte aici.


Má nochtar neamhrialtachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis ar na lastliostaí ar an liosta, ní mór don oifig custaim cinn scríbe an oifig custaim imeachta agus an t-údarás a dheonaigh an t-údarú a chur ar an eolas, agus tagairt ar leith a dhéanamh do na billí aeriompair le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

**VI.3.6.2.3 Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid**

Maidir leis na billí aeriompair le haghaidh earraí arna ngluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais cheana féin (doiciméad idirthurais an Aontais/comhchoiteann, carnet ATA, foirm 302 ECAT, etc.), áirítear iad leis an lastliosta earraí tráchtála ach ní bheidh siad le feiceáil ar an lastliosta a bheidh ina dhearbhú maidir le hidirthuras. Ní mór a áireamh leis an mbille aeriompair le haghaidh earraí den sórt sin tagairtí don nós imeachta idirthurais (uimhir an doiciméid, dáta, agus an oifig custaim imeachta) a úsáidtear.

Léirítear sa scéimléaráid thíos úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer.

Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid



### VI.3.6.3 Nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a úsáid bunaithe ar lastliosta leictreonach le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer

Scriostar an iarscríbhinn mar ní ábhartha í a thuilleadh.

### VI.3.6.4 Cásanna sonracha (nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer a úsáid)

Comhdhlúthú

Tá dhá chineál comhdhlúthaithe aeir ann:

1. comhdhlúthú arna dhéanamh ag an gcuideachta aerlíne: sa chás sin, is í an chuideachta aerlíne féin a shonraíonn stádas na n-earraí in aghaidh gach líne den lastliosta earraí;

2. comhdhlúthú faoi réir conradh idir an coinsíneoir agus an comhdhlúiteoir lastais: bille aeriompair tí a thugtar ar an gconradh sin.

Déantar aeriompar an chomhdhlúthaithe ina iomláine faoi chumhdach conradh idir an comhdhlúiteoir lastais agus an chuideachta aerlíne. Príomhbhille iompair aeir a thugtar ar an gconradh sin. Tá an comhdhlúthú ina ábhar do lastliosta comhdhlúthúcháin freisin, ar achoimre anailíseach é ar na pacáistí go léir sa chomhdhlúthú mar aon le tagairtí don bhille aeriompair tí le haghaidh gach coinsíneachta. Dá bhrí sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir an lastliosta comhdhlúthúcháin agus lastliosta earraí na haerlíne, a n-úsáidtear é mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

D’fhéadfadh sé tarlú go n-iompraíonn cuideachta aerlíne comhdhlúthú ar phríomhbhille iompair aeir i gcomhréir le nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer. Má tharlaíonn a leithéid, glactar leis nach eol don chuideachta aerlíne a bhfuil sna billí aeriompair tí a d’ullmhaigh an comhdhlúiteoir lastais. Sna cásanna sin, féadfaidh an chuideachta aerlíne comhdhlúthuithe a ghlacadh lena seoladh faoin dá chineál nós imeachta idirthurais ar choinníoll:

- go ngeallann an comhdhlúiteoir lastais stádas coinsíneachtaí aonair a choinneáil ar leibhéal bille aeriompair tí;
- go bhfuil sna lastliostaí comhdhlúthúcháin an fhaisnéis a shonraítear i bhFoscríbhinn 3 d’Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis

an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta;

- go bhfuil billí aeriompair tí ar fáil le haghaidh maoirseacht custaim ag an áit imeachta agus ag an gceann scríbe;
- go marcáiltear na lastliostaí comhdhlúthúcháin leis an stádas iomchuí (féach thíos);
- go dtugtar fógra don aerlíne maidir leis an stádas is airde ar an lastliosta comhdhlúthúcháin (is é T1, T2, T2F, TD, C, X ord an stádais).

Úsáidtear na cóid T1, T2, T2F, TD, C nó X chun na míreanna ábhartha ar an lastliosta comhdhlúthúcháin a shonrú mar a leagtar amach sa bhosca thíos.

| Cód | Idirthuras comhchoiteann | Idirthuras Aontais |
|---|---|---|
| T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1 |
| T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 |
| T2F | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais a ghluaistear ó na críocha fioscacha speisialta (SFTanna) chuig cuid eile de chríoch chustaim an Aontais, nach SFT í mar a thagraítear dó in Airteagal 188(1) DA. Féadfar an cód sin a úsáid le haghaidh earraí de chuid an Aontais a ghluaistear idir SFT agus cuid eile de chríoch chustaim an Aontais mar a thagraítear dó in Airteagal 188(2) DA. |
| TD | Earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais eile cheana féin* | Earraí arna ngluaiseacht cheana féin faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, nó arna n-iompar faoi na nósanna |

| Cód | Idirthuras comhchoiteann | Idirthuras Aontais |
|---|---|---|
| | | imeachta próiseála isteach, stórais custaim, nó ceada isteach shealadaigh. Sna cásanna sin, ní mór don chuideachta loingseoireachta cód 'TD' a chur isteach freisin sa bhille luchta comhfhreagrach nó sa doiciméad tráchtála iomchuí eile. Ní mór don chuideachta loingseoireachta tagairt a chur isteach freisin don nós imeachta a úsáidtear, uimhir agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras nó an doiciméid aistrithe, agus ainm na hoifige eisiúna*. |
| C (coibhéiseach le T2L) | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais a bhféadfaí a stádas a léiriú |
| X | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais |

* I gcás ina n-áirítear sa chomhdhlúthú earraí atá faoi nós imeachta idirthurais cheana féin (e.g. idirthuras Aontais, carnet TIR, carnet ATA, foirm 302 ECAT, etc.), ní mór an mhír a mharcáil leis an gcód 'TD'; ina theannta sin, ní mór an bille aeriompair tí a chódú le 'TD' agus ní mór tagairt a bheith ann don nós imeachta iarbhír lena mbaineann mar aon le huimhir thagartha, dáta agus oifig custaim imeachta an dearbhaithe maidir le hidirthuras.


Má úsáideann an chuideachta aerlíne nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer, ní mór di an comhdhlúthú a áireamh faoin gcód 'Comhdhlúthú' (nó giorrúchán a nglactar leis) ar an lastliosta aerlíne, atá iomchuí don stádas is airde a thaifeadtar ar an lastliosta comhdhlúthúcháin (is é T1, T2, T2F an t-ord stádais).

<u>Sampla</u>

Má áirítear earraí T1, T2 agus T2F ar an lastliosta comhdhlúthúcháin, ní mór an lastliosta sin a áireamh le lastliosta aeriompair T1.

Is samplaí de chomhdhlúthú iad seo a leanas faoin dá chineál nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer.

Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer a úsáid




<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Ní bhaineann lastliostaí 3 agus 5 le nósanna imeachta idirthurais (uimh. 3) ná nósanna imeachta idirthurais arb é sealbhóir an nós imeachta an dearbhóir ina leith (uimh. 5).</u>

Ní mór gach lastliosta comhdhlúthúcháin, bille aeriompair tí agus lastliostaí aeir a chur ar fáil do na húdaráis inniúla ag an aerfort imeachta, má iarrtar iad.

Ní mór gach lastliosta comhdhlúthúcháin, bille aeriompair tí agus lastliostaí aeir a sheachadadh, má iarrtar a leithéid, do na húdaráis inniúla ag an aerfort imeachta. Déanfaidh na húdaráis inniúla sin rialuithe iomchuí ar bhonn na faisnéise sna lastliostaí comhdhlúthúcháin.

Ach amháin na cásanna lena mbaineann cód 'TD' agus 'X', gníomhaíonn an chuideachta aerlíne mar shealbhóir an nós imeachta le haghaidh na n-earraí arna n-iompar agus dá bhrí sin is í atá iomlán freagrach as an ngluaiseacht má bhíonn neamhrialtachtaí ann. Is socrú conarthach tráchtála príobháideach é an caidreamh idir an aerlíne agus an comhdhlúiteoir lastais.

Atáirgtear sreabhchairt le haghaidh comhdhlúthú aeir in Iarscríbhinn VI.8.5.

### VI.3.6.4.1 Iompar ag meariompróirí

I gcás inarb é an chuideachta mheariompair féin atá ag gníomhú mar chuideachta aerlíne, féadfaidh sí údarú a iarraidh chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid, a bhfuil tuairisc air i Roinn VI.3.6.2.

Maidir le hiompar earraí de chuid an Aontais, agus iad sin amháin, ní cheanglaítear ar an gcuideachta mheariompair lena mbaineann lastliosta a dhréachtú chun críoch custaim ná stádas custaim na n-earraí a shainaithint.

Mar sin féin, le haghaidh iompar earraí a thagann faoi raon feidhme an nós imeachta idirthurais, tá an chuideachta mheariompair lena mbaineann faoi réir na gcineálacha sin nósanna imeachta idirthurais le haghaidh aerlínte.

Má ghníomhaíonn an chuideachta mheariompair mar chuideachta aerlíne agus má údaraítear í chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer a úsáid, ní mór di lastliostaí ar leith a bhunú le haghaidh na n-earraí i gcás inar gá de réir a stádais custaim.

I gcásanna ina ndéanann dhá chuideachta

aerchúiréireachta/mheariompair nó níos mó aerárthach a chairtfhostú go páirteach, féadfaidh gach cuideachta gníomhú mar chuideachta aerlíne.

I gcás nach ngníomhaíonn an chuideachta mheariompair mar chuideachta aerlíne agus ina ndéanann sí conradh le cuideachta aerlíne eile le haghaidh an iompair, is ann do dhá chás fhéideartha:

- má chumhdaítear aon choinsíneacht amháin le bille aeriompair, ní mór don chuideachta mheariompair stádas custaim na coinsíneachta a shonrú ar an mbille aeriompair;
- má chumhdaítear roinnt coinsíneachtaí le bille aeriompair, is iad na rialacha lena rialaítear comhdhlúthú aeir mar a leagtar amach i Roinn VI.3.6.4 na rialacha is infheidhme.

Má iompraítear mearchoinsíneachtaí le haerchuiréir ar bord, is iad seo a leanas na rialacha:

a) ní mór don chúiréir taisteal mar ghnáthphaisinéir;

b) ní mór na mearbheartáin a liostú ar lastliosta aerchúiréara/cuideachta meariompair;

c) ní mór don aerlíne na beartáin a iompar mar ró-ualach bagáiste, i mbolg an aerárthaigh go hiondúil;

d) ní bheidh ró-ualach bagáiste le feiceáil ar lastliosta na haerlíne; agus

e) lasmuigh de raon feidhme Airteagal 210 IA a bhíonn coinsíneachtaí den sórt sin.

## VI.3.7 Earraí arna n-iompar ar muir

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- Réamhrá (Roinn VI.3.7.1)
- Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir (Roinn VI.3.7.2)
- Cásanna sonracha (Roinn VI.3.7.4).

## VI.3.7.1 Réamhrá

*Airteagal 24(2) TDA*

Ní mór do shealbhóir an nós imeachta ráthaíocht a thaisceadh chun nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh

earraí arna n-iompar ar muir a úsáid.

Ní fhéadfar an simpliú sin a úsáid ach go dtí dáta uasghrádaithe NCTS. Tar éis an dáta sin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha NCTS a úsáid agus is féidir leo a chur in ionad an tsimplithe sin:

- an nós imeachta idirthurais caighdeánach (Cuid IV), nó,

- dearbhú custaim a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, ar dearbhú é lena mbaineann ceanglais níos lú maidir le sonraí.

Tá sé éigeantach nós imeachta idirthurais an Aontais a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun earraí nach de chuid an Aontais iad a iompar ar muir ar sheirbhís rialta loingseoireachta (RSS) (tá tuilleadh sonraí ar RSS le fáil i gCuid II).

Tá an nós imeachta sin ar fáil do chuideachtaí loingseoireachta ag a bhfuil RSS údaraithe á fheidhmiú a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i Roinn VI.3.7.2 (de bhreis ar na coinníollacha ginearálta i Roinn VI.2.1). Is é atá i gceist leis an nós imeachta lastliosta earraí ar leith a úsáid mar an dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh gach catagóire earraí.

Ar bhonn coincheapúil, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an lastliosta earraí a úsáidtear mar dhearbhú custaim maidir le hidirthuras agus an lastliosta tráchtála nó an lastliosta comhdhlúthúcháin.

Maidir leis an gcuideachta loingseoireachta: (i) ní mór di a bheith mar shealbhóir an nós imeachta le haghaidh na ngluaiseachtaí lena mbaineann; (ii) beidh sí faoi cheangal ag na rialacháin maidir le hidirthuras; agus (iii) ní mór di an lastliosta a úsáid mar an doiciméad idirthurais.

Is é an calafort luchtaithe an calafort imeachta, agus is é an calafort díluchtaithe an calafort cinn scríbe.

### VI.3.7.2 Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir

Údaraítear cuideachta loingseoireachta chun an lastliosta earraí a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras nuair a úsáidtear nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí

arna n-iompar ar muir.

Is gné den nós imeachta seo, i gcás ina mbaineann idir earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) agus earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2F) le hoibríocht iompair, gur gá lastliosta ar leith a úsáid le haghaidh gach catagóire earraí.

Ina theannta sin, beidh an lastliosta tráchtála ann lena gcumhdaítear na hearraí go léir ar bord an tsoithigh.

### VI.3.7.2.1 Údarú chun nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir

*Airteagal 22(1) CCA*

Ní mór don nós imeachta údarúcháin a bheith i gcomhréir le Roinn VI.2.2.

*Airteagal 25 TDA*

Maidir le cuideachta loingseoireachta ar mian léi nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir, ní mór di údarú a lorg ó na húdaráis chustaim atá inniúil maidir leis an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

Ní mór do na húdaráis chustaim údarú a eisiúint i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn VI.8.8.

Féach Roinn VI.2.3 maidir le neamhniú, cúlghairm nó leasú an údaraithe.

Nuair is mian leis an gcuideachta loingseoireachta aon chalafort amháin nó níos mó a athrú, ní mór di iarratas a chur isteach chun an t-údarú atá ann cheana a leasú.

TRÁDÁIL

Ní mór don chuideachta loingseoireachta an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar san iarratas:

1. an cineál lastliosta;
2. ainmneacha na gcalafort imeachta sa nós imeachta;
3. ainmneacha na gcalafort cinn scríbe sa nós imeachta.

CUSTAIM

Inneachar an údaraithe (i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.8.6):

- an cineál lastliosta;
- ainmneacha na gcalafort imeachta agus cinn scríbe sa nós imeachta;
- na coinníollacha chun an nós imeachta a úsáid, lena n-áirítear an ceanglas chun lastliostaí ar leith a úsáid le haghaidh nós imeachta T1 agus nós imeachta T2F.

TRÁDÁIL

Ceanglaítear ar an gcuideachta loingseoireachta cóip fhíordheimhnithe den údarú a sheoladh chuig údarás custaim gach calafoirt ainmnithe.

An t-údarú lena gceadaítear nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir, ní mór é a chur i láthair nuair a éilíonn an oifig custaim imeachta é.

### VI.3.7.2.2 Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir

*Airteagal 50 TDA*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa lastliosta earraí:

- stádas custaim na n-earraí, T1, nó T2F, de réir mar is iomchuí;
- síniú ionadaí údaraithe na cuideachta loingseoireachta chomh maith leis an dáta;
- ainm agus seoladh iomlán na cuideachta loingseoireachta;
- céannacht an tsoithigh ar a bhfuil na hearraí á n-iompar;
- an calafort imeachta (luchtaithe);
- an calafort cinn scríbe (díluchtaithe);

agus maidir le gach coinsíneacht:

- an tagairt don bhille luchta;
- líon, cineál, marcanna agus uimhreacha céannachta na bpacáistí;
- an ghnáth-thuairisc thrádála ar na hearraí lena n-áirítear na sonraí go léir is gá lena n-aithint;
- an ollmhais i gcileagraim;
- i gcás inarb iomchuí, uimhreacha aitheantais na gcoimeádán.

I gcás nach coinsíneoir údaraithe í an chuideachta loingseoireachta, ní mór dhá chóip ar a laghad den lastliosta a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras a chur i láthair do na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta (luchtaithe) lena bhformhíniú.

| ÚDARÁS CUSTAIM ag an gcalafort imeachta<br><br>Formhuinítear an lastliosta le hainm agus stampa na hoifige custaim, dáta an fhormhuinithe, agus síniú an oifigigh custaim.<br><br>Coinnítear cóip amháin de gach lastliosta a chuirtear i láthair. |
|---|

Ag an gcalafort cinn scríbe (díluchtaithe), más rud é nach bhfuil stádas mar choinsíní údaraithe ag an gcuideachta loingseoireachta, ní mór di na hearraí agus cóip den lastliosta nó de na lastliostaí a úsáidtear mar an dearbhú nó na dearbhuithe maidir le hidirthuras a chur i láthair na hoifige custaim.

Chun críoch rialála, d’fhéadfadh an oifig custaim cinn scríbe a cheangal go gcuirfear an lastliosta earraí (nó na billí luchta) i láthair le haghaidh na n-earraí go léir a dhíluchtaítear.

Earraí de chuid an Aontais nach bhfuil faoi réir nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2F), tá siad i dteideal saorghluaiseacht ar aghaidh chuig a gceann scríbe san Aontas ar an gcoinníoll nach ann d’aon amhras réasúnach maidir le stádas na n-earraí ar a dteacht chuig an gcalafort cinn scríbe.

| ÚDARÁS CUSTAIM ag an gcalafort cinn scríbe<br><br>Coinnítear cóip amháin de gach lastliosta a chuirtear i láthair. |
|---|

*Airteagal 51 TDA* An oifig custaim cinn scríbe, ní gá di cóipeanna den lastliosta a thabhairt ar ais don oifig custaim imeachta. Déantar comhlíonadh na hoibríochta idirthurais ar bhonn liosta míosúil arna dhréachtú ag an gcuideachta loingseoireachta.

| TRÁDÁIL<br><br>Ní mór don chuideachta loingseoireachta nó dá hionadaí ag an aerfort cinn scríbe liosta a dhréachtú ag tús gach míosa de na lastliostaí a cuireadh i láthair na hoifige |
|---|

custaim cinn scríbe i rith na míosa roimhe sin. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa liosta sin:

- uimhir thagartha gach lastliosta;
- cód ábhartha T1 nó T2F;
- ainm (ar féidir é a ghiorrú) na cuideachta loingseoireachta a d'iompair na hearraí;
- dáta na hoibríochta muiriompair.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní mór liosta ar leith a dhréachtú le haghaidh gach calafoirt imeachta.

CUSTAIM

Formhuiníonn an oifig custaim cinn scríbe cóip den liosta lastliostaí a d'ullmhaigh an chuideachta loingseoireachta ansin, agus seolann sí í chuig an oifig custaim imeachta.


D'fhéadfaí a cheadú leis an údarú do na cuideachtaí loingseoireachta iad féin an liosta a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta.

Ní mór don oifig custaim imeachta a áirithiú go bhfuil na liostaí faighte aici.

Má nochtar neamhrialtachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis ar na lastliostaí ar an liosta, ní mór don oifig custaim cinn scríbe an oifig custaim imeachta agus an t-údarás a dheonaigh an t-údarú a chur ar an eolas, agus tagairt ar leith a dhéanamh do na billí luchta le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

Léirítear sa scéimléaráid thíos úsáid nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir.

**Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir**



### VI.3.7.2.3 Samplaí

**Sampla 1**

**Dunkirk/Rotterdam ar RSS údaraithe**

***- Nós imeachta idirthurais caighdeánach (NCTS): ráthaíocht éigeantach***

Tá nós imeachta idirthurais an Aontais éigeantach le haghaidh earraí nach de chuid an Aontais iad. Déantar dearbhú maidir le hidirthuras T1 a thaisceadh agus cuirtear ráthaíocht ar fáil.

Maidir le hearraí de chuid an Aontais atá faoi réir dleacht mháil, úsáidtear doiciméad tionlacain sonrach (e-AD).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Bíonn earraí de chuid an Aontais i saorchúrsaíocht, mar sin ní éilítear nós imeachta idirthurais an Aontais. Liostaítear na hearraí ar an lastliosta earraí tráchtála.

***- Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir: ráthaíocht éigeantach***

Tá nós imeachta idirthurais an Aontais éigeantach le haghaidh earraí nach de chuid an Aontais iad. Déantar amach lastliosta (ar leith) ar a bhfuil an cód 'T1' le húsáid mar an dearbhú maidir le hidirthuras.

Maidir le hearraí de chuid an Aontais atá faoi réir dleacht mháil, úsáidtear doiciméad tionlacain sonrach (e-AD).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Bíonn earraí de chuid an Aontais i saorchúrsaíocht, mar sin ní éilítear nós imeachta idirthurais an Aontais. Liostaítear na hearraí ar an lastliosta earraí tráchtála.

**Sampla 2**

**Le Havre/Fort de France ar RSS údaraithe**

***- Nós imeachta idirthurais caighdeánach (NCTS): ráthaíocht éigeantach***

Tá idirthuras an Aontais éigeantach le haghaidh:

- earraí nach de chuid an Aontais iad: déantar dearbhú maidir le hidirthuras T1 a thaisceadh agus cuirtear ráthaíocht ar fáil;
- earraí a iompraítear chuig na críocha fioscacha speisialta, nó ó na críocha sin nó eatarthu (mar a luaitear in Airteagal 188 DA): déantar dearbhú maidir le hidirthuras T2F a thaisceadh agus cuirtear ráthaíocht ar fáil.

***- Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir: ráthaíocht éigeantach***

Tá idirthuras an Aontais éigeantach le haghaidh:

- earraí nach de chuid an Aontais iad: déantar amach lastliosta (ar leith) ar a bhfuil an cód 'T1' le húsáid mar an dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh na n-earraí nach de chuid an Aontais iad;
- earraí áirithe de chuid an Aontais (lena n-áirítear earraí atá faoi réir dleachtanna máil): déantar amach lastliosta (ar leith) ar a bhfuil an cód 'T2F' le húsáid mar an dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh na n-earraí de chuid an Aontais.

### VI.3.7.4 Cásanna sonracha (nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir)

#### VI.3.7.4.1 Comhdhlúthú

I gcás ina ndéantar roinnt coinsíneachtaí earraí arna n-iompar ar muir a chomhdhlúthú i gcoinsíneacht chomhdhlúthúcháin, tá gach mír sa choinsíneacht chomhdhlúthúcháin ina ábhar de chonradh idir an coinsíneoir agus an comhdhlúiteoir lastais. Fianaítear an conradh sin le heisiúint na ndoiciméad seo a leanas: (i) nóta coinsíneachta (CN); (ii) bille luchta seoltóra amhail an bille luchta arna fhaomhadh ag Cónaidhm Idirnáisiúnta Gníomhairí Seoltóra (FIATA); nó (iii) doiciméad tráchtála eile mar a chomhaontaítear idir an coinsíneoir agus an comhdhlúiteoir lastais.

Déantar muiriompar na coinsíneachta comhdhlúthúcháin ina iomláine faoi chumhdach conradh idir an comhdhlúiteoir lastais agus an chuideachta loingseoireachta. Fianaítear an conradh sin leo seo a leanas: (i) bille luchta iompróra; (ii) bille muirbhealaigh; nó (iii) doiciméad tráchtála éigin eile mar a chomhaontaítear idir an chuideachta loingseoireachta agus an comhdhlúiteoir lastais agus a

nglactar leis.

Thairis sin, tá an choinsíneacht chomhdhlúthúcháin ina ábhar do lastliosta comhdhlúthúcháin a d'ullmhaigh an comhdhlúiteoir lastais, ar achoimre anailíseach é ar na pacáistí go léir atá sa choinsíneacht chomhdhlúthúcháin mar aon le tagairtí do gach nóta coinsíneachta, bille luchta, nó doiciméad tráchtála eile de réir mar is iomchuí. Dá bhrí sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir an lastliosta comhdhlúthúcháin agus lastliosta earraí na long, a n-úsáidtear é mar an dearbhú maidir le hidirthuras.

D'fhéadfadh sé tarlú, i gcomhréir leis an dá chineál nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir, go n-iompraíonn cuideachta loingseoireachta coinsíneacht chomhdhlúthúcháin faoi théarmaí agus coinníollacha bille luchta, bille muirbhealaigh nó doiciméid tráchtála eile de chuid iompróra. Sna cásanna sin, glactar leis, murab iad earraí contúirteacha ar gá iad a dhearbhú ar leithligh atá i gceist, nach gá go mbeadh eolas ag an gcuideachta loingseoireachta ar a bhfuil i gcoinsíneachtaí comhdhlúthúcháin.

Féadfaidh cuideachta loingseoireachta coinsíneachtaí comhdhlúthúcháin glacadh lena seoladh faoin dá chineál nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir ar choinníoll:

- go ngeallann an comhdhlúiteoir lastais stádas coinsíneachtaí a choinneáil ina thaifid tráchtála;
- go bhfuil sa lastliosta comhdhlúthúcháin an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 53 TDA;
- go bhfuil nótaí coinsíneachta ar fáil le haghaidh maoirseacht custaim ag an áit imeachta agus ag an gceann scríbe;
- go marcáiltear lastliosta comhdhlúthúcháin leis an stádas iomchuí (féach thíos);
- go dtugtar fógra don chuideachta loingseoireachta maidir leis an stádas is airde ar an lastliosta comhdhlúthúcháin (is é T1, T2F, TD, C, X ord an stádais).

Úsáidtear na cóid T1, T2F, TD, C nó X chun na míreanna ábhartha ar an lastliosta comhdhlúthúcháin a shonrú mar a leagtar amach sa bhosca thíos.

| Cód | Idirthuras Aontais |
|---|---|
| T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T1 an Aontais |
| T2F<br>———<br>TF | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais a ghluaistear ó na críocha fioscacha speisialta (SFTanna) chuig cuid eile de chríoch chustaim an Aontais, nach SFT í mar a thagraítear dó in Airteagal 188(1) DA. Féadfar an cód sin a úsáid le haghaidh earraí de chuid an Aontais a ghluaistear idir SFT agus cuid eile de chríoch chustaim an Aontais mar a thagraítear dó in Airteagal 188(2) DA. |
| TD | Earraí arna ngluaiseacht cheana féin faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, nó arna n-iompar faoi na nósanna imeachta próiseála isteach, stórais custaim, nó ceada isteach shealadaigh. Sna cásanna sin, ní mór don chuideachta aerlíne cód 'TD' a chur isteach freisin sa bhille aeriompair comhfhreagrach. Ní mór don chuideachta aerlíne an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach freisin: (i) tagairt don nós imeachta a úsáidtear; (ii) uimhir agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras nó an doiciméid aistrithe; agus (iii) ainm na hoifige eisiúna*. |
| C<br>(coibhéiseach le T2L) | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais a bhféadfaí a stádas a léiriú |
| X | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais |


* I gcás ina n-áirítear sa choinsíneacht chomhdhlúthúcháin earraí atá faoi nós imeachta idirthurais foirmiúil cheana féin (e.g. idirthuras Aontais, carnet TIR, carnet ATA, foirm 302 ECAT, etc.), ní mór an mhír a mharcáil leis an gcód 'TD'. Ina theannta sin, ní mór na nótaí coinsíneachta aonair nó fianaise thráchtála eile ar an gconradh iompair a mharcáil leis an gcód 'TD' agus ní mór tagairt a bheith ann do na nósanna imeachta iarbhír lena mbaineann, mar aon le huimhir thagartha, dáta, agus ainm oifig custaim imeachta an doiciméid maidir le hidirthuras.

Má úsáideann an chuideachta loingseoireachta nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir, ní mór di an choinsíneacht chomhdhlúthúcháin, arna sonrú leis an bhfocal 'comhdhlúthú', a áireamh ar an lastliosta loingseoireachta, atá iomchuí don stádas is airde mar a thaifeadtar ar an lastliosta comhdhlúthúcháin (is é T1, T2F an t-ord stádais). Má chuimsítear idir T1 agus T2F sa lastas comhdhlúthúcháin, mar

shampla, ní mór é a dhearbhú ar lastliosta loingseoireachta T1.

Is samplaí de chomhdhlúthú iad seo a leanas faoin dá chineál nós imeachta idirthurais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir.

Nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir




<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Ní bhaineann lastliostaí 3 agus 5 le nósanna imeachta idirthurais (uimh. 3) ná nósanna imeachta idirthurais arb é sealbhóir an nós imeachta an dearbhóir ina leith (uimh. 5).</u>

### VI.3.7.4.2 Gluaiseacht earraí ar muir ar shoithí a sholáthraíonn seirbhísí eile seachas seirbhís rialta loingseoireachta

Níl Airteagail 49, 50 agus 51 TDA ar fáil le haghaidh earraí arna n-iompar ar shoithí a sholáthraíonn seirbhís seachas seirbhís rialta loingseoireachta (RSS) má roghnaíonn iompróir nós imeachta idirthurais an Aontais a úsáid.

Ní bhaineann na samplaí neamh-uileghabhálacha seo a leanas ach le hearraí arna n-iompar ar shoithí a sholáthraíonn seirbhísí seachas RSS, faoi nós imeachta idirthurais an Aontais (nó ar shlí eile de réir mar a bheidh).

- **Earraí nach de chuid an Aontais iad**

- Cuirtear tús leis an ngluaiseacht roimh an gcalafort luchtaithe san Aontas agus cuirtear deireadh léi ag an gcalafort díluchtaithe san Aontas.

Sampla: An Bhruiséil-Le Havre (iompar de bhóthar ón mBruiséil go hAntuairp).

Tá nós imeachta T1 éigeantach le haghaidh an iompair de bhóthar, ach tá sé roghnach le haghaidh an mhuiriompair.

Cleachtas molta: níor cheart nós imeachta idirthurais an Aontais a úsáid ach amháin le haghaidh na coda sin den ghluaiseacht a dhéantar ar bhóthar.

- Cuirtear tús leis an ngluaiseacht ag an gcalafort luchtaithe san Aontas agus leanann sí ar aghaidh i ndiaidh an chalafoirt díluchtaithe san Aontas.

Sampla: Le Havre-An Bhruiséil (iompar de bhóthar ó Antuairp go dtí an Bhruiséil).

Tá nós imeachta T1 éigeantach le haghaidh an iompair de bhóthar, ach tá sé roghnach le haghaidh an mhuiriompair.

Cleachtas molta: ba cheart dearbhú T1 a dhéanamh le haghaidh na gluaiseachta iomláine ó Le Havre go dtí an Bhruiséil.

- Cuirtear tús leis an ngluaiseacht roimh an gcalafort luchtaithe san Aontas agus leanann sí ar aghaidh i ndiaidh an chalafoirt díluchtaithe san Aontas.

Sampla: Maidrid-Milano (muiriompar ó Barcelona go Genova).

Cleachtas molta: ba cheart dearbhú idirthurais a dhéanamh le haghaidh na gluaiseachta iomláine (ar bhóthar agus ar muir) ó Mhaidrid go Milano.

### VI.3.8 Nósanna imeachta simplithe bunaithe ar Airteagal 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún

Ar an gcoinníoll go gcuirtear chun feidhme aon bheart is infheidhme maidir leis na hearraí, féadfaidh tíortha comhchoiteanna idirthurais nósanna imeachta simplithe a thabhairt isteach eatarthu féin. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nach mór a bheith infheidhme maidir le cineálacha áirithe tráchta earraí nó maidir le gnóthais shonracha.

Ní mór do na tíortha na nósanna imeachta simplithe sin a chur in iúl don Choimisiún Eorpach ach an fhoirm in Iarscríbhinn VI.8.8 a úsáid.

Ní mór don nós imeachta údarúcháin a bheith i gcomhréir le Roinn VI.2.2.

Féach Roinn VI.2.3 maidir le neamhniú, cúlghairm nó leasú an údaraithe.

### VI.3.9 Earraí arna n-iompar d'aer – doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- Réamhrá (Roinn VI.3.9.1)
- Faisnéis ghinearálta (Roinn VI.3.9.2)
- Údarú chun ETD a úsáid (Roinn VI.3.9.3)
- Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid (Roinn VI.3.9.4)

### VI.3.9.1 Réamhrá

*Airteagal 55(1)(h), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 233(4)(e) CCA*

*Airteagail 319 agus 320 IA*

*Iarscríbhinní B6a*

Féadfar cuideachta aerlíne a údarú chun doiciméad leictreonach iompair (ETD) a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a chumhdach.

An t-údarú chun ETD a úsáid, tugtar é do chuideachtaí aerlíne a chomhlíonann na critéir le haghaidh an tsimplithe seo. Dhá chritéar mhóra maidir leis an údarú sin a dheonú is ea iad seo a leanas: (i) ní

*agus A1a, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinní B-DA agus B-IA*

mór na sonraí atá éigeantach i ndearbhú maidir le hidirthuras a bheith in ETD; agus (ii) ní mór na sonraí sin a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ag an áit imeachta agus ag an gceann scríbe le maoirseacht custaim ar na hearraí agus urscaoileadh an nós imeachta a chumasú. Tá na sonraí sin le fáil in Iarscríbhinní B6a agus A1a d'Fhoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus Iarscríbhinní B-DA agus B-IA.

### VI.3.9.2 Faisnéis ghinearálta

*Airteagal 89(7)(d) CCA*

*Airteagal 13(1)(a), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní éilítear aon ráthaíocht, mar glactar leis go bhfuil aeriompar slán agus, cé is moite de thimpiste, go gcomhlíonfar na coinníollacha iompair ón aerfort imeachta go dtí an t-aerfort cinn scríbe.

Is iad na cuideachtaí aerlíne (lena mbaineann na rialacha ginearálta le haghaidh cuideachtaí aerlíne) nó cliaint de chuid na gcuideachtaí sin na meariompróirí. Ní ann d'aon cheanglas sonrach le haghaidh meariompróirí a mhéid a bhaineann le ETD.

Is í an chuideachta aerlíne sealbhóir an nós imeachta.

Sonraítear san údarú na hoifigí custaim atá lonnaithe ag na haerfoirt luchtaithe agus díluchtaithe san Aontas agus/nó sna tíortha comhchoiteanna idirthurais ina bhfuil feidhm ag an údarú.

Is é an t-aerfort luchtaithe an t-aerfort imeachta, agus is é an t-aerfort díluchtaithe an t-aerfort cinn scríbe.

Tugtar faoi deara gur féidir earraí a iompar d'aer freisin faoi chumhdach dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras trí NCTS a úsáid (Cuid IV[43]).

### VI.3.9.3 Údarú chun ETD a úsáid

*Airteagal 5(31) agus Airteagal 22 CCA*

Tá tuairisc ar an nós imeachta údarúcháin i Roinn VI.2.2-VI.2.5.

Ní mór an t-iarratas a thaisceadh leis na húdaráis chustaim atá inniúil maidir leis an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó

[43] San Aontas, i gcás inarb infheidhme, féadfar bealaí eile a úsáid chun earraí a ghluaiseacht , mar a shainmhínítear in Airteagail 226 agus 227 CCA.

*Airteagal 319 IA*

*Iarscríbhinn A-DA*

*Airteagal 59 agus Airteagal 111(a), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

> TRÁDÁIL
>
> Ní mór don chuideachta aerlíne an fhaisnéis seo a leanas go háirithe a sholáthar san iarratas:
>
> 1. ainm an iarratasóra nó uimhir EORI an iarratasóra[44];
> 2. ainm agus sonraí teagmhála: (i) an duine atá freagrach as cúrsaí custaim agus as an iarratas, agus (ii) an duine atá i bhfeighil na cuideachta is iarratasóir nó a fheidhmíonn rialú ar a bainistíocht;
> 3. an áit a gcoinnítear na príomhchuntais chun críoch custaim nó an áit a bhfuil rochtain orthu;
> 4. cineál na bpríomhchuntas chun críoch custaim;
> 5. an áit a gcoimeádtar taifid;
> 6. cineál taifead;
> 7. oifig(í) custaim imeachta agus cinn scríbe;
> 8. an líon eitiltí idir aerfoirt an Aontais/na dtíortha comhchoiteanna idirthurais;
> 9. faisnéis ar an gcaoi a gcuirfear na sonraí ar fáil do na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta agus ag an gcalafort cinn scríbe (murab ionann na modhanna ina gcuirfear na sonraí ar fáil ag brath ar oifig custaim nó ar thír, ní mór gach modh a shonrú san iarratas).
>
> Tá an fhaisnéis thuas éigeantach san Aontas (Iarscríbhinn A-DA, colún 9f), ach d'fhéadfaí go gceanglódh na tíortha comhchoiteanna idirthurais an fhaisnéis a sholáthar freisin.

Déanann na húdaráis chustaim inniúla na critéir a fhíordheimhniú (Roinn VI.2.2). Idir an dá linn, déantar an nós imeachta comhairliúcháin leis na hoifigí custaim a shonraítear san iarratas mar oifigí custaim imeachta agus cinn scríbe. Cuirtear tús leis an nós imeachta comhairliúcháin láithreach ar ghlacadh leis an iarratas agus maireann sé suas le 45 lá ar a mhéad.

Tá an nós imeachta comhairliúcháin ina chuid den Chóras Bainistíochta Cinnteoireachta Custaim (CDMS) is infheidhme i leith na mBallstát amháin. Mura bhfuil CDMS ar fáil, nó má tá tíortha comhchoiteanna idirthurais páirteach, ní mór litir chomhairliúcháin i bhfoirm páipéir a

[44]baineann uimhir EORI leis an Aontas Eorpach amháin.

sheoladh ar ríomhphost, mar aon le cóip den iarratas. Áirítear an liosta seoltaí ríomhphoist i ngach tír agus an tsamhail den litir chomhairliúcháin in Iarscríbhinní VI.8.9 agus VI.8.10 faoi seach.

Le linn an nós imeachta comhairliúcháin, ba cheart don údarás iarrtha na nithe seo a leanas a fhíordheimhniú: (i) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha chun an t-údarú a dheonú; agus an rud is tábhachtaí (ii) cé acu is féidir nó nach féidir, agus conas is féidir, na sonraí éigeantacha le haghaidh ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras a chur ar fáil do na hoifigí custaim iarrtha.

Ar fháil an iarraidh ar chomhairliúchán dó, ní mór don údarás iarrtha na nithe seo a leanas a sheiceáil go háirithe: (i) an fhaisnéis maidir leis an iarratasóir ina thaifead féin nó i gcomhar le gníomhaireachtaí eile; (ii) an córas malartaithe sonraí; (iii) an áit chun na hearraí a iniúchadh; (iv) leibhéal rialuithe na cuideachta aerlíne ar a hoibríochtaí; agus (v) cé hé ionadaí na cuideachta aerlíne, i gcás inarb iomchuí.

Má dhéantar agóid, ba cheart na húdaráis iarrtha a chur ar an eolas trí CDMS laistigh de 45 lá tar éis an iarraidh a fháil. Mura bhfuil CDMS ar fáil nó má tá tír chomhchoiteann idirthurais páirteach, ní mór na húdaráis iarrtha a chur ar an eolas ar ríomhphost leis an litir chéanna (Iarscríbhinn VI.8.10). Má chinneann an t-údarás iarrtha nach bhfeidhmíonn an t-iarratasóir eitiltí chuig aerfoirt sa tír sin go rialta, ní féidir aerfoirt sa tír sin a áireamh leis an údarú. Mar sin féin, má bhaineann an t-iarratas le haerfoirt bhreise, féadfar an t-údarú a dheonú ach na haerfoirt sin, nach gcomhlíontar na coinníollacha ina leith dar leis an údarás iarrtha, a scriosadh.

Má dhiúltaíonn an t-údarás iarrtha iarraidh ar údarú i ngeall ar neamhchomhlíonadh coinníll, agus go háirithe i ngeall ar shárú tromchúiseach nó athsháruithe ar reachtaíocht custaim agus ar rialacha cánachais, ní mór dó achoimre a thabhairt ar an bhforas leis an diúltú agus ar na forálacha dlí is bun leis. Ansin, údaráis na tíre ina ndearnadh an t-iarratas, ní dheonóidh siad an t-údarú agus ní mór dóibh achoimre ar na cúiseanna leis an diúltú a thabhairt don chuideachta aerlíne.

Mura bhfaightear aon agóid laistigh den teorainn ama cheadaithe, féadfaidh an t-údarás iarrthach glacadh leis go gcomhlíontar na critéir arbh ina leith a iarradh an comhairliúchán.

Má chríochnaítear an próiseas comhairliúcháin gan agóid, ní mór do na húdaráis chustaim an t-údarú a fhormheas agus a dheonú, a mbíonn feidhm aige i leith eitiltí amach agus isteach.

Ní bhainfidh an t-údarú ach le hoibríochtaí idirthurais idir na hoifigí custaim imeachta agus cinn scríbe a shonraítear san údarú. Ní bheidh an t-údarú bailí ach amháin sna tíortha ina bhfuil na hoifigí sin.

Ní mór an tagairt don údarú a chur isteach in ETD gach uair a chuirtear tús le hoibríocht idirthurais. Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar, mura féidir í a dhíorthú ó shonraí eile, e.g. uimhir EORI shealbhóir an údaraithe nó CDMS.

Féach Roinn VI.2.3 maidir le faireachán a dhéanamh ar an údarú.

Féach Roinn VI.2.4 maidir leis an údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú. Gach uair is mian leis an gcuideachta aerlíne ceann amháin nó níos mó de na haerfoirt ina údarú reatha a chur leis nó a bhaint, ní mór dó iarratas a dhéanamh ar leasú ar a údarú.

Féach Roinn VI.2.5 maidir leis an údarú a chur ar fionraí.

I gcás neamhniú, chúlghairm, leasú, fhionraí nó dheireadh fhionraí an údaraithe, ní mór fógra a thabhairt láithreach d'údaráis inniúla na dtíortha a shonraítear san údarú, ag úsáid an liosta údarás in Iarscríbhinn VI.8.9.

Maidir leis an údarú chun ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras, tá sé bailí i mbreis agus aon tír amháin agus mar gheall air sin d'fhéadfaí go mbeadh gá le nós imeachta comhairliúcháin idir údaráis chustaim i dtíortha eile chun faireachán nó athmheasúnú a dhéanamh ar an údarú. Is cuid de CDMS é an comhairliúchán sin.

I gcás nach bhfuil fáil ar chóras CDMS, nó i gcás ina bhfuil tíortha comhchoiteanna idirthurais páirteach, ní mór na hiarrataí ar chomhairliúchán i bhfoirm na litreach samplaí in Iarscríbhinn VI.8.10 a sheoladh ar ríomhphost chuig na húdaráis atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI.8.9.

| |
|---|
| CUSTAIM<br><br>Tá an fhaisnéis seo a leanas go háirithe san údarú.<br>1. An uimhir agus an dáta.<br>2. Ainm shealbhóir an údaraithe nó a uimhir EORI.<br>3. Oifig(í) custaim imeachta agus c(h)inn scríbe.<br>4. Na modhanna ina gcuirtear na sonraí ar fáil do na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta agus ag an gcalafort cinn scríbe. Murab ionann na modhanna ag brath ar oifig custaim nó ar thír, ní mór gach modh a shonrú san údarú.<br>5. Fógra maidir leis an oibleagáid atá ar an gcuideachta aerlíne na |

hoifigí custaim imeachta agus cinn scríbe a chur ar an eolas maidir le haon neamhréireacht a thugtar faoi deara, go háirithe maidir leo seo a leanas: (i) cineál agus cainníocht na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais; agus (ii) aon athrú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don údarú.
6. Na modhanna cumarsáide idir oifig(í) custaim imeachta agus cinn scríbe ar thaobh amháin agus an chuideachta aerlíne ar an taobh eile.

Tá an fhaisnéis thuas éigeantach san Aontas (Iarscríbhinn A-DA, colún 9f), ach d'fhéadfaí go gceanglódh na tíortha comhchoiteanna idirthurais an fhaisnéis a sholáthar freisin.

Cé nach éigeantach an teorainn ama chun sonraí ETD a chur ar fáil don oifig custaim imeachta sular féidir na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais, tá sé cabhrach faisnéis a chur isteach san údarú maidir leis an teorainn ama sin.

San Aontas
Cuideachtaí aerlíne idirnáisiúnta atá bunaithe san Aontas nó a bhfu bunaíocht bhuan ghnó acu ann, féadfar iad a údarú chun an nós imeach sin a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha is gá[45].

### VI.3.9.4 Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid

#### VI.3.9.4.1 Sonraí is gá le haghaidh ETD

*Airteagal 320 IA*

*Iarscríbhinn B-IA*

*Airteagal 111(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinní A1a agus B6a, Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Doiciméad atá in ETD arna dhréachtú ag cuideachta aerlíne nuair a imíonn an t-aerárthach. Bunaítear é ar dhoiciméid iompair amhail an bille aeriompair, lastliostaí, etc. agus deimhnítear ann na hearraí iarbhír a luchtaítear ar an aerárthach. Ar an gcaoi sin, chun críoch idirthurais, feidhmíonn ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras, ar an gcoinníoll go n-áirítear leis na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn B6a agus A1a, d'Fhoscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus Iarscríbhinní B-DA agus B-IA.

Chun a chur ar a gcumas do na húdaráis chustaim stádas na n-earraí a shainaithint, ní mór ceann amháin de na cóid sa bhosca thíos a shonrú ar leibhéal míre in ETD.

[45] Airteagal 5(31) agus 5(32) CCA.

| Cód | Idirthuras comhchoiteann | Idirthuras Aontais |
|---|---|---|
| T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh T1 |
| T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 |
| T2F | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh T2 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais a ghluaistear ó na críocha fioscacha speisialta (SFTanna) chuig cuid eile de chríoch chustaim an Aontais, nach SFT í mar a thagraítear dó in Airteagal 188(1) DA. Féadfar an cód sin a úsáid le haghaidh earraí de chuid an Aontais a ghluaistear idir SFT agus cuid eile de chríoch chustaim an Aontais mar a thagraítear dó in Airteagal 188(2) DA. |
| C | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais (coibhéiseach le T2L) | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais (coibhéiseach le T2L) |
| TD | Earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais cheana féin[46] | Earraí arna ngluaiseacht cheana féin faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, nó arna n-iompar faoi na nósanna imeachta |

[46] Sna cásanna sin, ní mór don chuideachta aerlíne an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach freisin: (i) an cód 'TD' a chur isteach freisin sa bhille aeriompair comhfhreagrach nó i ndoiciméad tráchtála iomchuí eile; agus (ii) uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le hidirthuras.

| | | |
|---|---|---|
| | | próiseála isteach, stórais custaim, nó ceada isteach shealadaigh[47] |
| X | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais |

Ní láimhseáiltear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras ach amháin i gcás ina sonraítear ceann amháin ar a laghad de na cóid T1, T2 nó T2F. Mura sonraítear aon cheann de na cóid sin in ETD, gan beann ar na cóid eile a luaitear thuas, ní fhéadfar ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

## Samplaí d'úsáid na gcód

*Sampla 1*
Gluaistear earraí de chuid an Aontais d'aer idir an Fhrainc agus an Ghearmáin

An Fhrainc – an Ghearmáin → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.

*Sampla 2*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais ó Éirinn go tríú tír (an tSín). In Éirinn, cuirtear earraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Déantar na hearraí a ghluaiseacht d'aer go dtí an Ísiltír, áit a dtógtar amach as an Aontas iad.

Éire – an Ísiltír – an tSín → ní mór an cód 'X' a chur isteach ar ETD idir Éire agus an Ísiltír.

[47] Sna cásanna sin, ní mór don chuideachta aerlíne an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach freisin: (i) an cód 'TD' a chur isteach freisin sa bhille aeriompair comhfhreagrach nó i ndoiciméad tráchtála iomchuí eile; (ii) uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le hidirthuras nó an doiciméid aistrithe; agus (iii) ainm na hoifige eisiúna.

*Sampla 3*
Tagann earraí nach de chuid an Aontais iad ó thríú tír (Ceanada) isteach sa tSeicia agus déantar iad a ghluaiseacht d'aer go dtí an Ghréig.

Ceanada – an tSeicia – an Ghréig → ní mór an cód 'T1' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an tSeicia agus an Ghréig.

*Sampla 4:*
Seoltar earraí de chuid an Aontais d'aer ón Spáinn go críoch fhioscach speisialta (SFT) (na hOileáin Chanáracha).

Roghanna:
1 An Spáinn – SFT (na hOileáin Chanáracha) → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras[48].
2 An Spáinn – SFT (na hOileáin Chanáracha) → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.

*Sampla 5*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht idir dhá SFT sa Bhallstát céanna (an Fhrainc: Guadalúip agus Mayotte).

Roghanna:
1. Guadalúip – Mayotte → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras[49].
2. Guadalúip – Mayotte → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD[50].

*Sampla 6:*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht d'aer ó SFT (na hOileáin Chanáracha) go dtí an Spáinn agus ansin go dtí an Phortaingéil de bhóthar.

Roghanna:
1. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Phortaingéil → ní mór an cód 'C' nó 'T2F' a chur isteach ar ETD idir SFT na nOileán Canárach agus an Spáinn; agus ní mór an nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2F - NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht) a

[48] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.
[49] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.
[50] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.

chur isteach ar ETD idir an Spáinn agus an Phortaingéil[51].
2. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Phortaingéil → ní mór an cód 'C' nó 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn; agus ní mór an nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2F-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht) a chur isteach ar ETD idir an Spáinn agus an Phortaingéil[52].

*Sampla 7:*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht d'aer ó SFT (na hOileáin Chanáracha) go dtí an Spáinn agus ansin go dtí an Iodáil d'aer.

Roghanna:
1. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Iodáil → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD idir SFT na nOileán Canárach agus an Spáinn; agus ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an Spáinn agus an Iodáil[53].
2. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Iodáil → ní mór an cód 'C' nó 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn; agus ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an Spáinn agus an Iodáil[54].

*Sampla 8:*
Onnmhairítear earraí máil de chuid an Aontais[55] ón Aontas go tír chomhchoiteann idirthurais (an Eilvéis). Sa Phortaingéil, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Cuirtear na hearraí faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh agus déantar iad a ghluaiseacht d'aer go dtí an Ostair, áit a gcuirtear tús leis an gcuid den aistear ar bhóthar go tír chomhchoiteann idirthurais.

An Phortaingéil – an Ostair – an Eilvéis → ní mór an cód 'T1' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an

[51] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.

[52] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.
[53] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.
[54] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.
[55] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

Phortaingéil agus an Ostair. Ina theannta sin, cuirtear tús leis an nós imeachta idirthurais caighdeánach (T1-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht) le ceann scríbe san Eilvéis.

*Sampla 9:*
Onnmhairítear earraí máil[56] de chuid an Aontais ón Iodáil go tríú tír (an India). Sa Róimh (an Iodáil), cuirtear earraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Déantar na hearraí a ghluaiseacht d'aer go Malpensa (an Iodáil), áit a dtógtar amach as an Aontas iad.

An Róimh – Malpensa – an India → ní mór cód 'X' a chur isteach ar ETD idir an Róimh agus Malpensa.

*Sampla 10:*
Déantar earraí máil de chuid an Aontais[57] a ghluaiseacht d'aer ón Rómáin go dtí an Bheilg. Fanann na hearraí faoin socrú fionraí máil in EMCS.

An Rómáin – an Bheilg → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.

*Sampla 11:*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais go tríú tír (an Bhealarúis). Sa Danmhairg, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht, agus cuirtear tús le nós imeachta TIR. Déantar na hearraí a ghluaiseacht d'aer go dtí an Pholainn. Sa Pholainn, leantar de na hearraí a iompar de bhóthar go dtí an Bhealarúis faoi nós imeachta TIR.

An Danmhairg – an Pholainn – an Bhealarúis → ní mór an cód 'TD' a chur isteach ar ETD idir an Danmhairg agus an Pholainn. Leanann nós imeachta TIR agus is sa Bhealarúis atá an ceann scríbe.

*Sampla 12:*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais go tríú tír (an Rúis). Sa Spáinn, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe agus déantar iad a ghluaiseacht d'aer go dtí an Fhionlainn, áit a dtógtar

---

[56] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

[57] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

amach as an Aontas iad de bhóthar.

An Spáinn – an Fhionlainn – an Rúis → ní mór an cód 'C' a úsáid ar ETD idir an Spáinn agus an Fhionlainn, agus ansin déantar na hearraí a ghluaiseacht faoi nós imeachta onnmhairithe go teorainn sheachtrach an Aontais.

*Sampla 13*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais go tír chomhchoiteann idirthurais. San Ungáir, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Ansin déantar na hearraí a ghluaiseacht d'aer go dtí an tSeirbia.

Roghanna:
1) An Ungáir – an tSeirbia → ní mór an cód 'X' a úsáid ar ETD,
2) An Ungáir – an tSeirbia → ní mór an cód 'T2' a úsáid ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

*Sampla 14*
Déantar earraí nach de chuid an Aontais iad a ghluaiseacht idir an tSualainn agus tír chomhchoiteann idirthurais (an Iorua).

An tSualainn – an Iorua → ní mór an cód 'T1' a úsáid ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

*Sampla 15*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht idir an Iodáil agus an Fhrainc agus téann siad trí thír chomhchoiteann idirthurais (an Eilvéis) faoi ETD céanna gan athluchtú.

An Iodáil – an Eilvéis – an Fhrainc → ní mór an cód 'C'[58] a úsáid ar ETD.

*Sampla 16*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht idir an Liotuáin agus an Iodáil agus téann siad trí thír chomhchoiteann idirthurais (an Iorua) faoin lastliosta céanna le hathluchtú san Iorua[59].

An Liotuáin – an Iorua – an Iodáil → ní mór an cód 'C' a úsáid ar

[58] Airteagal 119(3)(b) DA agus Airteagal 109(1)(b) den Choinbhinsiún.
[59] Tá an bille aeriompair céanna ag gabháil leis na hearraí idir an áit imeachta agus an ceann scríbe deiridh. Mar sin féin, eisítear dhá lastliosta: an chéad cheann ag an aerfort imeachta agus an dara ceann ag an aerfort athluchtaithe.

ETD.

*Sampla 17*
Déantar earraí de chuid an Aontais a iompar d'aer idir an tSlóivéin agus an Ghréig agus téann siad trí thír chomhchoiteann idirthurais (Poblacht na Macadóine Thuaidh), áit a ndéantar iad a thrasloingsiú ar mhodh iompair eile (ó eitleán go trucail) faoi mhaoirseacht na cuideachta aerlíne.

An tSlóivéin (d'aer) – Poblacht na Macadóine Thuaidh (de bhóthar – eitleán go trucail) – an Ghréig:
Roghanna:
1. An tSlóivéin – Poblacht na Macadóine Thuaidh → ní mór an cód 'C'[60] a úsáid ar ETD; agus Poblacht na Macadóine Thuaidh – an Ghréig → nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht),
2. An tSlóivéin – Poblacht na Macadóine Thuaidh → ní mór an cód 'T2' a úsáid ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras; agus Poblacht na Macadóine Thuaidh – an Ghréig → nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht),
3. An tSlóivéin – Poblacht na Macadóine Thuaidh → cuireadh tús leis an nós imeachta idirthurais caighdeánach sa tSlóivéin (T2-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht), ní mór an cód 'TD' a úsáid ar ETD; agus Poblacht na Macadóine Thuaidh – an Ghréig → leanúint den nós imeachta idirthurais caighdeánach.

<u>Nóta le haghaidh an Aontais</u>: Chun saorghluaiseacht gan bhac earraí de chuid an Aontais a éascú an oiread is féidir, le cód 'C' ar ETD beidh na hearraí i dteideal saorghluaiseacht ar aghaidh chuig a gceann scríbe san Aontas, ar choinníoll: (i) go bhfuil fianaise ar a stádas i dtaifid ghnó na n-oibreoirí ag an aerfort imeachta; agus (ii) nach ann d'aon amhras réasúnach maidir le stádas na n-earraí ar a dteacht chuig an aerfort cinn scríbe. Mar sin féin, bíonn an deis ag údaráis chustaim ag an gceann scríbe stádas custaim dearbhaithe earraí de chuid an Aontais a fhíorú trí sheiceálacha iomchuí *a posteriori* a dhéanamh bunaithe ar an riosca measúnaithe agus tarchuir chuig na húdaráis chustaim ag an aerfort imeachta más gá.

Mura ndéantar foráil maidir le tréimhse níos faide le rialacha náisiúnta, ní mór don chuideachta aerlíne taifead de stádas na

[60] Tá cód 'C' coibhéiseach leis an gcód 'T2L' i gcomhréir le hAirteagal 111(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

n-earraí go léir a choimeád ina dtaifid tráchtála ar feadh tréimhse 3 bliana móide an tréimhse ó thús na bliana reatha. Féadfar na taifid sin a choimeád i bhfoirm leictreonach.

### VI.3.9.4.2 Nós imeachta ag an oifig custaim imeachta

*Airteagal 6(1), Airteagal 46(1) agus Airteagail 172-174 CCA*

*Airteagail 302 agus 320 IA*

*Airteagal 30~~1~~-32, Airteagal 39 agus Airteagal 111b, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

De réir Airteagal 6(1) CCA, gach malartú faisnéise amhail dearbhuithe idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, ní mór é a dhéanamh le teicnící próiseála sonraí leictreonacha. Tá feidhm ag an riail sin maidir le ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras freisin.

Ní mór na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais nuair a bheidh na sonraí ETD curtha ar fáil don oifig custaim imeachta sula bhfágann an t-aerárthach. Ciallaíonn na ceanglais dlí nach bhféadfar na sonraí a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ach amháin ar cheann amháin den dá bhealach seo a leanas.

1. Féadfar na sonraí a sheoladh chuig córas TF custaim. Is é seo an bealach a mholtar. Níl sé éigeantach córas TF custaim a bheith i bhfeidhm, ach bheadh sé tairbhiúil do thíortha machnamh a dhéanamh ar chóras den sórt sin a thógáil amach anseo mura bhfuil ceann acu cheana féin.
2. Féadfar rochtain ar chóras na cuideachta aerlíne a thabhairt don údarás custaim ó áitreabh an údaráis custaim.

Mar réiteach eatramhach, d'fhéadfaí rochtain ar na sonraí a thabhairt d'oifigigh chustaim ó ríomhaire an oibreora ag oifig an oibreora. Mar sin féin, ní fhéadfar an modh sin a úsáid ach amháin go dtí go mbeidh ceann amháin den dá rogha thuas curtha chun feidhme. Agus an réiteach eatramhach sin in úsáid, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh rochtain leanúnach gan bhriseadh ag na húdaráis chustaim ar na sonraí gan ualach breise agus obair bhreise. Mar sin féin, is faoi na húdaráis chustaim atá sé a chinneadh cén tréimhse ama is féidir an réiteach eatramhach sin a chur chun feidhme. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór dóibh go háirithe an comhar leis an gcuideachta aerlíne, méid an chalafoirt agus an méid lasta a chur san áireamh.

Ní chomhlíontar na ceanglais dlí i gcás ina gcuirtear na sonraí ar fáil ar ríomhphost agus scarbhileoga Excel nó comhaid PDF mar cheangaltán.

Bíonn an simpliú do ETD ag brath go hiomlán ar an gcaoi a soláthraítear an dearbhú maidir le hidirthuras i bhfoirm ETD. I ngach

gné eile, ba cheart ETD a láimhseáil amhail aon dearbhú custaim eile. Ba cheart an creat dlíthiúil mionsonraithe ar na dearbhuithe custaim a shonraítear sa Choinbhinsiún/CCA agus na gníomhartha gaolmhara a chomhlíonadh, mar níor leagadh síos leis an reachtaíocht aon rialacha speisialta le haghaidh nós imeachta idirthurais ETD simplithe.

Ní mór ETD a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras a chur ar fáil don oifig custaim imeachta le cur ar a gcumas do na húdaráis chustaim measúnú riosca a dhéanamh nó seiceálacha a dhéanamh ar earraí, i gcás inar gá, sular féidir na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais.

Ba cheart measúnú riosca a dhéanamh ar na sonraí go léir ar dhearbhú maidir le hidirthuras le teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) na rioscaí féideartha a shainaithint agus a mheasúnú; agus (ii) frithbhearta iomchuí a dhéanamh. Dá bhrí sin, bíonn sé an-chabhrach más féidir leis an gcóras TF custaim: (i) tarchur leictreonach sonraí ETD ó chóras an oibreora a éascú; agus (ii) anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na sonraí ETD.

Mar sin féin, d’fhéadfadh sé tarlú nach bhféadfaí anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh toisc nach éigeantach cur in úsáid an chórais custaim. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an easpa uathoibriúcháin a chúiteamh ach na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh: (i) réamh-iniúchadh stóinsithe a dhéanamh; (ii) faireachán géar a dhéanamh ar an údarú; agus (iii) maoirseacht rialta a dhéanamh ar na hoibríochtaí idirthurais. Ní chuirtear as an áireamh leis na céimeanna sin fíorú de láimh ar na hearraí a dhéanamh go randamach – nó i gcás inar gá – sula scaoiltear iad le haghaidh idirthurais.

Ní féidir rialuithe *a posteriori* (tar éis imeacht na n-earraí) a chur in ionad na gcineálacha rialuithe sin, mar ní féidir rialuithe *a posteriori* a dhéanamh ach i gcásanna sonracha nó go randamach.

Le haghaidh na háite luchtaithe (sonraí roghnacha), is féidir úsáid a bhaint as an gcód tíre agus cód trí litir IATA an aerfoirt ina dhiaidh.

Is é duine dá gcoinsínítear na hearraí iarbhír an sainmhíniú atá ar choinsíní. Chun críocha ETD, is é sin an faighteoir ag an aerfort cinn scríbe.

Glacfaidh na húdaráis chustaim le dearbhú má cuireadh i láthair na hearraí dá dtagraíonn sé. Ní chiallaíonn sé sin gur gá don údarás custaim seiceáil a dhéanamh i gcónaí go bhfuil na hearraí i láthair go fisiciúil ag an aerfort, ach ní mór don údarás custaim a bheith ar an eolas ar a laghad go stóráiltear na hearraí in áit a chomhaontaítear

leis an oibreoir.

Ní mór a cheadú do dhearbhóir, má iarrann sé a leithéid in iarratas, aon sonra amháin nó níos mó sa dearbhú a leasú.

Ní mór a uimhir uathúil féin arna sannadh ag an gcuideachta aerlíne a bheith ar gach dearbhú (uimhir thagartha áitiúil (LRN)[61]). D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an uimhir eitilte mar aon leis an dáta agus aon fhigiúr breise is gá chun an uimhir a dhéanamh uathúil le haghaidh an oibreora lena mbaineann.

Déantar na hearraí arna n-iompar d'aer a tharscaoileadh óna séalú más rud é: (i) go ngreamaítear lipéid ar gach coinsíneacht ar a bhfuil uimhir an bhille aeriompair a ghabhann léi; nó (ii) gur aonad luchtaithe é an choinsíneacht ar a sonraítear uimhir an bhille aeriompair a ghabhann léi.

Maidir le ETD, níl aon ghníomh sonrach lena ndeimhnítear gur ghlac na húdaráis chustaim le ETD nó gur scaoileadh na hearraí le haghaidh idirthurais. Dá bhrí sin, féadfar am imeachta an aerárthaigh leis na hearraí a mheas: (i) mar an t-am glactha le haghaidh ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras; agus (ii) mar am scaoilte na n-earraí le haghaidh idirthurais. Má dhiúltaítear do dhearbhú, ní mór don oifig custaim imeachta an chuideachta aerlíne a chur ar an eolas láithreach agus na cúiseanna leis an diúltú sin a shonrú (e.g. sonraí neamh-leordhóthanacha, earráidí).

Má chuirtear tús le hiompar earraí nach de chuid an Aontais iad mura gcuirtear isteach dearbhú maidir le hidirthuras agus mura nglactar leis, tabhaítear fiach custaim mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, de réir Airteagal 79(1) CCA.[62]

Tá sé tábhachtach go mbeadh na sonraí stairiúla (i.e. sonraí maidir le dearbhuithe roimhe seo ar glacadh leo nó ar diúltaíodh dóibh) ar fáil ag an oifig custaim imeachta chun seiceálacha *a posteriori* a dhéanamh nó chun saincheisteanna arna múscailt ag an oifig custaim cinn scríbe a shoiléiriú.

### VI.3.9.4.3 Nós imeachta ag an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 6(1) agus Airteagal 46(1) CCA*

*Airteagal 199(b) DA*

Ní mór do na sonraí ETD mar an dearbhú maidir le hidirthuras a bheith mar an gcéanna ag an oifig custaim imeachta agus ag an oifig custaim cinn scríbe. Ní dhéanann an oifig custaim cinn scríbe

[61] Ní hionann LRN in ETD agus LRN a shanntar don dearbhú maidir le hidirthuras caighdeánach (NCTS).

[62] San Aontas amháin.

*Airteagal 320 IA*

*Airteagal 111(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

comhoiriúnacht na sonraí a sheiceáil i gcónaí. Ina áit sin, glacann an oifig leis gurb ionann na sonraí mura bhfaigheann sí fógra ón gcuideachta aerlíne maidir le neamhréireachtaí nó mura n-aimsíonn sí neamhrialtachtaí le linn an fhíoraithe.

Ní mór na sonraí ETD a chur ar fáil don oifig custaim cinn scríbe. Maidir leis na ceanglais dlí, ní fhéadfar na sonraí a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ach amháin ar cheann amháin den dá bhealach seo a leanas.

1. Féadfar na sonraí a sheoladh chuig córas TF custaim. Is é seo an bealach a mholtar. Níl sé éigeantach córas TF custaim a bheith i bhfeidhm, ach bheadh sé tairbhiúil do thíortha machnamh a dhéanamh ar chóras den sórt sin a thógáil amach anseo mura bhfuil ceann acu cheana féin.

2. Féadfar rochtain ar chóras na cuideachta aerlíne a thabhairt don údarás custaim ó áitreabh an údaráis custaim.

Mar réiteach eatramhach, d'fhéadfaí rochtain ar na sonraí a thabhairt d'oifigigh chustaim ó ríomhaire an oibreora ag oifig an oibreora. Mar sin féin, ní fhéadfar an modh sin a úsáid ach amháin go dtí go mbeidh ceann amháin den dá rogha thuas curtha chun feidhme. Agus an réiteach eatramhach sin in úsáid, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh rochtain leanúnach gan bhriseadh ag na húdaráis chustaim ar na sonraí gan ualach breise agus obair bhreise. Mar sin féin, is faoi na húdaráis chustaim atá sé a chinneadh cén tréimhse ama is féidir an réiteach eatramhach sin a chur chun feidhme. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór dóibh go háirithe an comhar leis an gcuideachta aerlíne, méid an chalafoirt agus an méid lasta a chur san áireamh.

Ní chomhlíontar na ceanglais dlí i gcás ina gcuirtear na sonraí ar fáil ar ríomhphost agus scarbhileoga Excel nó comhaid PDF mar cheangaltán.

Ní mór sonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras a sholáthar don oifig custaim cinn scríbe faoi am teachta na n-earraí ag an aerfort ar a dhéanaí. Mar sin féin, bheadh sé tairbheach don oifig custaim cinn scríbe na sonraí sin a bheith faighte aici cheana féin nuair a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais ag an aerfort imeachta. Chuirfeadh sé sin ar a cumas don oifig custaim sin aon mheasúnú riosca féideartha a dhéanamh roimh ré.

Sainaithnítear an dearbhú maidir le hidirthuras leis an uimhir

thagartha áitiúil (LRN).

Níl aon teorainn ama sa reachtaíocht chun deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh. Ní shonraítear ach an oiread sa reachtaíocht cé na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

Dá bhrí sin, féadfar glacadh leis go gcuirtear deireadh leis an nós imeachta idirthurais nuair a chuireann an chuideachta aerlíne in iúl don oifig custaim cinn scríbe go bhfuil na hearraí go léir arna gcumhdach le ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras: (i) i stóráil shealadach; nó (ii) in aon áit eile ina bhféadfaí na hearraí a stóráil faoi mhaoirseacht custaim. Ní mór LRN de ETD a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras a shonrú ar dhearbhú stórála sealadaí nó ar aon dearbhú ábhartha eile.

Meastar go n-urscaoiltear an nós imeachta idirthurais láithreach nuair a chuirtear deireadh leis, ach amháin má fuair na húdaráis chustaim ag an gceann scríbe faisnéis – nó má shuigh siad – nár cuireadh deireadh leis an nós imeachta mar is ceart (e.g. trí fhógra ón gcuideachta aerlíne, trí na hearraí a sheiceáil, nó trí fhaisnéis a fháil ón oifig custaim imeachta). Cuirfear tús le himscrúdú chun an tsaincheist a shoiléiriú sna cásanna sin.

Tá an chuideachta aerlíne freagrach as gach cion, neamhréireacht nó neamhrialtacht a nochtar ag an aerfort cinn scríbe a shainaithint agus fógra a thabhairt fúthu sin do na húdaráis chustaim, go háirithe: (i) de thoradh ar sheiceálacha a rinne an chuideachta sin; nó (ii) ar bhonn na tuarascála toraidh (barraíocht nó easnamh), agus tagairt go háirithe do ETD le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

Ba cheart measúnú riosca a dhéanamh ag an gceann scríbe ar na sonraí go léir ar dhearbhú maidir le hidirthuras le teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) na rioscaí féideartha a shainaithint agus a mheasúnú; agus (ii) frithbhearta iomchuí a dhéanamh. Dá bhrí sin, bíonn sé an-chabhrach más féidir leis an gcóras TF custaim: (i) tarchur leictreonach sonraí ETD ó chóras an oibreora a éascú; agus (ii) anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na sonraí ETD.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhféadfaí anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh i gcónaí toisc nach éigeantach cur in úsáid an chórais custaim. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an easpa uathoibriúcháin

a chúiteamh ach na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh: (i) réamh-iniúchadh stóinsithe a dhéanamh; (ii) faireachán géar a dhéanamh ar an údarú; agus (iii) maoirseacht rialta a dhéanamh ar na hoibríochtaí idirthurais. Ní chuirtear as an áireamh leis na céimeanna sin fíorú de láimh ar na hearraí a dhéanamh go randamach – nó i gcás inar gá – tar éis a dteachta nó nuair a chuirtear iad i stóráil shealadach.

Ní féidir rialuithe *a posteriori* (tar éis scaoileadh na n-earraí ón idirthuras) a chur in ionad na gcineálacha rialuithe sin, mar ní féidir rialuithe *a posteriori* a dhéanamh ach i gcásanna sonracha nó go randamach.

Ba cheart comhairliúchán a dhéanamh leis an oifig custaim imeachta nuair is ann d'amhras réasúnach maidir le cineál nó cainníocht na n-earraí. Ní mór fíorú na sonraí ETD a dhéanamh le doiciméad TC21A (Iarscríbhinn VII.8.6) agus é a sheoladh ar ríomhphost chuig na húdaráis a shonraítear in Iarscríbhinn VI.8.9.

Agus doiciméad TC21A á líonadh amach, moltar úsáid a bhaint as ceann de na teangacha a thuigtear go forleathan, más féidir.

Ní mór do na húdaráis chustaim ag an aerfort cinn scríbe, a luaithe is féidir, fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim ag an aerfort imeachta agus don údarás a d'eisigh an t-údarú faoi aon chion nó neamhrialtacht. Agus é sin á dhéanamh, ní mór do na húdaráis chustaim ag an aerfort cinn scríbe tagairt go háirithe do ETD le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

Ní mór don oifig custaim imeachta agus don oifig custaim cinn scríbe comhoibriú le chéile agus faisnéis agus doiciméid ábhartha faoi oibríochtaí idirthurais a mhalartú i gcás inarb iomchuí.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na sonraí stairiúla (i.e. sonraí maidir le hoibríochtaí roimhe seo ar cuireadh deireadh leo agus a scaoileadh) ar fáil ag an oifig custaim cinn scríbe chun seiceálacha *a posteriori* a dhéanamh nó chun saincheisteanna arna múscailt ag an oifig custaim imeachta a shoiléiriú.

### VI.3.10 Earraí arna n-iompar ar muir – ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais

Tá an mhír seo foroinnte mar a leanas:

- Réamhrá (Roinn VI.3.10.1)
- Faisnéis ghinearálta (Roinn VI.3.10.2)
- Údarú chun ETD a úsáid (Roinn VI.3.10.3)
- Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid (Roinn VI.3.10.4)

### VI.3.10.1 Réamhrá

*Airteagal 233(4)(e) CCA*

Ní bhaineann an simpliú seo ach amháin le nós imeachta idirthurais an Aontais.

*Airteagail 319 agus 320 IA*

Féadfar cuideachta loingseoireachta a údarú chun ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais a chumhdach.

An t-údarú chun ETD a úsáid, tugtar é do chuideachtaí loingseoireachta a chomhlíonann na critéir le haghaidh an tsimplithe seo. Dhá chritéar mhóra maidir leis an údarú sin a dheonú is ea iad seo a leanas: (i) ní mór na sonraí atá éigeantach i ndearbhú maidir le hidirthuras a bheith in ETD; agus (ii) ní mór na sonraí sin a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ag an áit imeachta agus ag an gceann scríbe le maoirseacht custaim ar na hearraí agus urscaoileadh an nós imeachta a chumasú. Tá na sonraí sin le fáil in Iarscríbhinní B-DA agus B-IA.

### VI.3.10.2 Faisnéis ghinearálta

*Airteagal 89(7)(d) CCA*

Ní éilítear aon ráthaíocht, mar glactar leis go bhfuil muiriompar slán agus, cé is moite de thimpiste, go gcomhlíonfar na coinníollacha iompair ón gcalafort imeachta go dtí an calafort cinn scríbe.

Is í an chuideachta loingseoireachta sealbhóir an nós imeachta.

Sonraítear san údarú na hoifigí custaim atá lonnaithe ag na calafoirt luchtaithe agus díluchtaithe, ina bhfuil feidhm ag an údarú.

Is é an calafort luchtaithe an calafort imeachta, agus is é an calafort díluchtaithe an calafort cinn scríbe.

Tá sé éigeantach nós imeachta idirthurais an Aontais a úsáid chun

earraí nach de chuid an Aontais iad a iompar ar sheirbhís rialta loingseoireachta (RSS) (féach Cuid II).

Tugtar faoi deara gur féidir earraí a iompar ar muir freisin faoi chumhdach dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras trí NCTS a úsáid (Cuid IV). Mar sin féin, i gcás inarb infheidhme, féadfar bealaí eile a úsáid chun earraí a ghluaiseacht, mar a leagtar amach in Airteagail 226 agus 227 CCA.

### VI.3.10.3 Údarú chun ETD a úsáid

*Airteagal 22 CCA*

*Airteagal 319 IA*

*Iarscríbhinn A-DA*

Tá tuairisc ar an nós imeachta údarúcháin i Ranna VI.2.2-VI.2.5.

Ní mór an t-iarratas a thaisceadh leis na húdaráis chustaim atá inniúil maidir leis an áit ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críoch custaim, agus ina ndéanfar cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdófar leis an údarú, ar a laghad.

TRÁDÁIL

Ní mór don chuideachta loingseoireachta an fhaisnéis seo a leanas go háirithe a sholáthar san iarratas:
1. ainm an iarratasóra nó uimhir EORI an iarratasóra;
2. ainm agus sonraí teagmhála: (i) an duine atá freagrach as cúrsaí custaim agus as an iarratas; agus (ii) an duine atá i bhfeighil na cuideachta is iarratasóir nó atá ag feidhmiú rialaithe ar bhainistíocht na cuideachta sin;
3. an áit a gcoinnítear na príomhchuntais chun críoch custaim nó an áit a bhfuil rochtain orthu;
4. cineál na bpríomhchuntas chun críoch custaim;
5. an áit a gcoimeádtar taifid;
6. cineál taifead;
7. oifig(í) custaim imeachta agus cinn scríbe;
8. an líon turas idir calafoirt san Aontas Eorpach;
9. faisnéis ar an gcaoi a gcuirfear na sonraí ar fáil do na húdaráis chustaim ag gach calafort imeachta agus ag gach calafort cinn scríbe (murab ionann na modhanna ina gcuirfear na sonraí ar fáil ag brath ar oifig custaim nó ar thír, ní mór gach modh a shonrú san iarratas).

Tá an fhaisnéis thuas éigeantach san Aontas (Iarscríbhinn A-

| |
|---|
| DA, colún 9f). |

Ní mór do na húdaráis chustaim inniúla na critéir a fhíordheimhniú (Roinn VI.2.2). Idir an dá linn, déantar an nós imeachta comhairliúcháin leis na hoifigí custaim a shonraítear san iarratas mar oifigí custaim imeachta agus cinn scríbe. Cuirtear tús leis an nós imeachta comhairliúcháin láithreach ar ghlacadh leis an iarratas agus maireann sé suas le 45 lá ar a mhéad.

Tá an nós imeachta comhairliúcháin ina chuid den Chóras Bainistíochta Cinnteoireachta Custaim (CDMS) is infheidhme san Aontas. Mura bhfuil CDMS ar fáil, ní mór litir chomhairliúcháin i bhfoirm páipéir a sheoladh ar ríomhphost, mar aon le cóip den iarratas. Áirítear an liosta seoltaí ríomhphoist i ngach tír agus an tsamhail den litir chomhairliúcháin mar Iarscríbhinní VI.8.11 agus VI.8.10 faoi seach.

Le linn an nós imeachta comhairliúcháin, ba cheart don údarás iarrtha na nithe seo a leanas a fhíordheimhniú:

(i) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha chun an t-údarú a dheonú; agus an rud is tábhachtaí

(ii) cé acu is féidir nó nach féidir, agus conas is féidir, na sonraí éigeantacha le haghaidh ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras a chur ar fáil do na hoifigí custaim iarrtha.

Ar fháil an iarraidh ar chomhairliúchán dó, ní mór don údarás iarrtha na nithe seo a leanas a sheiceáil go háirithe:

(i) an fhaisnéis maidir leis an iarratasóir ina thaifead féin nó i gcomhar le gníomhaireachtaí eile;

(ii) an córas malartaithe sonraí;

(iii) an áit chun na hearraí a iniúchadh;

(iv) leibhéal rialuithe na cuideachta loingseoireachta ar a hoibríochtaí; agus

(v) cé hé ionadaí na cuideachta loingseoireachta, i gcás inarb iomchuí.

Má dhéantar agóid, ba cheart na húdaráis iarrtha a chur ar an eolas trí CDMS laistigh de 45 lá tar éis an iarraidh a fháil. Mura bhfuil CDMS ar fáil, ní mór na húdaráis iarrtha a chur ar an eolas ar ríomhphost leis an litir chéanna (Iarscríbhinn VI.8.10). Má chinneann an t-údarás iarrtha nach bhfeidhmíonn an t-iarratasóir turais chuig calafoirt sa tír sin go rialta, ní féidir calafoirt sa tír sin a áireamh leis an údarú. Mar sin féin, má bhaineann an t-iarratas le calafoirt bhreise, féadfar an t-údarú a dheonú ach an calafoirt sin, nach gcomhlíontar na coinníollacha ina leith dar leis an údarás iarrtha, a scriosadh.

Má dhiúltaíonn an t-údarás iarrtha d’iarraidh ar údarú i ngeall ar neamhchomhlíonadh coinníll, agus go háirithe i ngeall ar shárú tromchúiseach nó athsháruithe ar reachtaíocht custaim agus ar rialacha cánachais, ní mór dó achoimre a thabhairt ar an bhforas leis an diúltú agus ar na forálacha dlí is bun leis. Ansin, údaráis na tíre ina ndearnadh an t-iarratas, ní dheonóidh siad an t-údarú agus ní mór dóibh achoimre ar na cúiseanna leis an diúltú a thabhairt don chuideachta loingseoireachta.

Mura bhfaightear aon agóid laistigh den teorainn ama cheadaithe, féadfaidh an t-údarás iarrthach glacadh leis go gcomhlíontar na critéir arbh ina leith a iarradh an comhairliúchán.

Má chríochnaítear an próiseas comhairliúcháin gan agóid, ní mór do na húdaráis chustaim an t-údarú a fhormheas agus a dheonú, a mbíonn feidhm aige i leith turais amach agus isteach.

Ní bhainfidh an t-údarú ach le hoibríochtaí idirthurais idir na hoifigí custaim imeachta agus cinn scríbe a shonraítear san údarú. Ní bheidh an t-údarú bailí ach amháin sna tíortha ina bhfuil na hoifigí sin.

Ní mór an tagairt don údarú a chur isteach in ETD gach uair a chuirtear tús le hoibríocht idirthurais. Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar, mura féidir í a dhíorthú ó shonraí eile, e.g. uimhir EORI shealbhóir an údaraithe nó CDMS.

Féach Roinn VI.2.3 maidir le faireachán a dhéanamh ar an údarú.

Féach Roinn VI.2.4 maidir leis an údarú a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú. Gach uair is mian leis an gcuideachta loingseoireachta ceann amháin nó níos mó de na calafoirt ina údarú reatha a chur leis nó a bhaint, ní mór dó iarratas a dhéanamh ar leasú ar a údarú.

Féach Roinn VI.2.5 maidir leis an údarú a chur ar fionraí.

I gcás neamhniú, chúlghairm, leasú, fhionraí nó dheireadh fhionraí an údaraithe, ní mór fógra a thabhairt láithreach d'údaráis inniúla na dtíortha a shonraítear san údarú.

Maidir leis an údarú chun ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras, tá sé bailí i mbreis agus aon tír amháin agus mar gheall air sin d'fhéadfaí go mbeadh gá le nós imeachta comhairliúcháin idir údaráis chustaim i dtíortha eile chun faireachán nó athmheasúnú a dhéanamh ar an údarú. Is cuid de CDMS é an comhairliúchán sin.

I gcás nach bhfuil fáil ar CDMS, ní mór na hiarrataí ar chomhairliúchán i bhfoirm na litreach samplaí in Iarscríbhinn VI.8.10 a sheoladh ar ríomhphost chuig na húdaráis atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI.8.11.

| CUSTAIM |
| --- |
| Tá an fhaisnéis seo a leanas go háirithe san údarú:<br>1. An uimhir agus an dáta;<br>2. Ainm shealbhóir an údaraithe nó a uimhir EORI;<br>3. Oifig(í) custaim imeachta agus cinn scríbe;<br>4. Na modhanna ina gcuirtear na sonraí ar fáil do na húdaráis chustaim ag gach calafort imeachta agus ag gach calafort cinn scríbe. Murab ionann na modhanna ag brath ar oifig custaim nó ar thír, ní mór gach modh a shonrú san údarú.<br>5. Fógra maidir leis an oibleagáid atá ar an gcuideachta loingseoireachta na hoifigí custaim imeachta agus cinn scríbe a chur ar an eolas maidir le haon neamhréireacht a thugtar faoi deara, go háirithe maidir leo seo a leanas: |

| |
|---|
| (i) cineál agus cainníocht na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais; agus (ii) aon athrú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don údarú.<br>6. Na modhanna cumarsáide idir oifig(í) custaim imeachta agus cinn scríbe ar thaobh amháin agus an chuideachta loingseoireachta ar an taobh eile.<br>Tá an fhaisnéis thuas éigeantach san Aontas (Iarscríbhinn A-DA, colún 9f).<br><br>Cé nach éigeantach an teorainn ama chun sonraí ETD a chur ar fáil don oifig custaim imeachta sular féidir na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais, tá sé cabhrach faisnéis a chur isteach san údarú maidir leis an teorainn ama sin. |

Cuideachtaí loingseoireachta idirnáisiúnta atá bunaithe san Aontas nó a bhfuil bunaíocht bhuan ghnó acu san Aontas, féadfar iad a údarú chun an nós imeachta sin a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha is gá[63].

### VI.3.10.4 Rialacha nós imeachta chun ETD a úsáid

#### VI.3.10.4.1 Sonraí is gá le haghaidh ETD

*Airteagal 320 IA*

*Iarscríbhinn B-IA*

Doiciméad atá in ETD (e.g. lastliosta earraí leictreonach nó doiciméad eile) arna dhréachtú ag an gcuideachta loingseoireachta nuair a imíonn an soitheach. Deimhnítear ann na hearraí iarbhír a luchtaítear ar an soitheach. Ar an gcaoi sin, chun críoch idirthurais, feidhmíonn ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras, ar choinníoll go n-áirítear leis na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinní B-DA agus B-IA.

Chun a chur ar a gcumas do na húdaráis chustaim stádas na n-earraí a shainaithint, ní mór ceann amháin de na cóid sa bhosca thíos a shonrú ar leibhéal míre in ETD.

| Cód | Idirthuras Aontais |
|---|---|
| T1 | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais |

[63] Airteagal 5(31) agus (32) CCA.

| | |
|---|---|
| | sheachtraigh T1 |
| T2F | Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais a ghluaistear ó na críocha fioscacha speisialta (SFTanna) chuig cuid eile de chríoch chustaim an Aontais, nach SFT í mar a thagraítear dó in Airteagal 188(1) DA. Féadfar an cód sin a úsáid le haghaidh earraí de chuid an Aontais a ghluaistear idir SFT agus cuid eile de chríoch chustaim an Aontais mar a thagraítear dó in Airteagal 188(2) DA. |
| C | Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais |
| TD | Earraí arna ngluaiseacht cheana féin faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, nó arna n-iompar faoi na nósanna imeachta próiseála isteach, stórais custaim, nó ceada isteach shealadaigh[64] |
| X | Earraí de chuid an Aontais ar cuireadh críoch leis an nós imeachta onnmhairithe ina leith agus ar deimhníodh a n-imeacht agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais |

Ní láimhseáiltear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras ach amháin i gcás ina sonraítear ceann amháin ar a laghad de na cóid T1 nó T2F. Mura sonraítear aon cheann de na cóid sin in ETD, gan beann ar na cóid eile a luaitear thuas, ní fhéadfar ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras.

**Samplaí d'úsáid na gcód:**

*Sampla 1*

Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht le RSS idir an Fhrainc agus an Ghearmáin.

An Fhrainc – an Ghearmáin → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar

[64] Sna cásanna sin, ní mór don chuideachta loingseoireachta an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach freisin: (i) an cód 'TD' a chur isteach freisin sa bhille luchta comhfhreagrach nó i ndoiciméad tráchtála iomchuí eile; (ii) uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le hidirthuras nó an doiciméid aistrithe; agus (iii) ainm na hoifige eisiúna.

ETD.

*Sampla 2*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais ó Éirinn go tríú tír (an tSín). In Éirinn, cuirtear earraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Déantar na hearraí a ghluaiseacht le RSS go dtí an Ísiltír, áit a dtógtar amach as an Aontas iad.

Éire – an Ísiltír – an tSín → ní mór an cód 'X' a chur isteach ar ETD idir Éire agus an Ísiltír.

*Sampla 3*
Tagann earraí nach de chuid an Aontais iad ó thríú tír (Ceanada) isteach sa Phortaingéil agus déantar iad a ghluaiseacht le RSS go dtí an Spáinn.

Ceanada – an Phortaingéil – an Spáinn → ní mór an cód 'T1' a chur isteach ar ETD idir an Phortaingéil agus an Spáinn.

*Sampla 4:*
Seoltar earraí de chuid an Aontais le RSS ón Spáinn go críoch fhioscach speisialta (SFT) (na hOileáin Chanáracha).

Roghanna:
1. An Spáinn – na hOileáin Chanáracha → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras[65].
2. An Spáinn – na hOileáin Chanáracha → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.

*Sampla 5:*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht le RSS idir dhá SFT sa Bhallstát céanna (an Fhrainc: Guadalúip agus Mayotte).

Roghanna:
1. Guadalúip – Mayotte → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras[66]
2. Guadalúip – Mayotte → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD[67].

[65] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.
[66] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.

*Sampla 6:*
Onnmhairítear earraí máil[68] de chuid an Aontais ón gCróit go tríú tír (an tSeapáin). Sa Chróit, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Déantar na hearraí a ghluaiseacht le RSS go dtí an Ghréig, áit a dtógtar amach as an Aontas iad.

An Chróit – an Ghréig – an tSeapáin → ní mór cód 'X' a chur isteach ar ETD idir an Chróit agus an Ghréig.

*Sampla 7:*
Onnmhairítear earraí máil[69] de chuid an Aontais ón Iodáil go tríú tír (an India). In Trieste (an Iodáil), cuirtear earraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht. Déantar na hearraí a ghluaiseacht le RSS go Genova (an Iodáil), áit a dtógtar amach as an Aontas iad.

Trieste – Genova – an India → ní mór cód 'X' a chur isteach ar ETD idir Trieste agus Genova.

*Sampla 8:*
Déantar earraí máil de chuid an Aontais[70] a ghluaiseacht le RSS ón Rómáin go dtí an Bhulgáir. Fanann na hearraí faoin socrú fionraí máil in EMCS.

An Rómáin – an Bhulgáir → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.

*Sampla 9:*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais go tríú tír (an Bhealarúis). Sa Danmhairg, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe a chuirtear i gcrích agus deimhnítear an t-imeacht, agus cuirtear tús le nós imeachta TIR. Déantar na hearraí a ghluaiseacht le RSS go dtí an

---

[67] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.

[68] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

[69] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

[70] De réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9/12, 14.1.2009).

Pholainn. Sa Pholainn, leantar de na hearraí a iompar de bhóthar go dtí tríú tír faoi nós imeachta TIR.

An Danmhairg – an Pholainn – an Bhealarúis → ní mór an cód 'TD' a chur isteach ar ETD idir an Danmhairg agus an Pholainn. Leanann nós imeachta TIR agus is sa Bhealarúis atá an ceann scríbe.

*Sampla 10:*
Onnmhairítear earraí de chuid an Aontais go tríú tír (an Rúis). San Ísiltír, cuirtear na hearraí faoin nós imeachta onnmhairithe agus déantar iad a ghluaiseacht d'aer go dtí an Fhionlainn, áit a dtógtar amach as an Aontas iad de bhóthar.

An Ísiltír – an Fhionlainn – an Rúis → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD idir an Ísiltír agus an Fhionlainn, agus déantar na hearraí a ghluaiseacht faoi nós imeachta onnmhairithe go teorainn sheachtrach an Aontais.

*Sampla 11:*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht le RSS ó SFT (na hOileáin Chanáracha) go dtí an Spáinn agus ansin go dtí an Phortaingéil de bhóthar.

Roghanna:
1. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Phortaingéil → ní mór an cód 'C' nó 'T2F' a chur isteach ar ETD idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn agus ní mór an nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2F-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht) a chur isteach ar ETD idir an Spáinn agus an Phortaingéil[71].
2. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Phortaingéil → : ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn agus ní mór an nós imeachta idirthurais caighdeánach (T2F-NCTS, lena n-áirítear ráthaíocht) a chur isteach ar ETD idir an Spáinn agus an Phortaingéil[72].

*Sampla 12:*

[71] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.
[72] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.

Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht le RSS ó SFT (na hOileáin Chanáracha) go dtí an Spáinn agus ansin go dtí an Iodáil le RSS.

Roghanna:
1. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Iodáil → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn, agus ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an Spáinn agus an Iodáil[73].
2. SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn – an Iodáil → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir na hOileáin Chanáracha agus an Spáinn, agus ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras idir an Spáinn agus an Iodáil[74].

*Sampla 13*
Déantar earraí de chuid an Aontais a ghluaiseacht le RSS ó SFT (na hOileáin Chanáracha) go dtí an Spáinn.

Roghanna:
1) SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn → ní mór an cód 'C' a chur isteach ar ETD.
2) SFT (na hOileáin Chanáracha) – an Spáinn → ní mór an cód 'T2F' a chur isteach ar ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras[75].

Chun saorghluaiseacht gan bhac earraí de chuid an Aontais a éascú an oiread is féidir, le cód 'C' ar ETD beidh na hearraí i dteideal saorghluaiseacht ar aghaidh chuig a gceann scríbe san Aontas, ar choinníoll: (i) go bhfuil fianaise ar a stádas i dtaifid ghnó na n-oibreoirí ag an gcalafort imeachta; agus (ii) nach ann d'aon amhras réasúnach maidir le stádas na n-earraí ar a dteacht chuig an gcalafort cinn scríbe. Mar sin féin, bíonn an deis ag údaráis chustaim ag an gceann scríbe stádas custaim dearbhaithe earraí de chuid an Aontais a fhíorú trí sheiceálacha oiriúnacha *a posteriori* a dhéanamh bunaithe ar an riosca measúnaithe agus tarchuir chuig na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta más gá.

Mura ndéantar foráil maidir le tréimhse níos faide le rialacha

[73] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.
[74] I gcomhréir le hAirteagal 188(1) DA.
[75] I gcomhréir le hAirteagal 188(2) DA.

náisiúnta, ní mór don chuideachta loingseoireachta taifead de stádas na n-earraí go léir a choimeád ina dtaifid tráchtála ar feadh tréimhse 3 bliana móide an tréimhse ó thús na bliana reatha. Féadfar na taifid sin a choimeád i bhfoirm leictreonach.

### VI.3.10.4.2 Nós imeachta ag an oifig custaim imeachta

*Airteagal 6(1), Airteagal 46(1) agus Airteagail 172-174 CCA*

*Airteagal 320 IA*

De réir Airteagal 6(1) CCA, gach malartú faisnéise amhail dearbhuithe idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, ní mór é a dhéanamh le teicnící próiseála sonraí leictreonacha. Tá feidhm ag an riail sin maidir le ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras freisin.

Ní mór na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais nuair a bheidh na sonraí ETD curtha ar fáil don oifig custaim imeachta sula bhfágann an soitheach. Ciallaíonn na ceanglais dlí nach bhféadfar na sonraí a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ach amháin ar cheann amháin den dá bhealach seo a leanas.

1. Féadfar na sonraí a sheoladh chuig córas TF custaim. Is é seo an bealach a mholtar. Níl sé éigeantach córas TF custaim a bheith i bhfeidhm, ach bheadh sé tairbhiúil do thíortha machnamh a dhéanamh ar chóras den sórt sin a thógáil amach anseo mura bhfuil ceann acu cheana féin.

2. Féadfar rochtain ar chóras na cuideachta loingseoireachta nó ar chóras oibreoir an chalafoirt a thabhairt don údarás custaim ó áitreabh an údaráis custaim.

Mar réiteach eatramhach, d'fhéadfaí rochtain ar na sonraí a thabhairt d'oifigigh chustaim ó ríomhaire an oibreora ag oifig an oibreora. Mar sin féin, ní fhéadfar an modh sin a úsáid ach amháin go dtí go mbeidh ceann amháin den dá rogha thuas curtha chun feidhme. Agus an réiteach eatramhach sin in úsáid, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh rochtain leanúnach gan bhriseadh ag na húdaráis chustaim ar na sonraí gan ualach breise agus obair bhreise. Mar sin féin, is faoi na húdaráis chustaim atá sé a chinneadh cén tréimhse ama is féidir an réiteach eatramhach sin a chur chun feidhme. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór dóibh go háirithe an comhar leis an gcuideachta aerlíne, méid an chalafoirt agus an méid lasta a chur san áireamh.

Ní chomhlíontar na ceanglais dlí i gcás ina gcuirtear na sonraí ar fáil

ar ríomhphost agus scarbhileoga Excel nó comhaid PDF mar cheangaltán.

Bíonn an simpliú do ETD ag brath go hiomlán ar an gcaoi a soláthraítear an dearbhú maidir le hidirthuras i bhfoirm ETD. I ngach gné eile, ba cheart ETD a láimhseáil amhail aon dearbhú custaim eile. Ba cheart an creat dlíthiúil mionsonraithe ar na dearbhuithe custaim a shonraítear in CCA agus na gníomhartha gaolmhara a chomhlíonadh, mar níor leagadh síos leis an reachtaíocht aon rialacha speisialta le haghaidh nós imeachta idirthurais ETD simplithe.

Ní mór ETD a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras a chur ar fáil don oifig custaim imeachta le cur ar a gcumas do na húdaráis chustaim measúnú riosca a dhéanamh nó seiceálacha a dhéanamh ar earraí, i gcás inar gá, sular féidir na hearraí a scaoileadh le haghaidh idirthurais.

Ba cheart anailís riosca a dhéanamh ar na sonraí go léir ar dhearbhú maidir le hidirthuras le teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) na rioscaí féideartha a shainaithint agus a mheasúnú; agus

(ii) frithbhearta iomchuí a dhéanamh.

Dá bhrí sin, bíonn sé an-chabhrach más féidir leis an gcóras TF custaim:

(i) tarchur leictreonach sonraí ETD ó chóras an oibreora a éascú; agus

(ii) anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na sonraí ETD.

Mar sin féin, d’fhéadfadh sé tarlú nach bhféadfaí anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh toisc nach éigeantach cur in úsáid an chórais custaim. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an easpa uathoibriúcháin a chúiteamh ach na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(i) réamh-iniúchadh stóinsithe a dhéanamh;

(ii) faireachán géar a dhéanamh ar an údarú; agus

(iii) maoirseacht rialta a dhéanamh ar na hoibríochtaí idirthurais. Ní chuirtear as an áireamh leis na céimeanna sin an fíorú de láimh ar na hearraí a dhéanamh go randamach – nó i gcás inar gá –

sula scaoiltear iad le haghaidh idirthurais.

Ní féidir rialuithe *a posteriori* (tar éis imeacht na n-earraí) a chur in ionad na gcineálacha rialuithe sin, mar ní féidir rialuithe *a posteriori* a dhéanamh ach i gcásanna sonracha nó go randamach.

Is é duine dá gcoinsínítear na hearraí iarbhír an sainmhíniú atá ar choinsíní. Chun críocha ETD, is é sin an faighteoir ag an gcalafort cinn scríbe.

Glacfaidh na húdaráis chustaim le dearbhú má cuireadh i láthair na hearraí dá dtagraíonn sé. Ní chiallaíonn sé sin gur gá don údarás custaim seiceáil a dhéanamh i gcónaí go bhfuil na hearraí i láthair go fisiciúil ag an gcalafort, ach ní mór don údarás custaim a bheith ar an eolas ar a laghad go stóráiltear na hearraí in áit a chomhaontaítear leis an oibreoir.

Ní mór a cheadú do dhearbhóir, má iarrann sé/sí a leithéid in iarratas, aon sonra amháin nó níos mó sa dearbhú a leasú.

Ní mór a uimhir uathúil féin arna sannadh ag an gcuideachta loingseoireachta a bheith ar gach dearbhú (uimhir thagartha áitiúil (LRN)[76]). D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an uimhir thurais agus an dáta agus aon fhigiúr breise is gá chun an uimhir a dhéanamh uathúil le haghaidh an oibreora lena mbaineann.

De réir Airteagal 299 IA, ní mór séalaí a ghreamú ag an áit imeachta ar an spás ina bhfuil na hearraí (i gcás inar aithin an oifig custaim imeachta go bhfuil an modh iompair nó an coimeádán oiriúnach lena shéalú), nó ar gach pacáiste ar leith. Mar sin féin, féadfaidh an oifig custaim imeachta a chinneadh gan na hearraí a shéalú má tá an tuairisc ar earraí beacht go leor lena bhféadfaí iad a shainaithint go héasca.

Maidir le ETD, níl aon ghníomh sonrach lena ndeimhnítear gur ghlac na húdaráis chustaim le ETD nó gur scaoileadh na hearraí le haghaidh idirthurais. Dá bhrí sin, féadfar an t-am a imíonn an soitheach agus na hearraí air a mheas:

(i) mar an t-am glactha le haghaidh ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras; agus

[76] Ní hionann LRN in ETD agus LRN a shanntar don dearbhú maidir le hidirthuras caighdeánach (NCTS).

(ii) mar am scaoilte na n-earraí le haghaidh idirthurais. Má dhiúltaítear do dhearbhú, ní mór don oifig custaim imeachta an chuideachta loingseoireachta a chur ar an eolas láithreach agus na cúiseanna leis an diúltú sin a shonrú (e.g. sonraí neamh-leordhóthanacha, earráidí).

Má chuirtear tús le hiompar earraí nach de chuid an Aontais iad mura gcuirtear isteach dearbhú maidir le hidirthuras agus mura nglactar leis, tabhaítear fiach custaim mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, de réir Airteagal 79(1) CCA.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na sonraí stairiúla (i.e. sonraí maidir le dearbhuithe roimhe seo ar glacadh leo nó ar diúltaíodh dóibh) ar fáil ag an oifig custaim imeachta chun seiceálacha *a posteriori* a dhéanamh nó chun saincheisteanna arna múscailt ag an oifig custaim cinn scríbe a shoiléiriú.

### VI.3.10.4.3 Nós imeachta ag an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 6(1) agus Airteagal 46(1) CCA*

*Airteagal 199(b) DA*

*Airteagal 320 IA*

Ní mór do na sonraí ETD mar an dearbhú maidir le hidirthuras a bheith mar an gcéanna ag an oifig custaim imeachta agus ag an oifig custaim cinn scríbe. Ní dhéanann an oifig custaim cinn scríbe comhoiriúnacht na sonraí a sheiceáil i gcónaí. Ina áit sin, glacann an oifig leis gurb ionann na sonraí mura bhfaigheann sí fógra ón gcuideachta loingseoireachta maidir leis na neamhréireachtaí nó mura n-aimsíonn sí neamhrialtachtaí le linn an fhíoraithe.

Ní mór na sonraí ETD a chur ar fáil don oifig custaim cinn scríbe. De réir na gceanglas dlí, ní fhéadfar na sonraí a chur ar fáil do na húdaráis chustaim ach amháin ar cheann amháin den dá bhealach seo a leanas.

1. Féadfar na sonraí a sheoladh chuig córas TF custaim. Is é seo an bealach a mholtar. Níl sé éigeantach córas TF custaim a bheith i bhfeidhm, ach bheadh sé tairbhiúil do thíortha machnamh a dhéanamh ar chóras den sórt sin a thógáil amach anseo mura bhfuil ceann acu cheana féin.

2. Féadfar rochtain ar chóras na cuideachta aerlíne a thabhairt don údarás custaim ó áitreabh an údaráis custaim.

Mar réiteach eatramhach, d’fhéadfaí rochtain ar na sonraí a thabhairt d’oifigigh chustaim ó ríomhaire an oibreora ag oifig an oibreora. Mar sin féin, ní fhéadfar an modh sin a úsáid ach amháin go dtí go

mbeidh ceann amháin den dá rogha thuas curtha chun feidhme. Agus an réiteach eatramhach sin in úsáid, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh rochtain leanúnach gan bhriseadh ag na húdaráis chustaim ar na sonraí gan ualach breise agus obair bhreise. Mar sin féin, is faoi na húdaráis chustaim atá sé a chinneadh cén tréimhse ama is féidir an réiteach eatramhach sin a chur chun feidhme. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór dóibh go háirithe an comhar leis an gcuideachta aerlíne, méid an chalafoirt agus an méid lasta a chur san áireamh.

Ní chomhlíontar na ceanglais dlí i gcás ina gcuirtear na sonraí ar fáil ar ríomhphost agus scarbhileoga Excel nó comhaid PDF mar cheangaltán.

Ní mór sonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras a sholáthar don oifig custaim cinn scríbe faoi am teachta na n-earraí ag an gcalafort ar a dhéanaí. Mar sin féin, bheadh sé tairbheach don oifig custaim cinn scríbe na sonraí sin a bheith faighte aici cheana féin nuair a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais ag an gcalafort imeachta. Chuirfeadh sé sin ar a cumas don oifig custaim sin aon mheasúnú riosca féideartha a dhéanamh roimh ré.

Sainaithnítear an dearbhú maidir le hidirthuras leis an uimhir thagartha áitiúil (LRN).

Níl aon teorainn ama sa reachtaíocht chun deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh. Ní shonraítear ach an oiread sa reachtaíocht cé na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun deireadh a chur leis an nós imeachta idirthurais agus chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

Dá bhrí sin, féadfar glacadh leis go gcuirtear deireadh leis an nós imeachta idirthurais nuair a chuireann an chuideachta loingseoireachta in iúl don oifig custaim cinn scríbe go bhfuil na hearraí go léir arna gcumhdach le ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras:

(i) stóráil shealadach; nó

(ii) in aon áit eile ina bhféadfaí na hearraí a stóráil faoi mhaoirseacht custaim.

Ní mór LRN de ETD a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras a shonrú ar dhearbhú stórála sealadaí nó ar aon dearbhú ábhartha eile.

Meastar go n-urscaoiltear an nós imeachta idirthurais láithreach nuair a chuirtear deireadh leis, ach amháin má fuair na húdaráis chustaim ag an gceann scríbe faisnéis – nó má shuigh siad – nár cuireadh deireadh leis an nós imeachta mar is ceart (e.g. trí fhógra ón gcuideachta loingseoireachta, trí na hearraí a sheiceáil, nó trí fhaisnéis a fháil ón oifig custaim imeachta). Cuirfear tús le himscrúdú chun an tsaincheist a shoiléiriú sna cásanna sin.

Tá an chuideachta loingseoireachta freagrach as gach cion, neamhréireacht nó neamhrialtacht a nochtar ag an gcalafort cinn scríbe a shainaithint agus fógra a thabhairt fúthu sin do na húdaráis chustaim, go háirithe:

(i) de thoradh ar sheiceálacha a rinne an chuideachta sin; nó

(ii) ar bhonn na tuarascála toraidh (barraíocht nó easnamh), agus tagairt go háirithe do ETD le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

Ba cheart measúnú riosca a dhéanamh ag an gceann scríbe ar na sonraí go léir ar dhearbhú maidir le hidirthuras le teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) na rioscaí féideartha a shainaithint agus a mheasúnú; agus

(ii) frithbhearta iomchuí a dhéanamh.

Dá bhrí sin, bíonn sé an-chabhrach más féidir leis an gcóras TF custaim:

(i) tarchur leictreonach sonraí ETD ó chóras an oibreora a éascú; agus

(ii) anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na sonraí ETD.

Mar sin féin, d’fhéadfadh sé tarlú nach bhféadfaí anailís riosca uathoibrithe a dhéanamh i gcónaí toisc nach éigeantach cur in úsáid an chórais custaim. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an easpa uathoibriúcháin a chúiteamh ach na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(i) réamh-iniúchadh stóinsithe a dhéanamh;

(ii) faireachán géar a dhéanamh ar an údarú; agus

(iii) maoirseacht rialta a dhéanamh ar na hoibríochtaí idirthurais.

Ní chuirtear as an áireamh leis na céimeanna sin fíorú de láimh ar na

hearraí a dhéanamh go randamach – nó i gcás inar gá – tar éis a dteachta nó nuair a chuirtear iad i stóráil shealadach.

Ní féidir rialuithe *a posteriori* (tar éis scaoileadh na n-earraí ón idirthuras) a chur in ionad na gcineálacha rialuithe sin, mar ní féidir rialuithe *a posteriori* a dhéanamh ach i gcásanna sonracha nó go randamach.

Ba cheart comhairliúchán a dhéanamh leis an oifig custaim imeachta nuair is ann d'amhras réasúnach maidir le cineál nó cainníocht na n-earraí. Ní mór fíorú na sonraí ETD a dhéanamh le doiciméad TC21A (Iarscríbhinn VII.8.6) agus é a sheoladh ar ríomhphost chuig na húdaráis a shonraítear in Iarscríbhinn VI.8.9.

Agus doiciméad TC21A á líonadh amach, moltar úsáid a bhaint as ceann de na teangacha a thuigtear go forleathan, más féidir.

Ní mór do na húdaráis chustaim ag an gcalafort cinn scríbe, a luaithe is féidir, fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim ag an gcalafort imeachta agus don údarás a d'eisigh an t-údarú faoi aon chion nó neamhrialtacht. Agus é sin á dhéanamh, ní mór do na húdaráis chustaim ag an aerfort cinn scríbe tagairt go háirithe do ETD le haghaidh na n-earraí atá i gceist.

Ní mór don oifig custaim imeachta agus don oifig custaim cinn scríbe comhoibriú le chéile agus faisnéis agus doiciméid ábhartha faoi oibríochtaí idirthurais a mhalartú i gcás inarb iomchuí.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na sonraí stairiúla (i.e. sonraí maidir le hoibríochtaí roimhe seo ar cuireadh deireadh leo agus a scaoileadh) ar fáil ag an oifig custaim cinn scríbe chun seiceálacha *a posteriori* a dhéanamh nó chun saincheisteanna arna múscailt ag an oifig custaim imeachta a shoiléiriú.

## VI.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)


## VI.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)

## VI.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

## VI.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin

## VI.8 Iarscríbhinní


### VI.8.1 Sampla de stampa speisialta a úsáideann coinsíneoir údaraithe




### VI.8.2 Maoluithe – stampa speisialta (IT)

Ní mór do choinsíneoirí údaraithe úsáid a bhaint as an stampa speisialta atá formheasta ag na húdaráis chustaim i gcomhréir le: (i) Pointe 22.1 d'Iarscríbhinn II d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún; agus (ii) Pointe 22.1 d'Iarscríbhinn 72-04 IA. Tá sampla den stampa sin le fáil in Iarscríbhinn B9 Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus Caibidil II d'Iarscríbhinn 72-04 IA).

Féadfaidh coinsíneoirí údaraithe san Iodáil úsáid a bhaint as na stampaí speisialta, a dtugtar samplaí díobh thíos:




[Sampla]

### VI.8.3 Liosta aerfort agus oifigí custaim rialaithe

Sriostar an iarscríbhinn mar níl sí ábhartha a thuilleadh.

### VI.8.4 Sampla d'údarú chun nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais a úsáid bunaithe ar lastliosta leictreonach le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer

Scriostar an iarscríbhinn mar níl sí ábhartha a thuilleadh.

### VI.8.5 Sreabhchairt maidir le comhdhlúthú aeir

Scriostar an iarscríbhinn mar níl sí ábhartha a thuilleadh.

## VI.8.6 Sampla d'údarú chun nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir

Baineann na forálacha seo a leanas le formheas cuideachtaí loingseoireachta chun nós imeachta idirthurais simplithe an Aontais a úsáid ar muir.

**Nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a úsáid le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir**

Sampla den údarú faoi fhoráil Airteagal 26 TDA

Ábhar an údaraithe

1. Údaraítear leis seo an chuideachta loingseoireachta …...........................................................................…….....

…..........................................................................................................................…

….............................................................................................................................

faoi réir cúlghairme tráth ar bith, nósanna imeachta idirthurais páipéarbhunaithe an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le hearraí arna n-iompar ar muir i gcomhréir le hAirteagal 26 TDA, dá ngairtear 'an nós imeachta idirthurais simplithe (páipéir) ar muir' anseo feasta.

Raon feidhme

2. Cumhdófar leis an nós imeachta idirthurais simplithe (páipéir) iompar na n-earraí go léir a iompraíonn an chuideachta loingseoireachta ar muir idir calafoirt i mBallstáit an Aontais a leagtar amach san iarscríbhinn i gceangal.

Doiciméadacht is gá le haghaidh coinsíneachtaí

3. I gcás inarb éigeantach nós imeachta idirthurais an Aontais a úsáid, láimhseáiltear an lastliosta (sampla i gceangal) mar a bheith coibhéiseach le dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais an Aontais, ar an gcoinníoll go n-áirítear leis na sonraí a liostaítear in Airteagal 50 TDA.

Nós imeachta ag an gcalafort luchtaithe (an oifig custaim imeachta)

4. Ní mór na lastliostaí a chur i láthair i ndúblach agus ní mór an cód iomchuí (T1, T2F) a bhreacadh i litreacha troma ar an gcéad leathanach. Ní mór don chuideachta loingseoireachta dáta agus síniú a chur leo ansin lena sainaithint mar dhearbhuithe maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais an Aontais. Ansin láimhseálfar lastliostaí sin mar a bheith coibhéiseach le dearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais an Aontais.

   I gcás ina mbaineann an oibríocht iompair an tráth céanna le hearraí nach mór iad a ghluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais (T1) agus le hearraí

nach mór iad a ghluaiseacht faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais (T2F), ní mór na hearraí sin a liostú ar lastliostaí ar leith.

I gcás ina n-iompraítear coinsíneachtaí comhdhlúthúcháin, ní mór iad sin a shonrú leis an téarma 'comhdhlúthú' agus a áireamh leis an lastliosta le haghaidh idirthuras an Aontais atá iomchuí le haghaidh an stádais is airde a thaifeadtar ar an lastliosta comhdhlúthúcháin (e.g. más rud é go gcuimsítear idir earraí de chuid an Aontais agus earraí lena mbaineann stádas T1, T2F nó TD, ní mór é sin a dhearbhú ar lastliosta T1).

Mura bhfuil an chuideachta loingseoireachta ina coinsíneoir údaraithe de réir bhrí Airteagal 233(4)(a) CCA, ní mór an lastliosta a chur i láthair na n-údarás inniúil lena fhíordheimhniú roimh imeacht an tsoithigh.

I gcomhréir le hAirteagal 297 IA, is é […] an teorainn ama a bheidh ann chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

An chuideachta loingseoireachta atá ag iompar na gcoinsíneachtaí a léirítear ar an lastliosta, ní mór di a bheith ina sealbhóir ar an nós imeachta le haghaidh na n-oibríochtaí iompair sin.

<u>Nós imeachta ag an gcalafort díluchtaithe (an oifig custaim cinn scríbe)</u>

5. Na lastliostaí agus na hearraí lena mbaineann siad, ní mór iad a chur i láthair na n-údarás áitiúil ag an gcalafort cinn scríbe chun críocha rialú na n-údarás custaim. Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go ndéanfaidh siad iniúchadh ar gach bille luchta lena gcumhdaítear aon earra arna dhíluchtú ag an soitheach sin ag an gcalafort.

Uair sa mhí, tar éis an liosta i gceist a fhíordheimhniú, ní mór do na húdaráis chustaim ag gach calafort cinn scríbe liosta a dhréachtaigh na cuideachtaí loingseoireachta nó a n-ionadaithe a sheoladh chuig na húdaráis chustaim ag gach calafort imeachta. Ní mór a áireamh leis an liosta sin na lastliostaí a cuireadh ina láthair sa mhí roimhe sin.

Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh leis an liosta freisin: (i) uimhir thagartha an lastliosta; (ii) an tsiombail lena sainaithnítear an lastliosta mar dhearbhú maidir le hidirthuras; (iii) ainm na cuideachta loingseoireachta a d'iompair na hearraí; (iv) ainm an tsoithigh; agus (v) dáta na hoibríochta muiriompair.

Ní mór an liosta sin a tháirgeadh i ndúblach agus i gcomhréir leis an bhformáid seo a leanas:

| LIOSTA NÓSANNA IMEACHTA IDIRTHURAIS DON MHÍ | |
|---|---|
| Calafort imeachta: | Calafort cinn scríbe: |
| ........................................... | .......................................... |

| Uimhir thagartha an lastliosta a úsáidtear m dhearbhú maidir le hidirthuras | Dáta an lastliosta a úsáideadh<br><br>mar dhoiciméad idirthurais | Ainm an tsoithigh | Chun críoch<br><br>Custaim |
|---|---|---|---|

Ní mór é seo a leanas a chur ar an leathanach deiridh den liosta:

‘Deimhníonn (cuideachta loingseoireachta) leis seo go bhfuil sa liosta seo gach lastliosta le haghaidh earraí a iompraíodh ar muir ó (calafort imeachta) go (calafort cinn scríbe).’

Ní mór d’ionadaí na cuideachta loingseoireachta an dá chóip den liosta a shíniú agus ní mór iad a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe tráth nach déanaí ná an 15ú lá den mhí tar éis mhí na nósanna imeachta idirthurais.

<u>Neamhrialtachtaí/neamhréireachtaí</u>

6. Ní mór do na húdaráis chustaim ag an gcalafort cinn scríbe fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla ag an gcalafort imeachta, chomh maith leis an údarás a dheonaigh an t-údarú, maidir le haon neamhrialtacht nó neamhréireacht, agus tagairt a dhéanamh go háirithe do bhillí luchta na n-earraí lena mbaineann.

<u>Freagracht na cuideachta loingseoireachta</u>

7. Ní mór don chuideachta loingseoireachta an méid a leanas a dhéanamh:

- taifid oiriúnacha a choimeád lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chustaim oibríochtaí a fhíordheimhniú

  ag an áit imeachta agus ag an gceann scríbe;

- na taifid ábhartha uile a chur ar fáil do na húdaráis chustaim; agus

- gabháil uirthi féin cabhrú chun gach neamhréireacht agus gach neamhrialtacht a réiteach.

<u>Forálacha críochnaitheacha</u>

8. Beidh an t-údarú seo gan dochar d’fhoirmiúlachtaí maidir le himeacht agus teacht is dual don chuideachta loingseoireachta sna tíortha imeachta agus cinn scríbe.

Tiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm an ............................................

Le haghaidh an údaráis inniúil


Dáta

Síniú

**IARSCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| CALAFOIRT IMEACHTA | SEOLADH NA hOIFIGE CUSTAIM INNIÚLA |
| CALAFOIRT CINN SCRÍBE | SEOLADH NA hOIFIGE CUSTAIM INNIÚLA |

## VI.8.7 Sreabhchairt maidir le comhdhlúthú ar muir



**VI.8.8 Teachtaireacht maidir le nós imeachta simplithe**

**IDIRTHURAS COMHCHOITEANN – IDIRTHURAS AN AONTAIS**
**TAXUD/0925/2000 - EN**

<table>
<tr><td>- FOIRM THEACHTAIREACHTA -<br>Airteagal 6, an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach</td><td>NÓSANNA IMEACHTA SIMPLITHE</td></tr>
<tr><td>CHUIG<br><u>AN COIMISIÚN EORPACH</u><br>Ard-Stiúrthóireacht<br>Cánachas agus an tAontas Custaim<br>Aonad 'Reachtaíocht custaim'<br>B-1049 AN BHRUISÉIL – AN BHEILG</td><td><u>Bunús dlí</u>:<br>An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, Airteagal 6 (déthaobhach/iltaobhach) ☐ ☐ ☐</td></tr>
<tr><td>Ó<br><u>An tír a údaraíonn an nós imeachta simplithe</u>:</td><td rowspan="2"><u>Fairsinge an nós imeachta</u>:<br>Simpliú aonair ☐<br><u>Ainm an tsealbhóra/Tagairt an údaraithe</u>:<br><br>Iatán: cóip den údarú<br>Simpliú ginearálta<br><u>Ainm an nós imeachta/Tagairt an téacs dhlíthiúil</u>: ☐<br><br>Iatán: cóip den téacs (*)</td></tr>
<tr><td><u>Tíortha eile lena mbaineann</u>:<br>(i gcás comhaontú déthaobhach/iltaobhach)</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Tuairisc ghairid ar na simplithe</u>:</td></tr>
</table>

| Teagmhálaí:<br><br>Tagairt tharchur na teachtaireachta<br>*(CC/BBBB/UUU)*<br>Uimh. ../…./… | Dáta agus síniú: Stampa: |
| --- | --- |

(*) Más rud é nach n-iarrtar tarchur gach údaraithe ar leith

**VI.8.9 Liosta na n-údarás atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin má úsáidtear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna ngluaiseacht d'aer**

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil:

**EUROPA:**

**https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

## VI.8.10 Litir chomhairliúcháin shamplach le haghaidh ETD

<table>
<tr><td colspan="2" align="center">TC26<br>IDIRTHURAS AN AONTAIS/COMHCHOITEANN<br>FOIRM CHOMHAIRLIÚCHÁIN</td></tr>
<tr><td>1. Údarás iarrthach<br><br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br><br>nó<br><br>Cód na hOifige Custaim (COL) □□□□□□</td><td>2. Údarás Iarrtha<br><br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br><br>nó<br><br>Cód na hOifige Custaim (COL) □□□□□□</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. Iarratasóir/Sealbhóir an Údaraithe*<br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br><br>Uimh. AEO (más ann di)</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. Uimhir an iarratais/údaraithe*<br>…………………………………………………………………………………………………………………………….</td></tr>
<tr><td>5. Le haghaidh an údaráis iarrthaigh<br>Áit:<br>Dáta:<br><br>Síniú:<br>Stampa:</td><td>6. Le haghaidh an údaráis iarrtha<br>Áit:<br>Dáta:<br><br>Síniú:<br>Stampa:</td></tr>
<tr><td colspan="2" align="center">I. COMHAIRLIÚCHÁN LE LINN AN PHRÓISIS ÚDARÚCHÁIN</td></tr>
<tr><td colspan="2" align="center">Liosta calafort agus cód oifigí custaim (COL)<br>(Le líonadh isteach ag an Údarás Iarrthach)</td></tr>
<tr><td>1. Mar chalafort imeachta<br>(a)…………………………………………………………………<br>COL □□□□□□<br>(b)………………………………………………………………...<br>COL □□□□□□<br>(c) ………………………………………………………………...<br>COL □□□□□□<br>(d)………………………………………………………………….<br>COL □□□□□□</td><td>2. Mar chalafort cinn scríbe<br>(a)…………………………………………………………..<br>COL □□□□□□<br>(b)…………………………………………………………………<br>COL □□□□□□<br>(c)…………………………………………………………………<br>COL □□□□□□<br>(d)………………………………………………………………….<br>COL □□□□□□</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. Más rud é nach gcomhlíontar coinníoll nó coinníollacha, tabhair cúiseanna agus an calafort nó na calafoirt ábhartha (le líonadh isteach ag an Údarás Iarrtha)<br>□ Ní féidir le sealbhóir an údaraithe a áirithiú go bhfuil na sonraí ETD ar fáil do na húdaráis chustaim<br>Calafo(i)rt:</td></tr>
</table>

- ☐ Ní oibríonn sealbhóir an údaraithe líon mór eitiltí idir calafoirt an Aontais/tíortha comhchoiteanna idirthurais
  Calafo(i)rt:
- ☐ Rinne sealbhóir an údaraithe sárú tromchúiseach nó athsháruithe ar an reachtaíocht custaim agus ar rialacha cánachais, lena n-áirítear maidir le taifid ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena ghníomhaíocht eacnamaíoch
  Calafo(i)rt:
- ☐ Ní léiríonn sealbhóir an údaraithe ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistíocht a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim
  Calafo(i)rt:
- ☐ Ní léiríonn sealbhóir an údaraithe caighdeáin phraiticiúla inniúlachta ná cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar
  Calafo(i)rt:

Barúlacha…………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………

**II. COMHAIRLIÚCHÁN LE LINN AN FHAIREACHÁIN AGUS ATHMHEASÚNÚ AR AN ÚDARÚ*****

**1. Seiceáiltear na nithe seo a leanas (le líonadh isteach ag an Údarás Iarrtha)**

(a) An áirithíonn an t-oibreoir go bhfuil na sonraí ETD ar fáil do na húdaráis chustaim i gcónaí?

- ☐ ÁIRITHÍONN
- ☐ NÍ ÁIRITHÍONN

Barúlacha……………………………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………………………………..,.

(b) An oibríonn an t-oibreoir líon mór eitiltí/turas idir calafoirt an Aontais/tíortha comhchoiteanna idirthurais?

- ☐ OIBRÍONN
- ☐ NÍ OIBRÍONN

Barúlacha……………………………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………………………………

(c) An ndearna an t-oibreoir sárú tromchúiseach nó athsháruithe ar an reachtaíocht custaim agus ar rialacha cánachais, lena n-áirítear maidir le taifid ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann lena ghníomhaíocht eacnamaíoch?

- ☐ RINNE
- ☐ NÍ DHEARNA

Barúlacha……………………………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………………………………

(d) An léiríonn an t-oibreoir ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí, trí bhíthin córas chun bainistíocht a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim?

- ☐ LÉIRÍONN
- ☐ NÍ LÉIRÍONN

Barúlacha:…………………………………………………………………………………………………………………….

………………………………………………………………………………………………………………………………

(e) An léiríonn an t-oibreoir caighdeáin phraiticiúla inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar?

- ☐ LÉIRÍONN
- ☐ NÍ LÉIRÍONN

Barúlacha……………………………………………………………………………………………………………………...

………………………………………………………………………………………………………………………………

Barúlacha eile………………………………………………………………………………………………………………....

………………………………………………………………………………………………………………………………

* scrios de réir mar is iomchuí

**an t-iarratas a rinne an t-oibreoir ar ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras, ní mór cóip de a chur i gceangal leis an bhfoirm seo

***an t-údarú a tugadh chun ETD a úsáid mar dhearbhú maidir le hidirthuras, ní mór cóip de a chur i gceangal leis an bhfoirm seo

**VI.8.11 Liosta na n-údarás atá freagrach as an nós imeachta comhairliúcháin má úsáidtear ETD mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh earraí arna ngluaiseacht ar muir**

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil:

**EUROPA:**

**https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

### VI.8.12 Tábla comhfhreagrach CIM – CIM/SMGS

Tá na foirmeacha le fáil ar: https://cit-rail.org/en/freight-traffic/forms/

| **Bosca** | **CIM** | **CIM/SMGS** |
|---|---|---|
| Doiciméid i gceangal – iarscríbhinní | 9 | 9 |
| Tuairisc ar na hearraí | 21 | 20 |
| Cód NHM | 24 | 23 |
| Nóta coinsíneachta CIM | 30 | 37 |
| Iompróirí eile | 57 | 65 |
| Iompróir conarthach | 58a | 66a |
| Nós imeachta idirthurais simplithe le haghaidh iompar iarnróid agus cód le haghaidh an phríomhaí* | 58b | 66b |
| Uimhir choinsíneachta | 62 | 69 |
| Formhuinithe custaim | 99 | 26 |

* sealbhóir an nós imeachta

### VI.8.13 Dearbhuithe arna ndéanamh ag gnóthais iarnróid

Sliocht as doiciméad oibre TAXUD/A2/TRA/02/2019

## Dearbhú

**arna dhéanamh ag gnóthais iarnróid maidir le hiompar earraí faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe le haghaidh iompar iarnróid lena n-úsáidtear nóta coinsíneachta CIM, nóta coinsíneachta CIM le haghaidh iompar traschórais agus nóta coinsíneachta CIM/SMGS**

Déanann an gnóthas iarnróid a bhfuil a ainm anseo thíos na nithe seo a leanas.

- Agus é ag gníomhú mar 'shealbhóir an nós imeachta' de réir bhrí Airteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/341 ón gCoimisiún (Forálacha tarmligthe idirthréimhseacha le Cód Custaim an Aontais) agus Airteagal 93 d'Fhoscríbhinn 1 leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, dearbhaíonn sé go soláthróidh sé dearbhú lena gcumhdaítear an cúrsa taistil iomlán ar chríoch chustaim an Aontais agus na dtíortha comhchoiteanna idirthurais. Mar 'shealbhóir an nós imeachta', ní mór dó nóta coinsíneachta CIM, nóta coinsíneachta CIM le haghaidh iompar traschórais, nó nóta coinsíneachta CIM/SMGS a úsáid nuair a bhíonn sé rannpháirteach mar an t-iompróir conarthach nó nuair a ghlacann sé le bheith mar shealbhóir an nós imeachta.
- Maidir le neamhrialtachtaí a thagann chun solais le linn chur i bhfeidhm an nós imeachta idirthurais pháipéarbhunaithe, aontaíonn sé nach mór iad a réiteach idir an t-údarás custaim inniúil agus an gnóthas iarnróid freagrach i.e. an t-údarás custaim agus an gnóthas iarnróid sa stát ina meastar gur tharla an neamhrialtacht. Toilíonn an gnóthas iarnróid freagrach a bheith faoi dhliteanas agus a bheith ar an gcéad pháirtí a n-iarrfar air aon fhiach custaim a íoc. Ní dhéanann an dearbhú seo difear do dhliteanas comhpháirteach agus leithleach na ngnóthas iarnróid a ghlacann páirt san iompar ná do dhliteanas shealbhóir an nós imeachta maidir le haon fhiach custaim.
- Geallann sé na húdaráis chustaim ina thír faoi seach a chur ar an eolas maidir leis an iompar earraí d'iarnród atá beartaithe aige, ina aonar nó faoi chuimsiú grúpáil idirnáisiúnta, trí theorainn sheachtrach na críche ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 nó trí theorainn idir a Pháirtithe Conarthacha.

  Soláthrófar an fhaisnéis sin a mhéid is féidir 1 mhí amháin roimh thús aon bhealach nua iompair. Áireofar leis an bhfaisnéis sin: (i) an dáta a chuirfear tús leis an iompar nua; (ii) na tíortha lena mbainfidh an tseirbhís; (iii) sonraí ar na stáisiúin tosaithe, trasnaithe teorann agus cinn scríbe; agus, más féidir (iv) an tráthchlár. Níl gá leis an bhfaisnéis le haghaidh iompar a chumhdaítear le nós imeachta idirthurais chaighdeánaigh inmheánaigh nó sheachtraigh i gcomhréir le hAirteagail 226(3)(a) nó 227(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (Cód Custaim an Aontais) agus Airteagal 2(2) agus 2(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach nuair a úsáidtear an córas leictreonach a bunaíodh de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Airteagal 4 d'Fhoscríbhinn 1 leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, i.e. NCTS.

Cuideachta: Áit agus dáta:

Seoladh: Síniú

Stát:

## CUID VII - URSCAOILEADH AN NÓS IMEACHTA IDIRTHURAIS AGUS AN NÓS IMEACHTA FIOSRÚCHÁIN

Tá tuairisc i gCuid VII ar urscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus an nós imeachta fiosrúcháin.

I Mír VII.1 leagtar amach an teoiric ghinearálta agus an reachtaíocht maidir le hurscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus an nós imeachta fiosrúcháin.

Baineann Mír VII.2 le hurscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus an iarraidh ar stádas.

Baineann Mír VII.3 leis an nós imeachta fiosrúcháin.

Baineann Mír VII.4 leis an nós imeachta leanúnachais gnó.

Baineann Mír VII.5 le nósanna imeachta fíorúcháin iarscaoilte.

Forchoimeádtar Mír VII.6 le haghaidh treoracha náisiúnta sonracha.

Forchoimeádtar Mír VII.7 d’úsáid na n-údarás custaim.

Tá na hIarscríbhinní le fáil i Mír VII.8.

Úsáidtear na téarmaí seo a leanas:

- **'nós imeachta idirthurais':** nós imeachta custaim faoina n-iompraítear earraí faoi mhaoirseacht custaim ó áit amháin go háit eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.
- **'oibríocht idirthurais':** gluaiseacht earraí arna n-iompar faoin nós imeachta idirthurais ón oifig custaim imeachta go dtí an oifig custaim cinn scríbe.
- **'nós imeachta leanúnachais gnó':** cásanna nach mbíonn fáil shealadach ar an gcóras nua ríomhchuidithe idirthurais (NCTS), ar an gcóras ríomhchuidithe arna úsáid ag sealbhóirí an nós imeachta, ná ar an nasc leictreonach idir an córas ríomhchuidithe arna úsáid ag sealbhóirí an nós imeachta agus NCTS tráth tosaithe na hoibríochta idirthurais.
- **'nósanna imeachta simplithe':** nósanna imeachta idirthurais simplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe.

## VII.1 Réamhrá, reachtaíocht, agus teoiric ghinearálta

### VII.1.1 Réamhrá

Tá tuairisc sa mhír seo ar an gcúlra dlíthiúil agus tugtar forbhreathnú ginearálta ar an reachtaíocht.

### VII.1.2 Reachtaíocht agus teoiric ghinearálta

#### VII.1.2.1 Foinsí dlí

Is iad seo na foinsí dlí chun deireadh an nós imeachta agus an nós imeachta fiosrúcháin a sheiceáil:

- Airteagail 48 agus 49, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;
- Airteagal 215(2) CCA;
- Airteagal 310 IA.

#### VII.1.2.2 Teoiric ghinearálta

Tá bunús dlí na hinniúlachta le haghaidh an nós imeachta fiosrúcháin bunaithe ar an bprionsabal gurb é an t-údarás

inniúil sa tír imeachta atá freagrach agus gurb aige a bhíonn an príomhról chun an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh agus chun faireachán a dhéanamh air.

### VII.1.2.2.1 Deireadh agus urscaoileadh na hoibríochta idirthurais

*Airteagal 48*
*Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;*

Déantar idirdhealú sna foinsí dlí idir deireadh nós imeachta idirthurais an Aontais nó an nós imeachta chomhchoitinn maidir le hearraí faoi bhealach agus urscaoileadh na nósanna imeachta sin.

*Airteagal 215(2) CCA*

Ciallaíonn deireadh an nós imeachta idirthurais gur cuireadh na hearraí mar aon leis na doiciméid i láthair na hoifige custaim cinn scríbe nó coinsíní údaraithe.

Ciallaíonn urscaoileadh an nós imeachta idirthurais gur cuireadh deireadh leis an oibríocht idirthurais mar is ceart ar bhonn comparáide idir na sonraí atá ar fáil ag an oifig custaim cinn scríbe agus na sonraí atá ar fáil ag an oifig custaim imeachta.

Tá an t-idirdhealú agus na sainmhínithe dlíthiúla sin bailí gan beann ar an oibríocht idirthurais (chaighdeánach nó shimplithe) ná ar an gcóras a úsáidtear (nós imeachta idirthurais caighdeánach nó nós imeachta leanúnachais gnó).

Tá urscaoileadh an nós imeachta ag brath ar fhianaise gur cuireadh deireadh leis mar is ceart.
Murab ann don fhianaise sin (d'fhéadfadh foirm, cineál agus modhanna an mheasúnaithe a bheith éagsúil de réir an nós imeachta), ceanglaítear ar na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun a dheimhniú, le modhanna eile más féidir, gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta i gceart nó, dá éagmais sin, chun na nithe seo a leanas a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha maidir le fiach agus aisghabháil:

- cé acu ar tabhaíodh nó nár tabhaíodh fiach (custaim);
- an duine (na daoine) atá freagrach as an bhfiach (custaim), más iomchuí;
- an áit iarbhír nó mheasta inar tabhaíodh an fiach (custaim) agus, dá réir sin;
- an t-údarás inniúil chun an fiach (custaim) a aisghabháil, más iomchuí;

agus pionóis a fhorchur, i gcás inarb iomchuí.

### VII.1.2.2.2 Nós imeachta fiosrúcháin chun deireadh an nós imeachta a sheiceáil

*Airteagal 49(2) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;*

I gcás an nós imeachta idirthurais chaighdeánaigh, ba cheart iarraidh ar stádas a eisiúint roimh nós imeachta fiosrúcháin a thosú (féach Roinn VII.2.5).

*Airteagal 310(2) IA*

Más rud é gur gá an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh ansin, cinnfidh an t-údarás inniúil sa tír imeachta tús a chur leis an nós imeachta fiosrúcháin trí ceann amháin díobh seo a leanas a sheoladh:

- an teachtaireacht 'Iarraidh ar ghluaiseacht nár bhain ceann scríbe amach' (IE140) chuig sealbhóir an nós imeachta, nó
- an teachtaireacht 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) chuig an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe.

Féadfaidh údaráis inniúil na tíre imeachta tús a chur leis an nós imeachta fiosrúcháin go díreach leis an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe i gcás ina bhfuil faisnéis leordhóthanach i mBosca 8 de dhearbhú maidir le hidirthuras chun an faighteoir/coinsíní a shainaithint agus a shonrú.

Leis na sonraí ar fáil ar an dearbhú, ba cheart na mionsonraí is gá a thabhairt don údaráis inniúil ag an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe chun teagmháil a dhéanamh leis an duine freagrach ag an gceann scríbe (faighteoir/coinsíní).

Ní mór do Bhallstáit agus do Pháirtithe Conarthacha eile sealbhóirí an nós imeachta a chur ar an eolas maidir leis na tairbhí a bhaineann le Bosca 8 de dhearbhú maidir le hidirthuras a líonadh isteach i gceart agus faisnéis bhailí iomlán ar an gcoinsíní agus sonraí sonracha ar an seoladh a thabhairt. Ar an gcaoi sin, féadfaidh sealbhóir an nós imeachta a áirithiú nach bhfaighidh sé teachtaireacht gan ghá (IE140).

Ní dhéanfar teagmháil le sealbhóir an nós imeachta ach amháin mura soláthraítear aon chruthúnas ar dheireadh an nós imeachta don oifig custaim imeachta tar éis na teachtaireachtaí 'Iarraidh ar stádas' (IE904) agus 'Freagairt maidir le stádas' (IE905) (tá tuilleadh sonraí le fáil i Mír VII.2.5), agus an teachtaireacht 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe (tá tuilleadh sonraí le fáil i Mír VII.3.4.4).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Ag brath ar an léirmhíniú ar 'fhaisnéis leordhóthanach', beidh discréid ag údarás inniúil na tíre imeachta cinneadh a dhéanamh cén chaoi/cén áit a gcuirfear tús leis an nós imeachta fiosrúcháin.

TRÁDÁIL

Chun iarrataí nach gá ar fhaisnéis ó na húdaráis chustaim inniúla a sheachaint, ní mór Bosca 8 den dearbhú maidir le hidirthuras a líonadh isteach i gceart le faisnéis bhailí iomlán ar an gcoinsíní agus le sonraí sonracha ar a sheoladh.

**VII.1.2.2.3 Malartú faisnéise**

Féadfar na teachtaireachtaí 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' (IE144) agus 'Fiosrúchán agus iarratas ar fhaisnéis ar aisghabháil' (IE145) a sheoladh i rith phróiseas iomlán an nós imeachta fiosrúcháin aisghabhála chun faisnéis bhreise a mhalartú nó chun ceisteanna a chur maidir le hoibríocht shonrach.

Féadfaidh an oifig custaim imeachta nó an oifig custaim cinn scríbe an malartú faisnéise sin a thionscnamh; ní gá freagra a thabhairt (teachtaireachtaí neamhchúpláilte) chun leanúint leis an nós imeachta.

Úsáideann an oifig custaim imeachta teachtaireacht IE144; úsáideann an oifig custaim cinn scríbe teachtaireacht IE145.

Más gá doiciméid pháipéir bhreise a chur ar áireamh, is féidir iad sin a sheoladh ar mhodhanna eile (facs, ríomhphost, post, etc.) go díreach chuig an duine teagmhála a shonraítear sna teachtaireachtaí agus tagairt shoiléir a dhéanamh do mháistiruimhir thagartha (MRN) na hoibríochta idirthurais lena mbaineann siad. Ní mór an doiciméadacht pháipéir sin a sheoladh leis an bhfoirm TC20A 'Seoladh faisnéise / doiciméad a bhaineann le gluaiseachtaí NCTS'. Féach Iarscríbhinn VII. 8.4 le haghaidh sampla d'fhoirm TC20A.

## VII.2 Urscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus iarraidh ar stádas

### VII.2.1 Réamhrá

Tá faisnéis sa mhír seo ar urscaoileadh an nós imeachta idirthurais agus ar an iarraidh ar stádas.

Baineann Mír VII.2.2 le coinníollacha an urscaoilte.

Baineann Mír VII.2.3 le héifeachtaí an urscaoilte.

Baineann Mír VII.2.4 le foirm an urscaoilte.

### VII.2.2 Coinníollacha an urscaoilte

*Airteagal 48(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 215(2) CCA*

Urscaoiltear an nós imeachta idirthurais ar an gcoinníoll gur cuireadh deireadh leis i gceart mar a leagtar amach i gCuid IV, Caibidil 4.

Is í an tír imeachta an t-údarás inniúil chun an nós imeachta a urscaoileadh.

D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla urscaoilte a bheith ann ag brath ar an gcineál nós imeachta a úsáidtear[77].

Go ginearálta, cuimsítear le hurscaoileadh comparáid a dhéanamh idir na sonraí ar an nós imeachta idirthurais, mar a shuitear ag an áit imeachta agus mar a thaifeadtar agus a dheimhnítear ag an gceann scríbe.

### VII.2.3 Éifeachtaí an urscaoilte

Ní dhéanann urscaoileadh an nós imeachta idirthurais, go hintuigthe nó go foirmiúil, difear do chearta ná d'oibleagáidí an údaráis inniúil sealbhóir an nós imeachta agus/nó an ráthóir a thóraíocht má thagann sé chun solais ina dhiaidh sin (faoi réir na dtréimhsí rialála le haghaidh na haisghabhála nó forchur pionós) nach raibh críoch leis an nós imeachta agus dá bhrí sin nár cheart é a urscaoileadh, nó má bhraitear neamhrialtachtaí a bhaineann le hoibríochtaí idirthurais ar leith níos déanaí.

### VII.2.4 Foirm an urscaoilte

Déanann gach Ballstát/Páirtí Conarthach sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas maidir leis an urscaoileadh leis an teachtaireacht 'Fógra maidir le díscríobh' (IE045). Tugtar faoi deara gur de nádúr faisnéiseach an teachtaireacht sin agus nach bhfuil aon luach dlíthiúil aici.

Féadfaidh an ráthóir breathnú ar an oibríocht mar a bheith urscaoilte murab ann d'aon fhógra ina sonraítear a mhalairt.

Ní mór don údarás inniúil teagmháil a dhéanamh le sealbhóir an nós

77 D'fhéadfadh an chomparáid a bheith bunaithe ar theachtaireachtaí leictreonacha ('Taifead maidir le Teacht Measta' v/ 'Torthaí Rialála' in NCTS) nó ar mheaitseáil doiciméad (lastliostaí aeir nó loingseoireachta v/ liosta míosúil na hoifige custaim cinn scríbe le haghaidh idirthuras páipéarbhunaithe d'aer agus ar muir).

imeachta, leis an ráthóir agus le húdaráis inniúla eile murab ann do chruthúnas (nó má tá amhras ann) go bhfuil críoch leis an nós imeachta idirthurais agus nach féidir leis an oifig custaim imeachta dá bhrí sin an nós imeachta a urscaoileadh (féach Ranna VII.1.2.2.1 agus VII.3.2).

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a urramú, gan beann ar an modh iompair a úsáidtear, is gá cur chuige cosúil a ghlacadh, a mhéid is féidir, maidir leis na nósanna imeachta simplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe.

### VII.2.5 Iarraidh ar stádas agus freagairt maidir le stádas

Ba cheart iarraidh ar stádas a dhéanamh roimh nós imeachta fiosrúcháin a thosú. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí eisiúint iarrataí fiosrúcháin nach bhfuil gá leo a sheachaint maidir le hoibríochtaí idirthurais atá críochnaithe ag an oifig custaim cinn scríbe ach ar cailleadh a dteachtaireachtaí críochnúcháin in NCTS mar gheall ar fhadhbanna teicniúla.

Ba cheart an teachtaireacht 'Iarraidh ar stádas' (IE904) a sheoladh:

- chuig an oifig custaim cinn scríbe tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe más rud é nach bhfuarthas an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006);
- chuig an oifig custaim cinn scríbe 6 lá tar éis an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) a fháil, i gcás nach bhfuarthas an teachtaireacht 'Torthaí rialála' (IE018).

Déanann an córas sa tír cinn scríbe seiceáil go huathoibríoch go gcomhfhreagraíonn an stádas ag an gceann scríbe don stádas sa tír imeachta agus freagraíonn leis an teachtaireacht 'Freagairt maidir le stádas' (IE905).

Is ar na deasca cabhrach nó ar na seirbhísí ábhartha eile sa tír cinn scríbe agus sa tír imeachta araon atá an fhreagracht chun an fhaisnéis atá in easnamh a chur in iúl láithreach trí gach modh is féidir (e.g. trí theachtaireachtaí IE006 agus IE018 atá in easnamh a sheoladh arís) le go bhféadfar na bearta leantacha cearta a dhéanamh i ndáil leis an oibríocht idirthurais ag an oifig custaim imeachta.

Ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar gach fadhb theicniúil agus í a réiteach a luaithe is féidir.

Sa chás annamh agus eisceachtúil nach féidir na teachtaireachtaí atá in easnamh (IE006 agus IE018) a sheoladh (arís) mar thoradh ar fhadhbanna teicniúla, is féidir leis na húdaráis inniúla sa tír cinn scríbe cruthúnas eile a sheoladh chun na húdaráis inniúla sa tír imeachta a shásamh (e.g. an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) formhuinithe ag an oifig custaim cinn scríbe mar aon le foirm TC20A) ionas go ndéanfaidh siad an nós imeachta a urscaoileadh.

Ní urscaoilfidh an oifig custaim imeachta an nós imeachta gan chruthúnas ar dheireadh an nós imeachta (tá tuilleadh sonraí le fáil i Roinn VII.3.3).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Maidir le faisnéis a sheoltar ar ríomhphost, agus ar ríomhphost amháin, ó dheasc chabhrach na tíre cinn scríbe, níor cheart glacadh leis an bhfaisnéis sin (amháin) mar chruthúnas ar dheireadh na hoibríochta.

## VII.3 Nós imeachta fiosrúcháin

### VII.3.1 Réamhrá

Tá faisnéis sa mhír seo ar an nós imeachta fiosrúcháin:

Baineann Mír VII.3.2 leis an nós imeachta fiosrúcháin a thosaítear le sealbhóir an nós imeachta.

Baineann Mír VII.3.3 leis an gcruthúnas malartach.

Baineann Mír VII.3.4 leis an nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig custaim cinn scríbe.

*Airteagail 49 agus 51, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Is é is aidhm don nós imeachta fiosrúcháin fianaise a fháil ar chruthúnas ar dheireadh an nós imeachta d'fhonn an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

*Airteagail 310 agus 312 IA*

In éagmais cruthúnas den sórt sin nó i gcás ina bhfaightear amach ina dhiaidh sin gur falsaíodh an cruthúnas a cuireadh i láthair nó go bhfuil sé neamhbhailí, ní mór do na húdaráis inniúla sa tír imeachta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na dálaí faoina dtabhaítear an fiach (custaim);
- an féichiúnaí (na féichiúnaithe) a shainaithint; agus
- na húdaráis inniúla atá freagrach as aisghabháil an fhéich (custaim) a chinneadh.

Cuimsítear leis an nós imeachta fiosrúcháin comhar riaracháin idir na húdaráis inniúla agus cuirtear san áireamh aon fhaisnéis arna soláthar ag sealbhóir an nós imeachta.

Le feidhmiú mar is ceart, is gá na nithe seo a leanas:

- teachtaireacht 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) atá líonta isteach go hiomlán i gcomhréir le rialacha agus coinníollacha teicniúla;
- láimhseáil cheart na teachtaireachta 'Taifead idirthurais ionchais' (IE050) ag an oifig (na hoifigí) custaim idirthurais;
- láimhseáil cheart na teachtaireachta 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) ag an oifig (na hoifigí) custaim idirthurais;
- láimhseáil cheart na teachtaireachta 'Nóta faisnéise maidir le Teacht' (IE006) ag an oifig (na hoifigí) custaim cinn scríbe;
- freagairt mhear shoiléir (in am agus gan mhoill) ó na húdaráis ar a ndírítear;
- liostaí atá cothrom le dáta d'údaráis inniúla agus d'oifigí le

haghaidh an nós imeachta fiosrúcháin.

Chun tionscnamh nós imeachta fiosrúcháin a sheachaint, más rud é nach bhfaigheann an oifig custaim imeachta teachtaireacht IE018 laistigh de 6 lá tar éis teachtaireacht IE006 a fháil, ní mór di teachtaireacht IE018 a iarraidh ar an oifig custaim cinn scríbe.
Ansin ní mór don oifig custaim cinn scríbe an teachtaireacht IE018 atá in easnamh a sheoladh láithreach.

Más rud é nach bhfuil teachtaireachtaí IE006 agus IE018 nó faisnéis eile a fhágann gur féidir an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh nó an fiach (custaim) a aisghabháil faighte ag an oifig custaim cinn scríbe go fóill, nó má fhaigheann an oifig amach gur trí dhearmad a seoladh na teachtaireachtaí, ní mór don oifig custaim sin an fhaisnéis ábhartha a iarraidh ó shealbhóir an nós imeachta nó ón oifig custaim cinn scríbe.

In éagmais theachtaireachtaí IE006 nó IE018, ba cheart don údarás custaim atá inniúil le haghaidh fiosrúcháin ag an áit imeachta an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh laistigh de 7 lá tar éis dhul in éag na dteorainneacha ama chun na teachtaireachtaí sin a sheoladh (is é 6 lá ar a dhéanaí tar éis na hearraí a chur i láthair ag an gceann scríbe an teorainn ama). Ciallaíonn sé sin gur cheart tús a chur leis an nós imeachta fiosrúcháin ar an 13ú lá tar éis chur i láthair dearbhaithe na n-earraí ag an gceann scríbe.
Mar sin féin, más rud é, roimh an teorainn ama sin, go bhfaigheann an t-údarás custaim atá inniúil le haghaidh fiosrúchán ag an áit imeachta faisnéis nár críochnaíodh an nós imeachta idirthurais mar is ceart, nó má tá amhras air gurb amhlaidh atá, ba cheart dó tús a chur leis an nós imeachta fiosrúcháin níos luaithe.

## VII.3.2 Fiosrúchán a thosaíonn le sealbhóir an nós imeachta

Tá faisnéis sa mhír seo ar na dálaí faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil faisnéis a iarraidh ó shealbhóir an nós imeachta murab ann d'aon chruthúnas go bhfuil críoch leis an oibríocht idirthurais.

### VII.3.2.1 Cuspóirí na hiarrata ar fhaisnéis

*Airteagal 49(2), (4), (5) agus (6) Foscríbhinn I*

Tá sé i gceist leis an iarraidh ar fhaisnéis cur ar a chumas do shealbhóir an nós imeachta cruthúnas a sholáthar go bhfuil críoch

*Coinbhinsiún;*

*Airteagal 310(2), (3), (4), (5) agus (6) IA*

leis an nós imeachta.

### VII.3.2.2 Nós imeachta ginearálta le haghaidh na hiarrata ar fhaisnéis chuig sealbhóir an nós imeachta

Ní mór sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas:

*Airteagal 49(2), (3), (4), (5) agus (6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 310(2), (3), (4), (5) agus (6) IA*

- i gcás dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe (ní bhfuarthas teachtaireacht IE006 ón tír cinn scríbe);
  <u>agus</u>
- i gcás inar eisíodh teachtaireachtaí IE904 agus IE905 agus i gcás inarb ionann an stádas gluaiseachta sa dá oifig custaim;
  <u>agus</u>
- i gcás ina meastar nach leordhóthanach an fhaisnéis i mBosca 8 de dhearbhú maidir le hidirthuras chun an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh leis an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe;
  <u>nó</u>
- 28 lá ar a dhéanaí tar éis an 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh murab ann do fhreagra nó i gcás freagra diúltach sa teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) le cód 1 nó 2 (féach Roinn VII.3.4.4) ón oifig custaim cinn scríbe iarrtha. Féach freisin Roinn VII.3.4.5.

*Airteagal 49(5), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;*

*Airteagal 310(5) IA*

Seolann na húdaráis inniúla ag an áit imeachta an teachtaireacht 'Iarraidh ar ghluaiseacht nár bhain ceann scríbe amach' (IE140) chuig sealbhóir an nós imeachta a fhreagraíonn leis an teachtaireacht 'Faisnéis maidir le gluaiseacht nár bhain ceann scríbe amach' (IE141) laistigh de 28 lá.

*Airteagal 49(6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;*

*Airteagal 310(6) IAC*

Más rud é go meastar nach leordhóthanach an fhaisnéis arna cur ar fáil ag sealbhóir an nós imeachta chun an nós imeachta a urscaoileadh ach má mheastar gur leordhóthanach é chun leanúint leis an nós imeachta fiosrúcháin, ba cheart d'údarás inniúil na tíre imeachta teachtaireacht IE142 a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe nó leanúint den nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig custaim cinn scríbe chuig ar seoladh teachtaireacht IE142 cheana féin ach úsáid a bhaint as an teachtaireacht 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' (IE144) chun an oifig custaim cinn scríbe a chur ar

an eolas go bhfuil faisnéis bhreise ar fáil.

*Airteagal 114, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;*

*Airteagal 77(b) DA*

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Maidir le sealbhóir an nós imeachta, más rud é:

- nach soláthraíonn sé aon fhaisnéis laistigh den teorainn ama 28 lá; nó
- go bhfuil údar le haisghabháil bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh;
  nó
- go meastar nach leordhóthanach an fhaisnéis a soláthraíodh chun an nós imeachta fiosrúcháin a thosú leis an oifig custaim cinn scríbe,

cuirfear tús leis an nós imeachta aisghabhála 1 mhí amháin ar a dhéanaí tar éis dhul in éag na teorann ama 28 lá (féach Roinn VII.3.4.5 más rud é gur cuireadh tús leis an nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig cinn scríbe).

TRÁDÁIL

Ag brath ar an modh a úsáideann na húdaráis chustaim inniúla ag an áit imeachta, ceanglaítear ar shealbhóir an nós imeachta faisnéis a sholáthar laistigh de 28 lá le teachtaireacht E141.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: D'fhéadfaí a mheas nach leordhóthanach an fhaisnéis arna cur ar fáil chun an nós imeachta a urscaoileadh ach gur leordhóthanach í chun leanúint leis an nós imeachta fiosrúcháin.

### VII.3.2.3 Nós imeachta chun faisnéis a iarraidh i gcás nós imeachta simplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe

Cuirfear sealbhóir an nós imeachta ar an eolas:

*Airteagal 108, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- más rud é, agus úsáid á baint as nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer agus nós imeachta páipéarbhunaithe an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir:

*Airteagail 46, 48, 49 agus 51 TDA*

- – nár tarchuireadh an liosta míosúil lastliostaí chuig údarás inniúil an aerfoirt nó an chríochfoirt imeachta ag deireadh na sprice 2 mhí tar éis dheireadh na míosa inar cuireadh na lastliostaí i láthair na hoifige custaim imeachta; nó
- – nach n-áirítear leis an liosta míosúil gach lastliosta iomchuí (toisc nach féidir a mheas go bhfuil deireadh tagtha leis an nós imeachta i gcás na lastliostaí nach liostaítear).

- más rud é, agus úsáid á baint as doiciméad leictreonach iompair (ETD) mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d'aer agus as doiciméad leictreonach iompair (ETD) mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir:
  - maidir le hiniúchadh ar na lastliostaí agus/nó na taifid arna gcoinneáil ag an gcuideachta aerlíne nó ag an gcuideachta loingseoireachta; nó
  - maidir le fógra ar shárú nó ar neamhrialtacht ó údaráis an aerfoirt nó an chalafoirt cinn scríbe, go nochtar ann nach bhfuil ETD ar fáil nó nár cuireadh i láthair é ag an gceann scríbe.

Is féidir an litir shamplach in Iarscríbhinn VII.8.2 a úsáid chun na críche sin.

Níl sé éigeantach an litir shamplach sin a úsáid, ach cuimsítear inti an t-íosmhéid sonraí atá de dhíth.

Má dhéanann sealbhóir an nós imeachta cumarsáid leis na húdaráis inniúla go leictreonach, is féidir teachtaireachtaí leictreonacha coibhéiseacha a chur in ionad na litreach agus an fhreagra.

Mar sin féin, i gcás inar shainaithin sealbhóir an nós imeachta féin (an aerlíne nó an chuideachta loingseoireachta, an chuideachta iarnróid nó iompair) nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta agus i gcás inar thug sé fógra maidir leis sin i gcomhréir lena oibleagáidí faoin nós imeachta simplithe a bhaineann go sonrach leis an modh iompair lena mbaineann, ní gá iarraidh ar fhaisnéis a dhéanamh.

I gcás ina ndéanann sealbhóir an nós imeachta cumarsáid leis na húdaráis inniúla go leictreonach, is féidir teachtaireacht leictreonach choibhéiseach a chur in ionad an fhógra sin.

## VII.3.3 Cruthúnas malartach ar dheireadh an nós imeachta

*Airteagal 51*
*Foscríbhinn I*
*a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 312 IA*

Murab ann d'aon chruthúnas ag deireadh an nós imeachta, iarrfar ar shealbhóir an nós imeachta cruthúnas a chur i láthair (e.g. doiciméad a nglactar leis mar chruthúnas malartach) laistigh den teorainn ama 28 lá.

Sonraítear ceithre chatagóir doiciméid sa reachtaíocht ar féidir le

húdaráis inniúla na tíre imeachta glacadh leo mar chruthúnas malartach go bhfuil deireadh mar is ceart leis an nós imeachta idirthurais nó go bhfuil deireadh leis iarbhír. Ní fhéadfar glacadh le haon doiciméad eile mar chruthúnas malartach.

a) Doiciméad deimhnithe ag údaráis chustaim an Bhallstáit nó sa tír chomhchoiteann idirthurais cinn scríbe ina sainaithnítear na hearraí agus ina suitear gur cuireadh i láthair iad ag an oifig custaim cinn scríbe nó do choinsíní údaraithe.

b) Doiciméad nó taifead custaim, arna dheimhniú ag údarás custaim na tíre, ina suitear gur fhág na hearraí go fisiciúil críoch chustaim Páirtí Chonarthaigh.

c) Doiciméad a eisítear i dtríú tír ina gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim.

d) Doiciméad a eisiatar i dtríú tír, ar chuir údarás custaim na tíre sin stampa air nó ar dheimhnigh údarás custaim na tíre sin é ar bhealach eile, ina suitear go meastar go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht sa tríú tír sin.

Ní ghlactar leis an gcruthúnas malartach sin ach amháin i gcás ina ndeimhníonn údarás custaim é agus i gcás inarb inghlactha é ag údaráis inniúla na tíre imeachta, i.e. má chuireann sé ar a gcumas dóibh go fírinneach a fhíorú go mbaineann sé leis na hearraí i gceist agus murab ann d’amhras maidir le barántúlacht an doiciméid agus lena dheimhniú.

I gcás ar bith, is ar shealbhóir an nós imeachta atá an dualgas cruthúnais.

### VII.3.3.1 Cruthúnas malartach gur cuireadh na hearraí i láthair oifig custaim cinn scríbe nó coinsíní údaraithe

*Airteagal 51 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 312 IA*

Féadfar a úsáid mar an cruthúnas malartach sin aon doiciméad deimhnithe ag údaráis chustaim an Bhallstáit nó tíre comhchoitinne idirthurais cinn scríbe, agus an mháistiruimhir thagartha (MRN) luaite ann, ina sainaithnítear na hearraí i gceist agus ina suitear gur cuireadh i láthair iad don oifig custaim cinn scríbe nó do choinsíní údaraithe.

Go háirithe, féadfar aon cheann de na doiciméid seo a leanas arna dheimhniú ag na húdaráis chustaim a áireamh leis an gcruthúnas

malartach:

- cóip den doiciméad tionlacain idirthurais (DTI) (agus MRN ann); nó
- cóip den dearbhú custaim lena gcuirtear na hearraí isteach le haghaidh nós imeachta custaim eile tar éis iad a chur i láthair don oifig custaim cinn scríbe nó do choinsíní údaraithe; nó
- doiciméad deimhnithe ón oifig custaim cinn scríbe, bunaithe ar na doiciméid (e.g. DTI) agus/nó na sonraí atá ar fáil ag an oifig sin nó ón gcoinsíní údaraithe; nó
- cóip de dhoiciméad tráchtála nó iompair nó sliocht as taifid an oibreora eacnamaíoch atá páirteach san oibríocht idirthurais, lena suitear maidir leis na hearraí i gceist gur cuireadh iad i láthair na hoifige sin nó coinsíní údaraithe (e.g. tuairiscí díluchtaithe nó suirbhé, teastais tuirlingthe, billí luchta, billí aerbhealaigh, cruthúnas ar íocaíocht, sonraisc agus orduithe iompair).

Féadfaidh údarás inniúil na tíre imeachta a chinneadh gan glacadh le cruthúnas malartach chun deireadh a chur leis an nós imeachta ach amháin mura soláthraítear aon chruthúnas oifigiúil laistigh den sprioc-am sonraithe.

Má fhaightear an cruthúnas oifigiúil tar éis an sprioc-ama, mar shampla mar thoradh ar nós imeachta leanúnachais gnó, tugtar tús áite don chruthúnas oifigiúil ar an gcruthúnas malartach.

*Airteagal 45(4), Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,*

*Airteagal 308(2) IA*

Formhuineoidh an oifig custaim cinn scríbe an doiciméad tionlacain idirthurais a úsáidtear mar chruthúnas malartach nuair a chuirfear na hearraí i láthair.

TRÁDÁIL

Féadfaidh sealbhóir an nós imeachta na doiciméid seo a leanas a chur i láthair mar chruthúnas malartach gur cuireadh na hearraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe:

- cóip de DTI (agus MRN ann); nó
- cóip den dearbhú lena gcuirtear na hearraí isteach le haghaidh nós imeachta custaim eile; nó
- doiciméad ón oifig custaim cinn scríbe, bunaithe ar an doiciméad idirthurais agus/nó na sonraí atá ar fáil ag an oifig sin nó ón gcoinsíní údaraithe; nó
- cóip de dhoiciméad tráchtála nó iompair nó sliocht as na taifid lena suitear maidir leis na hearraí gur cuireadh iad i láthair na hoifige sin nó coinsíní údaraithe.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Maidir leis an gcruthúnas malartach, ní mór do na húdaráis chustaim é a dheimhniú, ní mór na hearraí atá i gceist a shainaithint leis, ní mór a shuí leis gur cuireadh na hearraí i láthair agus ní mór uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le hidirthuras a bheith ann.

I gcás inarb inghlactha an cruthúnas malartach ag údaráis inniúla na tíre imeachta, i.e. má chuireann sé ar a gcumas dóibh i bhfírinne a fhíorú go mbaineann sé leis na hearraí atá i gceist agus murab ann d'amhras maidir le barántúlacht an doiciméid agus lena dheimhniú ag na húdaráis inniúla, déanfaidh siad an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

I gcás ar bith, ní mór an cruthúnas malartach a chur isteach le haghaidh fíorú iarscaoilte le foirm TC21 ' fíorú a iarraidh'[78] (féach Roinn 5 de Chuid VII) má bhíonn aon amhras ar an údarás inniúil maidir lena bharántúlacht nó maidir le céannacht na n-earraí dá dtagraíonn sé. Sa chás sin, ní fhéadfar glacadh leis an gcruthúnas malartach go dtí go ndeimhneoidh an t-údarás fíorúcháin gur barántúil agus cruinn na sonraí lena mbaineann.

### VII.3.3.2 Cruthúnas malartach gur cuireadh na hearraí atá i gceist faoi nós imeachta custaim i dtríú tír

*Airteagal 51(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 312(1) IA*

Féadfar cruthúnas malartach a sholáthar le ceann de na cineálacha doiciméid seo a leanas, a gcuireann gach ceann díobh ar a gcumas d'údaráis inniúla na tíre imeachta a shuí go gcumhdaítear leis na hearraí atá i gceist <u>agus dá bhrí sin go bhfuil na hearraí sin imithe go fírinneach ó chríoch na bPáirtithe Conarthacha/an Aontais</u>:

(i) doiciméad custaim bunaidh a eisítear i dtríú tír ina gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim,

I gcás ina soláthraítear an doiciméad custaim bunaidh i bhfoirm doiciméad custaim leictreonach, is féidir le húdaráis chustaim na tíre imeachta glacadh leis sin mar chruthúnas malartach más rud é:

a) i gcás ina bhfuil amhras ar na húdaráis sin, go bhféadfaidís an doiciméad custaim leictreonach a rochtain go díreach i gcóras custaim faoi seach an tríú tír lena mbaineann (féach

78 Tugtar sampla in Iarscríbhinn VII. 8.5.

samplaí); nó

b) i gcás ina bhfuil amhras ar na húdaráis sin, go bhféadfaidís teagmháil a dhéanamh le húdarás custaim faoi seach an tríú tír lena mbaineann trí chomhfhreagras oifigiúil, a dheimhneoidh barántúlacht an doiciméid custaim leictreonaigh nó a sholáthróidh rochtain ar an doiciméad custaim leictreonach.

(ii) aon doiciméad eile lena suitear go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht i dtríú tír lena mbaineann; arna stampáil, shíniú nó dheimhniú ar bhealach eile (i.e. go leictreonach nó le modh deimhniúcháin eile a úsáideann tríú tíortha) ag a húdaráis chustaim ar bhealach gur féidir le húdaráis chustaim na tíre imeachta glacadh leo.

TRÁDÁIL

Faoi shealbhóir an nós imeachta atá sé na doiciméid thuasluaite a sholáthar más rud é gur gá cruthúnas malartach a thabhairt gur cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim i dtríú tír.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Féadfar a chur in ionad na gcruthúnas malartach sin a gcóipeanna atá 'deimhnithe mar chóipeanna dílse' ag an gcomhlacht a dheimhnigh na doiciméid bhunaidh, ag údaráis na dtríú tíortha lena mbaineann nó ag údaráis ceann amháin de na Ballstáit nó de thíortha comhchoiteanna idirthurais.

I gcás inarb inghlactha an cruthúnas malartach ag údaráis inniúla na tíre imeachta, i.e. má chuireann sé ar a gcumas dóibh go fírinneach a fhíorú go mbaineann sé leis na hearraí atá i gceist agus nach bhfuil amhras ann maidir le barántúlacht an doiciméid agus lena dheimhniú ag na húdaráis inniúla, déanfaidh siad an oibríocht idirthurais a urscaoileadh.

**Sampla 1 – Cruthúnas malartach inghlactha:**

Doiciméad ó Pheiriú i gcás nach bhfuil asphrionta an dearbhaithe allmhairiúcháin leictreonaigh fíordheimhnithe ag údarás. Mar sin féin, is féidir a bhfuil sa dearbhú allmhairiúcháin a sheiceáil ar líne i gcóras chustaim Pheiriú atá ar fáil ag:

- http://www.sunat.gob.pe/aduanas/informli/ildua.htm.

**Sampla 2 – Cruthúnas malartach neamh-inghlactha:**

Asphrionta den dearbhú allmhairiúcháin leictreonach ó thríú tír nach bhfuil fíordheimhnithe ag údarás. Ní féidir an dearbhú a sheiceáil go díreach i gcóras custaim an tríú tír sin, agus ní fhaightear aon fhreagra leordhóthanach ar aon iarraidh ar fhíordheimhniú a sheoltar leis na sonraí teagmhála (amhail seoladh ríomhphoist nó uimhreacha teileafóin) atá ar eolas cheana féin ag an údarás custaim nó a léirítear ar an asphrionta den dearbhú allmhairiúcháin leictreonach ón tríú tír.

### VII.3.4 Fiosrúchán leis an oifig custaim cinn scríbe

Tá tuairisc sa chuid seo ar iarraidh ar fhiosrúchán a sheoltar chuig an oifig custaim cinn scríbe agus tá an chuid seo roinnte ina míreanna mar a leanas:

Baineann Mír 1 leis an údarás inniúil agus leis an tráthchlár chun an iarraidh ar fhiosrúchán a thosú;

Baineann Mír VII.3.4.2 le seoladh na hiarrata ar fhiosrúchán;

Baineann Mír VII.3.4.3 le cur ar ceal na hiarrata ar fhiosrúchán;

Baineann Mír VII.3.4.4 le freagairt na tíre cinn scríbe don iarraidh ar fhiosrúchán;

Baineann Mír VII.3.4.5 leis an iarraidh chuig sealbhóir an nós imeachta tar éis thús an nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig custaim cinn scríbe;

Baineann Mír VII.3.4.6 le hiarmhairtí thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin.

#### VII.3.4.1 An t-údarás inniúil agus an tráthchlár chun an iarraidh ar fhiosrúchán a thosú

Ba cheart d'údaráis inniúla na tíre imeachta an teachtaireacht 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh:

*Airteagal 49(2), (3) agus (6), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- i gcás nach bhfaightear teachtaireacht IE006 laistigh den teorainn ama chun na hearraí a chur i láthair ag an gceann scríbe, agus i gcás ina meastar gur leordhóthanach a bhfuil i mBosca 8 de dhearbhú maidir le hidirthuras; nó
- i gcás nach bhfaightear teachtaireacht IE018 laistigh de 6 lá tar

*Airteagal 310(2), (5) agus (6) IA*

éis teachtaireacht IE006 a fháil; nó

- a luaithe a chuirtear na húdaráis inniúla ar an eolas nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta idirthurais nó a luaithe a bhfuil amhras orthu nach bhfuil deireadh leis; nó
- a luaithe a fhaigheann an t-údarás inniúil amach, *a posteriori*, gur falsaíodh cruthúnas a cuireadh i láthair agus nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta dá bhrí sin. Mar sin féin, ní thionscnófar imscrúduithe ach amháin i gcás ina mbeidís úsáideach chun na cineálacha cruthúnais a cuireadh i láthair a dheimhniú nó a neamhbhailiú agus/nó chun an fiach, an féichiúnaí agus an t-údarás atá inniúil aisghabháil an fhéich (custaim) a shocrú; nó,
- meastar nach leordhóthanach an fhaisnéis a fuarthas ó shealbhóir an nós imeachta chun an nós imeachta a urscaoileadh ach gur leordhóthanach í chun leanúint leis an nós imeachta fiosrúcháin.

### VII.3.4.2 An 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh

*Airteagal 49(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta an 'Iarraidh ar fhiosrúchán' (IE142) a sheoladh chuig údarás inniúil na tíre cinn scríbe. Ní mór an teachtaireacht a sheoladh:

*Airteagal 310(2) IA*

- chuig an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe más rud é go meastar gur leordhóthanach a bhfuil i mBosca 8 ar dhearbhú maidir le hidirthuras; nó
- chuig an oifig custaim cinn scríbe iarbhír a sheol teachtaireacht IE006; nó
- chuig an oifig custaim cinn scríbe más rud é go meastar gur leordhóthanach an fhaisnéis a fuarthas ó shealbhóir an nós imeachta chun leanúint leis an nós imeachta fiosrúcháin (féach Ranna VII.3.2.2 agus VII.3.4.4.4).

Ba cheart an duine teagmhála ag an áit imeachta a shonrú chun obair na n-oifigeach custaim a éascú.

Freagraíonn an oifig custaim cinn scríbe le 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143).

#### VII.3.4.2.1 Úsáid na dteachtaireachtaí malartaithe faisnéise

De bhreis ar an nós imeachta fiosrúcháin, féadfar faisnéis a mhalartú le teachtaireachtaí IE144 agus IE145 ó thús an nós imeachta fiosrúcháin (an dáta a sheoltar teachtaireachtaí IE140 nó

IE142) go dtí bailiú an fhéich (custaim) (an dáta a sheoltar teachtaireacht IE152). Leis na teachtaireachtaí malartaithe faisnéise sin, ní chuirfear deireadh le nós imeachta fiosrúcháin oscailte leis an oifig custaim cinn scríbe (teachtaireacht IE142) nó le sealbhóir an nós imeachta (teachtaireacht IE140).

Mar sin féin, más neamh-leordhóthanach an fhaisnéis arna soláthar ag údarás inniúil na tíre imeachta i dteachtaireacht IE142 go mbeadh ar a chumas ag údarás inniúil na tíre cinn scríbe na cuardaigh is gá a dhéanamh, féadfaidh údarás inniúil na tíre cinn scríbe faisnéis bhreise a iarraidh ó údarás inniúil na tíre imeachta ach 'Fiosrúchán agus Iarratas ar Fhaisnéis ar Aisghabháil' (IE145) a sheoladh leis na cóid faisnéise iarrtha iomchuí.

Ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta an fhaisnéis bhreise iarrtha a sholáthar d'údarás inniúil iarrthach na tíre cinn scríbe leis an teachtaireacht 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' (IE144) leis na cóid faisnéise iomchuí.

Ba cheart na doiciméid pháipéir iarrtha a sheoladh go díreach chuig an duine teagmhála a luaitear sa teachtaireacht. Is féidir iad a sheoladh ar bhealaí malartacha (post, ríomhphost, facs, etc.) más féidir, ach ba cheart iad a shainaithint go soiléir le MRN.

### VII.3.4.3 Cur ar ceal na hiarrata ar fhiosrúchán (IE142)

Más rud é go socraíonn údarás inniúil na tíre imeachta, ar aon chúis, teachtaireacht IE142 a chur ar ceal, ba cheart teachtaireacht 'Cur ar ceal an fhógra maidir le fiosrúchán' (IE059) a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe iarrtha ionas go stopfaidh an oifig sin a himscrúduithe.

### VII.3.4.4 Freagairt na tíre cinn scríbe

#### VII.3.4.4.1 Cuardach taifead

Déanfaidh údarás inniúil na tíre cinn scríbe cuardach ina thaifid féin nó, más iomchuí, i dtaifid an choinsíní údaraithe ar dtús. Tagann sé chun cinn mar thoradh ar an gcuardach sin uaireanta gur cuireadh deireadh mar is ceart leis an nós imeachta idirthurais i gcás ina léirítear nach raibh in easnamh ach IE006 agus IE018 (na teachtaireachtaí iomchuí).

Mura mbíonn aon toradh ar na cuardaigh ar a thaifid féin nó ar

thaifid an choinsíní údaraithe, ba cheart d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe teagmháil a dhéanamh le ceann díobh seo a leanas:

- an coinsíní, mar d'fhéadfadh sé go bhfuair sé na hearraí agus na doiciméid go díreach gan iad a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe dearbhaithe nó oifig custaim cinn scríbe eile; nó
- duine freagrach eile a d'fhéadfadh faisnéis bhreise a thabhairt.

**VII.3.4.4.2 Toradh ar an gcuardach taifead**

Tar éis na céimeanna a bhfuil tuairisc orthu i Mír 3.4.4.1 thuas a ghlacadh, d'fhéadfadh na cásanna hipitéiseacha seo a leanas a bheith ann:

*Airteagal 47, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 307 agus 309 IA*

- <u>Cuireadh na hearraí atá i gceist i láthair na hoifige custaim cinn scríbe nó an choinsíní údaraithe go fírinneach in am, ach</u>
  - níor cuireadh an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta (teachtaireachtaí IE006 agus/nó IE018) ar ais laistigh den am sainithe. sa chás sin, ba cheart d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe na teachtaireachtaí atá in easnamh a sheoladh láithreach chuig údarás inniúil iarrthach na tíre imeachta; nó
  - níor sheol coinsíní údaraithe an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta (teachtaireacht 'Fógra maidir le teacht' (IE007) agus/nó teachtaireacht 'Nótaí díluchta' (IE044)) chuig an oifig custaim cinn scríbe d'ainneoin na hoibleagáide atá air é sin a dhéanamh. Sa chás sin, ba cheart d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe teachtaireachtaí IE006 agus/nó IE018 atá in easnamh a sheoladh láithreach chuig údarás inniúil iarrthach na tíre imeachta tar éis iarraidh ar an gcoinsíní údaraithe an fhaisnéis is gá atá in easnamh a sholáthar ar an gcéad dul síos. Ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun údarú an choinsíní údaraithe a fháil.

<u>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:</u> Ní cheadaítear teachtaireachtaí IE006 agus/nó IE018 a sheoladh ach amháin nuair a bhíonn deireadh mar is ceart leis an oibríocht idirthurais laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha amach agus nár baineadh é ó mhaoirseacht custaim. Ní mór nós imeachta a bhfuil críoch leis mar is gnáth a tugadh i gcrích laistigh den teorainn ama a bheith ann (e.g. ní raibh in easnamh ag an oifig custaim cinn scríbe ach clárú an nós imeachta idirthurais) nó ní mór glacadh le cur i láthair

deireanach a bheith ann i gcomhréir leis na forálacha dlí.

- Maidir leis na hearraí a chumhdaítear leis an iompar, níor cuireadh i láthair iad go fóill ag an oifig custaim cinn scríbe ach cuireadh i láthair iad ag an oifig custaim idirthurais:

  Agus a thaifid á gcuardach, ní aimsíonn údarás inniúil na tíre cinn scríbe aon fhianaise ar earraí a chumhdaítear leis an iompar á gcur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, ach aimsíonn sé teachtaireacht IE118 arna heisiúint ag a thír féin.

  Sa chás sin, ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe

  - an teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) le cód freagartha '4' – 'Iarraidh ar aisghabháil ag an gceann scríbe' a sheoladh chun freagracht a ghlacadh as an nós imeachta aisghabhála.

- Seachadadh na hearraí d'fhaighteoir nach coinsíní údaraithe é:

  Má shuíonn údarás inniúil na tíre cinn scríbe gur seachadadh na hearraí go díreach do choinsíní neamhúdaraithe nach ndearna teagmháil lena oifig custaim cinn scríbe, d'ainneoin a oibleagáide, ba cheart d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe an teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) le cód freagartha '4' – 'Iarraidh ar aisghabháil ag an gceann scríbe' a sheoladh, agus a iarraidh ann go n-aistrítear chuige an fhreagracht as aisghabháil.

- Níor chuir an oifig custaim cinn scríbe deireadh leis an oibríocht idirthurais in NCTS, ach onnmhairíodh na hearraí chuig tríú tír:

  Más rud é go suíonn údarás inniúil na tíre cinn scríbe gur onnmhairíodh na hearraí chuig tríú tír:

  - seolann an t-údarás sin teachtaireachtaí IE006 agus IE018 chuig údaráis inniúil na tíre imeachta tar éis dó a chruthú gur cuireadh na hearraí i láthair i bhfírinne; nó
  - seolann an t-údarás sin aon doiciméad nó sonra eile, a chumhdaítear le foirm TC20A lena gcruthaítear gur onnmhairíodh na hearraí chuig tríú tír i gcás nach ann do chruthúnas malartach ná do theachtaireacht lena ndeimhnítear teacht nó cur i láthair na n-earraí ag an gceann scríbe, le cur ar a gcumas d'údaráis inniúla na tíre imeachta a shuí go gcumhdaítear leis na doiciméid dáiríre na hearraí atá i gceist agus gur fhág na hearraí sin críoch an Pháirtí Chonarthaigh/Aontais i bhfírinne.

### VII.3.4.4.3 Teorainn ama chun freagartha má tosaíodh an nós imeachta fiosrúcháin leis an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 49(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 310(4) agus (6) IA*

Ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe freagairt gan mhoill agus in aon chás laistigh de 28 lá tar éis dó an iarraidh ar fhaisnéis bhreise a fháil (leis an teachtaireacht 'Fiosrúchán agus Iarratas ar Fhaisnéis ar Aisghabháil' (IE145)) nó an fhreagairt a fháil leis an teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) (tá cóid freagartha le fáil i Roinn VII.3.4.4.5).

Má chuir sealbhóir an nós imeachta tús leis an nós imeachta fiosrúcháin agus má sholáthair sé faisnéis leordhóthanach chun leanúint leis, ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe gan mhoill agus in aon chás laistigh de 40 lá tar éis dó an iarraidh ar fhiosrúchán a fháil faisnéis bhreise (teachtaireacht IE145) nó freagairt (teachtaireacht IE143) a lorg. Tá cóid freagartha le fáil i Roinn VII.3.4.4.5.

### VII.3.4.4.4 Cóid freagartha le haghaidh na hiarrata ar fhiosrúchán

Ba cheart d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe úsáid a bhaint as ceann amháin de na cóid freagartha seo a leanas i dteachtaireacht IE143:

Cód '1' – gluaiseacht anaithnid ag an gceann scríbe

- Níor cuireadh na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe. Ba cheart d'údarás inniúil na tíre imeachta féachaint chuige, más féidir, an oifig custaim cinn scríbe iarbhír a shainaithint nó leanúint leis an iarraidh chuig sealbhóir an nós imeachta.

Cód '2' – dúbláil dhealraitheach

- Cuireadh na hearraí i láthair na hoifige cinn scríbe dearbhaithe agus measann na húdaráis sin gurb ann do dhá theachtaireacht 'Sonraí dearbhúcháin' (IE015) maidir leis na hearraí céanna.

Cód '3' – cóip sheolta ar ais an (dáta)

- Cuireadh na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe, ach níorbh fhéidir leis an oifig sin deireadh a chur leis an nós imeachta le teachtaireachtaí IE006 agus IE018 agus ina ionad sin sheol sí cruthúnas malartach ar ais (e.g. cóip

de DTI) nach bhfuair oifig custaim na tíre imeachta é go fóill.

Cód ‘4’ – iarraidh ar aisghabháil ag an gceann scríbe

- Cé nár cuireadh na earraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, aimsíodh iad sa tír chéanna ina dhiaidh sin (e.g. lasmuigh den nós imeachta custaim oifigiúil). Dá bhrí sin, is mian leis an oifig inniúil cinn scríbe freagracht a ghlacadh as an aisghabháil agus seolann sí an teachtaireacht ‘Iarraidh ar aisghabháil’ (IE150) chuig an údarás inniúil imeachta chun gur féidir léi na hearraí a aisghabháil tar éis iad a sheachadadh don fhaighteoir nó tar éis dóibh an teorainn a thrasnú (teachtaireacht IE118).

### VII.3.4.5 Iarraidh chuig sealbhóir an nós imeachta tar éis an fiosrúchán a thosú leis an oifig custaim cinn scríbe

*Airteagal 49(5), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 310(5) IA*

Má cuireadh tús leis an nós imeachta fiosrúcháin le teachtaireacht IE142 chuig an oifig custaim cinn scríbe agus mura raibh freagra ar bith sa fhreagairt ar fhiosrúchán (teachtaireacht IE143) nó má bhí freagra diúltach ann, ní mór d’údarás inniúil na tíre imeachta teagmháil a dhéanamh le sealbhóir an nós imeachta chun an fhaisnéis a sholáthar a bhfuil gá léi chun an nós imeachta a urscaoileadh (tá tuilleadh sonraí le fáil i Roinn VII.3.2).

Maidir le sealbhóir an nós imeachta ag an gcéim sin den nós imeachta fiosrúcháin, más rud é:

– nach soláthraíonn sé aon fhaisnéis laistigh de 28 lá; nó

– go soláthraíonn sé faisnéis a meastar nach leordhóthanach í chun leanúint leis an nós imeachta fiosrúcháin;

*Airteagal 114(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87 CCA*

*Airteagal 77 DA*

ní mór d’údarás inniúil na tíre imeachta a chinneadh cé na céimeanna eile ba cheart a ghlacadh chun an nós imeachta a urscaoileadh laistigh de 7 mí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an gceann scríbe (féach an Nóta i Roinn VII.3.2.2 maidir le heisceachtaí leis an teorainn ama sin).

### VII.3.4.6 Iarmhairtí thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin

Bunaithe ar na freagairtí a fhaightear, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fhaightear ó shealbhóir an nós imeachta, ní mór d’údarás inniúil na

tíre imeachta a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta agus cé acu is féidir nó nach féidir é a urscaoileadh nó cé na céimeanna breise nach mór a ghlacadh.

*Airteagal 49(7) agus Airteagal 117(5), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 310(7) IA*

Nuair is féidir an oibríocht idirthurais a urscaoileadh mar is ceart faoi raon feidhme nós imeachta fiosrúcháin, ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta sealbhóir an nós imeachta agus an ráthóir a chur ar an eolas láithreach má bhí baint acu leis an bpróiseas.

D'fhéadfaí gur ghá don údarás inniúil údaráis inniúla eile a raibh baint acu leis an nós imeachta fiosrúcháin a chur ar an eolas freisin, go háirithe oifig custaim na ráthaíochta.

Más rud é nach féidir leis an údarás inniúil sa tír imeachta an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh, ach más rud é:

- gur seoladh teachtaireacht IE006;
- gur seoladh teachtaireacht IE118; nó
- gur thug sealbhóir an nós imeachta cruthúnas gur cuireadh na hearraí i láthair nó gur seachadadh iad do Bhallstát nó do Pháirtí Conarthach eile;

aistríonn an t-údarás inniúil an fhreagracht don tír a mheastar a bheith inniúil maidir leis an nós imeachta aisghabhála gan mhoill leis an teachtaireacht 'Iarraidh ar aisghabháil' (IE150).

Má seoladh teachtaireacht IE006, ní mór don údarás iarrtha teachtaireacht IE018 a sheoladh. Más ann do theachtaireacht IE118 nó do chruthúnas a sholáthair sealbhóir an nós imeachta gur cuireadh na hearraí i láthair nó gur seachadadh iad do Bhallstát nó do Pháirtí Conarthach eile, ní mór don oifig custaim imeachta inniúlacht a ghlacadh maidir le haisghabháil agus an 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a sheoladh ar ais chun glacadh leis an inniúlacht (cód glactha '1').

Más rud é nach bhfreagraíonn an t-údarás iarrtha trí na teachtaireachtaí atá in easnamh a sheoladh (d'ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla atá air é sin a dhéanamh) nó trí fhreagracht a ghlacadh as an aisghabháil laistigh den teorainn ama 28 lá (d'ainneoin an chruthúnais atá ann cheana a luaitear thuas), ba cheart na hoifigigh idirchaidrimh idirthurais áitiúla (féach Leabhar Seoltaí an Líonra Idirthurais ar shuíomh gréasáin Europa) sa tír iarrtha a chur ar an eolas, agus an cruthúnas is gá a sholáthar, chun beart a dhéanamh ó tharla gur cheart don údarás iarrtha inniúlacht a ghlacadh. Mura mbíonn an tionchar is gá aige sin, ba cheart an deasc chabhrach náisiúnta agus an comhordaitheoir idirthurais

náisiúnta sa tír imeachta a chur ar an eolas le go bhféadaidís beart a dhéanamh.

*Airteagal 114(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87 CCA*

*Airteagal 77 DA*

Ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta a thoradh a chinneadh laistigh de 7 mí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an gceann scríbe ar a dhéanaí. Ba cheart dó tús a chur leis an nós imeachta aisghabhála i gcás inar gá (tá tuilleadh sonraí le fáil i gCuid VIII).

Aon fhaisnéis bhreise a fhaightear nó aon bharúil a thugann údarás inniúil i ndáil leis na hearraí atá i gceist, d'fhéadfadh sé dul i gcion ar thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin.

Is amhlaidh atá go háirithe i gcás inar nochtadh neamhrialtacht nó calaois (baint, ionadú, etc.) tráth na hoibríochta idirthurais, agus/nó má aimsíodh na hearraí atá i gceist, go léir nó go páirteach, lasmuigh de mhaoirseacht custaim agus freisin i gcás inar sainaithníodh na daoine atá freagrach as calaois nó neamhrialtachtaí.

Dá réir sin, ní mór an fhaisnéis ábhartha go léir a chur in iúl láithreach d'údarás inniúil na tíre imeachta.

## VII.4 Nós imeachta leanúnachais gnó

Ní chuirtear an mhír seo i bhfeidhm ach amháin má chuirtear tús leis an oibríocht idirthurais tríd an nós imeachta leanúnachais gnó.

Tá an mhír seo roinnte mar a leanas:

Tá réamhrá le fáil i Mír VII.4.1.

Baineann Mír VII.4.2 leis an údarás inniúil agus leis an tráthchlár chun an nós imeachta fiosrúcháin a thosú.

Baineann Mír VII.4.3 le tús an fhógra fiosrúcháin.

Baineann Mír VII.4.4 le freagairt na tíre cinn scríbe don fhógra fiosrúcháin.

Baineann Mír VII.4.5 le hiarmhairtí thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin.

### VII.4.1 Fógra fiosrúcháin i gcás an nós imeachta leanúnachais gnó nó shimplithe a bhaineann go sonrach le modhanna iompair áirithe

Tá an mhír seo bunaithe ar cheann amháin de na doiciméid a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthuras i gcás an nós imeachta leanúnachais gnó:

- doiciméad riaracháin aonair (DRA); nó
- DRA arna phriontáil ar pháipéar bán ag córas ríomhairithe an oibreora eacnamaíoch, mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn B6, Foscríbhinn III leis an gCoinbhinsiún/Foscríbhinní B1-B4, Iarscríbhinn 9, TDA; nó
- an doiciméad tionlacain idirthurais (DTI), agus 'Liosta na Míreanna Earraí' leis más gá. Ní bheidh máistiruimhir thagartha (MRN) ag DTI sa chás sin.

#### VII.4.1.1 Réamhrá

*Pointe 17, Iarscríbhinn II, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

In éagmais cruthúnais go bhfuil deireadh leis an nós imeachta idirthurais, nó a luaithe a chuirtear na húdaráis inniúla ar an eolas nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta nó a luaithe a bhfuil amhras orthu nach bhfuil deireadh leis:

*Pointe 17, Iarscríbhinn 72-04 IA*

- déantar teagmháil le sealbhóir an nós imeachta agus iarrtar air cruthúnas a sholáthar leis an litir shamplach in Iarscríbhinn VII.8.2 go bhfuil deireadh leis an nós imeachta tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, agus;
- maidir leis an nós imeachta fiosrúcháin a sheoltar chuig an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe, cuirfear tús leis 2 mhí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

Tá sé d'aidhm ag an nós imeachta fiosrúcháin na nithe seo a leanas a dhéanamh go príomha:

- fianaise a fháil ar chruthúnas ar dheireadh an nós imeachta, d'fhonn an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh; nó
- in éagmais cruthúnas den sórt sin nó i gcás ina bhfaightear amach ina dhiaidh sin gur falsaíodh an cruthúnas a cuireadh i láthair nó go bhfuil sé neamhbhailí, na coinníollacha faoina dtabhaítear an fiach (custaim) a shuí, an féichiúnaí (na féichiúnaithe) a shainaithint, agus na húdaráis inniúla atá

freagrach as aisghabháil an fhéich (custaim) a chinneadh.

Tá an nós imeachta seo bunaithe ar chomhar riaracháin idir na húdaráis inniúla agus cuirtear san áireamh aon fhaisnéis arna soláthar ag sealbhóir an nós imeachta (féach Roinn VII.3).

Tá liosta na n-údarás inniúil atá freagrach as an nós imeachta fiosrúcháin le fáil in Iarscríbhinn VII. 8.1.

Tugtar le tuiscint lena fheidhmiú ceart:

- fógraí fiosrúcháin atá líonta isteach go hiomlán;
- clárú éifeachtach ceart na n-earraí a thagann isteach ag an oifig custaim cinn scríbe;
- cóip á seoladh ar ais ag an oifig custaim cinn scríbe (cóip 5 de DRA nó an dara cóip de DTI) gan mhoill agus laistigh de 8 lá féilire ar a dhéanaí;
- láimhseáil cheart an nóta/na nótaí comhairle idirthurais (TC10) ag an oifig/na hoifigí custaim idirthurais;
- freagairt mhear shoiléir ag na húdaráis ar a ndírítear;
- liosta atá cothrom le dáta d'údaráis inniúla agus d'oifigí.

### VII.4.1.2 Fiosrúchán a thosaíonn le sealbhóir an nós imeachta

Ní mór d'údaráis inniúla na tíre imeachta sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas agus a iarraidh orthu cruthúnas a sholáthar go bhfuil deireadh leis an nós imeachta nuair nach seoltar cóip 5 de DRA ná an dara cóip de DTI laistigh de 2 mhí tar éis na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe.

Tabharfar an deis do shealbhóir an nós imeachta an fhaisnéis is gá le haghaidh urscaoileadh an nós imeachta a sholáthar laistigh de 28 lá.

### VII.4.1.3 An t-údarás inniúil agus an tráthchlár chun an fógra fiosrúcháin a thosú

Seolann údaráis inniúla na tíre imeachta an fógra fiosrúcháin láithreach:

- más rud é, laistigh de 2 mhí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, nach bhfaightear aon chruthúnas ar dheireadh an nós imeachta ó shealbhóir an nós imeachta;
- a luaithe a chuirtear na húdaráis inniúla ar an eolas nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta le haghaidh na n-earraí atá i gceist

go léir nó cuid díobh nó a luaithe atá amhras orthu ina leith sin ag céim luath (roimh dhul in éag na dtréimhsí dá dtagraítear thuas, fiú amháin), nó más rud é go bhfuil neamhréireachtaí ag baint leis an gcruthúnas a chuirtear i láthair nó má tá an chuma air gur falsaíodh é. Má tá amhras ann, cinnfidh údarás inniúil na tíre imeachta, ag brath ar na himthosca, cé acu is ceart nós imeachta fíorúcháin iarscaoilte a dhéanamh roimh an nós imeachta fiosrúcháin nó in éineacht leis chun bailíocht na fianaise a fhíorú;

- a luaithe a fhaigheann an t-údarás inniúil amach '*a posteriori*' (tar éis dhul in éag na dtréimhsí dá dtagraítear thuas) gur falsaíodh an cruthúnas a cuireadh i láthair agus nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta. Mar sin féin, ní thionscnófar imscrúduithe ach amháin i gcás ina mbeidís úsáideach chun na cineálacha cruthúnais a cuireadh i láthair a dheimhniú nó a neamhbhailiú agus/nó chun an fiach (custaim), an féichiúnaí agus an t-údarás atá inniúil aisghabháil an fhéich a shocrú.

Ní fhéadfar an fógra fiosrúcháin a sheoladh más rud é, roimh dhul in éag na teorann ama 2 mhí chun an fiosrúchán a thionscnamh, go raibh ar a chumas ag sealbhóir an nós imeachta cruthúnas 'malartach' sásúil ar dheireadh an nós imeachta a sholáthar (tá tuilleadh faisnéise le fáil i Roinn VII.3.2.1).

### VII.4.1.4 Fógra fiosrúcháin TC20

Leanfaidh údarás inniúil na tíre imeachta leis an nós imeachta fiosrúcháin trí fhógra fiosrúcháin i bhfoirm a chloíonn leis an sampla de TC20 in Iarscríbhinn VII.8.3 a sheoladh chuig údarás inniúil na tíre cinn scríbe.

Féadfar é sin a sheoladh le post cláraithe (lena soláthraítear admháil mar chruthúnas seachadta).

In aon chás, ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta taifead a choinneáil gur seoladh foirm TC20.

Ba cheart a chuimsiú in TC20 an fhaisnéis go léir atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí breise a fhaightear ó shealbhóir an nós imeachta go háirithe maidir le haon athrú ar fhaighteoir na n-earraí. Ba cheart cóip den doiciméad nó de na doiciméid a úsáideadh chun na hearraí a chur faoin nós imeachta (cóip 1 de DRA, an chéad chóip de DTI, liostaí luchtaithe, lastliosta aeir nó loingseoireachta, etc.) a bheith ag gabháil le TC20.

Níor cheart TC20 a sheoladh ach amháin i gcás nach leordhóthanach an fhreagairt ó shealbhóir an nós imeachta don iarraidh ar fhaisnéis chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh.

### VII.4.1.5 Freagairt na tíre cinn scríbe don fhógra fiosrúcháin

Ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe a fhaigheann an fógra fiosrúcháin freagairt a luaithe is féidir agus ar bhealach iomchuí i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá ar fáil dó nó ar dócha go bhfaighidh sé í.

Déanfaidh sé cuardach ar dtús ina thaifid féin (clárú ar chóip 4 agus 5 de DRA; an dara cóip de DTI nó lastliostaí comhdaithe, etc.) nó i dtaifid an choinsíní údaraithe. D'fhéadfadh sé tarlú uaireanta mar thoradh ar an gcuardach sin go n-aimsítear an cruthúnas bunaidh de dheireadh an nós imeachta nár seoladh ar ais fós nó nár comhdaíodh mar is ceart.

Mura bhfuil aon toradh ar an gcuardach, ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe teagmháil a dhéanamh leis an gcoinsíní (mar a léirítear ar an dearbhú maidir le hidirthuras) nó leis an duine, a bhféadfaí é a bheith sonraithe ag údarás inniúil na tíre imeachta ar TC20, a gcreidtear go bhfuair sé na hearraí agus na doiciméid go díreach gan iad a chur i láthair na hoifige custaim cinn scríbe.

Mar sin féin, más neamh-leordhóthanach an fhaisnéis arna soláthar ag údarás inniúil na tíre imeachta ar TC20 nó sna doiciméid i gceangal go mbeadh ar a chumas ag údarás inniúil na tíre cinn scríbe na fiosrúcháin is gá a dhéanamh, ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe faisnéis bhreise a iarraidh ach TC20 agus Bosca II líonta isteach a sheoladh chuig údarás inniúil na tíre imeachta. Ansin ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta Bosca III a líonadh isteach, an fhaisnéis bhreise a iarradh (páipéar) a chur i gceangal, agus TC20 a sheoladh ar ais chuig údarás inniúil iarrthach na tíre cinn scríbe.

Tar éis chéimeanna an nós imeachta fiosrúcháin, d'fhéadfadh na cásanna hipitéiseacha seo a leanas a bheith ann:

1. Cuireadh na hearraí atá i gceist i láthair na hoifige custaim cinn scríbe nó an choinsíní údaraithe go fírinneach, ach
   - níor cuireadh an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta (mar shampla cóip 5 de DRA, an dara cóip de DTI, nó tuairisceán ar an liosta míosúil faoin nós imeachta idirthurais páipéarbhunaithe d'aer/ar muir) ar ais laistigh den am

sainithe.
Sa chás sin, ní mór d’údarás inniúil na tíre cinn scríbe an cruthúnas a sheoladh ar ais láithreach chuig údarás inniúil na tíre imeachta a sheol TC20, tar éis Bosca IV de TC20 a líonadh isteach go cuí.

- níor chuir coinsíní údaraithe an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta ar ais chuig an oifig custaim cinn scríbe d’ainneoin na hoibleagáide atá air é sin a dhéanamh.
  Sa chás sin, a luaithe a aimsítear an cruthúnas sin, ní mór d’údarás inniúil na tíre cinn scríbe é sin a sheoladh ar ais láithreach, mar aon le TC20 atá líonta isteach go cuí, chuig údarás inniúil na tíre cinn scríbe, tar éis a fhíorú ar dtús gur sholáthair an coinsíní údaraithe an fhaisnéis údaraithe ar dháta teachta na n-earraí agus ar bhail na séalaí, agus tar éis an cruthúnas a chlárú agus a fhormhuiniú. Ní mór d’údarás inniúil na tíre cinn scríbe aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh maidir leis an gcoinsíní údaraithe.

- seoladh an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta, ach ní bhfuair údarás inniúil na tíre imeachta é.
  Sa chás sin, ní mór d’údarás inniúil na tíre cinn scríbe an cruthúnas a sheoladh ar ais chuig údarás inniúil na tíre imeachta, agus Bosca IV de TC20 líonta isteach go cuí. D’fhéadfadh a bheith sa chruthúnas sin an doiciméad a fhaightear ó údarás inniúil na tíre imeachta (cóip 1 de DRA, an chéad chóip de DTI, lastliosta ag an áit imeachta, etc.) nó cóip den doiciméad i seilbh údarás inniúil na tíre cinn scríbe (cóip 4 de DRA, an dara cóip de DTI, lastliosta ag an gceann scríbe nó cóip choinnithe den liosta míosúil, etc.). Déanfaidh an t-údarás sin an chóip a anótáil le dáta teachta na n-earraí agus torthaí aon rialuithe, agus deimhneoidh sé í.

2. <u>Níor cuireadh na hearraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe ná níor seachadadh iad do choinsíní údaraithe:</u>
   - tháinig athrú ar an oifig custaim cinn scríbe: sa chás sin, ar an oifig custaim cinn scríbe iarbhír atá sé an cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta a sheoladh ar ais chuig údarás inniúil na tíre imeachta:
   - más rud é go raibh sé ar a chumas ag údarás inniúil thír na hoifige custaim cinn scríbe dearbhaithe an oifig custaim cinn scríbe iarbhír a shainaithint, ní mór dó TC20 a sheoladh ar aghaidh chuici ina léirítear sonraí ar an oifig custaim cinn scríbe iarbhír i mBosca IV, agus ní mór údarás inniúil na tíre

imeachta a chur ar an eolas ach cóip de TC20 a sheoladh chuici.

- más rud é nach raibh sé ar a chumas ag údarás inniúil thír na hoifige custaim cinn scríbe dearbhaithe an oifig custaim cinn scríbe iarbhír a shainaithint, déanann an oifig custaim cinn scríbe dhearbhaithe an chóip anótáilte de TC20 a sheoladh ar aghaidh chuig an oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe agus na sonraí i mBosca IV a léiriú. Mar sin féin, in éagmais oifig custaim idirthurais, seolfar TC20 ar ais go díreach chuig údarás inniúil na tíre imeachta.

- níor tháinig athrú ar an oifig custaim cinn scríbe (nó níor tugadh faoi deara aon athrú den sórt sin):
  - sa chás sin, má shuíonn údarás inniúil na tíre cinn scríbe gur seachadadh na hearraí go díreach do choinsíní neamhúdaraithe a léirítear ar TC20, nó d'aon duine eile, ní mór d'údarás inniúil na tíre cinn scríbe TC20 agus an chóip den dearbhú maidir le hidirthuras a sheoladh ar ais chuig údarás inniúil na tíre imeachta. Ní mór dó an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar, i ndoiciméad breise más gá, agus na nithe seo a leanas a shonrú:
    - aitheantas an fhaighteora agus daoine aonair eile a d'fhéadfadh a bheith páirteach;
    - dáta agus dálaí sheachadadh díreach na n-earraí, a nádúr agus a gcainníocht; agus
    - an nós imeachta custaim faoinar cuireadh na hearraí, más iomchuí.
  - más rud é nach féidir le húdarás inniúil na tíre cinn scríbe aon tuairisc a fháil ar na hearraí atá i gceist, ní mór TC20 anótáilte a sheoladh ar aghaidh chuig an oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe mar a léirítear ar an dearbhú maidir le hidirthuras. I éagmais oifig custaim idirthurais, ní mór TC20 a sheoladh díreach ar ais chuig údarás inniúil na tíre imeachta (mar an gcéanna le Pointe 2, an dara pointe urchair).

Má sheolann údarás inniúil na tíre cinn scríbe TC20 chuig an oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe, ní mór dó cóip de a sheoladh freisin chuig údarás inniúil na tíre imeachta chun faisnéis a sholáthar ar staid reatha an nós imeachta fiosrúcháin.

### VII.4.1.6 Freagairt na hoifige custaim idirthurais don fhógra fiosrúcháin

Ní mór don oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe chuig a seoltar TC20 nóta comhairle idirthurais TC10 a chomhfhreagraíonn

don choinsíneacht i gceist a chuardach láithreach.

Tar éis an chuardaigh sin, d'fhéadfadh na cásanna hipitéiseacha seo a leanas a bheith ann:

1. Cuireadh an choinsíneacht i láthair go fírinneach ag an oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe agus aimsíodh nóta comhairle idirthurais.
   Sa chás sin, ní mór don oifig custaim idirthurais cóip den nóta comhairle idirthurais a chur i gceangal le TC20 agus é a sheoladh díreach ar ais chuig údarás inniúil na tíre imeachta.

2. Níor aimsíodh aon nóta comhairle idirthurais (ná aon fhianaise eile ar idirthuras den sórt sin) ag an oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe.
   Sa chás sin, ní mór don oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe an fhaisnéis sin a chur le TC20 agus é sin a sheoladh ar ais chuig an oifig custaim idirthurais roimhe sin a bhí beartaithe mar a léirítear ar an dearbhú maidir le hidirthuras nó, murab ann d'aon oifig custaim idirthurais bheartaithe eile, chuig údarás inniúil na tíre imeachta.

Gach oifig custaim idirthurais a fhaigheann an fógra fiosrúcháin i ndiaidh a chéile, ní mór di leanúint ar aghaidh ar an gcaoi chéanna lena áirithiú go ndéantar TC20, formhuinithe go cuí, a sheoladh ar aghaidh gan mhoill chuig an oifig custaim idirthurais roimhe sin a bhí beartaithe mar a léirítear ar an dearbhú maidir le hidirthuras nó, murab ann d'aon oifig custaim idirthurais bheartaithe eile, go díreach chuig údarás inniúil na tíre imeachta, a bhainfidh an tátal is gá as an bhfaisnéis a fhaightear.

Má sheolann an oifig custaim idirthurais TC20 chuig an oifig custaim idirthurais roimhe sin a bhí beartaithe, ní mór di cóip a sheoladh freisin chuig údarás inniúil na tíre imeachta chun faisnéis a sholáthar ar staid reatha an nós imeachta fiosrúcháin. Ní mór don oifig custaim idirthurais údarás inniúil na tíre imeachta a chur ar an eolas freisin má fhaigheann sí an nóta comhairle idirthurais ón oifig custaim idirthurais iarbhír, tar éis an fógra fiosrúcháin a sheoladh cheana féin chuig an oifig custaim idirthurais roimhe sin a bhí beartaithe (féach an cás a ndéantar tuairisc air faoi Phointe 1 thuas).

### VII.4.1.7 Iarmhairtí an nós imeachta fiosrúcháin

Ag brath ar na freagairtí a fhaightear le linn an nós imeachta

fiosrúcháin, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fhaightear ó shealbhóir an nós imeachta, cinnfidh údarás inniúil na tíre imeachta cé acu atá nó nach bhfuil deireadh leis an nós imeachta agus cé acu is féidir nó nach féidir é a urscaoileadh.

I gcomhréir leis na forálacha maidir le fiach (custaim) agus le haisghabháil, cinnfidh údarás inniúil na tíre imeachta na nithe seo a leanas:

- cé acu ar tabhaíodh nó nár tabhaíodh fiach (custaim);
- an duine (na daoine) atá freagrach as an bhfiach (custaim), más iomchuí;
- an áit iarbhír nó mheasta inar tháinig an fiach (custaim) chun cinn agus; dá dhroim sin, an t-údarás inniúil chun an fiach (custaim) a aisghabháil, más iomchuí.

*Airteagal 114(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta a thoradh a chinneadh laistigh de 7 mí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an gceann scríbe ar a dhéanaí.

*Airteagal 87 CCA*

*Airteagal 77 DA*

Tá feidhm aige sin freisin i gcásanna nach bhfaigheann an t-údarás aon fhreagra le linn an nós imeachta fiosrúcháin.

Aon fhaisnéis bhreise a fhaigheann údaráis inniúil nó aon bharúil a thugann údarás inniúil i ndáil leis na hearraí, d'fhéadfadh sé dul i gcion ar thorthaí an nós imeachta fiosrúcháin. Is fíor é sin go háirithe i gcás inar nochtadh neamhrialtacht nó calaois (baint, ionadú, etc.) tráth na hoibríochta idirthurais, agus/nó má aimsíodh na hearraí atá i gceist, go léir nó go páirtea, lasmuigh de mhaoirseacht custaim agus freisin i gcás inar sainaithníodh na daoine atá freagrach as calaois nó neamhrialtachtaí. Dá réir sin, ní mór an fhaisnéis ábhartha go léir a chur in iúl gan mhoill d'údarás inniúil na tíre imeachta agus, más gá, ní mór TC24 a úsáid chun a iarraidh go ndéanfaí an inniúlacht maidir leis an aisghabháil a aistriú. Tá sampla d'fhoirm TC24 le fáil in Iarscríbhinn VIII.8.2.

*Airteagal 49(7) agus Airteagal 117(5), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 310(7) IA*

Más rud é, ar an taobh eile, gur féidir an oibríocht idirthurais a urscaoileadh faoi raon feidhme nós imeachta fiosrúcháin, ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta sealbhóir an nós imeachta agus an ráthóir, a bhféadfadh baint a bheith acu leis an nós imeachta fiosrúcháin, a chur ar an eolas láithreach. D'fhéadfaí gur ghá don údarás inniúil údaráis inniúla eile a bhfuil baint acu leis an nós imeachta fiosrúcháin faoi láthair a chur ar an eolas freisin, go háirithe oifig custaim na ráthaíochta.

Tá samplaí eile de chásanna a bhaineann leis an nós imeachta fiosrúcháin le fáil in Iarscríbhinn VII.8.5.

## VII.5 Nós imeachta fíorúcháin iarscaoilte

Soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas sa mhír seo:

Leagtar amach i Mír VII.5.1 cuspóirí agus modhanna an fhíorúcháin.

Baineann Mír VII.5.2 leis na doiciméid is gá a fhíorú.

Baineann Mír VII.5.3 le hiarmhairtí na dtorthaí.

### VII.5.1 Cuspóirí agus modhanna fíorúcháin iarscaoilte

*Airteagal 52 Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 292 IA*

Féadfaidh an t-údarás custaim inniúil rialuithe iarscaoilte ar an bhfaisnéis arna soláthar agus ar aon doiciméad, foirm, údarú nó sonra a bhaineann leis an oibríocht idirthurais chomhchoiteann nó le hoibríocht idirthurais an Aontais chun barántúlacht agus cruinneas na n-iontrálacha, na faisnéise arna malartú agus na stampaí a sheiceáil.

Ba cheart fíorú iarscaoilte a dhéanamh ar bhonn anailís riosca nó trí roghnú randamach. Mar sin féin, ní mór an fíorú sin a dhéanamh go huathoibríoch i gcás amhras maidir le cionta nó neamhrialtachtaí.

Nuair a fhaigheann údarás custaim inniúil iarraidh chun rialú iarscaoilte a dhéanamh, ní mór dó freagairt gan mhoill.

Má iarrann údarás custaim inniúil na tíre imeachta go ndéanfadh an t-údarás custaim inniúil rialú iarscaoilte ar fhaisnéis a bhaineann leis an oibríocht idirthurais chomhchoiteann nó le hoibríocht idirthurais an Aontais, maidir leis na coinníollacha chun an nós imeachta idirthurais a urscaoileadh, ní mheasfar iad a bheith comhlíonta go dtí go ndeimhneofar barántúlacht agus cruinneas na sonraí.

### VII.5.2 Doiciméid faoi réir a bhfíoraithe

#### VII.5.2.1 Dearbhuithe maidir le hidirthuras (nós imeachta leanúnachais gnó)

Chun calaois a bhrath agus a chosc, ní mór don údarás inniúil sa

tír imeachta, idirthurais agus cinn scríbe an dearbhú agus na formhuinithe a fhíorú nuair is léir go bhfuil earráid ann nó nuair a bhíonn cúis amhrais ann maidir lena mbailíocht.

Ní mór an fíorú sin a dhéanamh le foirm TC21, agus tá sampla den fhoirm sin le fáil in Iarscríbhinn VII.8.5. Ní mór do na húdaráis inniúla ar a ndírítear TC21 a sheoladh ar ais chuig na húdaráis inniúla iarrthacha laistigh de 2 mhí tar éis an dáta ar an bhfoirm. Ní mór an chúis leis an bhfíorú a leagan amach san fhoirm. Ní mór do gach oifig custaim imeachta seiceáil randamach a dhéanamh freisin ar na dearbhuithe maidir le hidirthuras a sheoltar ar ais, agus fíorú a iarraidh ar dhá dhoiciméad ar a laghad as gach míle doiciméad.

### VII.5.2.2 Doiciméad leictreonach iompair mar dhearbhú maidir le hidirthuras

Nuair a iompraítear earraí le doiciméad leictreonach iompair (ETD) mar dhearbhú maidir le hidirthuras chun nós imeachta idirthurais comhchoiteann/an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer a úsáid, nó le doiciméad leictreonach iompair (ETD) mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh nós imeachta idirthurais an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar ar muir, is iad na húdaráis inniúla ag an aerfort nó ag an gcalafort cinn scríbe a fheidhmíonn rialú na n-údarás custaim go cúlghabhálach. Bíonn an rialú sin i bhfoirm seiceálacha iniúchóireachta ar chórais bunaithe ar leibhéal an riosca mheasta. Más gá, féadfaidh na húdaráis inniúla ag an aerfort nó ag an gcalafort cinn scríbe sonraí ó ETD a sheoladh chuig na húdaráis inniúla ag an aerfort nó ag an gcalafort imeachta lena bhfíorú.

Ní mór an fíorú sin a dhéanamh le foirm TC21(A), agus tá sampla den fhoirm sin le fáil in Iarscríbhinn VII.8.6. Ní mór sonraí a asbhaintear ó ETD a bhaineann le haon aerárthach nó soitheach agus le haon oibreoir údaraithe amháin a bheith i ngach foirm.

Ní mór do na húdaráis inniúla Cuid 1, 2 agus 3 den fhoirm TC21(A) a líonadh isteach ag an aerfort nó ag an gcalafort cinn scríbe. Más gá, ní mór sleachta as EDT an aerárthaigh nó an tsoithigh a bhaineann leis na coinsíneachtaí a roghnaítear lena bhfíorú a chur i gceangal leis an bhfoirm.

Féadfar foirmeacha a úsáidtear chun críoch fíorúcháin a sheoladh trí na hoifigí láir le haghaidh oibríochta idirthurais comhchoiteanna / an Aontais sna tíortha lena mbaineann chuig na

húdaráis inniúla ag an aerfort nó ag an gcalafort imeachta.

Ní mór do na húdaráis inniúla ag an aerfort nó ag an gcalafoirt imeachta na sonraí ETD arna soláthar san fhoirm TC21(A) a fhíorú trí thagairt do na taifid tráchtála atá á gcoinneáil ag an oibreoir údaraithe. Ní mór torthaí an fhíorúcháin a chur isteach i gCodanna 4 agus 5 den fhoirm. Ní mór aon neamhréireacht a shonrú i gCuid 4.

### VII.5.2.3 Cruthúnas malartach

I gcás amhrais, ní mór don údarás inniúil sa tír imeachta fíorú ar an gcruthúnas malartach a chuirtear i láthair a iarraidh. Ní mór dó fíorú 10 ndoiciméad ar a laghad as gach míle doiciméad a iarraidh freisin.

### VII.5.2.4 Doiciméid T2L

Moltar fíorú iarraidh ar dhoiciméad T2L a dhéanamh má eisíodh doiciméad den sórt sin go cúlghabhálach chun éifeacht dhearbhú maidir le hidirthuras T1 agus chun na críche sin amháin.

Ba cheart don iarraidh a bheith uathoibríoch i gcás ina gcuirtear T2L i láthair tar éis sraith oibríochtaí idirthurais a dhéanamh a gcumhdaítear iad le dearbhuithe maidir le hidirthuras arna n-eisiúint i dtíortha éagsúla.

Ina theannta sin, ní mór seiceáil samplála randamaí a dhéanamh ar dhá dhoiciméad as gach míle doiciméad T2L a chuirtear i láthair ag oifig áirithe.

### VII.5.2.5 Doiciméid tráchtála atá coibhéiseach le doiciméad T2L

Moltar an fíorú a dhéanamh má bhíonn amhras ann go bhféadfaí mí-úsáid nó neamhrialtachtaí a bheith ann mar thoradh ar dhoiciméad tráchtála a úsáid in ionad T2L.

D'fhéadfadh mí-úsáid nó neamhrialtacht a bheith ann más léir go bhfuil coinsíneachtaí á roinnt go gníomhach ag an duine lena mbaineann ionas nach sárófar uasteorainn EUR 15 000.

Ina theannta sin, ní mór seiceáil samplála randamaí a dhéanamh ar dhá dhoiciméad as gach míle doiciméad tráchtála a chuirtear i

láthair mar T2L ag oifig áirithe.

### VII.5.3 Iarmhairtí an fhíorúcháin

Maidir leis an údarás inniúil a iarrann an fíorú, ní mór dó an beart iomchuí a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a fhaightear.

Mar sin féin, más fiach (custaim) a tabhaíodh le linn oibríocht idirthurais atá i gceist, ar údarás inniúil na tíre imeachta atá an fhreagracht fiosrúcháin a thionscnamh, más gá, agus na fíorais fhíor-riachtanacha a chinneadh maidir leis an bhfiach (custaim), leis an bhféichiúnaí agus leis an údarás inniúil le haghaidh aisghabhála i gcomhréir leis na forálacha maidir le fiach agus aisghabháil (féach Cuid VIII).

### VII.6 Eisceachtaí (*pro memoria*)

### VII.7 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)

### VII.8 Iarscríbhinní

### VII.8.1 Liosta na n-údarás áitiúil

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil:

**EUROPA:**

**https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

**VII.8.2 Litir faisnéise shamplach chuig sealbhóir an nós imeachta**

*[Ainm údarás inniúil
na tíre imeachta]*

*[Áit agus dáta]*
*[Ainm agus seoladh
shealbhóir an nós imeachta]*

**Ábhar: Idirthuras comhchoiteann/an Aontais**
**Ceal cruthúnais ag deireadh an nós imeachta idirthurais**

A Dhuine Uasail,
Is tú sealbhóir an nós imeachta le haghaidh an dearbhaithe nó na ndearbhuithe idirthurais comhchoiteanna / de chuid an Aontais seo a leanas:

*[tagairtí agus dátaí an dearbhaithe/na ndearbhuithe idirthurais]*
ó oifig custaim imeachta *[ainm na hoifige custaim imeachta]*

I gcomhréir le hAirteagal 49(2) agus (5), agus Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach/Airteagal 310(2) agus (5) agus Iarscríbhinn 72-04 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, tugaimid fógra leis seo nach bhfuarthas cruthúnas ar dheireadh an nós imeachta idirthurais le haghaidh an dearbhaithe nó na ndearbhuithe thuasluaite.

Iarrtar ort anois sonraí agus doiciméadacht a sheoladh isteach le cruthú go bhfuil deireadh leis an nós imeachta. Ba cheart aon athrú ar an oifig custaim cinn scríbe agus/nó ar na hoifigí custaim idirthurais a lua freisin. Iarrtar ort an fhaisnéis a chur isteach laistigh de 28 lá tar éis dháta na litreach seo.

- [Tabhófar an fiach custaim 1 mhí amháin tar éis na tréimhse 28 lá sin mura soláthraítear aon fhaisnéis, nó murar leordhóthanach an fhaisnéis a sholáthraítear le cur ar ár gcumas againn fiosrúcháin a dhéanamh leis an oifig cinn scríbe.]
- [Ní mór dúinn tús a chur leis an nós imeachta fiosrúcháin 2 mhí tar éis dhul in éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig cinn scríbe.]
- Tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2) agus Iarscríbhinn II d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach/Airteagal 77 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais agus Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe

de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

D'fhéadfadh an cruthúnas a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

– doiciméad deimhnithe ag údaráis chustaim an Bhallstáit nó sa tír chomhchoiteann idirthurais cinn scríbe ina sainaithnítear na hearraí agus ina suitear gur cuireadh i láthair iad ag an oifig custaim cinn scríbe nó don choinsíní údaraithe;
– doiciméad nó taifead custaim, arna dheimhniú ag údarás custaim tíre, ina suitear gur fhág na hearraí go fisiciúil críoch chustaim an Pháirtí Chonarthaigh
- doiciméad custaim a eisítear i dtríú tír ina gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim;
– doiciméad a eisiatar i dtríú tír, ar chuir údarás custaim na tíre sin stampa air nó ar dheimhnigh údaráis chustaim na tíre sin é ar bhealach eile, lena ndeimhnítear go meastar go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht sa tríú tír sin.

Aon fhianaise a sholáthraíonn tú, ní mór di forálacha Airteagal 51 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach / Airteagal 312 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chomhlíonadh.

Faoi théarmaí Airteagail 112 agus 113 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach / Airteagal 79 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, mura féidir a shuí go bhfuil deireadh leis an nós imeachta le haghaidh an dearbhaithe nó na ndearbhuithe i gceist, beidh tú faoi dhliteanas le haghaidh an fhéich a bhaineann leis na hearraí a bhí ina n-ábhar ag an dearbhú nó ag na dearbhuithe sin (dleachtanna ar allmhairí nó ar onnmhairí agus muirir eile).

Mura féidir leat a chruthú go bhfuil deireadh leis an nós imeachta idirthurais i gceist, soláthair aon fhaisnéis atá agat, mar aon le fianaise dhoiciméadach thacaíochta, go háirithe maidir leis an áit (tír) ina measann tú gur tharla na teagmhais ónar tháinig an fiach chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 114 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach / Airteagal 87 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

Mise le dúthracht duit,

### VII.8.3 Sampla d'fhógra fiosrúcháin TC20 agus nótaí míniúcháin

TC20 - FÓGRA FIOSRÚCHÁIN

I. LE LÍONADH ISTEACH AG AN ÚDARÁS INNIÚIL AG AN ÁIT IMEACHTA

A. Uimh. an dearbhaithe maidir le hidirthuras B. oifig custaim cinn scríbe (ainm agus tír)

Cóip (…) i gceangal.

C. Údarás inniúil ag an áit imeachta (ainm agus seoladh) Oifigí custaim idirthurais beartaithe (ainm agus tír)
1.
2.
3.
4.

E. Aitheantas an mhodha iompair:

F. Coinsíní (ainm agus seoladh iomlán)

G. De réir na faisnéise a sholáthair sealbhóir an nós imeachta:

☐ 1. cuireadh an choinsíneacht i láthair d'oifige an |__|__|__| L M B

☐ 2. seachadadh an choinsíneacht don choinsíní an |__|__|__| L M B

☐ 3. seachadadh an choinsíneacht do ................................................................................... an |__|__|__| L M B
(ainm agus seoladh duine nó cuideachta)

H. Cuireadh admháil le haghaidh an doiciméid a d'eisigh d'oifig an |__|__|__| i mo láthair.
L M B

I. Ní féidir le sealbhóir an nós imeachta aon fhaisnéis a thabhairt maidir leis an áit ina bhfuil an choinsíneacht.

Áit agus dáta: Síniú: Stampa:

II. LE LÍONADH ISTEACH AG ÚDARÁS INNIÚIL NA TÍRE CINN SCRÍBE: IARRAIDH

Chun fiosrúchán breise a dhéanamh, ceanglaítear ar an oifig custaim imeachta na nithe seo a leanas a sheoladh nó a chur in iúl:

☐ 1. tuairisc chruinn ar na hearraí

☐ 2. cóip den sonrasc

☐ 3. cóip den lastliosta, bille luchta nó bille aerbhealaigh

☐ 4. ainm an duine atá freagrach as na foirmiúlachtaí a dhéanamh ag an oifig custaim cinn scríbe

☐ 5. na doiciméid nó an fhaisnéis seo a leanas (sonraigh):

Áit agus dáta: Síniú: Stampa:

III. LE LÍONADH ISTEACH AG AN OIFIG IMEACHTA: FREAGRA AR AN IARRAIDH

| |
|---|
| ☐☐ 1. Tá an fhaisnéis, na cóipeanna nó na doiciméid i gceangal<br>1 2 3 4 5<br>☐☐ 2. Maidir leis an bhfaisnéis, na cóipeanna nó na doiciméid dá dtagraítear faoi ☐☐☐☐☐ den iarraidh, níl fáil air/uirthi/orthu.<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

| IV. LE LÍONADH ISTEACH AG ÚDARÁS INNIÚIL NA TÍRE CINN SCRÍBE |
|---|
| ☐☐ 1. Seoladh ar ais an cruthúnas go bhfuil deireadh leis an nós imeachta an \|__\|__\|__\| tá cóip fhormhuinithe<br>L M B<br>☐ (a) den doiciméad a fuarthas ☐ (b) den doiciméad a seoladh ar ais<br>i gceangal mar dheimhniú<br><br>☐☐ 2. Tá an cruthúnas formhuinithe go bhfuil deireadh leis an nós imeachta i gceangal leis an bhfógra fiosrúcháin seo<br><br>☐☐ 3. Muirir a bailíodh.<br><br>☐☐ 4. Tá fiosrúchán ar siúl agus seolfar ar ais an cruthúnas go bhfuil deireadh leis an nós imeachta a luaithe is féidir.<br><br>☐☐ 5. Cuireadh an choinsíneacht i láthair anseo gan an doiciméad ábhartha ag gabháil léi.<br><br>☐☐ 6. Cuireadh doiciméid i láthair anseo gan an choinsíneacht<br><br>☐☐ 7. Níor cuireadh an choinsíneacht ná an doiciméad ábhartha i láthair anseo agus<br>☐☐ (a) ní féidir aon fhaisnéis orthu sin a fháil.<br>☐☐ (b) Seoltar TC20 chuig an oifig custaim cinn scríbe iarbhír ……………………………….. (ainm agus tír)<br>☐☐ (c) Seoltar TC20 don oifig custaim idirthurais dheiridh atá beartaithe, mar a luaitear i mbosca I, mír D<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

| V. LE LÍONADH ISTEACH AG AN OIFIG CUSTAIM IDIRTHURAIS DHEIRIDH ATÁ BEARTAITHE |
|---|
| ☐☐ 1. Taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo an \|__\|__\|__\|<br>L M B<br>☐☐ 2. Sheol an oifig custaim idirthurais iarbhír .................................... (ainm) nóta comhairle idirthurais chugam<br>agus taisceadh é an \|__\|__\|__\|<br>L M B<br>☐☐ 3. Níor taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo. Seoltar TC20 chuig an oifig custaim cinn scríbe roimhe seo a bhí beartaithe.<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

| VI. LE LÍONADH ISTEACH AG AN OIFIG CUSTAIM IDIRTHURAIS ROIMHE SEO A BHÍ BEARTAITHE |
|---|
| ☐ 1. Taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo an \|__\|__\|__\|<br>L M B<br>☐ 2. Sheol an oifig custaim idirthurais iarbhír .................................... (ainm) nóta comhairle idirthurais chugam<br>agus taisceadh é an \|__\|__\|__\|<br>L M B<br>☐ 3. Níor taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo. Seoltar TC20 chuig an oifig custaim cinn scríbe roimhe seo a bhí beartaithe.<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

| VII. LE LÍONADH ISTEACH AG AN OIFIG CUSTAIM IDIRTHURAIS ROIMHE SEO A BHÍ BEARTAITHE |
|---|
| □☐ 1. Taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo an \|__\|__\|__\| L M B<br>□☐ 2. Sheol an oifig custaim idirthurais iarbhír .................................... (ainm) nóta comhairle idirthurais chugam agus taisceadh é an \|__\|__\|__\| L M B<br>□☐ 3. Níor taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo. Seoltar TC20 chuig an oifig custaim cinn scríbe roimhe seo a bhí beartaithe.<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

| VIII. LE LÍONADH ISTEACH AG AN OIFIG CUSTAIM IDIRTHURAIS ROIMHE SEO A BHÍ BEARTAITHE |
|---|
| □☐ 1. Taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo an \|__\|__\|__\| L M B<br>□☐ 2. Sheol an oifig custaim idirthurais iarbhír .................................... (ainm) nóta comhairle idirthurais chugam agus taisceadh é an \|__\|__\|__\| L M B<br>□☐ 3. Níor taisceadh nóta comhairle idirthurais anseo. Seoltar TC20 chuig an oifig custaim cinn scríbe roimhe seo a bhí beartaithe.<br><br>Áit agus dáta: Síniú: Stampa: |

**TC20 – Fógra fiosrúcháin – Nótaí míniúcháin**

1. Tabharfar faisnéis agus freagraí ach cros a chur sa bhosca a chuirtear ar fáil chuige sin.

2. Úsáidtear an fógra fiosrúcháin le haghaidh aon nós imeachta idirthurais, idir shimplithe agus eile, faoinar gá cruthúnas go bhfuil deireadh leis an nós imeachta a chur ar fáil d'údarás inniúil na tíre imeachta.

3. I mBosca I, mír A, sonróidh an t-údarás inniúil ag an bhfuil an iarraidh á déanamh tagairt an dearbhaithe maidir le hidirthuras (DRA, DTI nó doiciméad iompair a úsáidtear mar dhearbhú) nach bhfuil aon chruthúnas aige ina leith go bhfuil deireadh leis an nós imeachta. Cuirfear cóip den dearbhú i gceangal.

4. I mBosca I, mír E, sainaithneofar an modh iompair a úsáidtear, má bhí na sonraí sin éigeantach ar an dearbhú nó, mura raibh, cé acu atá nó nach bhfuil sé ar eolas ag an údarás inniúil (go háirithe trí shealbhóir an nós imeachta).

5. I mBosca I, mír F, sonróidh an t-údarás inniúil ag a bhfuil an iarraidh á déanamh an coinsíní (na coinsínithe), cé acu atá sé/siad údaraithe nó nach bhfuil, mar a dearbhaíodh i gcás ina raibh na sonraí sin éigeantach ar an dearbhú nó, i gcásanna eile, an coinsíní (na coinsínithe) measta a bhféadfadh sé (a bhféadfaidís) na hearraí a fháil bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an údarás.

6. I mBosca I, mír G-3, ní mór na coinsínithe iarbhír, mar a sainaithníonn sealbhóir an nós imeachta iad, a shonrú.

7. I mBosca II, mír 3, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar a ndírítear go seolfaí na doiciméid iompair murab iad an dearbhú maidir le hidirthuras iad (sa chás deiridh sin ba cheart iad a lua faoi I-A).

8. I mBosca IV, cuirfidh an t-údarás inniúil ar a ndírítear údarás inniúil na tíre imeachta ar an eolas maidir lena fhiosrúchán nach bhfuil ina cheangal ar an oifig sin.

9. I mBosca IV, mír 1, cuirfidh an t-údarás inniúil tic i mBosca (a) má sheolann sé cóip fhormhuinithe a bhfuil stampa air de chóip 1 de DRA nó den chéad chóip de DTI, mar a fuarthas ón údarás inniúil ag a bhfuil an iarraidh á déanamh. I gcásanna eile (cóip de chóip 4 de DRA, den dara cóip de DTI nó d'aon doiciméad eile – liosta míosúil páipéarbhunaithe d'iompar d'aer/ar muir, cuir i gcás – chun deireadh an nós imeachta a chruthú), cuirfidh sé tic i mBosca (b).

Má dhéanann an t-údarás ar a ndírítear TC20 a sheoladh, cuirfidh sé tic sa bhosca iomchuí faoi mhír 7 agus cuirfidh sé isteach na sonraí, más gá. Cuirfidh sé údarás inniúil na tíre imeachta ar an eolas ach cóip den fhógra fiosrúcháin a sholáthar dó.

Déanfaidh gach oifig custaim idirthurais an rud céanna mura n-aimsíonn sí aon fhógra comhairle idirthurais.

10. Úsáidfear TC20 ar leith le haghaidh gach dearbhaithe maidir le hidirthuras.

## VII.8.4 Sampla de sheoladh faisnéise le TC20A

<table>
<tr><td colspan="2" align="center">TC20A<br>IDIRTHURAS COMHCHOITEANN/AN AONTAIS<br>SEOLADH FAISNÉISE / DOICIMÉAD A BHAINEANN LE hOIBRÍOCHT NCTS</td></tr>
<tr><td colspan="2">1. DEARBHÚ<br>MRN: …………………..<br>Nós imeachta fiosrúcháin (tagairt):<br>Nós imeachta aisghabhála (tagairt):</td></tr>
<tr><td>2. ÚDARÁS INNIÚIL AG AN ÁIT IMEACHTA<br>Ainm agus seoladh:<br><br><u>Sonraí teagmhála</u><br>Ainm:<br><br>Fón:<br>Facs:<br>Ríomhphost:</td><td>3. ÚDARÁS INNIÚIL AG AN gCEANN SCRÍBE<br>Ainm agus seoladh:<br><br><u>Sonraí teagmhála</u><br>Ainm:<br><br>Fón:<br>Facs:<br>Ríomhphost:</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. DOICIMÉID ATÁ I gCEANGAL<br>☐☐ 1.<br>☐☐ 2.<br>☐☐ 3..: ……………<br>..…………………………………………………………………………………………..</td></tr>
<tr><td colspan="2">5. IARSCRÍBHINN(Í): ……………… (líon iomlán)</td></tr>
<tr><td colspan="2">6. AN tÚDARÁS INNIÚIL<br>☐☐ AG AN ÁIT IMEACHTA ☐☐ AG AN gCEANN SCRÍBE<br>Áit agus dáta: Síniú Stampa</td></tr>
</table>

## VII.8.5 Sampla d'iarraidh iarscaoilte TC21

## TC21 – Fíorú a IARRAIDH

**I. AN tÚDARÁS AG A bhFUIL AN IARRAIDH Á DÉANAMH** **II. AN tÚDARÁS INNIÚIL AR A nDÍRÍTEAR**

(ainm agus seoladh iomlán) (ainm agus seoladh iomlán)

**III.** FÍORÚ A **IARRAIDH** □ seiceáil shamplach ar an gcúis a shonraítear faoi C nó D Fíoraigh

A. Barántúlacht an stampa agus an tsínithe

- □□ 1. Sa bhosca 'Rialú ag an oifig cinn scríbe' (bosca I) ar an gcóip le seoladh ar ais DRA nó DTI........i gceangal
- □□ 2. i mbosca F agus/nó G ar an gcóip le seoladh ar ais DRA nó DTI. ................i gceangal
- □□ 3. sa bhosca 'Oifig imeachta' (bosca C) ar chóip 4 de DRA nó ar an dara cóip de DTI. ....................i gceangal
- □□ 4. sa bhosca 'Rialú ag an oifig imeachta' (bosca D) ar chóip 4 de DRA nó ar an dara cóip de DTI ............i gceangal
- □□ 5. sa bhosca 'Pacáistí agus tuairisc ar earraí' (bosca 31) ar chóip 4 de DRA nó ar an dara cóip de DTI.........i gceangal
- □□ 6. i sonrasc Uimh. ...... an ...... / doiciméad iompair Uimh. ...... an ...... (i gceangal)

B. Cruinneas an fhormhuinithe a cuireadh isteach

- □ 1. I mbosca(í)........... (1)
- □□ 2. I ndoiciméad tráchtála Uimh....... an ....... (i gceangal)

C. Barántúlacht agus cruinneas an chruthúnais mhalartaigh atá faoi iamh.

D. Tá fíorú á iarraidh ar an gcúis seo a leanas

- □□ 1. tá an stampa in easnamh
- □□ 2. tá an síniú in easnamh
- □□ 3 ní féidir an stampa a léamh
- □□ 4. níl an bosca líonta isteach ina iomláine
- □□ 5 scriosadh nithe áirithe gan fhoirm a fhíordheimhniú
- □□ 6. tá scriostaí agus/nó forscríobh san inisealacha a chur leo agus gan iad
- □□ 7 ní aithnítear an stampa
- □□8 tá an dáta maidir leis an úsáid nó leis an gceann scríbe in easnamh
- □□ 9. cúiseanna eile (le sonrú)

Áit...................................., Dáta........................................

Síniú................................ (Stampa)

(1) Sonraigh an líon boscaí a bhaineann leis an bhfíorú atá á iarraidh__

**IV. TORADH AN FHÍORAITHE**

□□ A. Tá an stampa agus an síniú barántúil

□□ B. Níor cuireadh an fhoirm i láthair na n-údarás inniúil agus

- □ 1. dealraíonn sé gur brionnaíodh nó gur falsaíodh an stampa
- □ 2. dealraíonn sé gur cuireadh an stampa leis go mírialta
- □ 3. ní le hoifigeach freagrach de chuid na n-údarás inniúil an síniú

□□ C. Tá na formhuinithe cruinn

□□ D. Níl na formhuinithe cruinn: ba cheart an méid seo a leanas a bheith ann:

□□ E. Nótaí:

- □ 1. cuireadh an stampa leis ar bhealach inléite
- □ 2. cuireadh síniú leis
- □ 3. líonadh isteach an bosca
- □ 4. cuireadh inisealacha leis na scriostaí agus

fíordheimhníodh iad

☐ 5. rinneadh na scriostaí agus/nó an forscríobh ar na cúiseanna seo a leanas: ☐ 6. tá an stampa barántúil agus is féidir glacadh leis

☐ 7. cuireadh isteach an dáta ☐ 8. comhlíonann an cruthúnas malartach na ceanglais

☐ 9. cúiseanna eile (le sonrú) agus is féidir glacadh leo

Áit...................................., Dáta........................................

Síniú..................................... ..........................................(Stampa)__

Nótaí:
1. Ba cheart iarraidh ar leith a dhéanamh le haghaidh gach foirme atá le fíorú
2. Tugtar faisnéis agus freagra ach cros a chur sna boscaí a chuirtear ar fáil chuige sin
3. Ba cheart don údarás inniúil ar a ndírítear a áirithiú go dtabharfar tús áite dó

**VII.8.6 Sampla d'iarraidh iarscaoilte TC21A**

**TC21 (A) – FÍORÚ A IARRAIDH**

| 1. An t-údarás ag an bhfuil an iarraidh á déanamh<br>(Ainm agus seoladh iomlán) | 2. An t-údarás inniúil ar a ndírítear<br>(Ainm agus seoladh iomlán) |
|---|---|
| 3. FÍORÚ STÁDAIS IARRTHA LE hAGHAIDH NA gCOINSÍNEACHTAÍ SEO A LEANAS A nDÉANTAR SLEACHTA AS DOICIMÉAD LEICTREONACH IOMPAIR AN AERÁRTHAIGH / AN tSOITHIGH A LEAGAN AMACH ANSEO THÍOS / A CHUR I gCEANGAL INA LEITH*: | |
| Ainm agus seoladh shealbhóir an fhormheasa | Aerárthach/Soitheach* agus dáta imeachta |
| | Aerárthach/Calafort* imeachta: |

| **Mír** | **Doiciméad leictreonach iompair d'aer/ar muir mar dhearbhú maidir le hidirthuras Uimhir** | **Uimhreacha coimeádán (nó marcanna agus uimhreacha)** | **Lasta Tuairisc** | **Líon na bPacáistí** | **Mais (kg) nó Toirt** | **Stádas dearbhaithe (T1, T2, TF, TD, C, F, X)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (1) | | | | | | |
| (2) | | | | | | |
| (3) | | | | | | |
| (4) | | | | | | |
| (5) | | | | | | |

4. TORADH AN FHÍORAITHE
Tá fíorú gach coinsíneachta sásúil **seachas** maidir leis na nithe seo a leanas:
(Doiciméid tacaíochta i gceangal)

5. AN tÚDARÁS A LÍONANN ISTEACH AN FÍORÚ:

Ainm: ......................................................... Síniú: .................................

Dáta:........................................................... Stampa: ......................................

* scrios de réir mar is iomchuí

Le haghaidh aon chuideachta, aon aerárthaigh nó aon soithigh amháin is ceart an iarraidh seo a úsáid.

Tá an fhoirm le líonadh isteach agus le seoladh ar ais chuig an oifig a shonraítear ag 1.

### VII.8.7 Samplaí de chásanna sa nós imeachta fiosrúcháin

Más rud é nach bhfuil deireadh le hoibríocht idirthurais fós tar éis dheireadh an nós imeachta fiosrúcháin, d'fhéadfadh na cásanna seo a leanas a bheith úsáideach d'údarás inniúil na tíre imeachta chun an t-údarás atá inniúil ar aisghabháil an fhéich a chinneadh:

a) Oibríocht idirthurais nach mbaineann oifig custaim idirthurais ar bith leis (oibríocht iomlán inmheánach lena mbaineann páirtí conarthach leis an gCoinbhinsiún).

D'fhéadfadh a bheith i gceist le staid den sórt sin oibríocht idirthurais an Aontais laistigh den Aontas Eorpach nó oibríocht idirthurais atá teoranta do chríoch aon cheann amháin de na Páirtithe Conarthacha eile (oibríocht nach mbaineann idirthuras comhchoiteann léi).

Sampla:

[An Danmhairg - an Ghearmáin - an Fhrainc - an Spáinn]

Ní fhéadfaidh údarás inniúil na tíre cinn scríbe (i.e. údarás an Pháirtí Chonarthaigh chéanna nó na tíre céanna) aon chruthúnas a sholáthar ar chur i láthair ag an gceann scríbe.

Tá an choinsíneacht 'imithe amú' áit éigin sa Pháirtí Conarthach/tír i gceist.

b) Oibríocht idirthurais lena mbaineann oifigí custaim idirthurais ar imeacht as, ansin ar theacht isteach chuig an bPáirtí Conarthach céanna (úsáid aon tríú tír amháin nó níos mó, seachas tíortha comhchoiteanna idirthurais).

Sa chleachtas, ní fhéadfadh ach an tAontas Eorpach a bheith bainteach le cás den sórt sin.

Sampla:

(An Pholainn – *an Úcráin* - an Rómáin)]

Ní fhéadfaidh údarás inniúil na tíre cinn scríbe aon chruthúnas a sholáthar ar chur i láthair ag an gceann scríbe, agus

I. Seoladh teachtaireacht IE118 ón oifig custaim ar theacht isteach (tabhairt isteach arís) sa Pháirtí Conarthach i gceist (an Rómáin):

tugadh an choinsíneacht isteach arís sa Pháirtí Conarthach i gceist, agus d'imigh sí 'amú' ansin.

II. Seoladh teachtaireacht IE118 ón oifig custaim ar imeacht ón bPáirtí Conarthach i gceist (an Pholainn) agus níor seoladh í ón oifig custaim ar theacht isteach (tabhairt isteach arís) sa Pháirtí Conarthach céanna sin (an Rómáin):

tá an choinsíneacht 'imithe amú' idir an dá oifig custaim idirthurais, sa tríú tír (an Úcráin)

III. Níor seoladh aon teachtaireacht IE118 ar imeacht ón bPáirtí Conarthach i gceist (an Pholainn) ná ar theacht isteach (tabhairt isteach arís) sa Pháirtí Conarthach céanna sin (an Rómáin):

> níor fhág an choinsíneacht an Páirtí Conarthach i gceist agus tá sí 'imithe amú' idir an oifig custaim imeachta agus an chéad oifig custaim idirthurais tar éis imeachta.

<u>c) Oibríoch idirthurais nach mbaineann léi ach oifigí custaim idirthurais (ar theacht isteach) ag teorainneacha idir na Páirtithe Conarthacha.</u>

> Sampla:
>
> [An Pholainn - Poblacht na Seice - an Ghearmáin - an Eilvéis - an Fhrainc]

I. Níor seoladh teachtaireacht IE118 ón oifig custaim idirthurais dheiridh (ar theacht isteach sa Fhrainc) ach seoladh í ón oifig custaim idirthurais roimhe sin (ar theacht isteach san Eilvéis):

> tá an choinsíneacht tagtha chomh fada leis an Eilvéis ach tá sí 'imithe amú' idir an oifig custaim idirthurais ar theacht isteach san Eilvéis agus an oifig custaim idirthurais ar theacht isteach sa Fhrainc;

II. Níor seoladh teachtaireachtaí IE118 ar chor ar bith.

> níor fhág an choinsíneacht an Páirtí Conarthach imeachta agus tá sí 'imithe amú'.

<u>c) Oibríoch idirthurais lena mbaineann oifigí custaim idirthurais ag teorainneacha idir na Páirtithe Conarthacha agus le tríú tíortha</u>

> Sampla:
>
> [An Ghréig, an Bhulgáir, an Rómáin – *an Úcráin* – an tSlóvaic – an Pholainn]
>
> Is cás é sin a shonraítear i gcás (b). Tá an cás agus an réiteach cosúil dá bhrí sin, leis na modhnuithe is gá (*mutatis mutandis*).

## Cuid VIII – Fiachas agus Aisghabháil

### VIII.1 Raon feidhme na bhforálacha

*Teideal IV, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Baineann an chaibidil seo le raon feidhme na bhforálacha maidir le fiachas agus aisghabháil sa nós imeachta idirthurais comhchoiteann agus i nós imeachta idirthurais an Aontais.

*Airteagail 79, 84 agus 87 CCA*

*Airteagal 77 DA, Airteagal 85(1) DA, Airteagail 165 IA, 311 IA*

Is é is aidhm do Chuid VIII leagan comhchuibhithe a leagan amach de na cásanna sin ina dtagann fiach chun cinn le linn oibríochtaí idirthurais comhchoiteanna amháin nó oibríochtaí idirthurais an Aontais amháin, na féichiúnaithe a shainaithint agus na tíortha sin atá freagrach as an bhfiach a aisghabháil ó fhéichiúnaithe agus ó ráthóirí a shainaithint go soiléir. Ach ní théann na forálacha sin níos faide ná sin. Fágtar faoi gach Páirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún freagracht a ghlacadh as aisghabháil iarbhír i gcomhréir le rialacháin an Pháirtí féin sna hábhair sin ach amháin teorainneacha ama chun tús a chur le haisghabháil. Chun críocha an Aontais, leagtar amach na rialacha comhchuibhithe maidir le fiach custaim i gCód Custaim an Aontais (CCA).

### VIII.1.1 Sainmhínithe

Fiachas

*Airteagal 3(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Chun críocha an Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, ciallaíonn ‘fiach’ an oibleagáid ar dhuine an méid dleachtanna ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc atá dlite maidir le hearraí arna gcur faoin nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach.

Fiach custaim

*Airteagal 5(18) CCA*

Chun críocha an Aontais, sainmhínítear ‘fiach custaim’ mar ‘an oibleagáid ar dhuine méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc’, agus leagtar amach na dleachtanna in Airteagal 56 de CCA. Ós rud é go mbíonn mar éifeacht ag rialacha idirthurais an Aontais ‘dleachtanna eile’ (muirir eile) a chur ar fionraí, le CCA leathnaítear raon feidhme fhorálacha áirithe CCA chun ‘muirir eile’ a chuimsiú chun críoch ráthaíochtaí, fiach custaim agus aisghabháil (e.g. Airteagal 89(2) CCA).

Chun críocha an doiciméid seo, úsáidtear an focal ‘fiach’ chun an dá shainmhíniú thuas a chumhdach.

Téarnamh

Ba cheart a thuiscint leis an téarma cineálach ‘aisghabháil’, a úsáidtear anseo i gcomhthéacs idirthuras comhchoiteann agus idirthuras an Aontais, gach céim a bhaineann le bailiú cibé

suimeanna atá dlite.

### VIII.1.2 Idirdhealú idir pionóis airgeadais agus pionóis choiriúla

*Airteagal 112, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79 CCA*

I dtaca le hoibríocht idirthurais, maidir leis an 'bhfiach' a bhí ar fionraí fad a bhí na hearraí faoin nós imeachta idirthurais, ní mór an fiach sin a aisghabháil murar urscaoileadh an nós imeachta idirthurais mar ba ghá tar éis a shuí gur tabhaíodh 'fiach' mar thoradh ar bhaint neamhdhleathach nó ar neamhchomhlíonadh coinníll lena rialaítear cur na n-earraí faoin nós imeachta nó úsáid an nós imeachta.

Maidir leis na cásanna sin is cúis le fiach, is minic a bhíonn siad cosúil le 'cionta' nó le 'neamhrialtachtaí', nach mbíonn mar thoradh orthu bailiú suime atá dlite go hoibiachtúil ach forchur smachtbhanna riaracháin agus/nó chóiriúil. Ní chumhdaítear le Cuid VIII den Lámhleabhar Idirthurais ach na cásanna sin ina dtabhaítear fiach oibiachtúil; ní chumhdaítear leis an ghné choiriúil, agus is ar gach Ballstát ar leith nó ar an tír chomhchoiteann idirthurais ar leith an fhreagracht maidir leis sin.

## VIII.2 Tabhú/neamhthabhú féich, clistí, agus sainaithint féichiúnaithe agus ráthóirí

Baineann an chaibidil seo leis an méid a leanas:

- tabhú agus neamhthabhú féich;
- cliseadh an nós imeachta;
- clistí eile chun an nós imeachta a chomhlíonadh; agus
- agus sainaithint na bhféichiúnaithe agus na ráthóirí.

### VIII.2.1 Tabhú/neamhthabhú an fhéich

#### VIII.2.1.1 Nuair a thabhaítear fiach

##### VIII.2.1.1.1 Baint neamhdhleathach na n-earraí as an nós imeachta

*Airteagal 112(1)(a) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79(1)(a) agus (2)(a) CCA*

Ní mór go dtabhaítear an fiach i gcás nach n-urramaítear an oibleagáid i ndáil le 'baint as an maoirseacht custaim' nó de réir bhrí an Choinbhinsiúin 'ón nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach'. I gcás ina mbaintear na hearraí agus nach n-urramaítear na hoibleagáidí, tabhaítear fiach a luaithe a bhaintear na hearraí as an nós imeachta.

*Airteagal 112(3)(a) agus Airteagal 114, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79 CCA*

Ach amháin i gcás ina ngoidtear na hearraí go mínáireach ón gcóir iompair, bíonn sé chomh deacair céanna an uair bheacht a bhaintear na hearraí a aithint agus atá sé an áit ina ndéantar é a aithint, toisc go bhfuil an dá rud nasctha. Mar sin féin, tá tábhacht uair na bainte coibhneasta toisc go mbíonn na hearraí faoin nós imeachta ar feadh tréimhse atá sách gairid de ghnáth agus níor cheart, dá bhrí sin, na fachtóirí a dhéanann difear do ríomh mhéid an fhéich a athrú ó bhonn le linn na tréimhse sin. I gcás nach féidir an áit bheacht agus an dáta beacht a shainaithint, ba cheart an tír atá freagrach as an oifig dheireanach custaim idirthurais a thugann fógra faoin trasnú teorann don oifig custaim imeachta a úsáid le haghaidh na háite nó, ina éagmais sin, an tír atá freagrach as an oifig custaim imeachta. Ní mór an chéad lá oibre tar éis éag na teorann ama chun na hearraí a chur i láthair ag an oifig cinn scríbe a úsáid le haghaidh an dáta.

Teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) a thaisceadh ag an oifig dheireanach idirthurais a éascaíonn chinneadh na tíre inar tharla an bhaint neamhdhleathach.

#### VIII.2.1.1.2 Neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha

*Airteagal 122(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*
*Airteagal 79(1) CCA*

Tabhaítear fiach nuair nach gcomhlíontar coinníoll a rialaíonn cur na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais nó faoi úsáid an nós imeachta sin.

### VIII.2.2 Cliseadh an nós imeachta

#### VIII.2.2.1 Cásanna ina dtarlaíonn baint neamhdhleathach

Go teoiriciúil, d'fhéadfaí gach cás, nach mbíonn an lucht custam in ann a áirithiú go gcomhlíontar rialacha custam agus, i gcás inarb iomchuí, forálacha eile atá infheidhme maidir leis na hearraí, a chumhdach leis an gcoincheap 'baint neamhdhleathach' (féach Roinn VIII.2.1.1.1).

Is iad seo a leanas, go háirithe, na cásanna lena bhfágtar go bhfuil baint neamhdhleathach earraí as an nós imeachta idirthurais/maoirseacht custaim:

1. Cás nach gcuirtear earraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe nó coinsíní údaraithe, lena n-áirítear sna cásanna a leanas:

- i gcás inar goideadh nó fuadaíodh na hearraí go léir, nó cuid

díobh, le linn an turais (‘earraí ar iarraidh[79]‘);

- i gcás inar falsaíodh cruthúnas gur cuireadh na hearraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe;
- i gcás ina gcuireann an t-iompróir na hearraí i láthair coinsíní nach é an coinsíní údaraithe é;
- i gcás inar cuireadh earraí eile in áit na n-earraí dearbhaithe go léir, nó cuid díobh.

2. Ionadú oibríocht idirthurais/stádas custaim na n-earraí (m.sh. trí bhíthin dearbhú maidir le hidirthuras comhchoiteann/an Aontais ‘T2’ in áit dearbhú maidir le hidirthuras comhchoiteann/an Aontais ‘T1’ nó le cruthúnas ar stádas custaim dhoiciméad ‘T2L’ nó ‘T2LF’ earraí de chuid an Aontais – nó coibhéis amhail an litir ‘C’ nó ‘T2F’ ar dhoiciméid aeir nó farraige).

### VIII.2.2.2 Cásanna nach bhfuil baint neamhdhleathach ann

Ní hionann cásanna áirithe agus baint neamhdhleathach. Mar shampla, nuair a bhristear séala nuair a chuirtear coinsíneacht i láthair go hiomchuí ag an oifig custaim cinn scríbe. Sampla eile, maidir le nós imeachta idirthurais an Aontais an uair seo, ná cás ina meastar nach baint neamhdhleathach é earráid ar stádas custaim earraí nach de chuid an Aontais iad a liostaítear i ndoiciméad leictreonach iompair mar dhearbhú maidir le hidirthuras le haghaidh úsáid nós imeachta idirthurais an Aontais le haghaidh earraí arna n-iompar d’aer (i gcás ina n-úsáidtear an cód ‘C’ in áit ‘T1’), ar choinníoll go rialtaíonn an aerlíne stádas custaim na n-earraí trí bhíthin cead a thabhairt dóibh trí chustaim ar theacht dóibh ag a gceann scríbe.

Toisc nár baineadh na hearraí go neamhdhleathach, áfach, ní chiallaíonn sé sin gur comhlíonadh oibleagáidí eile maidir leis an nós imeachta idirthurais nó nár tabhaíodh aon fhiach (féach Roinn VIII. 2.3).

79 San Aontas, in Airteagal 124, CCA, agus Airteagal 103 DA meastar go bhfuil an fiach múchta i gcás ina ngoidtear earraí nach de chuid an Aontais iad atá sa nós imeachta idirthurais, ar choinníoll go n-aisghabhtar na hearraí go pras agus go gcuirtear iad ina gcás bunaidh custam sa stát ina raibh siad sular goideadh iad.

### VIII.2.2.3 Cás nár comhlíonadh ceann amháin, nó níos mó, de na coinníollacha a rialaíonn cur na n-earraí faoin nós imeachta

*Airteagal 122(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79(1) CCA*

Is féidir leis seo tarlú agus na hearraí faoin nós imeachta idirthurais á gcur, nó roimhe sin, i gcás nach dtagann na fíorais a bhfágfadh nach gceadófaí deonú an cheada chun solais tar éis do scaoileadh na n-earraí le haghaidh idirthurais. Samplaí féideartha de seo ná earraí a chuirtear isteach le haghaidh an nós imeachta:

- gan ráthaíocht bhailí le haghaidh an nós imeachta idirthurais (toisc gur cúlghaireadh é nó gur cealaíodh é nó go ndeachaigh an tréimhse bailíochta in éag), nó i gcás nach bhfuil sé bailí don chríoch lena mbaineann (toisc go ndeachaigh an oibríocht trí Bhallstát/Pháirtí Conarthach nach gcumhdaítear leis an ráthaíocht) nó toisc gur sáraíodh an méid tagartha le haghaidh na ráthaíochta cuimsithí nó an tarscaoileadh ráthaíochta;
- ag coinsíneoir údaraithe ach i gcás, atá contrártha do na rialacha nó do riachtanais an údaraithe:
  - ✓ níor séalaíodh an lód;
  - ✓ níor socraíodh aon teorainn ama le haghaidh chur i láthair na coinsíneachta ag an gceann scríbe;
- ag sealbhóir údaraithe chun simpliú a úsáid a eisíodh ar bhonn faisnéis mhícheart nó neamhiomlán;
- tar éis neamhniú, chúlghairm nó fhionraí an údaraithe maidir le húsáid simpliú;
- faightear níos déanaí nach gcomhlíontar ceann de na coinníollacha a leagtar amach le haghaidh úsáid simpliú (mar shampla: níor cuireadh athrú úinéireacht le linn an phróisis údaraithe in iúl).

### VIII.2.2.4 Fiach a thabhaítear maidir leis an nós imeachta idirthurais

Ní chumhdaíonn na forálacha atá infheidhme maidir le nós imeachta idirthurais coiteann/an Aontais teagmhais a bhíonn mar chúis le fiach agus aisghabháil nach bhfuil mar chuid den nós imeachta idirthurais, fiú i gcás a bhfuil an chuma air go bhfuil ‘ceangal acu le’ oibríocht idirthurais. Tabhaítear an cineál seo féich sna cásanna a leanas, cuir i gcás:

- tar éis dearbhú custaim a mbíonn fiach le híoc dá bhua nuair a allmhairítear earraí nó tar éis do nós imeachta idirthurais críochnú (e.g. scaoileadh i saorchúrsaíocht); nó
- mar iarmhairt ar thabhairt isteach neamhdhleathach (e.g. smuigleáil) earraí atá faoi réir dleachtanna sa tír

(a) gan dearbhú maidir le hidirthuras (‘mainneachtain dearbhú’); nó

(b) faoi chumhdach dearbhú maidir le hidirthuras a chumhdaíonn níos mó earraí ná an méid a dhearbhaítear agus nach gcuirtear isteach le haghaidh an nós imeachta idirthurais.

Ní dhéanann an cás a thuairiscítear in b) difear do chomhlíonadh an nós imeachta idirthurais i gceist de ghnáth.

I gcás ina dtagann ceann de na cásanna ‘maidir le hidirthuras’ chun cinn, áfach, agus i gcás inar eascair fiach as sin, ba cheart don údarás a d’aimsigh an cás fógra a thabhairt d’údarás inniúil na tíre imeachta maidir le haon bheart a dhéanfaidh sé. Déantar é sin chun é a chur ar chumas údarás inniúil na tíre imeachta neamhrialtachtaí féideartha i leith na n-earraí a bhí le cur faoin nós imeachta idirthurais a shainaithint.

### VIII.2.3 Múchadh féich

*Airteagal 112(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 124(1)(g) agus (h), CCA*

*Airteagal 103(c) DA*

Múchtar fiach ar na bealaí seo a leanas:

- Baintear na hearraí as an nós imeachta idirthurais, nó i gcás neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha lena rialaítear cur na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais nó úsáid an nós imeachta idirthurais, baint as nó neamhchomhlíonadh a eascraíonn as díothú iomlán nó caillteanas doleigheasta na n-earraí sin (i.e. ní féidir iad a úsáid) de thoradh a gcineál iarbhír (i.e. gnáthghalú), imthosca nach féidir a thuar nó *force majeure*, nó de thoradh treorach ón údarás custaim.
- Ní raibh éifeacht shuntasach ag an mainneachtain as ar eascair tabhú an fhéich ar oibriú ceart an nós imeachta idirthurais agus nach iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti. Fágann an fhoráil seo faoi gach Páirtí Conarthach cásanna a d’fhéadfaí go mbeadh feidhm aige seo a shainaithint agus, dá bhrí sin, an raon feidhme a theorannú.
  Tagraíonn meabhlaireacht do choimisiúnú gnímh ar dócha go n-eascróidh imeachtaí cúirte coiriúla as, nó iarracht gníomh den sórt sin a dhéanamh.
- Rinneadh ina dhiaidh sin na foirmiúlachtaí uile ba ghá chun staid na n-earraí a chur ina ceart.

Braitheann an bealach a ndéantar an ‘tabhairt chun rialtachta’ seo ar oibleagáid an choinníll i gceist. Sonraítear le hAirteagal 103(c) DA go bhfuil cás áirithe ar cheann de na cásanna ina dtarlaíonn an mhainneachtain sin, is é sin cás inar athbhunaíodh an mhaoirseacht chustaim dá éis sin le haghaidh earraí nach gcumhdaítear le dearbhú maidir le hidirthuras, ach ar earraí iad a bhí á stóráil go sealadach nó a cuireadh faoi nós imeachta speisialta in éineacht le hearraí a cuireadh faoin nós imeachta

idirthurais sin go foirmiúil[80].

### VIII.2.4 Sainaithint na bhféichiúnaithe agus na ráthóirí

#### VIII.2.4.1 Cé hiad na bhféichiúnaithe

*Airteagal 113, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 79(3) agus (4), CCA*

Faoi Airteagal 113(2) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 79(3) agus (4) de Chód Custaim an Aontais (CCA)):

- I gcás nach gcomhlíontar ceann de na hoibleagáidí maidir le baint na n-earraí as an maoirseacht custaim, is é an féichiúnaí an duine ar a gceanglaítear na hoibleagáidí a chomhlíonadh.

  Ní mór do shealbhóir an nós imeachta de réir Airteagal 8(1) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 233 CCA) a bheith sa duine sin. Tá an duine aonair sin faoi dhliteanas neamhchoinníollach iomlán an fhéich. Ní bhíonn aon ghné de mheabhlaireacht i sainaithint shealbhóir an nós imeachta mar fhéichiúnaí. Féadfar, áfach, an féichiúnaí bheith in iompróir nó faighteoir na n-earraí freisin (Airteagal 8(2) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 233(3) CCA). I gcás ar bith, braithfidh sainaithint an fhéichiúnaí ar an oibleagáid shonrach nár comhlíonadh agus foclaíocht na forála a chruthaigh an oibleagáid.

  Thairis sin, ní bheidh aon duine aonair a raibh baint acu le baint (comhchoirithe) na n-earraí atá i gceist, nó a fuair iad nó a choinnigh iad (faighteoirí nó sealbhóirí) ina bhféichiúnaithe ach amháin má bhí siad feasach, nó ar cheart dóibh a bheith feasach go réasúnta, gur baineadh na hearraí as an maoirseacht custaim. Sa chás seo, cinneann gné na meabhlaireachta ar féidir nó nach féidir na daoine aonair lena mbaineann a mheas mar fhéichiúnaithe.
- I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha lena rialaítear cur na n-earraí faoin nós imeachta, is é an féichiúnaí an duine ar a gceanglaítear na coinníollacha a rialaíonn an chuir a chomhlíonadh.

Sna cásanna seo, sealbhóir an nós imeachta a bheidh san fhéichiúnaí, an duine ar a gceanglaítear na coinníollacha, maidir le cur na n-earraí faoi nós imeachta idirthurais, a chomhlíonadh, lena n-áirítear nós imeachta simplithe. Má thug an gníomh a bhaineann

[80] Nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

le cur na n-earraí faoin nós imeachta gur ceanglaíodh ar thríú páirtí na coinníollacha a chomhlíonadh, áfach, measfar gurb é an páirtí sin an féichiúnaí, i dteannta le sealbhóir an nós imeachta.

### VIII.2.4.2 Éilimh in aghaidh féichiúnaithe

*Airteagal 116(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 101 CCA*

Ní mór do na húdaráis inniúla imeachtaí aisghabhála a thionscnamh a luaithe a bhíonn siad in ann méid an fhéich a ríomh agus an féichiúnaí (nó féichiúnaithe) a shainaithint.

### VIII.2.4.3 Féichiúnaithe éagsúla agus a ndliteanas comhpháirteach agus leithleach

*Airteagal 113(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 84 CCA*

I gcás inar sainaithníodh níos mó ná féichiúnaí amháin mar dhuine atá faoi dhliteanas an fhéich chéanna, meastar go bhfuil siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i ndáil le híoc mhéid an fhéich. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh an t-údarás atá freagrach as aisghabháil a iarraidh ar aon cheann de na féichiúnaithe an méid a íoc agus má íocann duine de na féichiúnaithe an fiach ar fad, nó cuid de, go múchtar an fiach, nó an chuid a íocadh, i gcás na bhféichiúnaithe ar fad. Maidir leis na sonraí, tá rialacha an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann i bhfeidhm[81].

*Airteagal 108 (3) CCA*

*Airteagal 91 DA*

<u>Maidir leis na Ballstáit:</u>

Cuirfidh na húdaráis chustaim an oibleagáid maidir le híoc na ndleachtanna ar fionraí i gcás inar sainaithníodh féichiúnaí amháin ar a laghad agus i gcás inar cuireadh an duine sin ar an eolas maidir le méid an fhéich. Tá an fionraí teoranta do 1 bhliain amháin agus braitheann sé ar thaisceadh ráthaíocht bhailí a chumhdaíonn méid iomlán na ndleachtanna i gceist ó ráthóir (ní mheastar gur ráthaíocht den sórt sin é bac an mhéid tagartha le haghaidh na hoibríochta idirthurais lena mbaineann). I gcás ar féichiúnaí é an duine ar bhonn Airteagal 79(3)(a) de Chód Custaim an Aontais (CCA), ní chuirtear an fhionraí seo i bhfeidhm má mheastar gur féichiúnaí é an duine

81 I gcás an Aontais Eorpaigh, sainmhíníonn Airteagal 108(3)(c)CCA agus Airteagal 91 DA na cásanna agus na coinníollacha inar cheart oibleagáid an fhéichiúnaí dleacht a íoc a chur ar fionraí toisc gur tabhaíodh an fiach custaim faoi Airteagal 79 CCA agus tá breis agus féichiúnaí amháin ann. Is faoi na Páirtithe Conarthacha é a chinneadh ar cheart forálacha cosúla a ghlacadh maidir le fiach a thagann chun cinn ina gcríoch féin.

seo i gcomhréir le hAirteagal 79(3)(b) nó (c) de Chód Custaim an Aontais (CCA) nó más féidir meabhlaireacht nó faillí shoiléir a chur i leith an duine sin.

### VIII.2.4.4 Fógra a thabhairt don fhéichiúnaí

*Airteagal 116(2) agus (3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagail 102 agus 108 go 112 CCA*

Cuirtear méid an fhéich in iúl don fhéichiúnaí a chaithfidh é a íoc ag úsáid mhodhanna an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann, laistigh den teorainn ama shainordaitheach.

Seoltar an fógra seo de ghnáth nuair a bhíonn gach ní réidh le haghaidh thús na n-imeachtaí aisghabhála[82].

### VIII.2.4.5 Éilimh in aghaidh an ráthóra

#### VIII.2.4.5.1 Dliteanas agus scaoileadh an ráthóra

*Airteagal 117(1) Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 98(1) CCA*

Leanann dliteanas comhpháirteach nó leithleach ráthóra i leith aon fhiach a thabhaíonn a chliaint, sealbhóir an nós imeachta, chomh fada agus a mbíonn féidearthacht ann go mbeidh na fiacha sin dlite, a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:

- is é sealbhóir an nós imeachta an féichiúnaí i leith féich a tabhaíodh le linn na hoibríochta idirthurais a chumhdaítear le ráthaíocht arna soláthar ag an ráthóir;
- níor múchadh an fiach go fóill, e.g. trí bhíthin é a íoc, nó gur féidir leis teacht chun cinn go fóill;
- ní sháraíonn méid an fhéich atá dlite an méid uasta arna ráthú ag an ráthóir[83];
- níor scaoileadh an ráthóir óna oibleagáidí toisc nár sheol an t-údarás inniúil an fógra laistigh den tréimhse shainordaithe.

*Airteagal 117(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an*

Féadfar, dá bhrí sin, nach scaoilfear an ráthóir óna oibleagáidí fad is féidir a ghealltanas a éileamh mar a thuairiscítear thuas.

82 , is é seo ‹a luaithe a bheidh na húdaráis chustaim in ann méid na dleachta allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin atá le híoc a chinneadh agus cinneadh a dhéanamh maidir leis› (Airteagal 102(3) Cód).

83 Tá an ráthóir freagrach i gcomhpháirt agus go leithleach as íoc na méideanna suas le teorainn an mhéid uasta a d'fhéadfadh a bheith 100 % / 50 % / 30 % den mhéid tagartha. Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach Cuid III – Ráthaíochtaí.

*gCoinbhinsiún*

*Airteagal 98 CCA*

*Airteagal 85(3) DA.*

### VIII.2.4.5.2 Teorannú dliteanais ag an ráthóir

*Pointe 2 doiciméad ráthaíochta Iarscríbhinn C4 Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Iarscríbhinn 32-03 DA*

I gcás ráthaíocht chuimsitheach, féadfaidh an ráthóir a dhliteanas a theorannú, i gcás éileamh le haghaidh íocaíochta, don mhéid uasta atá sonraithe acu. Ní bhaineann an teorainn seo, áfach, ach le hoibríochtaí idirthurais a thosaigh roimh an tríochadú lá tar éis éileamh níos luaithe ar íocaíocht. Bíonn sé seo mar atá chun rioscaí airgeadais an ráthóra a choimeád laistigh de theorainneacha inghlactha. An iarmhairt a bhíonn ann mar thoradh air seo, áfach, go bhféadfaí nach mbeadh an cumhdach ráthaíochta le haghaidh oibríochtaí a thosóidh laistigh den mhí tar éis an éilimh leordhóthanach.

Sampla:

> Socraítear leis an doiciméad ráthaíochta méid uasta de EUR 50 000. Faigheann an ráthóir an chéad éileamh ar íocaíocht le haghaidh EUR 40 000 an 15 Eanáir agus íocann an méid sin.
>
> Féadfaidh an ráthóir a dhliteanas a theorannú don iarmhéid de EUR 10 000 le haghaidh aon oibríocht idirthurais a thosaigh roimh an 14 Feabhra. Is cuma ar thosaigh an oibríocht seo roimh an 15 Eanáir nó ina dhiaidh nó cathain a fhaigheann siad an t-éileamh ar íocaíocht.

*Airteagal 2, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 151 IA*

*Airteagal 82 DA*

Tá an ráthóir dlite arís, áfach, an méid a éilítear a íoc, suas le méid uasta de EUR 50 000 má bhaineann an dara héileamh ar íocaíocht le hoibríocht idirthurais a thosaigh an 14 Feabhra nó ina dhiaidh. Féadtar an ráthóir a ghealltanas ráthaíochta a chealú tráth ar bith, áfach, agus beidh éifeacht ag an gcealú ar an 16ú lá tar éis an dáta ar a dtugtar fógra d'oifig custaim na ráthaíochta.

### VIII.2.4.5.3 Fógra a thabhairt don ráthóir

Murar urscaoileadh an oibríocht, ní mór fógra a thabhairt don ráthóir maidir leis an neamh-urscaoileadh mar a leanas:

*Airteagal 117(2),*

- ní mór d'údaráis inniúla na tíre imeachta fógra a thabhairt le

*Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

teachtaireacht 'Fógra Ráthóra' (IE023) nó litir choibhéiseach laistigh de 9 mí ón dáta ar ar cuireadh na hearraí i láthair na hoifige cinn scríbe; agus ansin

*Airteagal 85(1) DA*

*Airteagal 117(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

- ní mór do na húdaráis inniúla atá freagrach as aisghabháil fógra a thabhairt laistigh de 3 bliana ón dáta ar a nglactar leis an dearbhú maidir le hidirthuras, gurbh fhéidir go mbeadh sé/sí faoi dhliteanas go fóill maidir le haon mhéid a ráthaítear faoin oibríocht idirthurais comhchoiteann/faoi oibríocht idirthurais an Aontais i gceist.

*Airteagal 85(2) DA*

Ní mór go luafaí leis an gcéad fhógra[84] uimhir agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras, mar aon le hainm na hoifige custaim imeachta, sealbhóir an nós imeachta agus téacs an fhógra. Má úsáidtear litir choibhéiseach in ionad IE023, moltar an struchtúr céanna.

Ní mór go luafaí leis an dara fógra uimhir agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras, mar aon le hainm na hoifige custaim imeachta, ainm shealbhóir an nós imeachta agus an méid atá i gceist.

*Airteagal 10(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Chun éilimh in aghaidh an ráthóra a éascú, ceanglaítear air/uirthi a bheith bunaithe sa Pháirtí Conarthach ina soláthraítear an ráthaíocht le haghaidh oibríocht idirthurais chomhchoiteann, agus seoladh a thabhairt le haghaidh seirbhíse nó gníomhaire a cheapadh i ngach ceann de na Páirtithe Conarthacha a bhaineann leis an oibríocht sin.

*Airteagal 82(1) DA*

Má tá an tAontas ar cheann de na Páirtithe Conarthacha, ní mór don ráthóir seoladh seirbhíse a thabhairt nó gníomhaire a cheapadh i ngach Ballstát. Ós rud é nach é i gcónaí údarás inniúil na tíre inar soláthraíodh an ráthaíocht an t- údarás inniúil atá freagrach as aisghabháil, ní bhíonn faisnéis (ainm agus seoladh) an ráthóra ná an ghníomhaire sa tír sin ar fáil i gcónaí don údarás atá freagrach as aisghabháil.

Ní mór teachtaireacht maidir le ' Ceist faoi Ráthaíochtaí' (IE034) a úsáid i gcásanna den sórt sin agus ní mór an freagra a thabhairt le teachtaireacht 'Freagairt do Cheist faoi Ráthaíochtaí' (IE037)[85].

Má sheol an oifig imeachta teachtaireacht 'Aisghabháil a Iarraidh' (IE150) is féidir a áireamh leis an fhaisnéis maidir leis an ráthóir agus

84 Tá an fhaisnéis seo san áireamh i dteachtaireacht an ‹Fhógra Ráthóra› (IE023).

85 Nó, maidir le nós imeachta leanúnachais gnó ba cheart litir TC30 lena n-iarrtar seoltaí (féach samhail in Iarscríbhinn 8.3) a úsáid i gcásanna den sórt sin.

a sheoladh seirbhíse i dtír an údaráis atá freagrach as aisghabháil.

*Airteagal 117(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:

Scaoilfear an ráthóir óna chuid oibleagáidí mura n-éisítear aon cheann de na fógraí sin chuige roimh dháta éaga na teorann ama.

*Airteagal 85(3) DA*

| CUSTAIM |
|---|
| Mura bhfreagraíonn an ráthóir tríd an 'seoladh seirbhíse', ba cheart don údarás inniúil atá freagrach as aisghabháil teagmháil a dhéanamh le hoifig custaim na ráthaíochta go díreach. |

**VIII.2.4.6 Ríomh mhéid an fhéich**

Braitheann sé seo ar an méid seo a leanas:

- na dleachtanna agus muirir eile atá mar chuid den fhiach – a bhraitheann ar an nós imeachta idirthurais lena mbaineann; agus
- agus teagmhais inmhuirir nach mór a chur san áireamh.

Beidh na dleachtanna agus/nó na muirir eile éagsúil ag brath ar an gcomhshocrú idirthuras a úsáidtear agus ar na coinníollacha as ar eascair an fiach (an áit ina dtabhaítear an fiach). Is cásanna tipiciúla iad na cásanna a leanas (seachas comhshocruithe allmhairiúcháin fabhracha):

Idirthuras comhchoiteann

Cás 1:

Oibríocht idirthurais chomhchoiteann lena mbaineann earraí i saorchúrsaíocht i bPáirtí Conarthach[86]

Sampla 1A:

Nós imeachta T2 in éineacht le seachadadh laistigh den Aontas [an tAontas - an Eilvéis - an tAontas][87] (Airteagal 2(3) den Choinbhinsiún)

86 Meastar go bhfuil earraí i saorchúrsaíocht i bPáirtí Conarthach a thosaíonn oibríocht idirthurais chomhchoiteann nuair a shroicheann siad Páirtí Conarthach eile amach caitear leo mar earraí $T_2$ (i.e. earraí de chuid an Aontais a ghluaistear faoi nós imeachta comhchoiteann T2 maidir le hearraí faoi bhealach).

- má tharla na teagmhais a ghineann fiach san Aontas: ní bhíonn aon dleacht dlite (toisc gur earraí de chuid an Aontais iad seo), féadfar go mbeadh muirir eile dlite ag brath ar na rialacha maidir le cánacha náisiúnta atá infheidhme maidir leis na hearraí;
- má thabhaítear fiach san Eilvéis: is féidir an fiach a aisghabháil san Eilvéis (dleachtanna agus muirir eile).

Sampla 1B:

Nós imeachta T2 in éineacht le honnmhairiú [an tAontas - an Iorua]

- má tharla na teagmhais a ghineann fiach san Aontas: ní bhíonn aon dleacht dlite (toisc gur earraí de chuid an Aontais iad seo – níl aon athrú ar stádas na n-earraí), féadfar go mbeadh muirir eile dlite ag brath ar na rialacha maidir le cánacha náisiúnta atá infheidhme maidir leis na hearraí; Agus ní mór na bearta maidir leis an nós imeachta onnmhairithe agus bearta lena mbaineann a neamhbhailiú;
- má thabhaítear fiach san Iorua: is féidir an fiach a aisghabháil san Iorua (dleachtanna agus muirir eile).

*Airteagal 148(5) DA*

*Airteagal 340 IA*

Sampla 1C:

Nós imeachta T1 in éineacht le honnmhairiú earraí faoi réir bearta áirithe onnmhairiúcháin[88] [an tAontas - an Eilvéis] (Airteagal 2(2) den Choinbhinsiún)

- má tharla na teagmhais a ghineann fiach san Aontas: ní bhíonn aon dleacht dlite (toisc gur earraí de chuid an Aontais iad seo), féadfar go mbeadh muirir eile dlite ag brath ar na rialacha maidir le cánacha náisiúnta atá infheidhme maidir leis na hearraí. Agus ní mór na bearta maidir leis an nós imeachta onnmhairithe agus bearta lena mbaineann a neamhbhailiú;
- má thabhaítear fiach san Eilvéis: is féidir an fiach a aisghabháil san Eilvéis (dleachtanna agus muirir eile).

Cás 2:

Oibríocht idirthurais chomhchoiteann lena mbaineann earraí ó

87 Is nós imeachta idirthurais T2 inmheánaigh an Aontais den chineál dá dtagraítear in Airteagal 227(2)(a) CCA agus Airteagal 293 IA.

88 Tagraíonn an cás seo d’Airteagal 226 (2) CCA agus Airteagal 189 DA lena gcumhdaítear earraí atá faoi réir bearta áirithe onnmhairiúcháin.

thríú tíortha nó ó Pháirtithe Conarthacha eile[89]

- bíonn dleachtanna agus muirir eile dlite sa tír inar tabhaíodh an fiach.

Idirthuras comhchoiteann agus/nó idirthuras an Aontais

*Airteagail 226(1), CCA*

Cás 1:

Oibríocht idirthurais sheachtraigh T1 an Aontais lena mbaineann earraí nach de chuid an Aontais iad

- bíonn dleachtanna (fiach custaim) agus muirir eile le híoc sa Bhallstát ina dtabhaítear an fiach nó ina meastar gur tabhaíodh an fiach.

*Airteagal 227 CCA*

Cás 2:

Oibríocht idirthurais inmheánaigh T2 an Aontais

Is oibríocht idirthurais inmheánach T2 an Aontais é seo idir dhá phointe laistigh den Aontas, trí thríú tír seachas tír chomhchoiteann idirthurais. Coinníonn an cineál oibríochta seo stádas Aontas na n-earraí gan aon dleacht nó muirear eile a chur ar fionraí le haghaidh an Aontais ná a mBallstát.

- ní bhíonn aon dleacht dlite san Aontas ach féadfar go mbeadh muirir eile dlite, áfach, ag brath ar na rialacha maidir le cánacha náisiúnta atá infheidhme maidir leis na hearraí.

*Airteagal 227 CCA*

Cás 3:

*Airteagal 1(35)DA*

Oibríocht idirthurais inmheánaigh T2F an Aontais

- ní bhíonn aon dleacht (fiach custaim) le híoc ach bíonn muirir eile dlite sa Bhallstát ina dtabhaítear an fiach.

Is iad na gnéithe cánachais atá le cur san áireamh iad siúd a bhaineann leis na hearraí a liostaítear sa dearbhú maidir le hidirthuras. Ní mór iad a ghearradh ag na rátaí atá i bhfeidhm tráth a thabhaítear an fiach sa tír ina dtabhaítear é. Ríomhtar iad ag úsáid na sonraí a thugtar sa dearbhú agus aon fhaisnéis eile a sholáthraítear, mar shampla, faisnéis a sholáthraíonn na húdaráis lena mbaineann, sealbhóir an nós imeachta nó aon doiciméad a fhaightear ina dhiaidh sin.

89 I gcás an Aontais: 'earraí nach de chuid an Aontais iad' a ghluaistear faoin nós imeachta comhchoiteann T2 maidir le hearraí faoi bhealach (Airteagail 226(1) CCA).

## VIII.3 Aisghabháil an fhéich

Baineann an chaibidil seo leis an méid a leanas:

- an t-údarás atá freagrach as aisghabháil a shainaithint;
- an nós imeachta aisghabhála; agus
- sainaithint na háite inar tháinig an fiach chun cinn.

### III.3.1 Anailís ghinearálta

Tá an bunús dlí a rialaíonn an inniúlacht maidir leis an aisghabháil bunaithe ar an bprionsabal gurb é an t-údarás inniúil sa tír imeachta atá freagrach agus gurb aige a bhíonn an príomhról chun an nós imeachta aisghabhála, chun an tír inniúil le haghaidh na gcúraimí seo a chinneadh, nó, más infheidhme, chun glacadh le hiarraidh ar aistriú inniúlachta.

### VIII.3.2 Sainaithint an údaráis atá freagrach as aisghabháil

#### VIII.3.2.1 An t-údarás atá freagrach as aisghabháil

*Airteagal 114(3), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 101(1) CCA*

Tá sé fíor-riachtanach le haghaidh dhea-bhainistíocht an nós imeachta agus iarmhairtí airgeadais na dea-bhainistíochta sin an t-údarás atá freagrach as aisghabháil a shainaithint. Is é údarás na tíre inar tabhaíodh an fiach nó ar measadh gur tabhaíodh an fiach ann an t-údarás atá freagrach.

Tá an t-údarás seo freagrach as aisghabháil an fhéich agus muirear eile. Má toimhdíodh an áit ar tabhaíodh an fiach, áfach, (tá údarás inniúil na tíre imeachta freagrach mar réamhshocrú), níl ann ach go bhfuil an t-údarás seo sa chéad áit agus d'fhéadfaí an fhreagracht a aistriú go húdarás eile dá sainaithneofaí áit iarbhír an fhéich i gceart níos déanaí. Dá dtarlódh sé sin, bhraithfeadh na chéad chéimeanna eile dá mbeadh breis agus Páirtí Conarthach rannpháirteach nó nach mbeadh ach Ballstáit an Aontais rannpháirteach (féach Roinn VIII.3.3).

#### VIII.3.2.2 An áit ina dtagann an fiach chun cinn

Níl aon riail shonrach ann maidir leis an mbealach chun an áit ina dtagann an fiach chun cinn a chinneadh. Féadfar aon mhodh (taifid chustaim, doiciméid arna gcur i láthair ag sealbhóir an nós imeachta, etc.) a úsáid dá bhrí sin ar choinníoll go measann údarás na tíre i

gceist go bhfuil sé leordhóthanach.

### VIII.3.2.2.1 An áit ina dtarlaíonn na teagmhais as a n-eascraíonn an fiach

*Airteagal 114(1)(a), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Braitheann sé seo i bprionsabal ar chinneadh na háite ar tharla na teagmhais as a n-eascraíonn an fiach.

*Airteagal 87(1), dara mír CCA*

Ag brath ar an teagmhas as ar eascair an fiach, is é an áit ar baineadh na hearraí as an nós imeachta go neamhdhleathach a bheidh san áit ar tabhaíodh an fiach, i gcás nár comhlíonadh oibleagáid nó i gcás nár comhlíonadh ceann de na coinníollacha maidir le cur na n-earraí faoin nós imeachta.

*Airteagal 114(1)(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87(1), tríú mír*

*Airteagal 114(2), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87(1), tríú mír CCA*

Ní féidir é seo a shainaithint i gcónaí, áfach. Ceadaítear leis an dlí, dá bhrí sin, toimhdiú ná háite inar tabhaíodh an fiach nuair nach féidir an ait iarbhír a chinneadh. Féadtar a thoimhdiú:

- gurb é an áit ina raibh na hearraí i gcás as ar eascair an fiach de réir chinneadh na n-údarás inniúil; nó
- mar rogha dheireanach, an tír atá freagrach as an oifig dheireanach iontrála inar taisceadh teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) ag oifig custaim idirthurais nó, ina éagmais sin, sa tír atá freagrach as an oifig custaim imeachta.

### VIII.3.2.2.2 An áit ina raibh na hearraí i gcás as ar eascair an fiach de réir chinneadh na n-údarás inniúil

*Airteagal 114(1)(b), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87(1), tríú mír CCA*

Tugann an cinneadh seo le fios go gcaithfí go bhfuil suíomh na n-earraí ar eolas ag na húdaráis chustaim. Ní leor a chinneadh gur tabhaíodh fiach mura bhfuil suíomh na n-earraí ar eolas chun freagracht a leithdháileadh le haghaidh aisghabhála. Seachnaítear leis seo an fhéidearthacht gurbh fhéidir le húdaráis iomadúla a chinneadh gur tháinig fiach chun cinn ina ndlínsí.

### VIII.3.2.2.3 An áit arna cinneadh de réir réamhshocrú

*Airteagal 114(2), Foscríbhinn I a*

Bíonn feidhm ag an riail le haghaidh an údaráis inniúil a chinneann an

*ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87(2) CCA*

*Airteagal 77 DA*

áit inar tabhaíodh an fiach sna cásanna a leanas:

- laistigh de 7 mí ón teorainn ama le haghaidh theacht na n-earraí ag an oifig cinn scríbe, nó,
- mí amháin ó éag na teorann ama 28 lá a thugtar do shealbhóir an nós imeachta chun faisnéis a sholáthar (tar éis an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh) i gcás nár sholáthair sealbhóir an nós imeachta faisnéis leordhóthanach nó nár sholáthair sé/sí aon fhaisnéis i leith na hiarrata ó údarás inniúil na tíre imeachta;

mura féidir an áit a chinneadh trí bhíthin an áit ar tharla na teagmhais a shuí nó trí bhíthin chinneadh na n-údarás go raibh na hearraí i gcás as ar eascair an fiach.

Braitheann cur i bhfeidhm na rialach seo ar thoradh (nó easpa toraidh) an nós imeachta fiosrúcháin. Mar rogha dheireanach, áfach, ach mar gheall ar na barúlacha thuas maidir le cinneadh na háite iarbhír nó cás na n-earraí, beidh an modh seo i bhfeidhm maidir leis an gcuid is mó díobh.

Murar sainaithníodh aon ait eile faoi dheireadh na 7 mí, meastar gur tháinig an fiach chun cinn mar a leanas:

<u>faoi idirthuras comhchoiteann</u>:

- sa tír atá freagrach as an oifig custaim idirthurais dheireanach inar taisceadh 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10);
- nó, seachas sin, sa tír atá freagrach as an oifig custaim imeachta.

Sampla:

– *Oibríocht idirthurais chomhchoiteann (tá tír chomhchoiteann idirthurais rannpháirteach)*

[An tAontas (an Ghearmáin) – an Eilvéis – an tAontas (an Fhrainc)]

Cás I:

má taisceadh an teachtaireacht dheireanach 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10) ag oifig custaim idirthurais tar éis teacht isteach chuig an Eilvéis, meastar gurb í an Eilvéis an áit inar tabhaíodh an fiach.

Cás II:

má taisceadh an teachtaireacht dheireanach 'Fógra maidir le trasnú

teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10) ag oifig custaim idirthurais tar éis teacht isteach chuig an Aontas sa Fhrainc, meastar gurb í an Fhrainc an áit inar tabhaíodh an fiach.

Cás III:

mura bhfaightear aon teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10), meastar gurb í an Ghearmáin an áit inar tabhaíodh an fiach toisc gurb í sin an tír imeachta.

<u>faoi idirthuras san Aontas:</u>

- ag an áit inar cuireadh na hearraí isteach le haghaidh an nós imeachta (an Ballstát imeachta);
- nó ag an áit inar tháinig na hearraí isteach chuig críoch chustaim an Aontais faoi chumhdach an nós imeachta a bhí ar fionraí i gcríoch an tríú tír.

Samplaí:
– *Oibríocht idirthurais Aontais nach dtéann trí thríú tír nó tír idirthurais chomhchoiteann*
[An Danmhairg – an Ghearmáin – an Fhrainc – an Spáinn]

Níl aon oifig idirthurais rannpháirteach. Toisc gurb í an tír imeachta, measfar gurb í an Danmhairg an áit inar tabhaíodh an fiach.

– *Oibríocht idirthurais Aontais a théann trí thríú tír amháin, nó níos mó, seachas tíortha comhchoiteanna idirthurais agus lena mbaineann oifigí idirthurais ar imeacht ón Aontas agus teacht isteach chuig an Aontas*
[An tAontas (an Rómáin) – an Úcráin – (an tAontas) [90] an Pholainn]

Cás I:

Má taisceadh teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10) ag oifig idirthurais ar tháinig na hearraí atá i gceist isteach sa Pholainn faoin nós imeachta, meastar gurb í an

90 Is nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach den chineál dá dtagraítear in Airteagal 5 den Choinbhinsiún é seo freisin.

Pholainn an áit inar tabhaíodh an fiach.

Cás II:

Mura bhfaightear aon teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10), meastar gurb í an Rómáin (an tír imeachta) an áit inar tabhaíodh an fiach.

*Airteagal 5 den Choinbhinsiún*

NB: Má taisceadh teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) (nó i gcás nós imeachta leanúnachais gnó, nóta comhairle idirthurais TC10) ag oifig custaim idirthurais tar éis imeacht ón Aontas (an Ghréig) ach nár taisceadh aon cheann tar éis teacht isteach chuig an Tuirc, ní mheastar gur tabhaíodh aon fhiach toisc nár tharla baint neamhdhleathach na n-earraí faoi chumhdach nós imeachta idirthurais an Aontais ach i dtríú tír agus a bhfuil an nós imeachta (agus maoirseacht custaim ag údaráis inniúla na dtíortha atá rannpháirteach) ar fionraí ina críoch. D'fhéadfadh an cás seo teacht i ndiaidh chinneadh an nós imeachta fiosrúcháin (féach Cuid VII le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis an nós imeachta fiosrúcháin).

## VIII.3.3 Nós imeachta aisghabhála

*Airteagal 114, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

Ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta teacht ar a gcinntí laistigh de na teorainneacha ama sainordaithe (féach Roinn VIII. 3.2.2.3.).

Ballstáit:

*Airteagal 87 CCA*

*Airteagal 77 DA*

*Airteagal 105 CCA*

Ní mór an fiach custaim a chur sna cuntais laistigh de 14 lá ó éag na teorann ama, teorainn atá 7 mí ar fad, leis na hearraí teacht chuig an gceann scríbe.

## VII.3.3.1 Teachtaireachtaí maidir le malartú faisnéise

Féadfar an teachtaireacht 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' (IE144) agus an teachtaireacht 'Fiosrúchán agus iarratas ar fhaisnéis a aisghabháil' (IE145) a sheoladh tráth ar bith i rith phróiseas an nós imeachta fiosrúcháin aisghabhála chun faisnéis bhreise a mhalartú nó chun ceisteanna a chur maidir le gluaiseacht shonrach.

Féadfaidh an oifig custaim imeachta nó an oifig custaim cinn scríbe an malartú faisnéise sin a thionscnamh; ní gá freagra a thabhairt (teachtaireachtaí neamhchúpláilte) chun leanúint leis an nós imeachta.

Úsáideann an oifig custaim imeachta teachtaireacht IE144; úsáideann an oifig custaim cinn scríbe teachtaireacht IE145.

Más gá roinnt doiciméid pháipéir bhreise a chur ar áireamh, is féidir iad a sheoladh ar mhodhanna eile (facs, ríomhphost, post, etc.) go díreach chuig an duine teagmhála a shonraítear sna teachtaireachtaí agus tagairt shoiléir a dhéanamh do MRN na gluaiseachta lena mbaineann siad, agus má sheoltar iad le meáin an pháipéir, ní mór iad a bheith faoi chumhdach fhoirm TC20A (soláthraítear samhail in Iarscríbhinn VII.8.4).

### VIII.3.3.2 Malartú faisnéise agus comhoibriú d'fhonn aisghabhála

*Airteagal 13a, an Coinbhinsiún,*

*Foscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Treoir 2010/24/AE ón gComhairle*

Mura féidir an áit iarbhír ar tharla an teagmhas as ar eascair an fiach a chinneadh láithreach go cinnte (baint neamhdhleathach, gan coinníoll a chomhlíonadh), cinntear an t-údarás inniúil ar bhonn toimhdí.

*Airteagal 118, an chéad mhír d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 165(2)IA*

*Airteagal 118, an dara mír d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 165 IA*

Ní mór do thíortha cúnamh a thabhairt da chéile, ní hamháin ag céim na haisghabhála ach roimhe sin freisin, agus ag an gcéim ar a gcinntear an t-údarás atá freagrach as aisghabháil. Ciallaíonn sé seo nach mór na rialacha a chur i bhfeidhm go héifeachtach i ndáil le sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas nach bhfuil an nós imeachta tugtha i gcrích chomh maith leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta fiosrúcháin (Féach Cuid VII).

Ina theannta sin, ní mór cúnamh frithpháirteach den sórt sin a choinneáil ar bun agus an t-údarás atá freagrach as aisghabháil cinnte. Ní mór don údarás sin an oifig custaim imeachta agus oifig custaim na ráthaíochta a choinneáil ar an eolas maidir leis an mbeart a ndéantar chun an fiach a aisghabháil ag úsáid 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152). D'fhonn an ceanglas seo a chomhlíonadh, ní mór don údarás aon bheart, atá suntasach ó thaobh dlí de, atá déanta aige agus a dhéanann difear don aisghabháil (ionchúiseamh, forfheidhmiú, íocaíocht) a chur in iúl.

Taispeántar an liosta údarás atá freagrach as aisghabháil i ngach tír ar leathanach baile Europa 'Transit-COL' (http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/col/col_home.jsp?Lang=en) le haghaidh na ngluaiseachtaí NCTS agus in Iarscríbhinn VIII.8.1 le haghaidh gluaiseachtaí a thosaítear faoin nós imeachta leanúnachais gnó.

Tá malartuithe faisnéise den sórt sin níos tábhachtaí fós nuair nach é an t-údarás a shainaithnítear mar an t-údarás atá freagrach as aisghabháil údarás na tíre imeachta ag a bhfuil freagracht as tionscnaimh an nós imeachta fiosrúcháin agus faireachán a dhéanamh air. Má bhíonn údaráis éagsúla rannpháirteach, tá sé tábhachtach gur féidir leis an údarás a thionscnaíonn an nós imeachta fiosrúcháin a bheith cinnte go gcuirfí aon toradh a gheobhaidh sé san áireamh agus an t-údarás atá freagrach as aisghabháil á chinneadh. Seachnóidh an cur chuige seo tionscnamh nósanna imeachta aisghabhála iomadúla le haghaidh an fhéich chéanna agus aon mhoill i ndáil le fios a chur ar an bhféichiúnaí agus ar an ráthóir – agus dá bhrí sin, seachnófar cur amú acmhainní. Beidh feidhm aige seo freisin má mheasann údarás tíre cinn scríbe nó tíre idirthurais – sula bhfaightear fógra fiosrúcháin nó in ainneoin fógra fiosrúcháin a fháil – go bhfuil an fhaisnéis aige (fianaise ar theagmhais as ar eascair fiach nó earraí arna n-aimsiú i gcás as ar eascair) a shuíodh an tír sin mar an tír atá freagrach as aisghabháil.

### VIII.3.3.3 Iarraidh ar aisghabháil ón údarás inniúil imeachta

Chun cé acu údarás atá freagrach as aisghabháil a chinneadh go cinnte, ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh, mura féidir leis a shuí nach raibh aon tír eile páirteach san oibríocht idirthurais.

*Airteagal 50(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 311(1) IA*

*Airteagal 114, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 77 DA*

Nuair a fhaigheann údarás inniúil na tíre imeachta fianaise, ar aon bhealach, maidir leis an áit a dtagann an fiach custaim chun cinn roimh éag na teorann ama le haghaidh tionscnamh nós imeachta aisghabhála ag an imeacht, agus más cosúil go bhfuil an áit seo i mBallstát nó Páirtí Conarthach eile, ní mór an 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) a sheoladh chuig an údarás seo láithreach chun inniúlacht maidir le haisghabháil a aistriú, i gcásanna áirithe (féach freisin Roinn VIII.3.2.2.3). Is féidir le húdaráis inniúla na tíre cinn scríbe glacadh leis an iarraidh ansin, nó diúltú di (féach Roinn VIII.3.3.5).

### VIII.3.3.4 Iarraidh ar aisghabháil ó údarás inniúil eile

Ní mór d'údarás aon tír, atá rannpháirteach in oibríocht idirthurais, a aimsíonn cás, faoin nós imeachta, as a n-eascraíonn fiach go cinnte ina thír féin (e.g. baint neamhdhleathach earraí le linn an turais, gan coinníoll a chomhlíonadh) a iarraidh ar údarás inniúil na tíre imeachta an inniúlacht chun nós imeachta aisghabhála a thionscnamh a

thabhairt.

Níl cinneadh gur 'fuadaíodh' earraí le linn an turais nó má fhaightear go raibh siad ar iarraidh ag an gceann scríbe – gan aon fhaisnéis maidir leis an áit ar baineadh iad go neamhdhleathach nó an áit a bhféadfar iad a aimsiú – leordhóthanach chun a shuí gurb é údarás na tíre ina ndearnadh an cinneadh an t-údarás atá freagrach as aisghabháil. Sa chás seo, ní mór d'údarás inniúil na tíre a tháinig ar na cinntí seo a iarraidh ar údarás inniúil na tíre imeachta trí bhíthin ceann de na nithe seo a sheoladh:

- teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) le cód freagartha '4' (Iarraidh ar Aisghabháil ag an gCeann Scríbe) má thug siad fógra maidir lena fhreagracht mar chuid den nós imeachta fiosrúcháin; nó
- teachtaireacht 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) a iarrann aistriú inniúlachta má d'aimsigh sé earraí i gcás as a n-eascraíonn fiach ina dtír féin. Is féidir teachtaireacht IE150 a sheoladh ó aon oifig a measann go bhfuil sí inniúil i leith aisghabháil tráth ar bith le linn an nós imeachta (tar éis scaoileadh idirthurais agus go dtí go bhfuil stádas na gluaiseachta 'Faoi nós imeachta aisghabhála').

*Nós imeachta leanúnachais gnó*

I gcás an nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór d'aon údarás i dtír atá rannpháirteach agus a aimsíonn cás as a n-eascraíonn fiach ina thír féin údarás na tíre imeachta a chur ar an eolas trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra faisnéise' (TC24) a sheoladh a chomhlíonann an tsamhail a sholáthraítear in Iarscríbhinn VIII.8.2. go bhfuil sé ag iarraidh freagracht as an aisghabháil a fháil. Ní mór don fhaisnéis seo teacht chuig údarás inniúil na tíre imeachta roimh éag an sprioc-ama. Ní mór don údarás seo a admháil go bhfuair sé an chumarsáid seo gan mhoill agus ní mór dó a chur in iúl má bhíonn an t-údarás iarrthach freagrach as aisghabháil trí bhíthin teachtaireacht TC24 líonta a sheoladh ar ais.

### VIII.3.3.5 Glacadh an údarás iarrtha leis an aisghabháil

*Airteagal 115, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87(4) CCA*

*Airteagal 311 IA*

Ní mór don údarás inniúil, a n-iarrtar air aisghabháil a dhéanamh, nó an inniúlacht maidir le haisghabháil a thabhairt, freagra a thabhairt don iarraidh trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a deir 'Tá' nó 'Níl' maidir le haistriú na hinniúlachta a sheoladh (mura bhfuil teachtaireacht IE118 ann nó má thaisctear teachtaireacht IE006). Más 'Níl' an freagra, fanann an inniúlacht leis an tír imeachta. Más 'Tá' an freagra, aistrítear an inniúlacht chuig an tír a nglacann leis an iarraidh, agus ba cheart don tír sin an nós imeachta aisghabhála a thionscnamh. Ba cheart don tír imeachta

sealbhóir an nós imeachta a chur ar an eolas dá réir sin.
Ní mór teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a sheoladh laistigh de 28 lá.

Má bhíonn an fiach custaim níos lú na EUR 10 000, fiú amháin murab é an oifig custaim atá inniúil i leith aisghabhála an oifig custaim cinn scríbe (i.e. is í an oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim idirthurais í), ba cheart don oifig custaim sin teachtaireacht IE150 a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta ar dtús agus freagraíonn an oifig sin i gcónaí le teachtaireacht IE151 a deir 'Tá'. Cuireann an oifig custaim atá freagrach as aisghabháil an tagairt d'Airteagal 87(4) den Chód[91] i dteachtaireacht IE150 ansin. Ní féidir leis an oifig custaim imeachta an inniúlacht a athrú, ach ní mór an oifig custaim sin a chur ar an eolas ionas go mbeidh sé in ann maoirsiú ceart a dhéanamh ar an nós imeachta aisghabhála iomlán.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:
<u>Oibríochtaí idirthurais comhchoiteanna (sampla: an Iodáil – an Eilvéis – an Ghearmáin):</u>
Má fhaightear gur taisceadh teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) ag oifig idirthurais tar éis teacht isteach chuig Páirtí Conarthach eile (san Eilvéis; agus níor taisceadh teachtaireacht IE118 tar éis teacht isteach sa Ghearmáin) ba cheart don údarás sin glacadh leis an iarratas ar aisghabháil agus ba cheart dó teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a deir 'Tá' a sheoladh le haghaidh aistriú na hinniúlachta gan mhoill (laistigh de 28 lá ar a dhéanaí). Tosóidh an tír a ghlacann leis an bhfreagracht an nós imeachta aisghabhála ansin.

<u>Oibríochtaí idirthurais Aontais idir dhá phointe i gcríoch chustaim an Aontais trí tríú tír (sampla: an tAontas (an Pholainn) – an Úcráin – an tAontas (an Rómáin)</u>
Má fhaightear gur taisceadh teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) i mBallstát eile (an Rómáin) agus má chinn údarás inniúil na tíre imeachta go bhfuil an Ballstát sin freagrach as aisghabháil, ní mór don údarás a fhaigheann an 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE50) glacadh leis an iarraidh ar aisghabháil agus teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a sheoladh, teachtaireacht a deir 'Tá' le haghaidh aistriú na hinniúlachta gan

[91] Nós imeachta idirthurais an Aontais amháin.

mhoill (laistigh de 28 lá ar a dhéanaí). Tosóidh an Ballstát a ghlacann leis an bhfreagracht an nós imeachta aisghabhála ansin.

Oibríochtaí idirthurais Aontais idir dhá phointe i gcríoch chustaim an Aontais
(sampla: an Liotuáin-an Fhrainc)
Má shuigh údarás custaim na tíre cinn scríbe gur tabhaíodh fiach custaim, ach má bhíonn an fiach sin níos ísle ná EUR 10 000, seolann an t-údarás sin an 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) le tagairt d'Airteagal 87(4) den Chód chuig an údarás custaim sa tír imeachta, ag iarraidh ar aistriú inniúlachta. Ní mór don údarás a fhaigheann an teachtaireacht sin glacadh leis an iarraidh sin agus teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a sheoladh ag rá 'Tá' le haghaidh aistriú na hinniúlachta gan mhoill (laistigh de 28 lá ar a dhéanaí). Tosóidh an Ballstát a ghlacann leis an bhfreagracht an nós imeachta aisghabhála ansin.

CUSTAIM

**Gan freagra ar an iarraidh ar aisghabháil**
Más rud é nach bhfreagraíonn an t-údarás inniúil iarrtha sa tír cinn scríbe tríd an teachtaireacht 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) a sheoladh nó trí fhreagracht a ghlacadh as an aisghabháil trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) a sheoladh laistigh den teorainn ama comhaontaithe (28 lá ar a dhéanaí), ba cheart na hoifigigh idirchaidrimh idirthurais áitiúla (féach Leabhar Seoltaí an Líonra Idirthurais ar shuíomh gréasáin Europa) sa tír iarrtha a chur ar an eolas, agus an cruthúnas is gá a sholáthar, chun beart a dhéanamh ó tharla gur cheart don údarás iarrtha inniúlacht a ghlacadh. Mura mbíonn an tionchar is gá aige sin, ba cheart an deasc chabhrach náisiúnta agus an comhordaitheoir idirthurais náisiúnta sa tír imeachta a chur ar an eolas chun beart a dhéanamh. I gcás ar bith, ní mór d'údarás inniúil na tíre imeachta a áirithiú go nglactar leis an inniúlacht sula gcúlghairfidh sé a bhearta aisghabhála.
Bíonn an nós imeachta céanna i bhfeidhm má bhíonn an t-údarás inniúil le haghaidh aisghabhála suite i dtír idirthurais (i.e. má seoladh an teachtaireacht 'Fógra maidir le trasnú teorann' (IE118) chuig an oifig custaim imeachta, ach murar seoladh na hearraí chuig an gceann scríbe).
Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ann a fhágann go gcaithfear freagra a thabhairt ar na teachtaireachtaí seo.

**VIII.3.3.6 Tús an nós imeachta aisghabhála a chur in iúl**

I gcás inar cinneadh an inniúlacht le haghaidh aisghabhála le malartú na dteachtaireachtaí 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) agus 'Fógra

Glactha Aisghabhála' (IE151), ní mór d'údarás na tíre imeachta teachtaireacht 'Cumarsáid Aisghabhála' (IE063) a sheoladh chuig gach oifig a fuair teachtaireacht IE001, IE003, IE050 nó IE115 a bhaineann leis an ngluaiseacht sin chun iad a chur ar an eolas nár cheart dóibh a bheith ag súil le gluaiseacht leis an MRN sin. Cuireann an chumarsáid sin na hoifigí lena mbaineann ar an eolas nach tiocfaidh an ghluaiseacht agus go bhfuil sí 'Faoi nós imeachta aisghabhála' agus go bhfuil bac ar na teachtaireachtaí 'Comhairle maidir le teacht' (IE006), 'Torthaí Rialála' (IE018), 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) agus 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151). Is féidir teachtaireachtaí faisnéise IE144 agus IE145 (féach Roinn VIII.3.3.1) a sheoladh fós go dtí go dtabharfaí an aisghabháil i gcrích.

Ní mór fógra a thabhairt:

- do shealbhóir an nós imeachta trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra maidir le hAisghabháil' (IE035) nó litir choibhéiseach a sheoladh, agus,

- don ráthóir trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra Ráthóra' (IE023) nó litir choibhéiseach a sheoladh (féach Roinn VIII.2.4.5.3 le haghaidh tuilleadh eolais).

Tugann teachtaireacht 'Fógra maidir le hAisghabháil' (IE035) chuig sealbhóir an nós imeachta uimhir agus dáta an dearbhaithe maidir le hidirthuras, mar aon le hainm na hoifige custaim imeachta, ainm shealbhóir an nós imeachta agus an méid agus an t-airgeadra a éilítear.

Ar an taobh eile, caithfidh údarás inniúil na tíre imeachta, de thoradh a gcinntí nó mar fhreagairt ar theachtaireachtaí 'Freagairt ar fhiosrúchán' (IE143) le cód freagartha '4', teachtaireachtaí 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) nó faisnéis nach bhfuil leordhóthanach, inniúlacht a aistriú chuig Ballstát nó Páirtí Conarthach eile nó caithfidh sé glacadh leis an bhfreagracht é féin.

Ag deireadh an nós imeachta (nuair a bhíonn na dleachtanna agus cánacha go léir bailithe) ní mór don údarás atá freagrach as aisghabháil (murab é údarás na tíre imeachta atá freagrach) údarás inniúil na tíre imeachta a chur ar an eolas maidir le haisghabháil an fhéich trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152) a sheoladh. Cuireann údarás inniúil na tíre imeachta teachtaireacht IE152 ar aghaidh chuig gach oifig atá páirteach sa ghluaiseacht (ach amháin chuig an oifig a sheol an teachtaireacht i dtús báire).

### VIII.3.4 Sainaithint na háite inar tháinig an fiach chun cinn

*Airteagal 114(1), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 87 CCA*

D'fhéadfadh toradh an phróisis maidir le sainaithint an údarás inniúil de réir réamhshocrú a bheith sealadach, ach ní dhéanann sé sin aon bheart atá déanta chun an fiach atá i gceist a aisghabháil neamhbhailí.

### VIII.3.4.1 Fianaise nua tar éis tionscnamh imeachtaí aisghabhála

Ní shainaithnítear an áit uaireanta go dtí go bhfuil roinnt ama caite, nuair a thagann sé chun solais gur cheart d'údarás difriúil a bheith freagrach as aisghabháil.

*Airteagal 115, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 311 agus Airteagal 167 (1) IA*

Féadfar aon mhodh a úsáid chun fianaise a thabhairt don údarás, a cinneadh ar dtús go raibh freagracht aige as aisghabháil, maidir leis an áit ar tháinig an fiach chun cinn.

Má sholáthraítear fianaise den sórt sin agus má bhíonn na teachtaireachtaí 'Iarraidh ar Aisghabháil' (IE150) agus 'Fógra Glactha Aisghabhála' (IE151) malartaithe cheana féin chun an inniúlacht maidir le haisghabháil a aistriú, beidh an t-údarás inniúil bunaidh inniúil go fóill laistigh de NCTS (ní féidir teachtaireacht IE151 a chealú) agus tuairiscíonn sé an cás go cuí in NCTS dá chuid le haghaidh ceisteanna/cruthúnais féideartha sa todhchaí. Is féidir na teachtaireachtaí 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' ((IE144) agus 'Fiosrúchán agus Iarratas ar Fhaisnéis ar Aisghabháil' (IE145) a úsáid chun na críche seo.

Ní mór don údarás a cinneadh ar dtús le haghaidh na haisghabhála na doiciméid ábhartha ar fad a thabhairt don údarás a thoimhdítear a bheith freagrach as an aisghabháil láithreach, lena n-áirítear cóip de na fíorais chruthaithe, trí bhíthin fógra aisghabhála TC25 a sheoladh a chomhlíonann an tsamhail a sholáthraítear in Iarscríbhinn VIII.8.2. Ní mór don údarás nua a admháil go bhfuair sé an chumarsáid sin agus ní mór dó a chur in iúl laistigh de 3 mhí ó sheoladh TC25 má ghlacann sé freagracht as aisghabháil trí bhíthin TC25 líonta a sheoladh ar ais chuig an údarás a cinneadh le haghaidh na haisghabhála i dtús báire. Mura bhfaightear aon fhreagra den sórt sin laistigh den tréimhse 3 mhí, ní mór don údarás a cinneadh a bheith

freagrach i dtús báire a iarrachtaí aisghabhála a dhéanamh.

Tar éis bhailiú an fhéich, cuireann an oifig nua an t-údarás inniúil bunaidh ar an eolas maidir le críoch an nós imeachta aisghabhála chun a cheadú don údarás inniúil bunaidh teachtaireacht 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152) a sheoladh chuig an oifig custaim imeachta, a chuirfidh é ar aghaidh chuig gach oifig eile atá páirteach chun an ghluaiseacht a dhúnadh sna córais ar fad.

### VIII.3.4.2 Údarás inniúil nua agus bearta aisghabhála nua

*Airteagal 115, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 311 agus Airteagal 167 (1) agus (3) IA*

Má ghlacann an t-údarás nua le haistriú na freagrachta ní mór dó a bhearta féin maidir le haisghabháil féich a thionscnamh.

Má bhíonn an t-údarás nua inniúil, ní mór dó an t-údarás inniúil bunaidh a chur ar an eolas láithreach (tar éis éag na tréimhse de 3 mhí a luaitear thuas fiú), agus cuirfidh sé sin a bhearta aisghabhála ar fionraí mura bhfuil íocaíocht faighte i leith na méideanna lena mbaineann cheana. Is féidir na teachtaireachtaí 'Fiosrúchán & faisnéis ar aisghabháil' ((IE144) agus 'Fiosrúchán agus Iarratas ar Fhaisnéis ar Aisghabháil' (IE145) a úsáid chun na críche seo.

Más údaráis de Bhallstáit éagsúla de chuid an Aontais iad an t-údarás inniúil bunaidh agus an t-údarás nua, ní bheidh ach aisghabháil muirear eile mar chuid de na bearta aisghabhála nua (toisc go bhfuil dhá chríoch chánach éagsúla i gceist) toisc nach bhfuil aon fhiach custaim le haisghabháil toisc go bhfuil an dá Bhallstát mar chuid den chríoch chustaim chéanna.

Ar an taobh eile, má bhaineann na húdaráis agus na háiteanna le dhá Pháirtí Chonarthacha éagsúla, caithfear dleacht (toisc go bhfuil críocha custaim éagsúla i gceist) agus muirir eile (toisc go bhfuil críocha custaim éagsúla i gceist) a aisghabháil.

### VIII.3.4.3 Iarmhairt na haisghabhála bunaidh

*Airteagal 118, Foscríbhinn I a ghabhann leis an*

Nuair a bheidh imeachtaí aisghabhála críochnaithe ag an údarás nua atá freagrach as aisghabháil agus teachtaireacht 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152) seolta aige, déanfaidh an an t-údarás inniúil

*gCoinbhinsiún*

*Airteagal 165 IA*

bunaidh maidir le haisghabháil ceann de na nithe a leanas:

- cuireann sé an beart aisghabhála a thionscain sé ar neamhní, ceann nach bhfuil tugtha i gcrích aige (agus atá curtha ar fionraí aige); nó
- aisíocann sé an méid atá aisghafa aige cheana leis an bhféichiúnaí (nó leis an ráthóir).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:

Má bhaineann na húdaráis agus na háiteanna leis an bPáirtí Conarthach céanna, ní aisíocfar ach na muirir a bailíodh, seachas dleacht custaim.

### VIII.3.4.4 Iarmhairt na haisghabhála

#### VIII.3.4.4.1 Fógra a thabhairt do na hoifigí custaim maidir le himeacht agus ráthaíocht na haisghabhála nó urscaoileadh

*Airteagal 118, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 165 IA*

Ní mór don údarás atá freagrach as aisghabháil eolas a chur ar an oifig custaim imeachta maidir le bailiú na ndleachtanna agus muirir eile ag úsáid na teachtaireachta 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152), ionas gur féidir leis an oifig custaim imeachta teachtaireacht 'Fógra Seolta Aisghabhála' (IE152) a sheoladh chuig na hoifigí ar fad atá páirteach sa ghluaiseacht. Nuair a sheolann an oifig custaim imeachta teachtaireacht IE152 urscaoiltear an ghluaiseacht sa chóras.

Thairis sin, cuireann an oifig custaim imeachta oifig custaim na ráthaíochta ar an eolas ag úsáid na teachtaireachta 'Méid Tagartha Creidmheasa' (IE209) agus, mura bhfuil sé déanta cheana féin, cuireann sé sealbhóir an nós imeachta ar an eolas ag úsáid na dteachtaireachtaí 'Fógra maidir le hAisghabháil' (IE035) agus Fógra maidir le díscríobh' (IE045).

#### VIII.3.4.4.2 Fógra a thabhairt don ráthóir maidir le haisghabháil nó urscaoileadh

*Airteagal 117(4), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún*

*Airteagal 85 DA*

Má tugadh fógra do ráthóir nár urscaoileadh gluaiseachtaí ceann dá chliaint, ní mór don údarás inniúil atá freagrach as aisghabháil é a chur ar an eolas má aisghabhtar an fiach ina dhiaidh sin (ón bhféichiúnaí) nó má urscaoiltear an nós imeachta ina dhiaidh sin trí bhíthin teachtaireacht 'Fógra maidir le díscríobh' (IE045) nó litir choibhéiseach.

**VIII.4 Cásanna sonracha (*pro memoria*)**

**VIII.5 Eisceachtaí (*pro memoria*)**

**VIII.6 Treoracha náisiúnta sonracha (forchoimeádta)**

**VIII.7 Cuid atá srianta d'úsáid na n-údarás custaim amháin**

**VIII.8 Iarscríbhinní**

**VIII.8.1 Liosta na n-údarás atá freagrach as aisghabháil sa nós imeachta leanúnachais gnó**

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo a fháil:

**EUROPA:**

**https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

## VIII.8.2 Fógra faisnéise TC24 agus fógra aisghabhála TC25

<table>
<tr><td colspan="2" align="center">TC24<br>IDIRTHURAS AN AONTAIS/COMHCHOITEANN<br><br>FÓGRA FAISNÉISE<br><br>CINNEADH AN ÚDARÁIS ATÁ FREAGRACH AS AISGHABHÁIL<br>i gcomhréir le hAirteagail 311 agus 167 IA/Airteagal 115, Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún</td></tr>
<tr><td>1. Údarás iarrthach<br><br>Ainm agus seoladh iomlán:<br>Uimh. Thagartha:<br>Facs:<br>Ríomhphost:</td><td>2. Údarás iarrtha<br><br>Ainm agus seoladh iomlán:</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. Dearbhú maidir le hIdirthuras<br><br>Uimh.:<br>Oifig imeachta:<br>Dáta:<br><br>Tionscnaíodh an nós imeachta fiosrúcháin: ☐ Tionscnaíodh<br>Dáta:<br>Tagairt:<br>☐ Níor tionscnaíodh</td></tr>
<tr><td colspan="2">4a. Iarraidh<br><br>☐ Tugann údarás iarrthach na tíre imeachta fógra leis seo go mbeidh an t-údarás iarrtha freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:<br>……………………………………………………………………………………………<br>…………………………………………………………………………………….<br>Tá na doiciméid a leanas i gceangal leis seo:<br>……………………………………………………………………………………………<br>……………………………………………………………………………………<br>Faisnéis faoin ráthóir:<br>……………………………………………………………………………………………<br>……………………………………………………………………………………</td></tr>
</table>

**4b. Iarraidh**

☐ Tugann údarás iarrthach tíre seachas an tír imeachta fógra leis seo go mbeidh sé freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………Tá na doiciméid a leanas i gceangal leis seo:
…………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………

**5. Le haghaidh an údaráis iarrthaigh**

Áit:
Dáta:

Síniú: **Stampa**

**6a. Admháil agus freagra ar iarraidh i mbosca 4a.** (le seoladh ar ais chuig an údarás iarrthach)

☐Admhaíonn údarás iarrtha tíre seachas an tír imeachta go bhfuarthas an chumarsáid agus:
☐ deimhníonn sé go bhfuil sé freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas.
☐ tugann sé fógra nach bhfuil sé freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:
…………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………….....................

**6b. Admháil agus freagra ar iarraidh i mbosca 4b**. (le seoladh ar ais chuig an údarás iarrthach)

☐Admhaíonn údarás iarrtha na tíre imeachta go bhfuarthas an chumarsáid agus:
☐ deimhníonn sé go bhfuil an t-údarás iarrthach freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas.
☐ tugann sé fógra nach bhfuil na húdaráis iarrthacha freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:
…………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………….....................
Faisnéis faoin ráthóir:

**7. Le haghaidh an údaráis iarrtha**

Áit:
Dáta:

Síniú: **Stampa**

**TC25**
**IDIRTHURAS AN AONTAIS/COMHCHOITEANN**

**FÓGRA AISGHABHÁLA**

**CINNEADH AN ÚDARÁIS ATÁ FREAGRACH AS AISGHABHÁIL**
**i gcomhréir le hAirteagail 311 agus 167 IA/Airteagal 115), Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún**

| **1. Údarás iarrthach** | **2. Údarás iarrtha** |
|---|---|
| Ainm agus seoladh iomlán:<br>Uimh. Thagartha:<br>Facs:<br>Ríomhphost: | Ainm agus seoladh iomlán: |

**3. Dearbhú maidir le hIdirthuras**

Uimh.:
Oifig imeachta:
Dáta:

Tionscnaíodh an nós imeachta fiosrúcháin: ☐ Tionscnaíodh
Dáta:
Tagairt:
☐ Níor tionscnaíodh

**4. Iarraidh**

Tugann an t-údarás iarrthach fógra leis seo go mbeidh an t-údarás iarrtha freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:
……………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………….
Tá na doiciméid a leanas i gceangal leis seo:
……………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………...

**5. Faisnéis faoin ráthóir**

**6. Le haghaidh an údaráis iarrthaigh**

Áit:
Dáta:
Síniú: **Stampa**

| |
|---|
| **7. Admháil** (le seoladh ar ais chuig an údarás iarrthach)<br><br>Admhaíonn an t-údarás iarrtha go bhfuarthas an chumarsáid agus tugann sé fógra<br>☐ go bhfuil sé freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas.<br>☐ nach bhfuil sé freagrach as aisghabháil an fhéich i ndáil leis an oibríocht idirthurais dá dtagraítear thuas. Tá sé seo bunaithe ar na fíorais a leanas:<br>……………………………………………………………………………………………<br>……………………………………………………………………………………………. |
| **8. Le haghaidh an údaráis iarrtha**<br><br>Áit:<br>Dáta:<br><br>Síniú: **Stampa** |

**VIII.8.3 Iarraidh TC30 ar sheoladh/sheoltaí**

<table>
<tr><td colspan="2" align="center">TC30<br>Ráthaíocht idirthurais chomhchoiteann/an Aontais: iarraidh ar sheoladh/sheoltaí</td></tr>
<tr><td>1. Údarás iarrthach<br>Ainm agus seoladh iomlán:</td><td>2. Údarás iarrtha<br>Ainm agus seoladh iomlán</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. ☐ Deimhniú ráthaíochta cuimsitheach Uimh.<br>☐ Dearbhán ráthaíochta aonair Uimh.<br><br>Ainm agus seoladh shealbhóir an nós imeachta<br><br>……………………………………………………………………………………………….<br>…………………………………………………………………………………………………<br>………………………………………………………………………………………………...</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. Ar mhiste leat na nithe thíos a líonadh isteach agus an fhoirm a sheoladh ar ais chugam.<br><br>a) Ainm agus seoladh an ráthóra:<br>.........................................................................……………………………………….…<br>……………………………………………………………………………………..………..<br>b) Ainm agus seoladh chomhfhreagraí an ráthóra in<br>...……………………………………………………………………………………………<br>…………………………………………………………………………………………………<br>(tír na hoifige a iarrann an fhaisnéis)<br>…………………………………………………….............................................................<br>c). Tagairtí (más ann dóibh) atá le tabhairt sa litir chuig comhfhreagraí an ráthóra:<br>.............................................................................................................................................<br>.......................................................................................................................................….</td></tr>
<tr><td>5. Le haghaidh an údaráis iarrthaigh<br><br>Áit:<br>Dáta:<br><br>Síniú:<br><br>Stampa</td><td>6. Le haghaidh an údaráis iarrtha<br><br>Áit:<br>Dáta:<br><br>Síniú:<br><br>Stampa</td></tr>
</table>

## CUID IX – NÓS IMEACHTA TIR (INFHEIDHME LAISTIGH DEN AONTAS)

Baineann Cuid IX le gluaiseacht earraí faoi chumhdach carnet TIR.

Baineann Mír IX.2 le húdaruithe an chomhlachais ráthaíochta agus sealbhóirí carnet TIR.

Tugtar tuairisc i Mír IX.3 ar chóras ráthaíochta TIR i gcomhthéacs an bealach a bhfuil feidhm aige laistigh den Aontas.

Tugtar tuairisc i Mír IX.4 ar bhearta atá le déanamh ag an oifig custaim imeachta nó iontrála agus neamhréireachtaí.

Tugtar tuairisc i Mír IX.5 ar na bearta atá le déanamh ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach, teagmhais, neamhrialtachtaí, agus urscaoileadh na hoibríochta TIR.

Tugtar tuairisc i Mír IX.6 ar nósanna imeachta fiosrúcháin agus aisghabhála.

Tugtar tuairisc i Mír IX.7 ar shaoráid coinsíní údaraithe.

Tá iarscríbhinní a ghabhann le Cuid IX i Mír IX.8.

### IX.1 TIR (Transport Internationaux Routiers)

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:
- cúlra agus reachtaíocht (Mír IX.1.1);
- prionsabail an chórais TIR (Mír IX.1.2).

### IX.1.1 Cúlra agus reachtaíocht

*Airteagal 226 (3)(b) agus Airteagal 227(2)(b) CCA*

Is é Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR (Coinbhinsiún TIR, 1975) an phríomhreachtaíocht lena rialaítear an nós imeachta TIR. Tarraingíodh an Coinbhinsiún sin suas faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE). Formheasadh Coinbhinsiún TIR thar ceann an Aontais Eorpaigh le Rialachán (EEC) Uimh. 2112/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 agus tháinig se i bhfeidhm san Aontas an 20 Meitheamh 1983. Foilsíodh leagan comhdhlúite de Choinbhinsiún TIR mar Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2009. Tugtar an Coinbhinsiún cothrom le dáta go tráthrialta agus foilsíonn

an Coimisiún leasuithe air in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus tugann sé dáta a theacht i bhfeidhm.

Tugtar tuairisc i gCód Custaim an Aontais agus ina ghníomh cur chun feidhme (Airteagail 163-164, Airteagail 167-168, Airteagail 274-282) agus ina ghníomhartha tarmligthe (Airteagail 184, 186-187) ar rialacha inmheánacha an Aontais maidir le gluaiseacht earraí laistigh den Aontas faoi chumhdach nós imeachta TIR.

Amhail an 17 Iúil 2020, tá 76 bPáirtí Chonarthacha, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus a 27 mBallstát, ag Coinbhinsiún TIR. Níl oibríocht TIR indéanta, áfach, ach amháin sna tíortha ina bhfuil comhlachas ráthaíochta údaraithe (63 thír amhail an 23 Eanáir 2020).

Faoi reachtaíocht an Aontais, féadfar an nós imeachta TIR a úsáid san Aontas maidir le gluaiseacht idirthurais a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais amháin, nó maidir le gluaiseacht idirthuras a dhéantar idir dhá phointe i gcríoch chustaim an Aontais agus a théann trí chríoch tríú tír.

### IX.1.2 Prionsabail chóras TIR

Tá córas TIR bunaithe ar chúig phríomhcholún:

- gluaiseacht earraí i bhfeithiclí ceadaithe ar a dtaispeántar plátaí TIR nó coimeádáin faoi shéala custaim;
- le linn iompar TIR, cuirtear dleachtanna agus cánacha atá dlite ar na hearraí ar fionraí agus urraítear iad le sraith de ráthaíochtaí atá bailí go hidirnáisiúnta. Ráthaíonn comhlachas ráthaíochta náisiúnta gach Páirtí Conarthach íocaíocht mhéid urraithe an fhéich custaim agus aon mhuirear eile a d'fhéadfadh a bheith dlite i gcás neamhrialtachta a tharlódh sa tír sin le linn oibríocht TIR. Socraíonn gach Páirtí Conarthach a theorainn ráthaíochta, ach is é EUR 100 000 an méid uasta a mholtar le héileamh ó gach comhlachas náisiúnta i gcás neamhrialtachta (maidir leis an Aontas: EUR 100 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta);
- is dearbhú custaim le haghaidh iompar earraí é carnet TIR. Soláthraíonn sé cruthúnas gurb ann don ráthaíocht. Leithdháileann an eagraíocht idirnáisiúnta atá údaraithe ag Coiste Riaracháin TIR (an tAontas Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar (IRU) i láthair na huaire) carnet TIR ar chomhlachais

ráthaíochta náisiúnta. Níl carnet TIR bailí ach le haghaidh aon iompar TIR amháin. Úsáidtear é sa tír imeachta agus cumasaíonn sé rialú na n-údarás custaim sna Páirtithe Conarthacha imeachta, idirthurais agus cinn scríbe;

- glacann na tíortha idirthurais agus cinn scríbe leis na bearta um rialú na n-údarás custaim a dhéantar sa tír imeachta. Dá dhroim sin, ní dhéanfar scrúdú, mar riail ghinearálta, ar earraí arna n-iompar faoi nós imeachta TIR i bhfeithiclí nó i gcoimeádáin séalaithe ag oifigí custaim i dtíortha idirthurais;
- mar bhealach chun an rochtain ar nós imeachta TIR a rialú, ní mór do chomhlachais náisiúnta ar mian leo carnet TIR a eisiúint agus ní mór do dhaoine ar mian leo carnet TIR a úsáid bunchoinníollacha agus buncheanglais a chomhlíonadh agus ní mór do na húdaráis inniúla (lucht custam de ghnáth) sa tír ina bhfuil siad bunaithe é a údarú.

## IX.2 Údaruithe

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- údarú comhlachas ráthaíochta (Mír IX.2.1);

- údarú sealbhóirí carnet TIR (Mír IX.2.2).

### IX.2.1 Údarú comhlachas ráthaíochta

*Airteagal 228 CCA*

*Airteagal 6.1 agus Iarscríbhinn 9, Cuid I Coinbhinsiún TIR*

Chun críoch Choinbhinsiún TIR, meastar an tAontas Eorpach mar chríoch aonair. Ar cheann de réamhriachtanais TIR tá nach mór gach tír nó críoch a úsáideann an córas a bheith cumhdaithe ag an gcóras ráthaíochta idirnáisiúnta. Dá dhroim sin, ní mór na comhlachais ráthaíochta náisiúnta a bheith údaraithe i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR.

Leagtar síos le Coinbhinsiún TIR bunchoinníollacha agus buncheanglais nach mór a chomhlíonadh sular féidir comhlachas ráthaíochta a údarú chun carnet TIR a eisiúint.

#### IX.2.1.1 An próiseas údaraithe

*Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 1, Coinbhinsiún TIR*

Tá dhá ghné faoi leith a bhaineann leis an údarú: na bunchritéir le haghaidh údarú agus bunú comhaontú i scríbhinn nó aon ionstraim

dhlíthiúil idir an comhlachas ráthaíochta agus na húdaráis chustaim.

### IX.2.1.2 Na critéir le haghaidh údarú

*Iarscríbhinn 9, Cuid I, Mír 1(a) go (d), Coinbhinsiún TIR*

Cumhdaíonn na critéir le haghaidh údarú roinnt saincheisteanna teicniúla agus fíorasacha, lena n-áirítear cruthúnas ar thaithí agus eolas, dea-sheasamh airgeadais agus dea-theist comhlíontachta. I gcoitinne, tá na critéir sin an-chosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm i leith nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach agus nós imeachta an Aontais maidir le hearraí faoi bhealach a bhaineann le húdarú chun ráthaíocht chuimsitheach a úsáid (féach Cuid III le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le ráthaíochtaí).

### IX.2.1.3 Comhaontú i scríbhinn

*Iarscríbhinn 9, Cuid I, Mír 1 (e), Coinbhinsiún TIR*

Áirítear leis an gcomhaontú i scríbhinn nó ionstraim dhlíthiúil eile gealltanas lena bhfuil réimse oibleagáidí nach mór don chomhlachas ráthaíochta iad a chomhlíonadh.

Chun leibhéal ard comhchuibhithe a áirithiú, leagtar amach le hIarscríbhinn IX.8.7 samhail den chomhaontú i scríbhinn, ina bhfuil na bunchoinníollacha agus na buncheanglais is féidir a chur i bhfeidhm idir údaráis chustaim an Aontais agus a gcomhlachais ráthaíochta náisiúnta.

### IX.2.1.4 Faireachán an údaraithe

Ar mhaithe le dea-rialachas, bíonn an t-údarú le cinneadh an mbíonn an comhlachas ráthaíochta incháilithe d'údarú agus an soláthraíonn sé dearbhú go mbíonn coinníollacha agus ceanglais an údaraithe iomchuí agus riachtanach, agus fógra á thabhairt ag an gcomhlachas ráthaíochta aon athrú sna dálaí a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

### IX.2.2 Údarú sealbhóirí carnet TIR

Ar cheann de cholúin an chórais TIR tá rochtain rialaithe maidir le húsáid an chórais TIR.

*Airteagal 1(o) Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 184 DA*

Ciallaíonn an téarma 'Sealbhóir' (sealbhóir carnet TIR) an duine dar deonaíodh an t-údarú le haghaidh oibríochta faoin gcóras TIR agus an duine a gcuirtear an carnet TIR i láthair thar a cheann. Tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as cur i láthair na feithicle agus na

*Airteagail 273, 276 IA*

n-earraí chomh maith le carnet TIR ag an oifig custaim imeachta, faoi bhealach agus ag an gceann scríbe. Laistigh de chríoch chustaim an Aontais, tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as na sonraí carnet TIR a chur isteach le haghaidh na hoibríochta TIR ag an oifig custaim/na hoifigí custaim imeachta nó iontrála.

*Airteagal 6.4 agus Iarscríbhinn 9, Cuid II, Coinbhinsiún TIR*

Leagtar amach le coincheap dlithiúil 'Sealbhóir' (sealbhóir carnet TIR) i gCoinbhinsiún TIR na bunchoinníollacha agus na buncheanglais atá le comhlíonadh sular féidir an sealbhóir carnet TIR a údarú chun an córas TIR a úsáid.

### IX.2.2.1 An próiseas údaraithe

*Iarscríbhinn 9, Cuid II, Mír 3, Coinbhinsiún TIR*

Sa chleachtas, comhroinntear an cúram maidir le measúnú a dhéanamh le feiceáil an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach i gCoinbhinsiún TIR idir an comhlachas ráthaíochta údaraithe agus údaráis inniúla na tíre ina bhfuil an t-iarratasóir cláraithe. Ní shannann Coinbhinsiún TIR aon chúram sonrach don chomhlachas ráthaíochta ná do na húdaráis inniúla. Seachas sin, fágtar gur cheart don nós imeachta dlí, rialacha agus cleachtais náisiúnta a leanúint.

### IX.2.2.2 An próiseas údaraithe a chomhroinnt

Ag leibhéal an Aontais, níl aon treoir i gCód Custaim an Aontais ná ina ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, agus mar sin de, baineann na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm le hinniúlacht náisiúnta.

Ar a laghad, measann an comhlachas ráthaíochta gach iarratas ar údarú an chéad uair. Tar éis sheiceálacha an chomhlachais ráthaíochta, ba cheart an t-iarratas, má thacaíonn an comhlachas ráthaíochta leis, a chur ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla. Má bhíonn na húdaráis inniúla sásta le seiceálacha na n-údarás custaim agus seiceálacha an chomhlachais ráthaíochta, is féidir leis na húdaráis chustaim an t-iarratasóir a údarú.

Déanfar an comhairliúchán idir an t-údarás custaim inniúil agus an comhlachas ráthaíochta trí ITDB.

#### IX.2.2.2.1 Seiceálacha údarás custaim

Gan dochar do na seiceálacha a d'fhéadfadh an comhlachas ráthaíochta a dhéanamh, is faoin údarás inniúil é an critéar atá

fágtha a bhreithniú – ‘éagmais cionta coiriúla tromchúiseacha nó athchionta coiriúla in aghaidh reachtaíocht custaim nó cánach’.

Cé gur cinnte go mbainfeadh ‘tromchúiseach’ le sáruithe ar an dlí coiriúil, níor cheart dó sin an fhéidearthacht gurbh fhéidir neamhrialtachtaí riaracháin agus sibhialta a mheas mar ‘tromchúiseach’ freisin a chosc, i gcomhréir le cleachtas náisiúnta.

*Iarscríbhinn 9, Cuid II, Mír 1 (d), Coinbhinsiún TIR*

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart ‘athchion’ a léirmhíniú ní hamháin i dtéarmaí líon na gcionta atá déanta, ach an tréimhse ama freisin. Moltar gur cheart trí chion choiriúla nó níos mó a dhéantar laistigh de thréimhse 5 bliana a mheas mar ‘athchionta’.

### IX.2.2.2.2 Faireachán an údaraithe

*Nótaí míniúcháin 9.II.4 agus 9.II.5, Coinbhinsiún TIR*

Toisc ról ríthábhachtach an tsealbhóra carnet TIR sa chóras TIR, agus a ról mar dhearbhóir go háirithe, tá sé tábhachtach go gcoinnítear an liosta de shealbhóirí údaraithe carnet TIR atá i mBunachar Sonraí Idirnáisiúnta TIR (ITDB) cothrom le dáta. Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla faisnéis atá cothrom le dáta a bhaineann le stádas na sealbhóirí carnet TIR a d’údaraigh siad a thabhairt do Bhord Feidhmiúcháin TIR (TIRExB) go tráthúil. Ní mór do na húdaráis chustaim inniúla faisnéis maidir le húdaruithe agus aistarraingt údaruithe chun carnet TIR a úsáid a chur isteach in ITDB go díreach.

*Iarscríbhinn 9, Cuid II, Míreanna 4 agus 5, Coinbhinsiún TIR*

Tugann sé seo le fios gur cheart do na húdaruithe a bheith faoi réir faireachán leanúnach chun a chinneadh an mbíonn an sealbhóir carnet TIR incháilithe d’údarú agus chun a áirithiú go mbíonn na coinníollacha agus ceanglais a bhaineann leis an údarú iomchuí agus go mbíonn gá leo.

Moltar freisin go bhféadfar údaruithe neamhghníomhacha a chúlghairm i ngach cás ina ndealraítear nár eisíodh aon carnet TIR don sealbhóir carnet TIR thar thréimhse faoi leith (amhail 1 bhliain amháin). Ní mór do na húdaráis inniúla deireadh na gníomhaíochta a chlárú in ITDB gan mhoill.

Ba cheart faireachán a dhéanamh ar an údarú in éineacht leis an gcomhlachas ráthaíochta. Má nochtann an faireachán gur tharla nár comhlíonadh an t-údarú, ba cheart do na húdaráis inniúla smaoineamh faoi tharraingt siar an údaraithe.

Rachaidh comhlachais ráthaíochta i gcomhar le húdaráis chustaim inniúla freisin agus iarrfaidh sé modhnuithe (faisnéis maidir le

sealbhóirí údaraithe carnet TIR a thabhairt cothrom le dáta) trí ITDB. Ní mór na húdaráis chustaim inniúla iarrataí den sórt sin a bhailíochtú.

### IX.2.2.3 Tarraingt siar an údaraithe

*Iarscríbhinn 9, Cuid II, Mír 6, Coinbhinsiún TIR*

Féadfar an comhlachas ráthaíochta cead a dhiúltú don sealbhóir carnet TIR ráthaíocht TIR a úsáid. Tá dhá bhealach eile ar féidir rochtain ar an gcóras TIR a dhiúltú don sealbhóir carnet TIR:

- is féidir é/í a eisiamh ón gcóras TIR faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR, nó
- is féidir a (h)údarú chun carnet TIR a úsáid a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 6.4 de Choinbhinsiún TIR.

Is féidir leis an údarás inniúil an t-údarú a tharraingt siar freisin mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh ag an sealbhóir carnet TIR.

*Airteagal 229 CCA*

Beidh feidhm ag cinneadh arna dhéanamh ag údarás custaim Ballstáit ar fud chríoch chustaim an Aontais maidir le gach oibríocht TIR arna cur isteach ag an sealbhóir carnet TIR sin le haghaidh ghlacadh na hoifige custaim.

### IX.2.2.3.1 Úsáid Airteagal 38 in áit Airteagal 6.4

*Barúlacha a bhaineann le hAirteagal 38 agus Iarscríbhinn 9, Cuid II, Coinbhinsiún TIR*

Déanann Airteagal 6.4 foráil le haghaidh smachtbhanna malartach atá inmhianta ar roinnt bealaí ná Airteagal 38. Go bunúsach, leanfadh cúlghairm an údaraithe faoi Airteagal 6.4 agus Iarscríbhinn 9, Cuid II aon chás ina mbíonn eisiamh faoi Airteagal 38.

*Airteagal 38, Coinbhinsiún TIR*

Maidir le sealbhóirí carnet TIR atá bunaithe san Aontas, tá cúlghairm an údaraithe faoi Airteagal 6.4 agus Iarscríbhinn 9, Cuid II le cur i bhfeidhm ar choinníoll go mbeidh cúlghairm oibritheoir náisiúnta buan. Maidir le sealbhóirí carnet TIR a eisiatar go sealadach nó a n-údaraíonn Ballstát eile nó Páirtithe Conarthacha eile lasmuigh den Aontas Eorpach iad, ní féidir ach Airteagal 38 a chur i bhfeidhm.

### IX.2.2.3.2 Cur i bhfeidhm Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR

Déanann Airteagal 38 foráil le haghaidh eisiaimh ar bhonn buan nó sealadach. Ní shainmhíníonn Coinbhinsiún TIR na téarmaí seo. Ba cheart go gciallódh eisiamh sealadach go bhfuil údarú curtha ar

fionraí go ceann tréimhse shonrach ama. Is féidir leis seo deacrachtaí lóistíochtúla a chruthú do na Páirtithe Conarthacha, agus beidh orthu faireachán géar a dhéanamh ar an tréimhse fionraí.

Is ní tromchúiseach é cinneadh chun oibreoir a eisiamh ón gcóras TIR agus ní mór údar cuí a bheith leis i gcónaí. Má mheastar go mbíonn cion coiriúil nó neamhrialtacht tromchúiseach go leor chun eisiamh a cheadú, ba cheart dó seo a bheith buan. Ar an gcaoi chéanna, féadfar oibreoir a eisíodh go buan a ath-údarú sa todhchaí má athraíonn cúrsaí.

Seans go mbeadh eisiamh sealadach ann i gcásanna áirithe, áfach, mar shampla má bhíonn an neamhrialtacht a thugann údar leis an gcinneadh sin faoi réir réitigh laistigh de thréimhse ghearr ama (i.e. deimhnithe ceadaithe thar téarma, fadhbanna teicniúla ar urrann an lasta).

### IX.2.2.3.3 Cur i bhfeidhm Airteagal 6.4 de Choinbhinsiún TIR

*Iarscríbhinn 9, Cuid II, Coinbhinsiún TIR agus Nóta Míniúcháin 9.II.4*

Maidir le haon sealbhóir carnet TIR nach mbíonn incháilithe d'údarú a thuilleadh (toisc, mar shampla, nach gcomhlíonann sé/sí na bunchritéir le haghaidh údarú) nó nach bhfuil oiriúnach d'údarú a thuilleadh (toisc, mar shampla, go bhfuil cionta tromchúiseacha nó athchionta déanta aige/aici) ba cheart a (h)údarú a chúlghairm.

Ina dteannta fógra a thabhairt don sealbhóir carnet TIR, beidh ar an mBallstát a chúlghaireann an t-údarú an fhaisnéis a chlárú go díreach in ITDB gan mhoill.

### IX.2.2.3.4 Fógra don Choimisiún Eorpach agus do Bhallstáit

*Airteagal 229 CCA*

Tá eisiaimh a dhéantar faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR le clárú ag na húdaráis chustaim inniúla in ITDB gan mhoill. Feictear ar an gclárú seo mar fhógra don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit eile, mar a shainordaítear in Airteagal 229, Mír 2 CCA.

Tá cruinneas na sonraí seo lasmuigh de rialú an Choimisiúin Eorpaigh, agus ba cheart do Bhallstáit a bheith cúramach agus iad ag diúltú rochtain ar an gcóras TIR d'oibreoir. Má bhíonn aon amhras ann, ba cheart teagmháil a dhéanamh le pointe comhtheagmhála an Bhallstáit a thug an fógra maidir le heisiamh chun an fhaisnéis a dheimhniú.

### IX.2.2.4 Fógra maidir le cinntí chun rochtain a thabhairt ar an gcóras TIR

D'fhéadfaí go mbeadh uaireanta ann go gcaithfidh Ballstát a chinneadh chun sealbhóir carnet TIR a eisiamh a chúlghairm nó cás ina gcinneann sé an t-údarú a thabhairt arís. Tá sé tábhachtach chomh maith dar ndóigh go mbeadh gach Ballstát ar an eolas maidir leis na cinntí seo. Chun na críche sin, tá na nósanna imeachta maidir le fógra dá dtagraítear i Mír IX.2.2.3 thuas le cur i bhfeidhm ar na cinntí seo freisin.

### IX.3 Ráthaíochtaí

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- réamhrá (Mír IX.3.1);
- méid na ráthaíochta (Mír IX.3.2);
- raon feidhme chumhdach na ráthaíochta (Mír IX.3.3);
- dliteanas chomhlachais ráthaíochta an Aontais (Mír IX.3.4);

### IX.3.1 Réamhrá

*Airteagal 3(b), Airteagal 6.1, Airteagail 8.3, 8.4 agus Airteagal 11, Coinbhinsiún TIR*

Ar cheann de cholúin an chórais chustaim idirthurais TIR tá an córas ráthaíochta idirnáisiúnta. Deartar an ráthaíocht chun a áirithiú go n-urraítear na dleachtanna agus cánacha atá i mbaol le linn oibríochtaí iompair TIR i gcónaí.

### IX.3.2 Méid na ráthaíochta

### IX.3.2.1 Méid uasta na ráthaíochta

*Airteagal 8.3 agus Nóta Míniúcháin 0.8.3, Coinbhinsiún TIR*

Tá teorainn airgeadaíochta na ráthaíochtaí in aghaidh carnet TIR le cinneadh ag gach Páirtí Conarthach.

*Airteagal 163 IA*

Tá sé comhaontaithe ag an Aontas an méid seo a thabhairt in euro. Dá réir sin, tá EUR 100 000 glactha ag an Aontas mar an méid uasta.

### IX.3.2.2 Rialacha maidir leis an ráta malartaithe

Tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm maidir le Ballstáit nár ghlac an euro mar an t-airgeadra aonair:

*Airteagal 53(2) CCA*

*Airteagal 48(2)(3) IA*

(a) Chun críoch an Chomhaontaithe/an Ghealltanais, tá an méid uasta atá le híoc in aghaidh carnet TIR coibhéiseach leis an luach malartaithe san airgeadra náisiúnta de EUR 100 000. Socraíonn an Banc Ceannais Eorpach na rátaí atá le húsáid le haghaidh an mhalartaithe seo uair sa bhliain, ar an gcéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair agus foilsítear iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Bíonn an ráta seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir den bhliain dár gcionn.

*Airteagal 53(1)(b) CCA*

*Airteagal 48(1)IA*

(b) I gcás éilimh in aghaidh an ráthóra, is é an ráta malartaithe atá le húsáid an ceann atá infheidhme ar an lá a ghlactar le carnet TIR ag an oifig custaim imeachta nó iontrála. Socraítear na rátaí seo uair sa mhí agus foilsítear iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### IX.3.3 Raon feidhme an chumhdaigh ráthaíochta

*Airteagal 2, Coinbhinsiún TIR*

Ní dhéanann Coinbhinsiún TIR aon idirdhealú idir na daoine a fhéadtar a iompar faoi chumhdach carnet TIR. Ní sholáthraíonn an tsraith ráthaíochta idirnáisiúnta cumhdach ráthaíochta le haghaidh na dtáirgí alcóil agus tobaic a liostaítear thíos, áfach. Tá feidhm ag an tsrian seo gan beann ar mhéid na n-earraí lena mbaineann. Mar sin de, tá feidhm ag méid uasta na ráthaíochta a luaitear i Mír IX.3.2.1 thuas le hiompar gach earra seachas na dtáirgí alcóil agus tobaic a leanas:

| Cód CC | Tuairisc ar an táirge |
|---|---|
| 2207.10 | Alcól eitile gan dínádúrú ina bhfuil neart alcóil atá 80 % de réir toirte nó níos mó |
| 2208 | Mar atá thuas ach neart alcóil atá níos lú ná 80 % de réir toirte |
| 2402.10 | Todóga, seiriúit agus todóigíní, ina bhfuil tobac |
| 2402.20 | Toitíní ina bhfuil tobac |
| 2403.11 agus 2403.19 | Tobaic lena chaitheamh, le hionadaigh tobaic agus gan ionadaigh tobaic |

### IX.3.4 Dliteanas chomhlachais ráthaíochta an Aontais

*Airteagal 228 CCA*

Chun críoch nós imeachta TIR, meastar an tAontas mar chríoch aonair. Tá comhlachas ráthaíochta údaraithe náisiúnta amháin ag gach Ballstát, áfach.

*Airteagal 164 IA*

*Airteagal 11.1, Coinbhinsiún TIR*

Tá an éifeacht céanna dlíthiúil ag fógra bailí maidir le neamh-urscaoileadh arna thabhairt ag an údarás custaim ábhartha dá chomhlachas ráthaíochta i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR agus atá ag an bhfógra dá dtabharfadh a údarás custaim féin é do chomhlachas ráthaíochta eile.

### IX.4 Foirmiúlachtaí ag an oifig imeachta nó iontrála

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- réamhrá (Mír IX.4.1);
- glacadh sonraí carnet TIR (Mír IX.4.2);
- slándáil na feithicle/an choimeádáin (Mír IX.4.3);
- gníomh ag an oifig custaim imeachta nó iontrála (Mír IX.4.4);
- luchtú idirmheánach (Mír IX.4.5);
- neamhréireachtaí (Mír IX.4.6).

### IX.4.1 Réamhrá

*Airteagal 1 (k) Coinbhinsiún TIR*

*Lámhleabhar TIR, Roinn 1.2*

Comhlíonann an oifig custaim imeachta dhá fheidhm riachtanacha ar leith. Is trí cinn de na cúig cholún i gcóras TIR iad na feidhmeanna seo. Is é an chéad fheidhm glacadh le carnet TIR, slándáil fhisiciúil na feithicle bóthair/an choimeádáin a áirithiú agus rialú na n-údarás custaim a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 228 CCA*

Baineann an fheidhm eile, atá chomh tábhachtach céanna, le hurscaoileadh na hoibríochta TIR (féach Mír IX.5.2) agus, i gcás inar gá, aisghabháil na ndleachtanna agus na gcánacha atá dlite (féach Mír 6.4). Ós rud é go meastar an tAontas mar chríoch aonair chun críoch na rialacha a rialaíonn úsáid carnet TIR, tá ról agus freagracht oifig custaim imeachta an Aontais ríshuntasach.

*Airteagal 273(1) IA* Is é córas idirthurais leictreonach an Aontais atá le húsáid chun teachtaireachtaí a mhalartú le haghaidh TIR an córas nua ríomhchuidithe idirthurais (NCTS), córas a úsáidtear le haghaidh idirthuras Aontais cheana féin.

*Airteagal 276 IA* Laistigh de chríoch chustaim an Aontais, luathaítear críochnú/urscaoileadh na hoibríochta TIR idir na hoifigí custaim imeachta nó iontrála agus an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach nuair a sheoltar na teachtaireachtaí a leanas in ionad an chuid iomchuí de dhearbhán Uimh. 2: 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) agus 'Torthaí Rialála' (IE018).

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:

Ní úsáidtear NCTS ach amháin le haghaidh oibríochtaí TIR laistigh den Aontas (i.e. ní i dtíortha comhchoiteanna idirthurais). Maidir le hiompar TIR a thagann isteach san Aontas ó thríú tír a dhearnadh cuid dá thuras i dtír nach de chuid an Aontais í sular tháinig sé isteach san Aontas arís, tá an sealbhóir carnet TIR (nó a (h)ionadaí) freagrach as na sonraí carnet TIR a chur isteach chun oibríocht TIR a thionscnamh ag gach oifig custaim iontrála chuig an Aontas.

Féach Iarscríbhinn IX.8.9 le haghaidh sampla.

## IX.4.2 Glacadh sonraí carnet TIR

*Airteagal 273 IA* Maidir le malartú sonraí carnet TIR le haghaidh oibríochtaí TIR agus **le haghaidh htabhairt i gcrích na bhfoirmiúlachtaí custaim de nósanna imeachta idirthurais an Aontais**, úsáidfear NCTS.

Malartaítear sonraí carnet TIR le teachtaireachtaí leictreonacha ag trí leibhéal:

- idir an sealbhóir carnet TIR agus na húdaráis chustaim (fearann seachtrach);
- idir oifigí custaim tíre amháin (fearann náisiúnta); agus
- i measc na n-údarás custaim náisiúnta agus leis an gCoimisiún Eorpach (fearann coiteann).

Go ginearálta, féadfar go mbeadh na roghanna a leanas ag an sealbhóir carnet TIR maidir le cur isteach sonraí leictreonacha carnet TIR, ag brath ar an mBallstát lena mbaineann:

- ionchur díreach ó thrádálaí (lena n-áirítear ionchur trí shuíomh

gréasáin custaim);

- idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI);
- ionchur sonraí ag an oifig custaim (ag áit arna cur ar fáil d'oibreoirí);
- trí chomhéadan arna fhorbairt ag an eagraíocht idirnáisiúnta (e.g. cur i bhfeidhm EPD IRU).

Tugtar tuairisc in Iarscríbhinn IX.8.4 maidir le húsáid carnet TIR gan malartú sonraí carnet TIR le haghaidh oibríocht TIR i gcás cliseadh córais leictreonacha (nós imeachta cúltaca).

*Airteagal 274 IA*

Cé go bhfuil sé éigeantach don sealbhóir carnet TIR sonraí carnet TIR a chur isteach ag an oifig custaim imeachta nó iontrála ag úsáid NCTS, ceanglaítear ar údaráis chustaim an Aontais carnet TIR a líonadh isteach i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR chun aon iarmhairt dhlíthiúil a d'fhéadfadh eascairt as neamhréireacht idir teachtaireacht leictreonach agus sonraí carnet TIR a sheachaint.

*Iarscríbhinn 1, Coinbhinsiún TIR*

I gcás ina n-eascraíonn neamhréireacht as an difríocht idir mionsonraí NCTS agus carnet TIR, bíonn an fhaisnéis carnet TIR cinntitheach agus ceartóidh an sealbhóir carnet TIR na sonraí leictreonacha ionas go dtiocfaidh sé leis an bhfaisnéis carnet TIR.

*Iarscríbhinn 10 (4), Coinbhinsiún TIR*

Tá uimhir thagartha uathúil ag gach carnet TIR. Féadfar go mbeadh 4, 6, 14, nó 20 dearbhán ag carnet TIR. Úsáidtear péire amháin dearbhán in aghaidh an Pháirtí Chonarthaigh; tugann líon na ndearbhán líon na bPáirtithe Conarthacha ar féidir dul tríothú le fios, lena n-áirítear an Páirtí Conarthach imeachta agus an Páirtí Conarthacha cinn scríbe.

Tá sé tábhachtach áirithiú nach nglactar ach le carnet TIR bailí. Is féidir an liosta de carnets TIR atá taifeadta mar neamhbhailí ag an eagraíocht idirnáisiúnta a íoslódáil óna bunachar sonraí leictreonach.

Tá IRU freagrach as priontáil agus dáileadh carnet TIR agus tá roinnt bearta slándála tugtha isteach aige chun a áirithiú gur féidir carnet TIR bréagach nó góchumtha a aithint. Áirítear ar na gnéithe sin:

- 'Lógó' cabhartha de thrucail ar an gcumhdach tosaigh

- Dúch teirmea-ainsealach a úsáid

Barrachód a thagann leis an uimhir alfa-uimhriúil carnet TIR.

*Airteagal 12, Coinbhinsiún TIR*

Is féidir le fíor-carnet TIR a bheith neamhbhailí, áfach, mar shampla, murar shínigh agus murar stampáil an comhlachas eisiúna é nó má bhíonn an dáta bailíochta a thaispeántar i mBosca 1 de chumhdach an carnet TIR éagtha.

Mar aon le rialuithe uile na n-údarás custaim, cinnfear méid agus déine na seiceálacha atá le cur i bhfeidhm sula nglacfar leis an carnet TIR bunaithe ar bhonn anailíse riosca. Áireofar ar na seiceálacha seo a áirithiú go bhfuil an cumhdach ráthaíochta ar fáil le haghaidh na n-earraí atá lódáilte (féach Mír IX.3.3).

### IX.4.3 Slándáil feithicle/coimeádáin

*Iarscríbhinn 2, Coinbhinsiún TIR*

Mar gheall ar aitheantas frithpháirteach rialuithe na n-údarás custaim, tá sé ríthábhachtach go n-áirithíonn an oifig custaim imeachta go bhfuil an fheithicil nó an coimeádán ceadaithe le haghaidh iompar earraí faoi chumhdach carnet TIR. I dtromlach na gcásanna, agus i gcomhréir le hanailís riosca, beidh sé seo teoranta do scrúdú Dheimhniú Ceadaithe na feithicle. Mar sin, ní mór a choinneáil i gcuimhne gur féidir na deimhnithe seo a fhalsú nó a bhrionnú. Mura bhfuil deimhniú ceadaithe ann, nó má bhíonn sé neamhbhailí, ciallaíonn sé sin nach féidir oibríocht TIR a thosú.

#### IX.4.3.1 Moladh maidir le húsáid córais cód chun ráitis lochtanna sa Deimhniú Ceadaithe a thuairisciú.

*Iarscríbhinní 2, 3, 4 a ghabhann le Coinbhinsiún TIR*

An 11 Meitheamh 2015, chinn Coiste Riaracháin Choinbhinsiún TIR a mholadh go gcuirfeadh údaráis chustaim córas cód, a thugann aon áit agus aon chineál lochta le fios, le haon locht atá scríofa de láimh nuair a thaifeadtar ráitis lochtanna faoi mhír Uimh. 10 den Deimhniú Ceadaithe. Úsáidfidh gach údarás custaim san Aontas an córas cód aonfhoirmeach a shonraítear sa Mholadh sin. Mar sin féin, níor cheart éagmais aon chóid faoi mhír Uimh. 10 den Deimhniú Ceadaithe cosc a chur ar ghlacadh an Deimhnithe Cheadaithe, fad a chomhlíontar forálacha Iarscríbhinn 3 de Choinbhinsiún TIR.

### IX.4.4 Gníomh ag an oifig custaim imeachta nó iontrála

*Airteagal 276 IA*

Anuas ar chur i láthair an carnet TIR agus gach doiciméad a

theastaíonn leis, leis an bhfeithicil agus leis na hearraí, tá sealbhóir carnet TIR nó a (h)ionadaí freagrach as sonraí carnet TIR a chur faoi bhráid na hoifige custaim imeachta nó iontrála in NCTS leis an teachtaireacht 'Sonraí an Dearbhaithe' (IE015), ag cloí leis na rialacha agus ag úsáid na gcód a shonraítear le haghaidh dearbhuithe leictreonacha maidir le hidirthuras.

*Foscríbhinn C2 TDA*

Taispeántar eilimintí na sonraí carnet TIR a bhaineann le saintréithe sonraí NCTS in Iarscríbhinn IX.8.2.

*Iarscríbhinn B-DA*

*Iarscríbhinn B-IA*

Taispeántar na hoifigí custaim imeachta nó na hoifigí custaim amach san Aontas a gcuirfear earraí i láthair chun oibríocht TIR a thabhairt i gcrích i mbunachar sonraí oifig custaim an Aontais. Is é seo an suíomh gréasáin:

http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/col/col_search_home.jsp?Lang=en.

Déanann NCTS an dearbhú a bhailíochtú go huathoibríoch. Féadfar a áireamh le bailíochtú seiceáil ar shealbhóir ID TIR trí ITDB. Diúltaítear dearbhú mícheart, neamh-iomlán nó neamh-chomhoiriúnach leis an teachtaireacht 'Dearbhú Diúltaithe' (IE016).

Nuair a ghlacann na húdaráis chustaim leis an dearbhú, ginfidh an córas Máistiruimhir Thagartha (MRN), a leithdháiltear ar oibríocht TIR agus a chuirtear in iúl don sealbhóir carnet TIR nó dá (h)ionadaí le teachtaireacht 'MRN Leithdháilte' (IE028).

Bíonn stádas 'Glactha' ag an dearbhú ansin. Socraíonn an oifig custaim imeachta nó iontrála teorainn ama a gcuirfear na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach laistigh di (féach 4.4.6) agus déanann an oifig custaim imeachta nó iontrála cinntí maidir le rialuithe ar na hearraí/ar an bhfeithicil, lena n-áirítear séalú na feithicle.

Is féidir leis an oifig custaim imeachta nó iontrála bailíocht uimhir ID shealbhóir TIR a sheiceáil ar cheann de na modhanna a leanas:

*Airteagal 276 IA*

- go huathoibríoch, le linn ghlacadh an dearbhaithe a nascann an córas idirthurais náisiúnta le ITDB;
- de láimh, roimh scaoileadh oibríocht TIR trí ITDB;
- de láimh trí ITDB i gcás nós imeachta cúltaca, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IX.8.4.

Maidir le leasú, cealú agus fíorú an dearbhaithe leictreonaigh, féach

Lámhleabhar Idirthurais, Cuid IV, Caibidil 2.

### IX.4.4.1 Úsáid cheart carnet TIR

Ba cheart d'úsáid an carnet TIR teacht le sampla carnet TIR a líontar isteach go cuí. Féach Iarscríbhinn 8.3 le haghaidh treoracha céim ar céim maidir leis an mbealach leis an carnet TIR a líonadh isteach chomh maith le láimhseáil dearbhán in oifigí custaim éagsúla (nuair a imítear, faoi bhealach agus ag an gceann scríbe).

Chomh maith leis sin, ba cheart don oifig custaim imeachta aird ar leith a thabhairt ar líonadh isteach ceart leathanach cumhdaigh an carnet TIR.

### IX.4.4.2 Moladh maidir le húsáid cód CC

*Réitigh agus Moltaí, Lámhleabhar TIR*

An 31 Eanáir 2008, chinn Coiste Riaracháin Choinbhinsiún TIR, 1975, a mholadh go soláthródh na sealbhóirí carnet TIR cód CC, ina bhfuil sé dhigit, chomh maith le tuairisc ar na hearraí, i mbosca 10 den lastliosta earraí ar dhearbhán buí (ní d'úsáid na n-údarás custaim) an carnet TIR.

Glacfaidh oifigí custaim imeachta san Aontas le cód CC ar dhearbhán an carnet TIR d'úsáid na n-údarás custaim chomh maith, agus mar chuid de shonraí leictreonacha carnet TIR.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gceanglaítear ar an sealbhóir carnet TIR cód CC a chur isteach.

I gcásanna ina soláthraítear cód CC, ba cheart do na húdaráis chustaim ag oifig custaim imeachta nó iontrála a sheiceáil an dtagann an cód CC a thugtar leis an gceann i ndoiciméid chustaim, i ndoiciméid tráchtála agus i ndoiciméid iompair eile.

### IX.4.4.3 Cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais

*Airteagail 119 agus 127 DA*

*Airteagal 207 IA*

I gcás ina gcumhdaíonn carnet TIR, mar dhoiciméad aonair iompar arna eisiúint i mBallstát, earraí de chuid an Aontais a thugtar ó Bhallstát eile trí chríoch tríú tír, féadfar an sealbhóir carnet TIR an cód 'T2L' a chur isteach (nó 'T2LF' le haghaidh earraí de chuid an Aontais a choinsínítear chuig críocha fioscacha speisialta, ó chríocha fioscacha speisialta nó idir críocha fioscacha speisialta) chomh maith lena shíniú (Bosca 10) ar gach dearbhán ábhartha de chuid lastliosta earraí an carnet TIR chun fianaise a sholáthair

maidir le stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais.

I gcás ina gcumhdaíonn an carnet TIR earraí nach de chuid an Aontais iad freisin, cuirfear isteach an cód 'T2L' nó 'T2LF' agus an síniú go soiléir chun a thaispeáint nach mbaineann siad ach le hearraí de chuid an Aontais.

Déanfaidh an oifig custaim imeachta an cód 'T2L' nó 'T2LF' ar gach dearbhán ábhartha den carnet TIR a fhíordheimhniú le stampa agus síniú an oifigigh inniúil.

### IX.4.4.4 Cur i láthair ráthaíochta

Éilítear ráthaíocht chun earraí a scaoileadh le haghaidh oibríocht TIR. I gcás oibríochtaí TIR, cuirtear an ráthaíocht i láthair i bhfoirm carnet TIR bailí. Úsáidtear an ráthaíocht de chineál B agus an uimhir carnet TIR in NCTS. Soláthraíonn Mír IX.3 tuilleadh faisnéise maidir le ráthaíochtaí.

### IX.4.4.5 Séalú feithiclí/coimeádán

*Airteagal 19, Coinbhinsiún TIR*

*Iarscríbhinn 2, Coinbhinsiún TIR*

Ba cheart aird a thabhairt freisin ar shéalú na bhfeithiclí/na gcoimeádán. Tá sé ríthábhachtach líon na séalaí custaim atá le greamú ar an bhfeithicil/gcoimeádán agus an suíomh beacht a sheiceáil trí scrúdú a dhéanamh ar an Deimhniú Ceadaithe (pointe 5) agus na grianghraif (nó líníochtaí) a théann leis. Má mheasann an oifig custaim imeachta go bhfuil gá leis, féadfaidh sé tuilleadh séalaí a ghreamú chun oscailt neamhúdaraithe urrann an lasta a sheachaint.

Tá séalaí custaim arna ghreamú ar an bhfeithicil/gcoimeádán ag an oifig custaim imeachta le greamú go cuí agus ba cheart seiceáil ghéar a dhéanamh ar na séalaí arna ngreamú cheana féin ag an oifig custaim iontrála chun aon chur isteach neamhdhleathach a bhrath. Ní ghlactar le húsáid séalaí onnmhaireora nó iompróra in ionad séalaí custaim i gcóras TIR.

### IX.4.4.6 Teorainn ama

*Airteagail 276 agus 278 IA*

Socróidh an oifig custaim imeachta nó iontrála teorainn ama a gcuirfear na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach laistigh di.

Tá an teorainn ama a d'fhorordaigh an oifig sin ceangailteach ar údaráis chustaim na mBallstát a dtéann na hearraí isteach ina gcríoch le linn oibríocht TIR. Ní féidir leis na Ballstáit sin an teorainn fhorordaithe ama a athrú.

I gcás ina gcuirtear na hearraí i láthair na hoifige custaim cinn scríbe nó amach tar éis éag na teorann ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta nó iontrála, measfar gur chloígh an sealbhóir carnet TIR leis an teorainn ama más rud é go gcruthaíonn sé/sí nó an t-iompróir chun sástacht na hoifige custaim cinn scríbe nó na hoifige custaim amach nach bhfuil an mhoill inchurtha ina leith.

Cuirfear an oifig custaim imeachta nó iontrála an méid seo a leanas a san áireamh agus an teorainn ama á socrú aige:

- an modh iompair a úsáidfear;
- cúrsa taistil;
- aon iompar nó reachtaíocht eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shocrú teorann ama (mar shampla: reachtaíocht shóisialta nó comhshaoil a dhéanann difear don mhodh iompair, rialacháin iompair maidir le huaireanta oibre agus tréimhsí scíthe éigeantacha do thiománaithe);
- aon faisnéis arna tabhairt ag an sealbhóir carnet TIR, i gcás inarb iomchuí.

### IX.4.4.7 Cúrsa taistil maidir le gluaiseacht earraí faoi oibríocht TIR

*Airteagal 275 IA*

I gcás ina measann oifig custaim imeachta nó iontrála go bhfuil gá leis (mar shampla, le haghaidh iompar earraí a bhfuil riosca níos mó ag baint leo), forordóidh sé cúrsa taistil le haghaidh an iompair, agus aon fhaisnéis ábhartha arna tabhairt ag an sealbhóir carnet TIR á cur san áireamh.

Níl sé indéanta an cúrsa taistil beacht atá le leanúint a fhorordú. Ar a laghad, áfach, ba cheart na Ballstáit a rachfar tríothú a chur isteach i mBosca 22 den carnet TIR agus in NCTS.

Go ginearálta, tá coinne leis go n-iomprófaí earraí a ngluaistear faoi oibríocht TIR, go háirithe i gcás ainmhithe beo nó earraí meatacha, chuig an gceann scríbe ag úsáid an bealach a bhfuil údar eacnamaíoch leis.

### IX.4.4.8 Scaoileadh oibríocht TIR

*Airteagal 276 IA*

Scaoilfear oibríocht TIR tar éis glacadh le sonraí carnet TIR agus rialuithe a bhfuil gá leo. Tabharfaidh an oifig custaim imeachta nó iontrála fógra don sealbhóir carnet TIR maidir le scaoileadh na n-earraí le haghaidh oibríocht TIR.

Taifeadfaidh an oifig custaim imeachta MRN oibríocht TIR i mBosca 2 (Faoi Uimh.) de chomhdhuille Uimh. 1 carnet TIR agus tabharfaidh sé ar ais chuig an sealbhóir TIR nó a (h)ionadaí.

*Airteagal 184 DA*

Níl sé éigeantach go mbeadh an Doiciméad Tionlacain Idirthurais (DTI) nó an Doiciméad tionlacain idirthurais/slándála (TSAD) leis na hearraí sa carnet TIR, más féidir MRN ar an carnet TIR a léamh go héasca nó má bhíonn MRN le cur faoi bhráid na n-údarás custaim ar bhealach eile (e.g. ar bharrachód nó arna thaispeáint ar ghléas leictreonach nó móibíleach).

Mar sin féin, féadfaidh an sealbhóir carnet TIR a iarraidh ar an oifig custaim imeachta nó iontrála TAD nó TSAF a thabhairt dó/di i bhfoirm arna cinneadh ag an oifig custaim sin (mar asphrionta nó ar bhealach leictreonach).

Baintear dearbhán carnet TIR Uimh. 1, arna fhormhuiniú le MRN, agus coinníonn an oifig custaim imeachta nó iontrála é.

*Airteagal 276 IA*

Nuair a scaoiltear na hearraí, cuireann NCTS an teachtaireacht 'Taifead maidir le Teacht Measta' (IE001) chuig an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach go huathoibríoch. Féadfar an teachtaireacht sheachtrach 'Scaoilte um Iompar' (IE029) a sheoladh chuig an sealbhóir carnet TIR nó a (h)ionadaí freisin.

### IX.4.5 Luchtú idirmheánach

*Airteagal 18, Coinbhinsiún TIR*

D'fhéadfadh uasmhéid de cheithre[92] oifig custaim imeachta agus cinn scríbe a bheith mar chuid d'iompar TIR.

I gcás ina luchtaítear earraí breise ag oifig custaim idirmheánach faoi bhealach, ní mór don oifig sin gníomhú mar oifig custaim cinn scríbe agus oifig custaim imeachta maidir le húsáid an carnet TIR agus sonraí carnet TIR.

[92] D'fhéadfadh suas le hocht gcinn a bheith páirteach i gcás leasuithe ar fhógra taisclainne C.N.99.2021.TREATIES-XI.A.16, teacht i bhfeidhm, i Márta 2022.

Tá na nósanna imeachta a thuairiscítear thuas faoi phointe 4.4 le leanúint. Go háirithe, dúnfar an oibríocht níos luaithe in NCTS agus seolfar teachtaireachtaí IE06 agus IE018 (féach Mír IX.5.3).

Tar éis luchtú na n-earraí breise, bíonn an sealbhóir carnet TIR freagrach as dearbhú nua a cur isteach chomh maith le sonraí carnet TIR in NCTS, lena n-áirítear sonraí uile coinsíneachtaí níos luaithe (amhail tagairt doiciméid roimhe seo (MRN)). Féach Iarscríbhinn IX.8.9 le haghaidh sampla.

### IX.4.5.1 Fionraí sealadach iompar TIR

*Airteagal 26, Coinbhinsiún TIR*

*Barúlacha ar Airteagail 2 agus 26, Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 26 (2), Coinbhinsiún TIR*

Ciallaíonn fionraí, fiú más sealadach é, iompar TIR nach soláthraítear aon ráthaíocht TIR le haghaidh an chuid den turas atá ar fionraí. Cuirfear iompar TIR ar fionraí má tharlaíonn sé i bPáirtí Neamhchonarthach de Choinbhinsiún TIR. I gcás ina dtarlaíonn cuid d'iompar TIR ar bhealach eile seachas ar bhóthar (e.g. trasnú farraige lena mbaineann nós imeachta idirthurais níos simplí nó trasnú farraige gan nós imeachta idirthurais), féadfaidh an sealbhóir carnet TIR a iarraidh ar údaráis chustaim iompar TIR a chur ar fionraí don chuid sin den turas agus é a thosú arís ag deireadh an chuid den turas nach dtarlaíonn ar bhóthar.

*Airteagal 26 (3), Coinbhinsiún TIR*

Sna cásanna sin, déanfar rialuithe agus foirmiúlachtaí na n-oifigí custaim amach agus iontrála faoi seach. Féach mír IX.4.4 agus mír IX.5.3.

*Barúlacha ar Airteagail 2 agus 26, Coinbhinsiún TIR*

Is féidir nós imeachta TIR a chur i bhfeidhm ar chuid den turas nach ndéantar ar bhóthar (e.g. iarnróid) laistigh de Pháirtí Conarthach amháin, áfach, i gcásanna ina mbíonn údaráis chustaim in ann na rialuithe agus na foirmiúlachtaí le haghaidh tús agus críochnú ceart nós imeachta TIR a áirithiú ag na hoifigí custaim iontrála agus na hoifigí custaim amach (agus oifig custaim cinn scríbe, más iomchuí).

## IX.4.6 Neamhréireachtaí

### IX.4.6.1 Cóireáil neamhréireachtaí

Go bunúsach ní mór trí chineál neamhréireachtaí nó neamhrialtachtaí a bhaineann le hearraí a mheas:

- Earraí atá ar iarraidh

- Barrachas earraí
- Earraí a dtugtar tuairisc chontráilte orthu

Braithfidh an bealach a bpléitear le neamhréireachtaí den sórt sin ar an oifig a aimsíonn an neamhrialtacht, an oifig custaim imeachta nó iontrála, agus má bhí dearbhú onnmhairiúcháin i gceist.

### IX.4.6.2 Neamhréireachtaí arna mbrath ag an oifig custaim imeachta

*Airteagal 40, Coinbhinsiún TIR*

Ní mór caitheamh le neamhrialtacht a bhraitheann an oifig custaim imeachta sula nglactar leis an carnet TIR agus na sonraí carnet TIR a chuirtear isteach mar neamhrialtacht a bhaineann leis an nós imeachta custaim roimhe seo, mar shampla stóráil chustaim, stóráil shealadach nó earraí arna scaoileadh le haghaidh nós imeachta onnmhairithe. Is dócha go mbeadh sé amhlaidh i gcás ina mbaineann an neamhréireacht le hábhair amhail an tuairisc agus líon na n-earraí, i gcás inar aistríodh faisnéis maidir leis an nós imeachta custaim roimhe seo chuig an carnet TIR agus a shonraí.

D’fhéadfadh cásanna a bheith ann, áfach, ina raibh an neamhrialtacht calaoiseach agus gur beartaíodh é chun TIR agus córais idirthurais a mhí-úsáid, mar shampla, tuairisc a thabhairt ar earraí a mbaineann riosca méadaithe leo amhail is dá mbeadh earraí eile ann. Sna cásanna sin bheadh sé iomchuí pionós a ghearradh ar na páirtithe atá freagrach de réir na dtreoracha náisiúnta.

### IX.4.6.3 Neamhréireachtaí arna mbrath ag an oifig custaim iontrála

*Airteagal 23, Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 24, Coinbhinsiún TIR*

Scrúdóidh údaráis chustaim na hoifige custaim iontrála na hearraí le linn iompar séalaithe TIR i gcásanna speisialta amháin. I gcás scrúdaithe, greamófar na séalaí nua agus, más gá, taifeadfaidh na húdaráis chustaim na torthaí rialuithe i ndearbhán carnet TIR atá fágtha agus na comhdhuillí comhfhreagracha, chomh maith le NCTS.

*Airteagal 8.5, Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 8.7, Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 79 CCA*

Ní mór caitheamh le neamhrialtacht arna brath ag an oifig custaim iontrála de réir a cáis féin. Má bhraitear na hearraí neamhdhearbhaithe lena mbaineann in urrann séalaithe lasta na feithicle bóthair is é an sealbhóir carnet TIR an príomhdhuine atá faoi dhliteanas, féichiúnaí an fhéich chustaim. Tá an méid urraithe cumhdaithe ag ráthaíocht carnet TIR ar chúiseanna fioscacha agus beidh an comhlachas ráthaíochta faoi dhliteanas.

Mura féidir a cheadú d'oibríocht TIR leanúint ar aghaidh ar chúis éigin, e.g. toisc go bhfuil cosc nó srian ar allmhairiú na n-earraí, ní mór na hearraí a choinneáil ag an teorainn.

*Airteagal 8.5, Coinbhinsiún TIR*

Ar an taobh eile, más féidir le hoibríocht TIR leanúint ar aghaidh, ba cheart sonraí na n-earraí braite a fhormhuiniú ar na dearbháin carnet TIR atá fágtha (féach an bosca a deir 'Le haghaidh úsáid oifigiúil'). Ba cheart go ndéarfaí sa bhosca a deir 'Le haghaidh úsáid oifigiúil' 'Barrachas earraí: Airteagal 8.5, Coinbhinsiún TIR', chomh maith le tuairisc ar na hearraí a bhraitear agus líon na n-earraí sin.

Tá na sonraí in NCTS le ceartú dá réir sin ag sealbhóir carnet TIR sula nglacfar leis ag an oifig custaim iontrála.

Nuair a aimsítear earraí iomarcacha nach bhfuil in urrann séalaithe an lasta, ní mór caitheamh leo mar earraí smuigleáladh go neamhdhleathach isteach san Aontas, agus ní mór beart iomchuí a dhéanamh. Faoi na dálaí sin, ní bheidh an comhlachas ráthaíochta faoi dhliteanas maidir le haon dleacht nó aon cháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, cé gurbh fhéidir an tiománaí nó sealbhóir carnet TIR a mheas mar fhéichiúnaithe custaim.

## IX.5 Foirmiúlachtaí ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- réamhrá (Mír IX.5.1);
- urscaoileadh oibríocht TIR ag an imeacht (Mír IX.5.2);
- gníomhaíocht ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach (Mír IX.5.3);
- athrú ar oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach (Mír IX.5.4);
- teagmhais faoi bhealach agus úsáid na tuarascála deimhnithe (Mír IX.5.5);
- neamhrialtachtaí (Mír IX.5.6);
- córais rialaithe le haghaidh carnet TIR (Mír IX.5.7);
- díluchtú idirmheánach (Mír IX.5.8);

- úsáid carnet TIR le haghaidh earraí a sheoltar ar ais (Mír IX.5.9).

### IX.5.1 Réamhrá

Tá príomhfhreagracht ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach chun críochnú pras oibríocht TIR a áirithiú.

### IX.5.2 Urscaoileadh oibríocht TIR ag an oifig custaim imeachta nó iontrála

Is beart an-suntasach é urscaoileadh oibríocht TIR ag údaráis inniúla ag an bpointe imeachta nó iontrála toisc go gcuireann sé deireadh le dliteanas an chomhlachais ráthaíochta.

*Airteagal 10.2 Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 215(2) CCA*

Ní fhéadfar oibríocht TIR a scaoileadh ach amháin má tugadh é i gcrích i gceart.

*Airteagal 1 (e) Coinbhinsiún TIR*

Tá gníomhaíocht urscaoilte oibríocht TIR intuigthe sa bhrí nach ndéanann an oifig custaim imeachta nó iontrála aon chinneadh nó aon bheart foirmiúil. Ná ní sheoltar aon fhógra foirmiúil chuig an gcomhlachas ráthaíochta chun an t-urscaoileadh a dheimhniú. Féadfaidh sealbhóir carnet TIR agus comhlachas ráthaíochta féachaint ar an oibríocht mar a bheith urscaoilte murab ann d’aon fhógra ina sonraítear a mhalairt.

### IX.5.3 Gníomhaíocht ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach

*Airteagail 278-279 IA*

Nuair a chuirtear isteach na hearraí, an fheithicil, carnet TIR agus MRN oibríocht TIR laistigh den teorainn ama arna socrú ag an oifig custaim imeachta nó iontrála, seiceálfaidh an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach na séalaí greamaithe agus úsáidfidh sé MRN chun sonraí a fháil ó NCTS agus é a chlárú.

Seoltar teachtaireacht ‘Comhairle maidir le Teacht’ (IE006) chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála chun é a chur ar an eolas gur tháinig an choinsíneacht.

*Airteagal 277 IA*

Nuair a thugtar aon rialú a bhfuil gá leis bunaithe ar an bhfaisnéis sa teachtaireacht ‘Taifead maidir le Teacht Measta’ (IE001) i gcrích, seolann an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an teachtaireacht ‘ Torthaí Rialála’ (IE018), ag úsáid na gcód iomchuí, chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála. Ní mór go mbeadh aon

fhaisnéis a cuireadh leis an Tuarascáil Deimhnithe agus comhdhuille carnet TIR Uimh. 1 le linn iompair sa teachtaireacht seo. D'fhéadfaí go mbeadh baint ag an bhfaisnéis sin maidir le hábhair amhail trasloingsiú, séalaí nua, teagmhais nó timpistí (Mír IX.5.5).

Baineann an oifig custaim cinn scríbe an dá chuid de dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus coinníonn iad, cuireann sé nóta le comhdhuille carnet TIR agus tugann sé an carnet TIR ar ais don sealbhóir carnet TIR.

*Airteagal 274 IA*

I gcás inar scaoileadh earraí le haghaidh oibríocht TIR in NCTS ag an oifig custaim imeachta nó iontrála agus i gcás nach bhfuil an córas ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach ar fáil nuair a thagann na hearraí, ní mór don oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach na rialuithe a bhfuil gá leo a dhéanamh agus an nós imeachta a thabhairt i gcrích ar bhonn dhearbhán carnet TIR Uimh. 2.

Cuireann an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach iontrálacha isteach in NCTS *a posteriori* nuair a bhíonn an córas ar fáil arís, chun é a chur ar a chumas don oifig custaim imeachta nó iontrála an oibríocht a urscaoileadh in NCTS.

*Airteagal 274 IA*

I gcás inar urscaoileadh na hearraí le haghaidh oibríocht TIR ag an oifig custaim imeachta nó iontrála gan malartú sonraí carnet TIR le haghaidh oibríocht TIR, i gcás cliseadh sealadach ar bhonn carnet TIR amháin, tabharfaidh an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an nós imeachta i gcrích ar bhonn dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus seolfaidh sé an chuid iomchuí de ar ais chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála.

*Airteagal 279(4) IA*

Caithfidh an oifig custaim cinn scríbe carnet TIR a fhormhuiniú trí chomhdhuille Uimh. 2 a líonadh isteach agus dearbhán Uimh. 2 a choinneáil. Tar éis an fhormhuinithe, caithfidh an oifig custaim cinn scríbe carnet TIR a thabhairt ar ais don sealbhóir carnet TIR. Mura bhfuil an sealbhóir carnet TIR i láthair, caithfear carnet TIR a thabhairt don duine a chuir i láthair é, a mheastar mar an duine atá ag gníomhú ar son an tsealbhóra carnet TIR.

### IX.5.4 Athrú ar an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach

*Airteagal 1(l), Coinbhinsiún TIR*

Ceadaíonn Coinbhinsiún TIR don sealbhóir carnet TIR na hearraí agus an carnet TIR a chur i láthair ag oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach seachas an ceann a dhearbhaítear, agus

*Airteagal 278 (3) IA*

oibríocht TIR a thabhairt i gcrích ann freisin. Is é an oifig sin an oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach ansin.

Toisc go dtaispeánfaidh NCTS nach bhfuil teachtaireacht 'Taifead maidir le Teacht Measta' (IE001) faighte ag an oifig custaim cinn scríbe iarbhír nó ag an oifig custaim amach iarbhír le haghaidh MRN a chuirtear i láthair, seolfaidh an oifig custaim teachtaireacht 'Iarraidh ar Thaifead maidir le Teacht Measta' (IE002).

Freagróidh an oifig custaim imeachta nó iontrála le teachtaireacht 'Freagairt ar Thaifead maidir le Teacht Measta' (IE003) a thugann na sonraí sa teachtaireacht 'Taifead maidir le Teacht Measta' (IE001). Ansin is féidir leis an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) a sheoladh agus gníomhaíochtaí eile a dhéanamh (féach IX.5.3).

Tar éis dó an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) a fháil, ní mór don oifig custaim imeachta nó iontrála an oifig custaim cinn scríbe dearbhaithe nó an oifig custaim amach a chur ar an eolas, ag úsáid na teachtaireachta 'Comhairle maidir le Teacht Curtha ar Aghaidh' (IE024) gur tháinig na hearraí chuig oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach eile.

Mura n-aimsíonn an oifig custaim imeachta nó iontrála an oibríocht trí MRN, cuirfidh sé na cúiseanna (arna gcódú ó 1 go 4) sa teachtaireacht 'Freagairt ar Thaifead maidir le Teacht Measta' (IE003) maidir leis an bhfáth nach féidir an teachtaireacht 'Taifead maidir le Teacht Measta' (IE001) a sheoladh.

I measc na gcúiseanna ar dhiúltú tá na nithe a leanas:

Cód 1. cuireadh an oibríocht TIR i láthair ag oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach eile;

Cód 2. chuir an oifig custaim imeachta nó iontrála an oibríocht TIR ar ceal;

Cód 3. ní fios MRN (ar chúiseanna teicniúla nó mar gheall ar neamhrialtachtaí) nó;

Cód 4. cúiseanna eile.

(Féach Cuid I.4.4.5 le haghaidh míniú ar na cóid seo).

Scrúdóidh an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an

chúis maidir le diúltú agus, má cheadaíonn an chúis sin é, tabharfaidh sé an oibríocht TIR i gcrích agus bainfidh sé agus coinneoidh sé an dá chuid de dhearbhán carnet TIR Uimh. 2. Ní mór dó freisin nóta a chur le comhdhuille carnet TIR Uimh. 2, an chuid iomchuí de dhearbhán Uimh. 2 a thabhairt ar ais don oifig custaim imeachta nó iontrála, agus an carnet TIR a thabhairt ar ais chuig an sealbhóir carnet TIR.

### IX.5.5 Teagmhais le linn ghluaiseacht na n-earraí agus úsáid na tuarascála deimhnithe

*Airteagal 25, Coinbhinsiún TIR*

Má bhíonn na séalaí custaim briste nó má scriostar nó má dhéantar damáiste i dtimpiste a tharlaíonn faoi bhealach, déanfaidh an t-iompróir teagmháil dhíreach leis na húdaráis chustaim, nó, mura féidir é sin a dhéanamh, le haon údarás inniúil eile atá ag an tír ina bhfuil an choinsíneacht.

*Airteagal 277 IA*

Má bhí ar an iompróir imeacht ón gcúrsa taistil arna fhormhuiniú ag an oifig custaim imeachta nó iontrála de bharr cúrsaí nach raibh smacht aige orthu, nó má tharla an teagmhas nó an timpiste de réir bhrí Airteagal 25 de Choinbhinsiún TIR i gcríoch chustaim an Aontais, cuirfidh an t-iompróir na hearraí, an fheithicil, an carnet TIR agus MRN i láthair an údaráis chustaim is gaire den Bhallstát a bhfuil an modh iompair ina chríoch.

Tarraingeoidh na húdaráis lena mbaineann suas an tuarascáil dheimhnithe atá sa carnet TIR gan mórán moille.

I gcás timpiste a fhágtar gur gá an lód a aistriú chuig feithicil eile, ní fhéadfaidh an t-aistriú sin a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn an t-údarás lena mbaineann i láthair. Tarraingeoidh an t-údarás seo an tuarascáil deimhnithe suas.

*Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 29, Coinbhinsiún TIR*

Mura bhfuil na focail 'Earraí troma nó téagartha' ar carnet TIR, ní mór an fheithicil nó an coimeádán eile a cheadú le haghaidh iompar na n-earraí faoi shéalaí custaim.

Thairis sin, déanfar é a shéalú agus tabharfar sonraí na séalaí a ghreamaítear sa tuarascáil dheimhnithe.

Mura mbíonn aon fheithicil nó aon choimeádán ceadaithe ann, ní mór na hearraí a aistriú chuig feithicil nó coimeádán nach bhfuil ceadaithe, ar choinníoll go bhfuil coimirce leordhóthanach ann. Sa dara cás sin, breithneoidh na húdaráis chustaim an féidir leo an t-iompar a cheadú faoi chumhdach carnet TIR chun leanúint ar

aghaidh san fheithicil nó sa choimeádán sin.

I gcás garchontúirte ina mbíonn gá le díluchtú láithreach an lóid iomlán, nó cuid de, féadfaidh an t-iompróir beart a dhéanamh as a stuaim féin gan fanacht le beart ó na húdaráis. Is faoin iompróir a bheidh sé ansin cruthúnas a thabhairt do na húdaráis chustaim go raibh air/uirthi beart den sórt sin a dhéanamh ar mhaithe leis an bhfeithicil nó leis an gcoimeádán nó leis an lód. Nuair a bheidh na bearta coisctheacha curtha i bhfeidhm agus an chontúirt seachanta, tabharfaidh an t-iompróir fógra do na húdaráis chustaim gan mhoill, ionas gur féidir na fíorais a dheimhniú, an lód a scrúdú, an fheithicil nó an coimeádán a shéalú agus an tuarascáil dheimhnithe a tharraingt suas.

Seolann an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach teachtaireacht 'Torthaí Rialála' (IE018) ina bhfuil aon fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an teagmhas a chuirtear sa Tuarascáil Dheimhnithe agus sa carnet TIR.

Beidh an tuarascáil dheimhnithe i gceangal leis an carnet TIR.

### IX.5.6 Neamhrialtachtaí arna mbrath ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach

#### IX.5.6.1 Neamhrialtachtaí a bhaineann le hearraí

*Airteagal 8.5, Coinbhinsiún TIR*

Ba cheart caitheamh le haon neamhrialtacht arna brath ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach de réir a cháis féin. Má bhraitear na hearraí neamhdhearbhaithe lena mbaineann in urrann séalaithe lasta na feithicle bóthair bíonn siad cumhdaithe, ar chúiseanna fioscacha, ag an ráthaíocht carnet TIR agus beidh an comhlachas ráthaíochta faoi dhliteanas. Ní mór nóta a chur leis an carnet TIR i mBosca 27 de Dhearbhán Uimh. 2 agus Bosca 5 de chomhdhuille Uimh. 2.

Ba cheart go ndéarfaí sa nóta 'Barrachas earraí: Airteagal 8.5, Coinbhinsiún TIR', chomh maith le tuairisc ar na hearraí agus líon na n-earraí sin. In NCTS seolann an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an teachtaireacht 'Torthaí Rialála' (IE018), leis an gcód 'B' agus an ráiteas 'Ag fanacht le réiteach neamhréireachtaí' ag iarraidh ar an oifig custaim imeachta nó iontrála scrúdú a dhéanamh.

Bíonn an stádas 'Ag fanacht le réiteach' ag an oibríocht ag an oifig

custaim imeachta nó iontrála.

Nuair a bheidh an tsaincheist réitithe, úsáideann an oifig custaim imeachta nó iontrála an teachtaireacht 'Fógra ar réiteach neamhréireachtaí' (IE020) chun an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach a chur ar an eolas. Scaoilfear na hearraí ansin agus urscaoilfidh an oifig custaim imeachta an oibríocht.

Má bhaineann an neamhrialtacht le hearraí atá ar iarraidh nó le hearraí ar a bhfuil tuairisc mhícheart, bíonn gá le beart den chineál céanna maidir le formhuiniú an carnet TIR agus seoladh teachtaireachtaí in NCTS.

### IX.5.6.2 Neamhrialtachtaí a bhaineann le séalaí

Seiceálfaidh lucht custam an bhfuil na séalaí atá greamaithe slán ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach. Más rud é go ndearnadh crioscaíl ar na séalaí nó má bhíonn siad briste, léireoidh an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an fhaisnéis sin sa teachtaireacht 'Torthaí Rialála' (IE018), a sheolfaidh sí chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála.

Sna cásanna sin, breithneoidh an oifig sin, leis na fíorais a chuirtear i láthair, agus cinnfidh sí na bearta iomchuí atá le déanamh (féadfar earraí a scrúdú mar shampla) sula gcuirfear an oifig custaim imeachta nó iontrála ar an eolas.

### IV.5.6.3 Neamhrialtachtaí eile

I gcás ina mbíonn neamhrialtacht calaoiseach nó gur beartaíodh é chun an córas TIR a mhí-úsáid, tá sé iomchuí gníomhaíocht dhlíthiúil a thabhairt in aghaidh na bpáirtithe atá freagrach.

### IX.5.7 Córas rialaithe le haghaidh carnet TIR

*Airteagal 6.2bis, Coinbhinsiún TIR*

*Iarscríbhinn 10, Coinbhinsiún TIR*

Tá eagraíocht idirnáisiúnta arna húdarú ag an gCoiste Riaracháin freagrach as córas rialaithe a shuí le haghaidh carnet TIR, chun a áirithiú go mbíonn an córas ráthaíochta idirnáisiúnta dea-eagraithe agus go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach. I láthair na huaire, is é an tAontas Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar (IRU) an eagraíocht údaraithe, agus úsáideann sé córas rialuithe leictreonacha (darb ainm SafeTIR).

Cuirfidh an oifig custaim cinn scríbe faisnéis maidir le críochnú nó críochnú páirteach oibríocht TIR a chur ar fáil in NCTS.

Seolfar an fhaisnéis seo ar an mbealach cumarsáide is tapa, go laethúil más féidir. Seolfar an fhaisnéis seo ar a laghad maidir le gach carnet TIR a chuirtear i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe:

a. Uimhir thagartha carnet TIR;

b. Dáta agus uimhir taifid sa mhórleabhar custaim (leabharchoimeád);

c. Ainm nó uimhir na hoifige custaim cinn scríbe;

d. Dáta agus uimhir thagartha a thugtar i ndeimhniú chríochnú na hoibríochta TIR (Boscaí 24-28 de Dhearbhán Uimh. 2) ag an oifig custaim cinn scríbe (má bhíonn sé éagsúil le (b));

e. Críochnú páirteach nó críochnaitheach;

f. Críochnú arna dheimhniú le forchoimeádas nó gan forchoimeádas, gan dochar d'Airteagail 8 agus 11 de Choinbhinsiún TIR;

g. Faisnéis nó doiciméid eile (roghnach);

Uimhir leathanaigh carnet TIR ar a ndeimhnítear an críochnú.

### IX.5.8 Díluchtú idirmheánach

*Airteagal 18, Coinbhinsiún TIR*

D'fhéadfadh ceithre[93] oifig custaim imeachta agus cinn scríbe ar a mhéad a bheith mar chuid d'iompar TIR.

Má dhíluchtaítear cuid de na hearraí ag oifig custaim idirmheánach faoi bhealach, ní mór don oifig sin gníomhú mar oifig custaim cinn scríbe agus oifig custaim imeachta chun críoch carnet TIR agus sonraí carnet TIR.

Tá na nósanna imeachta a thuairiscítear faoi phointe IX.5.3 le leanúint. Go háirithe, ba cheart an oibríocht níos luaithe in NCTS a dhúnadh agus teachtaireachtaí IE006 agus IE018 a sheoladh.

Tar éis an díluchtaithe, bíonn sealbhóir carnet TIR freagrach as dearbhú nua a chur isteach le haghaidh na n-earraí atá fágtha in

[93] D'fhéadfadh suas le hocht gcinn a bheith páirteach i Márta 2022 (cf. fonóta 90).

NCTS. Féach Iarscríbhinn 8.9. c) le haghaidh sampla.

### IX.5.9 Cóireáil iompar TIR fillte

*Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 2 (0.2-1)*

Féadfaidh iompar TIR tosú agus críochnú sa tír chéanna má dhéantar cuid den turas i bPáirtí Conarthach eile.

*Dea-Chleachtais, Lámhleabhar TIR*

Is féidir é seo a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna nach gceadaíonn Páirtí Conarthach eile don iompar TIR leanúint ar aghaidh ar a chríoch (cuir i gcás, má bhíonn cosc ar earraí áirithe). Féadfaidh dhá chás tarlú sna cásanna sin:

- Ba cheart don oifig custaim iontrála sa Pháirtí Conarthach lena mbaineann tús a chur le hoibríocht TIR agus é a dheimhniú mar tugtha i gcrích láithreach, ag tabhairt na cúise beaichte le haghaidh an diúltaithe sa bhosca a deir 'D'úsáid oifigiúil' ar gach dearbhán atá fágtha. Fillfidh an sealbhóir carnet TIR ar an oifig custaim imeachta na tíre roimhe sin ansin agus iarrfaidh sé/sí athrú ar thír agus ar oifig custaim cinn scríbe le haghaidh an iompair TIR. Chuige sin, iarrann an sealbhóir carnet TIR ar na húdaráis chustaim na hathruithe a dhéantar i mBosca 7 ar leathanach 1 den chumhdach agus i mBoscaí 6 agus 12 de na dearbháin atá fágtha a dheimhniú.

- Diúltaíonn an oifig custaim iontrála sa Pháirtí Conarthach lena mbaineann an carnet TIR a dheimhniú mar a thuairiscítear thuas. Fillfidh an sealbhóir carnet TIR ar an oifig custaim imeachta na tíre roimhe sin ansin agus iarrfaidh sé/sí athrú ar thír agus ar oifig custaim cinn scríbe le haghaidh an iompair TIR. Chuige sin, iarrann an sealbhóir carnet TIR ar na húdaráis chustaim na hathruithe a dhéantar i mBosca 7 ar leathanach 1 den chumhdach agus i mBoscaí 6 agus 12 de na dearbháin atá fágtha a dheimhniú agus, anuas air sin, iarrann sé/sí ar na húdaráis chustaim go dtugtar tagairt don diúltú ó údaráis na tíre leantaí maidir leis an carnet TIR sa bhosca a deir 'D'úsáid oifigiúil' ar gach dearbhán atá fágtha.

Féadfaidh an carnet TIR céanna (na leathanaigh atá fágtha) a úsáid chun leanúint den iompar TIR.

## IX.6 Nós imeachta fiosrúcháin

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- gníomhaíocht réamh-fhiosrúcháin (Mír IX.6.1);
- nós imeachta fiosrúcháin (Mír IX.6.2);
- cruthúnas malartach maidir le críochnú (Mír IX.6.3);
- fiach agus aisghabháil (Mír IX.6.4);
- éileamh in aghaidh an chomhlachais ráthaíochta (Mír IX.6.5);
- cur i bhfeidhm Airteagail 163-164 IA (Mír IX.6.6).

### IX.6.1 Gníomhaíocht réamh-fhiosrúcháin

I gcásanna nach bhfaigheann an oifig custaim imeachta nó iontrála an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) faoin teorainn ama nach mór na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach laistigh di, ní mór do na húdaráis sin teachtaireacht 'Iarraidh ar Stádas' (IE904) a úsáid chun a sheiceáil an dtagann NCTS sa Bhallstát cinn scríbe nó sa Bhallstát amach leis an stádas sin. Déanann an córas ag an gceann scríbe seiceáil an stádas go huathoibríoch agus freagraíonn sé leis an teachtaireacht 'Freagairt maidir le Stádas' (IE905). Féach Cuid VII.2.5 chun tuilleadh sonraí a fháil.

### IX.6.2 Nós imeachta fiosrúcháin

*Airteagal 280 IA*

Má bhíonn an stádas a thuairiscítear i Mír IX.6.1 mar an gcéanna ag an dá oifig agus mura mbíonn aon teachtaireacht ar iarraidh, ní mór d'údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta nó iontrála an nós imeachta fiosrúcháin a thionscnamh chun an fhaisnéis a theastaíonn chun an oibríocht TIR a urscaoileadh a fháil nó, mura féidir é sin a dhéanamh, ní mór dó a shuí ar tabhaíodh fiach custaim, an féichiúnaí a shainaithint agus an Ballstát atá freagrach as aisghabháil an fhéich chustaim a chinneadh.

Chun tuilleadh sonraí maidir leis an bhfiosrúchán leictreonach agus aisghabháil féich a fháil, féach Codanna VII agus VIII.

Mar sin féin, chun nós imeachta, a bhaineann le fiosrúchán a dhéanamh leis an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim

amach, a thionscnamh, moltar go bhfíoraíonn údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta nó iontrála gurb ann do thaifead a bhaineann le críochnú na hoibríochta ón gcóras rialuithe leictreonacha arna oibriú ag an eagraíocht idirnáisiúnta, de réir Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún TIR.

I gcásanna nach féidir oibríocht TIR a urscaoileadh ar a dhéanaí 28 lá tar éis sheoladh na hiarrata ar fhiosrúchán chuig an oifig custaim dhearbhaithe cinn scríbe nó an oifig custaim dhearbhaithe amach, iarrfaidh údarás custaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála go gcuireann an sealbhóir carnet TIR cruthúnas ar fáil gur tugadh an oibríocht TIR i gcrích nó cruthúnas maidir leis an áit iarbhír ar tharla an cion coiriúil nó neamhrialtacht, agus cuirfidh se an comhlachas ráthaíochta ar an eolas maidir leis sin. Féadfaidh an teachtaireacht 'Iarraidh maidir le gluaiseachtaí nár tháinig' (IE140) a úsáid le haghaidh iarraidh ar an sealbhóir carnet TIR nó a (h)ionadaí, chomh maith leis an teachtaireacht 'Faisnéis maidir le gluaiseachtaí nár tháinig' (IE141) le haghaidh an fhreagra.

Sa dá chás seo, ní mór don sealbhóir carnet TIR cruthúnas (maidir le críochnú nó áit na neamhrialtachta) a chur ar fáil laistigh de 28 lá ó dháta na hiarrata. Is féidir síneadh ama de 28 lá a chur leis an tréimhse seo arna iarraidh sin don sealbhóir carnet TIR.

Má bhíonn na nithe a leanas fíor tar éis na tréimhse sin:

- níl aon fhreagairt ón oifig custaim cinn scríbe nó ón oifig custaim amach,

- soláthraíonn an oifig custaim cinn scríbe deimhniú, nó má tharlaíonn sé nár cuireadh carnet TIR i láthair,

- ní chuirtear aon chruthúnas malartach ar fáil a shásaíonn an t-údarás custaim

- níl aon chruthúnas gur tugadh oibríocht TIR i gcrích, nó

- murar iarr aon Bhallstát eile freagracht as aisghabháil a aistriú,

tabharfaidh an oifig custaim imeachta nó iontrála fógra foirmiúil don chomhlachas ráthaíochta agus sealbhóir Carnet TIR maidir le neamh-urscaoileadh na hoibríochta TIR. Ba cheart an fógra, a fhéadfar a sheoladh an tráth céanna, a sheoladh leis an bpost, chun gach modh atá ann a úsáid lena áirithiú go bhfaigheann an seolaí an fógra.

*Airteagal 11 (1) de*

*Choinbhinsiún TIR*

*Airteagal 280 (8) IA*

Ar chaoi ar bith, ní mór an fógra a thabhairt laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta ar ar glacadh leis an carnet TIR.

I gcás, le linn céimeanna nós imeachta fiosrúcháin, ina suitear gur tugadh an oibríocht TIR i gcrích i gceart, urscaoilfidh údarás custaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála an oibríocht TIR agus cuirfidh sé an comhlachas ráthaíochta agus an sealbhóir carnet TIR agus, i gcás inarb iomchuí, aon údarás custaim a d'fhéadfadh nós imeachta aisghabhála a thionscnamh, ar an eolas láithreach.

## IX.6.3 Cruthúnas malartach maidir le críochnú

*Airteagal 281 IA*

Mar chruthúnas malartach gur tugadh oibríocht TIR i gcrích, féadfaidh údaráis chustaim Ballstáit imeachta nó iontrála glacadh le haon doiciméad arna dheimhniú ag údaráis chustaim an Bhallstáit cinn scríbe nó an Bhallstáit amach inar cuireadh na hearraí i láthair.

Ní mór don chruthúnas malartach seo na hearraí a shainaithint agus a shuí gur cuireadh iad i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach nó gur seachadadh iad don choinsíní údaraithe.

Féadfaidh an sealbhóir carnet TIR nó an comhlachas ráthaíochta ceann de na doiciméid a leanas a shainaithníonn na hearraí a chur i láthair mar chruthúnas malartach, chun sástacht údarás custaim Ballstáit imeachta nó iontrála:

- doiciméad nó taifead custaim arna dheimhniú ag údarás custaim an Bhallstáit a shuíonn gur fhág na hearraí go fisiciúil críoch chustaim an Aontais;
- doiciméad custaim a eisítear i dtríú tír ina gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim;
- doiciméad arna eisiúint i dtríú tír agus arna fhormhuiniú ag údaráis chustaim na tíre sin, lena ndeimhnítear go meastar go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht sa tríú tír sin.

Féadfar cóip de na doiciméid thuasluaite, arna ndeimhniú ag na húdaráis mar fhíorchóipeanna, a sholáthar mar chruthúnas.

*Airteagal 280 (8) IA*

Ba cheart don oifig atá i gceannas an fhiosrúcháin an sealbhóir carnet TIR agus an comhlachas ráthaíochta a chur ar an eolas ar ghlac sé leis an gcruthúnas malartach arna thabhairt mar fhianaise ar chríochnú an nós imeachta TIR. Ní mór don oifig atá i gceannas an fhiosrúcháin aon fhianaise a thacaíonn le hurscaoileadh an nós imeachta a nochtar ag an oifig le linn an nós imeachta fiosrúcháin a chur in iúl don sealbhóir carnet TIR freisin.

### IX.6.4 Fiach agus aisghabháil

Tá údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála freagrach as gníomhaíocht aisghabhála féich a thionscnamh má bhíonn aon neamhrialtacht ann as a n-eascraíonn íocaíocht fiach custaim agus/nó muirir eile.

### IX.6.4.1 Aitheantas duine/daoine atá faoi dhliteanas díreach

*Airteagal 78 DA*

In éagmais cruthúnais gur tugadh oibríocht TIR i gcrích, ní mór d'údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála an áit ar tabhaíodh an fiach custaim a chinneadh laistigh de 7 mí ón dáta deireanach ar ar cheart na hearraí a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach. Ní mór dóibh freisin an féichiúnaí a shainaithint agus an Ballstát atá inniúil maidir le haisghabháil an fhéich chustaim a chinneadh.

*Airteagal 105 CCA*

Cuirfear an fiach custaim isteach sna cuntais laistigh de theorainn 14 lá tar éis na tréimhse sin de 7 mí.

Chuige sin, is féidir le húdaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála beart a dhéanamh mar gheall ar aon fhaisnéis atá acu, lena n-áirítear aon fhaisnéis arna cur ar fáil ag an gcomhlachas ráthaíochta agus an sealbhóir carnet TIR.

*Airteagal 11 (1), Coinbhinsiún TIR*

*Airteagail 79, 84 agus 87 CCA*

*Airteagail 77 DA, 78 DA, 163 IA, 311 IA,*

Chun an duine nó na daoine atá faoi dhliteanas a shainaithint, ní mór forálacha ginearálta Chód Custaim an Aontais, IA agus DA a leanúint. I formhór na gcásanna, is féidir a mheas gur tabhaíodh an fiach custaim trí bhaint na n-earraí ón 'maoirseacht custaim' nó trí neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as úsáid an nós imeachta TIR. Toisc gurb é an sealbhóir carnet TIR atá freagrach as cur i láthair na n-earraí, etc., ag an oifig cinn scríbe nó an oifig amach, táthair den tuairim gur seisean/sise nó a (h)ionadaí a bheidh faoi dhliteanas díreach *prima facie*.

Chun tuilleadh sonraí maidir leis an bhfiach leictreonach agus an nós imeachta aisghabhála a fháil, féach Cuid VIII.

### IX.6.4.2 Aisghabháil an fhéich agus/nó muirir eile

*Airteagal 11 (2), Coinbhinsiún TIR*

Leanann aisghabháil féich in aghaidh an duine nó na ndaoine atá faoi dhliteanas na nósanna imeachta caighdeánacha – féach Cuid VIII. Faoi Choinbhinsiún TIR, ní mór do na húdaráis inniúla íocaíocht a éileamh ar an duine nó na daoine atá faoi dhliteanas na

dleachtanna agus na cánacha atá dlite a íoc. I gcásanna ina mbíonn an sealbhóir carnet TIR ina chónaí i dtríú tír, áfach, ní bhíonn sé indéanta íocaíocht a fháil i leith na muirear a bhíonn dlite i gcónaí. Admhaíonn Coinbhinsiún TIR é seo leis an bhfrása 'éileofar íocaíocht a mhéid is féidir ar an duine ata faoi dhliteanas'.

Tugann an frása 'a mhéid is féidir' le fios nach mór do na húdaráis inniúla iarracht a dhéanamh an íocaíocht a éileamh. Baineann eisiúint éileamh foirmiúil ar íocaíocht, ar a laghad, leis an iarracht seo. Ní mór an t-éileamh a chur faoi bhráid an duine.

Mura bhfaightear íocaíocht tar éis 1 mhí amháin ón dáta ar ar cuireadh an fiach in iúl don fhéichiúnaí, éileofar an méid – suas le teorainn na ráthaíochta – ar an gcomhlachas ráthaíochta.

### IX.6.5 Éileamh in aghaidh an chomhlachais ráthaíochta

*Airteagal 11(3), Coinbhinsiún TIR*

Is féidir an t-éileamh in aghaidh an chomhlachais ráthaíochta a dhéanamh ar a luaithe tar éis 1 mhí amháin ó dháta an fhógra maidir le neamh-urscaoileadh agus laistigh de 2 bhliain ó dháta an fhógra. Ba cheart a bheith cúramach gan éileamh a sheoladh roimh am (eadhon, éileamh arna dhéanamh roimh éag na teorann ama de 1 mhí amháin), toisc go bhféadfadh sé sin bailíocht an éilimh a chur i gcontúirt.

Sa chleachtas, úsáidfear an sprioc-am is luaithe den dá sprioc-am sin i gcás nach bhfuil aon dóchas ann fiach a aisghabháil ón duine nó na daoine atá faoi dhliteanas i gcás nach bhfuil áit iarbhír an chiona choiriúil nó na neamhrialtachta ar eolas. Úsáidfear an sprioc-am is déanaí nuair a bhíonn dóchas ann go n-aisghabhfaí an fiach ón duine nó na daoine atá faoi dhliteanas.

Tuigtear go gcuirtear gach éileamh a dhéantar in aghaidh an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta ar aghaidh chuig IRU. Cuireann sé seo ar chumas IRU bailíocht na n-éileamh a 'fhíorú'. Tá sé tábhachtach, mar sin de, go mbíonn doiciméadacht ann a thacaíonn leis na héilimh, doiciméadacht a thaispeánann, ar a laghad, gur eascair íocaíocht dleachtanna agus cánacha allmhairiúcháin as an neamhrialtacht, gur sainaithníodh an féichiúnaí, gur gníomhaíodh in aghaidh an fhéichiúnaí chun a éileamh air na muirir atá dlite a íoc agus gur seoladh na fógraí go tráthúil cuí.

### IX.6.6 Cur i bhfeidhm Airteagail 163-164 IA

Toisc go nglactar le críoch chustaim an Aontais mar chríoch aonair chun críoch an nós imeachta TIR, ní bhíonn sé éasca i gcónaí cé acu Ballstát atá inniúil chun plé le neamhrialtachtaí etc. a thagann chun cinn faoin nós imeachta a shainaithint. Mar sin de, meastar gur seoladh na fógraí neamh-urscaoilte dá dtagraítear i Mír IX.6.2 chuig gach comhlachas ráthaíochta laistigh den Aontas.

#### IX.6.6.1 Aistriú freagrachta i ndáil le haisghabháil an fhéich

*Airteagal 167(1) IA*

*Airteagal 1 (o) Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 11(2), Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 11(1), Coinbhinsiún TIR*

I gcás ina mbíonn gá le freagracht maidir le haisghabháil a aistriú chuig Ballstát eile, caithfidh an Ballstát atá ag tionscnamh nó ag iarraidh an aistrithe 'gach doiciméad a bhfuil gá leis' a sheoladh chuig an mBallstát ar a ndéantar an iarraidh. Áireofar ar an téarma 'gach doiciméad a bhfuil gá leis' aon chomhfhreagras idir an Ballstát atá ag tionscnamh agus a chomhlachas ráthaíochta náisiúnta.

*Airteagal 11(2), Coinbhinsiún TIR*

*Airteagal 11(3), Coinbhinsiún TIR*

Má bhaineann an comhfhreagras seo le haon fhaisnéis ábhartha arna déanamh ag an gcéad chomhlachas ráthaíochta maidir le bailíocht an fhógra, beidh ar an mBallstát ar a ndéantar an iarraidh cinneadh a dhéanamh ar féidir leis éileamh in aghaidh a chomhlachais ráthaíochta a chothú. I gcás achomharc in aghaidh éilimh, féadfaidh comhlachas ráthaíochta an Bhallstáit ar a ndéantar an iarraidh an comhfhreagras seo a úsáid chun tacú leis an bhforas atá aige i ndáil leis an éileamh arna dhéanamh ag an mBallstát ar a ndéantar an iarraidh i gcomhréir le dlíthe sibhialta na tíre sin.

### IX.7 Coinsíní údaraithe

Soláthraítear faisnéis sa mhír seo maidir leis an méid a leanas:

- réamhrá (Mír IX.7.1);
- údarás chun séalaí custaim a bhriseadh agus a bhaint (Mír IX.7.2);
- teacht na n-earraí (Mír IX.7.3);
- cur i láthair an carnet TIR (Mír IX.7.4);
- formhuiniú agus tabhairt an carnet TIR don sealbhóir carnet TIR (Mír IX.7.5).

### IX.7.1 Réamhrá

Is é an riail ghinearálta nach mór earraí a chuirtear faoi nós imeachta TIR a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe in éineacht leis an bhfeithicil, an carnet TIR agus MRN na hoibríochta TIR.

Féadfaidh an coinsíní údaraithe na hearraí a fháil ag áitreabh, nó ag áit cheadaithe eile, gan na hearraí, an fheithicil, an carnet TIR nó MRN na hoibríochta TIR a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe, áfach.

*Airteagal 230 CCA*

*Airteagail 186-187 DA*

*Airteagal 282 IA*

Tá nósanna imeachta TIR an choinsíní údaraithe bunaithe ar nós imeachta comhchoiteann/an Aontais maidir le hearraí faoi bhealach. Ní mór na nósanna imeachta a leagtar amach i gCuid VI a leanúint dá bhrí sin.

I gcomparáid leis an oibríocht TIR chaighdeánach, níl feidhm ag an údarú mar choinsíní údaraithe in oibríochtaí TIR ach le hoibríochtaí TIR inarb é an áit deiridh díluchtaithe an t-áitreabh a deirtear san údarú sin.

### IX.7.2 Údarás chun séalaí custaim a bhriseadh agus a bhaint

*Airteagal 282 IA*

Tá aitheantas frithpháirteach rialuithe na n-údarás custaim ar cheann de cholúin an nós imeachta TIR, agus is gné fhíor-riachtanach de sin é greamú agus baint séalaí custaim. Sin an fáth ba cheart don údarú a rá go sainráiteach go bhfuil sealbhóir carnet TIR an údaraithe nó a (h)ionadaí údaraithe na séalaí custaim a bhriseadh agus a bhaint.

Níor cheart don choinsíní údaraithe na séalaí custaim a bhaint i gcás ar bith sula bhfaighidh sé/sí cead ón oifig custaim cinn scríbe i bhfoirm na teachtaireachta 'Cead Díluchtaithe' (IE043).

### IX.7.3 Teacht na n-earraí

*Airteagal 282 IA*

Úsáidfidh an coinsíní údaraithe an teachtaireacht 'Fógra maidir le Teacht' (IE007) chun an oifig custaim cinn scríbe a chur ar an eolas faoi theacht na n-earraí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san údarú. Cuireann sé seo ar chumas na n-údarás inniúil rialuithe a dhéanamh, i gcás inar gá, sula ndíluchtaíonn an coinsíní na hearraí.

Seoltar an teachtaireacht 'Comhairle maidir le Teacht' (IE006) chuig an oifig custaim imeachta nó iontrála chun é a chur ar an

eolas gur tháinig an choinsíneacht.

Ceadaíonn an oifig custaim cinn scríbe díluchtú na n-earraí ag úsáid na teachtaireachta 'Cead Díluchtaithe' (IE043), mura bhfuil sé beartaithe aige an lastas a sheiceáil roimh an díluchtú. Bainfidh an coinsíní údaraithe na séalaí; rialóidh agus díluchtóidh sé/sí na hearraí, agus cuirfidh sé/sí na hearraí i gcomparáid leis an bhfaisnéis a thugtar sa carnet TIR agus an teachtaireacht 'Cead Díluchtaithe'; cuirfidh sé/sí na hearraí díluchtaithe ina t(h)aifead agus seolfaidh sé/sí an teachtaireacht 'Nótaí maidir le Díluchtú' (IE044) chuig an oifig custaim cinn scríbe ar a dhéanaí ar an tríú lá tar éis theacht na n-earraí. Áirítear ar an teachtaireacht seo faisnéis maidir le haon neamhrialtacht a thugtar faoi deara.

### IX.7.4 Cur i láthair an carnet TIR

*Airteagal 282 IA*

Cuirfear an carnet TIR agus MRN na hoibríochta TIR i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe laistigh den teorainn ama a shocraítear san údarú chun críoch fhormhuiniú agus chríochnú na hoibríochta TIR.

### IX.7.5 Formhuiniú agus tabhairt an carnet TIR don sealbhóir carnet TIR

*Airteagal 279(4) IA*

Caithfidh an oifig custaim cinn scríbe carnet TIR a fhormhuiniú trí chomhdhuille Uimh. 2 a líonadh isteach agus dearbhán Uimh. 2 a choinneáil. Tar éis an fhormhuinithe, caithfidh an oifig custaim cinn scríbe carnet TIR a thabhairt ar ais don sealbhóir carnet TIR nó dá (h)ionadaí.

*Barúil a ghabhann le hAirteagal 28, Coinbhinsiún TIR*

Tabharfaidh an oifig custaim cinn scríbe an teachtaireacht 'Torthaí Rialála' (IE018) isteach in NCTS agus seolfaidh sé na sonraí i gcomhréir le Mír IX.5.7.

## IX.8 Iarscríbhinní a ghabhann le Cuid IX

### IX.8.1 Pointí fócasacha san Aontas[94]

Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an leagan is déanaí den liosta seo de phointí fócasacha a fháil:

**EUROPA: https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/customs-procedures/what-is-customs-transit/common-union-transit_en**

94 Tá an liosta iomlán de phointí fócasacha ar fáil ag http://www.unece.org/tir/focalpoints/login.html

### IX.8.2 An tábla comhghaoil

| Ábhar Bosca TIR | Ainm Réimse NCTS |
|---|---|
| Tír/Tíortha Imeachta (Leathanach cumhdaigh, Bosca 6) | Tír Seolta (Bosca 15) |
| Tír/Tíortha C(h)inn Scríbe (Leathanach cumhdaigh, Bosca 7) | Tír Cinn Scríbe (Bosca 17) |
| Uimhir Chlárúcháin na bhFeithiclí (Leathanach cumhdaigh, Bosca 8) | Aitheantas ag an Imeacht (Bosca 18) |
| Deimhniú/Deimhnithe Ceadaithe na bhFeithiclí (Leathanach cumhdaigh, Bosca 9) | Doiciméid/Deimhnithe a chuirtear ar fáil (Bosca 44) |
| Uimhir/Uimhreacha an Choimeádáin (Leathanach cumhdaigh, Bosca 10) | Coimeádán (Bosca 19), Uimhir an choimeádáin (Bosca 31) |
| Líon carnet TIR (Bosca Volet 1) | Tagairt an Doiciméid a chuirtear ar fáil (Bosca 44), |
| Sealbhóir carnet TIR (Bosca Volet 4) | Sealbhóir trádálaí an nós imeachta (Bosca 50), uimhir EORI, uimhir ID an tsealbhóra TIR mar a shainmhínítear le haghaidh bhosca 3 de chumhdach TIR (féach Iarscríbhinn IX.8.3) Príomhthrádálaí (Bosca 50), uimhir EORI |
| Tír/Tíortha Imeachta (Bosca Volet 5) | Tír Seolta (Bosca 15) |
| Tír/Tíortha C(h)inn Scríbe (Bosca Volet 6) | Tír Cinn Scríbe (Bosca 17) |
| Uimhir Chlárúcháin na bhFeithiclí (Bosca Volet 7) | Aitheantas ag an Imeacht (Bosca 18) |
| Doiciméid atá i gceangal (Bosca Volet 8) | Doiciméid/Deimhnithe a chuirtear ar fáil (Bosca 44) |
| Coimeádáin, Marcanna agus Uimhreacha na bPacáistí (Bosca Volet 9) | Uimhir an choimeádáin (Bosca 31), Marcanna agus Uimhreacha na bPacáistí (Bosca 31) |
| Líon agus Cineál na bPacáistí agus na nAirteagal, Tuairisc ar earraí (Bosca Volet 10)* | Cineál na bPacáistí (Bosca 31), Líon na bPacáistí (Bosca 31), Uimhir na Míre (Bosca 32), Tuairisc Théacsúil (Bosca 31), Cód CC (Bosca 33) |
| Ollmheáchan (Bosca Volet 11) | Ollmhais Iomlán (Bosca 35) |

* Faoi na rialacha maidir le húsáid an carnet TIR, úsáidtear an bosca seo chun ‘earraí troma nó téagartha’ a thabhairt le fios dá dtagraítear in Airteagal 1(p) de Choinbhinsiún TIR. Tá an rud céanna i bhfeidhm maidir le cásanna ina n-úsáidtear an siombail ‘T2L’, i gcomhréir le hAirteagal 319 den nós imeachta um rialú le linn próisis

| Ábhar Bosca TIR | Ainm Réimse NCTS |
|---|---|
| An Áit agus Dáta Dearbhaithe (Bosca Volet 14) | An Dáta Dearbhaithe (Bosca C) |
| Líon agus Aitheantas na Séalaí (Bosca Volet 16) | Líon na Séalaí, Aitheantas na Séalaí (Bosca D) |
| An Oifig Imeachta nó Iontrála (Bosca Volet 18) | Uimh. Thagartha OoDep (Bosca C) |
| Teorainn ama le haghaidh Idirthurais (Bosca Volet 20) | Teorainn Dáta (Bosca D) |
| Uimhir Chlárlainne ag an Oifig Imeachta (Bosca Volet 21) | Máistiruimhir Thagartha (MRN) |
| An Oifig Cinn Scríbe (Bosca Volet 22) | An oifig custaim cinn scríbe (Bosca 53), seoltaí IE01 |
| Coinsíní (Doiciméid a chuirtear ar fáil) | Coinsíní Trádálaí (Bosca 8) |

### IX.8.3 Líonadh isteach an carnet TIR

#### Líonadh isteach boscaí sa carnet TIR

*Cuid 7.2 Dea-chleachtais maidir le húsáid an carnet TIR, Iarscríbhinn I de Lámhleabhar TIR*

#### Leathanach 1 den chumhdach arna líonadh isteach ag an gcomhlachas nó an sealbhóir carnet TIR

*Bosca 1* Dáta deiridh bailíochta (san fhormáid ll/mm/bbbb) nach féidir an carnet TIR a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta ina dhiaidh. Ar choinníoll gur ghlac an oifig custaim cinn scríbe leis ar an dáta deiridh bailíochta, nó roimhe sin, beidh an carnet TIR bailí go dtí críochnú na hoibríochta TIR ag an oifig custaim cinn scríbe. [Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: ní cheadaítear aon cheartú sa bhosca seo].

*Bosca 2* Ainm an chomhlachais náisiúnta eisiúna.

*Bosca 3* Uimhir aitheantais (ID), ainm, seoladh agus tír an tsealbhóra carnet TIR. Sannann an comhlachas ráthaíochta uimhir aonair uathúil aitheantais (ID) don sealbhóir carnet TIR i gcomhréir leis an bhformáid aonfhoirmeach a leanas: ‘AAA/BBB/XX…X’, i gcás ina léiríonn ‘AAA’ cód trí litir na tíre inar údaraíodh an duine a úsáideann carnet TIR, ‘BBB’ cód trí dhigit an chomhlachais náisiúnta trínar údaraíodh an sealbhóir carnet TIR, agus ‘XX...X’ uimhreacha leantacha (10 ndigit ar a mhéad), a shainaithníonn an duine atá údaraithe chun carnet TIR a úsáid.

*Bosca 4* Stampa agus síniú an chomhlachais eisiúna.

*Bosca 5* Síniú (stampáilte) rúnaí na heagraíochta idirnáisiúnta.

*Bosca 6* Tír (tíortha) ina dtosaíonn iompar TIR de lód nó lód páirteach earraí.

*Bosca 7* Tír (tíortha) ina gcríochnaíonn iompar TIR de lód nó lód páirteach earraí.

*Bosca 8* Cláruimhir nó cláruimhreacha na feithicle bóthair/na bhfeithiclí bóthair, ní hamháin feithicil mhótarthiomáinte (e.g. aonad tarracóra), ach cláruimhir leantóra nó leathleantóra arna tharraingt ag feithicil den sórt sin freisin. Nuair nach ndéanann reachtaíocht náisiúnta foráil maidir le clárú leantóirí agus leathleantóirí, soláthrófar aitheantas nó uimhir an mhonaróra in ionad na cláruimhreach.

*Bosca 9* Uimhir agus dáta an deimhnithe cheadaithe TIR/na ndeimhnithe ceadaithe TIR.

*Bosca 10* Uimhir an choimeádáin/uimhreacha na gcoimeádán, más infheidhme.

*Bosca 11* Barúlacha éagsúla, e.g. formhuiniú 'earraí troma nó téagartha'.

*Bosca 12* Síniú an tsealbhóra carnet TIR nó a (h)ionadaí.

**Dearbhán Uimh. 1/Uimh. 2 (buí), nó d'úsáid na n-údarás custaim**

Tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as líonadh isteach an dearbháin bhuí. Ní mór d'ábhar na bileoige teacht le dearbháin 1-20, i.e. na bileoga bána agus glasa. Mar riail, ní chuireann na húdaráis chustaim a bhfógraí ar an mbileog seo ach amháin i gcásanna ina n-iarrann an sealbhóir carnet TIR formhuiniú athruithe.

*Réitigh agus Moltaí, Lámhleabhar TIR*

An 31 Eanáir 2008, chinn Coiste Riaracháin Choinbhinsiún TIR a mholadh go soláthródh na sealbhóirí carnet TIR cód CC, ina bhfuil sé dhigit, chomh maith le tuairisc ar na hearraí, i mBosca 10 den lastliosta earraí ar dhearbhán buí (ní d'úsáid na n-údarás custaim) an carnet TIR.

Glacfaidh na hoifigí custaim imeachta san Aontas le cód CC ar dhearbhán an carnet TIR d'úsáid na n-údarás custaim chomh maith.

Tabhair faoi deara nach gceanglaítear ar an sealbhóir carnet TIR cód CC a chur isteach.

I gcásanna ina dtugtar cód CC, ba cheart do na húdaráis chustaim ag oifig custaim imeachta nó iontrála (faoi bhealach) a sheiceáil an dtagann an cód CC a thugtar leis an gceann i ndoiciméid chustaim, i ndoiciméid tráchtála agus i ndoiciméid iompair eile.

**Dearbhán Uimh. 1 (bán) arna líonadh isteach ag an sealbhóir carnet TIR**

*Bosca 1* Uimhir thagartha carnet TIR.

*Bosca 2* Oifig(í) ina dtosaíonn iompar TIR de lód nó lód páirteach earraí. Is féidir le líon na n-oifigí imeachta a bheith éagsúil, idir ceann amháin agus trí cinn, ag brath ar líon na n-oifigí cinn scríbe (Bosca 12 thíos). Ní mór nach mbeadh níos mó ná ceithre oifig custaim imeachta nó cinn scríbe ann.

*Bosca 3* Ainm agus/nó lógó na heagraíochta idirnáisiúnta.

*Bosca 4* Uimhir aitheantais (ID), ainm, seoladh agus tír an tsealbhóra carnet TIR. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 3 ar an gcumhdach.

*Bosca 5* Tír (tíortha) ina dtosaíonn iompar TIR de lód nó lód páirteach earraí.

*Bosca 6* Tír (tíortha) ina gcríochnaíonn iompar TIR de lód nó lód páirteach earraí.

*Bosca 7* Cláruimhir nó cláruimhreacha na feithicle bóthair/na bhfeithiclí bóthair, ní hamháin feithicil mhótarthiomáinte, ach cláruimhir leantóra nó leathleantóra arna tharraingt ag feithicil den sórt sin. I gcás nach ndéanann reachtaíocht náisiúnta foráil maidir le clárú leantóirí agus leathleantóirí, taispeánfar aitheantas nó uimhir an mhonaróra in ionad na cláruimhreach.

*Bosca 8* I gcomhréir le hUimh. 10 (c) nó Uimh. 11 de na Rialacha maidir le hÚsáid carnet TIR, féadfaidh doiciméid bhreise a chur i gceangal leis an carnet. Sa chás sin, ba cheart don oifig custaim imeachta iad a chur i gceangal leis an carnet TIR ag úsáid stáplaí nó gairis eile agus dá stampáil ar bhealach go bhfágfaí rianta soiléire ar an carnet TIR dá mbainfí iad. Chun iarracht a dhéanamh athrú na ndoiciméad a sheachaint, ba cheart don oifig imeachta gach leathanach de na doiciméid atá ceangailte a stampáil. Ba cheart na doiciméid a chur i gceangal leis an gcumhdach (nó leis an mbileog bhuí) agus le gach dearbhán den carnet TIR. Tá mionsonraí na ndoiciméad seo le tabhairt sa bhosca seo.

*Bosca 9* a) Uimhir/uimhreacha aitheantais urrann(a) an lasta nó coimeádá(i)n (i gcás inarb infheidhme).

b) Marcanna aitheantais nó líon na bpacáistí nó na míreanna.

*Bosca 10* Líon agus cineál na bpacáistí nó na míreanna, tuairisc ar earraí. Ba cheart trádainm (teilifíseáin, físeáin, seinnteoirí dlúthdhioscaí, etc.) na n-earraí a thabhairt sa tuairisc ar earraí agus ní mór dó sin a chur ar chumas daoine iad a aithint go soiléir. Ní ghlactar le sonraí cineálacha, amhail leictreonaic, fearais tí, éadaí nó soláthairtí, mar thuairiscí ar earraí. Féadfaidh an cód molta CC (ón mbileog bhuí) a chur isteach anseo freisin. Anuas air sin, ní mór líon na bpacáistí a bhaineann le gach tuairisc ar earraí a thaispeáint sa lastliosta earraí. I gcás earraí téagartha, ní mór líon na n-earraí a dhearbhú.

*Bosca 11* Ollmheáchan i gcileagraim (KG).

*Bosca 12* Líon na bpacáistí atá beartaithe le seachadadh ag oifigí custaim imeachta éagsúla, líon iomlán na bpacáistí agus ainmneacha (suíomhanna) na n-oifigí sin. Is féidir le líon na n-oifigí custaim cinn scríbe a bheith éagsúil, idir ceann amháin agus trí cinn, ag brath ar líon na n-oifigí custaim imeachta (Bosca 2 thuas). Ní mór nach mbeadh níos mó ná ceithre oifig custaim imeachta agus cinn scríbe ann.

*Boscaí 13-15* Áit, dáta agus síniú an tsealbhóra carnet TIR nó ghníomhaire an tsealbhóra. Trí bhíthin an bosca seo a líonadh isteach, glacann an sealbhóir carnet TIR freagracht as barántúlacht na faisnéise a thugtar ar an carnet TIR. Ba cheart na hiontrálacha seo a thabhairt ar gach dearbhán carnet TIR.

**Dearbhán Uimh. 1 (bán) arna líonadh isteach ag údaráis chustaim**

*D'úsáid oifigiúil amháin* Aon fhaisnéis chun rialú na n-údarás custaim a éascú, e.g. an uimhir ar an doiciméad custaim roimhe seo, etc.

*Bosca 16* Líon agus mionsonraí aitheantais na séalaí nó na marcanna aitheantais a cuireadh ann. Tabharfaidh an oifig custaim imeachta dheireanach an fhaisnéis seo ar na dearbháin uile atá fágtha.

*Bosca 17* Dáta (i gcomhréir leis an bhformáid ll/mm/bbbb), stampa agus síniú an oifigigh inniúil ag an oifig custaim imeachta. Ag an oifig custaim imeachta dheireanach, síneoidh an t-oifigeach custaim Bosca 17 faoin lastliosta ar na dearbháin uile atá fágtha, agus cuirfidh sé/sí stampa ann.

*Bosca 18* Ainm na hoifige custaim imeachta nó iontrála.

*Bosca 19* Ba cheart X a chur sa bhosca cuí má aimsítear go bhfuil séalaí nó marcanna aitheantais eile iomlán ag tús na hoibríochta TIR. Ní líonann an chéad oifig custaim imeachta an bosca seo isteach.

*Bosca 20* Teorainn ama (sprioc-am, agus an dáta tugtha san fhormáid ll/mm/bbbb agus am, más iomchuí) le haghaidh idirthurais, laistigh di nach mór an carnet TIR, chomh maith leis an bhfeithicil bhóthair, an comhcheangal feithiclí nó an coimeádán, a chur i láthair ag an oifig custaim amach nó an oifig custaim cinn scríbe.

*Bosca 21* Mionsonraí aitheantais na hoifige custaim imeachta nó iontrála, chomh maith leis an gcláruimhir a shanntar don oibríocht TIR sa mhórleabhar custaim.

*Bosca 22* Ilghnéitheach, e.g. an oifig faoi bhealach nó an oifig cinn scríbe nach mór na hearraí a chur i láthair ann. Más gá, féadfar an bealach forordaithe a thabhairt anseo.

*Bosca 23* Dáta (san fhormáid ll/mm/bbbb), stampa agus síniú an oifigigh inniúil ag an oifig custaim imeachta nó iontrála.

**Comhdhuille Uimh. 1 (bán) arna líonadh isteach ag na húdaráis chustaim**

*Bosca 1* Mionsonraí aitheantais na hoifige custaim imeachta nó iontrála.

*Bosca 2* Máistiruimhir Thagartha (MRN) nó cláruimhir eile a shanntar don oibríocht TIR.

*Bosca 3* I gcás inarb infheidhme, líon agus mionsonraí aitheantais na séalaí nó marcanna aitheantais a úsáideadh.

*Bosca 4* Ba cheart X a chur sa bhosca cuí má aimsítear go bhfuil séalaí nó marcanna aitheantais eile iomlán ag tús na hoibríochta TIR. Ní líonann an chéad oifig custaim imeachta an bosca seo isteach.

*Bosca 5* Ilghnéitheach, e.g. an oifig custaim faoi bhealach nó an oifig custaim cinn scríbe nach mór na hearraí a chur i láthair ann. I gcás inar gá, féadfaidh an bealach forordaithe a thabhairt anseo.

*Bosca 6* Dáta (san fhormáid ll/mm/bbbb), stampa agus síniú an oifigigh inniúil ag an oifig custaim imeachta nó iontrála.

*Comhdhuille 1* Má thosaigh an oibríocht TIR gan aon mhalartú sonraí carnet TIR (nós imeachta cúltaca/leanúnachas gnó – Mír 8.4), ba cheart an stampa (samhail in Iarscríbhinn 8.6.) a chur ar chomhdhuille Uimh. 1 i suíomh ina bhfuil sé le feiceáil go soiléir.

**Dearbhán Uimh. 2 (glas) arna líonadh isteach ag an sealbhóir carnet TIR**

Tá líonadh isteach bhoscaí 1-23 de Dhearbhán Uimh. 2 cosúil le líonadh isteach na mboscaí comhfhreagracha ar Dhearbhán Uimh. 1.

**Dearbhán Uimh. 2 (glas) arna líonadh isteach ag údaráis chustaim**

*Bosca 24* Mionsonraí aitheantais na hoifige custaim cinn scríbe nó na hoifige custaim amach.

*Bosca 25* Ba cheart X a chur sa bhosca cuí má aimsítear go bhfuil séalaí nó marcanna aitheantais eile iomlán.

*Bosca 26* An líon pacáistí díluchtaithe. Arna líonadh isteach ag an oifig custaim cinn scríbe agus ní ag na hoifigí amach.

*Bosca 27* Níor cheart an bosca seo a líonadh isteach ach amháin i gcásanna inar braitheadh neamhrialtachtaí, timpistí nó teagmhais i ndáil leis an iompar TIR. I gcásanna den sórt sin, ba cheart R a chur isteach, chomh maith le tuairisc shoiléir ar aon fhorchoimeádas. Má dheimhníonn na húdaráis chustaim críochnú oibríochtaí TIR faoi réir forchoimeádais neamhshonraithe chórasacha, ba cheart dóibh na cúiseanna leis sin a lua.

*Bosca 28* Dáta (san fhormáid ll/mm/bbbb), stampa agus síniú an oifigigh inniúil ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach.

Nuair a thugtar an chuid iomchuí de dhearbhán Uimh. 2 ar ais má thosaigh an oibríocht gan malartú sonraí carnet TIR (nós imeachta cúltaca/leanúnachas gnó – Mír 8.4), ní mór na nithe a leanas a sholáthar ar chúl an dearbháin: seoladh fillte údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála (faoi bhealach), agus stampa an 'nós imeachta cúltaca NCTS' (samhail in Iarscríbhinn 8.6.) sa bhosca a deir 'D'úsáid oifigiúil'.

**Comhdhuille Uimh. 2 (glas) arna líonadh isteach ag údaráis chustaim**

*Bosca 1* Mionsonraí aitheantais na hoifige custaim cinn scríbe nó na hoifige custaim amach.

*Bosca 2* Ba cheart X a chur sa bhosca cuí má aimsítear go bhfuil séalaí nó marcanna aitheantais eile iomlán.

*Bosca 3* An líon pacáistí díluchtaithe. Arna líonadh isteach ag an oifig custaim cinn scríbe, ní ag na hoifigí custaim amach.

*Bosca 4* I gcás inarb infheidhme, ní mór líon agus mionsonraí aitheantais na séalaí nua nó marcanna nua aitheantais a úsáid.

*Bosca 5* Amhail Bosca 27 de dhearbhán Uimh. 2, níor cheart an bosca seo a líonadh isteach ach amháin má braitheadh neamhrialtachtaí, timpistí nó teagmhais i ndáil leis an iompar TIR. I gcásanna den sórt sin, ba cheart R a chur isteach, chomh maith le tuairisc shoiléir ar aon fhorchoimeádas. Má dheimhníonn na húdaráis chustaim críochnú oibríochtaí TIR faoi réir forchoimeádais neamhshonraithe chórasacha, ba cheart dóibh na cúiseanna leis sin a lua.

*Bosca 6* Dáta（san fhormáid ll/mm/bbbb）, stampa agus síniú an oifigigh inniúil ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach.

**Líonadh isteach thuarascáil dheimhnithe an carnet TIR**

*Bosca 1* Oifig(í) custaim imeachta.

*Bosca 2* Uimhir carnet TIR.

*Bosca 3* Ainm na heagraíochta idirnáisiúnta.

*Bosca 4* Cláruimhir/cláruimhreacha feithicle bóthair/feithiclí bóthair.

*Bosca 5* Sealbhóir carnet TIR agus uimhir aitheantais.

*Bosca 6* Bail an tséala chustaim; X sa bhosca cuí:

- Bosca ar chlé: tá na séalaí slán;

- Bosca ar dheis: briseadh na séalaí.

*Bosca 7* Bail urrann an lasta, an choimeádáin/na gcoimeádán:

- Bosca ar chlé: tá urrann an lasta slán;

- Bosca ar dheis: osclaíodh urrann an lasta.

*Bosca 8* Nótaí / torthaí

*Bosca 9* Ní mór an bosca a deir ‘Níor dhealraigh sé go raibh aon earra ar iarraidh’ a líonadh isteach le X:

- Bosca ar chlé: níl aon earra ar iarraidh.

- Bosca ar dheis: tá earraí ar iarraidh. Sa chás seo, ní mór Boscaí 10 go 13 a líonadh isteach chun na hearraí atá ar iarraidh nó a scriosadh a thaispeáint.

*Bosca 10* a) urrann(a) an lasta nó coimeádá(i)n: cuir mionsonraí aitheantais isteach.

b) Marcanna agus líon na bpacáistí nó na míreanna: cuir mionsonraí aitheantais isteach.

*Bosca 11* Líon agus cineál na bpacáistí nó na míreanna, tuairisc ar earraí.

*Bosca 12* (M) le haghaidh earraí atá ar iarraidh.

(D) le haghaidh earraí a scriosadh.

*Bosca 13* Nótaí, mionsonraí an lín atá ar iarraidh nó a scriosadh.

*Bosca 14* Dáta (ll/mm/bbbb), áit agus am na timpiste.

*Bosca 15* Bearta a rinneadh chun é a chur ar a cumas don oibríocht TIR leanúint ar aghaidh: ba cheart X a chur sa bhosca cuí agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart míreanna eile a líonadh isteach:

- Bosca uachtarach: greamú na séalaí nua: líon agus tuairisc.

- Bosca láir: aistriú an lóid, féach Bosca 16.

- Bosca íochtarach: eile.

*Bosca 16* Má aistríodh na hearraí: líontar isteach an mhír 'Tuairisc ar gach feithicil bhóthair/coimeádán ar cuireadh ceann nua ina ionad':

a) Cláruimhir na feithicle; má ceadaíodh an fheithicil le haghaidh iompar TIR, ba cheart X a chur sa bhosca ar chlé. Murar ceadaíodh ba cheart X a chur sa bhosca ar dheis.

b) Uimhir/uimhreacha aitheantais an choimeádáin/na gcoimeádán; má ceadaíodh an coimeádán/na coimeádáin le haghaidh iompar TIR, ba cheart X a chur sa bhosca ar chlé. Murar ceadaíodh ba cheart X a chur sa bhosca ar dheis.

Ba cheart uimhir an deimhnithe ceadaithe, más iomchuí, a chur ar thaobh deas an bhosca ar dheis. Ba cheart uimhir agus mionsonraí na séalaí a ghreamaítear a chur sa líne ar thaobh deas an bhosca ar dheis.

*Bosca 17* Ainm/teideal agus mionsonraí an údaráis a líon an tuarascáil dheimhnithe isteach; áit, dáta (ll/mm/bbbb), stampa agus síniú.

*Bosca 18* Dáta (ll/mm/bbbb), stampa agus síniú na chéad oifige custaim eile arna sroicheadh ag an iompar TIR.

*Duillín in-stróicthe* Bainfear an cúinne inscaoilte ar a bhfuil uimhir ar chúl bhileog an carnet TIR agus tabharfar ar ais é don sealbhóir carnet TIR má ghlacann na húdaráis inniúla seilbh air le haghaidh imscrúdú. Formhuineoidh an t-údarás a ghlac an carnet TIR é le stampa agus síniú le soiléiriú.

## IX.8.4 Oibríochtaí TIR i gcásanna áirithe (an nós imeachta cúltaca/an nós imeachta leanúnachais gnó)

### Úsáid carnet TIR

*Airteagal 274 IA*

I gcás nach mbíonn NCTS ná an córas ríomhairithe a úsáideann na sealbhóirí carnet TIR chun sonraí carnet TIR a thaisceadh ar fáil ag an oifig custaim imeachta nó iontrála, úsáidtear an nós imeacht cúltaca/an nós imeachta leanúnachais gnó agus scaoiltear an oibríocht TIR ar bhonn an carnet TIR. Tugtar úsáid an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó ar chomhdhuille Uimh. 1 agus tríd an mbosca a deir 'D'úsáid oifigiúil' ar dhearbhán Uimh. 2 a stampáil, i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 8.6.

Nuair a thugtar an chuid iomchuí de dhearbhán Uimh. 2 ar ais sa nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó, ní mór go mbeadh seoladh fillte údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála ar a chúl.

*Airteagal 279(5) IA*

Sna cásanna sin, ní féidir NCTS a úsáid chun an oibríocht TIR a thabhairt i gcrích ná a urscaoileadh laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

Tugann an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach an nós imeachta TIR i gcrích bunaithe ar dhearbhán Uimh. 2 den carnet TIR agus seolann sé an chuid iomchuí de chuig údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 8 lá ó dháta an chríochnúcháin. Cuireann an oifig custaim chinn imeachta nó iontrála an fhaisnéis a sholáthraíonn an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach chun an nós imeachta a urscaoileadh.

### Gníomhaíocht réamhfhiosrúcháin i gcás an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó

*Dea-Chleachtais, Lámhleabhar TIR*

Má úsáidtear an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó agus mura bhfuair údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála an chuid iomchuí de dhearbhán Uimh. 2 den carnet TIR faoin sprioc-am de 8 lá, féadfaidh siad córas rialuithe leictreonach IRU, SafeTIR, a cheistiú, chun a shuí ar tuairiscíodh cur i láthair an carnet TIR ag an gceann scríbe nó ag an oifig amach. Féadfaidh sé seo cabhrú leo fógra fiosrúcháin carnet TIR a sheoladh chuig an oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach reatha nó dheireanach san Aontas.

Má thugann an comhairliúchán le fios nár cuireadh an carnet TIR i

láthair na hoifige custaim cinn scríbe, féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála a chinneadh an nós imeachta fiosrúcháin a thosú láithreach leis an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach dhearbhaithe san Aontas.

**Nós imeachta fiosrúcháin i gcás an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó**

*Airteagal 280 (6) IA*

Nuair nach bhfuil cruthúnas faighte ag údaráis chustaim an Bhallstáit imeachta nó iontrála gur tugadh an oibríocht TIR i gcrích laistigh de 2 mhí ó dháta glactha an carnet TIR, nó má shíleann siad gur tugadh é i gcrích níos luaithe, seolann siad fógra fiosrúcháin carnet TIR (samhail thíos) chuig an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach. Tá an rud céanna i bhfeidhm má thagann sé chun solais ina dhiaidh sin gur bréagnaíodh cruthúnas ar chríochnú na hoibríochta TIR.

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta a leagtar síos i gCuid VII, Caibidil 4 (an nós imeachta fiosrúcháin).

*Dea-Chleachtais, Lámhleabhar TIR*

Is iad seo a leanas na samhlacha le haghaidh na litreach faisnéise agus an fhógra fiosrúcháin atá le húsáid i nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó:

### IX.8.5 Fógra i scríbhinn

*Litir faisnéise atá le seoladh chuig an gcomhlachas ráthaíochta TIR agus an sealbhóir carnet TIR*

……………………………                                        ………………….

(ainm iomlán na hoifige custaim/riaracháin lena mbaineann)                    (áit agus dáta)

**Ábhar:** **Faisnéis maidir le carnet TIR Uimh…………**

**chuig…..……………………………………………………**

(ainm iomlán agus seoladh an tsealbhóra carnet TIR)

**………………………………………………………………**

(ainm iomlán an chomhlachais ráthaíochta)

A Dhuine Uasail,

Ba mhaith linn thú a chur ar an eolas nach bhfuair ár n-údarás custaim deimhniú ar chríochnú ceart na hoibríochta TIR laistigh den Aontas Eorpach arna iompar faoi carnet TIR Uimh…………..

Ina theannta sin, sheiceálamar stádas an carnet TIR seo sa chóras rialuithe le haghaidh carnet TIR agus:

(2) níl aon fhaisnéis ann a dheimhníonn chríochnú na hoibríochta seo san Aontas,

(3) tá taifead ann a bhaineann leis an oibríocht TIR seo agus tá teagmháil déanta againn cheana féin leis an oifig custaim cinn scríbe in ……………………… chun an fhaisnéis SafeTIR seo a dheimhniú ach níl aon deimhniú faighte againn go dtí seo.[951]

Dá bhrí sin, de réir Airteagal 280 (7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 28, 29.12.2015, lch. 558) agus gan dochar don fhógra atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 11.1 de Choinbhinsiún TIR iarraimid ort na doiciméid iomchuí a thabhairt dúinn a léiríonn gur tugadh an oibríocht TIR seo i gcrích i gceart san Aontas Eorpach laistigh de 28 lá ó dháta na litreach seo.

1 Rogha 1 nó 2 le roghnú ag an údarás custaim lena mbaineann.

Ba cheart an cruthúnas a chur ar fáil i bhfoirm ceann de na doiciméid a leanas a shainaithníonn na hearraí:

- doiciméad arna dheimhniú ag údarás custaim an Bhallstáit cinn scríbe nó an Bhallstáit amach a shainaithníonn na hearraí agus a shuíonn gur cuireadh na hearraí i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach, nó gur seachadadh iad chuig coinsíní údaraithe

- doiciméad nó taifead custaim arna dheimhniú ag údarás custaim an Bhallstáit a shuíonn gur fhág na hearraí go fisiciúil críoch chustaim an Aontais

- doiciméad custaim a eisítear i dtríú tír ina gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim

- doiciméad a eisítear i dtríú tír, ar chuir údarás custaim na tíre sin stampa air nó ar dheimhnigh údarás custaim na tíre sin é ar bhealach eile, lena suitear go meastar go bhfuil na hearraí i saorchúrsaíocht sa tríú tír sin.

Féadfaidh cóip de na doiciméid a luaitear thuas, arna ndeimhniú mar fhíorchóipeanna ag an gcomhlacht a dheimhnigh na doiciméid bhunaidh, ag údarás an tríú tír lena mbaineann nó údarás Ballstáit a chur ar fáil mar chruthúnas.

…………………………………………………..

(stampa na hoifige custaim/síniú an duine atá freagrach)

Atá i gceangal: cóip de dhearbhán uimh. 1 den carnet TIR

**IX.8.6 Fógra fiosrúcháin sampla**

**Carnet TIR – fógra fiosrúcháin**

| **I. Le líonadh isteach ag an oifig imeachta nó iontrála chuig an Aontas** |
|---|
| A. TIR carnet Uimh. B. oifig custaim cinn scríbe nó oifig custaim amach ón Aontas<br>Cóip de dhearbhán Uimh. 1 i gceangal (ainm agus Ballstát)<br>C. An oifig imeachta nó iontrála D. Cláruimhir feithicle<br>isteach san Aontas nó ainm an tsoithigh, más eol iad<br>(ainm, seoladh, Ballstát)<br>E. De réir faisnéise atá ar fáil don oifig seo,<br>☐ 1. cuireadh an choinsíneacht i láthair……………………………………………an …./…./….<br>(oifig custaim nó coinsíní údaraithe) LL /MM /BB<br>2. seachadadh an choinsíneacht do………………………………………………………an …./…./….<br>(ainm agus seoladh an duine nó an ghnóthais) LL/ MM/ BB<br>☐ 3. Níl aon fhaisnéis maidir le suíomh na n-earraí ar fáil<br><br>Áit agus dáta: Síniú Stampa |
| **II. Le líonadh isteach ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach ón Aontas:**<br>Iarraidh ar fhaisnéis bhreise |
| Chun na fiosrúcháin a dhéanamh, éilítear ar an oifig imeachta nó iontrála chuig an Aontas na nithe a leanas a sheoladh:<br>☐ 1. tuairisc chruinn ar na hearraí<br>☐ 2. cóip den sonrasc<br>☐ 3. cóip de CMR<br>☐ 4. na doiciméid nó an fhaisnéis seo a leanas:<br>Áit agus dáta: Síniú stampa |

**III Le líonadh isteach ag an oifig custaim imeachta nó iontrála chuig an Aontas:**
Freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise

□ 1. Tá an fhaisnéis, na cóipeanna nó na doiciméid a iarrtar i gceangal

□ 2. Níl an fhaisnéis, na cóipeanna nó na doiciméid dá dtagraítear faoi uimhreacha 1 2 3 4 ar fáil □ □ □ □

Áit agus dáta: Síniú Stampa

**IV. Le líonadh isteach ag an oifig custaim cinn scríbe nó an oifig custaim amach ón Aontas**

□ 1. An chuid iomchuí de Dhearbhán Uimh. 2 arna thabhairt ar ais an …./…./….; tá an chóip de Dhearbhán Uimh. 1 atá formhuinithe go cuí i gceangal

□ 2. Tá an chuid iomchuí de Dhearbhán Uimh. 2 formhuinithe go cuí agus tá sé i gceangal leis an bhfógra fiosrúcháin seo

□ 3. Tá fiosrúcháin á ndéanamh agus tabharfar cóip de Dhearbhán Uimh. 2 nó cóip de Dhearbhán Uimh. 1 ar ais a luaithe is féidir

□ 4. Cuireadh an choinsíneacht i láthair anseo gan an doiciméad ábhartha

□ 5. Níor cuireadh an choinsíneacht ná an carnet TIR i láthair anseo agus ní féidir aon fhaisnéis orthu sin a fháil

Áit agus dáta Síniú Stampa

## IX.8.7 Samhail de Chomhaontú/Ghealltanas ón Aontas Eorpach

### SAMHAIL DE CHOMHAONTÚ CAIGHDEÁNACH ÓN AONTAS EORPACH IDIR ÚDARÁIS CHUSTAIM BALLSTÁT AGUS A gCOMHLACHAIS RÁTHAÍOCHTA NÁISIÚNTA MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA TIR‡

I gcomhréir le hAirteagail 6 agus 8, agus Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 1(d) den Choinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR arna dhéanamh sa Ghinéiv an 14 Samhain 1975, mar a leasaíodh níos déanaí (dá ngairtear Coinbhinsiún TIR anseo feasta), aontaíonn [*ainm an Údaráis Riaracháin]* agus *[ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] mar chomhlachas arna cheadú ag na húdaráis chustaim chun gníomhú mar urra le haghaidh daoine a úsáideann an nós imeachta TIR§, mar a leanas:

**Gnóthas**

I gcomhréir le hAirteagal 8 agus Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 3 (iv) de Choinbhinsiún TIR, geallann [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] go n-íocfaidh sé le [*ainm an Údaráis Riaracháin*] méid urraithe an fhéich custaim agus aon mhuirear eile, chomh maith le haon ús ar riaráistí , atá dlite faoi rialacháin den Aontas Eorpach agus, i gcás inarb iomchuí, faoi dhlí náisiúnta [*ainm an Bhallstáit*] má tugadh neamhrialtacht faoi deara maidir le hoibríocht TIR.

Tá feidhm ag an ngealltanas seo maidir le gluaiseacht earraí faoi chumhdach aon carnet TIR arna eisiúint ag [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] nó aon chomhlachas ráthaíochta eile atá cleamhnaithe leis an eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6.2 de Choinbhinsiún TIR.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 8 de Choinbhinsiún TIR, beidh [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach leis na daoine a mbíonn na méideanna a luaitear thuas dlite uathu, le haghaidh íocaíocht méideanna den sórt sin.

I gcomhréir le hAirteagal 163 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais beidh an méid uasta ar féidir le [*ainm an Údaráis Chustaim*] a iarraidh ar [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] teoranta do EUR 100 000 (céad míle) in aghaidh Carnet TIR nó do mhéid atá cothrom leis an méid sin arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

---

‡ Comhshocrú riaracháin TAXUD/1958/2003 Críochnaitheach

§ Tagraíonn Airteagal 1(q) de Choinbhinsiún TIR, 1975. Níl feidhm ag an gComhaontú ná an Gnóthas seo maidir le hiompar táirgí alcóil nó tobac mar a thuairiscítear i Nóta Míniúcháin 0.8.3 de Choinbhinsiún TIR.

Geallann [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] go n-íocfaidh sé, tar éis an chéad iarratais i scríbhinn ó [*ainm an Údaráis Chustaim*] agus laistigh de na hachair ama a leagtar amach i gCoinbhinsiún TIR, agus i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta.

Ní bheidh feidhm ag an ngealltanas seo maidir le haon fhíneáil nó aon phionóis a d'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann a ghearradh.

**Fógra agus Iarrataí ar Íocaíocht**

D'fhonn pé údarás custaim den Aontas Eorpach atá inniúil chun na méideanna a luaitear thuas a aisghabháil, tá forálacha Airteagal 87 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais le cur i bhfeidhm. Dá réir sin, tá [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] faoi dhliteanas freisin na méideanna a luaitear thuas i gcás ina mbíonn feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 167(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

Leanann dliteanas [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] ó fhorálacha Choinbhinsiún TIR. Go háirithe, tosóidh an dliteanas ag na huaireanta a shonraítear in Airteagal 8, mír 4 de Choinbhinsiún TIR.

**Forálacha eile**

Tugann [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] gealltanas chun forálacha sonracha Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 3 (i) go (iii) agus (v) go (x) a chomhlíonadh chomh maith leis an oibleagáid maidir le cur isteach sonraí i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 9, Cuid II de Choinbhinsiún TIR.

**Foirceannadh an Chomhaontaithe**

Níl aon dáta éaga ag an gcomhaontú seo. Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí an Comhaontú a fhoirceannadh go haontaobhach ar choinníoll go dtugann sé fógra de nach lú ná 3 mhí i scríbhinn.

Beidh foirceannadh an chomhaontaithe seo gan dochar do na freagrachtaí agus dliteanais de [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] faoi Choinbhinsiún TIR. Ciallaíonn sé sin go mbeidh [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] freagrach as aon éileamh bailí ar íocaíocht an mhéid urraithe a eascraíonn as oibríochtaí TIR a chlúdaíonn an Comhaontú seo agus a thosaigh roimh an dáta a bhí éifeacht ag foirceannadh an Chomhaontaithe seo, fiú má sheoltar an iarraidh ar íocaíocht tar éis an dáta sin.

**Dlínse**

I gcomhthéacs aon díospóid a eascraíonn as cur i bhfeidhm an chomhaontaithe seo, is é Ballstát oifig chláraithe [*ainm an chomhlachais ráthaíochta náisiúnta*] a chinnfidh dlínse agus an dlí náisiúnta is infheidhme.

**Teacht i bhfeidhm**

Beidh feidhm ag an gcomhaontú seo ón...

| | |
|---|---|
| Sínithe | Sínithe |
| Thar ceann an Chomhlachais Ráthaíochta Náisiúnta | Thar ceann an Údaráis Custaim |
| Dáta | Dáta |

**IX.8.8 Stampa sampla le haghaidh an nós imeachta cúltaca/nós imeachta leanúnachais gnó**

| |
|---|
| **NÓS IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ NCTS**<br><br>*NÍL AON SONRA AR FÁIL SA CHÓRAS*<br><br>*ARNA THIONSCNAMH AN*___________________<br><br>*(Dáta/uair)* |

(toisí: 26 x 59 mm, dúch dearg)

Le haghaidh gach leagain teanga den stampa, féach Cuid V, Iarscríbhinn 8.1

**IX.8.9 Samplaí de chásanna ina dtaisctear na sonraí carnet TIR leictreonacha**

<u>a) Iompar TIR a thosaíonn ó thríú tír agus lena mbaineann tír nach de chuid an Aontais í le linn an turais:</u>

<u>Sampla:</u>

[An Tuirc – Kapitan Andreevo (an Bhulgáir) – Siret (an Rómáin) – an Úcráin – Medyka agus Kraków (an Pholainn)]

Tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as na sonraí carnet TIR a thaisceadh ag an oifig custaim iontrála in Kapitan Andreevo (an Bhulgáir). Tugann an oifig custaim amach ón Aontas in Siret (an Rómáin) an oibríocht TIR i gcrích agus seolann sé teachtaireachtaí IE006 agus

IE018 chuig an oifig custaim iontrála in Kapitan Andreevo (an Bhulgáir). Nuair a thagann an oibríocht TIR isteach san Aontas arís beidh an sealbhóir carnet TIR freagrach as na sonraí carnet TIR a thaisceadh ag an oifig custaim iontrála in Medyka (an Pholainn). Is NCTS/oibríocht TIR nua é sin ag a bhfuil MRN nua. Tugann an oifig custaim cinn scríbe (Kraków) an oibríocht TIR i gcrích le seoladh teachtaireachtaí IE006 agus IE018 go Medyka agus baineann sé agus coinníonn sé an dá chuid de Dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus cuireann sé nótaí leis an gcomhdhuille carnet TIR.

b) iompar TIR ag tosú ón Aontas agus lena mbaineann áit luchtaithe idirmheánach:

Sampla:

[Turku (an Fhionlainn) – Kotka (an Fhionlainn) – an Rúis]

Tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as na sonraí carnet TIR a thaisceadh agus an carnet TIR a chur i láthair ag an oifig custaim imeachta (Turku). Tugtar an oibríocht TIR roimhe seo (ó Turku) i gcrích ag an áit luchtaithe idirmheánach (Kotka) le seoladh teachtaireachtaí IE006 agus IE018 go Turku agus baintear agus coinnítear an dá chuid de Dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus cuirtear nótaí leis an gcomhdhuille carnet TIR. Taisceann an sealbhóir carnet TIR na sonraí carnet TIR lena n-áirítear sonraí na hoibríochta roimhe seo ó Turku agus na hearraí a luchtaítear in Kotka agus cuireann sé an carnet TIR i láthair ag Kotka chun oibríocht TIR nua a thosú. Tugann an oifig custaim amach ón Aontas (Vaalimaa) an oibríocht TIR i gcrích le seoladh teachtaireachtaí IE006 agus IE018 go Kotka agus baineann sé agus coinníonn sé an dá chuid de Dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus cuireann sé nótaí leis an gcomhdhuille carnet TIR.

c) iompar TIR ag tosú ó thríú tír (an Rúis) agus lena mbaineann dhá áit díluchtaithe san Aontas:

Sampla:

[Murmansk (an Rúis) – Oulu (an Fhionlainn) – Turku (an Fhionlainn)]

Tá an sealbhóir carnet TIR freagrach as na sonraí carnet TIR a thaisceadh agus an carnet TIR a chur i láthair ag an oifig custaim iontrála (Rajajooseppi). Tugtar an oibríocht TIR roimhe seo (ó Rajajooseppi) i gcrích ag an áit díluchtaithe idirmheánach (Oulu) le seoladh teachtaireachtaí IE006 agus IE018 go Rajajooseppi agus baintear agus coinnítear an dá chuid de Dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus cuirtear nótaí leis an gcomhdhuille carnet TIR. Taisceann an sealbhóir carnet TIR na sonraí carnet TIR lena n-áirítear sonraí na hoibríochta atá fágtha ó Rajajooseppi agus cuireann sé an carnet TIR i láthair ag Oulu chun oibríocht TIR nua a thosú. Tugann an oifig custaim cinn scríbe (Turku) an oibríocht TIR i gcrích le seoladh teachtaireachtaí IE006 agus IE018 go Oulu agus baineann sé agus coinníonn sé an dá chuid de Dhearbhán carnet TIR Uimh. 2 agus cuireann sé nótaí leis an gcomhdhuille carnet TIR.

IX.9.1. Sampla den chás maidir le Tuaisceart Éireann tar éis Brexit

Tarlaíonn an t-iompar TIR ón nGearmáin go dtí Tuaisceart Éireann (XI), tríd an mBeilg agus tríd an mBreatain Mhór (GB).

Ní mór an fheithicil bhóthair, nó an coimeádán, a chur i láthair chun críocha rialála ag an oifig custaim imeachta in DE, chomh maith leis an carnet TIR. Nuair a ghlacann oifig custaim DE leis an carnet TIR, **tosaíonn an chéad oibríocht TIR ón oifig sin chuig an oifig custaim amach (faoi bhealach) in BE.** Ní mór an fheithicil nó an coimeádán chomh maith leis an carnet TIR a chur i láthair ag oifig custaim amach BE (faoi bhealach), áit a dtugtar an oibríocht TIR i gcrích.

Tabhair faoi deara go ndéantar malartuithe na sonraí carnet TIR idir an dá oifig custaim, i dteannta cheanglais Choinbhinsiún TIR (e.g. úsáid an carnet TIR páipéir) **trí chruthú ghluaiseacht TIR NCTS** ag an oifig custaim Ghearmánach agus arna thabhairt i gcrích ag an oifig custaim Bheilgeach, mar a fhorordaítear le CCA-GCCF.

Ansin taistealaíonn an fheithicil bhóthair, nó an coimeádán, chuig GB ar bhád farantóireachta, ag fágáil chríoch chustaim an Aontais dá bharr. Ní mór an fheithicil, nó an coimeádán, a chur i láthair chun rialála ag an oifig custaim iontrála (faoi bhealach) in GB, chomh maith leis an carnet TIR**. Is anseo a thosaíonn an dara hoibríocht TIR**. Críochnaíonn turas na feithicle in GB ag oifig custaim amach GB (faoi bhealach) áit nach mór an fheithicil agus an carnet TIR a chur i láthair chun rialála agus an oibríocht a thabhairt i gcrích.

Ag an iontráil in XI, críoch ina bhfuil feidhm ag creat dlíthiúil CCA, ní mór an fheithicil nó an coimeádán a chur i láthair ag oifig custaim iontrála XI (faoi bhealach) chun rialála. **Is é seo tús an tríú hoibríocht TIR, agus an ceann deireanach, de chuid an iompair TIR seo ó oifig custaim iontrála XI (faoi bhealach) chuig oifig custaim cinn scríbe isteach faoin tír in XI**. Ní mór an fheithicil, nó an coimeádán, a chur i láthair ag an oifig custaim cinn scríbe le haghaidh rialuithe, chríochnú agus urscaoileadh na hoibríochta TIR. Mar a fhorordaítear le CCA-GCCF, maidir le malartuithe sonraí carnet TIR idir oifig custaim cinn scríbe XI (faoi bhealach) agus an oifig custaim cinn scríbe, ní mór gluaiseacht NCTS TIR a chruthú ag oifig custaim iontrála XI agus é a thabhairt i gcrích ag an oifig custaim cinn scríbe in XI.